# Clár na nÁbhar


| | | | Leathanach |
|---|---|---|---|
| **8** | **Bithéagsúlacht** | | **363** |
| | 8.0 | Achoimre Fheidhmeach | 363 |
| | 8.1 | Réamhrá | 379 |
| | 8.2 | Modheolaíocht | 384 |
| | 8.3 | An Timpeallacht Ghlactha | 399 |
| | 8.4 | Saintréithe na Forbartha Bóthair atá Beartaithe | 505 |
| | 8.5 | Meastóireacht ar Thionchair | 506 |
| | 8.6 | Bearta Maolaithe | 644 |
| | 8.7 | Tionchair Iarmharacha | 702 |
| | 8.8 | Tionchair Charnacha | 713 |
| | 8.9 | Cúiteamh | 739 |
| | 8.10 | Achoimre | 752 |
| | 8.11 | Tagairtí | 763 |

# 8 Bithéagsúlacht

## 8.0 Achoimre Fheidhmeach

Cuirtear measúnú i láthair sa chaibidil seo de na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht bithéagsúlachta ghlactha. Ag glacadh leis an leibhéal mór mionsonraí sa mheasúnú seo, cuirtear achoimre i láthair ar dtús chun léargas a thabhairt agus ionas go mbeifear in ann an chaibidil seo a thuiscint. I dteannta an téarma "bithéagsúlacht" úsáidtear na téarmaí "éiceolaíocht" agus "éiceolaíoch" freisin ar fud na caibidle seo mar théarma níos leithne chun machnamh a dhéanamh ar na caidrimh atá ag gabhdóirí bithéagsúlachta lena chéile agus lena dtimpeallacht.

Bhí aird ar reachtaíocht reatha a bhaineann le cosaint bithéagsúlachta nuair a bhíothas ag bailiú sonraí bonnlíne bithéagsúlachta agus ag ullmhú na caibidle seo agus na treoirdhoiciméid dea-chleachtais ar luach a chur ar ghabhdóirí bithéagsúlachta agus measúnú tionchair - agus an dá cheann ar mhaithe leis an EIA agus AA.

Rinneadh staidéar deisce chun treoir a thabhairt do scóip tosaigh na suirbhéanna éiceolaíocha a theastaigh don mheasúnú tionchair timpeallachta. Mar chuid den staidéar deisce bailíodh agus athbhreithníodh foinsí sonraí ábhartha idir fhoilsithe agus neamhfhoilsithe, bailíodh faisnéis reatha ar an timpeallacht éiceolaíoch agus ar an gcomhairliúchán le comhlachtaí ábhartha reachtúla (e.g. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) agus Iascaigh Intíre na hÉireann (IFI)).

Rinneadh raon cuimsitheach suirbhéanna allamuigh idir 2013 agus 2018 chun bonn eolais a thabhairt don mheasúnú tionchair. Ina measc sin bhí suirbhéanna ar ghnáthóga, suirbhéanna maidir le speicis phlandaí cosanta, suirbhéanna ar mhamaigh (lena n-áirítear suirbhéanna tiomnaithe don Mhadra Uisce, Broc agus ialtóga), suirbhé ar an gcráifisc liathdhonn, suirbhéanna moilisc (lena n-áirítear an diúilicín péarla fionnuisce agus suirbhéanna ar speicis seilide *Vertigo*), suirbhéanna ar an bhfritileán réisc, suirbhéanna ar éin ghoir agus gheimhrithe (lena n-áirítear an scréachóg reilige tiomnaithe, an fabhcún gorm, an chearc fhraoigh agus suirbhéanna ar an gcreabhar), suirbhéanna ar amfaibiaigh, suirbhéanna ar an laghairt choiteann agus suirbhéanna ar iasc (lena n-áirítear measúnú ar stádas cháilíocht bhitheolaíoch uisce).

Tugann gach ceann de na codanna thíos achoimre le haghaidh gach ceann de na príomhghabhdóirí éiceolaíocha (KERanna[1]) sa timpeallacht ghlactha. I measc na n-achoimrí sin tá léargas ar an mbonnlíne, tionchair dhóchúla na forbartha bóthair atá beartaithe agus na bearta maolaithe atá beartaithe chun na tionchair thuartha a

[1]Is ionann na gabhdóirí éiceolaíocha agus na gabhdóirí bithéagsúlachta sin laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe atá ar "luach leordhóthanach le bheith ábhartha i gcinnteoireacht agus ar dóigh go mbeidh tionchar suntasach orthu" i.e. le luach éiceolaíoch ag a bhfuil tábhacht áitiúil (luach níos airde) nó níos mó.

sheachaint nó a íoslaghdú, lena n-áirítear[2] clár monatóireachta nuair is iomchuí, na tionchair iarmharacha atá fágtha, agus (nuair is iomchuí) aon bhearta cúiteacha atá beartaithe chun dul i ngleic tuilleadh leis na tionchair iarmharacha sin. I gcás ina n-úsáidtear é thíos, tagraíonn an téarma Crios Tionchair (CT) don limistéar taobh istigh ina bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht bithéagsúlachta ghlactha mar thoradh ar thionchar féideartha ar leith.

Tá na hachoimrí KER roinnte sna ceannteidil seo a leanas ionas go mbeidh siad níos éasca a léamh:

- Limistéir ainmnithe do chaomhnú an dúlra:
  - Láithreáin Eorpacha (cSAC agus SPA)
  - Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHA)
  - Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá Beartaithe (pNHA)
- Gnáthóga
- Speicis neamhchoitianta agus chosanta
- Madra uisce
- Ialtóga
- Broc
- Speicis Mhamaigh Eile
- Speicis mhoilisc
- Fritileán réisc
- Éin ghoir
- Éin gheimhrithe
- Amfaibiaigh
- Reiptílí
- Iasc

Cuirtear limistéir bhithéagsúlachta áitiúla, mar a shainítear i *bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017–2023* agus an dréacht is déanaí de *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014–2024* san áireamh freisin. Soláthraíonn limistéir bhithéagsúlachta áitiúla gnáthóg le haghaidh raon speiceas agus tugann conair Abhainn na Gaillimhe nasc tábhachtach idir Cuan na Gaillimhe agus an meascán gnáthóg atá timpeall ar an gcathair, ina n-áirítear an coimpléasc bogaigh a bhaineann le Loch Coirib. Is iad seo a leanas na limistéir bhithéagsúlachta áitiúla a luíonn laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe:

- Cuan an Roisín – Coill Bhearna – Oileán na Feamainne

[2] De réir an cheanglais monatóireachta atá leagtha amach sa Treoir EIA 2014/52/AE d’fhonn gníomh leasaitheach iomchuí a ghlacadh, i gcás ina mbeadh gá leis

- An Cheapach – Baile an Mhóinín
- An Bealach – Cnoc Bharr na Crannaí
- Abhainn na Gaillimhe agus bogaigh chóngaracha
- Mionlach go Cnoc Chúil Each
- Baile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr (atá nasctha le hAbhainn na Gaillimhe le hais Abhainn Thír Oileáin)
- Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh
- Dabhach Uisce
- Oileán na gCaorach agus an cladach in aice leis

### 8.0.1 Limistéir ainmnithe do chaomhnú an dúlra

#### 8.0.1.1 Láithreáin Eorpacha – Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta is Iarrthóirí ((c)SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAanna)

Tá ceithre shuíomh Eorpacha laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: Tá cSAC Loch Coirib á thrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus SPA Loch Coirib suite suas an abhainn agus cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe síos an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl aon láithreáin Eorpacha eile i mbaol ó thionchair ón bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Déantar na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, an tionchar a d’fhéadfadh a bheith acu sin ar chuspóirí caomhnaithe láithreáin na hEorpa, agus na bearta maolaithe a chuirfear i bhfeidhm lena chinntiú nach dtiocfaidh éifeachtaí díobhálacha chun cinn maidir le sláine ar an láthair, a bhreithniú agus a mheas go mionsonraithe i Ráiteas Tionchair Natura (NIS). Baineadh de thátal as sa mheasúnú NIS nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar aon láithreán Eorpach, as féin nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile.

Beidh tionchar bithéagsúlachta iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe áfach ar cSAC Loch Coirib go háitiúil, toisc go gcaillfear gnáthóga go buan agus beidh éifeachtaí fadtéarmacha ag an bhforbairt ar dhaonraí ialtóg áitiúla[3] a úsáideann gnáthóga laistigh den láithreán Eorpach. Ní bheidh éifeacht ag aon cheann de na tionchair sin ar chuspóirí caomhnaithe an láithreáin ná ní bheidh tionchar díobhálach acu ar shláine cSAC Loch Coirib agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh tionchar iarmharach suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar aon láithreáin Eorpacha.

---

[3] Níl an daonra den chrú-ialtóg bheag i Mionlach ceangailte leis an daonra den chrú-ialtóg bheag Eborhall, agus is é sin an daonra leasa cháilithigh le haghaidh cSAC Loch Coirib. Ní bheidh éifeacht ag aon tionchar tuartha ar chrú-ialtóga beaga a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chuspóirí caomhnaithe dhaonra den chrú-ialtóg bheag in cSACanna Loch Coirib.

Pléitear na láithreáin Eorpacha go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.3**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.3**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.6.1** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.1**.

### 8.0.1.2 Limistéar Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe (pNHAanna)

Luíonn NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn díreach in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag Tóin na Brocaí agus is é sin an t-aon láithreán NHA atá laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

Áirítear leis na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn sil-leagan deannaigh i rith na tógála, speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha a bheith á dtabhairt isteach agus tionchair ar uisce dromchla i rith na tógála. Tá NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn níos faide ná ZoI aon éifeachtaí hidrigeolaíocha ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ghnáthóga agus ar speicis in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn trí bhíthin na dtionchar sin. Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an NHA.

Níl ach dhá láithreán pNHA laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: pNHA Loch Coirib agus pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Tá pNHA Loch Coirib á thrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag trasrian Abhainn na Gaillimhe. Tá na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an láithreán pNHA seo de réir na gcinn a pléadh sa NIS i gcoitinne maidir le cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib – caillteanas gnáthóige, tionchair ar uisce dromchla i rith na tógála, sil-leagan deannaigh i rith na tógála, speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha á dtabhairt isteach, tionchair hidrigeolaíocha agus baol báis do speicis uisceacha. Mar sin féin, tá an crios ina mbíonn idirghníomhú díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe le pNHA Loch Coirib i bhfad níos lú ná é sin ar a mbíonn tionchar laistigh de cSAC Loch Coirib, agus é teoranta do bhealach agus bruacha Abhainn na Gaillimhe ag Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm d’fhonn éifeachtaí ar ghabhdóirí bithéagsúlachta sa timpeallacht ghlactha a sheachaint agus a íoslaghdú. Ach an oiread le cSAC Loch Coirib, cé go mbeidh tionchar iarmharach éigin gar do Abhainn na Gaillimhe ní dóigh go mbeidh tionchar aige sin ar shláine pNHA Loch Coirib.

Luíonn pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe síos an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe áit a dtrasnaíonn sé dobharcheantar Shruthán Bhearna, dobharcheantar Shruthán Chnoc na Cathrach agus Abhainn na Gaillimhe. Tá na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an láithreán pNHA seo de réir na gcinn a pléadh sa NIS i gcoitinne maidir le cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe – tionchair ar uisce dromchla i rith na tógála, speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha á dtabhairt isteach, éifeacht bacainne agus baol báis do speicis uisceacha, rud a mbeidh tionchar acu ar screamhuisce agus a chuirfidh isteach ar éin gheimhrithe ag láithreáin bhogaigh thábhachtacha (e.g. Loch Bhaile an

Dúlaigh). Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na pNHA trí bhíthin na dtionchar seo.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar pNHAanna.

Pléitear na láithreáin NHA agus pNHA go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.3**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.3**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.6.1** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.1**.

### 8.0.2 Gnáthóga

Siar ó Abhainn na Gaillimhe, lasmuigh den timpeallacht thógtha, cuimsíodh sna gnáthóga go ginearálta a taifeadadh i rith na suirbhéanna meascán de pháirceanna talmhaíochta, talamh portaigh/gnáthóga fraoigh, agus scrobarnach, agus iad deighilte ag an líonra bóthair áitiúil i mbloic ghnáthóige ar leith de mhéideanna éagsúla agus ag an bhforbairt chónaithe líneach ghaolmhar. Cuimsíodh sna bloic de ghnáthóga tailte portaigh fraoch a bhí fliuch den chuid is mó, fraoch tirim agus mósáicí portaigh.

Cuimsíodh sa limistéar ó Abhainn na Gaillimhe go dtí Bóthar N84 Áth Cinn ina raibh breacachan de choillearnach leathnádúrtha, cosán aolchloiche, scrobarnach agus páirceanna féaraigh chailcreacha. Soir ó Bhóthar N84 Áth Cinn bhí talamh féaraigh talmhaíochta a bhí feabhsaithe den chuid is mó agus a raibh forbairt chónaithe agus thionsclaíoch timpeall air sa Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh, Cnoc Mhaoil Drise agus Dabhach Uisce, cé go raibh roinnt paistí gnáthóg leathnádúrtha a bhí tréigthe – talamh féaraigh chailcreach agus cosán aolchloiche - limistéar Chúil Each/Dhabhach Uisce. Bhí dhá choimpléasc bhogaigh freisin sa chuid seo: ag Lochanna Chúil Each agus ag Loch Bhaile an Dúlaigh.

Taifeadadh speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha (Glúineach bhiorach, glúineach spíceach agus an róslabhras) scaipthe óna chéile ar fud an limistéir staidéir.

Taifeadadh gnáthóga Iarscríbhinn I seo a leanas laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe, nó cóngarach dó: Lochanna uisce crua [3140], turlaigh [*3180], fuaráin chlochraithe [*7220], foraoisí gláracha [*91E0], cosán aolchloiche [*8240], fraoch fliuch [4010], fraoch tirim [4030], talamh féaraigh chailcreach[*6210/6210], Móinéar *Molinia* [6410], Bratphortach (gníomhach) [*7130], eanach *Cladium* [*7210], agus eanach Alcaileach [7230].

I measc na dtionchar féideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tá caillteanas gnáthóige, ilroinnt gnáthóige, agus díghrádú gnáthóige de bharr éifeachtaí ar chaighdeán an uisce dromchla, screamhuisce, sil-leagan deannaigh i rith na tógála, agus speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha a bheith á dtabhairt isteach agus cobhsaíocht struchtúrach na carraige timpeall ar thολláin agus tochailtí/gearrthacha doimhne.

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun caighdeán an uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint sa timpeallacht ghlactha, chun astaíochtaí deannaigh a rialú ó láthair na tógála, agus leathadh speiceas plandaí ionrach neamhdhúchasach

a rialú agus a chosc, a chinntiú nach mbíonn éifeacht ag tollánú agus ag tochailtí doimhne ar shláine struchtúrach na carraigmhaise mórthimpeall, agus caillteanais ghnáthóige laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe a íoslaghdú.

Mar sin féin, mar thoradh ar chaillteanas buan na ngnáthóg seo a leanas seans go mbeidh tionchar iarmharach diúltach suntasach ar scála tíreolaíoch aige sin idir chinn áitiúla agus idirnáisiúnta: gné fuaráin chlochraithe ag Cairéal Leacaigh, c.0.1ha de ghnáthóg foraoise gláraí iarmharaí, c.0.54ha de ghnáthóg chosán aolchloiche, c.2.06ha de ghnáthóg fraoch fliuch, c.1.85ha de ghnáthóg fraoch tirim, c.0.87ha fraoch fliuch/fraoch tirim/meascán de ghnáthóg *Molinia*, c.0.7ha de ghnáthóg talamh féaraigh chailcreach (gan tosaíocht), c.0.28ha de ghnáthóg móinéar *Molinia*, cúig cinn déag de fhuaráin chailcreacha (FP1), c.7.81ha de ghnáthóg féaraigh aigéadaigh tirim-bogthais, c.0.13ha de dhrocheanach agus gnáthóg borrfháis (PF2), c.2.62ha de choillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1), c.7.8km de fhálta sceach (WL1) agus c.4km de chrannteorainneacha.

Cuirfear gnáthóg chúiteach ar fáil in ionad na limistéar d’fhoraois ghlárach iarmharach (c.0.18ha), Fraoch tirim (c.7.06ha), Talamh féaraigh chailcreach (c.7.14ha), Móinéar *Molinia* (0.49ha), coillearnach leathanduilleach (measctha) (> 2.62ha), fálta sceach (> 7.8km) agus crannteorainneacha (> 4km) trí limistéar níos mó a sholáthar ná sin atáthar a chailleadh go buan don fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Mar sin féin, ní féidir roinnt de na cineálacha gnáthóige in Iarscríbhinn I atá á gcailleadh, atá lasmuigh d’aon láithreán Eorpach, a chúiteamh go díreach. Dá bhrí sin, seans go mbeidh tionchar diúltach iarmharach suntasach ar scála tíreolaíoch idirnáisiúnta ag caillteanas buan c.0.54ha de chosán aolchloiche, ar scála tíreolaíoch náisiúnta ag caillteanas buan c.2.93ha de ghnáthóg fhraoch fliuch agus agus meascán fraoch fliuch, ar scála tíreolaíoch contae ag caillteanas gné fuaráin chlochraithe ag Cairéal Leacaigh, agus ar scála tíreolaíoch áitiúil ag caillteanas buan 15 fhuarán chailcreacha ag Cairéal Leacaigh, c.7.81ha de thalamh féaraigh aigéadaigh tirim-bogthais agus c.0.13ha de ghnáthóg droch-eanaigh agus borrfháis. Tá achoimre de thionchair ar ghnáthóg Iarscríbhinn I i **dTábla 8.0** thíos.

**Tábla 8.0: Achoimre de Thionchair ar Ghnáthóga Iarscríbhinn I**

| Cineál gnáthóige Iarscríbhinn I | Limistéar a bhféadfaí tionchar a imirt air | Limistéar atá le coinneáil | Limistéar buan an chaillteanais gnáthóige | Limistéar na Gnáthóige Cúití | Caillteanas Gnáthóige Iarmharaí |
|---|---|---|---|---|---|
| Turlaigh [*3180] | c.0.04ha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe[4] | Gach rud | Dada | n/b | Dada |
| Fuaráin chlochraithe [*7220] | Dhá fhuarán chlochraithe ag Cairéal Leacaigh | Gné amháin le coinneáil | Fuaráin chlochraithe amháin | n/b | Fuaráin chlochraithe amháin |
| Foraois ghlárach iarmharach [*91E0] | c.0.1ha | Dada | c.0.1ha | c.0.18ha | Dada |
| Cosán aolchloiche [*8240] | c.2.18ha | c.1.64ha | c.0.54ha | n/b | c.0.54ha |
| Cosán aolchloiche/talamh féaraigh chailcreach [*8240/6210]<br>Os cionn Tollán Leacaigh | c.0.12ha | Gach rud | Dada | n/b | Dada |
| Fraoch fliuch [4010] | c.2.06ha | Dada | c.2.06ha | n/b | c.2.06ha |
| Fraoch tirim [4030] | c.1.96ha | c.0.11ha | c.1.85ha | c.7.06ha | Dada |
| Fraoch fliuch/fraoch tirim/Mósáic *Molinia* [4010/4030/6410] | c.1.13ha | c.0.26ha | c.0.87ha | n/b | c.0.87ha |
| Talamh féaraigh chailcreach [6210] | c.1.14ha | c.0.44ha | c.0.7ha | c.7.14ha | Dada |
| Móinéar *Molinia* [6410] | c.1.02ha | c.0.74ha | c.0.28ha | c.0.49ha | Dada |

Pléitear gnáthóga go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.4** agus **8.3.6** (le haghaidh plandaí ionracha neamhdhúchasacha**;** measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.4**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.6.2** go **8.6.6**; agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.2** agus bearta cúiteacha atá beartaithe i **gCuid 8.9.1**.

### 8.0.3 Speicis phlandaí neamhchoitianta agus chosanta

Níl aon speicis phlandaí neamhchoitianta nó a bhfuil cosaint dhlíthiúil acu i láthair laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe nó ar eolas laistigh de Chrios Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis phlandaí neamhchoitianta nó a bhfuil cosaint dhlíthiúil acu.

[4] Is é c.0.1ha achar iomlán an Turlaigh

Pléitear speicis phlandaí neamhchoitianta agus cosanta go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.5**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.5**; bearta maolaithe beartaithe agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.3**.

### 8.0.4 Madra uisce

Tá cosaint ag an madra uisce, agus ag a chuid láithreacha pórúcháin agus scíthe faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra. Tá an madra uisce liostaithe freisin ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV de Threoir AE maidir le Gnáthóga. Bhí flúirse fianaise de ghníomhaíocht Madra uisce ann agus é fairsing feadh chonair Abhainn na Gaillimhe agus cladach thoir-theas Loch Coirib. Taifeadadh an madra uisce freisin i ndobharcheantar Shruthán Bhearna agus Shruthán Thóin na Brocaí. Ní raibh aon pholl madra uisce nó láithreán broimfhéir laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

Caillfear limistéar beag de ghnáthóg Madra Uisce mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus d’fhéadfadh sé cur isteach go sealadach/bac a chur ar ghnáthóg, agus cur isteach de bheagán ar an Madra uisce i rith tógála agus oibríochta. Mar sin féin, ní bheidh aon tionchar fadtéarmach aige sin ar an daonra áitiúil den Mhadra Uisce. I rith oibríochta, laghdóidh an meascán den líonra de shaoráidí pasáiste fiadhúlra, tóchair, droichid agus struchtúir tharbhealaigh (e.g. Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus Tarbhealach Mhionlaigh), agus fálú mamaigh, aon suaitheadh fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne agus an riosca báis a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus dá réir sin ní bheidh tionchar diúltach ag an bhforbairt ar an daonra áitiúil Madra Uisce. Déanfar monatóireacht ar éifeachtacht na mbeart maolaithe tar éis na tógála.

Dá bhrí sin, seans nach mbeidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an daonra áitiúil den Mhadra uisce.

Pléitear an Madra Uisce go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.7.1**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.6.1**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.6.7.1** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.4.1**.

### 8.0.5 Ialtóga

Tá cosaint ag ialtóga, agus ag a gcuid láithreacha pórúcháin agus scíthe faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra. Tá gach speiceas ialtóige liostaithe freisin ar Iarscríbhinn IV den Treoir AE maidir le Gnáthóga; agus an Chrú-ialtóg bheag liostaithe freisin ar Iarscríbhinn II. Taifeadadh na speicis ialtóige seo a leanas go háitiúil i rith na suirbhéanna allamuigh: Crú-ialtóg bheag, ialtóg Leisler, Ialtóg fheascrach, ialtóg fheascrach, ialtóg Natúisias, ialtóg fhadchluasach dhonn, ialtóg Daubenton, ialtóg Natterer agus an ialtóg ghiobach. Taifeadadh 88 láthair fara ar an iomlán laistigh den limistéar áitiúil i rith na suirbhéanna allamuigh.

Tá tábhacht faoi leith leis an daonra den chrú-ialtóg bheag mar gheall ar stádas Iarscríbhinn I agus an tábhacht atá leis an gceantar áitiúil mar chloch chora do na speicis idir dhaonraí den chrú-ialtóg bheag i dtuaisceart na Gaillimhe/deisceart

Mhaigh EO agus deisceart na Gaillimhe/an Chláir[5]. Is príomhláithreacha fara é an fara máithreachais/geimhrithe ag Caisleán Mhionlaigh agus an fara cúplála ag Pluais an Chúipéara sa Chaisleán Gearr don daonra de chrú-ialtóg bheag Mionlaigh, a bhfuil tacaíocht acu freisin ó líonra de láithreáin fhara lae/oíche ar fud an limistéir áitiúil. Tá an ghnáthóg sealgaireachta timpeall ar an bhfara máithreachais riachtanach chun tacaíocht a thabhairt do dhaonra den chrú-ialtóg bheag, agus fairsinge na gnáthóige sealgaireachta agus na bealaí comaitéireachta a nascann an tírdhreach idir na príomhláithreáin fhara sin ag Caisleán Mhionlaigh agus Pluais an Chúipéara. Cé nach mbeidh tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar fharaí Chaisleán Mhionlaigh nó Phluais an Chúipéara, beidh tionchar ag an bhforbairt ar thrí láithreán sealgaireachta den chrú-ialtóg bheag a úsáideann daonra Mhionlaigh, agus dá bharr sin caillfear an ghnáthóg laistigh dá limistéar sealgaireachta (lena n-áirítear gar don fhara máithreachais), agus cuirfidh sé bac ar ghluaiseacht idir na láithreáin fhara máithreachais, cúplála agus geimhrithe.

Cúig fhoirgneamh déag a thacaíonn le 20 fara ialtóige laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe:

- sé fhara den ialtóg shopránach
- fara amháin den ialtóg fheascrach
- fara ialtóige de speiceas ialtóg fheascrach neamhaitheanta
- seacht bhfara den ialtóg fhadchluasach dhonn
- trí fhara den chrú-ialtóg bheag
- dhá fhara de speiceas ialtóige neamhaitheanta

Déanfar scartáil ar cheithre fhoirgneamh déag agus coinneofar ceann amháin (fara feascrach sopránach).

Deimhníodh péire de na crainn seo feadh na forbartha bóthair atá beartaithe a bhfuil cumas ard acu tacú le hialtóga ar fara mar láithreáin fhara, agus bainfear iad:

- fara ialtóige Leisler amháin
- fara amháin den ialtóg fheascrach shopránach

I rith na tógála, fágfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe freisin go gcaillfear gnáthóg sealgaireachta, má chuirtear isteach ar an ngnáthóg beidh tionchar aige ar bhealaí comaitéireachta ialtóg, cuirfidh caillteanas gnáthóige bac ar chosáin eitilte ialtóg, cuirfidh oibreacha tógála isteach ar láithreáin fhara, agus cuirfidh na soilse isteach ar ialtóga sealgaireachta agus comaitéireachta.

I rith oibríochta, cuirfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe riosca mortlaíochta buan i láthair daonraí den ialtóg áitiúil, cuirfidh sé isteach go buan ar ghnáthóg ialtóg agus ar bhealaí comaitéireachta agus cuirfidh sé cosc ar ghluaiseachtaí

[5] Níl an daonra den chrú-ialtóg bheag i Mionlach ceangailte leis an daonra den chrú-ialtóg bheag Eborhall, agus is é sin an daonra leasa cháilithigh le haghaidh cSAC Loch Coirib. Ní bheidh éifeacht ag aon tionchar tuartha ar chrú-ialtóga beaga a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chuspóirí caomhnaithe dhaonra den chrú-ialtóg bheag in cSACanna Loch Coirib.

ialtóg ar scála tírdhreacha. Cuirfidh soilse oibríochta isteach freisin ar ialtóga agus díláithreofar iad.

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm i rith na tógála chun ialtóga a chosaint i rith scartálacha foirgneamh agus baint crann agus chun cosáin eitilte a chaomhnú ar fud láthair na tógála. I rith oibríochta, suiteálfar sraith íosbhealaí agus Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr chun deis a thabhairt d’ialtóga dul trasna na forbartha bóthair atá beartaithe ar shiúl ó thráchta, rud a laghdóidh an baol báis agus aon éifeachtaí bacainne buana. Laghdaigh dearadh an tsoilsithe an cur isteach agus éifeachtaí díláithrithe ar ialtóga i rith na hoibríochta. Áirítear leis an straitéis maolaithe monatóireacht réamhthógála agus monatóireacht ar éifeachtacht na mbeart maolaithe i rith agus i ndiaidh na tógála.

In ainneoin chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe sin beidh tionchar iarmharach suntasach aige ar dhaonra den chrú-ialtóg bheag ar scála tíreolaíoch náisiúnta (mar gheall ar thábhacht an daonra áitiúil), agus ar gach speiceas ialtóg eile ar an scála tíreolaíoch áitiúil.

Chun éifeachtaí na dtionchar iarmharach ar na daonraí ialtóg áitiúil a laghdú tuilleadh, beartaítear bearta cúitimh freisin. Is iad na bearta sin ná:

- láithreáin nua fhara a sholáthar (foirgnimh nua, foirgnimh athchóirithe chun láithreáin fhara agus boscaí ialtóg a chruthú)
- bearta chun na faraí sin a chosaint i rith na tógála
- agus bearta chun feabhas a chur ar ghnáthóga (e.g. cur)

Déanfar monatóireacht ar éifeachtacht na mbeart maolaithe mar chuid den chlár monatóireachta.

De bharr na mbeart cúitimh a chuirfear i bhfeidhm laghdófar tionchair iarmharacha na forbartha bóthair atá beartaithe ar ialtóga ó thionchar diúltach iarmharach suntasach dóchúil ar na daonraí áitiúla ar an scála tíreolaíoch náisiúnta go dtí scála tíreolaíoch áitiúil.

Pléitear ialtóga go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.7.2**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.6.2**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.6.7.2** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.4.2** agus bearta cúiteacha atá beartaithe i **gCuid 8.9.2**.

### 8.0.6 An Broc

Tá an broc cosanta faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus taifeadadh iad ar fud an limistéir staidéir ó Na Foraí Maola go dtí N83 Bóthar Thuama. Taifeadadh an líon ab airde de ghníomhaíocht bhroic i limistéar Mhionlaigh agus sa limistéar idir Cairéal Leacaigh agus Bóthar N84 Áth Cinn. Aithníodh 17 mbrocais ar an iomlán laistigh agus timpeall ar an limistéar staidéir.

Cé go gcaillfear gnáthóg sealgaireachta mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus go gcuirfear isteach air de bharr soilse i rith oibríochta, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ag na tionchair sin ar an daonra áitiúil. Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear trí bhrocais broic, ina gcuimsítear

an príomh-bhrocais agus brocais chúnta grúpa amháin broc ag Leacach. Soláthrófar brocais shaorga chun éifeachtaí chaillteanas na brocaise ar an ngrúpa broc sin a laghdú.

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm freisin i rith na tógála chun éifeachtaí suaite ar an daonra broc áitiúil a íoslaghdú agus ionas nach marófar broic nuair a bheidh na brocaisí á mbaint. I rith oibríochta, laghdóidh an meascán den líonra de shaoráidí pasáiste fiadhúlra, tóchair, droichid agus struchtúir tharbhealaigh (e.g. Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus Tarbhealach Mhionlaigh), agus fálú mamaigh, aon chur isteach fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne agus an riosca báis a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus dá réir sin ní bheidh tionchar diúltach ag an bhforbairt ar an daonra áitiúil Broc. Déanfar monatóireacht ar éifeachtacht na mbeart maolaithe tar éis na tógála.

Dá bhrí sin, seans nach mbeidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an daonra áitiúil Broc.

Pléitear an broc go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.7.3**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.6.3**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.6.7.3** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.4.3**.

### 8.0.7 Speicis Mhamaigh Eile

Taifeadadh na speicis mhamaigh talún atá cosanta faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, nó atá ar eolas, ón limistéar timpeall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe:

- Cat crainn
- Luch fhéir
- Iora rua
- Easóg Éireannach
- Giorria sléibhe Éireannach
- Gráinneog
- Dallóg fhraoigh

Taifeadadh sionnach, coinín, minc agus vól bruaigh i rith na suirbhéanna allamuigh.

Cé go gcaillfear gnáthóg sealgaireachta le haghaidh na mamach seo mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus cé nach mbeidh ach riosca mortlaíochta an-íseal ann agus go gcuirfear isteach/díláithreofar iad, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ag na tionchair sin ar na daonraí áitiúla.

I rith oibríochta, laghdóidh an meascán den líonra de shaoráidí pasáiste fiadhúlra, tóchair, droichid agus struchtúir tharbhealaigh (e.g. Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus Tarbhealach Mhionlaigh), aon chur isteach fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus dá réir sin ní bheidh tionchar diúltach ar dhaonraí áitiúla de na speicis mhamaigh sin.

Tá eolas ar an rón beag, rón glas, deilf choiteann agus an muc mhara ó Chuan na Gaillimhe agus tá cosaint ag na speicis sin go léir faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra – tá an dá speiceas rón liostaithe freisin ar Iarscríbhinn II den treoir maidir le gnáthóga agus tá gach speiceas céiticeach liostaithe ar Iarscríbhinn IV den Treoir maidir le Gnáthóga.

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chaighdeán an uisce sna timpeallachtaí uisceacha nó muirí agus dá bhrí sin, ní bheidh tionchar aici ar dhaonraí de mhamaigh mhuirí i gCuan na Gaillimhe.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na mamaigh thalún sin nó ar speicis de mhamaigh mhuirí.

Pléitear na speicis sin go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.7.4**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.6.4**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.6.7.4** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.4.4**.

### 8.0.8 Speicis mhoilisc

Níor taifeadadh an chráifisc liathdhonn, an diúilicín péarla fionnuisce, ná aon cheann de na speicis mhoilisc a bhfuil cosaint acu faoin dlí, laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

Tá daonra den Diúilicín péarla fionnuisce in Abhainn Ruibhe (c.23km ó thuaidh, in Uachtar Ard, Co. na Gaillimhe) ar a bhféadfadh tionchar indíreach a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe trí thionchar a imirt ar dhaonraí den iasc salmainide in Abhainn na Gaillimhe. Cuireadh é sin san áireamh agus rinneadh measúnú air sa NIS, toisc gurb é daonra Abhainn Ruibhe an daonra leasa tairbhiúil le haghaidh cSAC Loch Coirib. Ba é tátal an mheasúnaithe seo, ag glacadh leis na bearta maolaithe chun an timpeallacht uisceach a chosaint, nach mbeadh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis éisc salmainide sa timpeallacht ghlactha agus dá bhrí sin nach mbeadh aon tionchar aici ar an daonra den Diúilicín péarla fionnuisce.

Tá an seilide rinseach réisc liostaithe mar leochaileach i Liosta Sonraí Dearga na hÉireann de Mhoilisc (Byrne *et al*., 2009) agus taifeadadh é i ngnáthóg bhogaigh imeallach feadh Abhainn na Gaillimhe, i ngnáthóg bhogaigh imeallach ag Lochanna Chúil Each, ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus ag an riasc sa Chaisleán Gearr. Cé go gcaillfear píosa éigin den ghnáthóg go háitiúil mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus go bhféadfaí roinnt a chailleadh ag na láithreáin atá i gceist i rith na tógála, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha aige sin ar an daonra áitiúil. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chaighdeán an uisce sa timpeallacht ghlactha i rith na tógála nó tionchar ar an réimeas screamhuisce áitiúil.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis mhoilisc.

Pléitear an chráifisc liathdhonn agus an diúilicín péarla fionnuisce go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.8.1** agus **8.3.8.2**; measúnú ar na tionchair

i **gCuid 8.5.7.1** agus **8.5.7.2**; agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.5.1** agus **8.7.5.2**.

## 8.0.9 Fritileán réisc

Tá an fritileáin éisc liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga. Tá daonra pórúcháin áitiúil ann agus tacaíocht acu ó phaistí gnáthóige oiriúnacha sa chuid thiar de limistéar an staidéir ar fad, agus tá tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chuid de.

Cé go gcaillfear gnáthóg an fhritileáin réisc mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus go scarfar roinnt limistéar gnáthóige laistigh dá raon áitiúil, agus gach seans go dtarlóidh leibhéal íseal mortlaíochta i rith na hoibríochta dá barr, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha aici ar an daonra áitiúil. Mar sin féin, tá sé de chumas ag an riosca mortlaíochta a tharlaíonn nuair a bheidh an láithreán á ghlanadh tionchar suntasach a bheith aige ar an daonra áitiúil den fhéileacán fritileáin réisc. Cuirfear straitéis maolaithe i bhfeidhm chun an riosca sin a íoslaghdú agus aon tionchar ar leibhéal an daonra a sheachaint.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an bhfritileán éisc.

Pléitear go mion an fritileán réisc thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.8.4**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.5.7.4**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.6.8.2** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.7.5.4**.

## 8.0.10 Éin ghoir

Taifeadadh raon leathan speiceas éan goir (62 ar an iomlán) ar fud an limistéir staidéir. Ina measc sin, áirítear speicis a bhfuil imní maidir lena gcaomhnú atá liostaithe ar liostaí na nÉan Ómra agus Dearga a bhfuil Imní Chaomhnaithe fúthu in Éirinn (BoCCI), speicis éan Iarscríbhinn I, agus speicis atá liostaithe mar SCIanna le haghaidh láithreán SPA in aice láimhe. Tá cosaint ag gach speiceas éan fiáin faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra.

Caillfear gnáthóg neadaithe agus sealgaireachta éan goir mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, beidh riosca mortlaíochta ann d'éin agus cuirfidh sé isteach agus d'fhéadfadh sé éin a dhí-áitiú ó ghnáthóg pórúcháin agus sealgaireachta. Mar sin féin, ní bheidh aon tionchar fadtéarmach aige ar thromlach na ndaonraí éan goir go háitiúil.

Is speiceas éin ghoir í an scréachóg reilige a bhfuil imní mhór faoina caomhnú in Éirinn agus iad go háirithe i mbaol báis ó imbhuailtí tráchta. Tá an láithreán neadaithe ag Caisleán Mhionlaigh gar do na príomhoibreacha tógála. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun baol na dtionchar don scréachóg reilige a íoslaghdú agus aon tionchar iarmharach fadtéarmach suntasach don daonra de scréachóg reilige go háitiúil a sheachaint. I measc na mbeart sin, áirítear deiseanna neadaithe breise a sholáthar (boscaí neadaireachta) agus curadóireacht i limistéir ardriosca ionas nach mbeidh an scréachóg reilige ag seilg feadh imeall bóithre agus chun an scréachóg reilige a spreagadh eitilt thar charrbhealach bóthair os

cionn na tráchta. Déanfar monatóireacht ar éifeachtacht na mbeart maolaithe i ndiaidh na tógála mar chuid den chlár monatóireachta.

Cé go gcoinneofar láthair neadaithe an fhabhcún ghoirm ag Cairéal Leacaigh, d'fhéadfaí cur isteach go mór air i rith na tógála agus oibríochta. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm d'fhonn aon tionchar ón suaitheadh sin a íoslaghdú (bac séasúrach i rith na tógála). Mar sin féin, tá baol ann i gcónaí go dtréigfidh an fabhcún gorm Cairéal Leacaigh mar láithreán neadaithe mar gheall ar chomh gar is atá an carrbhealach bóthair don láithreán neadaithe reatha agus i ngeall ar easpa laftán oiriúnach eile a bheith sa chairéal i ndiaidh na tógála. Seans go mbeidh tionchar fadtéarmach aige sin ar dhaonra an fhabhcúin ghoirm ar scála tíreolaíoch áitiúil agus contae.

Cé nach dóigh go mbeidh aon tionchar iarmharach suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar thromlach na speiceas éan goir, seans go mbeidh tionchar iarmharach diúltach suntasach aige ar an bhfabhcún gorm ar scála tíreolaíoch contae.

Pléitear go mion éin ghoir thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.9.1**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.4.8.1**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.5.9.1** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.6.6.1** agus bearta cúiteacha atá beartaithe i **gCuid 8.8.3**.

### 8.0.11 Éin gheimhrithe

Taifeadadh raon leathan speiceas éan geimhrithe ar fud an limistéir staidéir. Ina measc sin, áirítear speicis a bhfuil imní maidir lena gcaomhnú atá liostaithe ar liostaí na nÉan Ómra agus Dearga a bhfuil Imní Chaomhnaithe fúthu in Éirinn (BoCCI), speicis éan Iarscríbhinn I, agus speicis atá liostaithe mar SCIanna le haghaidh láithreán SPA in aice láimhe. Tá cosaint ag gach speiceas éan fiáin faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra.

Caillfear gnáthóg i ngach láithreán inar taifeadadh éin gheimhrithe mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Beidh roinnt suaitheadh i gceist freisin i rith oibríochta agus beidh baol beag go mbuailfidh éin in aghaidh Dhroichead Abhainn na Gaillimhe. Mar sin féin, ní dóigh go mbeidh aon tionchar fadtéarmach aige ar fhormhór na ndaonraí áitiúla d'éin gheimhrithe. Is láithreán áitiúil tábhachtach é Loch Bhaile an Dúlaigh áfach d'éin gheimhrithe – taifeadadh ceithre cinn déag de speicis éin gheimhrithe ann i rith na suirbhéanna allamuigh, lena n-áirítear speicis atá liostaithe mar SCIanna do SPA Loch Coiribe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe. Má dhéantar pléascadh gar do Loch Bhaile an Dúlaigh i rith na tógála d'fhéadfadh sé sin éin gheimhridh a dhí-áitiú ón gcoimpléasc seo de ghnáthóg bogaigh thar chúpla séasúr. Má chuirtear srian séasúrach ar phléascadh sa cheantar seo íoslaghdófar dá bharr sin an tionchar agus seachnófar aon tionchar fadtéarmach ar éin gheimhrithe ag Loch Bhaile an Dúlaigh. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm freisin lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chaighdeán an uisce sa timpeallachta ghlactha i rith na tógála nó tionchar ar an réimeas screamhuisce áitiúil a thacaíonn le bogaigh a bhíonn in úsáid ag éin gheimhrithe.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar éin gheimhrithe.

Pléitear éin gheimhrithe go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.9.2**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.4.8.2**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.5.9.2** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.6.6.2**.

### 8.0.12 Amfaibiaigh

Tá cosaint ag an bhfrog agus ag an earc luachra faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus taifeadadh iad i ngnáthóga bogaigh ar fud an cheantair áitiúil, lena n-áirítear gnáthóg a mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe uirthi.

Cé go dtarlóidh scoilteadh/éifeacht bacainne go sealadach i rith na tógála mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus go mbeidh baol mortlaíochta i gceist i rith oibríochta, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ag na tionchair sin ar an daonra áitiúil.

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm i rith na tógála chun tionchar an chaillteanais gnáthóige agus an tsuaite d’amfaibiaigh a íoslaghdú, lena chinntiú nach maraítear an frog ná an t-earc luachra nuair a bheidh an láithreán á ghlanadh, agus chun caighdeán an uisce a chosaint i ngnáthóg bhogaigh a bhíonn in úsáid ag na speicis sin. I rith oibríochta, laghdóidh an meascán den líonra de shaoráidí pasáiste fiadhúlra, tóchair, droichid agus struchtúir tarbhealaigh (e.g. Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus Tarbhealach Mhionlaigh), aon chur isteach fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus dá réir sin ní bheidh tionchar diúltach ar na daonraí áitiúla amfaibiach.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis amfaibiaigh.

Pléitear amfaibiaigh go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.10**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.4.9**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.5.10** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.6.7**.

### 8.0.13 Reiptílí

Tá cosaint ag an laghairt choiteann faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus taifeadadh iad ag Troscaigh Thiar, ó thuaidh de Choill Bhearna agus Cnoc na Fosca/Cnoc na Brón i rith na suirbhéanna allamuigh.

Cé go dtarlóidh scoilteadh/éifeacht bacainne go sealadach i rith na tógála mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus go mbeidh baol mortlaíochta i gceist i rith oibríochta, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ag na tionchair sin ar an daonra áitiúil.

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm i rith na tógála chun tionchar an chaillteanais gnáthóige agus an tsuaite don daonra áitiúil den laghairt choiteann a íoslaghdú agus lena chinntiú nach maraítear laghairteanna nuair a bheidh an láithreán á ghlanadh. I rith oibríochta, laghdóidh an meascán den líonra de shaoráidí pasáiste fiadhúlra, tóchair, droichid agus struchtúir tarbhealaigh (e.g. Droichead Abhainn

na Gaillimhe atá beartaithe agus Tarbhealach Mhionlaigh), aon chur isteach fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus dá réir sin ní bheidh tionchar diúltach ar na daonraí áitiúla laghairteanna.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an laghairt choiteann.

Pléitear reiptílí go mion thíos leis an timpeallacht ghlactha i **gCuid 8.3.11**; measúnú ar na tionchair i **gCuid 8.4.10**; bearta maolaithe beartaithe i **gCuid 8.5.11** agus tionchair iarmharacha i **gCuid 8.6.8**.

### 8.0.14 Iasc

Tá cúig speiceas éisc cosanta faoi na hAchtanna Iascaigh, le bradán an Atlantaigh, loimpre mhara agus an loimpre shrutháin liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir AE maidir le Gnáthóga.

Caillfear gnáthóg uisceach mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, d’fhéadfadh na hoibreacha tógála cur isteach ar speicis éisc, agus d’fhéadfadh oibreacha tógála bac sealadach a chur ar ghluaiseacht éisc ar shruthchúrsaí beaga. Mar sin féin, ní bheidh aon tionchar fadtéarmach aige ar dhaonraí éisc go háitiúil. Tabharfaidh dearadh na draenála cosaint do chaighdeán an uisce sa timpeallacht uisceach ghlactha i rith oibríochta. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chaighdeán an uisce sa timpeallacht ghlactha i rith na tógála, nó tionchar ar an réimeas screamhuisce áitiúil, agus go ndéanfar an riosca do mhortlaíocht éisc i rith na tógála a íoslaghdú.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeachtaí iarmharacha suntasacha dóchúla ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis éisc.

### 8.0.15 Tionchair Iarmharacha Suntasacha

Is iad na tionchair iarmharacha suntasacha a bheidh fágtha tar éis maolaithe ná iad sin a bhaineann le caillteanas gnáthóige (féach **Cuid 8.1.2**), tionchair ar ialtóga (féach **Cuid 8.1.5**), agus tionchair ar an bhfabhcún gorm (féach **Cuid 8.1.10**). Maidir le caillteanas gnáthóige, áirítear leis sin trí ghnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I (fuaráin chlochraithe, foraoisí gláracha iarmharacha agus cosán aolchloiche), ceithre chineál gnáthóige Iarscríbhinn I (Fraoch fliuch, Fraoch tirim, móinéar *Molinia* agus talamh féaraigh chailcreach), mar aon le cúig chineál gnáthóige eile nach bhfuil in Iarscríbhinn I ach a bhfuil luach bithéagsúlachta áitiúil ag baint leo.

Nuair is féidir, cuirfear bearta cúiteacha i bhfeidhm chun na tionchair iarmharacha suntasacha sin a laghdú nó a sheachaint. Gheofar cúiteamh as caillteanas limistéir ghnáthóga Iarscríbhinn I - foraoisí gláracha, fraoch tirim, móinéir *molinia* agus talamh féaraigh chailcreach, agus freisin as coillearnach leathanduilleach a chaillfear, agus fálta sceach agus crannteorainneacha, agus ní chruthófar aon tionchar iarmharach suntasach dá mbarr. Laghdóidh na bearta cúiteacha suntasacht an tionchair iarmharaigh ar gach speiceas ialtóg chuig leibhéal áitiúil.

In ainneoin chur i bhfeidhm na mbeart maolaithe agus cúitimh atá beartaithe, seans go mbeidh na tionchair iarmharacha suntasacha seo a leanas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar bhithéagsúlacht:

- Seans go mbeidh na tionchair iarmharacha suntasacha seo a leanas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar an scála tíreolaíoch idirnáisiúnta, do chaillteanas buan c.0.54ha de chosán aolchloiche ghnáthóg Iarscríbhinn I [*8240] a bhfuil tosaíocht aici
- Seans go mbeidh tionchar iarmharach suntasach, ar an scála tíreolaíoch náisiúnta, do chaillteanas buan c.2.93ha d'fhraoch fliuch ghnáthóg Iarscríbhinn I [4010]
- Seans go mbeidh tionchar iarmharach suntasach ann, ar an scála tíreolaíoch contae, do chaillteanas buan fuarán clochraithe [*7220] ag Cairéal Leacaigh
- Seans go mbeidh tionchar iarmharach suntasach ann, ar an scála tíreolaíoch contae, do chaillteanas buan féideartha láithreán neadaithe den fhabhcún gorm ag Cairéal Leacaigh
- Seans go mbeidh tionchar iarmharach suntasach ann, ar an scála tíreolaíoch áitiúil, ar gach speiceas ialtóg i ngeall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a bheidh laistigh dá limistéir sheilge
- Seans go mbeidh tionchar iarmharach suntasach ann, ar an scála tíreolaíoch contae, do chaillteanas buan 15 fhuarán chailcreacha (FP1) ag Cairéal Leacaigh, c.7.81ha de thalamh féaraigh aigéadaigh tirim-bogthais (GS3) agus c.0.13ha de ghnáthóg droch-eanaigh agus borrfháis (PF2)

Beidh tionchar ag na tionchair iarmharacha suntasacha seo freisin ar na limistéir bithéagsúlachta áitiúla seo a leanas: Bóthar an Chóta (R336) go dtí Bóthar Mhaigh Cuilinn N59, Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each, Mionlach go Cnoc Chúil Each, Baile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr agus ceantar Dhabhach Uisce.

Cé nach féidir na tionchair iarmharacha suntasacha a bhaineann le caillteanas an chosáin aolchloiche agus na gnáthóige d'fhraoch fliuch a chúiteamh go díreach, cruthófar limistéir de ghnáthóga gaolmhara chun gnóthachan bithéagsúlachta a chruthú le haghaidh gnáthóg tailte portaigh agus aolchloiche gaolmhar go háitiúil. Is é an limistéar de ghnáthóg fraoch tirim atá á sholáthar ná c.7.06ha atá níos mó ná caillteanais na ngnáthóg tailte portaigh go léir le chéile (c.4.78ha). Is é an limistéar de ghnáthóg talamh féaraigh chailcreach atá á sholáthar ná c.7.14ha atá níos mó ná caillteanais na ngnáthóg cosán aolchloiche agus talamh féaraigh chailcreach go léir le chéile (c.1.24ha).

## 8.1 Réamhrá

Cuimsítear sa chaibidil seo den Tuarascáil MTT breithmheas ar Chuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe atá beartaithe, dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar an fhorbairt bóthair atá beartaithe, faoin gceannteideal Bithéagsúlacht.

De réir cheanglais *Threoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 lena leasaítear Treoir 2011/92/AE maidir le*

*measúnú ar na héifeachtaí a bhíonn ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomhshaol* (i.e. an Treoir MTT), sainaithnítear, déantar cur síos agus déantar measúnú ar na héifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar bhithéagsúlacht, agus aird faoi leith ar speicis agus ar ghnáthóga cosanta faoi Threoir 92/43/CEE agus Treoir 2009/147/CE (.i. na Treoracha maidir le Gnáthóga agus Éin). Ina theannta sin, sainaithnítear freisin sa chaibidil seo den Tuarascáil MTT, déantar cur síos agus measúnú inti ar na héifeachtaí suntasacha díreacha agus indíreacha is dóigh a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis chosanta de bhua na nAchtanna um Fhiadhúlra 1976 go 2012.

Ní thugtar sainmhíniú ar bhithéagsúlacht sa Treoir MTT. Tugtar sainmhíniú foirmiúil, áfach, sa Choinbhinsiún maidir le hÉagsúlacht Bhitheolaíochta, ar bhithéagsúlacht in airteagal 2: "ciallaíonn éagsúlacht bhitheolaíoch an athraitheacht i measc orgánach beo ó gach foinse lena n-áirítear, inter alia, éiceachórais thalún, mhuirí agus uisceacha eile agus coimpléisc éiceolaíocha a bhfuil siad mar chuid díobh; áirítear leis sin éagsúlacht laistigh de speicis, idir speicis agus éiceachórais". I dteannta an téarma bithéagsúlacht úsáidtear na téarmaí ”éiceolaíocht”" agus "éiceolaíoch" freisin ar fud na caibidle seo mar théarma níos leithne chun machnamh a dhéanamh ar na caidrimh atá ag gabhdóirí bithéagsúlachta lena chéile agus lena dtimpeallacht.

Tá an chaibidil leagtha amach mar seo a leanas:

- **Cuid 8.2** ina gcuirtear an mhodheolaíocht i láthair
- **Cuid 8.3** ina ndéantar cur síos ar an gcomhshaol reatha
- **Cuid 8.4** ina dtugtar achoimre ar phríomhsaintréithe na forbartha bóthair atá beartaithe atá ábhartha do bhithéagsúlacht
- **Cuid 8.5** ina ndéantar measúnú ar thionchair na forbartha bóthair atá beartaithe ar bhithéagsúlacht
- **Cuid 8.6** ina ndéantar cur síos ar na bearta atá beartaithe chun na tionchair sin a mhaolú
- **Cuid 8.7** ina ndéantar cur síos ar na tionchair iarmharacha
- **Cuid 8.8** ina ndéantar cur síos ar na bearta cúiteacha atá beartaithe chun dul i ngleic leis na tionchair iarmharacha
- **Cuid 8.9** ina gcuirtear achoimre i láthair den chaibidil ar bhithéagsúlacht
- **Cuid 8.10** ina bhfuil na tagairtí a luadh ar fud na caibidle
- **Cuid 8.11** is iad na tagairtí a luaitear ar fud an chaibidil

**Tábla 8.1** thíos ina gcuirtear na gabhdóirí éiceolaíocha i láthair agus i gcodanna den chaibidil ina bpléitear iad le haghaidh éascaíocht tagartha.

**Tábla 8.1: Gabhdóirí Éiceolaíocha á gcur i láthair laistigh den Chaibidil**

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Faisnéis á cur i láthair | Tagairt don Chuid |
|---|---|---|
| Limistéir Ainmnithe do Chaomhnú an Dúlra | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.3 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.3 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.1 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.1 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Gnáthóga | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.5 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.4 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.2-8.6.6 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.2 |
| | Cúiteamh | 8.9.1 |
| Speicis phlandaí neamhchoitianta agus cosanta | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.5 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.5 |
| | Bearta Maolaithe | n/b |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.3 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.6 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | n/b |
| | Bearta Maolaithe | n/b |
| | Tionchair Iarmharacha | n/b |
| | Cúiteamh | n/b |
| Madra uisce | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.7.1 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.6.1 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.7.1 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.4.1 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Ialtóga | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.7.2 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.6.2 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.7.2 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.4.2 |
| | Cúiteamh | 8.9.2 |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Faisnéis á cur i láthair** | **Tagairt don Chuid** |
|---|---|---|
| Broic | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.7.3 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.6.3 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.7.3 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.4.3 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Speicis Mhamaigh Eile | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.7.4 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.6.4 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.7.4 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.4.4 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Cráifisc liathdhonn | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.8.1 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.7.1 |
| | Bearta Maolaithe | n/b |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.5.1 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Diúilicín péarla fionnuisce | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.8.2 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.7.2 |
| | Bearta Maolaithe | n/b |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.5.2 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Seilide rinseach réisc | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.8.3 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.7.3 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.8.1 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.5.3 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Fritileán réisc | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.8.4 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.7.4 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.8.2 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.5.4 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Éin Ghoir | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.9.1 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.8.1 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.9.1 |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Faisnéis á cur i láthair | Tagairt don Chuid |
|---|---|---|
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.6.1 |
| | Cúiteamh | 8.9.3 |
| Éin Gheimhrithe | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.9.2 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.8.2 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.9.2 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.6.2 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Amfaibiaigh | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.10 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.9 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.10 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.7 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Reiptílí | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.11 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.10 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.11 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.8 |
| | Cúiteamh | n/b |
| Iasc | An Timpeallacht Ghlactha | 8.3.12 |
| | Meastóireacht ar Thionchair | 8.5.11 |
| | Bearta Maolaithe | 8.6.12 |
| | Tionchair Iarmharacha | 8.7.9 |
| | Cúiteamh | n/b |

In éineacht le suirbhéanna a cuireadh i gcrích go sonrach i rith chéim MTT an tionscadail seo, baineadh leas sa chaibidil seo freisin as an bhfaisnéis a bailíodh i rith na staidéar roghnú slí agus bacainní le haghaidh na forbartha bóthair atá beartaithe d'fhonn an measúnú tionchair bithéagsúlachta a threorú. Scrúdaíodh i **gCuid 4.3**, **6.5.1** agus **7.6.1** den **Tuarascáil ar Roghnú Bealaí** na bacainní bithéagsúlachta a bhí laistigh de limistéar staidéir na scéime agus cuireadh i gcomparáid na tionchair bhithéagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith acu leis na roghanna bealaigh faoi seach. Chuidigh na rannáin seo den Tuarascáil ar Roghnú Bealaigh le dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe ar a ndéantar measúnú sa chaibidil seo. Déantar cur síos mionsonraithe i **gCaibidil 5, Cur Síos ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe** ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus tugtar imlíne i **gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála** den chaoi a bhfuil sé i gceist an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil.

## 8.2 Modheolaíocht

### 8.2.1 Réamhrá

Tá na modheolaíochtaí a úsáideadh chun faisnéis a bhailiú ar an timpeallacht bonnlíne bithéagsúlachta agus chun measúnú a dhéanamh ar thionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe mionsonraithe sna codanna seo a leanas.

### 8.2.2 Reachtaíocht agus Treoirlínte

Bhí aird ar na cáipéisí reachtaíochta agus ar na treoircháipéisí seo a leanas nuair a bhí na sonraí bonnlíne éiceolaíocha á mbailiú agus nuair a bhí an chaibidil seo á hullmhú. Ní liosta críochnaitheach é seo den reachtaíocht agus na treoirlínte go léir ach an bunús reachtach agus na treoirlínte is ábhartha ar mhaithe leis an Tuarascáil MTT a ullmhú.

Reachtaíocht:

- *Treoir ón gComhairle 92/43/CEE an 21 Bealtaine 1992 maidir le gnáthóga nádúrtha agus fána agus flóra fiáin a chaomhnú*, dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar an Treoir maidir le Gnáthóga
- *Treoir 2009/147/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Samhain 2009 maidir le héin fhiáine a chaomhnú*, dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar an Treoir maidir le hÉin
- *Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 (I.R. Uimh. 477 de 2011), arna leasú*, dá dtagrófar mar na Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga
- *Treoir 2011/92/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Nollaig 2011 maidir le measúnú na n-éifeachtaí a bhí ag tionscadail phoiblí agus phríobháideacha áirithe ar an gcomhshaol, arna leasú le Treoir 2014/52/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014*, dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar an Treoir MTT
- *Na hAchtanna um Pleanáil agus Forbairt 2000 go 2017*, dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar na hAchtanna um Pleanáil[6]
- *Na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976 go 2017*, dá dtagraítear ina dhiaidh seo mar na hAchtanna um Fhiadhúlra
- An tOrdú um Flora (Cosaint), 2015 (I.R. Uimh. 356 de 2015)
- *Na hAchtanna um Iascaigh Intíre 1959 go 2017*, dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar na hAchtanna Iascaigh.[7]

6 Á nuashonrú go 2017 de bhun an Achta um Pleanáil agus Forbairt (Leasú), 2017, alt 2(2).
7 Á nuashonrú go 2017 de bhua an Achta Iascaigh Intíre (Leasú), 2017, alt 5(3).

Treoircháipéisí:

- *Measúnú Tionchair Timpeallachta ar Thionscadail, Treoir maidir leis an Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair Timpeallachta a Ullmhú* (An Coimisiún Eorpach, 2017)
- *Nótaí comhairle faoi Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Dréacht Meán Fómhair 2015)
- *Treoirlínte maidir leis an bhfaisnéis a bheidh i dTuarascálacha den Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Dréacht Lúnasa 2017)
- *Treoirlínte maidir leis an bhfaisnéis a bheidh i Ráitis Tionchair Timpeallachta* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2002)
- *Nótaí Comhairle maidir leis an gCleachtas Reatha um Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2003)
- *Treoir ar Athrú Aeráide agus Bithéagsúlacht a Chomhtháthú i Measúnú Tionchair Timpeallacht* (An tAontas Eorpach, 2013)
- *Treoirlínte maidir leis an Measúnú Tionchair Éiceolaíoch sa RA agus in Éirinn: Talún, Úruisce agus Cósta, 2ú heagrán* (CIEEM, 2016)
- Sraith Treoirlínte Comhshaoil maidir le Bóithre Náisiúnta a Phleanáil agus a Thógáil (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2005-2009)
- Treoirlínte chun Tionchair Éiceolaíochta na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Mheasúnú (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009)
- *Teicnící Suirbhéireachta Éiceolaíocha d'Fhlóra agus Fána Cosanta i rith Phleanáil na Scéimeanna um Bóithre Náisiúnta* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008a) *Suirbhé ar Ialtóga d'Éiceolaithe Gairmiúla: Treoirlínte Dea-Chleachtais* (3ú heag.) (Collins, (eag.) 2016)
- *Measúnacht Tionchair Timpeallachta na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta – Treoir Phraiticiúil* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008b)
- *The Bat Workers' Manual, 2ú hEagrán* (Mitchell-Jones & McLeish, 1999)
- *Bat Mitigation Guidelines for Ireland. Irish Wildlife Manuals*, Uimh. 25. (Kelleher & Marnell, 2006)
- Design Manual for Roads and Bridges (Highways Agency 2001a, 2001b agus 2005)
- *Ciorclán na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra 1/10 & PSSP 2/10 Measúnú Iomchuí faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga: Treoir d'Údaráis Phleanála* (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2010)
- *Litir Chiorcláin NPWS 2/07 Treoir maidir le comhlíonadh le Rialachán 23 de na Rialacháin maidir le Gnáthóga 1997 – dianchosaint speiceas/feidhmchlár áirithe le haghaidh ceadúnas maolaithe* (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2007a)

- *Litir Chiorcláin PD 2/07 agus NPWS 1/07 Coinníollacha Comhlíontachta maidir le Forbairtí óna dteastaíonn (1) Measúnú Tionchair Timpeallachta (MTT); nó (2) a bhfuil tionchar féideartha acu ar láithreáin Natura 2000* (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2007b)
- *Turloughs over 10 ha: vegetation survey and evaluation* (Goodwillie, R., 1992)
- *Turlough Hydrology, Ecology and Conservation* (Waldren, S. 2015, Eag.)
- *Achoimre ar na torthaí ón Suirbhé ar Thurlaigh Ionchais 2015* (O'Neill & Martin, 2015)
- *The Irish semi-natural grasslands survey 2007-2012. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 78* (O'Neill et al., 2013)
- *Results of monitoring survey of old sessile oak woods and alluvial forests. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 71* (O'Neill & Barron, 2013)
- *National survey of limestone pavement and associated habitats in Ireland. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 73* (Wilson & Fernández, 2013)
- *Lochanna Chúil Each, SAC Loch Coirib, Co. na Gaillimhe: Suirbhé Bogaigh agus Measúnú Caomhnaithe* (Crushell & Foss, 2014a: tuarascáil neamhfhoilsithe)
- *Portach Chúl an Oileáin, SAC Loch Coirib, Co. na Gaillimhe: Suirbhé Bogaigh agus Measúnú Caomhnaithe* (Crushell & Foss, 2014b: tuarascáil neamhfhoilsithe)
- *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 79* (Perrin et al., 2014)
- *Monitoring guidelines for the assessment of petrifying springs in Ireland. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 94* (Lyons & Kelly, 2016)

### 8.2.3 Foinsí Sonraí agus Comhairliúcháin

Rinneadh staidéar deisce chun treoir a thabhairt do scóip tosaigh na suirbhéanna éiceolaíocha a theastaigh chun treoir a thabhairt don mheasúnú tionchair timpeallachta. Mar chuid den staidéar deisce bailíodh agus athbhreithníodh foinsí sonraí ábhartha idir chinn foilsithe agus neamhfhoilsithe, bailíodh faisnéis reatha ar an timpeallacht éiceolaíoch agus ar an gcomhairliúchán le comhlachtaí reachtúla ábhartha.

#### 8.2.3.1 Staidéar Deisce

Chuathas i gcomhairle leis na foinsí seo a leanas i rith an staidéir deisce chun treoir a thabhairt do scóip na suirbhéanna éiceolaíocha:

- Tá sonraí ar fáil ar líne ar an líonra de láithreáin Natura 2000 (dá dtagrófar ina dhiaidh seo mar láithreáin Eorpacha) [8] agus ar Láithreáin Oidhreachta

[8] Foráiltear in Airteagal 3 den Treoir maidir le Gnáthóga líonra éiceolaíoch Eorpach comhtháiteach de limistéir speisialta caomhnaithe a bhunú, faoin teideal Natura 2000. Is cuid den líonra Natura

Náisiúnta, (NHAanna), nó Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe, (pNHAanna) atá i seilbh na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS). Ar fáil ar líne ag <www.npws.ie/protectedsites/> agus < http://webgis.npws.ie/npwsviewer/>. Rochtain air an 06/09/2016 agus 14/06/2017

- Bunachar Sonraí Ar Líne an Ionaid Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta Ar fáil ar líne ag <http://maps.biodiversityireland.ie/#/Map>. Rochtain air an 19/02/2016 agus 14/06/2017
- Ortafótagrafaíocht Shuirbhéireacht Ordanáis Éireann (SOÉ) (1995 go 2012) le haghaidh limistéar staidéir na scéime
- Taifid de speicis neamhchoitianta agus faoi chosaint le haghaidh cearnóga eangaí 10km M22 agus M32, i seilbh NPWS
- Tacair shonraí GIS um ghnáthóga agus speicis arna soláthar ag an NPWS
- Taifid ar ialtóga ó bhunachar sonraí Chaomhnú Ialtóg Éireann
- Seachbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. Ráiteas Tionchair Timpeallachta (RPS, 2006)
- N59 Maigh Cuilinn Ráiteas Tionchair Timpeallachta Thionscadal an tSeachbhóthair (Comhairle Chontae na Gaillimhe/Oifig Ros Comáin um Dhearadh Bóithre Náisiúnta, 2011)
- Sraith tuarascálacha éiceolaíocha a rinne RPS a bhaineann le Scéim Bóthair R336 go N59, Co. na Gaillimhe atá beartaithe, (RPS, 2012a; RPS, 2012b; RPS, 2013a; RPS, 2013b; agus, RPS, 2013c)
- Fardal Ghnáthóg Chathair na Gaillimhe. Comhairle Cathrach na Gaillimhe (Comhairleoirí Comhshaoil Natura, 2005) – lena n-áirítear tacar sonraí mapála digití
- Comhairle Cathrach na Gaillimhe - Measúnú Gnáthóg le haghaidh Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán (Comhairleoirí Comhshaoil Natura, 2012)
- Staidéar ar Ghnáthóga Cósta Bhearna (Comhairle Chontae na Gaillimhe, 2007)
- *Pseudorchis albida* ag Dabhach Uisce, Cathair na Gaillimhe – Tuarascáil maidir le cuardach i mBealtaine-Meitheamh 2005 (Roden, 2005)
- Ráiteas Tionchair Timpeallachta an tSínidh ar Chuan na Gaillimhe (Cuideachta Cuain na Gaillimhe, 2014)
- Tionscadal Choill Bhearna, Tuarascáil Bhithéagsúlachta (Browne et al., 2009)
- Torthaí imeacht 'Bioblitz' NBDC (2014 & 2015) ag campas OÉ, Gaillimh

---

2000 seo iad na Limistéir faoi Chosaint Speisialta le haghaidh éan, mar atá ainmnithe ag an reachtaíocht ag cur na Treorach maidir le hÉin i bhfeidhm. Is é aidhm an líonra cabhrú le marthanacht na speiceas agus na n-éan is leochailí agus is mó atá faoi bhagairt san Eoraip. Ainmnítear na láithreáin sin mar "láithreáin Eorpacha" in Éirinn – arna sainiú faoi na hAchtanna um Pleanáil agus/nó na Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga mar (a) láithreán is iarrthóir a bhfuil tábhacht Comhphobail leis, (b) láithreán a bhfuil tábhacht Chomhphobail leis, (c) limistéar is iarrthóir faoi chosaint speisialta, nó (f) limistéar faoi chosaint speisialta. Déantar tagairt dóibh de ghnáth in Éirinn mar Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SACanna) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna).

- Fíteashocheolaíocht agus éiceolaíocht na bpobal plandaí uisceach agus bogaigh Abhantrach Íseal na Coiribe, Co. na Gaillimhe. Imeachtaí Acadamh Ríoga na hÉireann 90B (5) (Mooney & O'Connell, 1990)
- Tuarascálacha pleanála comhshaoil éagsúla i dtaca le forbairtí a bhaineann le OÉ, Gaillimh (McCarthy, Keville & O’Sullivan, 2014a; McCarthy, Keville & O’Sullivan, 2014b; McCarthy, Keville & O’Sullivan, 2009a; McCarthy, Keville & O’Sullivan, 2009b; McCarthy, Keville & O’Sullivan, 2011; A.P. McCarthy Planning Consultants, 2007a agus 2007b; agus, Moore Group Environmental Services, 2011)
- Torthaí na suirbhéanna éiceolaíocha a rinneadh mar chuid de na staidéir ar bhacainní agus roghnú bealaigh (*Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe: An Tuarascáil maidir le Roghnú Bealaigh (Arup, 2016)4)*
- Torthaí suirbhéanna éan a rinneadh le haghaidh Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 in 2006 (RPS, 2006)
- Faisnéis chomhshaoil/sonraí le haghaidh an limistéir ar fáil ó www.epa.ie (Amharcóir Léarscáil Comhshaoil Ar Líne Envision - http://gis.epa.ie)
- Faisnéis maidir le stádas na ngnáthóg agus na speiceas cosanta in AE (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2013a, 2013b agus 2013c)
- An Chreat-treoir Uisce - Suirbhé ar Stoc Éisc Loch Coirib, Meitheamh 2014 (Kelly *et al.* 2014), agus
- Inbhear na Coiribe: Iasc Samplála le haghaidh na Creat-Treorach Uisce – Uiscí Idirthréimhseacha 2008 (An Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha, 2009)

### 8.2.3.2 Comhairliúcháin

Chuathas i gcomhairle leis na heagraíochtaí seo a leanas atá ábhartha do chúrsaí éiceolaíochta:

- Rannóg na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra (NPWS) den Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta roimhe seo agus roimhe sin arís, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta)
- Iascaigh Intíre na hÉireann (IFI)
- Caomhnú Ialtóg Éireann (CIÉ)
- Cairde Éanlaith Éireann (CÉÉ)
- Cumann Luibheolaíochta na Breataine agus na hÉireann (BSBI)
- Kate McAney as Iontaobhas Fiadhúlra Vincent (Vincent Wildlife Trust) agus
- Baill eile an phobail a bhfuil eolas áitiúil/taifid acu (e.g. a bhaineann le faraí ialtóige).

Tá achoimre tugtha thíos de chomhairliúcháin le Rannóg NPWS den Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta, Gnóthaí Réigiúnacha, Tuaithe agus Gaeltachta roimhe seo agus roimhe sin arís An Roinn

Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta)/An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra agus IFI). Tá taifid speiceas nó plandaí áirithe faoi na ceannteidil ábhartha i **gCuid 8.3 An Timpeallacht Ghlactha**.

#### 8.2.3.2.1 An Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (NPWS)

Bhí sé chruinniú ar siúl leis an SPNF: ar an 2 Iúil 2014, 26 Márta 2015, 24 Feabhra 2016, 29 Márta 2017, 18 Aibreán 2017 agus an 3 Lúnasa 2017. Fuarthas freagra foirmiúil ar an gcomhairliúchán a bhain le Tuarascáil Scópála neamhfhoirmiúil RTC ón Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta an 10 Lúnasa 2016 (Tag. G Pre00241/2016 – tá cóip de áirithe in **Aguisín A.8.2**). Seo a leanas achoimre de thuairimí/breathnuithe a rinne an NPWS a bhain le hullmhú na Tuarascála MTT agus an phróisis MTT:

- Ní mór don Tuarascáil MTT aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh acu ar láithreáin Eorpacha. Féadfaidh an Tuarascáil MTT a bheith ar aon líne agus crostagairt nó léiriú a thabhairt ar Ráiteas Tionchair Natura ach ní fhéadfaidh sé na héifeachtaí is dóigh a bheidh aige ar láithreáin Eorpacha a fhágáil ar lár, a dhearmad nó a eisiamh. Tá saincheisteanna a d'ardaigh an NPWS a bhain go sonrach le Measúnú Iomchuí liostaithe ar leithligh i Ráiteas Tionchair Natura agus níl athrá déanta orthu anseo
- Ní mór measúnú a dhéanamh sa Tuarascáil MTT ar na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh ar Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus ar na Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe agus atá roghnaithe i gcomhair 'gnéithe spéise' agus ba chóir iad sin a úsáid chun treoir a thabhairt do raon feidhme an mheasúnaithe agus na hanailíse eolaíochta sa Tuarascáil MTT. Ní mór dó measúnú a dhéanamh freisin ar na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh aige ar láithreáin neamhreachtúla cosúil le limistéir bithéagsúlachta áitiúla
- Ba cheart treoir reatha maidir le MTT a leanúint nuair a bheidh an Tuarascáil MTT á hullmhú, agus aird freisin ar athruithe i léirmhíniú agus i gcur i bhfeidhm na dTreoracha AE maidir leis an Dúlra agus sa reachtaíocht náisiúnta a éiríonn as cásdlí. Ba cheart go mbeadh an téarmaíocht a úsáidtear ar aon dul leis an reachtaíocht agus cásdlí, agus go háirithe tástálacha sonracha an phróisis measúnaithe
- Ba cheart go gcuirfí san áireamh sa Tuarascáil MTT príomhghabhdóirí éiceolaíocha agus ba cheart dó sonraí, faisnéis agus anailís a chur i láthair atá sonrach agus ábhartha don fhorbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear saintréithiú na ngnáthóg mar Iarscríbhinn I/cineálacha gnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I (nó a mhalairt de réir mar a bheidh) le bonn cirt eolaíoch agus fianaise thacaíochta (cosúil le sonraí pobail maidir le fásra) chun tacú leis na conclúidí a baineadh as. Ba cheart go ndéanfaí suirbhé i suirbhéanna luibheolaíochta ar speicis chosanta nó neamhchoitianta atá ar eolas nó a d'fhéadfadh tarlú laistigh den áit (e.g. *Pseudorchis albida* agus *Allium schoenprasum*). Ba cheart go ndéanfaí measúnú ar thionchair ar chineálacha gnáthóg Iarscríbhinn I agus na héifeachtaí is dóigh a bheidh acu ar struchtúr agus feidhm gnáthóige agus ba cheart a mheas cibé an bhféadfadh stádas

caomhnaithe náisiúnta neamhfhabhrach nó stádas a bheadh ag dul chun donais a bheith mar thoradh ar chaillteanas gnáthóige

- Ní mór tuairisc iomlán agus mionsonraithe de na gnéithe go léir den fhorbairt bóthair atá beartaithe a áireamh sa Tuarascáil MTT
- Ní mór don Tuarascáil MTT measúnú a dhéanamh ar thionchair charnacha ionchais, go háirithe ar fhorbairtí reatha agus ar fhorbairtí ceadaithe atá beartaithe, mar aon le sonraí faoi aon bhearta maolaithe a bhfuil feidhm leo. Ba chóir go ndéanfaí scrúdú sa mheasúnú ar thionchair charnacha ar éifeachtaí a éiríonn ó fhorbairtí reatha nó stairiúla a bhféadfadh iarmhairtí a bheith acu ón dáta a raibh feidhm leis na ceanglais MTT
- Ba cheart na sonraí iomlána maidir leis na bearta maolaithe a thabhairt agus a thaispeáint ar na léarscáileanna. Ba cheart measúnú a dhéanamh freisin ar na héifeachtaí is dóigh a bheidh ag bearta maolaithe iad féin agus ba cheart iad a mhaolú nuair is gá. Ba cheart a léiriú freisin go bhfuil bearta maolaithe éifeachtach ó thaobh dul i ngleic leis na héifeachtaí a thagann chun cinn agus ba chóir a léiriú go bhfuil sé féideartha laistigh de shaintréithe agus srianta sonracha an láithreáin forbartha atá beartaithe
- Ba cheart maoirseacht speisialta iomchuí a mholadh de réir mar is gá lena chinntiú go gcuirtear bearta maolaithe i bhfeidhm i gceart ag gach céim den fhorbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear céimeanna conartha na réamhoibreacha
- Ba cheart gur leor iad na measúnuithe sa Tuarascáil MTT chun tacú le haon iarratas ar cheadúnais nó maolú a d'fhéadfadh a bheith riachtanach chun cur isteach ar speicis atá faoi dhianchosaint nó faoi chosaint agus a gcuid áiteanna pórúcháin nó scíthe

Cuireadh san áireamh na breathnuithe agus na tuairimí sin agus cuireadh i bhfeidhm iad ar fud na Tuarascála MTT.

#### 8.2.3.2.2 Iascaigh Intíre na hÉireann (IFI)

Bhí dhá chruinniú ar siúl le IFI chun luach iascaigh na sruthchúrsaí a bheidh á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe a phlé: an chéad chruinniú an 14 Lúnasa 2014 agus an dara ceann an 15 Meán Fómhair 2016.

I rith na gcruinnithe sin, agus mar fhreagra a bhain leo, rinne IFI na breathnuithe seo a leanas.

- Seachnaíonn an limistéar ina bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe na limistéir is leochailí agus is tábhachtaí i gcomhair iascaigh
- Is córas abhann a bhfuil tábhacht náisiúnta leis le haghaidh bradán an Atlantaigh í Abhainn na Gaillimhe. Tacaíonn Cuisle Bhearna le breac geal agus le bradán agus bheadh an sruthchúrsa seo ar cheann de na príomhláithreáin do na speicis sin sa cheantar, agus seachas Abhainn na Gaillimhe is é sin an chuisle is tábhachtaí a mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air. Rinne IFI oibreacha feabhsúcháin ar Chuisle Bhearna le déanaí, go háirithe an breac geal. Téann limistéar sceathraí an bhric

ghil i gCuisle Bhearna le sruth ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tacaíonn Cuisle Chnoc na Cathrach leis an mBreac Geal agus tá gnáthóg sceathraí den bhreac geal i gCuisle na Páirce Nua (ó thuaidh de Thóin na Brocaí) Tá droch-ghnáthóg ag Abhainn Thír an Oileáin le haghaidh salmainidí agus rinneadh draenáil mhór air le gairid anuas mar chuid de bhearta um chosc tuilte. Is beag salmainidí ná eascanna a fuarthas nuair a rinneadh leictriascaireacht ar an sruthchúrsa seo. Tá liús in Abhainn Thír an Oileáin

- Ní raibh aon taifid de thailte screathraí i gcomhair salmainidí ag aon cheann de phointí trasnaithe an tsruthchúrsa atá beartaithe feadh na forbartha bóthair atá beartaithe
- Tá láithreáin screathraí loimpre ar bhruacha Abhainn na Gaillimhe. Thug IFI loimpre mhara faoi deara ag dul suas síos Cora na mBradán agus ag sceitheadh in abhantrach uachtair ag Cong – tagann sé sin salach ar roinnt foinsí foilsithe ina luaitear gur measadh go raibh srian ar an speiceas faoi Chora na mBradán i gCathair na Gaillimhe
- Tá líon mór eascann in Abhainn na Gaillimhe agus d'fhéadfaidís a bheith i sruthchúrsaí eile atá i gceist ach líon níos lú díobh. Soláthraíodh pasáiste eascann ag Cora na mBradán chun imirce a éascú ó na 1950í. Bheadh imní faoi aon srian ar imirce eascann
- Ní thacaíonn Loch Bhaile an Dúlaigh le salmainidí nó loimpre ach úsáidtear é i gcomhair garbhiascaireachta (i.e. Péirse, Róiste, Bran agus Liús). Tá an dobharlach sin leochaileach ó slatiascaireacht seachas ó pheirspictíocht éiceolaíoch i dtéarmaí iascaigh
- Tá tábhacht le slatiascaireacht agus le loingseoireacht ar Abhainn na Gaillimhe. Ní dhéantar go leor iascaireachta ar Lochanna Chúil Each
- Tá cráifisc liathdhonn i Loch Coirib (tá líon beag díobh in Abhainn an Chláir ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe) agus d'fhéadfaidís a bheith in Abhainn na Gaillimhe freisin
- Beidh prótacail bithshlándála an-tábhachtach don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tá fadhb shuntasach le *Lagarosisphon major* agus leis an Diúilicín Riabhach i gcóras na Coiribe. Caithfear treoirlínte IFI ar bhithshlándáil a leanúint le haghaidh an dá shuirbhé don Tuarascáil MTT agus ag céim na tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe
- Tá an Ghlúineach Bhiorach agus Lus na Pléisce in Abhainn Thír an Oileáin agus in Abhainn na Gaillimhe
- Is é aidhm fhadtéarmach IFI caighdeán na gcuislí agus na n-abhann a fheabhsú. Níor cheart go gcuirfeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe isteach ar an aidhm sin. Tá teipthe ar dhaonra an bhric ghil i sruthchúrsaí feadh chuid thiar na forbartha bóthair atá beartaithe agus is é an aidhm fhadtéarmach na speicis sa limistéar sin a chur ar ais
- Tá imní faoi sceitheadh uisce stoirme, go háirithe sceitheadh díreach chuig sruthchúrsaí. Ba cheart dul i ngleic leis sin sa mhodheolaíocht deartha agus tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe

- Ba cheart pasáiste a chur ar fáil d'iasc trí thóchair a chur faoi bhun leibhéal an ghrinnill, ag cinntiú nach méadaítear na leibhéil srutha, lena n-áirítear guairí nó maolú, agus cothabháil a dhéanamh orthu sin nuair is gá
- Beidh athchóiriú/ath-insealbhú gnáthóige ag teastáil i ndiaidh oibreacha sa chuisle
- Tá iarrtha ag IFI a bheith ar an láthair i rith na tógála agus go háirithe le haghaidh aon atreorú ar an gcuisle. D'fhéadfadh leictriascaireacht a bheith ag teastáil chun aon iasc a ghabhfar a bhogadh le sruth ó na hoibreacha tógála
- Tá ráiteas modha mionsonraithe iarrtha ag IFI ón gconraitheoir roimh na hoibreacha sa chuisle
- Ní cheadófar oibreacha sa chuisle ach amháin idir 1 Iúil agus deireadh Mheán Fómhair de réir threoirlínte IFI (IFI, 2016)
- Ba cheart rochtain ar Abhainn na Gaillimhe a choimeád ar bhruacha thoir agus thiar shuíomh trasnaithe Abhainn na Gaillimhe
- Dheonaigh Oifig na nOibreacha Poiblí cead Alt 50 do na tóchair atá beartaithe. Is tóchair bhosca iad na tóchair sin le gairbhéal 300mm sa leaba srutha
- Tugann an IFI faoi deara go bhfuil na córais bheartaithe chun uisce dromchla a chóireáil ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ag obair go maith tríd is tríd

## 8.2.4 An Limistéar Staidéir agus Bailiúchán Sonraí Bonnlíne

### 8.2.4.1 An Limistéar Staidéir

Tagraíonn an téarma "limistéar staidéir na scéime" nuair a úsáidtear é sa chaibidil seo, don limistéar staidéir leathan ar tugadh srianta éiceolaíocha faoi deara i dtús báire do staidéir roghnú srianta agus bealaí don tionscadal (féach **Fíoracha 8.1.1** agus **8.1.2**). Sin é an scála geografach ag a ndearnadh go leor de na suirbhéanna éiceolaíocha ar leibhéal MTT ar an gcéad dul amach. I gcás cuid mhaith de na gabhdóirí éiceolaíocha, rinneadh suirbhéanna freisin laistigh de limistéar staidéir níos srianta, dírithe ar thionchair ionchais a mheas laistigh de Chrios Tionchair (CT)[9] na forbartha bóthair atá beartaithe. Déantar cur síos i **gCuid 8.2.4.2** thíos, ar an limistéar(éir) staidéir a bhaineann le gach gabhdóir éiceolaíoch agus, nuair is ábhartha, léirítear na limistéir staidéir sin freisin ar **Fhíoracha 8.1.1** go **8.22.1** a ghabhann leis.

### 8.2.4.2 Suirbhéanna Allamuigh

Tugtar cuntas sa chuid seo ar na modheolaíochtaí suirbhéireachta éiceolaíocha éagsúla a úsáideadh chun faisnéis bonnlíne éiceolaíoch a bhailiú ag ullmhú na caibidle seo. Tá na suirbhéanna a rinneadh achoimrithe thíos i **dTábla 8.2** leis an

[9] Is ionann an 'crios tionchair' i gcomhair forbartha agus an limistéar ar a bhféadfadh gnéithe éiceolaíocha a bheith faoi réir tionchar suntasach mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe agus gníomhaíochtaí gaolmhara (CIEEM, 2016) – féach Cuid 8.3.1 chun tuilleadh sonraí a fháil ar an ZoI mar a bhaineann sé leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

gcur síos iomlán de na modheolaíochtaí suirbhéireachta a cuireadh i láthair in **Aguisín A.8.1**.

Sainaithníodh sa chleachtadh scópála a rinneadh le haghaidh na staidéar roghnú srianta agus bealaí don tionscadal seo go raibh roinnt gabhdóirí éiceolaíocha leochaileacha laistigh de limistéar staidéir na scéime a bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu. Mar thoradh air sin, rinneadh suirbhé MTT le haghaidh go leor de na gabhdóirí éiceolaíocha seo ag céim roghnú bealaigh an tionscadail d'fhonn treoir a thabhairt leis an gconair bhealaigh is dealraithí a roghnú, toisc mar gheall ar a luach éiceolaíoch go raibh seans an-mhór ann go mbeadh tionchar acu ar aicmiú na roghanna bealaigh. Mar sin féin, rinneadh go leor de na suirbhéanna seo thar limistéar suirbhé níos mó (féach freisin **Cuid 8.2.4.1**) agus ag taifeach a bhí oiriúnach le faisnéis a bhailiú chun cuidiú leis na staidéir ar bhacainní agus roghnú bealaigh, dá bhrí sin an riachtanas suirbhéanna breise a dhéanamh le haghaidh chéim MTT an tionscadail i séasúir/mblianta ina dhiaidh sin chun cur leis an bhfaisnéis a bailíodh cheana féin agus chun aon bhearnaí a líonadh, ar bhonn spásúil, i dtacair shonraí bonnlíne éiceolaíocha. Faoi gach cuid thíos, i gcás inar tugadh faoi shuirbhéanna difriúla a bhaineann le gabhdóir éiceolaíoch áirithe (m.sh. gnáthóga) thar roinnt séasúr suirbhé nó ag cumhdach áiteanna tíreolaíocha difriúla feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe, tá tuairisc tugtha ar gach ceann de na suirbhéanna a rinneadh in ord croineolaíoch.

**Tábla 8.2: Suirbhéanna Éiceolaíocha agus Dáta Suirbhé idir 2013 agus 2018**

| Suirbhé | Dáta(í) Suirbhéanna | Suirbhéir(í) |
|---|---|---|
| Suirbhéanna ar ghnáthóga[10]: | | Botanical, Environmental & Conservation (BEC) Consultants Ltd., Scott Cawley Ltd. agus luibheolaithe neamhspleácha éagsúla lena n-áirítear an Dr Joanne Denyer, an Dr John Conaghan, an Dr Janice Fuller, Katharine Duff. |
| • cSAC Loch Coirib – Áiteanna Roghnaihe (RS) | Iúil go Meán Fómhair 2013 | |
| • Suirbhé ar fhuaráin chlochraithe (RS) | Márta go Meitheamh 2014 | |
| • Limistéar Staidéir Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta is iarrthóir (cSAC) Loch Coirib (RS) | Bealtaine 2017 go Eanáir 2018 | |
| • Láithreáin Éiceolaíocha [11] (RS) | Meitheamh go Deireadh Fómhair, 2014 | |

[10] Rinneadh roinnt suirbhéanna éiceolaíocha i rith na staidéar ar bhacainní agus roghnú bealaigh an tionscadail in 2014 agus rinneadh iad ar scála spásúil difriúil agus gan tagairt d'aon CT de réir mar a bheadh baint aige leis an limistéar staidéir do bhealach na forbartha bóthair atá roghnaithe. Thug na suirbhéanna sin treoir níos déanaí do shuirbhéanna éiceolaíocha MTT agus ar mhaithe le héascaíocht cuireadh in iúl iad le RS i lúibíní i **dTábla 8.2**. Tá na suirbhéanna sin a rinneadh a bhaineann go sonrach le measúnúMTT na forbartha bóthair atá beartaithe agus a Chrios Tionchair curtha in iúl le MTT i lúibíní.

[11] Is láithreáin iad Láithreáin Éiceolaíocha, sa chás seo, ina bhfuil luach ionchais éiceolaíoch do na gnáthóga iontu: i.e. a gcinntear go bhfuil Tábhacht Áitiúil ar a laghad leo (luach níos airde) (tagair don Údarás um Bóithre Náisiúnta, 2009 chun tuilleadh sonraí a fháil). Sainíodh teorainneacha na Láithreán Éiceolaíoch ar dtús báire bunaithe ar léirmhíniú na hortafótagrafaíochta agus an fhaisnéis reatha atá ar fáil faoi ghnáthóga a bhailiú, i gcomhar le cleachtadh fírice ón talamh chun an léirmhíniú ortafótagrafaíochta a dheimhniú. Rinneadh mínghlanadh ansin ar na teorainneacha sin, mar ba chuí, bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna éagsúla a rinneadh ar ghnáthóga.

| Suirbhé | Dáta(í) Suirbhéanna | Suirbhéir(í) |
|---|---|---|
| • Gnáthóga uisceacha (RS) | Meitheamh go Meán Fómhair, 2014 | Eamon O'Sullivan, Roger Goodwillie, an Dr Cilian Roden, Michelle O'Neill agus Mary O'Connor. |
| • Suirbhé ar fhuaráin chlochraithe i gCairéal Leacaigh (MTT) | Meitheamh 2015 | |
| • Suirbhéanna ar ghnáthóga MTT (MTT) | Meán Fómhair go Nollaig, 2015<br>Iúil go Deireadh Fómhair 2016<br>Bealtaine go Deireadh Fómhair 2017 | |
| Speicis phlandaí cosanta: | | |
| • Síofróg uisce *Najas flexilis* (RS) | Meitheamh go Meán Fómhair, 2014 | An Dr Cilian Roden |
| • Caonach crúcach snasta *Hamatocaulis vernicosus* (RS) | Meán Fómhair 2014 | An Dr Rory Hodd |
| Suirbhé ar mhadraí uisce (Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each) (RS) | Aibreán agus Bealtaine, 2014 | Scott Cawley Ltd. |
| Suirbhé ar mhamaigh (gan ialtóga san áireamh) | Aibreán go Meitheamh agus Deireadh Fómhair/Samhain, 2015<br>Deireadh Fómhair 2016<br>Deireadh Fómhair/Samhain 2017 | Scott Cawley Ltd. agus an Dr Chris Peppiatt |
| Suirbhéanna ar ialtóga: | | Scott Cawley Ltd., Greena Ecological Consultancy Ltd., Geckoella Ltd. agus speisialtóirí neamhspleácha ar ialtóga lena n-áirítear Conor Kelleher, Brian Keeley, Isobel Abbott, Barbara McInerney, Caroline Shiel agus Barry Ryan |
| Suirbhéanna ar gheimhriúchán i rith an gheimhridh (RS agus EPRC) | Márta 2014 & Feabhra, 2015 & 2016 | |
| Suirbhéanna tógála (RS agus EPRC) | Iúil go Deireadh Fómhair, 2014<br>Lúnasa/Meán Fómhair, 2015<br>Iúil/Lúnasa 2016<br>Meitheamh/Iúil 2017<br>Lúnasa 2018 | |
| Suirbhéanna ar chrainn (EPRC) | Aibreán go Samhain, 2015 | |
| Suirbhéanna ar traschriosanna feithicil (RS) | Meitheamh/Iúil, 2014 | |
| Suirbhéanna ar traschriosanna siúlta | Meitheamh/Iúil, 2014 | |
| Suirbhéanna ar ghníomhaíocht brathadóra stataigh in 2014 agus 2015 (RS agus EPRC) | Lúnasa go Samhain, 2014<br>Iúil go Deireadh Fómhair, 2015 | |
| Staidéir rianaithe raidió (trí staidéar in 2014, staidéar amháin in 2015) (RS agus EPRC) | Iúil/Lúnasa, 2014<br>Lúnasa, 2014<br>Meán Fómhair, 2014<br>Bealtaine, 2015 | |
| Staidéir mharcála (RS agus EPRC) | Iúil, 2014 go Lúnasa, 2016 | |
| Suirbhé ar chráifisc liathdhonn (RS) | Meán Fómhair, 2014 | Scott Cawley Ltd. agus an Dr Julian |

| Suirbhé | Dáta(í) Suirbhéanna | Suirbhéir(í) |
|---|---|---|
| | | Reynolds |
| Suirbhéanna moileascach (lena n-áirítear diúilicín péarla fionnuisce agus suirbhéanna ar speicis seilide *Vertigo*) (RS) | Lúnasa 2014<br>Deireadh Fómhair 2017 (dhá láithreán mhoileascacha breise) | An Dr Evelyn Moorkens agus an Dr Ian Killeen |
| Suirbhéanna ar fritileán réisc (RS agus EPRC) | Meán Fómhair 2013<br>Meán Fómhair/Deireadh Fómhair, 2014<br>Meán Fómhair 2015<br>Meán Fómhair 2016 | Woodrow Environmental Consultants Ltd. |
| Suirbhé ar an gcearc fhraoigh (RS) | Meitheamh go Lúnasa, 2014 | An Dr Chris Peppiatt |
| Suirbhé ar an tscréachóg reilige (RS agus EPRC) | Meitheamh agus Iúil, 2014<br>Iúil 2015<br>Meitheamh agus Iúil, 2016<br>Bealtaine go Meán Fómhair 2018 | Cairde Éanlaith Éireann |
| Suirbhé ar an bhfabhcún gorm (EPRC) | Meitheamh agus Iúil, 2016<br>Bealtaine go Meán Fómhair 2018 | Cairde Éanlaith Éireann |
| Suirbhéanna ar éin ghoir (EPRC) | Bealtaine agus Meitheamh, 2015<br>Meitheamh 2016 | An Dr Chris Peppiatt, Gerry Murphy, John Small |
| Suirbhé ar an gcreabhar (EPRC) | Bealtaine/Meitheamh, 2015 & Meitheamh, 2016 | An Dr Chris Peppiatt |
| Suirbhé ar éin gheimhrithe (RS) | Meán Fómhair, 2014 go Márta, 2015 | Scott Cawley Ltd., an Dr Chris Peppiatt, Gerry Murphy, John Small agus Tom Cuffe. |
| Suirbhé ar amfaibiaigh (EPRC) | Aibreán go Meitheamh. 2015<br>Meitheamh 2016 | Scott Cawley Ltd. agus an Dr Chris Peppiatt |
| Suirbhé ar reiptílí (EPRC) | Meán Fómhair/Deireadh Fómhair 2015 | Scott Cawley Ltd. |
| Suirbhéanna iascaigh (lena n-áirítear measúnú ar stádas cáilíochta bitheolaíochta uisce) (EPRC) | Meán Fómhair 2015 | Triturus Environmental Services Ltd. |

### 8.2.5 Modheolaíocht don Mheasúnú Tionchair

Rinneadh measúnú ar thionchair bhithéagsúlachta agus éiceolaíocha na forbartha bóthair atá beartaithe ag úsáid na dtreoirlínte seo a leanas:

- *Measúnú Tionchair Timpeallachta maidir le Tionscadail, Treoir maidir le Tuarascáil ar an Measúnú Tionchair Timpeallachta a ullmhú* (An Coimisiún Eorpach, 2017)

- *Treoirlínte maidir leis an bhfaisnéis a bheidh i Ráitis Tionchair Timpeallachta* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2002)
- *Nótaí Comhairle maidir leis an gCleachtas Reatha um Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, 2003)
- *Treoirlínte maidir leis an bhfaisnéis a bheidh i dTuarascálacha den Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil Dréacht Lúnasa 2017)
- *Nótaí comhairle faoi Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú* (An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, Dréacht Meán Fómhair 2015)
- *Treoirlínte maidir leis an Measúnú Tionchair Éiceolaíoch sa RA agus in Éirinn: Talún, Úruisce agus Cósta, 2ú heagrán* (CIEEM, 2016)
- *Treoirlínte chun Tionchair Éiceolaíochta na Scéimeanna Bóithre Náisiúnta a Mheasúnú* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009)

***Fiúntas na nGabhdóirí Éiceolaíocha a Mheas***

Rinneadh fiúntas na ngabhdóirí bithéagsúlachta (lena n-áirítear láithreáin aitheanta a bhfuil tábhacht bhithéagsúlachta leo) a mheas le haird ar na samplaí luachála éiceolaíocha atá leagtha síos sna treoirlínte BIÉ (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009).

Déantar luacháil ar gach gnáthóg Iarscríbhinn I a luíonn lasmuigh de láithreáin Eorpacha a luacháil mar chinn a bhfuil tábhacht náisiúnta leo toisc gur gnáthógaiad a bhfuil imní mhór maidir lena gcaomhnú. Mar sin féin, tá cineálacha gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I luacháilte mar chinn a bhuil tábhacht idirnáisiúnta leo toisc go bhfuil imní mhór maidir lena gcaomhnú ar leibhéal Eorpach (i.e. cineálacha gnáthóg nádúrtha i gcontúirt imeacht as radharc[12].

Meastar limistéir ghnáthóg laistigh de SACanna, i gcomhthéacs na dtionchar ar na cuspóirí caomhantais agus sláine láithreáin Eorpaigh a mheas le haird ar na tástálacha Measúnaithe Iomchuí atá leagtha síos in Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga. Meastar go bhfuil tábhacht idirnáisiúnta ó thaobh fiúntais de le gach láithreán Eorpach.

De réir na dtreoirlínte BIÉ (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009), gnéithe bithéagsúlachta laistigh de Chrios Tionchair (ZOI) na forbartha bóthair atá beartaithe a bhfuil "dóthain fiúntais ag baint leo le bheith ábhartha i gcinnteoireacht agus ar dóigh go mbeadh tionchar suntasach orthu" meastar gur 'Príomhghabhdóirí Éiceolaíocha' (PÉanna) iad. Sin iad na gabhdóirí bithéagsúlachta a d'fhéadfadh a bheith faoi réir éifeachtaí suntasacha ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, go díreach nó go hindíreach. Is iad na PÉanna na gabhdóirí éiceolaíocha sin lena ngabhann luach éiceolaíoch a bhfuil tábhacht áitiúil (fiúntas níos airde) leo.

[12] Ón sainmhíniú ar "cineálacha gnáthóg nádúrtha le tosaíocht" in Airteagal 1(d) den Treoir maidir le Gnáthóga

### *Saintréithiú agus tuairisciú na dTionchar*

Tá cuntas tugtha i **dTábla 8.3** thíos ar na paraiméadair a bhreithnítear nuair a thugtar saintréithe agus tuairisc ar mhéid nó ar scála thionchair ionchais na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.3: Paraiméadair a úsáidtear chun saintréithe agus tuairisc a thabhairt ar mhéid nó ar scála na dtionchar ionchais**

| Paraiméadar | Catagóirí |
|---|---|
| **Cineál tionchair** | Dearfach/Neodrach/Diúltach<br>D'fhéadfaí Éifeachtaí Carnacha, "Éifeachtaí Gan Dada a Dhéanamh', 'Éifeachtaí Gan Dada a Dhéanamh', Éifeachtaí Dochinntithe, Éifeachtaí Do-Iompaithe, Éifeachtaí Iarmharacha, Éifeachtaí Sineirgisteacha, Éifeachtaí Indíreacha agus/nó Éifeachtaí Tánaisteacha a áireamh freisin |
| **Fairsinge** | Méid an limistéir/na gnáthóige a bhfuil tionchar air agus/nó an chuid den daonra a bhfuil tionchar ag an éifeacht air |
| **Fad ama** | An tréimhse ama a seasfaidh an éifeacht lena linn[13]. |
| **Minicíocht agus Uainiú** | Cé chomh minic a tharlóidh an éifeacht; go háirithe i gcomhthéacs na gcéimeanna saoil nó na séasúr ábhartha |
| **Inaisathraitheacht** | Buan/Sealadach<br>An ndéanfar tionchar a aisiompú; gan smaoineamh nó mar thoradh ar ghníomh sonrach |

Is fiú cuimhneamh ar an dóchúlacht go dtarlóidh tionchar, agus na héifeachtaí tuartha, nuair atá saintréithe na dtionchar á dtabhairt. Déantar an dóchúlacht go dtarlóidh tionchar a mheas mar cheann cinnte, ceann is dóigh nó nach dóigh a tharlóidh; i roinnt cásanna d'fhéadfadh sé go mbeifí in ann a bheith cinnte nach dtarlóidh tionchar.

Úsáidtear breithiúnas gairmiúil nuair a bhíonn na critéir ábhartha go léir á gcur san áireamh chun méid foriomlán tionchair á chinneadh.

### *Tábhacht an Tionchair*

Nuair a bhí tábhacht an tionchair á cinneadh, leanadh treoirlínte NRA (2009) agus CIEEM (2016), agus leis sin b'éigean scrúdú a dhéanamh ar an dá phríomhghné díobh seo a leanas:

- Tionchar ar shláine na gné éiceolaíoch
- Tionchar ar a stádas caomhnaithe laistigh de limistéar tíreolaíoch ar leith

[13] Tá na téarmaí/sainmhínithe seo a leanas tugtha chun cur síos a dhéanamh ar fad na dtionchar i dtreoirlínte na Gníomhaireachta um Chaomhnú Comhshaoil (Dréacht Lúnasa 2017): Éifeachtaí ar feadh tamaillín - éifeachtaí a mhaireann idir soicindí agus nóiméid; Éifeachtaí Gairide - éifeachtaí a mhaireann níos lú ná lá amháin; Éifeachtaí Sealadacha - éifeachtaí a mhaireann níos lú ná bliain; Éifeachtaí Gearrthéarmacha - éifeachtaí a mhaireann idir bliain agus seacht mbliana; Éifeachtaí meántéarmacha - éifeachtaí a mhaireann idir seacht agus cúig bliana déag; Éifeachtaí Fadtéarmacha - éifeachtaí a mhaireann idir cúig bliana déag agus seasca bliain; Éifeachtaí Buana - éifeachtaí a mhaireann os cionn seasca bliain.

### *Sláine*

Ba cheart an téarma “sláine” a mheas mar chomhleanúnachas an struchtúir agus na feidhme éiceolaíoch, thar láithreán iomlán a chuireann ar a chumas na hacmhainní bithéagsúlachta nó éiceolaíochta go léir a chothú dá ndearnadh measúnú air (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009).

Úsáidtear an téarma ‘sláine’ go minic nuair a bhíonn tábhacht tionchair á cinneadh maidir le limistéir ainmnithe i gcomhair chaomhnú an dúlra (e.g. SACanna, SPAnna nó pNHA/NHAnna) ach go minic bíonn sé ar an modh is oiriúnaí le húsáid le haghaidh limistéar neamh-ainmnithe a bhfuil luach bithéagsúlachta acu áit ina bhfuil na gnáthóga agus/nó speicis comhpháirte le héiceachóras sainithe ar scála geografach ar leith.

Meastar go bhfuil tionchar ar shláine láithreán éiceolaíoch nó éiceachórais suntasach má bhogann sé riocht an éiceachórais ar shiúl ó riocht fabhrach: ag baint nó ag athrú na bpróiseas a thacaíonn le gnáthóga agus/nó speicis na láithreán; a dhéanann difear do chineál, méid, struchtúr agus feidhmiú na ngnáthóg comhpháirte; agus/nó, a mbíonn éifeacht acu ar mhéid daonra agus ar inmharthanacht na speiceas comhpháirte.

### *Stádas Caomhnaithe*

Úsáidtear na sainmhínithe le haghaidh stádas caomhnaithe a thugtar sa Treoir maidir le Gnáthóga AE 92/43/CEE, i dtaca le gnáthóga agus speicis, sa treoir CIEEM (2016) agus NRA (2009) freisin:

- I gcás gnáthóg nádúrtha, ciallaíonn an stádas caomhnaithe suim na dtionchar a bhíonn ag gníomhú ar an ngnáthóg nádúrtha agus a gnáthspeicis, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar a leithdháileadh, struchtúr agus feidhmeanna fadtéarmacha mar aon le marthanacht fhadtéarmach a gnáth-speicis ar an scála tíreolaíoch iomchuí
- I gcás speiceas, cinntear stádas caomhnaithe trí shuim na dtionchar a bhíonn ag gníomhú ar na speicis lena mbaineann a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar leithdháileadh fadtéarmach agus ar fhairsinge a gcuid daonraí laistigh de limistéar tíreolaíoch ar leith

Meastar go bhfuil tionchar ar stádas caomhnaithe gnáthóige nó speicis shuntasacha má bhíonn athrú ar stádas caomhnaithe mar thoradh air.

Tar éis na sainmhínithe a thugtar i dTreoir AE maidir le Gnáthóga 92/43/CEE, go mbíonn stádas caomhnaithe gnáthóige fabhrach nuair:

- A bhíonn an raon agus na limistéir nádúrtha a chumhdaíonn sé cobhsaí nó ag méadú
- Tá an struchtúr agus na feidhmeanna sonracha ann atá riachtanach dá chothabháil fadtéarmach agus is dóigh go mbeidh siad fós ann amach romhainn
- Tá stádas caomhnaithe a ghnáthspeicis fabhrach mar atá sainithe thíos faoi speicis

Agus, tá stádas caomhnaithe speicis fabhrach sna cásanna seo a leanas:

- Nuair a thugann sonraí maidir le dinimicí daonra ar na speicis lena mbaineann le fios go bhfuil sé á chothú féin ar bhonn fadtéarmach mar chomhpháirt inmharthana dá ghnáthóga nádúrtha
- Nuair nach bhfuil raon nádúrtha an speicis á laghdú nó nuair is dóigh nach laghdófar é amach romhainn
- Nuair atá, agus nuair is dóigh go mbeidh, gnáthóg sách mór ann chun a chuid daonraí a choimeád ar bhonn fadtéarmach

Dar le modheolaíocht BIÉ/CIEEM, má chinntear go mbeidh tionchar ar shláine agus/nó stádas caomhantais gné éiceolaíoch, ansin beidh leibhéal tábhachta an tionchair sin bainteach leis an scála tíreolaíoch ag a dtarlóidh an tionchar (i.e. áitiúil, contae, náisiúnta, idirnáisiúnta). I roinnt cásanna d'fhéadfadh sé nach mbeadh tionchar suntasach ag an scála tíreolaíoch ag a ndearnadh measúnú ar an ngné éiceolaíoch ach a d'fhéadfadh a bheith suntasach ag leibhéal tíreolaíoch níos ísle. Mar shampla, d'fhéadfadh sé go measfaí nach dóigh go mbeadh tionchar diúltach ag tionchar ar leith ar stádas caomhnaithe foriomlán speicis a meastar tábhacht idirnáisiúnta a bheith leis. Mar sin féin, d'fhéadfadh tionchar tarlú ar leibhéal áitiúil ar an speiceas sin a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leis. Sa chás seo, meastar go bhfuil an tionchar ar speiceas a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta suntasach ag leibhéal áitiúil amháin, seachas ar leibhéal idirnáisiúnta.

## 8.3 An Timpeallacht Ghlactha

Déantar cur síos sa chuid seo a leanas ar an timpeallacht éiceolaíoch ghlactha agus ar an mbithéagsúlacht laistigh de Chrios Tionchair (ZOI) na forbartha bóthair atá beartaithe.

Síneann an fhorbairt bóthair atá beartaithe timpeall ar an gcuid ó thuaidh de Chathair na Gaillimhe ó Bhóthar an Chósta (R336), siar ó Bhearna, chuig an N6 mar atá faoi láthair ag Cúil Each, Cnoc Mhaoil Drise. Tá ceithre struchtúr mhóra, is iad sin Droichead Abhainn na Gaillimhe, Tarbhealach Mhionlaigh, Tollán Leacaigh agus Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe. Cuirtear tuairisc iomlán den fhorbairt bóthair atá beartaithe i láthair i **gCaibidil 5**, **Cur Síos ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

Tá an cineál timpeallacht áitiúil glactha ag brath go mór ag an ngeolaíocht bhunúsach. Is eibhear atá sna tailte siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn N59 agus tá meascán de ghnáthóga portaigh iontu suite i measc an líonra bóthair áitiúil agus forbairt chónaithe líneach gaolmhar. Téann an ceantar sin le fána i dtreo Chuan na Gaillimhe ó dheas agus é á dhraenáil ag líonra srutháin bheaga lena n-áirítear Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna, Sruthán Thóin na Brocaí agus Sruthán Chnoc na Cathrach. Is aolchloch atá sa talamh soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn ar an N59 agus tírdhreach carst ann dá bharr. Luíonn Campas Spóirt OÉG ar an taobh thiar de Abhainn na Gaillimhe. Ag bogadh soir ó Abhainn na Gaillimhe tá meascán de choillearnach leathnádúrtha, scrobarnach agus carraige aolchloiche nochta i measc na bpáirceanna talmhaíochta feabhsaithe agus forbairtí tionsclaíoch/tráchtála atá ar impeall an chuid thoir de Chathair na Gaillimhe. Sa chuid thoir den limistéar staidéar is í Abhainn na Gaillimhe (agus a

foabhainn Abhainn Thír Oileáin) na t-aon sruthchúrsaí uisce atá ann. Tá dhá choimpléasc bhogaigh a bhaineann le córais lochanna fionnuisce, Lochanna Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh, agus an dá cheann faoi thionchar an réimis screamhuisce charst.

**Cuid 8.3.1** ina leagtar síos ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe. **Cuid 8.3.2** ina dtugtar achoimre ar thorthaí an taighde deisce agus na gcomhairliúchán a rinneadh chun an chaibidil seo a ullmhú. **Cuid 8.3.4** go dtí **Cuid 8.3.13** ina ndéantar cur síos ar an mbonnlíne éiceolaíoch agus an bhaint atá aige leis na gabhdóirí éiceolaíocha atá taifeadta, nó atá ar eolas ón, limistéar staidéir faoi na ceannteidil seo a leanas: gnáthóga, speicis phlandaí neamhchoitianta agus cosanta, speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha, mamaigh (gan ialtóga san áireamh), ialtóga, speicis inveirteabracha, speicis éan, speicis amfaibiacha, reiptílí agus iasc. **Cuid 8.3.14** ina dtugtar achoimre ar luacháil éiceolaíoch gach gabhdóra éiceolaíoch a bhféadfadh tionchar a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu agus ina sainaithnítear iad sin ar príomhghabhdóirí éiceolaíocha iad agus faoi réir measúnachta tionchair.

### 8.3.1 Crios Tionchair

Beidh difear sa Chrios Tionchair (ZOI), nó an fad a bhféadfadh éifeacht shuntasach dhóchúil tarlú thar na bPríomhghabhdóirí Éiceolaíocha, ag brath ar chosán(áin) féideartha an tionchair. Fuarthas amach i dtorthaí an taighde deisce agus an tsraith suirbhéanna allamuigh éiceolaíocha a rinneadh cé na gnáthóga agus speicis atá le fáil feadh na forbartha bóthair atá beartaithe. Tugtar treoir agus sainítear an ZoI ansin le leochaileacht gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíocha atá ann, i gcomhar le cineál agus leis na tionchair ionchais a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Tá ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe i dtaca le gnáthóga talún teoranta tríd is tríd do lorg na forbartha bóthair atá beartaithe, agus na garthimpeallachtaí (chun scáiliú nó tionchair indíreacha eile, cosúil le cáilíocht an aeir a chur san áireamh). Is minic mar thoradh ar naisc hidrigeolaíocha/hidreolaíocha (e.g. aibhneacha nó sreafaí screamhuisce) idir foinsí tionchair agus gnáthóga bogaigh/uisceacha go dtarlaíonn tionchair ag faid mhóra. Tá ZoI hidrigeolaíoch neamh-mhaolaithe don fhorbairt bóthair atá beartaithe taispeánta ar **Fhíor 10.7.1** go **10.7.14** agus **10.9.1** go **10.9.14**. Sa chuid thiar den limistéar staidéir, leanann sé tríd is tríd teorainn na forbartha beartaithe móide maolán suas go dtí thart ar 30m in áiteanna. Soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn ar an N59, tá an ZoI níos fairsinge, ag glacadh le geolaíocht charstach thíos faoi agus an fhéidearthacht le haghaidh tionchar screamhuisce laistigh de na grúpaí screamhuisce sin arna dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Maidir leis na tionchair hidreolaíocha, is deacair na hachair ar ar dóigh go bhfanfaidh truailleáin uisce-iompartha i dtiúchan sách mór is go mbeadh éifeacht suntasach acu ar uiscí glactha agus gnáthóga bogaigh/talún gaolmhara a dhéanamh amach agus tá siad an-sonrach don láithreán agus baineann siad le méadaíocht thuartha aon tarlú truaillithe féideartha. Ar ndóigh, beidh sé ag brath ar an méid uiscí sceite, comhchruinnithe agus cineálacha truailleán (sa chás seo sciodar, hidreacarbóin, agus miotail throma), an méid uiscí glactha, agus

leochaileacht éiceolaíocht na n-uiscí glactha. I gcás na forbartha bóthair atá beartaithe, áirítear leis sin gach gnáthóg úruisce le sruth na dtrasnuithe sruthchúrsa atá beartaithe agus Cuan na Gaillimhe.

Is gnách go mbíonn an ZoI d'éifeachtaí chaighdeán an aeir logánta don imeall bóthair atá beartaithe agus nach mó ná 200m uathu.

Bheifí ag súil go mbeadh an ZoI le haghaidh speicis mhamaigh bheaga, cosúil leis an Dallóg Fhraoigh, teoranta do nach mó ná 100m ó theorainn na forbartha atá beartaithe i ngeall ar a méideanna beaga críche agus a saolré neamhghníomhach. D'fhéadfadh an ZoI le haghaidh an Madra Uisce, Broc, an Easóg agus an Ghráinneog síneadh thar achair níos mó ná speicis bheaga mamaigh agus éin mar gheall go bhfuil siad in ann scaipeadh amach thar chiliméadair go leor óna láthair réamhbheirthe. Tá ZoI na dtionchar le haghaidh an tionchair mhóir a bhíonn ag cur isteach ar áiteanna póraithe/scíthe an Bhroic agus an Mhadra uisce 150m ó theorainn na forbartha atá beartaithe.

Ní bheifí ag súil go mbeadh ZoI na dtionchar ionchais do fharaí ialtóg níos mó ná 200m i bhformhór cásanna ach toisc go bhfuil na héifeachtaí ag brath ar go leor imthosca (cosúil le speicis, cineál fara, an ghnáthóg máguaird, bealaí comaitéireachta etc), déantar é sin a mheas ag brath ar an gcás ar leith agus d'fhéadfadh an ZoI méadú/laghdú ón bhfad sin dá réir sin. Ag glacadh leis na raoin mhóra sealgaireachta a bhaineann le roinnt speiceas[14], d'fhéadfadh ZoI na dtionchar scála ionchais ar an tírdhreach, cosúil le caillteanas gnáthóige agus scoilteadh, síneadh ar feadh cúpla ciliméadar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ach seans go dtarlóidh na héifeachtaí is suntasaí laistigh de 1km de láithreacha tábhachtacha fara (e.g. faraí máithreachais).

Tá ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe a bhaineann leis na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bheidh acu ar fhormhór na speiceas éan goir teoranta tríd is tríd do chaillteanas gnáthóige laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe, agus cur isteach/dílonnú i rith tógála agus cur isteach ar chrónán críche mar gheall ar thorann i rith oibríochta. D'fhéadfadh na héifeachtaí mar gheall ar chur isteach síneadh ar feadh cúpla céad méadar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe.

D'fhéadfadh an ZoI i dtaca le tionchair dhíreacha ar éin gheimhrithe síneadh suas le 300m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcomhair gníomhaíochtaí ginearálta tógála, agus chomh fada le 800m san áit a ndéanfar pléascadh ar feadh tréimhse fada, toisc go bhfuil go leor speiceas an-tugtha do chur isteach ó thorann ard gan choinne i rith na tógála. Mar sin féin, toisc go n-úsáideann go leor speiceas éan inbhearach limistéir ghnáthóige intíre ag achair ón gcósta, d'fhéadfadh an ZoI i gcomhair tionchar eis-láithreán síneadh sách fada ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. I gcás na forbartha bóthair atá beartaithe, d'fhéadfadh na tionchair d'éin gheimhrithe laistigh den bhanda 300m seo tionchar a bheith acu ar úsáid na láithreán eis-láithreán le haghaidh speiceas éan atá liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta SPA Loch Coirib in aice láimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh.

---

[14] Taifeadadh ialtóga Leisler ag sealgaireacht suas go dtí 13km ó láithreacha fara máithreachais (Shiel et al., 1999)

Seans go mbeidh an ZoI maidir le speicis amfaibiacha teoranta do chaillteanas díreach gnáthóige le teorainn na forbartha atá beartaithe agus/nó tionchair indíreacha do chaighdeán an uisce i ngnáthóga bogaigh atá nasctha ar bhonn hidreolaíoch leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Seans go mbeidh an ZoI maidir leis an Laghairt choiteann teoranta do chaillteanas gnáthóige le teorainn na forbartha bóthair atá beartaithe agus éifeachtaí cur isteach/dílonnaithe sa gharthimpeallacht i rith na tógála.

Tá an ZoI i dtaca leis an tionchar ar speicis uisceacha, cosúil le bradán an Atlantaigh agus speicis loimpre, teoranta do na sruthchúrsaí sin atá á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe nó dobharlaigh a bhféadfadh sceitheadh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe draenáil isteach iontu i rith tógála (i.e. Lochanna Chúil Each). Mar sin féin, d’fhéadfadh tionchair tarlú ag achair shuntasacha le sruth ag brath ar mhéid agus ar achar aon teagmhais thruaillithe; rud a d’fhéadfadh cur isteach fiú amháin ar speicis i gCuan na Gaillimhe.

Tá ZoI éiceolaíoch na forbartha bóthair atá beartaithe taispeánta ar **Fhíor 8.12.1** agus ar **Fhíor 8.13.1**.

### 8.3.2 Taighde Deisce

Tá torthaí athbhreithniú an taighde deisce tugtha in **Aguisín A.8.18** agus tá siad ionchorpraithe sna codanna thíos faoi cheannteidil na speiceas, mar is cuí. Tá an plé breise ar limistéir bhithéagsúlachta áitiúla ó *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024* tugtha thíos freisin.

#### 8.3.2.1 Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla

Áirítear i bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017–2023 agus an dréacht is déanaí de *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024* tagairt do líonra áitiúil limistéar bithéagsúlachta sa chathair. Tá na limistéir sin díorthaithe ó láithreáin a sainaithníodh i bhFardal Ghnáthóga Chathair na Gaillimhe (Natura, 2005) agus sainíodh iad bunaithe ar limistéir ghnáthóige a bhfuil luach ard bithéagsúlachta acu.

Luíonn roinnt de na limistéir bithéagsúlachta áitiúla sin laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe agus, nuair is iomchuí, déantar na gnáthóga atá laistigh de na limistéir sin a phlé tuilleadh thíos i **gCuid 8.3.4** agus déantar na tionchair ionchais a mheas i **gCuid 8.5.4**. Is iad seo a leanas na limistéir bithéagsúlachta áitiúla:

- Cuan an Roisín – Coill Bhearna – Oileán na Feamainne
- An Cheapach – Baile an Mhóinín
- An Bealach – Cnoc Bharr na Crannaí
- Abhainn na Gaillimhe agus bogaigh chóngaracha
- Mionlach go Cnoc Chúil Each
- Baile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr

- Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh
- Dabhach Uisce
- Oileán na gCaorach agus an Cladach In Aice Leis

Soláthraíonn limistéir bithéagsúlachta áitiúla gnáthóg le haghaidh raon speiceas agus tugann conair Abhainn na Gaillimhe nasc tábhachtach idir Cuan na Gaillimhe agus an mhósáic gnáthóg atá timpeall ar an gcathair, ina n-áirítear an coimpléasc bogaigh a bhaineann le Loch Coirib. I measc na speiceas fána tábhachtach a tugadh faoi deara sa dréacht is déanaí de *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024 tá siad seo a leanas* Cat crainn *Martes martes*, Luch fhéir *Apodemus sylvaticus*, easóg Éireannach *Mustela erminea hibernica*, an giorria sléibhe Éireannach *Lepus timidus hibernicus*, Gráinneog *Erinaceus europaeus*, Dallóg fhraoigh *Sorex minutus*, Rón beag *Phoca* vitulina, Sionnach *Vulpes vulpes*, Vól bruaigh *Myodes glareolus*, Madra uisce *Lutra lutra*, Broc *Meles meles*, Crú-ialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*, Ialtóg Leisler *Nyctalus leisleri*, Ialtóg fheascrach *Pipistrellus pipistrellus*, Ialtóg shopránach *Pipistrellus pygmaeus*, Ialtóg fhadchluasach dhonn *Plecotus auritus*, ialtóg Daubenton *Myotis daubentonii*, Ialtóg Natterer *Myotis nattereri agus* Ialtóg ghiobach *Myotis mystacinus*. Pléitear tuilleadh na speicis sin thíos i **gCuid 8.3.7** agus tá measúnú ar na tionchair ionchais i **gCuid 8.5.6**. Liostaigh an tOrdú um Flora (Cosaint), 2015 na speicis Ceannbhán caol *Eriophorum gracile* agus an magairlín bán *Pseudorchis albida* sa phlean freisin agus pléitear tuilleadh iad thíos i **gCuid 8.3.5** agus déantar na tionchair ionchais a mheasúnú i **gCuid 8.5.5**.

### 8.3.3 Limistéir Ainmnithe do Chaomhnú an Dúlra

#### 8.3.3.1 Láithreáin Eorpacha

Sainítear Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta is Iarrthóirí (cSAC) faoin Treoir CE maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) arna leasú, a dhéantar a thrasuí i ndlí na hÉireann trí reachtaíocht éagsúil lena n-áirítear an Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga agus na hAchtanna um Pleanáil, ar mhaithe le cosaint gnáthóg atá liostaithe ar Iarscríbhinn I agus/nó speiceas liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir.

Sainítear Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPAnna) faoin Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE) chun speicis éan cosanta atá liostaithe ar Iarscríbhinn I den Treoir a chosaint, daonraí rialta de speicis imirceacha (cosúil le lachain, géanna nó lapairí), agus limistéir a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo d'éin imirceacha.

Téann an fhorbairt bóthair atá beartaithe trí, agus gar do, cSAC Loch Coirib agus tá trí láithreán Eorpacha eile in aice láimhe (tá SPA Loch Coirib suas an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus tá cSAC Coimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe síos an abhainn) agus roinnt láithreán Eorpach eile lonnaithe níos faide ó theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe.Tá 19 láithreán Eorpach (cSACanna nó SPAnna) suite laistigh de 15km[15] de

[15] 15km in úsáid mar scála tagartha tosaigh amháin agus ní raibh sé mar threoir don sainmhíniú ar CT ná ní raibh tionchar aige ar shainaithint na láithreán ainmnithe atá i mbaol ó thionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe

theorainn na forbartha atá beartaithe (**Fíor 8.12.1**) ina gcuimsítear gach láithreán Eorpach laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe. Liostálann **Tábla 8.4** thíos na láithreáin sin, a bhfad ó theorainn na forbartha atá beartaithe, agus Leasanna Cáilitheacha/Leasanna Caomhantais Speisialta na láithreán.

**Tábla 8.4: Láithreáin Eorpacha (cSACanna agus SPAnna) laistigh de 15km ó theorainn na forbartha atá beartaithe**

| Ainm an Láithreáin | Fad[16] | Cúiseanna leis an Ainmníocht – Leasanna Cáilitheacha (QIanna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna) |
|---|---|---|
| **Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta is Iarrthóirí** | | |
| cSAC Loch Coirib [000297] | á thrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe | [1029] Diúilicín péarla fionnuisce *Margaritifera margaritifera*<br>[1092] Cráifisc liathdhonn *Austropotamobius pallipes*<br>[1095] Loimpre mhara *Petromyzon marinus*<br>[1096] Loimpre shrutháin *Lampetra planeri*<br>[1106] Bradán Atlantach *Salmo salar* (i bhfionnuisce amháin)<br>[1303] Crú-ialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[1355] Madra uisce *Lutra lutra*<br>[1393] Caonach crúcach snasta *Drepanocladus (Hamatocaulis) vernicosus*<br>[1833] Síofróg uisce *Najas flexilis*<br>[3110] Uiscí olagatrófacha ina bhfuil líon an-bheag mianraí de mhánna gainmheacha (*Littorelletalia uniflorae*)<br>[3130] Uiscí olagatrófacha go méiseatrófacha bodhar le fásra den *Littorelletea uniflorae* agus/nó den *Isoëto-Nanojuncetea*<br>[3140] Uiscí olaga--mhéiseatrófacha crua le fásra beantach de *Chara* spp.<br>[3260] Sruthchúrsaí uisce de leibhéil mhánna leis an bhfásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion*<br>[6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar substráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*láithreáin magairlín thábhachtacha)<br>[6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créúla líonta le siolta(*Molinion caeruleae*)<br>[7110] * Portaigh ardaithe gníomhacha<br>[7120] Portaigh ardaithe díghrádaithe atá in ann athghiniúint nádúrtha a dhéanamh i gcónaí<br>[7150] Logáin ar shubstráití móna den *Rhynchosporion*<br>[7210] * Eanaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae*<br>[7220] * Fuaráin chlochraithe le foirmiú túfa (*Cratoneurion*)<br>[7230] Eanaigh alcaileacha<br>[8240] * Cosáin aolchloiche<br>[91A0] Sean-dhoirí suiteacha le *Ilex* agus *Blechnum* in |

16 Fad in km/m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe

| **Ainm an Láithreáin** | **Fad[16]** | **Cúiseanna leis an Ainmníocht – Leasanna Cáilitheacha (QIanna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna)** |
|---|---|---|
| | | Éirinn agus sa Bhreatain Mhór<br>[91D0] * Coillearnach portaigh |
| cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>[000268][17] | 160m | [1140] Réileáin láibe agus réileáin ghainimh nach bhfuil cumhdaithe le huisce saile ag taoide thráite<br>[1150] Murlaigh chósta*<br>[1160] Góilíní agus cuanta móra éadoimhne<br>[1170] Sceireacha<br>[1220] Fásra ilbhliantúil de bhruacha clochacha<br>[1310] *Salicornia* agus bliantóga eile ag coilíniú puiteach agus gaineamh<br>[1330] Móinéir ghoirt an Atlantaigh (*Glauco-Puccinellietalia maritimae*)<br>[1355] Madra uisce *Lutra lutra*<br>[1365] Rón beag *Phoca vitulina*<br>[1410] Móinéir ghoirt Meánmhara (*Juncetalia maritimi*)<br>[3180] Turlaigh*<br>[5130] Foirmíochtaí *Juniperus communis* ar fraoch nó féarthailte cailcreacha<br>[6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar substráití cailcreacha<br>(*Festuco Brometalia*) (*láithreáin thábhachtacha magairlín)<br>[7210] * Eanaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* agus speicis den Caricion davallianae*<br>[7230] Eanaigh alcaileacha |
| cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara<br>[002034] | 6km | [1065] Fritileán réisc *Euphydryas* (*Eurodryas, Hypodryas*) *aurinia*<br>[1106] Bradán Atlantach *Salmo salar* (i bhfionnuisce amháin)<br>[1150] * Murlaigh chósta<br>[1170] Sceireacha<br>[1355] Madra uisce *Lutra lutra*<br>[1833] Síofróg uisce *Najas flexilis*<br>[3110] Uiscí olagatrófacha ina bhfuil líon an-bheag mianraí de mhánna gainmheacha (*Littorelletalia uniflorae*)<br>[3160] Lochanna agus locháin diostrófacha nádúrtha<br>[3260] Sruthchúrsaí uisce de leibhéil mhánna leis an bhfásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion*<br>[4010] Fraochmhánna fliucha as Tuaisceart an Atlantaigh le *Erica tetralix*<br>[4030] Fraochmhánna tirime Eorpacha<br>[6410] Móinéir *Molinia* ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créúla líonta le siolta(*Molinion caeruleae*) |

[17] Is láthair Ramsar é Cuan na Gaillimhe Istigh, faoi Choinbhinsiún Ramsar (Láithreán Ramsar Uimh. 838) agus is láithreán muirí faoi chosaint é faoi Choinbhinsiún OSPAR - MPA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe (O-IE-0002969)

| Ainm an Láithreáin | Fad[16] | Cúiseanna leis an Ainmníocht – Leasanna Cáilitheacha (QIanna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna) |
|---|---|---|
| | | [7130] Bratphortaigh (* cinn atá gníomhach amháin)<br>[7140] Idirsheascainn agus portaigh chreatha<br>[7150] Logáin ar shubstráití móna den *Rhynchosporion*<br>[7230] Eanaigh alcaileacha<br>[91A0] Sean-dhoirí suiteacha le *Ilex* agus *Blechnum* in Éirinn agus sa Bhreatain Mhór |
| cSAC Loch agus Coillte an Rois<br>[001312] | 10.2km | [1303] Crú-ialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[3140] Uiscí olaga--mhéiseatrófacha crua le fásra beantach de *Chara* spp. |
| Sléibhín - cSAC Choimpléasc Pholl Salach<br>[000020] | 10.6km | [1170] Sceireacha<br>[1220] Fásra ilbhliantúil de bhruacha clochacha<br>[1395] Lus na bpeiteal *Petalophyllum ralfsii*<br>[3260] Sruthchúrsaí uisce de leibhéil mhánna leis an bhfásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion*<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmíochtaí *Juniperus communis* ar fraoch nó féarthailte cailcreacha<br>[6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar substráití cailcreacha<br>(*Festuco Brometalia*) (*láithreáin thábhachtacha magairlín)<br>[6510] Móinéir féir ísealchríche (*Alopecurus pratensis*, *Sanguisorba officinalis*)<br>[7220] Fuaráin chlochraithe le foirmiú túfa (*Cratoneurion*)<br>[8240] Cosáin aolchloiche<br>[8330] Pluaiseanna mara báite nó leathbháite |
| cSAC Coimpléasc Loch Fionngheal<br>[000606] | 11.1km | [1303] Crú-ialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[3180] * Turlaigh<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmíochtaí *Juniperus communis* ar fraoch nó féarthailte cailcreacha<br>[6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar substráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*<br>agus láithreáin thábhachtacha magairlín)<br>[7210] * Eanaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae*<br>[8240] * Cosáin aolchloiche |
| cSAC Turlach Ráth Asáin<br>[000322] | 13.2km | [3180] * Turlaigh |
| cSAC Cosán aolchloiche Ghort na nDarach<br>[001271] | 13.4km | [8240] * Cosáin aolchloiche |
| cSAC Shliabh | 13.2km | [1065] Fritileán réisc *Euphydryas* (*Eurodryas*, *Hypodryas*) |

| **Ainm an Láithreáin** | **Fad[16]** | **Cúiseanna leis an Ainmníocht – Leasanna Cáilitheacha (QIanna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna)** |
|---|---|---|
| Mhóinín<br>[000054] | | *aurinia*<br>[1303] Crú-ialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[3180] * Turlaigh<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmíochtaí *Juniperus communis* ar fraoch nó féarthailte cailcreacha<br>[6130] Féaraigh *Calaminarian* den *Violetalia calaminariae*<br>[6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar substráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*) (*láithreáin magairlín thábhachtacha)<br>[7220] * Fuaráin chlochraithe le foirmiú túfa (*Cratoneurion*)<br>[8240] * Cosáin aolchloiche |
| cSAC Coimpléasc Oirthear Bhoirne<br>[001926] | 13.5km | [1065] Fritileán réisc *Euphydryas* (*Eurodryas, Hypodryas*) *aurinia*<br>[1303] Crú-ialtóg bheag *Rhinolophus hipposideros*<br>[1355] Madra uisce *Lutra lutra*<br>[3140] Uiscí olaga--mhéiseatrófacha crua le fásra beantach de *Chara* spp.<br>[3180] * Turlaigh<br>[3260] Sruthchúrsaí uisce de leibhéil mhánna leis an bhfásra *Ranunculion fluitantis* agus *Callitricho-Batrachion*<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmíochtaí *Juniperus communis* ar fraoch nó féarthailte cailcreacha<br>[6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar substráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*)(*láithreáin magairlín thábhachtacha)<br>[6510] Móinéir féir ísealchríche (*Alopecurus pratensis, Sanguisorba officinalis*)<br>[7210] * Eanaigh chailcreacha le *Cladium mariscus* agus speicis den *Caricion davallianae*<br>[7220] * Fuaráin chlochraithe le foirmiú túfa (*Cratoneurion*)<br>[7230] Eanaigh alcaileacha<br>[8240] * Cosáin aolchloiche<br>[8310] Pluaiseanna nach bhfuil ar oscailt don phobal<br>[91E0] * Foraoisí gláracha le *Alnus glutinosa* agus *Fraxinus excelsior* (*Alno-Padion, Alnion incanae, Salicion albae*) |
| cSAC Turlach Chill Tiarnáin<br>[001285] | 13.8km | [3180] * Turlaigh |
| cSAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh | 14km | [3180] * Turlaigh<br>[4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmíochtaí *Juniperus communis* ar fraoch nó |

| Ainm an Láithreáin | Fad[16] | Cúiseanna leis an Ainmníocht – Leasanna Cáilitheacha (QIanna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna) |
|---|---|---|
| [000242] | | féarthailte cailcreacha<br>[6210] Féaraigh thirime leath-nádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar substráití cailcreacha (*Festuco Brometalia*)(*láithreáin magairlín thábhachtacha)<br>[8240] * Cosáin aolchloiche |
| cSAC Talamh féaraigh Ard Raithin<br>[002244] | 15km | [4060] Fraochmhánna Alpacha agus Bóireacha<br>[5130] Foirmíochtaí *Juniperus communis* ar fraoch nó féarthailte cailcreacha<br>[8240] * Cosáin aolchloiche |
| cSAC Turlach Bhaile Uí Bheacháin<br>[000996] | 15km | [3180] * Turlaigh |
| **Limistéir faoi Chosaint Speisialta** | | |
| SPA Loch Coirib<br>[004042] | 203m | Gé bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395] - geimhriú<br>Gadual (*Anas strepera*) [A051] - geimhriú<br>Spadalach (*Anas clypeata*) [A056] - geimhriú<br>Póiseard (*Aythya ferina*) [A059] - geimhriú<br>Lacha Bhadánach (*Aythya fuligula)* [A061] - geimhriú<br>Scótar (*Melanitta nigra*) [A065] - pórú<br>Cromán na gcearc (*Circus cyaneus)* [A082] – iar-phórú/fara<br>Cearc cheannann (*Fulica atra*) [A125] - geimhriú<br>Óir Feadóg (*Pluvialis apricaria*) [A140] - geimhriú<br>Sléibhín (*Chroicocephalus ridibundus*) [A179] - pórú<br>Faoileán Bán (*Larus canus)* [A182] - pórú<br>Geabhróga (*Sterna hirundo*) [A193] - pórú<br>Geabhróg Artach (*Sterna paradisaea*) [A194] – pórú<br>Bogaigh & Éin uisce [A999] |
| SPA Chuan na Gaillimhe Istigh<br>[004031] | 1.1km ag Cuan Órán Mór agus Cuan an Roisín | Lóma mór (*Gavia iméar*) [A003] - geimhriú<br>Broigheall (*Phalacrocorax carba*) [A017] - pórú<br>Corr réisc (*Ardea cinerea*) [A028] - geimhriú<br>Cadhan (*Branta bernicla hrota)* [A046] - geimhriú<br>Lacha rua (*Anas péinealaipé*) [A050] - geimhriú<br>Téal (*Anas crecca*) [A052] - geimhriú<br>Spadalach (*Anas clypeata*) [A056] - geimhriú<br>Síolta Rua (*Mergus serrator*) [A069] - geimhriú<br>Fáinneach Feadóg (*Charadrius hiaticula*) [A137] - geimhriú<br>Óir Feadóg (*Pluvialis apricaria*) [A140] - geimhriú<br>Pilibín (*Vanellus vanellus*) [A142] - geimhriú<br>Breacóg (*Calidris alpina*) [A149] - geimhriú<br>Guilbneach Stríocearrach (*Limosa lapponica)* [A157] - geimhriú |

| Ainm an Láithreáin | Fad[16] | Cúiseanna leis an Ainmníocht – Leasanna Cáilitheacha (QIanna) nó Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna) |
|---|---|---|
| | | Crotach (*Núiméinias arquata*) [A160] - geimhriú<br>Glúineach dhearg (*Tringa totanus*) [A162] - geimhriú<br>Piardálaí trá (*Arenaria interpres*) [A169] - geimhriú<br>Sléibhín (*Chroicocephalus ridibundus*) [A179] - geimhriú<br>Faoileán Bán (*Larus canus)* [A182] - geimhriú<br>Geabhróg Scothdhubh (*Sterna sandvicensis*) [A191] - pórú<br>Geabhróga (*Sterna hirundo*) [A193] - pórú<br>Bogaigh & Éin uisce [A999] |
| SPA Riasc Chreig Eanaigh<br>[004142] | 4km | Gé bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395] - geimhriú |
| SPA Choimpléasc Phortach Chonamara<br>[004181] | 9.2km | Broigheall (*Phalacrocorax carba*) [A017] - pórú<br>Meirliún (*Falco columbarius*) [A098] - pórú<br>Óir Feadóg (*Pluvialis apricaria*) [A140] - pórú<br>Faoileán Bán (*Larus canus)* [A182] - pórú |
| SPA Turlach Ráth Asáin<br>[004089] | 13.2km | Eala Ghlórach (*Cygnus cygnus*) [A038] - geimhriú<br>Lacha rua (*Anas péinealaipé*) [A050] - geimhriú<br>Óir Feadóg (*Pluvialis apricaria*) [A140] - geimhriú<br>Guilbneach earrdhubh (*Limosa limosa*) [A156] - geimhriú<br>Gé bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*) [A395] - geimhriú<br>Bogaigh & Éin uisce [A999] |

Tá achoimre den bhonnlíne bithéagsúlachta le haghaidh gach ceann de na láithreáin Eorpacha tugtha thíos, agus faisnéis bhonnlíne níos mionsonraithe maidir le gach ceann de na láithreáin sin curtha i láthair i gCuid 9 den Ráiteas maidir le Tionchar Natura (NIS).

#### 8.3.3.1.1 cSAC Loch Coirib

Tá forluí idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus a teorainn le, i.e. trasnaíonn sí tríd nó cóngarach do láithreán Eorpach amháin, eadhon cSAC Loch Coirib ag ceithre shuíomh: ag an áit ina gcríochnaíonn an sruth éalaithe draenála atá beartaithe ó Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh ag Baile an Cheantaigh; ag láithreán Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe idir an Daingean agus Mionlach; siar ó Lochanna Chúil Each (Ch. 9+850 go Ch. 10+100); agus, siar agus ó thuaidh de Chairéal Leacaigh san áit ina gcuimseofar tollán (Tollán Leacaigh) mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus bonneagar don bhóthar isteach.

Tá na torthaí iomlána ó na suirbhéanna ar ghnáthóga a rinneadh in cSAC Loch Coirib in 2014 curtha i láthair i *dTionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe N6 – Léarscáiliú agus measúnú gnáthóige ar chuid de cSAC Loch Coirib agus na ceantair máguaird* (Barron et al., 2017), atá áirithe in **Aguisín A.8.5**.

Mar achoimre, taifeadadh 16 ghnáthóg Iarscríbhinn I ar an iomlán, ag cumhdach 155.2 ha, i rith an tsuirbhé ar cSAC Loch Coirib idir Cúl an Oileáin agus agus

Cathair na Gaillimhe, agus ní raibh gach ceann díobh sin lonnaithe laistigh de cSAC Loch Coirib:

- Lochanna diostrófacha [3160]
- Fraoch fliuch [4010]
- Fraoch tirim [4030]
- Fraochmhá Alpach [4060]
- Féaraigh chailcreacha [6210]
- Féaraigh chailcreacha flúirseach le magairlín [*6210]
- Móinéir *Molinia* [6410]
- Pobail luibhe-ard hidrifiliúla [6430]
- Eanaigh *Cladium* [*7120]
- Bratphortach (neamhghníomhach) [7130]
- Bratphortach (gníomhach) [*7130]
- Idirsheascainn agus portaigh chreatha [7140]
- Eanaigh alcaileacha [7230]
- Cosán aolchloiche (nocht) [*8240]
- Cosán aolchloiche (faoi chrainn) [*8240]
- Foraoisí gláracha [*91E0]

Is cuid iad formhór na gcineálacha gnáthóg seo den choimpléasc bogaigh feadh chonair Abhainn na Gaillimhe agus iad bainteach le Lochanna Chúil Each, agus tacaíocht acu uathu. Tá an fraoch níos tirime, an féarach agus na gnáthóga de charraig aolchloiche nochta lonnaithe den chuid is mó ar fhánaí cnoc ardaithe ó thuaidh de Lochanna Chúil Each (Lochanna Chúil Each a thacaíonn freisin le limistéir de na cineálacha gnáthóg seo níos lú thar imill na mbogach.

Bhí Abhainn na Gaillimhe féin aicmithe mar Sil-leagan/abhainn ísealchríche (FW2) mar chuid de shuirbhéanna ar ghnáthóga uisceacha a rinneadh in 2014 (**Aguisín A.8.20**). Ní chomhfhreagraíonn cainéal Abhainn na Gaillimhe in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, nó níos faide le sruth, le haon chineál gnáthóige Iarscríbhinn I.

Síos an abhainn ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe cuimsítear sna gnáthóga atá laistigh de cSAC Loch Coirib bruacha abhann mósáic d’fhéarach fliuch (GS4) agus Corcach ghiolcaí (FS1). Tá scrobarnach (WS1), féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) agus coillearnach (WD1, WN2 agus WN6) le fáil freisin idir an pointe trasnaithe atá beartaithe le haghaidh Dhroichead Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each. Comhfhreagraíonn go leor de na cineálacha gnáthóg seo le cineálacha gnáthóg Iarscríbhinn I [18] Féarach cailcreach [6210], Foraoisí iarmharacha gláracha [*91E0], Eanach *Cladium* [*7210], Luibh ard

18 Nuair a ghiorraítear iad, úsáidtear ainmneacha ó ghnáthóg Iarscríbhinn I ar fud na tuarascála seo, leanann an ainmníocht sin as The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland. Forbhreathnú Imleabhar 1. (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2013a)

hidrifiliúil [6430] agus idirsheascainn [7140]. Cé gur gnáthóga Q1 le haghaidh cSAC Loch Coirib iad féarach cailcreach agus eanach *Cladium*, seans go soláthróidh go leor de na gnáthóga bogaigh eile ról tacaíochta do na gnáthóga laistigh den mhósáic sin.

Sceithfidh an sruth éalaithe ón draenáil atá beartaithe ó Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh chuig díog dhraenála in cSAC Loch Coirib ag Baile an Cheantaigh. I measc na ngnáthóg sa limistéar bhí Crannteorainn (WL2), Scrobarnach (WS1) agus Móinéir thirime agus gruaimhíní féir (GS2), féarach fliuch agus Giolcach agus seascann mór cíbleach/Seascann (FS1/FS2/GS4). Tá paiste de Sheascann giolcaí *Phragmites australis* (FS1) agus limistéar eanaigh agus borrfháis shaibhir (PF1) díreach soir ó theorainn na forbartha atá beartaithe. Comhfhreagraíonn an limistéar eanaigh leis an bpobal fásra PF1_RFLU1a[19] (*Carex viridula oedocarpa* - *Pinguicula vulgaris* - *Juncus bulbosus* borrfhás; fo-phobal caonaigh dhonn) de chineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Eanaigh alcaileacha* [7230].

Draenálann an díog draenála, a sceitheann sruth éalaithe na draenála chuige, siar ó thuaidh ar feadh c.380m sula gcasann sé soir ó thuaidh áit a nascann sé le hAbhainn na Gaillimhe tar éis c.130m eile. Feadh an díoga draenála nó gar dó, laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib, tá gnáthóga de thalamh féaraigh fliuch (GS4), Fraoch fliuch (HH3), Idirsheascann (PF3) agus coillearnach shailí-fearnóige-fuinseoige fhliuch (WN6). Comhfhreagraíonn roinnt acu sin le cineálacha gnáthóg Iarscríbhinn I: Móinéar *Molinia* [6410], Fraoch fliuch [4010], Idirsheascann [7140] agus foraoisí gláracha iarmharacha [*91E0].

Comhfhreagraíonn Lochanna Chúil Each leis an gcineál gnáthóige uisce crua Iarscríbhinn I [3140] agus tacaíonn siad le coimpléasc bogaigh de thalamh féaraigh fliuch (GS4), Fraoch fliuch (HH3), Eanach (PF1 agus PF2) agus Corcach ghiolcaí (FS1). Comhfhreagraíonn go leor de na cineálacha gnáthóige seo le cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I[20] Foraoisí gláracha iarmharacha [*91E0], Eanach *Cladium* [*7210], Eanach alcaileach [7230], Luibh ard hidrifiliúil [6430], Móinéar *Molinia* [6410], Fraoch fliuch [4010] agus Idirsheascainn [7140]. Cé gur gnáthóga Q1 le haghaidh cSAC Loch Coirib iad féarach cailcreach agus eanach *Cladium*, seans go soláthróidh go leor de na gnáthóga bogaigh eile ról tacaíochta do na gnáthóga laistigh den mhósáic sin.

Sa limistéar siar ó Lochanna Chúil Each agus ó thuaidh agus soir i dtreo Chairéal Leacaigh cuimsíodh mósáic de charraig chailcreach nochta (ER2), talamh féaraigh cailcreach agus neodrach tirim (GS1), Coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2) agus Scrobarnach (WS1). Bhí roinnt de na limistéir sin ag comhfhreagairt le talamh féaraigh cailcreach ghnáthóga Iarscríbhinn I [*6210/6210] agus cosán aolchloiche [*8240].

---

19 Aicmiú phobal fásra eanaigh alcailigh de réir an chórais aicmiúcháin a bhfuil cur síos air in Perrin, P.M., Barron, S.J., Roche, J.R. & O'Hanrahan, B. (2014). Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 79. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

20 Nuair a ghiorraítear iad, úsáidtear ainmneacha ó ghnáthóg Iarscríbhinn I ar fud na tuarascála seo, leanann an ainmníocht sin as The Status of EU Protected Habitats and Species in Ireland. Forbhreathnú Imleabhar 1. (An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, 2013a)

Baineann an madra uisce úsáid as Conair Abhainn na Gaillimhe (cé nach raibh aon pholl nó láthair broimfhéir le feiceáil gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe). Is sruthchúrsa salmainide tábhachtach í Abhainn na Gaillimhe, ag tacú le bradán an Atlantaigh agus an breac donn. Tá taifid ann den Loimpre mhara ag sceitheadh faoi Dhroichead na mBradán i gCathair na Gaillimhe (O'Connor, 2007) agus thaifead IFI an speiceas freisin ag sceitheadh sa dobharcheantar uachtair i gConga, Co. Mhaigh Eo. Taifeadadh Loimpre shrutháin go forleathan ar fud dhobharcheantar Abhainn na Gaillimhe (O'Connor, 2007). Níor taifeadadh aon ghnáthóg iasclainne amaicéit den loimpre gar do Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe, nó sa sruth éalaithe beartaithe chuig an abhainn.

Cé nach bhfuil aon taifid de Bhradán an Atlantaigh nó den Loimpre mhara ag trasnú Dhroichead Abhainn na Gaillimhe, cuireann Abhainn na Gaillimhe gnáthóg thábhachtach ar fáil do bhradán an Atlantaigh, agus don dá speiceas loimpre, go háirithe i gcomhthéacs na feidhme atá aige mar chonair imirce ón bhfarraige chuig na limistéir sceite do bhradán an Atlantaigh agus don Loimpre mhara.

### 8.3.3.1.2 cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe

Ní thrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus ag glacadh leis go luíonn sé síos an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, tá an cur síos anseo dírithe ar na gnáthóga cósta agus muirí síos an abhainn, agus an speiceas QI a dtacaíonn siad leo, arb iad sin na QIanna a luíonn laistigh de chrios tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá na tuairiscí bunaithe ar an bhfaisnéis a cuireadh i láthair sna cuspóirí caomhnaithe le haghaidh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, agus na cáipéisí tacaíochta ábhartha, agus cuirtear achoimre den láithreán trí chéile i láthair.

Tá Cuan na Gaillimhe aicmithe mar ghnáthóg Iarscríbhinn I ina bhfuil góilíní agus cuanta móra éadomhain[1160], lena bhfuil baint ag Scairbheacha [1170], Réileáin láibe taoide [1140], Murlaigh [*1150], Puiteach Salicornia [1310], Fásra ilbhliantúil ar charnáin cloiche [1220] agus móinéir shalainn an Atlantaigh [1330]. Tá tacaíocht ag na gnáthóga seo freisin ó líonra de chineálacha eile gnáthóige lena n-áirítear aibhneacha agus srutháin fionnuisce a théann isteach sa chuan, uiscí idirthréimhseach an inbhir agus gnáthóg thalún feadh an chósta.

Cuimsítear i gCuan an Roisín, a ndraenálann roinnt de na haibhneacha/srutháin atá á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe isteach ann (dobharcheantar Shruthán Bhearna agus Sruthán Chnoc na Cathrach), mósáic d'fhormhór na gcineálacha gnáthóige seo: Góilíní agus cuanta móra éadomhain [1160], lena bhfuil baint ag Scairbheacha [1170], Réileáin láibe taoide [1140], Fásra ilbhliantúil ar charnáin cloiche [1220] agus móinéir shalainn an Atlantaigh [1330].

Tacaíonn na gnáthóga laistigh de Chuan na Gaillimhe freisin le daonra Leasanna Cáilitheacha (QI) den Mhadra Uisce agus den Rón beag.

#### 8.3.3.1.3 SPA Loch Coirib

Is láithreán fairsing é SPA Loch Coirib ina gcuimsítear Loch Coirib, formhór a chuid oileán, agus cuid mhaith den ghnáthóg bogaigh timpeall ar imeall an locha. Ní thrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe SPA Loch Coirib. Mar sin féin, tá na limistéir is gaire de ghnáthóg talamh bogaigh den chineál sin don fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Tóin an Churraigh agus Cúl an Oileáin áit ina bhfuil mósáic de ghnáthóga portaigh, fraoigh, corcach ghiolcaí, riasc agus talamh féaraigh fliuch.

Cé go bhfuil an SPA lasmuigh, agus suas an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, taifeadadh go leor speiceas éan atá liostaithe mar Leasanna Caomhnaithe Speisialta den SPA ag láithreáin suirbhé d’éin gheimhridh ar fud limistéar staidéir na scéime. I measc na gcineálacha gnáthóige a bhain leis na láithreáin sin bhí lochanna nádúrtha/leathnádúrtha agus coimpléisc bhogaigh (Loch Bhaile an Dúlaigh, Lochanna Chúil Each agus Loch Inse), Abhainn na Gaillimhe, agus mósáic arda de phortaigh, fraoch, tailte féaraigh fliucha agus aigéid, agus gnáthóga feabhsaithe agus faoi dhian-bhainistíocht cosúil le páirceanna talmhaíochta agus ceantair fóntais laistigh de Chathair na Gaillimhe (e.g. Campas Spóirt OÉG).

Taifeadadh dhá speiceas éan i rith na suirbhéanna ar éin ghoir ar SCIanna iad de SPA Loch Coirib de bharr a ndaonra pórúcháin: Geabhróg agus an Sléibhín. Tá sé sin ag teacht go ginearálta le torthaí na suirbhéanna a rinneadh feadh chonair Abhainn na Gaillimhe in 2005/2006 le haghaidh Scéim Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 (RPS, 2006), áit ar taifeadadh na speicis sin go minic thar mhíonna an tsamhraidh ar an abhainn, ach ní raibh go leor díobh ann. Taifeadadh freisin i suirbhéanna 2005/2006 speicis SCI phórúcháin go minic ar Abhainn na Gaillimhe i rith mhíonna an tsamhraidh; an faoileán bán.

Taifeadadh seacht speiceas éan atá liostaithe mar speicis SCI geimhrithe i gcomhair SPA Loch Coirib ag láithreáin suirbhé éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe:

- Sléibhín
- Faoileán bán
- Cearc cheannann
- Feadóg bhuí
- Cromán na gcearc
- Spadalach
- Lacha bhadánach

#### 8.3.3.1.4 SPA Chuan na Gaillimhe Istigh

Toisc go gcumhdaítear thart ar an limistéar céanna le cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe in SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, tagair don chur síos ar an ngnáthóg thuas i **gCuid 8.3.3.1.2**. Tacaíonn na gnáthóga laistigh den SPA leis an

speiceas éan SCI, a chuireann láithreáin neadaithe, sealgaireachta agus fara ar fáil ina n-áirítear uisce oscailte, gnáthóga idirthaoideacha agus talún.

Mar a luadh thuas le haghaidh SPA Loch Coirib, taifeadadh speicis éan atá liostaithe mar speicis SCI geimhridh de SPA Chuan Istigh na Gaillimhe ag go leor de na láithreáin suirbhé don éan geimhridh ar fud limistéar staidéir na scéime ar fad, agus a bhformhór scoite amach ón SPA féin.

Taifeadadh dhá speiceas éan i rith na suirbhéanna ar éin ghoir atá liostaithe mar SCIanna de SPA Chuan na Gaillimhe Istigh de bharr a ndaonra pórúcháin: An Geabhróg (ar fud Abhainn na Gaillimhe) agus an Bhroigheall (ag eitilt thar bráid gar do chonair Abhainn na Gaillimhe agus sa chuid thiar de limistéar staidéir na scéime).

Tá na torthaí sin ag teacht go ginearálta le torthaí na suirbhéanna a rinneadh feadh chonair Abhainn na Gaillimhe in 2005/2006 le haghaidh thogra Seachbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 (RPS, 2006), áit ar taifeadadh na speicis sin go minic thar mhíonna an tsamhraidh ar an abhainn, ach ní raibh go leor díobh ann.

Taifeadadh dhá speiceas déag éan atá liostaithe mar speicis SCI geimhridh do SPA Chuan na Gaillimhe Istigh laistigh de láithreáin suirbhé éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe:

- Guilbneach stríocearrach
- Sléibhín
- Faoileán bán
- Broigheall
- Crotach
- Feadóg bhuí
- Corr réisc
- Pilibín
- Cosdeargán
- Spadalach
- Praslacha
- Lacha rua

### 8.3.3.2 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha & Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe

Is ainmniúcháin iad Limistéir Oidhreachta Náisiúnta (NHAanna) faoi Alt 16 de na hAchtanna um Fhiadhúlra chun gnáthóga, speicis nó geolaíocht a bhfuil tábhacht náisiúnta leo a chosaint.

Anuas ar na NHAanna tá NHAanna beartaithe (dá dtagraítear mar pNHAanna), ar láithreáin thábhachtacha iad freisin do ghnáthóga agus d’fhiadhúlra agus foilsíodh iad ar bhonn neamhreachtúil i 1995, ach níor beartaíodh ná níor sainíodh iad go

reachtúil ó shin i leith. Tairgtear cosaint do na NHAanna beartaithe sa tréimhse eatraimh faoi na pleananna forbartha contae nó cathrach ina n-iarrtar go mbeadh aird chuí ag údaráis phleanála ar a gcosaint i mbeartais agus i gcinntí pleanála[21].

Forluíonn go leor de na NHAanna in Éirinn le teorainn na láithreán Eorpach.

Níl ach ceann acu seo, pNHA Loch Coirib á thrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe.Tá trí NHA agus 18 pNHA lonnaithe i bhfoisceacht 15 km de theorainn na forbartha atá beartaithe (**Fíor 8.13.1**). Liostálann **Tábla 8.5** thíos na láithreáin sin, a bhfad ó theorainn na forbartha atá beartaithe, agus na gnéithe éiceolaíocha dá bhfuil na láithreáin ainmnithe/beartaithe.

**Tábla 8.5: Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha beartaithe) i bhfoisceacht 15km de theorainn na forbartha atá beartaithe**

| **Limistéir Oidhreachta Nádúrtha** | | |
|---|---|---|
| Ainm an Láithreáin | Fad[22] | Gnéithe Spéise |
| NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn [002364] | 80m ag Na Foraí Maola Thiar Díreach cóngarach do theorainn na forbartha beartaithe ag an mBealach | Talamh portaigh [T010] |
| NHA Riasc Chreig Eanaigh [000253] | 4km | Éin [12] - féach SPA Riasc Chreig Eanaigh thuas |
| NHA Phortach Limistéar Uachtar Ard [002431] | 15km | Talamh portaigh [T010] |
| **Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá Beartaithe** | | |
| **Ainm an Láithreáin** | **Fad** | **Tuairisc** |
| pNHA Loch Coirib [000297] | á thrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe | Féach thuas faoi cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib |
| pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe [000268] | 190m | Féach thuas faoi cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| pNHA Choill na bhForbacha [001267] | 2.3km | Coillearnach dharach |
| pNHA Thurlach Chill Tulach [000287] | 2.2km | Gné thurlaigh |
| pNHA Loch Bhaile Uí Chuirc [000228] | 4.6km | Loch agus gnáthóga bogaigh gaolmhara - mar chuid de cSAC Loch Coirib |

[21] Mar shampla, Beartas 4.2 de *Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023* ina n-áirítear tiomantas "Na láithreáin ainmnithe náisiúnta a bhfuil tábhacht éiceolaíoch leo a chosaint, a chaomhnú agus a chur chun cinn, lena n-áirítear Limistéir Oidhreachta Nádúrtha (NHAanna agus pNHAanna) reatha agus beartaithe sa chathair".
[22] Fad in km/m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe

| **Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá Beartaithe** | | |
|---|---|---|
| **Ainm an Láithreáin** | **Fad** | **Tuairisc** |
| pNHA Choimpléasc Phortach Chonamara [002034] | 6km | Féach thuas faoi cSAC Choimpléasc Phortach Chonamara agus SPA Choimpléasc Phortach Chonamara |
| Lóiste Chill Ráinne, pNHA Mhaigh Cuilinn [002083] | 7.2km | Fara iasclainne ialtóg Natterer |
| pNHA Choill Dhroim Chonga [001260] | 8.2km | Coillearnach leathanduilleach agus bhuaircíneach measctha |
| pNHA Loch agus Coillte an Rois [001312] | 10.2km | Féach thuas faoi cSAC Loch agus Coillte an Rois |
| Sléibhín - pNHA Choimpléasc Pholl Salach [000020] | 10.6km | Féach thuas faoi Sléibhín - cSAC Choimpléasc Pholl Salach |
| pNHA Coimpléasc Loch Fionngheal [000606] | 11.1km | Féach thuas faoi pNHA Choimpléasc Loch Fionngheal |
| pNHA Thurlach Ráth Asáin [000322] | 13.3km | Féach thuas faoi cSAC Thurlach Ráth Asáin agus SPA Thurlach Ráth Asáin |
| pNHA Cosán Aolchloiche Ghort na Darach [001271] | 13.4km | Féach thuas faoi cSAC Cosán aolchloiche Ghort na nDarach |
| pNHA Shliabh Mhóinín [000054] | 13.3km | Féach thuas faoi cSAC Shliabh Mhóinín |
| pNHA Choimpléasc Oirthear Bhoirne [001926] | 13.5km | Féach thuas faoi cSAC Choimpléasc Oirthear Bhoirne |
| pNHA Turlach Chill Tiarnáin [001285] | 13.9km | Féach thuas faoi cSAC Thurlach Chill Tiarnáin |
| pNHA Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh [000242] | 14km | Féach thuas faoi cSAC Choimpléasc Chaisleán an Táilliúraigh |
| pNHA Thurlach Corr [001788] | 15km | Láithreán bogaigh ag tacú le daonraí éan geimhrithe |

### 8.3.4 Gnáthóga

***Forbhreathnú***

Tá cur síos thíos ar thorthaí na suirbhéanna gnáthóige feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe, de réir cineál gnáthóige, tar éis Fossitt (2000, féach freisin **Aguisín A.8.6**), agus nuair is ábhartha áirítear cur síos ar aon chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I a chomhfhreagraíonn leis a bhí ann (féach freisin **Aguisín A.8.3** agus **Aguisín A.8.4** le haghaidh torthaí na suirbhéanna gnáthóige). Baineann na gnáthóga a bhfuil cur síos déanta orthu thíos le polagáin laistigh nó cóngarach don fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar a thaispeántar ar **Fhíoracha 8.14.1** go **8.14.15** agus **Fíoracha 8.15.1** go **8.15.15** mar aon leis na torthaí iomlána ón suirbhé gnáthóige. Tá liostaí iomlána speiceas le haghaidh gach cineál gnáthóige tugtha in **Aguisín A.8.19**. Déantar cur síos ginearálta ar ghnáthóga ón taobh thiar go dtí an taobh thoir faoi na ceannteidil thíos.

Rinneadh na torthaí agus achoimre ar thorthaí na suirbhéanna gnáthóige uisceacha a ionchorprú sna tuairiscí gnáthóige ábhartha thíos. Tá tuairisc iomlán agus liostaí speiceas tugtha in **Aguisín A.8.20**.

Is mar seo a leanas atá na cineálacha gnáthóige a taifeadadh feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe, agus a phléitear sa chuid seo:

- Ceapacha bláthanna agus teorainneacha (BC4)
- Foirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3)
- Talamh salach agus lom (ED2)
- Talamh lom athchoilíniúcháin (ED3)
- Cairéil agus mianaigh ghníomhacha (ED4)
- Carraig shiliciúil nochta (ER1)
- Carraig chailcreach nochta (ER2), lena n-áirítear gnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I *8240
- Lochanna aolchloiche/marlaí (FL3), lena n-áirítear gnáthóg 3140 Iarscríbhinn I
- Lochanna méiseatrófacha (FL4)
- Lochanna eotrófacha (FL5)
- Turlaigh (FL6), a chomhfhreagraíonn do ghnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I *3180
- Lochanna agus locháin eile saorga (FL8)
- Fuaráin chailcreacha (FP1), lena n-áirítear gnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I *7220
- Giolcach agus seascainn mhóra cíbe (FS1), lena n-áirítear gnáthóga *7210 Iarscríbhinn I agus gnáthóg 6430 Iarscríbhinn I
- Seascainn ard-luibhe (FS2), lena n-áirítear gnáthóga 6430/*7210 Iarscríbhinn I

- Aibhneacha creimthe/ar thalamh ard (FW1)
- Aibhneacha sil-leagain/ísealchríocha (FW2)
- Díoga draenála (FW4)
- Talamh féaraigh talmhaíochta feabhsaithe (GA1)
- Talamh féaraigh conláiste (feabhsaithe) (GA2)
- Riasc (GM1)
- Talamh féaraigh tirim cailcreach agus neodrach (GS1), lena n-áirítear an ghnáthóg tosaíochta *6210/gnáthóg 6210 Iarscríbhinn I
- Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féir (GS2), lena n-áirítear gnáthóg 6510 Iarscríbhinn I
- Talamh féaraigh aigéadach tirim-bogthais (GS3), lena n-áirítear gnáthóg *6230 Iarscríbhinn I
- Talamh féaraigh fliuch (GS4), lena n-áirítear gnáthóg 6410 Iarscríbhinn I
- Raithneach thiubh (HD1)
- Fraoch siliciúil tirim (HH1), a chomhfhreagraíonn do ghnáthóg 4030 Iarscríbhinn I
- Fraoch cailcreach tirim (HH2), a chomhfhreagraíonn do ghnáthóg 4030 Iarscríbhinn I
- Fraoch fliuch (HH3), a chomhfhreagraíonn do ghnáthóg 4010 Iarscríbhinn I
- Eanach agus borrfhás saibhir (PF1), lena n-áirítear gnáthóga 7230/*7210 Iarscríbhinn I
- Droch-Eanach agus borrfhás (PF2)
- Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1)
- Coillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach mheasctha (WD2)
- Coillearnach bhuaircíneach (measctha) (WD3)
- Crainn scaipthe agus fearann páirce (WD5)
- Fálta sceach (WL1)
- Crannteorainneacha (WL2)
- Coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2), lena n-áirítear gnáthóg *8240 Iarscríbhinn I
- Coillearnach shailí-fearnóige-fuinseoige fhliuch (WN6), lena n-áirítear gnáthóg *91E0 Iarscríbhinn I
- Scrobarnach (WS1), lena n-áirítear gnáthóg tosaíochta *8240 Iarscríbhinn I
- Coillearnach neamhaibí (WS2)
- Scrobarnach ornáideach/neamhdhúchasach (WS3)
- Coillearnach a réitíodh le déanaí (WS5)

***Achoimre ar Geolaíocht Fhoshrathnaithe agus Cineál Gnáthóige***

Mar thoradh ar an ngeolaíocht fhoshrathnaithe, agus an chuid thiar den limistéar staidéir foshrathnaithe ag eibhear agus an chuid thoir ag aolchloch, bhí na cineálacha gnáthóige ar fud an limistéir staidéir aigéadach siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus cailcreach ar an taobh thoir.

Siar ó Abhainn na Gaillimhe, cuimsíodh sna gnáthóga tríd is tríd meascán de pháirceanna talmhaíochta, talamh portaigh/gnáthóga fraoigh, agus scrobarnach, agus iad deighilte ag an líonra bóthair áitiúil i mbloic ghnáthóige ar leith de mhéideanna éagsúla agus ag an bhforbairt chónaithe líneach ghaolmhar. Bhí idir thalamh feirme bainistithe agus pháirceanna fiáine tréigthe le scrobarnach agus raithneach i measc na bpáirceanna talmhaíochta. Cuimsíodh sna bloic de ghnáthóga tailte portaigh fraoch a bhí fliuch den chuid is mó, fraoch tirim agus mósáicí portaigh, leis na paistí gnáthóige is gaire don fhorbairt bóthair atá beartaithe ar imill bhloic gnáthóige tailte portaigh níos mó nó níos lú, níos iargúlta, paistí fuílligh. Bhí limistéir bheaga eanaigh agus idirsheascainn ann freisin. Mar gheall ar chomh gar is atá sé do Chathair na Gaillimhe bhí fairsinge mór forbartha uirbí agus cónaithe freisin cóngarach don fhorbairt bóthair atá beartaithe, go háirithe timpeall ar cheantar Bhaile na mBúrcach/Rathúin agus san áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ag an Daingean.

Soir ó Abhainn na Gaillimhe, bhí dhá chrios gnáthóige ar leith; ó Abhainn na Gaillimhe go dtí Bóthar Áth Cinn an N84 ina raibh breacachan de choillearnach leathnádúrtha, cosán aolchloiche, scrobarnach agus páirceanna féaraigh chailcreacha. Soir ó Bhóthar Áth Cinn an N84 bhí talamh féaraigh talmhaíochta a bhí feabhsaithe den chuid is mó agus a raibh forbairt chónaithe agus thionsclaíoch timpeall air sa Pháirc Mhór, Baile an Bhriotaigh, Cnoc Mhaoil Drise agus Dabhach Uisce. Bhí dhá choimpléasc bhogaigh freisin sa chuid seo: Lochanna Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh. Bhí roinnt paistí tréigthe freisin de ghnáthóga leathnádúrtha, talamh féaraigh cailcreach agus cosán aolchloiche – i gceantar Chúil Each/Dhabhach Uisce.

## 8.3.4.1 Ceapacha bláthanna agus teorainneacha (BC4)

Bhí an cineál gnáthóige seo forleathan feadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus áiríodh leis curadóireacht ornáideach a bhain le gairdíní tí, forbairtí tráchtála nó coimpléisc thionsclaíocha / páirceanna gnó. Tá an chuid is mó den chineál gnáthóige seo gafa ar an léarscáil gnáthóige ag an aicmiú *Cónaitheach* (féach **Cuid 8.3.4.34** thíos).

## 8.3.4.2 Ballaí cloiche agus obair chloiche eile (BL1)

Bhí ballaí cloiche ann mar theorainneacha páirce nó réadmhaoine. Sa chuid thiar den limistéar staidéir, bhí go leor de na teorainneacha páirce le ballaí cloiche imithe fiáin le scrobarnach agus raithneach. I measc na speiceas plandaí a bhaineann leis na ballaí cloiche bhí: *Asplenium trichomanes*, *Hedera helix*, *Polypodium vulgare*, *Frullania dilatata*, the moss species *Brachythecium rutabulum*, *Dicranum scoparium*, *Homalothecium sericeum*, *Hypnum*

*cupressiforme*, *Isothecium myosuroides*, *Mnium hornum*, *Racomitrium fasciculare* agus léicin mar *Cladonia* spp. agus léicean crústúil eile.

### 8.3.4.3 Foirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3)

Áiríodh leis an aicmiú sin foirgnimh (tí, tráchtála agus tionsclaíoch), bóithre, carrchlóis, dromchlaí caitheamh aimsire saorga (e.g. páirceanna Astroturf) agus limistéir choincréite/chrua eile ina seasann tú (e.g. bonneagar cairéil ag Cairéal Leacaigh). Seachas réadmhaoine/forbairtí cónaithe, bhain na limistéir ba mhó den chineál gnáthóige seo laistigh, nó cóngarach don fhorbairt bóthair atá beartaithe leis na páirceanna gnó ag Baile an Bhriotaigh, an Pháirc Mhór agus Cnoc Mhaoil Drise, agus ag Ráschúrsa na Gaillimhe. I gcás réadmhaoine cónaithe, tá an chuid is mó den chineál gnáthóige seo tógtha ar an léarscáil gnáthóige ag an aicmiú *Cónaitheach* (féach **Cuid 8.3.4.34** thíos).

### 8.3.4.4 Talamh salach agus lom (ED2)

Ar fud an limistéir staidéir, cuimsíodh sa chineál gnáthóige seo limistéir bheaga de thalamh lom a bhaineann le rianta rochtana (lánaí buana agus cothaithe, nó talamh a réitíodh le gairid) nó, i gcás na limistéar níos mó ag Baile na mBúrcach agus cóngarach don Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh gar do Pháirc na Sceithe, tailte a réitíodh le déanaí i gcomhair forbartha.

### 8.3.4.5 Talamh lom athchoilíniúcháin (ED3)

Taifeadadh go ginearálta limistéir bheaga de thalamh suaite feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe ach bhí roinnt limistéar níos mó a bhain le láithreáin fhorbartha, nó réiteach scrobarnaí mórscála de pháirceanna talmhaíochta.

Ar feadh an chuid thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe, bhí éagsúlacht mhór i gcumhdach agus i gcomhdhéanamh an fhásra ar thalamh lom athchoilíniúcháin, ag brath ar an gcineál ithreach agus ar an draenáil mórthimpeall. I measc na speiceas bhí speiceas crainn/scrobarnaí cosúil le *Salix cinerea* agus *Ulex europaeus*; féar mar *Agrostis capillaris*, *Agrostis stolonifera*, *Holcus lanatus* agus *Poa annua*; speiceas luachair agus cíbe mar *Juncus effusus* agus *Carex disticha*; agus speiceas luibhe lena n-áirítear *Achillea millefolium*, *Anagallis arvensis*, *Centaurea nigra*, *Cirsium arvense*, *Daucus carota*, *Hypericum pulchrum*, *Hypochaeris radicata*, *Lotus corniculatus*, *Plantago lanceolata*, *Plantago major*, *Potentilla anserina*, *Senecio jacobaea* agus *Tussilago farfara*. San áit ina bhfuil ithreacha níos aigéadaí/domasaí (e.g. ag Ch. 4+900 go Ch. 5+000), cuimsíodh leis an talamh athchoilíniúcháin speiceas fraoigh cosúil le *Calluna vulgaris*, *Molinia caerulea*, *Carex panicea* agus *Ulex gallii* in áiteanna.

Ar feadh an chuid thoir den fhorbairt bóthair atá beartaithe áiríodh na speicis seo a leanas le talamh lom athchoilíniúcháin, go leor acu ag léiriú nádúr cailcreach na ngnáthóg máguaird sa cheantar seo: an féar *Agrostis canina*, *Anthoxanthum odoratum*, *Arrhenatherum elatius*, *Cynosurus cristatus*, *Dactylis glomerata*, *Festuca rubra* agus *Poa pratensis*; agus speicis luibhe mar *Achillea millefolium*, *Centaurium erythraea*, *Euphrasia officinalis* agg., *Hypericum perforatum*, *Lotus*

*corniculatus*, *Leontodon autumnalis*, *Leucanthemum vulgare*, *Linum catharticum*, *Medicago lupulina*, *Odontites verna*, *Potentilla reptans*, *Primula veris*, *Prunella vulgaris*, *Ranunculus repens*, *Senecio jacobaea*, *Succisa pratensis*, *Tussilago farfara* agus *Ulex europaeus*.

#### 8.3.4.6 Cairéil agus mianaigh ghníomhacha (ED4)

Ba é láthair Chairéal Leacaigh an t-aon láithreán cairéil laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe agus is cairéal neamhghníomhach é. Timpeall ar an gcairéal ar an taobh thiar, ó thuaidh, agus ar an taobh thoir de bhí aghaidheanna aille ingearacha agus, in ainneoin iad a bheith sách gann ó thaobh fáis de den chuid is mó, bhí meascán éagsúil speiceas plandaí ann ag léiriú cineál cailcreach na substráite agus na ceantair bhoga arna gcruthú ag na línte úscaíola ó bhallaí an chairéil: speicis chrainn/scrobarnaí lena n-áirítear *Acer pseudoplatanus*, *Alnus incana* agus *Salix cinerea*; agus speicis luibhe mar *Agrostis stolonifera*, *Anagallis arvensis*, *Asplenium ruta-muraria*, *Blackstonia perfoliata*, *Carex flacca*, *Centaurea nigra*, *Epilobium montanum*, *Epipactis helleborine*, *Equisetum fluviatile*, *Hypericum pulchrum*, *Hypericum tetrapterum*, *Leontodon hispidus*, *Leucanthemum vulgare*, *Linum catharticum*, *Lotus corniculatus*, *Mycelis muralis*, *Petasites fragrans*, *Phyllitis scolopendrium*, *Pimpinella major*, *Plantago lanceolata*, *Potentilla sterilis*, *Senecio jacobaea* agus *Solidago virgaurea*. Déantar plé ar leithligh ar na láithreáin fuaráin faoi *Fuaráin chailcreacha.*

#### 8.3.4.7 Carraig shiliciúil nochta (ER1)

Taifeadadh lomán eibhir ar fud na gcodanna thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe; baint aige go minic le paistí fraoch tirim ar thalamh ard ach é le fáil freisin ar thalamh ardaithe i bpáirceanna talmhaíochta nach raibh bainistíocht chomh dlúth déanta orthu, agus i roinnt gairdíní tí. I gcás inar taifeadadh é i mósáic le gnáthóga fraoigh tá sé mapáilte agus luacháilte mar ghnáthóga gaolmhara de chuid Iarscríbhinn I. I gcás ina bhfuil ceangal aige le tailte féaraigh feabhsaithe nó leaca carraige nochta i ngairdíní tí meastar go bhfuil tábhacht áitiúil leis (luach níos ísle).

#### 8.3.4.8 Carraig chailcreach nochta (ER2)

Taifeadadh aolchloch nochta go forleathan ar fud an phíosa thoir de limistéar staidéir na scéime. Bhí an cruinniú ba mhó sa cheantar idir Sráidbhaile Mhionlaigh, Sráidbhaile Chúil Each, Coill Uachtair agus sa cheantar timpeall ar Chairéal Leacaigh. Bhí limistéar sách mór freisin cóngarach do theorainn theas Chairéal Roadstone ag Claí an Dá Mhíle le tuilleadh paistí tréigthe, scaipthe sa cheantar áitiúil idir seo agus an N6 reatha – an ceann is suntasaí soir ó dheas d'Acomhal Chúil Each atá ann cheana.

Ag gach láthair, seachas an ceantar ag Acomhal 2 na Páirce Gnó, bhí na limistéir sin ag comhfhreagairt don ghrúpa cosáin aolchloiche de ghnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I *Cosáin aolchloiche* [*8240]. Cuimsíodh sa charraig chailcreach nochta ag Acomhal 2 na Páirce Gnó na haghaidheanna carraige aolchloiche ingearaí i gcairéal beag tréigthe agus dá bhrí sin, ní raibh sé ag comhfhreagairt don chineál gnáthóige in Iarscríbhinn I.

Cuimsíodh sa chosán aolchloiche na leaganacha ‘bloic’ agus ‘scaipthe’ den chosán aolchloiche (tar éis Wilson & Fernandez, 2013), agus an cineál scaipthe ar an gceann is minice a chonacthas. Áiríodh leis an leagan nochta freisin limistéir den chosán aolchloiche a bhí á n-ionradh ag scrobarnach (*Corylus avellana* beagnach i gcónaí) nach raibh ag cruthú cumhdaigh leanúnach go fóill agus é níos lú ná 3m ar airde. I measc na bpríomhspeiceas soithíoch bhí speicis adhmadacha ag fás go híseal (e.g. *Hedera helix*, *Rosa spinosissima* nó agg. *Rubus fruticosus*, nó *Corylus avellana* nó *Ilex aquifolium* neamhaibí) agus speicis luibhe mar *Carex flacca*, *Carlina vulgaris*, *Geranium robertianum*, *Mycelis muralis*, *Senecio jacobaea*, *Sesleria caerulea* agus *Teucrium scorodonia*. Fuarthas sraith raithneach cailciarrthach de ghnáth ag cuimsiú *Asplenium ruta-muraria*, *Ceterach officinarum* agus sna poill is doimhne (gríoga), *Phyllitis scolopendrium* ar breá leis bheith faoi scáth. I measc na mbrífítí saintréitheacha bhí *Ctenidium molluscum*, *Neckera crispa* agus *Tortella tortuosa*.

Tá an leagan nochta den chineál gnáthóige de chosán aolchloiche Iarscríbhinn I (LPE) laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe achoimrithe i **dTábla 8.6** thíos.

**Tábla 8.6: Limistéir ina bhfuil leagan nochta de chosán aolchloiche ghnáthóg Iarscríbhinn I [*8240] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| **Limistéar** | **Pobal Fásra**[23] |
|---|---|
| Ó dheas den Bhóthar Nua ag Ch. 10+040 | LPE_1b *Teucrium scorodonia* - cosán *Sesleria caerulea* |
| Ó thuaidh den Bhóthar Nua ag Ch. 10+200 – Ch. 10+250 | LPE_1b *Teucrium scorodonia* - cosán *Sesleria caerulea* |
| Laistigh de cSAC Loch Coirib<br>Teorainneacha siar agus ó thuaidh de Chairéal Leacaigh idir Ch. 10+900 agus Ch. 11+800 | LPE_1b *Teucrium scorodonia* - cosán *Sesleria caerulea*<br>LPE_1d *Mycelis muralis* - cosán *Fissidens dubius*<br>1e *Corylus avellana* - cosán *Neckera crispa* |
| Feadh theorainn thoir Chairéal Leacaigh idir | LPE_1b *Teucrium scorodonia* - cosán *Sesleria caerulea* |
| Soir ó dheas d’Acomhal Chúil Each (idir N6 agus R446) | LPE_1e *Corylus avellana* - cosán *Neckera crispa* |

## 8.3.4.9 Aolchloch/lochanna marlaí (FL3)

Bhí dhá choimpléasc locha ar leithligh gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe: Lochanna Chúil Each, agus Loch Bhaile an Dúlaigh. Bhí na lochanna go léir ina gcuimsítear coimpléasc Lochanna Chúil Each, agus an príomhdhobharlach ag Baile an Dúlaigh, ag comhfhreagairt don aicmiú gnáthóige seo agus don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Uiscí crua olagai-mhéiseatrófach le fásra beantach caraifítí* [3140]. Tá an cur síos iomlán agus na liostaí speiceas do phlandaí

[23] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas planda a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu in *National survey of limestone pavement and associated habitats in Ireland. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 73* (Wilson, S. agus Fernández, F., 2013)

uisceacha do na lochanna sin – agus gach ceann eile a ndearnadh suirbhé orthu mar chuid den suirbhé gnáthóige uisceach – tugtha in **Aguisín A.8.20**.

***Lochanna Chúil Each***

Bhí roinnt plandaí bláthaithe sa loch uachtair lena n-áirítear *Hippuris vulgaris*, *Myriophyllum spicatum*, *Nuphar lutea* agus *Elodea canadensis* (a d'fhás ag bun an chreasa eofótach ag thart ar 4m, agus bhí roinnt *Lemna trisulca* ag fás ann freisin). Mar sin féin ba é *Chara rudis* nó *Chara hispida* is mó a bhí sa chrios eofótach.

Bhí seastáin mhóra de *Chara hispida* agus *Chara rudis* sa loch íochtair, ach bhí plandaí bláthaithe níos flúirsí le *Lemna trisulca* ag cruthú creasa ag bunú an chreasa eofótach (4m) agus *Elodea canadensis* idirmheasctha leis an speiceas *Chara*. I measc na speiceas eile bhí *Potamogeton lucens*, *Sparganium* sp., *Myriophyllum spicatum* agus *Utricularia cf. vulgaris*. Bhí líon beag de dhá speiceas eile den charaifít, *Chara contraria* agus *Chara vulgaris* ann. Measadh go raibh an loch íochtair, áfach, ar an gcineál eotrófach teorann FL5 (agus ní sampla eisceachtúil maith a bhí den chineál gnáthóige), mar gheall ar níos mó den *Elodea canadensis* agus *Lemna trisulca* a bheith ann (mar thoradh is dógh ar eotrófú) agus bhí an diúilicín riabhach *Dreissena polymorpha* ionrach neamhdhúchasach ann freisin.

***Loch Bhaile an Dúlaigh***

Bhí algaí caraifíte is mó a bhí san fhásra fo-chladaigh. Bhí flúirse eisceachtúil de *Chara rudis* idir 0-3m agus roinnt speiceas eile in uisce an-éadomhain lena n-áirítear *Chara aspera*, *Chara aculeolata* agus *Chara curta*. Ní raibh plandaí bláthaithe coitianta, rud nach bhfuil coitianta i lochanna marla ar aon nós, agus ní facthas ach amháin *Elodea canadensis* agus *Utricularia* cf. *vulgaris*. Tugann ceannas iomlán an *Chara rudis*, áfach, le fios gur tharla eotrófú éigin. Thacódh an sloda sa loch leis an tátal sin. Bhí formhór an locha níos doimhne ná doimhneacht eofótach de thart ar 4m agus níor thángthas ar aon phlandaí.

## 8.3.4.10 Lochanna méiseatrófacha (FL4)

Bhí an lochán ciorclach níos lú (531194 728778 ITM) ag Baile an Dúlaigh – an chuid is faide ó thuaidh de na trí locha bheaga – ag comhfhreagairt don chineál gnáthóige seo. Bhí speicis phlandaí ar snámh lena n-áirítear *Potamogeton natans*, *Nymphaea alba* agus *Sparganium natans*. I measc na speiceas fo-chladaigh a bhí fairsing bhí *Chara virgata agus Utricularia cf. vulgaris*.

Bhí loch beag níos díomuaine freisin feadh imeall thoir an phríomhchoimpléisc locha ag Lochanna Chúil Each (a bhí tirim nuair a rinneadh suirbhé air). Bhí an speiceas planda uisceach *Typha latifolia* agus *Hippuris vulgaris* i láthair.

## 8.3.4.11 Lochanna eotrófacha (FL5)

Bhí dhá cheann de na lochanna beaga ag Baile an Dúlaigh ag comhfhreagairt leis an gcineál gnáthóige seo. Bhí an linn ar chruth ubhchruthach ba ghaire do na tithe cónaithe (tagairt eangaí ITM 531244 728619) éadomhain le flóra fo-chladaigh de

*Elodea canadensis*, *Lemna trisulca* agus *Fontinalis antipyretica*. I measc na speiceas ar snámh bhí *Nymphaea alba*. Thug flúirse *Lemna* agus *Elodea* lochán eotrófach le fios.

Bhí *Potamogeton natans*, *Hippuris vulgaris*, *Elodea canadensis*, *Alisma plantago-aquatica* agus *Ranunculus trichophyllus* sa dobharlach ba lú díreach ó dheas den phríomh-loch (531473 728626 ITM); rud a thug dálaí eotrófacha le fios.

### 8.3.4.12 Turlaigh (FL6)

Tá gné turlaigh amháin laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: idir an Bóthar Nua agus an Seanbhóthar i gceantar Mhionlaigh ag Ch. 10+320. Is logáin iad turlaigh, a bhíonn i gceantair aolchloiche go ginearálta, atá báite anseo is ansiúd le screamhuisce agus a thacaíonn le gnáthóga bogaigh.

Chomhfhreagraigh an ghné turlaigh i Mionlach leis an gcineál gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I *Turlaigh [*3180]* agus pobal fásra *Potentilla anserina-Carex nigra* (Waldren, 2015, Eag.). Ba fhásra réisc a bhíonn coitianta i dturlaigh a bhí san fhásra lena n-áirítear na speicis seo a leanas: *Potentilla anserina*, *Apium inundatum*, *Eleocharis palustris*, *Caltha palustris*, *Rumex crispus*, *Agrostis stolonifera*, *Ranunculus repens*, *Senecio aquaticus*, *Prunella vulgaris*, *Myosotis aquatica*, *Persicaria amphibia*, *Mentha aquatica*, *Glyceria fluitans*, *Filipendula ulmaria*, *Urtica dioica*, *Persicaria maculata*, *Rumex obtusifolius*, *Equisetum palustre* agus *Veronica catenata*. Cé nach bhfuil baint dhíreach aige leis an bhfásra talún, taifeadadh an speiceas caonaigh *Cinclidotus fontinaloides* – speiceas atá coitianta i dturlaigh - ar bhallaí cloiche laistigh den ghné turlaigh.

Tá achoimre thíos i **dTábla 8.7** ar an ngnáthóg turlaigh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.7: Limistéir de Thurlaigh ghnáthóg Iarscríbhinn I [*3180] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| Limistéar | Pobal Fásra[24] |
|---|---|
| Idir an Bóthar Nua agus an Seanbhóthar i gceantar Mhionlaigh/Chúil Each ag Ch. 10+320 lasmuigh de láithreán Eorpach | 6b Pobal fásra fliuch *Carex nigra* (Goodwillie, 1992)<br>Pobal fásra *Potentilla anserina-Carex nigra* (Waldren, 2015, Eag.) |

### 8.3.4.13 Lochanna agus locháin eile saorga (FL8)

Bhí locháin shaorga ag Acomhal Chúil Each atá beartaithe (linnte maolaithe i gcomhair draenáil bóthair) agus i gCairéal Leacaigh (bainteach leis an limistéar glanta gairbhéil). Tá cur síos ar na speicis phlandaí a bhaineann leis na linnte maolaithe thíos faoin gcur síos ar ghnáthóg FS1; ní raibh aon fhásra ceangailte leis na linnte glanta gairbhéil ag Cairéal Leacaigh

[24] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas plandaí a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu in *Turloughs over 10 ha: vegetation survey and evaluation* (Goodwillie, R., 1992) agus in *Turlough Hydrology, Ecology and Conservation* (Waldren, S. 2015, Eag.)

### 8.3.4.14 Fuaráin chailcreacha (FP1)

Taifeadadh 27 fuarán cailcreach/línte úscaíola i gCairéal Leacaigh. Astu sin, bhí fásra a bhaineann leis an líne úscaíola ag 23. Ba iad na speicis phlandaí shoithíocha is minice a taifeadadh a bhain leis na fuaráin/línte úscaíola ná *Tussilago farfara*, *Leontodon hispidus*, *Carex flacca*, *Epilobium parviflorum*, *Festuca rubra*, *Sonchus oleraceus*, *Holcus lanatus*, *Lotus uliginosus* agus *Sesleria caerulea*; ba iad na speicis chaonaigh ba mhinice a taifeadadh ná *Dicranella varia*, *Didymodon tophaceus*, *Fissidens adianthoides* agus *Pellia endiviifolia*.

Bhí sé cinn de na fuaráin/den úscaíl (iad go léir suite ar aghaidh thiar an chairéil) ag cloí leis na *Fuaráin chlochraithe* de ghnáthóg Iarscríbhinn I *le foirmiú túfa (Cratoneurion)* [*7220], de réir mar a taifeadadh an speiceas táscach seo a leanas le haghaidh chineál gnáthóige Iarscríbhinn I a bhí ag fás i gcomhar le deascáin thúfa ar aghaidheanna aillte: *Didymodon tophaceus*, *Pellia endiviifolia*, *Festuca rubra*[25]. Bhí na fuaráin chlochraithe a bhí ann lag ó thaobh speiceas go ginearálta agus measadh gur samplaí imeallacha den chineál gnáthóige a bhí iontu, agus go leor de na príomhspeicis thascacha in easnamh iontu agus iad teoranta ó thaobh fairsinge tríd is tríd; i roinnt cásanna, iad i ngaireacht láithreach cúisíní de *Didymodon tophaceus*. Tá siad ann freisin de bharr ghníomhaíocht dhaonna, agus mar thoradh ar chairéalú aolchloiche cruthaítear gnáthóg oiriúnach lena gcruthú.

Tá torthaí iomlána an tsuirbhé ar fhuaráin chlochraithe ag Cairéal Leacaigh tugtha in **Aguisín A.8.21**.

### 8.3.4.15 Giolcach agus seascainn mhóra cíbe (FS1)

Feadh chuid thiar na forbartha bóthair atá beartaithe, bhí paistí beaga scaipthe de chorcach ghiolcaí a bhí lag ó thaobh speiceas de gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe; agus iad lonnaithe den chuid is mó ar imill na limistéar de thalamh portaigh. Ba *Phragmites australis* is mó a bhí san fhásra.

Feadh bhruacha Abhainn na Gaillimhe agus timpeall ar chodanna de Lochanna Chúil Each, bhí *Phragmites australis* ceannasach sa ghnáthóg de chorcach ghiolcaí le speicis cosúil le *Phalaris arundinacea*, *Typha latifolia*, *Sparganium erectum*, *Equisetum fluviatile*, *Menyanthes trifoliata*, *Epilobium hirsutum*, *Calystegia sepium*, *Lycopus europaeus*, *Lysimachia vulgaris*, *Mentha aquatica*, *Angelica sylvestris*, *Valeriana officinalis*, *Filipendula ulmaria* and *Lythrum salicaria* ann freisin.

Bhí dhá limistéar bheaga de chorcach ghiolcaí ar imill Lochanna Chúil Each ag comhfhreagairt le cineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Pobail imeallacha de leibhéil mhánna agus alpacha de luibh ard hidrifiliúil* 6430], áit a raibh speicis luibhe a bhí táscach den chineál gnáthóige seo amhail *Calystegia sepium*, *Epilobium hirsutum* agus *Equisetum fluviatile* níos flúirsí i measc na gclampaí giolcaí.

San áit a raibh *Cladium mariscus* níos fairsinge, chomhfhreagraigh corcaigh ghiolcaí leis an gcineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Eanaigh chailcreacha le Cladium*

---

[25] Cé nach bhfuil na speicis tháscacha seo a taifeadadh liostaithe mar sin in *Interpretation manual of European Union Habitats* EUR28 (CEC, 2013), i gcomhthéacs na hÉireann measann an NPWS gur speicis tháscacha iad le haghaidh [*7220] (NPWS, 2013b)

*mariscus agus speiceas den Caricion davallianae* [*7210]. Bhí an ghnáthóg sin fairsing timpeall ar Lochanna Chúil Each, ach taifeadadh freisin líon níos lú díobh feadh an uisce cúil soir ó Oileán Shiúrdáin agus i bpaistí beaga feadh bhruacha Abhainn na Gaillimhe. I measc na speiceas plandaí eile a bhain leis an gcineál gnáthóige Iarscríbhinn I seo bhí siad seo a leanas: *Phragmites australis*, *Calystegia sepium*, *Equisetum fluviatile*, *Lysimachia vulgaris*, *Epilobium hirsutum*, *Mentha aquatica* agus *Schoenus nigricans*.

Ag Loch Bhaile an Dúlaigh, ba iad *Phragmites australis*, *Schoenoplectus lacustris* agus *Cladium mariscus* na speicis is mó a bhí sa ghnáthóg chorcach ghiolcaí timpeall ar imill na lochanna. Mar atá thuas, bhí an riasc *Cladium mariscus*, a bhí ag dhá shuíomh ag Loch Bhaile an Dúlaigh, ag comhfhreagairt don chineál gnáthóige eanaigh *Cladium* in Iarscríbhinn I.

Thacaigh na linnte maolaithe reatha ar N6 ag Cnoc Mhaoil Drise le bogach atá sách saibhir ó thaobh speiceas le haghaidh gné shaorga mar é, lena n-áirítear: *Phragmites australis*, *Typha latifolia*, *Sparganium erectum*, *Schoenoplectus lacustris*, *Apium nodiflorum*, *Nasturtium officinale*, *Lemna minor* agus *Epilobium hirsutum*.

### 8.3.4.16 Seascainn ard-luibhe (FS2)

Taifeadadh formhór den riasc luibhe ard feadh bhruacha Abhainn na Gaillimhe agus timpeall ar imill Lochanna Chúil Each – áit a raibh limistéir níos mó sa bhogadh ag síneadh ó thuaidh ó na lochanna, ar gach taobh den Bhóthar Nua.

Ba iad na speicis ba mhinice a taifeadadh ná *Carex disticha*, *Epilobium hirsutum*, *Equisetum fluviatile*, *Filipendula ulmaria*, *Calliergonella cuspidata*, *Festuca arundinacea*, *Lysimachia vulgaris*, *Phragmites australis*, *Mentha aquatica*, *Valeriana officinalis* agus *Galium palustre*. I measc na speiceas eile a bhí ann bhí *Calystegia sepium*, *Iris pseudacorus*, *Menyanthes trifoliata*, *Sparganium erectum*, *Angelica sylvestris*, *Berula erecta* agus *Lythrum salicaria*.

Bhí formhór de limistéir FS2 ag comhfhreagairt le cineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Pobail imeallacha de leibhéil mhánna agus alpacha de luibh ard hidrifiliúil* [6430].

Mar gheall ar *Cladium mariscus* a bheith flúirseach bhí polagán aonair de chorcach ghiolcaí, c.700m síos an abhainn ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe ar bhruach thiar na habhann, ag comhfhreagairt leis an gcineál gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I d’eanach *Cladium* [*7210].

Sa chuid thiar den limistéar staidéir (Ch. 3+400), bhí draein fásta freisin, le *Apium nodiflorum*, *Iris pseudacorus* agus *Epilobium hirsutum*, taifeadta gar d’Acomhal na Cloiche Scoilte a bhí ag comhfhreagairt don rangú FS2.

### 8.3.4.17 Aibhneacha creimthe/ar thalamh ard (FW1)

Is iad seo a leanas na haibhneacha creimthe ar thalamh ard atá á trasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe: Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna (agus craobh), Sruthán Thóin na Brocaí agus Sruthán Chnoc na Cathrach.

Tá go leor de na srutháin sin séasúrach ina sroicheadh uachtair, áit a bhfuil siad á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl mórán fásra sa sruthán féin, agus gar do na trasrianta beartaithe don fhorbairt bóthair atá beartaithe, tá sé imithe fiáin le scrobarnach agus fásra fásta ó na gnáthóga talún atá cóngarach. San áit ina bhfuil sé, tá an cumhdach teoranta agus áiríodh na speicis seo a leanas: *Apium nodiflorum*, *Fontinalis antipyretica*, *Fontinalis squamosa*, *Hyocomium armoricum,Mentha aquatica, Nasturtium officinale* agus *Ranunculus flammula*.

Tá cur síos ar shaintréithe fisiceacha chainéil éagsúla na sruthán/aibhneacha sa tuarascáil iascaigh in **Aguisín A.8.17**. Tá sonraí maidir le luach iascaigh na sruthchúrsaí seo tugtha freisin in **Aguisín A.8.17** agus pléitear é i **gCuid 8.3.12** thíos.

### 8.3.4.18 Aibhneacha sil-leagain/ísealchríocha (FW2)

Bhí péire de na sruthchúrsaí laistigh de limistéar staidéir na scéime aicmithe mar aibhneacha sil-leagain/ísealchríche: Abhainn na Gaillimhe agus Abhainn Thír Oileáin.

***Abhainn na Gaillimhe, ó Thóin an Churraigh go Caisleán Mhionlaigh***

Ba algaí caraifíte is mó a bhí san fhásra sa chuid seo den abhainn, go háirithe *Chara rudis.* San abhainn uachtarach gar d'acomhal Friar's Cut, áiríodh leis an gcladach uisce cúil ina raibh corcach ghiolcaí agus uisce oscailte le *Chara curta, Chara virgata annulata* agus screamh cianbhaictéarach ar chlocha, mar atá ar chladach Loch Coirib, agus lochanna cailcreacha eile. In uisce níos doimhne (1m) bhí *Chara rudis* fairsing le fásra ag teacht chun cinn lena n-áirítear *Schoenoplectus lacustris* agus *Phragmites australis*. Bhí *chara rudis* ag síneadh go 2m ar domhain mar aon le *Zannichella palustris*, *Potamogeton lucens*, beagán *Potamogeton crispus* agus*Myriophyllum spicatum*, agus bhí *Chara globularis* ag síneadh go 3m mar aon le roinnt *Nuphar lutea* agus flúirse diúilicíní riabhacha. Ag an domhain seo, tagann marla sliogánach in ionad na móna dorcha agus na puití uisce níos éadoimhne. Sa phríomhchainéal téann an abhainn le fána go géar agus bhí *Potamogeton perfoliatus* le feiceáil.

Leath bealaigh idir Friar's cut agus Cé Mionlaigh bhí an abhainn roinnte ag bruach fada caol ina raibh seascann (527715 728520 ITM) leis na speicis seo a leanas: *Eleocharis palustris, Hippuris vulgaris, Lythrum salicaria, Ranunculus flammula, Valeriana officinalis, Iris pseudacorus, Schoenoplectus lacustris, Sparganium* sp., *Menyanthes trifoliata, Calystegia sepium* agus *Myosotis laxa*.[26]

Bhí corcach ghiolcaí sa chainéal thiar nach bhfuil chomh domhain, go doimhneacht 2m, agus ina dhiaidh sin *Chara virgata annulata, Lemna trisulca, Elodea canadensis* agus *Nuphar lutea* in uisce 1m ar domhain, agus ceapacha *Potamogeton perfoliatus* ag 2m. In áiteanna, bhí limistéir loma puitigh coilínithe ag *Nitella opaca*. Chuaigh an príomhchainéal le fána go géar le *Potamogeton perfoliatus, Lemna trisulca*, agus *Elodea canadensis*, agus ina dhiaidh sin talamh lom le diúilicíní riabhach.

---

[26] Tabhair faoi deara go bhfuil na speicis tugtha anseo ar mhaithe le faisnéis agus níl siad in **Aguisín A.8.20** toisc go bhfuil baint acu leis an ngnáthóg oileáin

Ar an mbruach thoir bhí *Chara rudis* fairsing le roinnt *Potamogeton berchtoldii*, *Lemna trisulca* agus *Elodea canadensis*.

Faoi Ché Mhionlaigh d’éirigh an abhainn caol agus domhain le beagán fásra seachas *Potamogeton perfoliatus* agus *Potamogeton natans* mar aon le roinnt *Chara rudis* in uisce éadomhain gar don bhruach.

Bhí éagsúlacht mhór i ndoimhneacht na habhann, le cuid mhaith limistéar éadomhain cois cladaigh, ach bhí an príomhchainéal gearrtha i marla geal a sháraigh doimhneacht 8m in áiteanna. Bhí an fásra srianta den chuid is mó go dtí uisce níos lú ná 4m, ach bhí an diúilicín riabhach níos doimhne ná sin. Bhí plandaí bláthaithe éagsúla ann, go háirithe salachar linne (*Potamogeton* sp.). Bhí corcach ghiolcaí *Schoenoplectus* agus *Phragmites* i mbeagnach gach limistéar a bhí éadomhain ar aon bhealach.

***Príomhchainéal Abhainn na Gaillimhe, ó Chaisleán Mhionlaigh go dtí Droichead na mBradán***

Sa chuid seo den abhainn, bhí an fásra srianta den chuid is mó go dtí limistéir éadoimhne feadh an bhruaigh agus ní raibh sé ach i ndomhain <2m; go príomha mar chorcach ghiolcaí de *Phragmites australis* nó *Equisetum fluviatile*, le roinnt clampaí de *Potamogeton natans* agus *Carex rostrata.* Bhí *Chara rudis* agus roinnt *Chara virgata* coitianta san fho-chladach éadomhain. Bhí comhdhéanamh na speiceas cosúil leis an gcuid suas an abhainn, ach ní raibh siad chomh héagsúil.

***Uisce cúil ar an taobh thoir d’Oileán Shiúrdáin***

Cuimsíodh sa chuid sin linnte agus cainéil bheaga gearrtha trí corcach ghiolcaí fhorleathan de *Phragmites australis*, *Schoenoplectus lacustris* agus *Cladium mariscus* Bhí flóra éagsúil sa limistéar, go mór mhór caraifítí, ach cosúil le gach gnáthóg a ndearnadh suirbhé orthu bhí comharthaí eotrófaithe iontu. I measc na speiceas ansin bhí *Chara aspera, Chara contraria, Chara curta, Chara globularis, Chara rudis, Chara vulgaris agus Chara virgata*. I measc na speiceas uisceach ann bhí *Potamogeton pectinatus, Potamogeton perfoliatus, Potamogeton lucens, Potamogeton natans, Myriophyllum spicatum, Elodea canadensis, Berula erecta, Lemna trisulca, Nuphar lutea, Oenanthe aquatica*. Bhí bratfhiaile nó *Cladophora* sp. coitianta, rud a thug eotrófú le fios.

***Abhainn Thír Oileáin***

Bhí flóra uisceach teoranta in Abhainn Thír Oileáin lena n-áirítear *Potamogeton natans*, *Callitriche* sp., *Alisma plantago aquatica*, *Chara hispida/rudis*, *Myriophyllum spicatum*, *Sparganium* sp. agus *Elodea canadensis*. Thug limistéir mhóra de phuiteach lom agus forbairt fhorleathan de bhratfhiaile, *Cladophora* sp. a thug eotrófú suntasach le fios agus bhí cáilíocht an uisce go dona (féach **Cuid 8.3.3.12** agus **Aguisín A.8.17** le haghaidh torthaí na monatóireachta ar cháilíocht an uisce maicrinveirteabraigh ar Abhainn Thír Oileáin).

### 8.3.4.19 Díoga draenála (FW4)

Bhí ceangal ag díoga draenála le tailte talmhaíochta, imill na láithreán talamh portaigh, laistigh agus timpeall ar Lochanna Chúil Each, ag Loch Bhaile an Dúlaigh, agus ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

Feadh na coda den fhorbairt bóthair atá beartaithe, bhí speicis cosúil le *Angelica sylvestris*, *Potamogeton polygonifolius*, *Ranunculus flammula* agus *Ranunculus repens* sna díoga draenála.

I measc na speiceas plandaí a bhain leis na díoga draenála a bhí timpeall ar Lochanna Chúil Each: *Apium nodiflorum*, *Lemna* sp., *Filipendula ulmaria* agus *Lythrum salicaria*. Bhí an príomhchainéal a nasc Lochanna Chúil Each le hAbhainn na Gaillimhe aicmithe mar dhíog draenála, a bhfuil clampaí an-dlúth de *Phragmites australis* agus *Cladium mariscus* timpeall air. Bhí sé suas le 1m domhain le *Nuphar lutea*, *Menyanthes trifoliata*, *Elodea canadensis*, *Chara rudis*, agus *Lemna trisulca* ag fás sa chainéal. Bhí *Ranunculus lingua* feiceálach sa chorcach ghiolcaí ar imeall an chainéil.

Ba chosúil go ndearnadh dreideáil ar na díoga draenála ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus bhí flóra teoranta de *Chara virgata*, *Chara aspera*, *Chara aculeolata*, *Chara rudis*, *Potamogeton coloratus* agus *Lemna trisulca* ann.

Thacaigh na díoga draenála ag Ráschúrsa na Gaillimhe raon éagsúil speiceas plandaí lena n-áirítear, *Equisetum fluviatile*, *Carex rostrata*, *Apium nodiflorum*, *Agrostis stolonifera*, *Potamogeton natans*, *Nasturtium officinale*, *Juncus articulatus*, *Typha latifolia*, *Glyceria fluitans*, *Sparganium erectum*, *Eleocharis palustris*, *Ranunculus flammula*, *Mentha aquatica*, *Galium uliginosum* agus *Samolus valerandi*.

### 8.3.4.20 Talamh féaraigh talmhaíochta feabhsaithe (GA1)

Bhí talamh féaraigh talmhaíochta feabhsaithe ar fud na háite, agus limistéir níos mó taifeadta ag an Cheapach, idir Bóthar Bhaile Mhóinín agus Cnoc na Brón, timpeall ar Acomhal Bhóthar Rathúin, ag Páirc na Sceach, gar do Bhóthar Nua agus an Seanbhóthar (Mionlach/Cúil Each), agus Bóthar Áth Cinn an N84 go dtí Acomhal Chúil Each a bhí ann cheana. I measc na ngnáth-speiceas a bhí ann: speicis fhéir cosúil le *Lolium perenne*, *Agrostis stolonifera*, *Dactylis glomerata*, *Holcus lanatus*, *Poa annua*, *Poa trivialis* and *Cynosurus cristatus*; agus speicis luibhe lena n-áirítear *Trifolium repens*, *Trifolium pratense*, *Bellis perennis*, *Urtica dioica*, *Plantago lanceolata*, *Plantago major*, *Cerastium fontanum*, *Cerastium glomeratum*, *Cirsium arvense*, *Potentilla anserina*, *Ranunculus repens*, *Rumex obtusifolius*, agus *Taraxacum officinale* agg.

### 8.3.4.21 Talamh féaraigh conláiste (feabhsaithe) (GA2)

Seachas talamh féaraigh conláiste a bhain le gairdíní cónaithe agus limistéir thírdhreacha i gcoimpléisc thráchtála/thionsclaíoch, ba iad an dá limistéir ba mhó den chineál gnáthóige seo na páirceanna imeartha ag Campas Spóirt OÉG agus an ráschúrsa ag Ráschúrsa na Gaillimhe. I measc na ngnáth-speiceas féir a bhí ann bhí *Agrostis stolonifera*, *Agrostis capillaris*, *Cynosurus cristatus*, *Holcus lanatus*

agus *Lolium perenne*, mar aon leis na speicis luibhe seo a leanas: *Bellis perennis*, *Cirsium arvense*, *Cirsium palustre*, *Cirsium vulgare*, *Plantago lanceolata*, *Plantago major*, *Potentilla anserina*, *Ranunculus repens*, *Rumex crispus*, *Rumex obtusifolius*, *Senecio jacobaea*, *Sonchus asper*, *Taraxacum officinale* agg. agus *Trifolium pratense*.

### 8.3.4.22 Riasc (GM1)

Sa dá limistéar bheaga réisc ag Na Foraí Maola (Ch. 1+100) bhí na speicis seo *Filipendula ulmaria*, *Lythrum salicaria*, *Juncus effusus* with *Ranunculus acris*, *Potentilla anserina*, *Mentha aquatica*, *Typha latifolia*, *Scrophularia auriculata* agus bhí *Angelica sylvestris* ann freisin.

Bhí limistéar beag gnáthóige réisc ag an mBaile Ard Thiar (Ch. 3+100). I measc na ngnáth-speiceas bhí cinn cosúil le *Lythrum salicaria*, *Mentha aquatica*, *Potentilla palustris*, *Myosotis scorpioides,* and *Hydrocotyle vulgaris* were present along with *Juncus articulatus*, *Carex panicea*, *Ranunculus acris*, *Leontodon autumnalis*, *Solidago virgaurea* agus *Hypericum perforatum*.

Ó thuaidh de Choill Bhearna (c.55m soir ó theorainn na forbartha atá beartaithe ag Ch. 3+900) bhí riasc gar do bhruach thoir Shruthán Thóin na Brocaí. I measc na speiceas a bhí ann bhí *Holcus lanatus*, *Festuca rubra*, *Molinia caerulea*, *Anthoxanthum odoratum*, *Filipendula ulmaria*, *Angelica sylvestris*, *Lythrum salicaria*, *Carex disticha*, *Carex nigra*, *Equisetum fluviatile*, *Valeriana officinalis*, *Potentilla palustris*, *Potentilla erecta*, *Calliergonella cuspidata* agus *Juncus acutiflorus*.

Bhí na speicis seo a leanas sa limistéar réisc gar do Acomhal Bhóthar Rathúin (siar ó Ch. 1+900 feadh Bhóthar Ceangail an N59 ó Dheas): *Juncus effusus*, *Hydrocotyle vulgaris*, *Juncus acutiflorus*, *Agrostis stolonifera*, *Epilobium hirsutum*, *Typha latifolia*, *Epilobium palustre*, *Lotus pedunculatus*, *Filipendula ulmaria*, *Calliergonella* sp.

Bhí na speicis seo a leanas sa limistéar réisc ag an gCaisleán Gearr (Ch. 13+000): *Juncus acutiflorus*, *Agrostis stolonifera*, *Galium palustre*, *Carex nigra*, *Mentha aquatica*, *Comarum palustre*, *Calliergonella cuspidata*, *Epilobium palustre* agus *Potentilla anserina*. Go háitiúil tá *Carex disticha*, *Carex panicea*, *Carex echinata* agus *Carex rostrata* agus tá *Cirsium palustre* fairsing freisin. I measc speiceas eile bhí *Juncus effusus, Luzula campestris, Menyanthes trifoliata, Hypericum tetrapterum, Filipendula ulmaria, Carex hirta, Molinia caerulea, Salix aurita, Anthoxanthum odoratum, Hydrocotyle vulgaris, Persicaria amphibia, Eleocharis palustris, Glyceria fluitans, Apium nodiflorum, agus Ranunculus repens.* Ag na himill bhí *Centaurea nigra*, *Briza media*, *Knautia arvensis*, *Leucanthemum vulgare* agus *Ilex aquifolium.*

### 8.3.4.23 Talamh féaraigh tirim cailcreach agus neodrach (GS1)

Bhí paistí talamh féaraigh neodrach scaipthe feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe soir ó Abhainn na Gaillimhe, a bhain tríd is tríd le tailte talmhaíochta nach bhfuil bainistithe go dlúth agus faoi réir ag innilt ar dhéine íseal. I measc na ngnáth-speiceas a taifeadadh bhí *Agrostis stolonifera*, *Agrostis*

*capillaris*, *Holcus lanatus*, *Cynosurus cristatus*, *Anthoxanthum odoratum*, *Lolium perenne* agus *Dactylis glomerata*. I measc na speiceas luibhe bhí *Achillea millefolium, Centaurea nigra, Prunella vulgaris, Lotus corniculatus, Trifolium repens, Trifolium pratense*, *Rumex acetosa*, *Urtica dioica*, *Senecio jacobaea*, *Ranunculus repens*, *Prunella vulgaris, Plantago lanceolata* agus *Taraxacum officinalis* agg.

Mar gheall ar an ngeolaíocht bhunúsach soir ó Abhainn na Gaillimhe, bhí an ghnáthóg sin i bhfad níos forleithne soir ón abhainn agus léiríodh é sin san éagsúlacht mhór speiceas, agus go háirithe speicis chailciarrthacha, a taifeadadh.

Níor chomhfhreagraigh móramh na limistéar talamh féaraigh cailcreach le cineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Talamh féaraigh tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar shubstráití cailcreacha (Festuco-Brometalia) (* láithreáin mhagairlín thábhachtacha)* [*6210/6210], i ngeall ar easpa dóthain speiceas táscach sa bháinseach. I measc na ngnáth-speiceas a taifeadadh bhí *Cynosurus cristatus*, *Holcus lanatus*, *Festuca rubra*, *Dactylis glomerata*, *Agrostis stolonifera*, *Lolium perenne*, *Daucus carota*, *Lotus corniculatus*, *Galium verum*, *Linum catharticum*, *Centaurea nigra*, *Plantago lanceolata*, *Cirsium arvense*, *Senecio jacobaea*, *Prunella vulgaris*, *Trifolium repens*, *Ranunculus acris*, *Trifolium pratense* agus *Taraxacum officinale* agg.

I gcuid mhaith limistéar bhí na tailte féaraigh chailcreacha ag comhfhreagairt le cineál gnáthóige talamh féaraigh cailcreach Iarscríbhinn I i ngeall ar dóthain speiceas táscach dearfach/ ar ardchaighdeán dearfach (tar éis O'Neill *et al.*, 2013). I measc na speiceas táscach ardchaighdeáin a taifeadadh i dtalamh féaraigh cailcreach laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe bhí *Antennaria dioica*, *Anthyllis vulneraria*, *Asperula cynanchica*, *Briza media*, *Campanula rotundifolia*, *Carex caryophyllea*, *Carlina vulgaris*, *Koeleria macrantha* agus *Linum catharticum*. I measc na speiceas táscach dearfach a taifeadadh bhí *Carex flacca*, *Ctenidium molluscum*, *Daucus carota*, *Galium verum*, *Helictotrichon pubescens*, *Leontodon hispidus*, *Lotus corniculatus*, *Pilosella officinarum*, *Ranunculus bulbosus*, *Sesleria caerulea*, *Thymus polytrichus* agus *Trisetum flavescens*.

Laistigh de cSAC Loch Coirib, taifeadadh talamh féaraigh cailcreach ag trí shuíomh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: ar bhruach thoir thrasnú Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe (Ch. 9+400 – Ch. 9+475), feadh an fhuaráin/ghleanna chomh fada le Lochanna Chúil Each (Ch. 9+950), agus ó thuaidh agus siar ó Chairéal Leacaigh (Ch. 11+000 – Ch. 11+800) - féach **Fíor 8.14.7** agus **Fíor 8.14.8**.

Ar bhruach thoir Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe ag trasnú an talamh féaraigh bhí pobal fásra den mhianach*Cynosurus cristatus – Trifolium repens* (3c) (an chuid is faide siar) agus pobal fásra *Cynosurus cristatus – Trifolium pratense* (3d) (an pháirc ab fhaide soir) agus ní raibh sé ag comhfhreagairt do cheachtar de na cineálacha gnáthóige in Iarscríbhinn I. Bhí limistéar de chineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Tailte féaraigh tirim leathnádúrtha agus faiséis scrobarnaí ar shubstráití cailcreacha (Festuco-Brometalia) (* láithreáin mhagairlín thábhachtacha)* [*6210/6210], i dtreo an oirdheiscirt.

Feadh an fhuaráin/ghleanna chomh fada le Lochanna Chúil Each (tá teorainn cSAC Loch Coirib anseo cóngarach don fhorbairt bóthair atá beartaithe) bhí an talamh féaraigh de mhianach phobal fásra *Holcus lanatus* – *Lolium perenne* grassland (2c) agus ní raibh siad ag comhfhreagairt d'aon cheann de na cineálacha gnáthóige in Iarscríbhinn I.

Timpeall ar imill Chairéal Leacaigh agus siar ó Ch. 11+000, is den phobal fásra talamh féaraigh *Briza media* – *Thymus polytrichus* (3a) a bhí an talamh féaraigh. I gcuid mhaith cásanna, go háirithe ó thuaidh agus siar ó theorainn an chairéil, bhí an talamh féaraigh *Briza media* – *Thymus polytrichus* ag comhfhreagairt d'aicmí tosaíochta agus neamh-thosaíochta chineál gnáthóige talamh féaraigh cailcreach Iarscríbhinn I. Thacaigh na hithreacha tanaí le báinseach an-éagsúil ina raibh *Briza media*, *Carex flacca*, *Sesleria caerulea*, *Potentilla erecta*, *Succisa pratensis*, *Centaurea nigra*, *Galium verum* and *Leucanthemum vulgare* coitianta. I measc na mbrífít bhí *Scleropodium purum* agus *Ctenidium molluscum*.

Tá achoimre thíos i **dTábla 8.8** ar an ngnáthóg talamh féaraigh chailcrigh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.8: Limistéir de thalamh féaraigh cailcreach de ghnáthóg Iarscríbhinn I [*6210/6210] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| **Limistéar** | **Pobal Fásra**[27] |
|---|---|
| Laistigh de cSAC Loch Coirib c.27m ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [6210] |
| Laistigh de cSAC Loch Coirib c.20m ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe idir Ch. 11+050 agus Ch. 11+150 | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [6210] |
| Laistigh de cSAC Loch Coirib os cionn Thollán Leacaigh (Ch. 11+300) agus feadh theorainn thiar agus thuaidh de Chairéal Leacaigh idir Ch. 11+000 agus Ch. 11+800 | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [*6210] |
| Cóngarach do theorainn na forbartha atá beartaithe ag Ch. 12+000 | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [6210] |
| Siar ó Bhóthar Áth Cinn an N84 Ch. 12+075 – Ch. 12+125 | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [6210] |
| Feadh theorainn na forbartha atá beartaithe ag AR 12/02 | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [6210] |
| An taobh ó thuaidh d'Acomhal Chúil Each idir Ch. 16+200 – Ch. 16+275 | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [6210] |
| Cóngarach don taobh thiar-theas d'Acomhal Chúil Each | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [6210] |
| Cóngarach do theorainn ó dheas Acomhal Chúil Each | 3a Talamh féaraigh *Briza media – Thymus polytrichus* [6210] |

[27] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas planda a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu in *The Irish semi-natural grasslands survey 2007-2012. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 78* (O'Neill et al., 2013)

### 8.3.4.24 Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féir (GS2)

Bhí an cineál seo gnáthóige le feiceáil ar fud an limistéir staidéir agus áiríodh leo páirceanna talmhaíochta tréigthe, páirceanna a bhí á mbainistiú i gcomhair aoiligh/féir, limistéir féir tréigthe a bhain le gairdíní cónaithe nó talamh fuílligh, agus ciumhaiseanna ar thaobh bóithre.

I measc na ngnáth-speiceas a bhí ann, bhí *Arrhenatherum elatius*, *Dactylis glomerata*, *Holcus lanatus*, *Festuca rubra*, *Phleum pratense*, *Alopecurus pratensis*, *Agrostis stolonifera*, *Anthoxanthum odoratum* agus *Lolium perenne*. I measc na speiceas luibhe bhí *Centaurea nigra*, *Heracleum sphondylium*, *Calystegia sepium*, *Urtica dioica*, *Plantago lanceolata*, *Cirsium arvense*, *Ranunculus repens*, *Ranunculus acris*, *Rumex acetosa* subsp. *acetosa*, *Rumex obtusifolius*, *Cerastium fontanum*, *Potentilla anserina*, agus *Scorzoneroides autumnalis*.

Ar fud na coda thoir de limistéar staidéir na scéime [28], i roinnt cásanna chomhfhreagraigh an cineál gnáthóige seo le gnáthóg Iarscríbhinn I *Móinéir féir ísealchríche (Alopecurus pratensis, Sanguisorba officinalis)* [6510]. Níl ceachtar de na limistéir sin laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, áfach.

### 8.3.4.25 Talamh féaraigh aigéadach tirim-bogthais (GS3)

Taifeadadh talamh féaraigh aigéadach tirim-bogthais go forleathan feadh na coda thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe i bpáirceanna talmhaíochta nach raibh an oiread dlúth-bhainistíochta á déanamh orthu, go minic ar imill láithreáin talamh móna/fraoigh, agus corruair i mósáic le talamh féaraigh fliuch. I gcuid mhaith cásanna, tugadh faoi deara go raibh an talamh féaraigh lag ó thaobh speiceas de mar gheall ar innilt. I measc na speiceas saintréitheach bhí: na féir, *Agrostis capillaris*, *Cynosurus cristatus*, *Anthoxanthum odoratum*, *Lolium perenne*, *Nardus stricta* agus *Festuca rubra*; speicis luibhe cosúil le *Rumex acetosa*, *Succisa pratensis*, *Potentilla erecta*, *Galium saxatile*, *Veronica officinalis*, *Achillea millefolium*, *Trifolium pratense* agus *Juncus articulatus*; agus speicis chaonaigh cosúil le *Hylocomium splendens*, *Hypnum cupressiforme*, *Rhytidiadelphus squarrosus* agus *Pleurozium schreberi*. Is díol suntais é an taifead de *Botrychium lunaria*, a species liostaithae mar Beagnach i mBaol ar an Liosta Dearg do Phlandaí (Jackson et al., 2016) ó Chnoc na Brón/Chnoc na Fosca in 2015, i gceantar atá lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe.

Ag suíomh amháin i limistéar staidéir na scéime bhí Carrach, idir Sráidbhaile Bhearna agus Coill Bhearna – bhí Talamh féaraigh aigéadach tirim-bogthais ag comhfhreagairt le cineál gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I *tailte féaraigh Nardus saibhir ó thaobh speiceas, ar substráití siliciúla i limistéir sléibhe (agus limistéir fo-sléibhe, i Mór-Roinn na hEorpa)* [*6230]. Mar sin féin, níl an limistéar sin laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

[28] Taifeadadh beagnach gach ceann de chineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I 6510 soir ó Abhainn na Gaillimhe.

### 8.3.4.26 Talamh féaraigh fliuch (GS4)

Taifeadadh talamh féaraigh fliuch ar fud an limistéir staidéir scéime ach níos minice siar ó Loch Bhaile an Dúlaigh. Bhí idir chinn a bhí lag ó thaobh speiceas de a bhain le tailte a bhí á mbainistiú i gcomhair talmhaíochta ann go dtí cinn níos éagsúla le limistéir a bhí saibhir ó thaobh speiceas de a bhain le hAbhainn na Gaillimhe/Lochanna Chúil Each agus ag Loch Bhaile an Dúlaigh.

Gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe, cuimsíodh leis na páirceanna talamh féaraigh fliche níos fearr, a bhí á mbainistiú i gcomhair talmhaíochta, speicis luachra ginearálta cosúil le *Juncus effusus*, *Juncus articulatus* agus *Juncus conglomeratus*, speicis fhéir lena n-áirítear *Agrostis stolonifera*, *Arrhenatherum elatius*, *Holcus lanatus*, agus *Lolium perenne*, agus níos lú speiceas luibhe talamh féaraigh fliuch i láthair ná limistéir leathnádúrtha. I measc na speiceas luibhe a taifeadadh bhí *Angelica sylvestris*, *Carex flacca*, *Carex panicea*, *Cirsium palustre*, *Filipendula ulmaria*, *Galium palustre*, *Hydrocotyle vulgaris*, *Iris pseudacorus*, *Lotus pedunculatus*, *Lythrum salicaria*, *Mentha aquatica*, *Potentilla anserina*, *Potentilla erecta*, *Ranunculus acris*, *Ranunculus repens*, *Ranunculus flammula*, *Stachys palustris* agus *Succisa pratensis*. I measc na ngnáth-speiceas caonaigh bhí *Calliergonella cuspidata* agus *Rhytidiadelphus squarrosus*.

Taifeadadh cineál talamh féaraigh fliuch, ina bhfuil *Molinia caerulea* i gceannas, sa chuid thiar de limistéar staidéir na scéime agus bhí baint aige le himill roinnt de na limistéir tailte móna gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe – ag Na Foraí Maola Thiar (ag Ar 0/04), ag Troscaigh Thiar (Ch. 2+350) agus ag Cnoc na Brón/Cnoc na Fosca (Ch. 7+750). Bhí na tailte féaraigh sin ag comhfhreagairt leis an 1d *Molinia caerulea – Potentilla erecta* pobal fásta féaraigh (O'Neill et al., 2013). Ag láithreán na Foraí Maola Thiar, bhí *Potentilla erecta*, *Succisa pratensis*, *Anthoxanthum odoratum*, *Ranunculus acris*, *Ranunculus repens*, *Cirsium vulgare* agus *Vicia sepium* sa bháinseach ach is beag acu a bhí ann. Ag Troscaigh Thiar, bhí *Juncus acutiflorus* flúirseach sa bháinseach le *Sphagnum fallax*, *Succisa pratensis*, *Hylocomium splendens*, *Potentilla erecta*, *Anthoxanthum odoratum*, *Rhytidiadelphus loreus*, *Thuidium* sp., *Rumex acetosa* agus *Calluna vulgaris* (neamhchoitianta) ann freisin. Ag Cnoc na Brón/Cnoc na Fosca, bhí Juncus acutiflorus, Sphagnum fallax, Carex panicea, Potentilla erecta, Succisa pratensis, Erica tetralix (neamhchoitianta), Lythrum salicaria agus Calluna vulgaris (neamhchoitianta) ann freisin.

Ag dhá láthair laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe – ag na Foraí Thiar agus ag Loch Bhaile an Dúlaigh – chomhfhreagraigh talamh féaraigh fliuch le cineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Móinéir Molinia ar ithreacha cailcreacha, móinteacha nó créúla líonta le siolta* (*Molinion caeruleae*) [6410]. Bhí limistéar de ghnáthóg móinéir *Molinia* freisin cóngarach do theorainn na forbartha beartaithe ag Ch. 3+800.

Ag Na Foraí Maola, bhí an speiceas táscach seo a leanas sa mhóinéar *Molinia* don chineál gnáthóige seo Iarscríbhinn I: *Juncus conglomeratus*, *Carex echinata*, *Carex flacca*, *Filipendula ulmaria*, *Galium palustre*, *Juncus articulatus*, *Lotus pedunculatus*, *Molinia caerulea*, *Potentilla erecta* agus *Mentha aquatica*.

Tá Loch Bhaile an Dúlaigh timpeallaithe le banda de thalamh féaraigh fliuch a chomhfhreagraíonn leis an gcineál gnáthóige Iarscríbhinn I móinéar *Molinia.* Bhí an speiceas táscach ardchaighdeáin deimhneach/deimhneach san fhásra *Carex pulicaris*, *Cirsium dissectum*, *Achillea ptarmica*, *Carex echinata*, *Carex panicea*, *Carex nigra*, *Filipendula ulmaria*, *Juncus articulatus*, *Molinia caerulea* agus *Potentilla erecta*. Ba é *Calliergonella cuspidata* an príomhspeiceas brífíte, ach taifeadadh *Climacium dendroides agus Rhytidiadelphus squarrosus* ann freisin i dtreo imill na gnáthóige innilte. Ag imill na móinéar fliuch, áit ina raibh *Molinia caerulea* an-ghann nó ní raibh sé ann in aon chor, i measc na speiceas eile a bhí ann níos minice bhí *Potentilla anserina*, *Carex nigra*, *Holcus lanatus*, *Ranunculus repens*, *Galium palustre*, *Festuca arundinacea* agus *Eleocharis palustris*. Sna limistéir sin níor chomhfhreagraigh an talamh féaraigh leis an gcineál gnáthóige Iarscríbhinn I. Tugadh faoi deara gur tharla sé mar gheall ar an easpa innilte ag an gceann ó dheas go raibh paistí *Molinia caerulea* ag éirí an-tom agus ní raibh an ghnáthóg chomh héagsúil ó thaobh speiceas de níos mó. Seans freisin go bhfuil draenáil agus triomú na móna ag imirt tionchair ar chomhdhéanamh na gnáthóige timpeall ar an loch a bheag nó a mhór.

Tá achoimre thíos i **dTábla 8.9** den ghnáthóg móinéar *Molinia* laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.9: Limistéir de móinéar *Molinia* ghnáthóg Iarscríbhinn I [6410] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| **Limistéar** | **Pobal Fásra**[29] |
|---|---|
| Na Foraí Maola Thiar ag Ch. 0+900 | 1c talamh féaraigh *Molinia caerulea – Succisa pratensis* |
| Ó thuaidh de Choill Bhearna Ch. 3+800 | 1c talamh féaraigh *Molinia caerulea – Succisa pratensis* |
| Loch Bhaile an Dúlaigh, Ch. 12+250 – Ch. 12+400 | 1d talamh féaraigh *Molinia caerulea – Pótaintille erecta* |

[29] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas planda a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu in *The Irish semi-natural grasslands survey 2007-2012. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 78* (O'Neill et al., 2013)

### 8.3.4.27 Raithneach thiubh (HD1)

Bhí an cineál gnáthóige seo níos fairsinge feadh na coda thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe, a bhain le *Pteridium aquilinum* agus ceannas acu i bpáirceanna talmhaíochta tréigthe (mar aon le cumhdach driseacha i gcuid mhaith cásanna), ciumhaiseanna páirceanna talmhaíochta nach bhfuil bainistíocht chomh dian á déanamh orthu, agus timpeall ar imill láithreán talamh portaigh mar aon le cumhdach tiubh aitinn.

### 8.3.4.28 Fraoch siliciúil tirim (HH1)

Bhí paistí fraoch siliciúil tirim feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe siar ó Bhóthar N59 Mhaigh Cuilinn, iad sách beag ó thaobh limistéir de, agus iad ceangailte go minic le, nó ag cruthú mósáic le fraoch fliuch, portach agus le talamh féaraigh aigéadach. Chomhfhreagraigh gach limistéar de phobail fásra fraoigh thirim a taifeadadh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe leis an bpobal fásra fraoch tirim (DH1) *Ulex gallii - Erica cinerea*, agus *Ulex gallii*le feiceáil mar aon le *Erica cinerea* nó *Calluna vulgaris*.

I measc na ngnáth-speiceas fraoch tirim bhí an speiceas planda soithíoch *Ulex gallii*, *Calluna vulgaris*, *Erica cinerea*, *Molinia caerulea*, *Daboecia cantabrica*, *Potentilla erecta*, *Arctostaphylos uva-ursi*, *Pteridium aquilinum*, *Carex binervis*, *Carex panacea*, *Carex echinata*, mar aon leis an speiceas caonaigh *Rhytidiadelphus squarrosus*, *Hypnum cupressiforme*, *Hypnum jutlandicum*, agus *Pseudoscleropodium purum*, agus an caonach *Cladonia* cf *portentosa*. I measc na speiceas eile a taifeadadh bhí *Agrostis capillaris*, *Succisa pratensis*, *Teucrium scorodonia*, *Hylocomium splendens*, *Solidago virgaurea*, *Viola* sp., *Dicranum scoparium* agus *Campylopus introflexus*.

Chomhfhreagraigh gach cás d'fhraoch siliciúil tirim le cineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Fraoch tirim na hEorpa* [4030]. Tá achoimre thíos i **dTábla 8.10** den ghnáthóg fraoch tirim siliciúil laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe**.**

**Tábla 8.10: Limistéir den chineál siliciúil d'Fhraoch tirim [4030] ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| Limistéar | Pobal Fásra30 |
|---|---|
| Timpeallán Bhearna Thiar/R336 idir Ch. 0+000 agus Ch. 0+050 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| Ó thuaidh de Thimpeallán Thiar Bhearna idir Ch. 0+175 agus Ch. 0+450 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| Na Foraí Maola Thiar idir Ch. 0+625 agus Ch. 0+700 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |

[30] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas planda a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu sa *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 79* (Perrin et al., 2014)

| **Limistéar** | **Pobal Fásra30** |
|---|---|
| Na Foraí Maola Thiar idir Ch. 0+900 agus Ch. 1+000 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| Na Foraí Maola Thiar ag Ch. 1+075 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| Na Foraí Maola Thoir idir Ch. 1+175 agus Ch. 1+550 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| Troscaigh Thiar idir Ch. 1+700 agus Ch. 2+400 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| An Baile Ard Thoir idir Ch. 3+450 agus Ch. 3+550 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| An Baile Ard Thoir idir Ch. 3+750 agus Ch. 3+850 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| An Cheapach idir Ch. 4+725 agus Ch. 5+250 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| Bóthar Ceangail N59 ó Thuaidh idir Ch. 0+550 agus Ch. 0+600 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |
| Cnoc na Fosca idir Ch. 7+800 agus Ch. 7+975 | DH1 *Ulex gallii* - Erica cinerea fraoch tirim |

### 8.3.4.29 Fraoch tirim cailcreach (HH2)

Taifeadadh fraoch tirim cailcreach i limistéar Mhionlaigh/Chúil Each; uaireanta i bpaistí gnáthóige ar leith níos mó ach níos minice i mósáic le haolchloch lomáin, scrobarnach agus/nó talamh féaraigh cailcreach. Bhí an dá limistéar níos mó ó thuaidh den Seanbhóthar agus ar thalamh ard gar do chladach thoir an chuid is faide ó thuaidh de Lochanna Chúil Each. I measc na ngnáth-speicis phlandaí a taifeadadh bhí na plandaí soithíocha *Calluna vulgaris*, *Molinia caerulea*, *Sesleria caerulea*, agg. *Rubus fruticosus*, *Carex panicea*, *Carex flacca*, *Carex pulicaris*, *Succisa pratensis*, *Rosa spinosissima*, *Potentilla erecta*, *Hedera helix*, agus caonaigh cosúil le *Thuidium tamariscinum*, *Breutelia chrysocoma* agus *Scleropodium purum*.

Comhfhreagraíonn an ghnáthóg seo le pobal fásra den fraoch tirim (DH5) *Calluna vulgaris – Antennaria dioica* de chineál gnáthóige Iarscríbhinn I *fraoigh thirime na hEorpa* [4030]. Tá achoimre thíos i **dTábla 8.11** den ghnáthóg fraoch tirim cailcreach laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe**.**

**Tábla 8.11: Limistéir den chineál cailcreach d'Fhraoch tirim [4030] ghnáthóg Iarscríbhinn I laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| **Limistéar** | **Pobal Fásra** |
|---|---|
| Ó thuaidh den Seanbhóthar idir Ch. 10+450 agus Ch. 10+650 | DH5 Fraoch tirim *Calluna vulgaris – Antennaria dioica* |
| Lochanna Chúil Each | DH5 Fraoch tirim *Calluna vulgaris – Antennaria dioica* |

### 8.3.4.30 Fraoch fliuch (HH3)

Bhí fraoch fliuch den chuid is mó ar fud na coda thiar de limistéar staidéir na scéime; gan ach cúpla paiste beag den chineál gnáthóige seo soir ó Abhainn na Gaillimhe timpeall ar imill Lochanna Chúil Each. I measc na ngnáth-speicis soithíocha a taifeadadh sa cheantar sin gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe bhí *Calluna vulgaris*, *Erica tetralix*, *Schoenus nigricans*, *Trichophorum germanicum*, *Ulex gallii*, *Eriophorum angustifolium*, *Eriophorum vaginatum*, *Myrica gale*, *Potentilla erecta*, *Succisa pratensis* agus *Juncus articulatus*. I measc na ngnáth-speicis chaonaigh a taifeadadh bhí *Cladonia* cf *portentosa*, *Hylocomium splendens*, *Sphagnum capillifolium* subsp. *rubellum*, *Sphagnum cuspidatum*, *Sphagnum denticulatum*, *Sphagnum tenellum*, *Pleurozia purpurea*, *Sphagnum compactum* agus *Diplophyllum albicans*.

I ngach cás chomhfhreagraigh an ghnáthóg seo le cineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Fraoigh thirime an Atlantaigh Thuaidh le Erica tetralix* [4010]. Tá achoimre thíos i **dTábla 8.12** den ghnáthóg fraoch fliuch laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.12: Limistéir d'Fhraoch fliuch ghnáthóg Iarscríbhinn I [4010] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| **Limistéar** | **Pobal Fásra**[31] |
|---|---|
| Na Foraí Maola Thiar idir Ch. 0+600 agus Ch. 0+700 | WH7 Fraoch fliuch *Molinia caerulea – Ulex gallii* |
| Na Foraí Maola Thoir idir Ch. 0+900 agus Ch. 1+400 | WH3 fraoch fliuch/tais *Calluna vulgaris - Molinia caerulea - Sphagnum capillifolium* |
| Troscaigh Thiar – Ch. 1+850 – Ch. 2+400 | WH3 Fraoch fliuch/tais *Calluna vulgaris - Molinia caerulea - Sphagnum capillifolium* |
| An Baile Ard Thiar – Ch. 2+900 – Ch. 3+025 | WH3 Fraoch fliuch/tais *Calluna vulgaris - Molinia caerulea - Sphagnum capillifolium* |
| An Baile Ard Thoir – Ch. 3+450 – Ch. 3+825 | WH3 Fraoch fliuch/tais *Calluna vulgaris - Molinia caerulea - Sphagnum capillifolium* |
| An Cheapach – Ch. 4+800 – Ch. 5+125 | WH4b Fraoch fliuch *Trichophorum germanicum-Eriophorum angustifolium*: Fo-phobal *Calluna vulgaris* |
| Lochanna Chúil Each | WH6 Fraoch fliuch *Schoenus nigricans – Molinia caerulea – Myrica gale* |

### 8.3.4.31 Bratphortach ar thalamh íseal (PB3)

Taifeadadh Bratphortach ar thalamh íseal ar fud na coda thiar de limistéar staidéir na scéime, ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Níor taifeadadh an cineál gnáthóige seo ach amháin laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe ag Na

[31] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas planda a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu sa *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 79* (Perrin et al., 2014)

Foraí Maola Thiar (Ch. 0+650 – Ch. 0+750) áit ar chruthaigh sé mósáic le fraoch fliuch, fraoch tirim agus scrobarnach ag an gcuid is faide ó dheas de láthair talamh portaigh i bhfad níos mó laistigh de NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn. Chomhfhreagraigh thart ar 10% den limistéar gnáthóige seo leis an aicmiú seo do Bhratphortach ar thalamh íseal; cé nach raibh an cineál gnáthóige sin le feiceáil laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe

I measc na ngnáth-speicis soithíoch a bhí ann bhí *Calluna vulgaris*, *Molinia caerulea*, *Schoenus nigricans*, *Rhynchospora alba*, *Erica tetralix*, *Carex panicea*, *Eriophorum angustifolium*, *Eriophorum vaginatum*, *Narthecium ossifragum*, *Trichophorum germanicum*, *Drosera rotundifolia* agus *Potentilla erecta*. I measc na ngnáth-speicis chaonaigh bhí *Sphagnum capillifolium* ssp. *rubellum*, *Sphagnum papillosum*, *Sphagnum tenellum*, *Sphagnum cuspidatum*, *Aulacomnium palustre* agus *Odontoschisma sphagni*.

Chomhfhreagraigh an ghnáthóg de bhratphortach ar thalamh íseal leis an gcineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Bratphortaigh* [*7130]. Tá achoimre thíos i **dTábla 8.13** ar an ngnáthóg Bratphortaigh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.13: Limistéir de Bhratphortach ghnáthóg Iarscríbhinn I [*7130] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| Limistéar | Pobal Fásra[32] |
|---|---|
| Na Foraí Maola Thiar idir Ch. 0+650 agus Ch. 0+750 | BB3 *Eriophorum vaginatum* – portach *Sphagnum papillosum* |

### 8.3.4.32 Eanach agus borrfhás saibhir (PF1)

Bhí coimpléasc mór Eanaigh saibhir ag Baile an Cheantaigh agus ceann de na limistéir Eanaigh cóngarach don sruth éalaithe draenála don Bhóthar Ceangail ó Thuaidh ar an N59. Bhí an polagán eanaigh sin ag comhfhreagairt le pobal fásra RFLU1a (Borrfhás *Carex viridula oedocarpa* - *Pinguicula vulgaris* - *Juncus bulbosus;* fo-phobal caonaigh dhonn) de chineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Eanaigh alcaileacha* [7230]. Ba iad *Carex panicea* agus *Carex viridula* na speicis phlandaí ba fhlúirsí a bhí ann agus taifeadadh *Molinia caerulea*, *Juncus bulbosus* agus *Succisa pratensis* go minic freisin. I measc na speiceas eile a taifeadadh bhí *Hydrocotyle vulgaris*, *Agrostis stolonifera*, *Anagallis tenella*, *Calliergonella cuspidata*, *Carex flacca*, *Festuca rubra*, *Potentilla erecta*, *Prunella vulgaris*, *Anthoxanthum odoratum*, *Carex echinata* agus *Drepanocladus cossonii*.

Bhí limistéir Eanaigh shaibhir freisin i measc an fhásra uiscigh imeallach timpeall ar Lochanna Chúil Each (mar aon le cúpla paiste leithlisithe feadh bhruacha Abhainn na Gaillimhe, síos an abhainn ó Dhroichead Abhainn na Gaillimhe beartaithe) agus speicis mar iad seo a leanas ann: *Calliergonella cuspidata*, *Agrostis stolonifera*, *Carex nigra*, *Trifolium repens*, *Carex panicea*, *Potentilla*

[32] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas planda a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu sa *Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 79* (Perrin et al., 2014)

*anserina*, *Mentha aquatica*, *Festuca arundinacea*, *Filipendula ulmaria*, *Carex ovalis*, *Anthoxanthum odoratum*, *Cardamine pratensis*, *Epilobium palustre*, *Galium palustre*, *Juncus articulatus*, *Lythrum salicaria*, *Ranunculus flammula*, *Vicia cracca*, *Rhytidiadelphus squarrosus*, *Senecio aquaticus*, *Carex echinata* agus *Equisetum fluviatile*. Bhí roinnt de na polagáin sin ag comhfhreagairt le pobal fásra RFEN1a de chineál gnáthóige den Eanach Alcaileach Iarscríbhinn I i ngeall ar speicis dheimhneacha thácacha *Campylium stellatum*, *Carex panicea*, *Carex rostrata*, *Carex viridula s. brachyrrhyncha*, *Drepanocladus revolvens* and *Scorpidium scorpioides* a bheith ann[33]. Bhí roinnt limistéar eanaigh anseo ag comhfhreagairt do chineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Eanaigh chailcreacha le* Cladium *mariscus agus speicis den* Caricion davallianae [*7210], agus *choenus nigricans*, *Cladium mariscus*, *Campylium stellatum*, *Drepanocladus revolvens*, *Fissidens adianthoides*, *Molinia caerulea*, *Ctenidium molluscum*, *Filipendula ulmaria*, *Phragmites australis*, *Succisa pratensis* agus *Carex panicea* saintréitheach leo.

Ag Loch Bhaile an Dúlaigh, comhfhreagraíonn ceann de na limistéir ina bhfuil Eanach saibhir leis an bpobal fásra RFLU4 (Borrfhás *Schoenus nigricans – Scorpidium scorpioides*) den chineál gnáthóige Eanach Alcaileach Iarscríbhinn I agus na speicis seo a leanas ann: *Schoenus nigricans*, *Juncus subnodulosus*, *Molinia caerulea*, *Hydrocotyle vulgaris*, *Carex panacea*, *Carex lepidocarpa*, *Juncus articulatus*, *Ranunculus flammula*, *Cirsium dissectum*, *Parnassia palustris*, *Drosera anglica*, *Calliergonella cuspidata*, *Scorpidium scorpioides*, *Scorpidium cossonii*, *Campylium stellatum* agus *Myrica gale*. Comhfhreagraíonn roinnt limistéar eanaigh anseo freisin le cineál gnáthóige Iarscríbhinn I *Eanaigh chailcreacha le* Cladium *mariscus agus speicis den* Caricion davallianae [*7210]

Tá achoimre thíos i **dTábla 8.14** ar an ngnáthóg eanaigh *Cladium* agus eanach alcaileach laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.14: Limistéir d'eanach alcaileach ghnáthóg Iarscríbhinn I [7230] agus eanach *Cladium* [*7210] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| Limistéar | Pobal Fásra |
|---|---|
| Baile an Cheantaigh, cóngarach do sruth éalaithe draenála | RFLU1a *Carex viridula oedocarpa* - *Pinguicula vulgaris* - borrfhás *Juncus bulbosus*; fo-phobal caonaigh dhonn [7230] |
| Lochanna Chúil Each | RFEN1a eanach Carex rostrata; fo-phobal caonaigh dhonn [7230]<br>agus eanach *Cladium* freisin [*7210] |
| Loch Bhaile an Dúlaigh | RFLU4 *Schoenus nigricans* – borrfhás *Scorpidium scorpioides* [7230]<br>agus eanach *Cladium* freisin [*7210] |

[33] Guidelines for a national survey and conservation assessment of upland vegetation and habitats in Ireland. Leagan 2.0. *Irish Wildlife Manuals, Uimh. 79* (Perrin et al., 2014)

### 8.3.4.33 Droch-eanach agus borrfhás (PF2)

Bhí limistéar Droch-eanaigh ag Na Foraí Maola Thiar (Ch. 0+700 – Ch. 0+800) agus na speicis seo a leanas ann: *Juncus effusus*, *Juncus articulatus*, *Sphagnum denticulatum*, *Ranunculus flammula*, *Potamogeton polygonifolius*, *Juncus bulbosus*, *Philonotis fontana*, *Agrostis stolonifera*, *Lythrum salicaria*, *Calliergonella cuspidata* agus *Sphagnum palustre*. Comhfhreagraíonn sé sin leis an bpobal fásra *Juncus effusus* - *Sphagnum cuspidatum/palustre* (PFLU2). Beidh *Carex echinata*, *Juncus effusus*, *Juncus conglomeratus*, *Calliergonella cuspidata*, *Eriophorum angustifolium*, *Potentilla palustris*, *Angelica sylvestris*, *Sphagnum papillosum*, *Holcus lanatus*, *Anthoxanthum odoratum* agus *Agrostis stolonifera i ndara limistéar ó thuaidh* (gar don chonair rochtana atá beartaithe).

Ag Cnoc na Fosca (Ch. 7+800 go Ch. 7+975) ach taifeadadh dhá limistéar Eanaigh. Bhí an limistéar is lú ag comhfhreagairt leis an bpobal fásra de pholl súite SW1 *Potamogeton polygonifolius* I measc na speiceas eile a bhí ann bhí *Sphagnum* spp., *Polytrichum commune*, *Carex panicea*, *Juncus effusus*, *Juncus bulbosus*, *Ranunculus flammula*, *Anagallis tenella*, *Menyanthes trifoliate* agus *Hydrocotyle vulgaris*. Bhí an limistéar níos mó ó thuaidh innilte go mór agus is *Juncus effusus* is mó a bhí ann le sraith *Sphagnum* sp. thíos faoi (lena n-áirítear *Sphagnum palustre*). I measc na speiceas eile a taifeadadh bhí *Calliergonella cuspidata*, *Holcus lanatus* agus *Rumex acetosa*.

### 8.3.4.34 Cónaitheach

Úsáid an t-aicmiú neamh-Fossitt seo chun léiriú a thabhairt ar réadmhaoine chónaithe feadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus cuimsítear iontu tríd is tríd mósáic foirgneamh agus dromchlaí saorga (BL3), talamh féaraigh áineasa (GA2), ceapacha bláthanna agus teorainneacha (BC4) agus toir maisithe (WS3), le limistéir fhéaraigh san aicme neamhbhainistithe agus a bhí ann freisin ó am go ham (GS2).

### 8.3.4.35 Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1)

Bhí seastáin bheaga de choillearnach leathanduilleach scaipthe feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe ón gceann thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe go dtí an choillearnach ag Mionlach. Bhí an limistéar is mó ag Campas Spóirt OÉG, áit a raibh formhór na coillearnaí curtha chun críche áineasa, agus an choillearnach ag Mionlach, atá ansin le fada (ag dul siar go dtí an 1800í).

Ag Na Foraí Maola Thiar (Ch. 0+800 – Ch. 1+000) bhí fonsa faoi chrainn timpeall ar ghairdín cónaithe inar cuimsíodh *Acer pseudoplatanus*, *Fagus sylvatica*, *Quercus robur*, *Salix* sp., *Alnus cordata*, *Alnus glutinosa*, *Corylus avellana*, *Crataegus monogyna* agus *Prunus* sp.

Feadh imeall thoir Bhóthar na Foraí Maola bhí clampa coillearnaí inar cuimsíodh *Acer pseudoplatanus*, *Salix cinerea*, *Fagus sylvatica*, *Quercus robur*, *Alnus cordata*, *Alnus glutinosa*, *Sorbus aria*, *Lonicera periclymenum*, *Hedera helix*, *Dryopteris filix-mas*, *Urtica dioica*, *Blechnum spicant* agus *Phyllitis scolopendrium*.

Ag Acomhal na Cloiche Scoilte (Ch. 3+300 – Ch. 3+400) cuimsíodh leis an speiceas coillearnaí *Fraxinus excelsior*, *Acer pseudoplatanus*, agg. *Rubus fruticosus*, *Phyllitis scolopendrium*, *Hedera helix*, *Heracleum sphondylium*, *Crataegus monogyna*, *Cotoneaster* sp., *Urtica dioica*, *Dryopteris filix-mas*, *Polypodium vulgare* agus *Symphoricarpos albus*.

Ag Campas Spóirt OÉG (Ch. 8+725 – Ch. 9+250) bhí líon mór clampaí de phlandú coillearnaí leathanduilleach áineasa ag aibiú lena n-áirítear speicis crann cosúil le *Acer pseudoplatanus*, *Fraxinus excelsior*, *Fagus sylvatica*, *Tilia cordata*, *Aesculus hippocastanum* agus *Ulmus glabra*. Bhí speicis sa ghortchiseal cosúil le *Hedera helix*, *Geum urbanum*, *Vicia sepia*, *Torilis japonica*, agg. *Rubus fruticosus*, *Arrhenatherum elatius* agus *Brachypodium sylvaticum*.

Bhí dhá limistéar de choillearnach leathanduilleach mheasctha laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib, ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe (Ch. 9+475 – Ch. 9+650). Ba iad na príomhspeicis a bhí mar chuid den flóra coillearnaí sa phríomhbhloc ná *Fagus sylvatica*, *Fraxinus excelsior*, *Ilex aquifolium* agus *Thamnobryum alopecurum*. Taifeadadh freisin *Arum maculatum*, *Hedera helix*, *Isothecium alopecuroides*, *Kindbergia praelonga*, *Neckera complanata*, *Radula complanata*, *Lejeunea cavifolia*, *Metzgeria furcata*, *Rhynchostegiella tenella* agus *Tortella tortuosa*. Cuimsíodh sa stiall líneach caol ar an taobh thoir, ag Ch. 9+500, agus sraith mheánach de *Fagus sylvatica* le *Ilex aquifolium.*

Cuimsíodh sna stiallta líneacha coillearnaí ag Acomhal Pháirc Ghnó Oirthear na Cathrach *Fraxinus excelsior*, *Acer pseudoplatanus*, *Fagus sylvatica*, agg. *Rubus fruticosus* agus *Urtica dioica*.

### 8.3.4.36 Coillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach mheasctha (WD2)

Ag Bóthar Throscaigh L5387 (Ch. 1+550 – Ch. 1+650) bhí limistéar de choillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach faoi chrainn a bhain leis an réadmhaoin chónaithe. I measc na speiceas crann bhí *Acer pseudoplatanus*, *Fraxinus excelsior*, *Betula* sp., *Prunus* sp., *Pinus* sp., *Cupressus* sp. agus *Rhododendron ponticum*.

Bhí an dara limistéar beag de leathanduilleach/buaircíneach mheasctha freisin in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag Bóthar na Scoile sa Chaisleán Gearr (Ch. 13+150).

### 8.3.4.37 Coillearnach bhuaircíneach (measctha) (WD3)

Ag Bóthar Throscaigh L5387 (Ch. 1+550 – Ch. 1+600) bhí clampa beag de choillearnach bhuaircíneach mheasctha *Pinus* sp. agus *Cupressus* sp.; *Rhododendron ponticum*, speiceas planda ionrach neamhdhúchasach atá liostaithe ar an Tríú Sceideal de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Na Gnáthóga maidir le hÉin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011, ann freisin.

I bpáirc ó dheas de Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 (Ch. 8+500) bhí clampa buaircíneach beag measctha *Picea* sp.

### 8.3.4.38 Fálta sceach (WL1)

Feadh na coda thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe, bhí gnéithe fálta nach raibh aon bhaint acu le réadmhaoine cónaithe gann toisc gur ballaí cloiche a bhí i bhformhór na dteorainneacha páirce nó iad mar imeall ag paistí scrobarnaí níos mó. Ba bhallaí cloiche fiáine a bhí i go leor de na fálta sceach a taifeadadh agus agg *Rubus fruticosus* ar an gceann ba choitianta. Bhí na fálta sceach a bhí anseo sách lag ó thaobh speiceas tríd is tríd. Bhí siad seo a leanas i measc na speiceas a bhí ann *Prunus spinosa*, *Crataegus monogyna*, *Fraxinus excelsior*, agg. *Rubus fruticosus*, *Urtica dioica*, *Hedera helix*, *Calystegia sepium*, *Pteridium aquilinum*, *Lonicera periclymenum*, *Epilobium hirsutum*, *Filipendula ulmaria*, *Germanium robertianum* agus *Phyllitis scolopendrium*.

Bhí fálta sceach níos fairsinge feadh na coda thoir den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus áiríodh leo roinnt fálta níos aibí níos sine. Bhí baint ag na fálta sceach anseo le ballaí cloiche go minic agus i gcás ina raibh baint acu le páirceanna talmhaíochta ba mhinic leis an agg. Rubus fruticosus a bheith ar an gceann ba mhó ann. Ba iad *Crataegus monogyna*, *Prunus spinosa*, *Hedera helix* agus agg. *Rubus fruticosus* na speicis fálta sceach ba fhairsinge a taifeadadh. I measc na speiceas coitianta eile bhí *Ilex aquifolium*, *Fraxinus excelsior*, *Salix cinerea*, *Corylus avellana*, *Urtica dioica*, *Calystegia sepium*, *Lonicera periclymenum*, *Pteridium aquilinum*, *Lathyrus pratensis* and *Rosa canina*; agus taifeadadh *Sorbus aria*, *Viburnum opulus*, *Euonymus europaeus*, *Salix caprea* agus *Quercus robur* ó am go ham.

### 8.3.4.39 Crannteorainneacha (WL2)

Feadh na coda thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe bhí crannteorainneacha gann tríd is tríd agus i gcás go raibh siad ann bhain a bhformhór le cur feadh theorainneacha réadmhaoin chónaithe. I measc na speiceas crann bhí *Fraxinus excelsior*, *Acer pseudoplatanus*, *Alnus glutinosa*, *Alnus cordata*, *Populus* sp., *Cupressus* sp., *Pinus* sp. (lena n-áirítear *Pinus contorta*), *Picea sitchensis*, *Sorbus aucuparia* agus *Fagus sylvatica*.

Taifeadadh crannteorainneacha freisin feadh na coda thoir den fhorbairt bóthair atá beartaithe ach níor taifeadadh chomh minic sin iad, toisc gur ballaí cloiche nó fálta sceach is mó a bhí i bhformhór na dteorainneacha páirce.

### 8.3.4.40 Coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2)

Taifeadadh an chuid is mó den choillearnach darach-fuinseoige-coill feadh na coda thoir den fhorbairt bóthair atá beartaithe, agus an limistéar is forleithne idir Abhainn na Gaillimhe agus Cairéal Leacaigh agus taifeadadh limistéir mhóra freisin gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe (Ch. 13+200 - Ch. 13+900), ó dheas de Chairéal Roadstone. Bhí go leor de na bloic choillearnaí beag agus aonraithe lasmuigh de na limistéir sin agus gan ach cúpla paiste de choillearnach darach-fuinseoige-coill taifeadta feadh na coda thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear limistéir de churadóireacht conláiste ag Campas Spóirt OÉG.

In éineacht le *Fraxinus excelsior* agus *Corylus avellana*, i measc na speiceas faoi chrainn a taifeadadh sna coillearnaí seo bhí *Euonymus europaeus*, *Crataegus*

*monogyna*, *Prunus spinosa*, *Ilex aquifolium*, *Sorbus aria* agg., *Sorbus aucuparia*, *Quercus robur*, *Populus tremula*, *Hedera helix*, *Lonicera periclymenum*, agus agg. *Rubus fruticosus*. Bhí speicis mar iad seo a leanas sa ghortchiseal *Fragaria vesca*, *Circaea lutetiana*, *Geranium robertianum*, *Potentilla sterilis*, *Sesleria caerulea*, *Primula vulgaris*, *Geum urbanum*, *Rumex sanguineus*, *Viola* spp., *Phyllitis scolopendrium* agus *Arum maculatum*.

Taifeadadh an leagan faoi chrainn de ghnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I *cosán aolchloiche* [*8240] i roinnt limistéar coillearnach. Ba é an cosán Aolchloiche faoi chrainn ná na limistéir sin ar a raibh ceannbhrat crann dúnta a bhí 3 m ar airde ar a laghad agus i 50% ar a laghad den dromchla bhí buncharraig ag an dromchla (bhí an bhuncharraig cumhdaithe ag caonach de ghnáth) agus ag coimeád roinnt fianaise de struchtúr an chosáin aolchloiche. Sna gnáthóga de chosán aolchloiche faoi chrainn ar thángthas orthu [*8240], bhí ithir ann go ginearálta ach bhí sí tanaí (< 2cm), cé go bhféadfadh sí a bheith níos doimhne in áiteanna, mar shampla, i sean-ghríoga, mar gheall ar shrathú húmais. Bhí carraigeacha cumhdaithe go hiomlán uaireanta ag brífít cosúil le *Eurhynchium striatum*, *Neckera crispa* agus *Thamnobryum alopecurum*, ach bhí an ithir gann go hiondúil faoin gcaonach. Bhí na limistéir ann go minic i bhfoirm mósáice le coillearnach WN2 nach mbaineann le hIarscríbhinn I.

Tá achoimre thíos i **dTábla 8.15** ar an ngnáthóg de chosán aolchloiche faoi chrainn (LPW) laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.15: Limistéir den leagan faoi chrainn de chosán aolchloiche faoi chrainn de ghnáthóg Iarscríbhinn I [*8240] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| Limistéar | Pobal Fásra[34] |
|---|---|
| Mionlach idir Ch. 9+840 agus Ch. 9+900 | LPW_2b *Fraxinus excelsior* - Coillearnach *Plagiomnium undulatum* |
| Mionlach ag Ch. 9+975 | LPW_2a *Corylus avellana* - Coillearnach íseal *Ctenidium molluscum* |
| Laistigh de cSAC Loch Coirib<br>Gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe idir Ch. 9+950 agus Ch. 10+050 | LPW_2a *Corylus avellana* - Coillearnach íseal *Ctenidium molluscum* |
| Ó dheas den Bhóthar Nua ag Ch. 10+100 | LPW_2a *Corylus avellana* - Coillearnach íseal *Ctenidium molluscum* |
| Bóthar Nua go dtí an Seanbhóthar idir Ch. 10+150 agus Ch. 10+500 | LPW_2b *Fraxinus excelsior* - Coillearnach *Plagiomnium undulatum* |
| Laistigh de cSAC Loch Coirib<br>Feadh theorainn na forbartha atá beartaithe siar agus ó thuaidh de Chairéal Leacaigh idir Ch. 10+800 agus Ch. 11+800 | LPW_2a *Corylus avellana* - Coillearnach íseal *Ctenidium molluscum*<br>LPW_2b *Fraxinus excelsior* - Coillearnach *Plagiomnium undulatum* |
| Laistigh/in aice leis an bhforbairt bóthair atá | LPW_2b *Fraxinus excelsior* - Coillearnach |

[34] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas plandaí a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu in *National survey of limestone pavement and associated habitats in Ireland. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 73* (Wilson, S. agus Fernández, F., 2013)

| **Limistéar** | **Pobal Fásra**[34] |
|---|---|
| beartaithe idir Ch. 13+200 agus Ch. 13+550 | *Plagiomnium undulatum* |
| Gar do theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe idir Ch. 13+800 agus Ch. 13+875 | LPW_2a *Corylus avellana* - Coillearnach íseal *Ctenidium molluscum* |
| Acomhal Chúil Each idir Ch. 16+100 agus Ch. 16+250 | LPW_2a *Corylus avellana* - Coillearnach íseal *Ctenidium molluscum* |

### 8.3.4.41 Coillearnach shailí-fearnóige-fuinseoige fhliuch (WN6)

Feadh bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe ag Campas Spóirt OÉG (Ch. 9+275) bhí banda líneach caol de choillearnach fhliuch *Salix cinerea* (WN6-3c *Alnus glutinosa* – grúpa *Filipendula ulmaria, Salix cinerea* – cineál fásra *Equisetum fluviatile*). Bhí agg. *Rubus fruticosus* agus *Centaurea nigra* fairsing freisin sa chuid seo den choillearnach. Ní raibh an limistéar seo coillearnaí ag comhfhreagairt don chineál gnáthóige Iarscríbhinn I d'fhoraois ghlárach iarmharach [*91E0]. Bhí sé sin difriúil ón limistéar mór coillearnaí fliuch (WN6_3e *Alnus glutinosa – Filipendula ulmaria* group, *Betula pubescens* – cineál fásra *Mentha aquatica*) níos faide síos an abhainn a chomhfhreagraíonn le cineál gnáthóige Iarscríbhinn I tosaíochta *Foraoisí gláracha le Alnus glutinosa agus Fraxinus excelsior (Alno-Padion, Alnion incanae, Salicion albae)* [*91E0].

Bhí paiste beag amháin de choillearnach fhliuch *Salix cinerea* (WN6-3c *Alnus glutinosa* – grúpa *Filipendula ulmaria*, *Salix cinerea* – *Equisetum fluviatile* de chineál fásra) laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe ag Ch. 9+850 – Ch. 9+900; agus díreach cóngarach do theorainn cSAC Loch Coirib. Comhfhreagraíonn an choillearnach anseo leis an gcineál gnáthóige Iarscríbhinn I d'fhoraois ghlárach iarmharach [*91E0]. Ba *Salix cinerea* subsp. *oleifolia*, le *Fraxinus excelsior*, *Agrostis stolonifera*, agg. *Rubus fruticosus*, *Filipendula ulmaria* agus *Eurhynchium striatum* is minice a taifeadadh sa choillearnach. I measc na speiceas eile a bhí ann bhí siad seo a leanas: *Juncus effusus*, *Hedera helix*, *Lythrum salicaria*, *Galium palustre*, *Geranium robertianum*, *Crataegus monogyna*, *Prunus spinosa*, *Galium aparine*, *Rumex sanguineus*, *Equisetum fluviatile*, *Epilobium hirsutum*, *Corylus avellana*, *Ranunculus repens* agus an speiceas caonaigh *Calliergonella cuspidatum*, *Eurhynchium striatum*, *Kindbergia praelonga*agus *Thamnobryum alopecurum*.

Tá achoimre thíos i **dTábla 8.16** ar an ngnáthóg d'fhoraois ghlárach iarmharach laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.16: Limistéir d'fhoraoisí gláracha iarmharacha ghnáthóg Iarscríbhinn I [*91E0] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| Limistéar | Pobal Fásra[35] |
|---|---|
| Síos an abhainn ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ar bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe Ch. 9+250 – ag forluí de bheagán le himeall thoir-theas theorainn na forbartha atá beartaithe | WN6-3c *Alnus glutinosa* – grúpa *Filipendula ulmaria, Salix cinerea* – cineál fásra *Equisetum fluviatile* |
| Gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe idir Ch. 9+800 agus Ch. 9+900 | WN6-3c *Alnus glutinosa* – grúpa *Filipendula ulmaria, Salix cinerea* – cineál fásra *Equisetum fluviatile* |

### 8.3.4.42 Scrobarnach (WS1)

Bhí paistí scrobarnaí forleathan feadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus idir phaistí beaga iargúlta go dtí paistí níos forleithne, áit ar tréigeadh talamh innilte roimhe seo nó áit a bhfuil scrobarnach ag tarraingt ar ghnáthóga leathnádúrtha. Sa chuid thiar den limistéar staidéir, bhain na limistéir scrobarnaí níos mó leis na himill phortaigh/limistéir fraoigh áit a bhfuil scrobarnach ag cúngú orthu ó pháirceanna talmhaíochta cóngaracha ar dhlús íseal nó tréigthe. Ba iad na gnáthspeicis (agus i roinnt cásanna an speiceas is mó i roinnt limistéar) ná *Ulex europaeus*, *Prunus spinosa*, *Crataegus monogyna*, *Salix cinerea* agus agg. *Rubus fruticosus*. Sa chuid thoir den limistéar staidéir, ba é *Corylus avellana*, *Prunus spinosa* agus/nó *Crataegus monogyna* an scrobarnach ba mhó.

I roinnt cásanna, comhfhreagraíonn polagáin mapáilte mar scrobarnach le cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I. I bhformhór cásanna ba í an scrobarnach an ghnáthóg ba mhó i mósáic le cineálacha gnáthóige eile Fossitt agus is iad na gnáthóga eile, ní an scrobarnach féin, a chomhfhreagraíonn le cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I. Mar shampla, ba mhinic gur taifeadadh scrobarnach i mósáic le gnáthóga fraoigh thirim a chomhfhreagraíonn le cineál gnáthóige fraoigh Iarscríbhinn I ach toisc go raibh scrobarnach fairsing sa pholagán taifeadta mapáladh é mar sin. I gcás ina bhfuil sé sin amhlaidh, déantar cur síos ar na limistéir gnáthóige sin d'Iarscríbhinn I faoi na codanna iomchuí – e.g. fraoch tirim [4130] a ndéantar cur síos air faoi gceannteidela *Fraoch siliciúil tirim (HH1)* thuas.

Mar sin féin, tá limistéir de chosán aolchloiche a raibh scrobarnach ag brú isteach orthu (*Corylus avellana* beagnach i gcónaí), áit nach raibh ceannbhrat leanúnach ar an scrobarnach agus é níos lú ná 3m ar airde, ag comhfhreagairt don ghrúpa cosán aolchloiche (LPE) den chineál gnáthóige tosaíochta Iarscríbhinn I *Cosán aolchloiche* [*8240]. I measc na bpríomhspeiceas soithíoch bhí speicis faoi chrainn a bhí scaipthe thart agus ag fás go híseal (e.g. *Rubus fruticosus*, *Rosa spinosissima*, *Hedera helix* nó *Corylus avellana* neamhaibí nó *Ilex aquifolium*)

[35] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas plandaí a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a ndéantar cur síos orthu in *Torthaí an tsuirbhé monatóireachta ar sean-dhoirí suiteacha agus foraoisí gláracha. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 71* (O'Neill, F.H. & Barron, S.J., 2013)

agus speicis luibheacha mar *Sesleria caerulea*, *Teucrium scorodonia*, *Mycelis muralis*, *Geranium robertianum*, *Senecio jacobaea*, *Carlina vulgaris* agus *Carex flacca*. Faightear sraith eanach cailciarrthach de ghnáth ina gcuimsítear *Asplenium ruta-muraria*, *Ceterach officinarum* agus, sna scoilteanna níos doimhne (gríoga), *Phyllitis scolopendrium* ar breá leis scáth. I measc na mbrífít saintréitheacha tá *Ctenidium molluscum*, *Tortella tortuosa* agus *Neckera crispa*.

Tá achoimre thíos i **dTábla 8.17** ar an ngnáthóg de chosán aolchloiche faoi chumhdach scrobarnaí laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.17: Limistéir den leagan faoi chumhdach scrobarnaí de chosán aolchloiche de ghnáthóg Iarscríbhinn I [*8240] laistigh de ZoI féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe**

| Limistéar | Pobal Fásra[36] |
|---|---|
| Laistigh de cSAC Loch Coirib<br>Gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe idir Ch. 10+000 agus Ch. 10+050 | LPE_1e *Corylus avellana* - cosán *Neckera crispa* |
| Laistigh de cSAC Loch Coirib<br>Feadh theorainn na forbartha atá beartaithe siar agus ó thuaidh de Chairéal Leacaigh idir Ch. 10+900 agus Ch. 11+800 | LPE_1e *Corylus avellana* - cosán *Neckera crispa* |

### 8.3.4.43 Coillearnach neamhaibí (WS2)

Bhí limistéar amháin ina raibh coillearnach óg *Alnus glutinosa* curtha gar do Bhóithrín na Buaile Bige (Ch. 4+650) a chomhfhreagraíonn don chineál gnáthóige seo.

### 8.3.4.44 Scrobarnach ornáideach/neamhdhúchasach (WS3)

Bhí baint ghinearálta ag limistéir scrobarnaí ornáidí/neamhdhúchasaí le curadóireacht chonláiste ag réadmhaoin chónaithe, forbairtí cónaithe agus limistéir atá ionfhabhtaithe le speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha cosúil le *Fallopia japonica* (tá na limistéir ina bhfuil speicis phlandaí ionracha pléite ar bhealach níos mionsonraithe thíos faoin gcuid ar Speicis Phlandaí Ionracha Neamhdhúchasacha).

### 8.3.4.45 Coillearnach a réitíodh le déanaí (WS5)

Bhí limistéar amháin ina raibh coillearnach *Corylus avellana* a leagadh le réitíodh cóngarach don fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Baile an Dúlaigh (Ch. 12+450 – Ch. 12+500).

[36] Sanntar na pobail fhásra bunaithe ar an speiceas plandaí a taifeadadh agus le tagairt do na cineálacha fásra a bhfuil cur síos orthu in *National survey of limestone pavement and associated habitats in Ireland. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 73* (Wilson, S. agus Fernández, F., 2013)

### 8.3.5 Speicis phlandaí neamhchoitianta agus cosanta

Ba é an ceannbhán caol *Eriophorum gracile* an t-aon speiceas planda cosanta a taifeadadh i rith na suirbhéanna ar ghnáthóga. Taifeadadh é ag dhá shuíomh: Port Thóin na Brocaí agus i gCúil an Oileáin. Tá a láithreacht ag Portach Thóin na Brocaí comhsheasmhach le torthaí an taighde; is taifead nua don speiceas é an suíomh ag Cúil an Oileáin. Níl ceachtar suíomh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

Níor taifeadadh an magairlín bán *Pseudorchis albida* ag láthair Dhabhach Uisce i rith na suirbhéanna gnáthóige i Meitheamh 2014.

Tá cosaint ag ceachtar den dá speiceas thuas faoin Ordú um Flora (Cosaint), 2015.

Deimhníodh láithreacht an Ordaithe um Flora (Cosaint), 2015 (FPO), speiceas brífíte liostaithe caonach crúcach snasta ag Gort an Chalaidh, 9.4km ó thuaidh de limistéar staidéir na scéime. Tá an speiceas planda seo liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga agus liostaithe mar speiceas leasa cháilithigh de cSAC Loch Coirib.

Tá taifid de gach speiceas planda neamhchoitianta nó cosanta atá ar eolas ó limistéar staidéir na scéime, nó a taifeadadh i rith na suirbhéanna allamuigh, taispeánta ar **Fhíor 8.2.1**.

### 8.3.6 Specis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha

Bhí trí cinn de speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha liostaithe ar an Tríú Sceideal de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 i láthair laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe, nó gar di. Tá achoimre de shuíomhanna na speiceas plandaí ionrach neamhdhúchasach sin tugtha thíos i **dTábla 8.18** agus taispeánta ar **Fhíoracha 8.15.1** go dtí **8.15.14**.

**Tábla 8.18: Achoimre de Speicis Phlandaí Ionracha Neamhdhúchasacha Liostaithe sa Tríú Sceideal de na Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga 2011 a Taifeadadh feadh na Forbartha Bóthair atá Beartaithe nó Cóngarach Dó**

| Ainm Coiteann | Ainm Eolaíoch | Suíomh |
|---|---|---|
| Glúineach bhiorach | *Fallopia japonica* | Feadh rian feirme, ó dheas de Thimpeallán Bhearna Thiar, gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe<br>Feadh na coda thoir de Bhóthar Troscaigh (L5387) ag Ch. 1+575<br>I bpáirc talamh féaraigh garbh le scrobarnach, soir ó dheas de Ch. 5+250 gar do Bhaile na mBúrcach, lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe<br>Cóngarach do réadmhaoin chónaithe lonnaithe c.70m soir ó sruth éalaithe draenála atá beartaithe ag Rathún<br>I limistéar ina bhfuil talamh lom athchoilíniúcháin, ó thuaidh d'Acomhal Bhóthar Dhiarmuida, laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe idir Ch. 0+325 agus Ch. 0+425 Bóthar Ceangail N59 ó Dheas<br>I limistéar talamh lom athchoilíniúcháin, idir Ch. |

| Ainm Coiteann | Ainm Eolaíoch | Suíomh |
|---|---|---|
| | | 8+350 agus Ch. 8+400, laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe<br>I gcoillearnach/scrobarnach, idir Ch. 8+900 agus Ch. 8+950 ag Campas Spóirt OÉG, cóngarach do theorainn na forbartha beartaithe<br>Feadh Bhóthar Cúil Each<br>I ngairdín cónaithe, agus ar limistéir talamh féaraigh garbh in aice láimhe laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe idir Ch. 12+200 agus Ch. 12+375 ag Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 |
| Glúineach spíceach | *Persicaria wallichii* | c.80m (soir) agus c.135m (siar) ón bhforbairt bóthair atá beartaithe idir Cnoc na Fosca agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 |
| Róslabhras | *Rhododendron ponticum* | I gcoillearnach laistigh de theorainn na forbartha beartaithe feadh an taoibh thoir de Bóthar Throscaigh (L5387)<br>Cóngarach do réadmhaoin chónaithe suite c.90m soir ón sruth éalaithe draenála atá beartaithe ag Rathún |

### 8.3.7 Mamaigh

#### 8.3.7.1 Madra uisce

Tá cosaint dlíthiúil ag an madra uisce, agus ag a gcuid láithreacha pórúcháin agus scíthe faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra. Tá an madra uisce liostaithe freisin ar Iarscríbhinn II agus Iarscríbhinn IV de Threoir AE maidir le Gnáthóga.

Bhí flúirse fianaise de ghníomhaíocht Madra uisce *Lutra lutra* ann agus é fairsing feadh chonair Abhainn na Gaillimhe agus cladach thoir-theas Loch Coirib. Taifeadadh an madra uisce freisin i ndobharcheantar Shruthán Bhearna agus Shruthán Thóin na Brocaí. Fuarthas amach san athbhreithniú taighde gur taifeadadh an Madra uisce feadh chonir Abhainn na Gaillimhe idir an cósta agus Loch Coirib, feadh an chósta ó Bhearna go Órán Mór, agus ag Loch Bhaile an Dúlaigh[37].

Taifeadadh poll amháin a d’fhéadfadh a bheith ag an madra uisce agus ocht láthair broimfhéir don Mhadra uisce laistigh den limistéar staidéir. Taifeadadh láthair fhéideartha pholl an mhadra uisce agus móramh na láithreacha broimfhéir ag Cúil an Oileáin, feadh chladach ó dheas Loch Coirib agus feadh bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. Taifeadadh láithreacha broimfhéir freisin ag Lochanna Chúil Each agus ar Oileán Shiúrdáin. Tá stádas, cur síos agus fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe gach ceann de na gnéithe seo tugtha thíos i **dTábla 8.19**. Tá torthaí na suirbhéanna ar an Madra uisce taispeánta ar **Fhíoracha 8.3.1** go **8.3.14**.

[37] Ag Loch Bhaile an Dúlaigh, dhírigh an limistéar staidéir den suirbhé ar mhamaigh ar an gcuid ó dheas den choimpléasc bogaigh (tagair do **Fíor 8.3.8** agus **Fíor 8.3.9**) agus níor taifeadadh an Madra uisce sa limistéar seo i rith an tsuirbhé.

**Tábla 8.19: Torthaí na suirbhéanna ar an Madra Uisce – poill agus broimfhéar an mhadra uisce**

| Tag. Uimh. | Gné | Stádas agus Tuairisc |
|---|---|---|
| H1 | Láthair broimfhéir | Láthair broimfhéir ghníomhach feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| H2 | Láthair broimfhéir | Láthair broimfhéir ghníomhach feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| H3 | Láthair broimfhéir | Láthair broimfhéir ghníomhach feadh bhruach na habhann<br>c.450m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| H4 | Poll féideartha madra uisce | Paiste dlúthscrobarnaí le neart comharthaí den Mhadra uisce timpeall air agus san áit, cosáin chaite agus úsáidte agus scrobarnach ag a dheireadh – fianaise a thugann le fios go raibh madra uisce óg ann.<br>>1km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| H5 | Láthair broimfhéir | Láthair broimfhéir ghníomhach feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| H6 | Láthair broimfhéir | Láthair broimfhéir ghníomhach feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| H7 | Láthair broimfhéir | Láthair broimfhéir ghníomhach feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| H8 | Láthair broimfhéir | Láthair broimfhéir ghníomhach feadh bhruach na habhann<br>>1km ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| H9 | Láthair broimfhéir | Láthair broimfhéir ghníomhach feadh bhruach na habhann<br>c.600m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |

### 8.3.7.2 Ialtóga

Tá cosaint dlíthiúil ag ialtóga, agus ag a gcuid láithreacha pórúcháin agus scíthe faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra. Tá gach speiceas ialtóg liostaithe freisin ar Iarscríbhinn IV den Treoir AE maidir le Gnáthóga; agus an Crú-ialtóg bheag liostaithe freisin ar Iarscríbhinn II.

Rinneadh suirbhéanna móra ar an ialtóg nuair a bhí an Tuarascáil MTT seo á hullmhú, agus tá a gcuid torthaí leagtha amach thíos. Tá torthaí na suirbhéanna sin curtha i láthair freisin i **bhFíoracha 8.4.1** go **8.4.2** agus **Fíoracha 8.17.1** go **8.22.1**.

Tá tuarascálacha ar leithligh maidir le torthaí na staidéar rianaithe raidió a rinneadh in 2014 agus 2015 tugtha in **Aguisín A.8.7**, **Aguisín A.8.9** agus **Aguisín**

**A.8.10**. Tá tuarascáil ar leithligh maidir le torthaí iomlána na monatóireachta brathadóra stataigh a rinneadh in 2014 mionsonraithe in **Aguisín A.8.8**.

Tá an chuid seo leagtha amach ar bhealach ionas go dtabharfar tuairisc ar gach speiceas ialtóg ina gceann is ina gceann. Tá torthaí na suirbhéanna éagsúla curtha i láthair ionas go mbeidh tuiscint ar gach speiceas i dtéarmaí a ndáileadh ar fud limistéar staidéir na scéime.

### 8.3.7.2.1 Crú-ialtóg bheag Rhinolophus hipposideros

Tá torthaí na suirbhéanna ar ialtóga mar a bhaineann siad leis an gcrú-ialtóg bheag taispeánta ar **Fhíor 8.18.1**.

***Taifid stairiúla***

Sular thosaigh na suirbhéanna chun treoir a thabhairt do na Staidéir ar Srianta agus Roghnú Bealaigh don fhorbairt bóthair atá beartaithe, bhí roinnt bheag taifead ann den chrú-ialtóg bheag ó limistéar staidéir na scéime. Cuimsíodh leo taifid d'fharaí ialtóg ag Caisleán Mhionlaigh, faraí oíche a measadh ag scioból i Sráidbhaile Mhionlaigh agus dhá bhothán i gCúil Each a bailíodh mar chuid de na staidéir roimhe sin do Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe 2006 (RPS, 2006). Measadh gur príomh-choilíneacht máithreachais é Caisleán Mhionlaigh don limistéar ó aimsíodh é i Lúnasa 2000 agus tá an NPWS i mbun monatóireachta air gach bliain ó shin. Tugadh faoi deara le breathnuithe ad-hoc i rith suirbhéanna eile ar an ialtóg (e.g. BARLAS 2010) go raibh gníomhaíocht ón gcrú-ialtóg bheag ar an gcuid thiar d'Abhainn na Gaillimhe ag an Daingean.

Taifeadadh crú-ialtóga beaga ag OÉG (McCarthy, Keville agus O'Sullivan, 2014a) agus ag Cill Ráinne gar do Mhaigh Cuilinn (RPS, 2013a) i suirbhéanna a rinneadh le haghaidh measúnuithe comhshaoil roimhe sin.

Níor tugadh le fios leis an easpa ginearálta taifead fara stairiúil agus breathnuithe ad-hoc don speiceas seo go raibh siad gann nó nach raibh siad i limistéir shonracha in aon chor. Seans maith go raibh siad amhlaidh mar gheall ar easpa suirbhéanna spriocdhírithe don speiceas seo agus an nós a bhí neamhaird a dhéanamh de mar gheall ar ghlaoch macalla ciúin agus caol atá ag an ialtóg, rud a fhágann nach mbraitear é ach nuair atáthar an-ghar dó.

***Sainaithint áiteanna a úsáidtear i gcomhair codladh geimhridh***

Ní hionann le speicis ialtóg eile in Éirinn, téann an chrú-ialtóg bheag a chodladh go hoscailte, ag crochadh ó shíleáil pluaiseanna, siléar agus struchtúr eile a fhanann fuar sa gheimhreadh. Dá bhrí sin, tá sé i bhfad níos éasca é a fháil ná mar atá speicis ialtóg eile ag an tráth seo den bhliain.

Tar éis na sonraí stairiúla a bhailiú ag deireadh 2014, leis an scrúdú a rinneadh ar léarscáileanna agus ar thaifid stairiúla na bpluaiseanna agus na struchtúr faoi thalamh tugadh liosta d'áiteanna a d'fhéadfadh a bheith ina láithreacha féideartha a úsáidtear i gcomhair geimhriúcháin. Taispeántar na háiteanna sin i **bhFíor 8.18.1**. Ina measc bhí:

- Caisleán Mhionlaigh

- Caisleán Mhuirlinne
- Caisleán Bhaile an Bhriotaigh
- Cloigtheach Ros Cam
- Pluais an Chúipéara
- Pluais Newry
- Dangan Ice House
- Uaimh thalún i mbaile fearainn an Laighdeacáin

Ní raibh taobh istigh Chaisleán Bhaile an Bhriotaigh agus Chaisleán Mhuirlinne inrochtana do na suirbhéanna geimhridh a rinneadh in 2014 agus dá bhrí sin níorbh fhéidir a rá cibé an raibh nó nach raibh na caisleáin sin in úsáid ag an speiceas. Ní bhfuarthas fianaise ar crú-ialtóga beaga ach amháin ar chúl Phluais an Chúipéara gar don Chaisleán Gearr, áit ar taifeadadh líon beag de shalachar úr den speiceas, rud a thug le fios úsáid le gairid anuas.

Rinneadh cigireachtaí súl i rith an lae ar áiteanna inrochtana freisin i mí Feabhra agus i mí an Mhárta 2015. Taifeadadh sé chrú-ialtóg bheag laistigh de Phluais an Chúipéara ar chuairt mhí Feabhra 2015. Bhí na hialtóga go léir ina gcodladh. Tugadh faoi deara go raibh dhá ialtóg fáinnithe. Bhí uimhreacha na bhfáinní (a bhíothas in ann a léamh gan cur isteach ar na hialtóga) ag comhfhreagairt do na hialtóga seo a leanas mar chuid de na suirbhéanna ialtóg i samhradh na bliana 2014: ialtóg fireann amháin fáinnithe agus rianta ag raidió ag Caisleán Mhionlaigh an 30 Lúnasa 2014; an ceann eile, ialtóg fireann fáinnithe agus rianta ag raidió ag Pluais an Chúipéara an 1 Meán Fómhair 2014. Dheimhnigh sé sin gur úsáid roinnt de na hialtóga a bhí ag úsáid fara samhraidh Chaisleán Mhionlaigh ag úsáid na pluaise freisin mar láthair gheimhriúcháin, agus gur úsáid ialtóga a bhí ag úsáid Pluais an Chúipéara i rith mhíonna an tsamhraidh ag úsáid na pluaise freisin mar láthair gheimhriúcháin.

Seiceáladh Pluais an Chúipéara arís an 24 Feabhra 2016 agus taifeadadh ceithre chrú-ialtóg bheag ina gcodladh. Ní raibh ceachtar de na hialtóga sin fáinnithe. Sna suirbhéanna a rinneadh i mí Eanáir 2018 taifeadadh sé chrú-ialtóg bheaga geimhriúcháin a bhí ann an 8 Eanáir agus trí cinn an 11 (ialtóg amháin fáinneach ina measc).

Ní facthas ná níor taifeadadh ar shlí eile aon ialtóga laistigh de Phluais Newry i gCoill Mhuirlinne in 2015 agus 2016. Ba léir i rith na gcuairteanna in 2015 go mbíonn tuilte ar an láthair seo trí fhuaráin faoi thalamh suas go leibhéal na síleála agus dá bhrí sin nach mbeidís oiriúnach le haghaidh ialtóg geimhriúcháin.

Ó tharla go bhfuil a fhios go dtéann crú-ialtóga beaga lasmuigh dá raonta samhraidh chun láithreacha geimhriúcháin a shroicheadh, b’éigean scrúdú a dhéanamh ar láithreacha geimhriúcháin féideartha den chineál céanna lasmuigh de limistéar staidéir na scéime. Rinneadh seiceálacha i gcomhair ialtóg (agus go háirithe ialtóga fáinnithe) a bhí ag úsáid láithreacha eile faoi thalamh a bhí ar eolas i mí Feabhra 2015. Thángthas ar cúig chrú-ialtóg beaga (gan fáinní) ina gcodladh i bPluais Chluain na Binne, taobh amuigh de Mhaigh Cuilinn. Fuarthas carnán mór de shalachar na crú-ialtóige bige freisin i bPluais Mhaigh Cuilinn rud

a thugann le fios go n-úsáidtear é mar láthair fara ach b'fhéidir go raibh sé in úsáid ag amanna eile den bhliain. In 2018, i suirbhéanna geirmhridh ag Pluais Mhaigh Cuilinn agus ag Pluais Chluain na Binne taifeadadh trí chrú-ialtóg bheaga a bhí ag geimhriú ag gach suíomh.

Rinneadh iarrachtaí dul isteach ar thalamh ina bhfuil an phluais ar a dtugtar "Rhinolophus Retreat", ainm aisteach déarfá suite; mar sin féin, níorbh fhéidir dul isteach ar thailte. Tugadh cuairt freisin ar uaimh thalún freisin ach measadh nach dóigh go raibh sé oiriúnach le húsáid ag crú-ialtóga beaga toisc go raibh bac ar an mbealach isteach.

Tugadh le fios i dtorthaí na suirbhéanna ar láithreacha féideartha geimhriúcháin don speiceas ialtóg seo go dtugann Pluais an Chúipéara agus Caisleán Mhionlaigh dálaí geimhriúcháin d'ialtóga aonair, gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe Mar sin féin, tá an dá láthair leochaileach do chur isteach ón duine nó d'athruithe laistigh de na faraí mar gheall ar maidhm charraige. D'fhéadfadh sé tarlú freisin go bhfuil ialtóga geimhriúcháin i mbearnaí eile cumhdaithe i ngnéithe aolchloiche.

***Sainaithint áiteanna a úsáidtear sa samhradh***

Taifeadadh fianaise ar chrú-ialtóga beaga ag 15 struchtúr, lena n-áirítear Caisleán Mhionlaigh (PBR06) i rith na suirbhéanna fara samhraidh in 2014 agus 2015. Bhí formhór na bhfaraí lonnaithe gar do Mhionlach agus don Chaisleán Gearr. Taobh amuigh den dá cheantar sin, bhí fara lae (PBR178) ina raibh 9 n-ialtóg, 5 ialtóg óga ina measc, lonnaithe i ngaráiste tí in eastát cónaithe Achadh an Churraigh, ar an taobh thiar d'Abhainn na Gaillimhe, gar do Champas Spóirt OÉG. I mí Lúnasa 2018, rinneadh dhá chomhaireamh ag an bhfara seo: taifeadadh dhá chrú-ialtóg bheag dhéag ar an gcéad oíche agus taifeadadh deich gcinn ar an dara oíche. Bhí fáinne ar phéire de na crú-ialtóa beaga a bhí i láthair ag fara Achadh an Churraigh an 28 Lúnasa 2018, agus is deimhniú é sin go bhfuil nasc idir na láithreáin fara ag Caisleán Mhionlach, Pluais an Chúipéara agus an fara satailíte seo[38].

Aimsíodh fara oíche freisin i ngaráiste eile san eastát seo (PBR210) (tagair do **Fhíor 8.18.1** chun na suíomhanna sin a fháil).

I measc na bhfaraí eile donn chrú-ialtóg bheag a fuarthas ar an taobh thiar den chathair agus an cheantair máguaird bhí dhá fhara oíche gar do Choill Bhearna (PBR124, PBR115), ó thuaidh de Bhearna (PBR217) agus fara i mbaile fearainn an Átha Buí amach ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 siar ó thuaidh den chathair (PBR44). Deimhníodh gach "fara oíche" mar sin, tráth ar taifeadadh salachar ón gcrú-ialtóg bheag ach measadh nach raibh an struchtúr oiriúnach mar fhara lae agus ní facthas aon ialtóga ann.

Ar an taobh thoir den chathair agus sna ceantair máguaird, bhí fara oíche amháin den chrú-ialtóg bheag (PBR21) lonnaithe cóngarach do Chlub Rugbaí na

[38] Chomh fada agus is eol don údar, agus an cháipéis seo á scríobh, is é an t-aon chlár fáinnithe don chrú-ialtóg bheag a rinneadh go háitiúil le blianta beaga anuas ná an ceann a rinneadh in 2014 agus 2015 mar chuid de shuirbhéanna CCnaG an N6, nuair a cuireadh fáinne ar ialtóga a fuarthas ag Caisleán Mhionlaigh agus ag Pluais an Chúipéara (féach Aguisín A.8.1, Cuid 1.4.9). Mar sin, is ialtóga aonair iad na crú-ialtóga beaga a facthas ag Achadh an Churraigh ar cuireadh fáinne orthu le linn na staidéir a rinneadh in 2014/2015 ag Caisleán Mhionlaigh agus ag Pluais an Chúipéara

gCorantach amach ó Bhóthar Thuama an N83 soir ó thuaidh ón gcathair, agus fuarthas fara lae ina raibh ialtóg amháin i mbungaló nach raibh in úsáid cóngarach do Loch Bhaile an Dúlaigh (PBR25).

Rinne an NPWS monatóireacht ar chrú-ialtóga beaga ag Caisleán Mhionlaigh (PBR06) ó 2006-2017 agus le déanaí anuas rinne suirbhéirí ó Scott Cawley Ltd monatóireacht orthu (féach **Tábla 8.20** chun na torthaí comhairimh a fháil). Is deacair crú-ialtóga beaga a chomhaireamh nuair a thagann siad amach toisc go bhfuil sé de nós acu eitilt isteach agus amach as bealach isteach an fhara. I rith na monatóireachta ar an bhfara in 2016, 2017 agus 2018 úsáideadh ceamaraí infridhearg agus léirigh sin an comhaireamh is cruinne don fhara sin.

**Tábla 8.20: Líon na gcrú-ialtóg beag a taifeadadh ag teacht amach as Caisleán Mhionlaigh**

| Dáta | Comhaireamh | Foinse | Tuairimí |
|---|---|---|---|
| 16/06/2006 | 2 | NPWS | - |
| 24/06/2009 | 26 | NPWS | - |
| 07/07/2009 | 38 | NPWS | - |
| 29/6/2012 | 23 | NPWS | - |
| 02/07/2012 | 27 | NPWS | - |
| 13/06/2013 | 21 | NPWS | - |
| 04/06/2014 | 18 | NPWS | - |
| 18/06/2014 | 35 | NPWS | - |
| 29/06/2015 | 32 | NPWS | - |
| 29/06/2015 | 32 | Scott Cawley Ltd. | - |
| 09/07/2015 | 29 | NPWS | - |
| 09/07/2015 | 29 | Scott Cawley Ltd. | Drochaimsir |
| 20/08/2015 | 28 | NPWS | - |
| 20/08/2015 | 28 | Scott Cawley Ltd. | Níor tháinig dhá ialtóg chun tosaigh |
| 29/08/2016 | 35 | Scott Cawley Ltd. | Comhairthe ó phíosa scannáin físcheamara infridheirg. Seans gur fhan 2-3 ialtóg sa bhfara. |
| 11/08/2017 | 43 | Scott Cawley Ltd. | Comhairthe ó phíosa scannáin físcheamara infridheirg. Tháinig 1 ialtóg amach as simléar beag. |
| 22/08/2018 | 20 | Scott Cawley Ltd. | Comhairthe ó phíosa scannáin físcheamara infridheirg. |
| 27/08/2018 | 15 | Scott Cawley Ltd. | Comhairthe ó phíosa scannáin físcheamara infridheirg. |

Thaispeáin líon na bhfaraí éagsúlacht mhór sa chomhaireamh ach ar an meán bhí thart ar 25 ialtóg ann le deich mbliana anuas. D’fhéadfaí míniú a thabhairt ar sin gur úsáid na hialtóga pointí amach difriúla (nach eol) ar roinnt oícheanta,

deacrachtaí acu comhaireamh i ndálaí solais ísle, agus cúrsaí aimsire oícheanta roimh ré b’fhéidir a chuir iallach ar roinnt ialtóg faraí eile a úsáid. Thug píosa scannáin infridheirg le fios go n-eitlíonn ialtóga amach ag leibhéil an-íseal ag luas ard agus go mb’fhéidir nár tugadh faoi deara iad go héasca ag úsáid teicnící monatóireachta comhaimseartha atá tagtha chun cinn.

Bailíodh sonraí breise ar na faraí a d’úsáid an speiceas seo i rith an rianú raidió in 2014 agus 2015. Gabhadh trí cinn déag de chrú-ialtóg bheaga agus cuireadh tarchuradóirí raidió orthu sa chéad seisiún rianú-raidió i mí Lúnasa 2014. Gabhadh deich gcinn acu sin (seacht gceann bhaineanna agus trí cinn fhireanna) ag fara Chaisleán Mhionlaigh (PBR06) agus gabhadh trí cinn (fireann ar fad) ag Pluais an Chúipéara (PBR112). Gabhadh cúig ialtóg agus cuireadh tarchuradóirí raidió i seisiún Mheán Fómhair; gabhadh ceann amháin (baineann) i gCoill Mhionlaigh agus gabhadh ceithre cinn (trí cinn fhireanna agus ceann baineann amháin) ag Pluais an Chúipéara (PBR112). Mar thoradh ar an rianú raidió i mí Lúnasa 2014 aithníodh sé fhara lae agus 11 fhara oíche le haghaidh an speicis seo. Bhí trí cinn as na sé fhara lae agus seacht gcinn den 11 fhara oíche aitheanta cheana féin mar fharaí den chrú-ialtóg bheag ó na cigireachtaí foirgnimh a rinneadh in 2014. Aithníodh naoi gcinn d’fharaí lae breise agus ocht gcinn d’fharaí oíche breise ina dhiaidh sin i seisiún Mheán Fómhair 2014 de rianú raidió. Ní raibh ach trí fhara (Caisleán Mhionlaigh PBR06, Pluais an Chúipéara PBR112 agus scioból i gCairéal Ghort an Chalaidh (PBR126) in úsáid ag ialtóga i rith an dá sheisiún rianaithe. Bhí na faraí go léir a bhí in úsáid ag ialtóga a bhí á rianú ag raidió lonnaithe gar do Shráidbhaile Mhionlaigh, Cúil Each, An Caisleán Gearr agus Cairéal Ghort an Chalaidh.

Mar fhocal scoir, fuarthas amach sna suirbhéanna go raibh an crú-ialtóga beaga ag úsáid roinnt faraí i rith an lae sa samhradh lena n-áirítear iad sin a bhí in úsáid go seasta cosúil le Caisleán Mhionlaigh agus Pluais an Chúipéara. Thaifead cigireachtaí ar struchtúir agus ar rianú raidió faraí lae eile agus líonra faraí oíche (**Fíor 8.18.1**).

Is láithreáin fhara thábhachtacha iad Eborhall House agus Uaimh Bhaile Mhic Fhlannchaidh, lonnaithe ó thuaidh de Loch Coirib, i gcomhair pórúcháin agus geimhriúcháin na gcrú-ialtóg beag faoi seacht. Is é Eborhall House an fara “cáilitheach” do cSAC Loch Coirib agus is cSAC é Uaimh Bhaile Mhic Fhlannchaidh ina cheart féin (Uimh. 000474) agus meastar go soláthraíonn sé faraí geimhriúcháin do na hialtóga ó Eborhall House.

Mar chuid den mheasúnú ar ghluaiseacht fhéideartha an speicis ialtóige seo ar fud an tírdhreacha, measadh go raibh sé tábhachtach a chinneadh cibé an raibh aon ialtóga fáinneacha[39]a bhí ar fara gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe ag úsáid na bhfaraí “cáilitheacha” sin freisin, cé go bhfuil said lonnaithe achar suntasach ó thuaidh (níos faide ná 30km).

Rinneadh suirbhéanna ag Eborhall House agus Uaimh Bhaile Mhic Fhlannchaidh chun fáil amach an raibh crú-ialtóga beaga a raibh fáinní orthu i láthair i bhfaraí laistigh den limistéar staidéir. Rinneadh iad sin faoi cheadúnas DER/BAT 2015-

[39] Féach na cuntais maidir le speicis sa chuid seo i gcomhair sonraí ar ialtóga ar cuireadh fáinní orthu.

03, DER/BAT 2016-09, DER/BAT 2016-28 agus DER/BAT 2017-06) an 21 Deireadh Fómhair 2015, 23 August 2016 agus 14 Iúil 2017. Rinne Paul Scott (Scott Cawley Ltd) in éineacht leis an Uasal John Higgins (Maoirsiú Fiadhúlra um Chaomhnú Áitiúil NPWS) suirbhéanna in 2015 agus in 2016 rinne an Dr Daniel Buckley suirbhéanna agus in 2017 rinne Paul Scott iad. Rinneadh suirbhéanna amhairc lae chun aon ialtóga marcáilte a chomhaireamh agus a shainaithint. Is iad suirbhéanna Dheireadh Fómhair 2015 na suirbhéanna inar cumhdaíodh Uaimh Bhaile Mhic Fhlannchaidh. Níor taifeadadh aon ialtóga fáinneacha ón limistéar staidéir i rith na gcuairteanna sin.

***Fianaise ar ghníomhaíocht ialtóg***

Tugtar achoimre sa chuid seo ar thorthaí na suirbhéanna éagsúla inar taifeadadh gníomhaíocht den chrú-ialtóg bheag ar fud limistéar staidéir na scéime ar fad (**Fíor 8.18.1**). I measc na modhanna suirbhéireachta bhí traschriosanna feithiclí, traschriosanna siúlta agus baineadh úsáid as braiteoirí statacha ag suíomhanna socraithe in 2014 agus 2015 ag cumhdach séasúir an tsamhraidh, an fhómhair agus an gheimhridh. Tá achoimre ar leithligh freisin ar thorthaí an rianú raidió sa chuid seo.

Níor taifeadadh crú-ialtóga beaga i rith na suirbhéanna ar traschriosanna feithiclí ach ní bheifí ag súil go mbeadh sé éasca iad a bhrath de ghnáth ag úsáid na modheolaíochta suirbhéireachta sin, mar gheall ar an nglaoch ciúin agus treoch ó mhacall. Mar sin féin, thaifead na suirbhéanna traschreasa siúlta an speiceas sin ag Caisleán Mhionlaigh agus Pluais an Chúipéara. Thaifead brathadóirí ialtóg statach a bhí ag obair i rith na traschriosanna siúlta iad trí thóchar ar an N6 reatha (áit ina dtéann Abhainn Thír Oileáin isteach faoin mbóthar), le hais Lochanna Chúil Each agus Loch Bhaile an Dúlaigh.

Thaifead na brathadóirí ialtóg statach a bhí ag obair in 2014 (**Fíor 8.4.1**, **Fíor 8.4.2** agus **Fíor 8.22.1**), crú-ialtóga beaga ag 14 shuíomh. Taifeadadh an líon ba mhó gníomhaíochta don speiceas seo ag láithreáin S5, S6 agus S21, rud nach raibh aon iontas le déanamh de toisc go raibh na suíomhanna sin go léir gar do Chaisleán Mhionlaigh (féach an achoimre de staidéir rianú raidió thíos). Níos faide chun bealaigh ó cheantar Mhionlaigh, taifeadadh crú-ialtóga beaga freisin ar imeall coillearnaí i gceantar Bhaile an Dúlaigh (S2), gar do fhara atá ar eolas a aithníodh i rith na suirbhéanna tógála, i gcoimpléasc cosáin aolchloiche-scrobarnaí coill soir ó Mhionlach (S4 agus S22), laistigh de thailte Óstán Mhainistir Glenlo (S8), i nGleann an Chaisleán Ghearr (S10), ar thrí láithreán ar imeall thiar thuaidh Chathair na Gaillimhe (S11, S13 agus S15), ar imeall Shráidbhaile Bhearna (S19), agus ar dhá láithreán ar imeall thoir thuaidh Chathair na Gaillimhe díreach ó thuaidh de Pháirc Teicneolaíochta na Gaillimhe (S1, S24).

Thaifead na brathadóirí statacha a bhí ag obair in 2015 feadh na forbartha bóthair atá beartaithe (ag an am sin) crú-ialtóga beaga ag 15 shuíomh. Taifeadadh gníomhaíocht laistigh de limistéar sealgaireachta aitheanta fhara Mhionlaigh mar a tugadh faoi deara sna torthaí rianú-raidió (féach thíos), lena n-áirítear imill choillearnaí, ó dheas de Chaisleán Mhionlaigh, laistigh den limistéar cosáin aolchloiche idir Mionlach agus Bhóthar Áth Cinn an N84, Cairéal Leacaigh agus ar theorainneacha páirceanna ó thuaidh de Shráid an Chaisleáin Ghearr, isteach sa

cheantar ó dheas de Shráidbhaile an Chaisleáin Ghearr, san áit ina bhfuil Pluais an Chúipéara.

Taifeadadh gníomhaíocht leis an gcrú-ialtóg bheag laistigh de thailte OÉG soir ó Ráschúrsa na Gaillimhe agus ar Shruthán Bhearna, ó thuaidh de Choill Bhearna.

Le haghaidh na suirbhéanna pointe trasnaithe, taifeadadh taifeadtaí féideartha den chrú-ialtóg bheag a rinneadh ar mhicreafóin a d'fhéadfadh tabhairt le fios go raibh ialtóga ag eitilt thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag dhá shuíomh don chrú-ialtóg bheag: CP7 agus CP9. Bhí taifead trasnaithe féideartha amháin ag CP7, agus bhí 35 taifead trasnaithe féideartha ag CP10.

Rinneadh monatóireacht ar ghníomhaíocht ialtóg ag Pluais an Chúipéara, Pluais Newry agus ar Thollán Iarnróid Lár na Cathrach i bhfómhar na bliana 2014 agus ag deireadh an gheimhridh in 2015. Taifeadadh líon níos lú de ghlaonna ón gcrú-ialtóg bheag an 26 agus 28 Meán Fómhair, 2014 i bPluais Newry. Taifeadadh líon mór de ghlaonna ón gcrú-ialtóg bheag ar feadh Mheán Fómhair 2014 agus Dheireadh Fómhair 2014 i bPluais an Chúipéara, rud a thabharfadh le fios go n-úsáideann an speiceas seo Pluais an Chúipéara sa séasúr cúplála. Taifeadadh gníomhaíocht den chrú-ialtóg bheag ag Pluais an Chúipéara agus ag Caisleán Mhionlaigh ach ní raibh aon taifead de ag aon cheann de na suíomhanna eile i rith shéasúir ghníomhaíochta dheireadh an gheimhridh 2015. Dá bhrí sin, bunaithe ar na suirbhéanna gníomhaíochta seo baineadh de thátal as go n-úsáideann crú-ialtóga beaga Caisleán Mhionlaigh agus Pluais an Chúipéara ar feadh na bliana ar fad – Caisleán Mhionlaigh i gcomhair pórúcháin agus geimhriúcháin agus Pluais an Chúipéara i gcomhair cúplála agus geimhriúcháin.

Leis na suirbhéanna rianú-raidió bhíothas in ann na patrúin sealgaireachta agus cosáin eitilte a aithint don speiceas seo. I mí Lúnasa 2014, bhí an fad sealgaireachta uasta ó Chaisleán Mhionlaigh idir 0.59km suas go dtí 5.15km, agus an fad uasta ar an meán de limistéar sealgaireachta ón bhfara 2.93km. Ar an meán, bhí an speiceas fireann ar foráiste beagán níos faide ó bhaile, agus an fad uasta ar an meán ón bhfara ag 3.68km, agus an speiceas baineann ag fad uasta de 2.29km.

I mí Mheán Fómhair 2014, bhí an fad foráiste uasta ón bhfara ó 1.11km suas go dtí 4.4km agus an fad uasta foráiste ar an meán ón bhfara ag 3.39km. Ar an meán, bhí an speiceas fireann fad uasta de 2.88km ón bhfara, agus an speiceas baineann fad uasta 4.16km.

Cuimsíodh sa limistéar foriomlán sealgaireachta i mí Lúnasa 2014 21.75km$^2$ (MCP[40]) nó 13.7km$^2$ (MLP[41]), agus bhí sé 56.10km$^2$ (MCP) nó 26.46km$^2$ (MLP) i mí Mheán Fómhair 2014. Bhí forluí na limistéir sealgaireachta a taifeadadh i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2014, i dteorainneacha coillearnaí agus páirce i limistéir Chaisleán Mhionlaigh agus Shráidbhaile Mhionlaigh; a thugann le fios gur príomhlimistéir sealgaireachta a bhí sna limistéir sin. Féach Fíoracha 57 agus 58 in **Aguisín A.8.7**. Bhí an limistéar forluite ó Lúnasa go Meán Fómhair 2014 11.96km$^2$ (MCP) nó 8.1km$^2$ (MLP). Bhí córais pháirceanna agus cairéal soir ó thuaidh agus soir ó Chaisleán Mhionlaigh agus córais pháirceanna ó thuaidh de Phluais an Chúipéara ina limistéir sealgaireachta freisin. Bhí formhór na limistéar

[40] MCP = Polagán dronnach íosta
[41] MLP = Polagán iltaobhach

sealgaireachta don chrú-ialtóg bheag i mí Lúnasa agus i mí Mheán Fómhair 2014 ag forluí i limistéar Abhainn na Gaillimhe, teorainneacha páirce agus coillearnach timpeall ar Chaisleán Mhionlaigh agus Sráidbhaile Mhionlaigh, cosán aolchloiche, coillearnach, scrobarnach agus loch timpeall ar Chúil Each agus ar Shráidbhaile Mhionlaigh, teorainneacha páirceanna agus scrobarnaí timpeall ar an gCaisleán Gearr agus Loch Bhaile an Dúlaigh, agus cairéal tréigthe i nGort an Chalaidh.

Níor shín aon cheann de na limistéir sealgaireachta a taifeadadh in 2014 ó dheas den N6 reatha, i dtreo Chathair na Gaillimhe.

I mí Bealtaine 2015, gabhadh ceithre ialtóg agus clibeáladh iad. Bhí péire de na hialtóga gafa, clibeáilte agus fáinnithe in 2014. Cuireadh fáinní ar na hialtóga nua.

Aithníodh trí fhara lae i rith an tseisiúin rianú-raidió in 2015. Bhain trí cinn de na ceithre ialtóg úsáid leanúnach as an bhfara máithreachais i gCaisleán Mhionlaigh (PBR06). Bhain ialtóg amháin úsáid as fara nach raibh ar eolas roimhe sin i mbollánmhá suite i gcairéal tréigthe díreach ó dheas de Lochanna Chúil Each (PBR218) thar roinnt laethanta sular fhill sí arís ar Chaisleán Mhionlaigh (PBR06). Bhain ialtóg eile úsáid as folús laistigh de struchtúr aolchloiche nádúrtha suite laistigh de Choillte Mhionlaigh le dhul ar an bhfara (PBR219). Úsáideadh na faraí lae sin go léir ar feadh tréimhsí gearra freisin i gcomhair scíthe san oíche.

Chumhdaigh limistéar sealgaireachta foriomlán na gcrú-ialtóg beag a rianaíodh in 2015 16km$^2$ (MCP) nó 10.22km$^2$ (MLP). Chuaigh príomhlimistéar sealgaireachta na n-ialtóg go léir os cionn 1.25km$^2$. Bhí formhór na limistéar sealgaireachta ag forluí i limistéar Chaisleán Mhionlaigh, Choillte Mhionlaigh agus Shráidbhaile Mhionlaigh i bpatrún den chineál céanna is a taifeadadh in 2014. Measadh gurbh é sin an príomhlimistéar sealgaireachta ónar thaisteal ialtóga, ó thuaidh i dtreo Loch Coirib agus ó dheas ag leanúint Abhainn na Gaillimhe, an bealach ar fad go cósta na Gaillimhe i roinnt cásanna.

Bhí an limistéar sealgaireachta foriomlán in 2015 níos lú ná mar a taifeadadh sna tréimhsí rianaithe ag deireadh an tsamhraidh/ag tús an fhómhair in 2014. Gach seans go raibh tréimhsí sealgaireachta níos giorra agus faid taistil níos giorra ann mar gheall ar an teocht íseal a bhí ann san oíche in 2015.

Bunaithe ar thorthaí na staidéar rianú-raidió a rinneadh in 2014 agus 2015, baineadh de thátal as gur bhain crú-ialtóga beaga úsáid as coillearnacha reatha, teorainneacha páirce agus sruthchúrsaí i gcomhair sealgaireachta agus seoladh i rith na tréimhse sin. Úsáideadh limistéir scrobarnaí thar chosán aolchloiche go minic mar limistéir sealgaireachta ar feadh tréimhse fada ama. Ba chosúil go raibh cairéil i limistéir na Gaillimhe tábhachtach do chrú-ialtóga beaga agus taifid ann gur chaith ialtóga am ag beathú agus ar an bhfara istoíche ansin. Meastar go bhfuil limistéir a úsáideadh i rith na tréimhse máithreachais deiridh sa samhradh agus i gcomhair sealgaireachta mar ullmhú do gheimhriúchán ag deireadh an tsamhraidh ríthábhachtach chun tacú le daonra den chrú-ialtóg bheag áitiúil.

Deimhníodh sna staidéir rianú-raidió nasc láidir idir an fara máithreachais a bhí ag Caisleán Mhionlaigh (PBR06) agus ag Pluais an Chúipéara (PBR112). Cé go raibh ceangal díreach idir an dá láthair trí Abhainn na Gaillimhe agus Abhainn

Thír Oileáin, ní raibh sé de nós ag na hialtóga rianú-raidió an bealach comaitéireachta féideartha seo a úsáid agus in ionad sin thaisteal siad os cionn na talún trí Chairéal Leacaigh go Gleann Abhainn Thír Oileáin, trí limistéar beag de spás glas timpeall ar Shráidbhaile an Chaisleáin Ghearr. Taifeadadh ialtóga go rialta ag taisteal idir na faraí agus deimhníodh gur cuid de dhaonra na crú-ialtóige bige céanna iad.

Tugadh le fios sna sonraí rianú-raidió freisin gur láthair fara thábhachtach é Pluais an Chúipéara (PBR112) don chrú-ialtóg bheag fhireann agus gur láthair cúplála tábhachtach fómhair é sa cheantar, chomh maith le bheith ina láthair geimhriúcháin, don speiceas sin.

Chun gníomhaíocht na hialtóige a thaifeadadh agus a mheas laistigh de na tailte atá beartaithe i gcomhair feabhsúchán gnáthóige, cuireadh ceithre bhrathadóir SM2BAT+ ultrafhuaim ar fhálta sceach ón 28 Iúil - 11 Lúnasa 2017. Socraíodh brathadóirí freisin i bhfálta sceach ar an mbóithrín ag Mionlach atá á thrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Taifeadadh crú-ialtóga beaga ag an dá láthair agus rinneadh 132 taifeadadh sna tailte feabhsúcháin gnáthóige atá beartaithe agus rinneadh 81 taifeadadh feadh an bhóithrín. Úsáideadh brathadóir SM2BAT+ freisin ón 2 – 15 Bealtaine 2018 ag ceann de na suíomhanna céanna laistigh den talamh atá beartaithe chun feabhas a chur ar ghnáthóga agus úsáideadh dhá bhrathadóir eile sa pháirc ó dheas i dtreo Abhainn na Gaillimhe chun go dtomhaisfí an úsáid a bhí á baint as limistéir dhifriúla sa tréimhse chéanna. Ar an dara hócáid sin, taifeadadh an chrú-ialtóg bheag ag na trí shuíomh go léir - rinne an dá bhrathadóir 102 taifeadadh sna páirceanna ó dheas agus ní raibh ach 12 thaifead ar an talamh a bhí beartaithe chun feabhas a chur ar ghnáthóga.

Léiríodh sna torthaí sin go raibh an limistéar feabhsúcháin gnáthóige beartaithe inrochtana don chrú-ialtóg bheag agus gur limistéar oiriúnach a bhí ann chun an méid gnáthóige sealgaireachta laistigh de a mhéadú.

***Anailís ar thábhacht choibhneasta Chaisleán Mhionlaigh***

Cuireadh comhaireamh den chrú-ialtóg bheag a rinneadh ag Caisleán Mhionlaigh i gcomparáid le comhaireamh faraí eile i gContae na Gaillimhe agus níos faide ó bhaile chun leibhéal tábhachta Chaisleán Mhionlaigh a chinneadh. Bunaithe ar an gcomhaireamh ó 2006 - 2016, cuimsítear sa bhfara máithreachais ag Caisleán Mhionlaigh thart ar 0.6% (íosmhéid 0.1% - uasmhéid 0.6%) den daonra samhraidh den chrú-ialtóg bheag do dhaonra náisiúnta an speicis seo agus 6% (íosmhéid 2% - uasmhéid 6%) de dhaonra samhraidh Chontae na Gaillimhe. Dá bhrí sin, cé nach sroicheann an fara i Mionlach an tairseach ó thaobh léiriú a thabhairt ar 1% den daonra náisiúnta le go ndéarfaí go bhfuil Tábhacht Náisiúnta leis (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009), sáraíonn sé an tairseach sin ag an leibhéal contae agus dá bhrí sin meastar go bhfuil Tábhacht Contae leis.

Bunaithe ar scaipeadh na bhfaraí máithreachais sa réimse seo den speiceas in Éirinn, comhlíonann fara máithreachais ag Caisleán Mhionlaigh agus an daonra áitiúil lena dtacaíonn sé na critéir ó thaobh Tábhacht Náisiúnta a bheith leis, áit "a bhféadfadh daonra níos lú cáiliú mar cheann a bhfuil tábhacht náisiúnta leis nuair is cuid chriticiúil de dhaonra níos leithne é an daonra nó go bhfuil an speiceas ag céim ríthábhachtach dá shaolré." (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009).

Níl ach sé cinn d'fharaí máithreachais atá ar eolas timpeall ar Loch Coirib, agus bunáite na bhfaraí dírithe ar na cladaí ó thuaidh gar do Chonga. Níl ach dhá fhara lonnaithe ag an gceann ó dheas: Teach Geata Loch an Rois agus Caisleán Mhionlaigh. D'fhéadfadh sé gur clochmhíle thábhachtach iad na faraí seo ó dheas le haghaidh gluaiseachtaí fadtéarmacha agus sreabhadh géinte idir daonraí ialtóga i dTuaisceart na Gaillimhe agus i Maigh Eo agus i nDeisceart na Gaillimhe agus sa Chlár. Taispeánadh i gcomhaireamh le gairid ó Theach Geata Loch an Rois go raibh meath suntasach tagtha ar an bhfara sin agus mar gheall air sin tháinig meath ar na huimhreacha ó 150 ialtóg i 1994 go dtí cúig ialtóg in 2011 (Rebecca Teesdale pers. comm., 2014 agus p44 in Roche et al, (2015)). D'fhéadfadh meath ar fhara Loch an Rois tábhacht choibhneasta an fhara ag Caisleán Mhionlaigh a mhéadú mar fhara eatramhach toisc go mbeadh sé ar an t-aon choilíneacht máithreachais ag ceann ó dheas Loch Coirib. Níl aon fhianaise ann a thugann le fios go bhfuil an daonra ialtóige den chrú-ialtóg bheag i gCaisleán Mhionlaigh ceangailte leis an daonra ialtóige den chrú-ialtóg bheag Eborhall, arb é an daonra leasa cháilithigh (Q1) é le haghaidh cSAC Loch Coirib. Ní bheidh tionchar ag aon tionchair mheasta ar na crú-ialtóga beaga a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartais ar chuspóirí caomhnaithe dhaonra den chrú-ialtóg bheag Q1 in cSAC Loch Coirib, ná ar dhaonraí den chrú-ialtóg bheag Q1 as aon láithreán Eorpach eile.

Is deacair a dhéanamh amach cé mhéad ialtóg a bhí ag úsáid Pluais an Chúipéara (PBR112) mar gheall ar easpa rochtana ar limistéir fhara faoi thalamh agus ar éagsúlacht shonrach shéasúrach agus inscne a bhain lena húsáid. Is léir go n-úsáideann cinn fhireanna agus bhaineanna iad agus bíonn cuid acu ar fara ann sa samhradh agus úsáideann siad é freisin i gcomhair cúplála. Thacaigh an córas pluaiseanna freisin le daonra beag den chrú-ialtóg bheag (4 ialtóg ar an meán de ghnáth) cé nach féidir an córas pluaiseanna a rochtain go hiomlán, mar sin d'fhéadfadh sé go raibh níos mó ialtóg níos doimhne faoi thalamh. Tugadh le fios sna suirbhéanna go dtugann Caisleán Mhionlaigh agus Pluais an Chúipéara dálaí geimhriúcháin don daonra áitiúil ós rud é nach féidir an dá láthair a rochtain go hiomlán do chomhaireamh aonair, ní féidir méid an daonra a chinneadh go hiomlán. Ag glacadh leis an easpa faraí máithreachais sa cheantar áitiúil a d'fhéadfadh a bheith ina bhfoinse ialtóg breise chun hibernacula a áitiú, gach seans nach bhfuil an daonra fara geimhridh difriúil ón daonra fara samhraidh i gcoimpléasc Chaisleán Mhionlaigh-Phluais an Chúipéara.

## 8.3.7.2.2 Ialtóg Leisler Nyctalus leisleri

Tá torthaí na suirbhéanna ar ialtóga mar a bhaineann siad leis an ialtóg Leisler taispeánta ar **Fhíor 8.19.1**.

### *Taifid stairiúla*

Taifeadadh ialtóga Leisler ar fud limistéar staidéir na scéime mar thaifid brathadóra ialtóg agus taifeadadh iad freisin ag úsáid boscaí ialtóg i gCuan an Roisín, arbh iad an t-aon taifead amháin a bhí ann iad roimhe sin don speiceas seo. I measc na dtaifead brathadóra OÉG (A.P. McCarthy Planning Consultants (2007a), McCarthy, Keville & O'Sullivan (2014a) McCarthy, Keville & O'Sullivan (2014b)), Moycullen agus Ballycuirke Lough (Comhairle Chontae na

Gaillimhe/Oifig Ros Comáin um Dhearadh Bóithre Náisiúnta (2011). Toisc go bhfuil an ialtóg seo in ann taisteal i bhfad ó bhaile óna fara gach oíche, ní gá go dtabharfadh taifid bhrathadóra le fios go bhfuil ialtóga ar fara in aice láimhe.

***Sainaithint Faraí***

Níor taifeadadh aon láithreacha fara geimhridh in aon cheann de na suirbhéanna le haghaidh na forbartha bóthair atá beartaithe. Thug rianú-raidió a rinneadh ar trí ialtóg a gabhadh in 2014 agus 2015 láithreacha ceithre fhara lae (PTR45, PB134, PBR139, PBR146).

In 2014, gabhadh ialtóg Leisler fireann amháin agus clibeáladh í i gCoillte Mhionlaigh. Thug rianú-raidió le fios gurbh é an fad uasta ar taifeadadh an ceann aonair seo ag taisteal ná 4.85km thar limistéar sealgaireachta de 8.96km$^2$ ina raibh limistéar ó dheas Loch Coirib, Abhainn na Gaillimhe agus limistéar Mhionlaigh. Aimsíodh dhá fhara a bhí in úsáid ag an ialtóg aonair seo; teach mór nua-aimseartha feadh Bhóthar Áth Cinn an N84 gar do Bhaile an Phoill agus crann fuinseoige ag imeall Choillte Mhionlaigh (PTR45).

Gabhadh dhá ialtóg Leisler fhireanna eile, fáinníodh agus clibeáladh iad i gCoill Bhearna sa dara seisiún in 2014. Mar sin féin, níor bailíodh sonraí ach le haghaidh ceann de na hialtóga sin toisc nárbh fhéidir an dara ceann a aimsiú. Maidir leis an ialtóg a bhíothas in ann a rianú, fuarthas amach go raibh sí ar fara i rith an lae ag dhá theach cónaithe nua-aimseartha ar Bhóthar Cheapaí (PBR139, PBR146). Bhí limistéar sealgaireachta taifeadta de 13.62km$^2$ (MCP) ag an ialtóg seo inar cuimsíodh an limistéar ó dheas de Loch Coirib, feadh chonair Abhainn na Gaillimhe agus limistéar Mhionlaigh.

***Fianaise ar ghníomhaíocht ialtóg***

Taifeadadh ialtóg Leisler go forleathan ar fud limistéar staidéir na scéime i rith na suirbhéanna ar traschriosanna siúlta agus feithicle. Mar sin féin, is beag glaoch a taifeadadh laistigh de theorainneacha na cathrach. Taifeadadh an speiceas ag gach láthair brathadóra stataigh.

Thaifead na brathadóirí statacha a bhí ag obair in 2015 ialtóga Leisler ag 32 láthair (as iomlán 42) feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe. Taifeadadh na leibhéil is airde gníomhaíochta thar Abhainn na Gaillimhe (RS7) agus Chairéal Leacaigh (RS13).

I rith na suirbhéanna pointe trasnaithe, taifeadadh comharthaí de thrasbhealaí féideartha ag 6 láthair i gcomhair ialtóg Leisler; CP5, CP6, CP8, CP10, CP14, CP15. Tá sé réasúnta glacadh leis nach bhfuil an cur chuige a ghlactar chun trasbhealaí ialtóg na forbartha bóthair atá beartaithe a bhrath leis an speiceas seo chomh héifeachtach is a d’fhéadfadh sé a bheith i gcás speiceas eile. Gheobhadh an dá mhicreafón a glaonna arda ómhacalla na hialtóige Leisler go comhuaineach agus ní bheifí in ann trasbhealaí a chruthú. Mar sin féin, toisc gur ialtóg thapa í seo a eitlíonn go hard meastar nach gcuireann scoilteadh gnéithe ar leibhéal na talún bac chomh mór uirthi (“speiceas aerspáis oscailte” dar le Elmeros et al, 2016).

#### 8.3.7.2.3 Ialtóg fheascrach Pipistrellus pipistrellus

Tá torthaí na suirbhéanna ar ialtóga mar a bhaineann siad leis an ialtóg fheascrach taispeánta ar **Fhíor 8.21.1**.

***Taifid stairiúla***

Taifeadadh ialtóga feascracha ar fud limistéar staidéir na scéime lena n-áirítear tailte OÉG (A.P. McCarthy Planning Consultants (2007a), McCarthy, Keville & O'Sullivan (2014a) McCarthy, Keville & O'Sullivan (2014b)). Ní cosúil gur taifid de láithreáin fhara aon cheann díobh seo agus is taifid a bhíonn iontu go hiondúil ó shuirbhéanna brathadóra ialtóg.

***Sainaithint áiteanna a úsáidtear sa samhradh***

Sainaithníodh i gcigireachtaí tógála a rinneadh in 2014 agus 2015 ceithre fhara a bhí in úsáid ag ialtóga feascracha. Bhí ceann amháin suite i dteach amuigh i limistéar Bhaile an Dúlaigh (PBR07), fuarthas fara beag de 3-4 ialtóg i scioból mór cóngarach do Bhóthar Thuama an N83 i gCeapach na Boirne (PBR228) agus chonacthas ialtóga aonair ag an mbloc stáblaí i Ráschúrsa na Gaillimhe i mBaile na Bhriotagh (PBR205) agus i mbungaló tréigthe ó thuaidh de Shráidbhaile Bhearna (PBR220).

Gabhadh sé cinn d'ialtóga feascracha i rith an tseisiúin rianú-raidió in 2014; péire ag OÉG, péire ag Campas Spóirt OÉG, agus péire ag Coill Mhionlaigh. Clibeáladh, fáinníodh agus rianaíodh na hialtóga fireanna agus baineanna chuig a bhfaraí lae. Fuarthas an ceann baineann ar fara in dhá fhoirgneamh nua-aimseartha in eastát tithíochta ag Baile an Mhóinín (PBR141, PBR147) ar imeall thiar thuaidh na cathrach, agus fuarthas an ceann fireann ar fara in dhá chró talmhaíochta nua-aimseartha i gCluain Mhic Cáinín (PBR148, PBR149), ó thuaidh de Chairéal Roadstone.

Níor taifeadadh aon fharaí geimhridh don speiceas seo.

***Fianaise ar ghníomhaíocht ialtóg***

Taifeadadh ialtóga feascracha go forleathan ar fud limistéar staidéir na scéime i rith na suirbhéanna ar traschriosanna siúlta agus feithicle. Mar sin féin, is beag glaonna a taifeadadh laistigh de limistéir na cathrach, seachas limistéir atá cóngarach d'Abhainn na Gaillimhe. Taifeadadh an speiceas ag gach láthair brathadóra stataigh in 2014.

Thaifead na brathadóirí statacha a bhí ag obair ialtóga feascracha ag 34 áit feadh na forbartha bóthair atá beartaithe. Taifeadadh an leibhéal is airde gníomhaíochta i gCairéal Leacaigh (RS13), fál sceach i bpáirc cóngarach do Bhóthar Thuama an N83 (RS26), fál sceach cóngarach don timpeallán N6 reatha (RS29) agus feadh fál sceach ar an teorainn le Bóthar Bharr Aille, ó thuaidh de Shráidbhaile Bhearna (RS40).

I rith na suirbhéanna pointe trasnaithe, taifeadadh taifid trasnaithe féideartha ag 16 láthair d'ialtóga feascracha. Taifeadadh níos mó ná 10 dtrasrian fhéideartha don speiceas seo; CP6, CP9, CP10, CP11, CP14, CP15, CP16. Taifeadadh líon sách

ard de thrasrianta féideartha ag CP9 (88 trasrian féideartha) agus CP10 (630 trasrian féideartha).

#### 8.3.7.2.4 Ialtóg shopránach Pipistrellus pygmaeus

Tá torthaí na suirbhéanna ar ialtóga mar a bhaineann siad leis an ialtóg shopránach taispeánta ar **Fhíor 8.21.1**.

***Taifid stairiúla***

Taifeadadh an speiceas sin roimhe seo ar fud limistéar staidéir na scéime agus áiríodh taifid ag an Daingean (A.P. McCarthy Planning Consultants, 2007a), Páirc Mhuirlinne (Browne and Fuller, 2009), Coillte Bhearna (Browne et al, 2009), Baile Uí Chuirc (Comhairle Chontae na Gaillimhe/Oifig Ros Comáin um Dhearadh Bóithre Náisiúnta, 2011) agus OÉG (McCarthy, Keville agus O'Sullivan, 2009a, 2014a, 2014b). Sholáthair an NPWS taifead stairiúil freisin d’fhara ó Shráidbhaile Mhionlaigh in 2014 (R. Teasdale, pers. comm, 2015) bhí a fhios go raibh ialtóg aonair ar fara i gCaisleán Mhionlaigh in 2000 (RPS, 2006).

***Sainaithint áiteanna a úsáidtear sa samhradh***

Sainaithníodh 13 fhara den speiceas seo i gcigireachtaí tógála a rinneadh in 2014, 2015 agus 2016. Bhí siad sin lonnaithe san Áth Buí, Baile an Bhriotaigh, Baile an Dúlaigh, Leitreach, Gort an tSléibhe, Ros Cam, Coill Bhearna, Barr Aile, Troscaigh Thiar, Achadh an Churraigh agus Cúil Each. Bhí seacht gcinn de na láithreacha fara sin ag láithreacha ina raibh foirgnimh agus tithe feirme gan chónaí (PBR196, PBR205, PBR237, PBR241, PBR42, PBR44, PBR49), agus thángthas ar faraí i bhfoirgnimh áitithe i gCoill Bhearna (PBR222), eastát cónaithe Achadh an Churraigh (PBR177, PBR255) agus Cúil Each (PBR179).

Chonacthas ialtóg fheascrach amháin ag teacht amach as crann darach (PTR40) i bpáirc suite ó dheas de Chaisleán Mhionlaigh i samhradh 2015.

***Fianaise ar ghníomhaíocht ialtóg***

Taifeadadh ialtóg shopránacha go forleathan ar fud limistéar staidéir na scéime i rith na suirbhéanna ar traschriosanna siúlta agus feithicle. Mar sin féin, is beag gairmeacha a taifeadadh laistigh de na limistéir is forbartha laistigh de Chathair na Gaillimhe seachas limistéir atá cóngarach d’Abhainn na Gaillimhe. Taifeadadh na speicis sin ag gach 24 láthair brathadóra stataí a bhí ag obair in 2014.

Thaifead na brathadóirí statacha a bhí ag obair in 2015 ialtóg shopránacha ag 37 (as iomlán 42) áit feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe. Taifeadadh na leibhéil is airde gníomhaíochta gar d’Abhainn na Gaillimhe (RS1 agus RS2), gar d’fhara deimhnithe in Eastát Tithíochta Achadh an Churraigh (RS8) agus fál sceach cóngarach do Thimpeallán Chúil Each (RS29) atá ann cheana.

I rith na suirbhéanna pointe trasnaithe, taifeadadh gníomhaíocht ialtóg rud a thug le fios go bhféadfadh trasrianta a bheith ag gach 21 láthair suirbhé le haghaidh ialtóg shopránach. Thaifead trí cinn déag de láithreacha feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe níos mó ná 10 dtaifead trasrianta féidir le haghaidh an speicis seo.

#### 8.3.7.2.5 Ialtóga Natúisias Pipistrellus nathusii

Tá torthaí na suirbhéanna ar ialtóga mar a bhaineann siad leis an ialtóg Natúisias taispeánta ar **Fhíor 8.20.1**.

***Taifid stairiúla***

Is é seo an t-aon speiceas ialtóg nár taifeadadh roimhe seo i limistéar staidéir na scéime. Níl ach taifead amháin ar leibhéal contae i mbreathnú ad-hoc a rinneadh in Uachtar Ard in 2007, dar le bunachar sonraí Chaomhnú Ialtóg Éireann.

Níor aimsíodh aon fharaí don speiceas seo.

***Fianaise ar ghníomhaíocht ialtóg***

Taifeadadh ialtóga Natúisias i rith na suirbhéanna ar traschriosanna siúlta agus feithicle in 2014 ach ní raibh siad chomh coitianta leis an dá speiceas eile *Pipistrellus.* Taifeadadh iad i limistéar talamh feirme soir ó Pháirc Teicneolaíochta na Gaillimhe, Coill Bhearna, Lochanna Chúil Each agus Leitreach.

Taifeadadh an speiceas ag 20 (as iomlán 24) láthair brathadóra stataigh in 2014, cé nach raibh siad le feiceáil chomh minic leis an speiceas *Pipistrellus* eile ach tugadh le fios go raibh an speiceas níos forleithne ná mar a taispeánadh sna trasrianta siúlta agus feithicle. I measc na láithreán leis an líon is airde gairmeacha bhí S20, S16, S21 agus S06, a bhí suite timpeall ar Abhainn na Gaillimhe.

Thaifead na brathadóirí statacha a bhí ag obair in 2015 feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe ialtóga Natúisias ag áit amháin (as iomlán 42), i gCairéal Leacaigh (RS13), áit ar taifeadadh dhá ghairm.

I rith na suirbhéanna pointe trasnaithe, taifeadadh fianaise ar ialtóga Natúisias ag trasnú na forbartha bóthair atá beartaithe ag CP14 agus CP20 (2 amach as iomlán 21). Níor taifeadadh ach “pasanna” aonair.

#### 8.3.7.2.6 Speiceas feascrach gan aithint Pipistrellus sp.

Tá torthaí na suirbhéanna ar ialtóga mar a bhaineann siad le hialtóga Feascracha taispeánta ar **Fhíor 8.21.1**.

Bíonn an neart glao is airde le haimsiú ó mhacalla ag an ialtóg fheascrach ag 45kHz agus ag an ialtóg shopránach ag 55kHz. Ní féidir speicis ialtóg Fheascrach a aimsítear ó mhacall idir 48 agus 52kHz a aithint go cruinn lena nglaoch agus déantar cur síos orthu mar speicis den ialtóg Fheascracha “gan aithint”.

***Sainaithint áiteanna a úsáidtear sa samhradh***

Níor taifeadadh aon fharaí geimhridh don speiceas sin.

Taifeadadh dhá fhara den ialtóg Fheascrach gan aithint i rith cigireachtaí tógála in 2014 agus 2015. Aimsíodh fara nárbh eol a líon i dteach feirme siar ó shráidbhaile Bhearna (PBR224) i rith suirbhé inmheánach agus aimsíodh salachar ialtóg fheascrach gan aithint i mbungaló laistigh de thailte Ráschúrsa na Gaillimhe i mBaile an Bhriotaigh (PBR242).

Chonacthas ialtóg fheascrach gan aithint le hionscóp i scoilt i gcrann fuinseoige (PTR54) i scrobarnach choill ar chosán aolchloiche lonnaithe ó thuaidh de Lochanna Chúil Each in 2015.

***Fianaise ar ghníomhaíocht ialtóg***

Taifeadadh glaonna ialtóg nach bhféadfaí a shannadh d'ialtóga Fheascracha nó Shopránacha go forleathan ar fud an limistéir staidéir i rith na suirbhéanna ar traschriosanna siúlta agus feithicle in 2014. Thaifead na brathadóirí statacha a bhí ag obair in 2015 ialtóg ag 32 áit feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe. Taifeadadh an ghníomhaíocht ab airde gar d'Abhainn na Gaillimhe (RS1), Cairéal Leacaigh (RS13) agus feadh fál sceach gar do Shráidbhaile an Chaisleáin Ghearr (RS19).

Thaifead na brathadóirí statacha a bhí ag obair in 2015 ialtóga feascracha gan aithint ag 32 (as iomlán 42) áit feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe. I rith na suirbhéanna pointe trasnaithe, taifeadadh trasnuithe féideartha a thug gníomhaíocht ialtóg le fios ag 14 (amach as iomlán 21) láithreán don speiceas ialtóg fheascrach gan aithint. Thaifead dhá láthair níos mó ná 10 dtaifead trasnaithe fhéideartha don ghrúpa speiceas seo: CP9 agus CP10.

## 8.3.7.2.7 Ialtóg fhadchluasach dhonn Plecotus auritus

Tá torthaí na suirbhéanna ar ialtóga mar a bhaineann siad leis an ialtóg fhadchluasach dhonn taispeánta ar **Fhíor 8.20.1**.

***Taifid stairiúla***

Thaifead sonraí bonnlíne, a cuireadh i láthair i gcáipéisí a thacaíonn le hiarratais phleanála i limistéar staidéir na scéime, fara den ialtóg fhadchluasach dhonn de bhreis is 20 ialtóg i gCaisleán Mhionlaigh (RPS, 2006) cé nár taifeadadh é sin i rith na sraithe reatha suirbhéanna. Tá a fhios go mbíonn an speiceas coitianta agus forleathan seo i gCoill Mhuirlinne (Browne agus Fuller, 2009), Campas OÉG (McCarthy, Keville agus O'Sullivan. (2014a)), Clydagh Bridge agus Baile Uí Chuirc (ó thuaidh de limistéar staidéir na scéime) (Comhairle Chontae na Gaillimhe/Oifig Ros Comáin um Dhearadh Bóithre Náisiúnta. (2011). Taispeánann taifid Chaomhnú Ialtóg Éireann don speiceas sin líon beag taifead i limistéar staidéir na scéime.

***Sainaithint áiteanna a úsáidtear sa samhradh***

Taifeadadh 27 fara den speiceas seo i rith na gcigireachtaí tógála in 2014-2017. Bhí seacht gcinn de na faraí in ann tacú le coilíneachtaí máithreachais; teach tréimhse ar Bhóthar Leitrí (PBR49), Caisleán Mhuirlinne (PBR51), bungaló tréigthe ar an R338 go dtí Órán Mór (PBR89), scioból ar an R399 soir ó Bhaile an Bhriotaigh (PBR100), áiléar dhá theach in Eastát Tithíochta Achadh an Churraigh (PBR178, PBR256) agus teach nua-aimseartha in Eastát Tithíochta The Heath (PBR173).

Rangaíodh dhá cheann déag d'fharaí mar fharaí oíche, ach níor rangaíodh na hocht gcinn eile. Thángthas ar na faraí oíche sna háiteanna seo a leanas: teach tréigthe gar do Chlub Rugbaí na gCorantach (PBR21), teach tréigthe in

Rockmount (PBR15), trí theach amuigh tréigthe gar do Loch Bhaile an Dúlaigh (PBR17, PBR25, PBR111), teach amuigh agus bealach isteach i Mionlach (PBR82, PBR156), teach nua-aimseartha nach raibh críochnaithe i nGort an tSléibhe (PBR138), scioból i mBarr Aile (PBR217), agus scioból sa Gharrán (PBR194), teachín i mBaile an Teampaill (PBR105).

I rith an rianú-raidió i mí Lúnasa 2014, gabhadh ceithre ialtóg fhadchluasach dhonn; dhá ialtóg ag Coill Bhearna, ialtóg amháin ag Coill Mhionlaigh, agus ialtóg amháin ag Pluais an Chúipéara. Cuireadh tarchuradóir raidió ar an ialtóg fhadchluasach dhonn bhaineann a gabhadh ag Pluais an Chúipéara agus rianaíodh í chuig a fara lae; bungaló sa Chaisleán Gearr (PBR145). Sa chomhaireamh a rinneadh ar ialtóga a tháinig amach chonacthas sé ialtóg ag fágáil an fhara. Toisc gur ialtóg fhásta bhaineann a bhí anseo gach seans go raibh an foirgneamh seo á úsáid mar fhara máithreachais. Rianaíodh an ialtóg seo i rith sheisiún rianú-raidió mhí Mhéan Fómhair agus fuarthas amach go rabhthas ar fara arís agus arís eile sa bhungaló céanna. Taifeadadh an ialtóg oíche amháin ar fara i gcorrán liag idir Sráidbhaile Mhionlaigh agus Caisleán Mhionlaigh (PBR156) i rith báisteach throm. Ba é an fad comaitéireachta uasta a taifeadadh don cheann seo in oíche amháin ná 4.07km. Cuimsíodh sa limistéar sealgaireachta de 2.18km$^2$ (MCP) go príomha an tsráidbhaile ina raibh Pluais an Chúipéara lonnaithe ach freisin timpeall ar Loch Bhaile an Dúlaigh.

***Fianaise ar ghníomhaíocht ialtóg***

Níor taifeadadh ialtóga fadchluasacha donna ach ag dhá láthair i rith na traschriosanna siúlta agus feithicle ach is gnáth-thorthaí iad sin don speiceas ialtóg seo a bhfuil a ghlaoch an-íseal ó mhacall agus a bhfuil sé deacair dá bhrí sin brathadóir ialtóg heitridín a phiocadh suas ar traschrios atá ag bogadh. Mar sin féin, taifeadadh iad ag 18 (amach as iomlán 24) áit in 2014, ag tabhairt le fios go bhfuil an speiceas sách forleathan i limistéar staidéir na scéime, ag teacht le torthaí na suirbhéanna fara samhraidh.

Níor taifeadadh na brathadóirí statacha a bhí ag obair in 2015 ialtóga fadchluasacha donna ach ag dhá (amach as iomlán 42) láithreán feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe, gar do Abhainn na Gaillimhe (RS1 agus RS7).

## 8.3.7.2.8 Speiceas ialtóg myotis

Tá torthaí na suirbhéanna ar ialtóga, mar a bhaineann siad leis an leibhéal géinis *Myotis,* taispeánta ar **Fhíor 8.20.1**.

Áirítear leis an ngéinis *Myotis* trí speiceas ialtóg atá cónaitheach in Éirinn: ialtóg Daubenton *Myotis daubentonii*, ialtóg Natterer *M. nattereri* agus an ialtóg ghiobach *M. mystacinus.* Bíonn deacracht ann idirdhealú a dhéanamh idir na hialtóga a úsáideann a nglaonna ó mhacalla toisc go mbíonn cosúlacht eatarthu. Dá bhrí sin, tá siad rangaithe le chéile ar mhaithe leis na torthaí sin a thuairisciú.

***Taifid stairiúla***

Tuairiscíodh i staidéir roimhe seo ar ialtóga níos mó ná 20 ialtóg Daubenton ar fara in éadan ó dheas Chaisleán Mhionlaigh in 2000. Níor taifeadadh aon fhara in 2005 agus 2006, ach taifeadadh ialtóga ag sealgaireacht. Taifeadadh níos lú ná 30

ialtóg Natterer ar fara i dtithe amuigh de chuid Chaisleán Mhionlaigh in 2000 ach níor taifeadadh aon fhara in 2005 agus 2006 ((RPS, 2006). Taifeadadh ialtóga Myotis ar Champas OÉG (McCarthy, Keville & O'Sullivan (2014). Bhí taifead stairiúil d'fhara d'ialtóga Natterer freisin ag Eaglais san Séamus, Páirc na Sceach. Taifeadadh ialtóga Natterer freisin mar chuid de na suirbhéanna a rinneadh le haghaidh na Scéime Bóthair R336 go N59 a bhí beartaithe (RPS, 2013a). Taifeadadh ialtóga Daubenton ar Abhainn na Gaillimhe ó champas OÉG (McCarthy, Keville agus O'Sullivan. (2014a, 2014b)) agus freisin i bhformhór sruthchúrsaí laistigh den chathair agus timpeall ar na ceantair máguaird. Feictear an speiceas sin go minic timpeall ar Ardeaglais na Gaillimhe i rith siúlóidí ialtóg ag Grúpa Ialtóg na Gaillimhe (C. Carlin, pers comm 2015).

Is annamh a thaifeadtar an ialtóg ghiobach sa limistéar agus níl againn ach taifid *ad-hoc* ó Chaomhnú Ialtóg Éireann.

***Sainaithint áiteanna a úsáidtear sa samhradh***

Taifeadadh ceithre fhara ialtóg Natterer i rith na gcigireachtaí ar fhoirgnimh in 2015 (PBR17, PBR20, PBR64, PBR82). Deimhníodh na faraí sin bunaithe ar shalachar a bheith ann, a ndearnadh anailís orthu ag úsáid seicheamhú DNA le deimhniú go raibh an speiceas ann.

Fuarthas amach i suirbhé maidir le teacht amach a rinneadh ar Chaisleán Mhionlaigh (PBR06), an 8 Iúil 2014, go raibh ialtóg Daubenton fós ar fara sa chaisleán. Measadh go raibh níos lú ná 20 ialtóg ann.

I rith an rianú-raidió a rinneadh i mí Lúnasa 2014, gabhadh naoi gcinn d'ialtóga Daubenton (ceann baineann agus ocht gcinn fireanna) i gCoill Mhionlaigh agus gabhadh ialtóg Daubenton fireann amháin ag Pluais an Chúipéara. Clibeáladh agus rianaíodh ceann de na hialtóga Daubenton fhireanna a gabhadh i gCoill Mhionlaigh. Fuarthas amach go raibh sé ar fara i struchtúr balla cloiche ar bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe (PBR133). Taifeadadh i gcomhaireamh maidir le teacht amach a rinneadh gairid ina dhiaidh sin 25 ialtóg Daubenton ar fara sa bhalla, rud a thug le fios gur dóigh gur fara máithreachais a bhí ann don speiceas seo.

I rith an dara seisiún rianú-raidió a rinneadh i mí Lúnasa, gabhadh deich gcinn d'ialtóga Daubenton (ceann as Coill Mhuirlinne, trí cinn as OÉG, agus sé cinn as Coill Mhionlaigh) agus clibeáladh ceithre cinn (ceann baineann as Coill Mhuirlinne, dhá cheann bhaineanna agus ceann fireann as OÉG). Taifeadadh faisnéis fara le haghaidh trí cinn de na hialtóg Daubenton a rianaíodh i rith dhara seisiún mhí Lúnasa. Fuarthas amach go raibh siad ar fara i dtrí fhoirgneamh (PBR142, PBR143, PBR144) agus dhá dhroichead (PBR150, PBR152) i Lár Chathair na Gaillimhe. Taifeadadh sonraí sealgaireachta i seisiún rianaithe mhí Mheán Fómhair le haghaidh dhá ialtóg Daubenton a gabhadh i rith dara seisiún mhí Lúnasa. Thaisteal ialtóg amháin fad uasta 1.06km agus bhí limistéir sealgaireachta de 0.26m$^2$ (MCP) acu ag cuimsiú Coill Mhuirlinne agus lochanna Chúil Each. Bhí achar uasta 2.48km ag an gceann eile agus limistéar sealgaireachta de 0.55km$^2$ (MCP) ag cuimsiú Abhainn na Gaillimhe ó Chaisleán Mhionlaigh isteach go Lár Chathair na Gaillimhe.

Gabhadh dhá ialtóg ghiobacha agus clibeáladh iad i rith an dara seisiún rianú-raidió i mí Lúnasa 2014 (ceann as OÉG agus ceann as Coill Mhuirlinne). Mar sin féin, níorbh fhéidir teacht ar an ialtóg a gabhadh i gCoill Mhuirlinne arís tar éis clibeála. Fuarthas amach go raibh an ialtóg ghiobach eile ar fara in dhá theach cónaithe nua-aimseartha (PBR140, PBR151) in eastát cónaithe le taobh an Ionaid Spóirt, gar do Choill Bhearna. Bailíodh sonraí sealgaireachta le haghaidh an chinn sin i rith sheisiún rianú-raidió Mheán Fómhair. Ba é an fad uasta ar thaisteal an ialtóg sin ná 3.71km agus bhí limistéar sealgaireachta 2.02km$^2$ aici, ag cuimsiú limistéar scrobarnaí agus talamh féaraigh garbh i limistéar Bhearna.

Gabhadh ialtóg Natterer i gCoill Mhionlaigh i mí Lúnasa 2014 ach níor tugadh tús áite don cheann sin i gcomhair rianú ag an am agus dá bhrí sin níor cuireadh clib raidió orthu. Gabhadh ialtóg Natterer fireann eile, fáinníodh agus clibeáladh í i gCoill Mhionlaigh i rith sheisiún rianú-raidió mhí Mheán Fómhair; mar sin féin, níor taifeadadh aon sonraí ón ialtóg sin, mar gheall seans gur fhág an ialtóg an ceantar, nó b'fhéidir gur theip ar an tarchuradóir.

***Fianaise ar ghníomhaíocht ialtóg***

I rith na suirbhéanna ar traschriosanna siúlta agus feithicle agus na suirbhéanna ar bhrathadóirí statacha in 2014 agus 2015, níor aithníodh formhór na nglaonna *Myotis* de réir speicis i ngeall ar an bhforluí i saintréithe glaonna idir speicis nuair a rinneadh anailís orthu. Mar sin féin, ar roinnt ócáidí, deimhníodh speicis *Myotis* le breathnuithe súl ag teacht leis na glaonna ó mhacalla. Taifeadadh ialtóg Natterer ag Coill Bhearna agus chonacthas ialtóga Daubenton ag sealgaireacht ar Abhainn na Gaillimhe agus ar Abhainn Thír Oileáin. Taifeadadh formhór ghlaonna na hialtóige *Myotis* feadh Abhainn na Gaillimhe agus Abhainn Thír Oileáin i rith na dtraschriosanna siúlta agus feithicle ach níor taifeadadh iad go minic sa chuid eile de limistéar staidéir na scéime.

Taifeadadh glaonna *Myotis* ar fud gach ceann den 24 suíomh brathadóra stataigh in 2014, cé go raibh siad ag minicíocht níos ísle ná an speiceas feascrach. Thaifead suíomh S07 an líon ba mhó de ghníomhaíocht *Myotis*. Bhí an láthair gar do Abhainn na Gaillimhe agus don fhara máithreachais Daubenton aitheanta.

Thaifead na brathadóirí statacha a bhí ag obair in 2015 feadh bhealach na forbartha bóthair ialtóga *Myotis* ag 25 (amach as iomlán 42) áit. Bhí na leibhéil ghníomhaíochta don speiceas seo ag láithreacha statacha feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe íseal don ghrúpa speicis ach taifeadadh an ghníomhaíocht ab airde feadh Abhainn na Gaillimhe (RS1), Cairéal Leacaigh (RS13), limistéar scrobarnaí cóngarach do Bhóthar Áth Cinn an N84 gar do Bhaile an Dúlaigh agus in aice srutháin a bhfuil páirceanna agus scrobarnach timpeall air sa Bhaile Ard Thoir.

I rith na suirbhéanna pointe trasnaithe, taifeadadh taifid trasnaithe féideartha ag 7 (amach as iomlán 21) láthair don speiceas ialtóg *Myoits*, agus idir 1-3 trasnú féideartha taifeadta ag gach ceann de na láithreacha seo.

## 8.3.7.2.9 Teorainneacha an tSuirbhé

Rinneadh measúnú ar 230 struchtúr agus 62 crann ar an iomlán mar chuid de bhailiú na sonraí bonnlíne ar na daonraí ialtóige laistigh de limistéar na forbartha

bóthair atá beartaithe. Mar gheall ar an leibhéal suirbhéireachta thar cuimse sin bhíothas in ann pictiúr níos mionsonraithe a fháil de chruinniú na speiceas sa limistéar staidéir agus bhí sé mar bhonn eolais do na staidéir ar bhacainní agus ar roghnú bealaigh, do dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus d'ullmhú na Tuarascála MTT seo.

Rinneadh suirbhéireacht ar gach struchtúr laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe a bhféadfadh tionchar a bheith orthu, go díreach nó go hindíreach, chun úsáid fhéideartha ialtóg a thaifeadadh. I bhformhór cásanna bhíothas in ann seiceálacha inmheánacha agus seachtracha a dhéanamh go bhfeicfí an raibh aon ialtóga le feiceáil i rith an lae agus rinneadh na seiceálacha sin nuair a bhí an ghrian ag dul faoi agus ag éirí lae. Ar ndóigh tharla sé i gcúpla cás, nárbh fhéidir dul isteach sa struchtúr. I gcásanna den sórt sin, tugadh faoi shuirbhéanna istoíche chun aon ialtóga a tháinig amach as an struchtúr nó a bhí ag filleadh air a thaifeadadh.

D'fhéadfadh tionchar a bheidh ag teochtaí fuar na hoíche ar roinnt suirbhéanna (e.g. suirbhéanna rianaithe raidió in 2015) agus b'fhéidir gur chuir siad iallach ar ialtóga an t-am sealgaireachta a laghdú. Ar an iomlán, thug na suirbhéanna a rinneadh arís agus arís ó 2014 deis suirbhé a dhéanamh ar ialtóg thar roinnt séasúr rud lena laghdaítear an claonadh a chruthaítear de bharr cúrsaí aimsire nach mbíonn thar mholadh beirte.

### 8.3.7.3 Broc

Tá cosaint dlíthiúil ag an mbroc, agus ag a chuid láithreacha pórúcháin agus scíthe faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra.

Fuarthas fianaise ar ghníomhaíocht den Bhroc *Meles meles* ar fud an limistéir staidéir ó Na Foraí Maola go dtí Bóthar Thuama an N83. Taifeadadh an líon ab airde de ghníomhaíocht bhroic i limistéar Mhionlaigh agus sa limistéar idir Cairéal Leacaigh agus Bóthar Áth Cinn an N84. Taispeánann torthaí an tsuirbhé scaipeadh i bhfad níos mó den Bhroc ar fud an limistéir staidéir ná mar a tugadh le fios i dtorthaí an staidéir deisce. Bhí cearnóga eangaí aonair 2km (M32I) áit a raibh taifead ag Ionad Náisiúnta le Sonraí Bithéagsúlachta taifead don Bhroc ach níor taifeadadh an speiceas sin sa chuid forluite de limistéar staidéir an tsuirbhé ar mhamaigh agus M32I. Mar sin féin, thaifead an suirbhé an Broc 50m ó thuaidh.

Aithníodh 17 mbrocais ar an iomlán laistigh agus timpeall ar an limistéar staidéir. Taifeadadh formhór na mbrocaisí mar chuid de shuirbhé ildisciplíneach 2015 ach taifeadadh roinnt taifead le haghaidh brocaisí níos faide ón bhforbairt bóthair atá beartaithe in 2014, i rith obair shuirbhéireachta eile a bhí ar bun. Bhí sé cinn déag gníomhach ag tráth an tsuirbhé agus ní raibh aon chomharthaí ann go raibh an bhrocais a bhí fágtha (S1) in úsáid le déanaí. Tá stádas, cur síos agus fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe gach ceann de na brocaisí tugtha thíos i **dTábla 8.21**. Tá torthaí an tsuirbhé mamaigh taispeánta i **bhFíoracha 8.3.1** go **8.3.14**.

**Tábla 8.21: Torthaí an tsuirbhé ar an mBroc – brocaisí an bhroic**

| Tag. Uimh. | Cineál brocaise[42] | Stádas agus Tuairisc |
|---|---|---|
| S1 | Brocais as úsáid | Brocais neamhghníomhach lonnaithe faoi chrann draighin. Bealach isteach amháin.<br>c.160m soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Ch. 3+930 |
| S2 | Príomhbhrocais fhéideartha | Brocais ghníomhach lonnaithe i limistéar scrobarnaí feadh theorainn páirce; roinnt tollán/cosán isteach sa chasarnach<br>c.90 m siar ó thuaidh de Bhóthar Ceangail N59 ó Dheas ag Ch. 1+800 |
| S3 | Príomhbhrocais | Brocais ghníomhach lonnaithe i gcoillearnach gar do bhalla teorann páirce. Bealach isteach amháin le flúirse salachair úir, ceapach agus leithris.<br>Cóngarach don (<5m ón) fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Ch. 9+500 |
| S4 | Brocais forthí | Brocais ghníomhach lonnaithe i measc tor beannaithe faoi bhollán aolchloiche. Bealach isteach amháin le salachair úir, ceapach agus leithreas.<br>c.85m soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Ch. 9+500 |
| S5 | Brocais chúnta | Brocais ghníomhach feadh teorainn páirce. Bealach isteach amháin le ceapach agus leithreas.<br>c.430m soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Ch. 9+500 |
| S6 | Príomhbhrocais/Brocais fothí | Brocais ghníomhach lonnaithe i limistéar scrobarnaí. Dhá bhealach isteach ar a laghad salachar úr, ceapach.<br>>500m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |

[42] Príomhbhrocais = brocais phórúcháin, ina ndírítear ar fhormhór de ghníomhaíocht bhroic; Brocais fhor-rátha = brocais mhór, laistigh de 50 m den phríomhbhrocais de ghnáth; Brocais chúnta = brocais níos lú, ní go himeallach, laistigh de chríoch ghrúpa sóisialta an bhroic; Brocais asluiteach = brocais bheag, ar imeall chríoch grúpa de ghnáth; Brocais bheag = brocais theagmhasach, ní ar imeall chríoch an ghrúpa.

| **Tag. Uimh.** | **Cineál brocaise[42]** | **Stádas agus Tuairisc** |
|---|---|---|
| S7 | Príomhbhrocais/Brocais fothí | Brocais ghníomhach lonnaithe faoi aolchloch. Dhá bhealach isteach salachar úr, ceapach.<br>>500m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| S8 | Príomh | Brocais ghníomhach lonnaithe idir bolláin aolchloiche. Níos mó ná 10 mbealach isteach. Leithris agus neart comharthaí gníomhaíochta.<br>c.55m ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe (Bóthar Nua ceangail) ag Ch. 10+200 |
| S9 | Príomhbhrocais fhéideartha | Brocais ghníomhach lonnaithe i gcoillearnach coill ag bun carnán bollán. Bealach isteach amháin. Carn mór salachair, salachar úr agus ceapach.<br>Laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ag Ch. 11+810 |
| S10 | Brocais chúnta | Brocais ghníomhach le dhá bhealach isteach, lonnaithe faoi scrobarnach feadh teorainn páirce. Salachar úr agus ceapach.<br>c.45m soir ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Ch. 11+810 |
| S11 | Brocais chúnta | Brocais ghníomhach lonnaithe i scrobarnach thiubh ag teorainn páirce. Bealach isteach amháin.<br>Laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ag Ch. 12+025 |
| S12 | Príomh | Brocais ghníomhach lonnaithe i scrobarnach feadh teorainn páirce. Sé bhealach isteach.<br>>500m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| S13 | Brocais chúnta | Brocais ghníomhach lonnaithe laistigh de pháirc féaraigh feabhsaithe. Bealach isteach amháin. Tochailt le déanaí.<br>c.130m ó dheas de theorainn na forbartha atá beartaithe ag Ch. 13+425 |
| S14 | Brocais chúnta | Brocais ghníomhach feadh teorainn páirce. Dhá bhealach isteach. Tochailte le déanaí.<br>Laistigh de theorainn na |

| Tag. Uimh. | Cineál brocaise[42] | Stádas agus Tuairisc |
|---|---|---|
| | | forbartha atá beartaithe ag Ch. 13+775 |
| S15 | Brocais chúnta | Gníomhach, bealach isteach amháin. Tochailt le déanaí.<br>c.100m thiar thuaidh de AR 13/03 |
| S16 | Brocais chúnta | Gníomhach, bealach isteach amháin. Tochailt le déanaí agus salach úr/ceapach ann.<br>c.150m siar ón draenáil atá beartaithe ar N59 |
| S17 | Brocais chúnta | Gníomhach, dhá bhealach isteach. Leithris, tochailt le déanaí agus salachar úr/ceapach.<br>c.52m ó thuaidh den draenáil atá beartaithe ar N59 |

***Teorainneacha an tsuirbhé***

Mar gheall ar fhásra tiubh/cumhdach scrobarnaí bhí roinnt áiteanna laistigh den limistéar staidéir, agus laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, nach bhféadfaí a rochtain go hiomlán i rith an tsuirbhé. Tá siad sin taispeánta ar **Fhíoracha 8.3.1** go **8.3.14**. Níor taifeadadh aon fhianaise ar ghníomhaíocht Bhroic timpeall ar an imeall, nó gar do, aon cheann de na limistéir dhorochtana a raibh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu. Cuireadh na limistéir dhorochtana san áireamh nuair a bhí tábhacht an tionchair á cinneadh agus tá siad léirithe sa straitéis maolaithe. Bailíodh dóthain sonraí chun treoir iontaofa a thabhairt don mheasúnú tionchair in ainneoin nach rabhthas in ann rochtain iomlán a fháil ar na limistéir sin.

#### 8.3.7.4 Speicis Mhamaigh Eile

Taifeadadh cat crainn *Martes martes* ar Bhóthar an Leachta i Mionlach agus bheifí ag súil go mbeidís i gcoillearnach sa cheantar. Taifeadadh cat crainn i gCoill Bhearna agus i Mionchluain freisin (Taifid ar líne ó bhunachar sonraí NBDC).

Taifeadadh fianaise ar luch fhéir *Apodemus sylvaticus* agus an t-iora rua *Sciurus vulgaris* soir ó Abhainn na Gaillimhe, i gcoillearnach soir ó Shráidbhaile Mhionlaigh, timpeall ar Chairéal Leacaigh siar ó Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84, agus ó dheas de Chairéal Roadstone ag Claí an Dá Mhíle. Tá a fhios go raibh an t-iora rua i gceantar Mhionlaigh, i gcoill Pháirc Mhuirlinne, Baile an Gharráin/Claí an Dá Mhíle, agus i gcoillearnach i gceantar na nArdán (Taifid bhunachar sonraí NBDC ar líne).

Taifeadadh an easóg Éireannach *Mustela erminea hibernica* ar an mBóthar Nua (marú bóthair). Taifeadadh an giorria sléibhe Éireannach *Lepus timidus hibernicus* i gcineálacha gnáthóige éagsúla (i.e. scrobarnach, talamh féaraigh fliuch/feabhsaithe) sa chuid thiar den limistéar staidéir; lena n-áirítear tailte

laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Taifeadadh an dá speiceas sa limistéar staidéir roimhe seo (Taifid bhunachar sonraí NBDC ar líne agus McAney, 2010).

I measc na speiceas mamach eile a bhfuil cosaint acu faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus is dóigh a bheidh i láthair agus forleathan mar gheall ar na cineálacha gnáthóige agus ar úsáidí reatha talún, agus taifid reatha ó bhunachar sonraí ar líne NBDC, tá an ghráinneog *Erinaceus europaeus* agus an dallóg fhraoigh *Sorex minutes.* Bunaithe ar thorthaí an taighde, tacaíonn Cuan na Gaillimhe le raon éagsúla speiceas mamach mara, lena n-áirítear: Rón beag *Phoca vitulina*, rón glas *Halichoerus grypus*, deilf choiteann *Delphinus delphis* agus an mhuc mhara *Phocoena phocoena*. Tá cosaint ag gach speiceas céiticeach freisin faoin Treoir maidir le Gnáthóga (Iarscríbhinn IV).

Taifeadadh fianaise ar an Sionnach *Vulpes vulpes* agus an Coinín *Orytolagus cuniculus* freisin ar fud an limistéir staidéir. Taifeadadh fianaise ar Minc *Mustela vison* ar bhruach thiar Abhainn na Gaillimhe (i.e. ó thuaidh agus ó dheas de Ch. 9+250) agus díog dhraenála lonnaithe gar do Loch Bhaile an Dúlaigh (*i.e.* idir Ch. 12+250 agus Ch. 12+300). Taifeadadh vól bruaigh *Myodes glareolus* agus luch fhéir le hais srutháin laistigh de Champas Spóirt OÉG. Cé nach dtugtar cosaint dhleathach do na speicis sin faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, is cuid den acmhainn bithéagsúlachta áitiúil iad agus tá siad aibhsithe mar sin anseo.

### 8.3.8 Inveirteabraigh

Cuirtear torthaí na suirbhéanna bonnlíne ar inveirteabraigh i láthair sa chuid seo a leanas chun treoir a thabhairt don mheasúnú tionchair. Cuireadh suirbhéanna tiomnaithe i gcrích le haghaidh na speiceas sin toisc go bhfuil cosaint dhleathach acu (i.e. tá siad go léir liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir maidir le Gnáthóga agus an Chráifisc liathdhonn agus an diúilicín péarla fionnuisce cosanta freisin faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra) agus, i gcás an fhritileáin réisc agus *Vertigo antivertigo*, go bhfuil siad neamhchoitianta in Éirinn[43] agus i mbaol áirithe ag tionchar ó chaillteanas gnáthóige a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

#### 8.3.8.1 Cráifisc liathdhonn

Ní raibh aon Chráifisc liathdhonn taifeadta ag aon cheann de na láithreáin suirbhé laistigh de limistéar staidéir na scéime. Ní facthas aon fhianaise eile ar láithreacht an speicis laistigh de limistéar staidéir na scéime (i.e. Beidh fuílleach cráifisc i gcac madra uisce go minic má bhíonn siad mar chuid dá n-aiste bia).

Rinneadh an suirbhé i mí Mheán Fómhair 2014 i rith tréimhse ina raibh leibhéal an uisce íseal, rud a ceapadh a chuidigh chun tabhairt le fios cé na srutháin a bhí oiriúnach chun tacú le cráifisc liathdhonn, agus bhí teocht an uisce sách ard ag an am, rud a bheifí ag súil a spreagfadh gníomhaíocht cráifisce.

---

[43] Tá an féileacán fritileáin éisc liostaithe mar Leochaileach I *Liosta Dearg na hÉireann Uimh. 4 – Butterflies* (Regan et al., 2010) agus an *Vertigo antivertigo* mar Leochaileach, i *Liosta Dearg na hÉireann Uimh. 2 – Non-Marine Molluscs* (Byrne et al., 2009)

Measadh nach raibh aon cheann de na sruthchúrsaí sa chuid thiar de limistéar staidéir na scéime oiriúnach chun tacú leis an speiceas, toisc go raibh ceimic an uisce ró-aigéadach agus toisc nach raibh dóthain gnáthóige oiriúnaí agus/nó caighdeán gnáthóige ann; bhí go leor de na srutháin sin beag nó uaineach.

Is cosúil go bhfuil Abhainn Thír Oileáin agus Abhainn na Gaillimhe oiriúnach le haghaidh cráifisc liathdhonn ach níor taifeadadh ceachtar acu. Measadh nach raibh Sruthán Pháirc Mhuirlinne oiriúnach.

### 8.3.8.2 Diúilicín péarla fionnuisce

Ní raibh aon daonraí, nó taifid aonair, den diúilicín péarla fionnuisce taifeadta laistigh de limistéar staidéir na scéime. Tá torthaí iomlána na suirbhéanna ar an diúilicín péarla fionnuisce tugtha in **Aguisín A.8.11**.

Fuarthas amach gur droch-ghnáthóg a bhí sna sruthchúrsaí a bhí ann le haghaidh an speicis, agus cé go raibh cumas maith ag baint le Sruthán Bhearna, níor thángthas ar aon diúilicíní. Cé go raibh droch-ghnáthóg in Abhainn Loch Inse féin agus go raibh brúnna éagsúla ag cur isteach air, bhí an sruthchúrsa sin suas an abhainn ó Abhainn an Chnoic, agus nasctha go díreach léi - tá cumar Abhainn Loch Inse agus Abhainn an Chnoic suas an abhainn ó dhaonra den diúilicín péarla fionnuisce atá ar eolas. Tá dobharcheantar an Chnoic/Loch Inse taispeánta ar **Fhíor 8.5.1**.

Cé nach raibh aon diúilicín péarla fionnuisce laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, d'fhéadfadh tionchar indíreach a bheith ag an tionchar ar an speiceas éisc salmainide ar dhaonra an diúilicín péarla fionnuisce i cSAC Loch Coirib; tá an daonra Q1 in Abhainn Ruibhe, c.23km ó thuaidh.

### 8.3.8.3 Speicis mhoileascacha eile in Iarscríbhinn II

Taifeadadh 39 speiceas moileascacha ar an iomlán i rith an tsuirbhé ar moilisc, agus ní raibh ceachtar acu neamhchoitianta nó faoi chosaint go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta, agus idir speiceas amháin agus dhá cheann déag ann in aghaidh gach láithreáin ar a ndearnadh suirbhéireacht. Measadh go raibh leas áitiúil sa chluichreán speiceas a taifeadadh i roinnt áiteanna (e.g. gnáthóga bogaigh a bhain le Lochanna Chúil Each agus roinnt gnáthóg féaraigh Cailcreach in aice láimhe). Tá torthaí iomlána na suirbhéanna moileascach curtha i láthair in **Aguisín A.8.12**. Tá na speicis liostaithe de réir ainmníochta Anderson (2005).

Níor taifeadadh aon speicis *Vertigo* a raibh cosaint dhlíthiúil acu i rith an tsuirbhé. Taifeadadh trí speiceas Vertigo eile (*Vertigo pygmaea*, *Vertigo antivertigo* agus *Vertigo substriata*), rud a thugann le fios nach raibh na dálaí gnáthóg an-chothrom i bhfliche agus/nó sách cailcreach do na trí speicis *Vertigo* in Iarscríbhinn II. Ba speicis iad an chuid eile de na speicis a fuarthas a fhaightear i bhféarach fliuch go minic, i ngiolcarnach, imill bhruachánacha agus i ngnáthóga eanaigh. Le chéile thaispeáin na láithreáin raon maith cluichreán speiceas agus éagsúlacht mhaith ar fud na láithreán, ag léiriú an leibhéil éagsúlachta i bhfliche agus i gcomharbas fásúil na limistéar difriúil. Ba chóir a rá go bhfuil an seilide rinseach Réisc *Vertigo antivertigo* liostaithe mar leochaileach i Liosta Sonraí Dearga na hÉireann de Mhoilisc (Byrne *et al*., 2009). Taifeadadh an speiceas i ngnáthóg bogaigh ar

bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe idir Caisleán Mhionlaigh agus Reilig Mhionlaigh agus ó thuaidh den chainéal sceite ó Lochanna Chúil Each, sa ghnáthóg bogaigh imeallach feadh chuid thiar de Lochanna Chúil Each, ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus ag an riasc sa Chaisleán Gearr.

Fuarthas an ghnáthóg mhoileascach is airde cáilíochta i dtreo an chuid ó dheas de Lochanna Chúil Each, dírithe san eanach ar ardchaighdeán agus sna hidirchriosanna gnáthóige (féach **Fíor 8.5.1** agus tuarascáil iomlán an tsuirbhé in **Aguisín A.8.12**). Anseo rinneadh na cuardaigh is dírithe do *Vertigo geyeri* ach ní bhfuarthas aon chuid den speiceas sin sa réimse nó i samplaí a baineadh i gcomhair anailíse saotharlainne.

Meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil le daonra den seilide rinseach Réisc (luach níos airde).

### 8.3.8.4 Fritileán réisc

***Suirbhé 2013***

Rinneadh an suirbhé ón 23 - 27 Meán Fómhair 2013, ag cumhdach 57 láithreán suirbhé agus thart ar 491.8ha. Taifeadadh gnáthóg fritileán Réisc ag 29 de na láithreáin sin, bhí gnáthóg nach raibh oiriúnach ag 17 láithreán, agus ní dhearnadh suirbhé ar 11 eile mar gheall ar shrianta rochtana. Bhí 61.2ha sa limistéar ina raibh gnáthóg oiriúnach, nó 12.4% de na láithreáin ar a ndearnadh suirbhé.

Taifeadadh dhá eangach larbhach ag láithreán amháin i rith an tsuirbhé. Mar sin féin, fuarthas amach go raibh tacaíocht do chomhchruinnithe sách mór d'eangacha larbhacha ag dhá láthair in 2014 nach ndearnadh aon suirbhé orthu in 2013. Tá na torthaí iomlána ón suirbhé ar an bhfritileán réisc 2013 tugtha in **Aguisín A.8.14**; tá suíomh na n-eangach larbhach taispeánta ar **Fhíoracha 8.6.1** agus **8.6.8**.

***Suirbhé 2014***

Rinneadh suirbhé ar 196 polagán ar an iomlán in 2014, ag cuimsiú limistéar iomlán 936ha. Rinneadh léirscáiliú ar 105 limistéar de ghnáthóg fritileáin réisc ar an iomlán, ag cuimsiú limistéar iomlán 80.6ha. Bhí caighdeán na ngnáthóg idir sách scáinte go dtí cinn a bhí i ndea-riocht. Bhí go leor limistéar sách fásta agus seans go raibh teorainn lena bhfadsaolaí, agus is cosúil gur tréigeadh a gcuid bainistíochta go minic nó go raibh tionchar ag rochtain orthu mar gheall ar fhorbairt in aice láimhe.

Bhí 111 eangach ar an iomlán lonnaithe i bhfoisceacht thart ar 40 limistéar de ghnáthóg oiriúnach. Bhí aon cheann déag de na heangacha lonnaithe i gceithre limistéar dhifriúla a sainaithníodh mar ghnáthóg oiriúnach i suirbhéanna 2013 ach níor taifeadadh aon eangacha an bhliain sin. Taifeadadh an chuid eile de na heangacha i limistéir nach ndearnadh aon suirbhé orthu roimhe sin. I measc na n-eangach a bhí lonnaithe ann bhí eangacha gníomhacha agus eangacha geimhriúcháin.

Pléitear na torthaí iomlána i dtuarascáil ar an bhfritileán réisc 2014 in **Aguisín A.8.13**, agus tá sé taispeánta ar **Fhíoracha 8.6.1** agus **8.6.8**.

### *Suirbhé 2015*

In 2015, aistríodh an suirbhé ó scála mór limistéar staidéir na scéime go dtí suirbhé níos dírithe ar phaistí gnáthóige oiriúnaí laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, agus gar dó (féach **Fíoracha 8.6.1** agus **8.6.8**). Rinneadh suirbhé ar 42.7ha ar an iomlán, ag cuimsiú thart ar 3ha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe.

Cuimsíodh gnáthóg oiriúnach i bhformhór na limistéar ar a ndearnadh suirbhé, cé go raibh éagsúlacht ag baint leis na leibhéil oiriúnachta sin (a bhain den chuid is mó le saincheisteanna bainistíochta i dtaca le 2015 go sonrach). Bhí limistéar amháin a raibh eisceacht i gceist leis, ina raibh 1.15ha de ghnáthóg oiriúnach in 2014 agus ina raibh eangacha fritileáin Réisc, agus a bhí imithe as amharc i ngeall ar inlíonadh den chuid is mó. Tugadh faoi deara go raibh oiriúnacht theoranta ag baint le roinnt limistéar in 2014 (i ngeall ar fhéarach throm den chuid is mó), ina raibh gnáthóg oiriúnach in 2015. Rud suimiúil eile, roinnt áiteanna a bhí i riocht mhaith in 2014, fuarthas amach go raibh siad ró-innilte in 2015. Ina theannta sin, measadh limistéar amháin mar ghnáthóg oiriúnach in 2014 (ach ar éigean) ach é lasmuigh den aicmiú sin in 2015 mar gheall ar fheabhsú talmhaíochta leanúnaí.

Bhí 12 eangach ar an iomlán suite thar chúig pholagán laistigh de na limistéir suirbhéireachta (féach **Fíoracha 8.6.1** agus **8.6.8**). Sin i gcomparáid le 39 eangach a taifeadadh leis na limistéir chéanna sin in 2014. Níor taifeadadh aon eangacha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. I measc na n-eangach a bhí lonnaithe ann bhí eangacha gníomhacha agus eangacha geimhriúcháin.

In 2014, bhí eangacha scaipthe níos forleithne ar fud ghnáthóg oiriúnach, agus bhí na heangacha in 2015 níos teoranta ó thaobh dáileacháin de. B’fhéidir go raibh sé sin amhlaidh, i bpáirt ar a laghad, mar gheall ar an difríocht san aimsir sa dá bhliain. Mar gheall ar aimsir sách te agus aimsir mhaith a bhí ann i samhradh 2014 bhí séasúr maith éiritheachta ann agus leithdháileadh eangaí baineanna fásta chuig limistéir nua. Bhí cúrsaí aimsire in 2015 maith go leor don speiceas i rith na tréimhse eitilte agus an chéad chuid den chéim larbhaí. Mar gheall air sin d’fhéadfadh sé teorainn a chur le dáileachán an speicis ag an gcéim fhásta agus marthanacht an speicis ag an luathchéim larbhaí.

### *Suirbhé 2016*

Rinneadh suirbhéireacht ar iomlán de 42.4ha an 14, 15 agus 26 Meán Fómhair 2016, agus as sin bhí c.6.1ha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe.

Bhí iomlán de 56 eangach lonnaithe laistigh de na limistéir suirbhéireachta in 2016 (féach **Fíoracha 8.6.1** agus **8.6.8**), lenar féidir comparáid a dhéanamh le 12 eangach a taifeadadh laistigh den limistéar in 2015 agus 39 eangach in 2014. In 2016, taifeadadh iomlán de 13 eangach laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, agus 33 eangach eile taifeadta laistigh de 50m de theorainn na forbartha atá beartaithe agus 6 cinn laistigh de 100m.

Cuimsíodh sa phíosa idir Ch. 0+700 agus Ch. 1+600 limistéar fadréimseach de ghnáthóg ar chaighdeán maith. Bhí go leor limistéar sa chuid thoir i riocht mhaith don speiceas ná mar a bhí sa 2 bhliain roimhe sin; mar gheall seans ar bhrú innilte

níos lú. In ainneoin sin, níor taifeadadh eangacha ach sa chuid thiar de limistéar an tsuirbhé.

Bhí daonra gníomhach agus lárnach sa limistéar gnáthóige idir Ch. 2+200 agus Ch. 2+550 agus líon na n-eangach larbhaigh ag méadú ó dhá cheann in 2014, go dtí seacht gcinn in 2015 agus go dtí 35 in 2016. Cé gur gnáthóg ar chaighdeán maith é, níor thacaigh an limistéar idir Ch. 2+900 go Ch. 3+050 ach le heangach aonair in 2015 agus arís in 2016. Bhí 14 eangach larbhacha sa limistéar gnáthóige idir Ch. 3+550 agus Ch. 3+800 in 2016; i gcomparáid le trí cinn in 2014 agus eangach aonair in 2015. Bhí meath ar chaighdeán na gnáthóige sa limistéar idir Ch. 4+700 agus Ch. 5+100 bliain ar bhliain thar thréimhse an tsuirbhé mar gheall ar inlíonadh agus ró-innilt agus níor taifeadadh aon eangacha larbhacha anseo in 2016. Níor taifeadadh aon eangacha larbhacha sna limistéir gnáthóige oiriúnaí ag an mBealach (Ch. 7+700 go Ch. 8+000).

Ar an iomlán, meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil le daonra féileacán an fhritileáin Réisc.

### 8.3.9 Éin

#### 8.3.9.1 Éin ghoir

Tá cosaint ag gach éan fiáin, agus a gcuid neadacha agus uibheacha, faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra. Tá roinnt speiceas éan liostaithe freisin ar Iarscríbhinn I den Treoir AE maidir le hÉin (féach **Tábla 8.22** le haghaidh na speiceas éan sin ó Iarscríbhinn I a taifeadadh le linn na suirbhéanna ar éin ghoir).

Tá achoimre thíos ar thorthaí na suirbhéanna éagsúla ar éin ghoir a rinneadh chun treoir a thabhairt don mheasúnú sin.

***Suirbhé ar Éin Ghoir***

Thaifead na suirbhéanna ginearálta ar éin ghoir 62 speiceas ar an iomlán ar fud an limistéir staidéir, lena n-áirítear; 3 speiceas liostaithe mar SCIanna le haghaidh SPAnna in aice láimhe, 2 speiceas Iarscríbhinn I ón Treoir maidir le hÉin, 6 ón liosta Dearg[44], 23 ón liosta Ómra agus 33 speiceas éan ón liosta Glas.

Tugann **Tábla 8.22** thíos achoimre de na torthaí ó na suirbhéanna ar éin ghoir[45] i dtaca leis na speicis sin a bhfuil imní maidir lena gcaomhnú agus ar meastar iad mar Phríomhghabhdóirí Éiceolaíocha (PÉ):

- Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna), le haghaidh daonra goir, de SPAnna in aice láimhe
- Speicis liostaithe faoi Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE)
- Speicis BoCCI Dearg agus Ómra liostaithe mar gheall ar a ndaonraí goir

[44] Birds of Conservation Concern in Ireland (BoCCI) after Colhoun & Cummins, 2013
[45] Rinneadh suirbhéanna freisin le fáil amach cad é daonra goir na scréachóige reilige áitiúla (speiceas BoCCI ón Liosta Dearg), inar deimhníodh láithreán neide ag Caisleán Mhionlaigh, agus tá an speiceas sin áirithe freisin i **dTábla 8.22**.

- Tá na torthaí ó na suirbhéanna ar éin ghoir taispeánta ar **Fhíoracha 8.7.1** go **8.7.14** agus an liosta iomlán de speicis éan taifeadta tugtha in **Aguisín A.8.22**. Tá torthaí iomlána an athbhreithnithe deisce curtha i láthair in **Aguisín A.8.18**. Is fiú torthaí na suirbhéanna éan a rinneadh in 2005/2006 a thabhairt faoi deara chuige sin mar chuid de thionscadal Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 (RPS, 2006) ina léirítear an tábhacht atá le conair Abhainn na Gaillimhe do speicis éan

**Tábla 8.22: Éin Ghoir a bhfuil Imní faoina gCaomhnú arna dtaifeadadh i rith an tSuirbhé ar Éin Ghoir[46]**

| **Ainm coiteann / Ainm i Laidin / Cód BoCCI** | **Leithdháileadh sa limistéar staidéir** | **Tábhacht Caomhnaithe** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **BoCCI (goir)** | **Iarscríbhinn I** | **SCI[1]** |
| Scréachóg reilige *Tyto alba* (BO) | Láithreán neide amháin ar eolas ag Caisleán Mhionlaigh | Dearg | - | - |
| Sléibhín *Larus ridibundus* (BH) | Forleathan ar fud na háite | Dearg | - | SPA Loch Coirib |
| Crotaigh *Numenius arquata* (CU) | Feicthe uair amháin ag Loch Bhaile an Dúlaigh | Dearg | - | - |
| Glasóg liath *Motacilla cinerea* (GL) | Feicthe uair amháin siar ó Ráschúrsa na Gaillimhe | Dearg | - | - |
| Faoileán scadán *Larus argentatus* (HG) | Forleathan ar fud na háite, níos fairsinge siar ó Abhainn na Gaillimhe | Dearg | - | - |
| Riabhóg mhóna *Anthus pratensis* (MP) | Forleathan siar ó Abhainn na Gaillimhe, agus idir Baile an Bhriotaigh agus an N6 reatha | Dearg | - | - |
| Caislín aitinn *Saxicola rubetra* (WC) | Limistéar an Bhealaigh (taifead aonair) | Dearg | - | - |
| Broigheall *Phalacrocorax carbo* (CA) | Forleathan siar ó Abhainn na Gaillimhe | Ómra | - | Limistéar faoi Chosaint Speisialta Chuan na Gaillimhe Istigh & Limistéar faoi Chosaint Speisialta Phortach Chonamara |
| Geabhróga (*Sterna* | Feicthe uair amháin | Ómra | √ | Limistéar faoi |

[46] Tabhair faoi deara gur PÉ dá ndaonraí geimhrithe freisin iad roinnt de na speicis atá liostaithe– féach **Tábla 8.23**

| **Ainm coiteann / Ainm i Laidin / Cód BoCCI** | **Leithdháileadh sa limistéar staidéir** | **Tábhacht Caomhnaithe** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **BoCCI (goir)** | **Iarscríbhinn I** | **SCI[1]** |
| *hirundo*) (CN) | ag Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe | | | Chosaint Speisialta Chuan na Gaillimhe Istigh agus Limistéar faoi Chosaint Speisialta Loch Coirib |
| Cearca Ceannann agus Coiligh Cheannann *Fulica atra* (CO) | Feicthe idir Abhainn na Gaillimhe agus an Bóthar Nua, agus uair amháin gar do Bhaile an Bhriotaigh | Ómra | - | - |
| Droimneach mór *Larus marinus* (GB) | Feicthe siar ó Bhearna, ag Abhainn na Gaillimhe, agus uair amháin ag Loch Bhaile an Dúlaigh | Ómra | - | - |
| Cíorbhuí *Regulus regulus* (GC) | Forleathan siar ó Abhainn na Gaillimhe | Ómra | - | - |
| Glasán darach *Carduelis chloris* (GR) | Forleathan siar ó Abhainn na Gaillimhe agus soir ó Abhainn na Gaillimhe, níor taifeadadh ach ag Baile an Bhriotaigh amháin | Ómra | - | - |
| Gabhlán binne *Delichon urbicum* (HM) | Feicthe gar do Bhóthar Leictreach agus idir Loch Bhaile an Dúlaigh agus Baile an Bhriotaigh | Ómra | - | - |
| Gealbhan binne *Passer domesticus* (HS) | Feicthe gar do Bhóthar Leitrí agus i mBaile an Bhriotaigh | Ómra | - | - |
| Pocaire gaoithe *Falco tinnunculus* (K.) | Feicthe gar do Choill Bhearna, Bóthar Leitrí, Cairéal Leacaigh agus an N6 reatha | Ómra | - | - |
| Droimneach beag *Larus fuscus* (LB) | Feicthe uair amháin gar do Bhaile an Mhóinín | Ómra | - | - |
| Spágaire tonn *Tachybaptus* | Feicthe uair amháin ag Droichead | Ómra | - | - |

| **Ainm coiteann / Ainm i Laidin / Cód BoCCI** | **Leithdháileadh sa limistéar staidéir** | **Tábhacht Caomhnaithe** | | |
|---|---|---|---|---|
| | | **BoCCI (goir)** | **Iarscríbhinn I** | **SCI**[1] |
| *ruficollis* (LG) | Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus ag Loch Bhaile an Dúlaigh | | | |
| Gleoiseach *Carduelis cannabina* (LI) | Forleathan ar fud na háite | Ómra | - | - |
| Liatráisc *Turdus viscivorus* (M.) | Feicthe ag an mBaile Ard Thiar, Cnoc na Fosca, Mionlach agus Cairéal Leacaigh | Ómra | - | - |
| Fabhcún gorm *Falco peregrinus* (PE) | Feicthe gar do Chairéal Leacaigh agus Bóthar Thuama an N83 | Glas | √ | - |
| Spideog *Erithacus rubecula* (R.) | Forleathan ar fud na háite | Ómra | - | - |
| Fuiseog *Alauda arvensis* (S.) | Feicthe ag Troscaigh Thiar, Ceapach agus Baile an Bhriotaigh | Ómra | - | - |
| Caislín cloch *Saxicola torquata* (SC) | Feicthe siar ó Bhearna, gar don Cheapach, Cnoc na Fosca agus idir Baile an Bhriotaigh agus an N6 reatha | Ómra | - | - |
| Colm gorm *Columba oenas* (SD) | Feicthe uair amháin gar do Bhóthar an Chlaí Bháin | Ómra | - | - |
| Druid *Sturnus vulgaris* (SG) | Forleathan ar fud na háite | Ómra | - | - |
| Spioróg *Accipiter nisus* (SH) | Feicthe uair amháin ag Ráschúrsa na Gaillimhe | Ómra | - | - |
| Gabhlán gaoithe *Apus apus (SI)* | Feicthe faoi dhó gar do Champas Spóirt OÉG | Ómra | - | - |
| Fáinleog *Hirundo rustica* (SL) | Forleathan siar ó Abhainn na Gaillimhe, agus feicthe gar do Bhaile an Bhriotaigh | Ómra | - | - |
| Gabhlán gainimh *Riparia riparia* (SM) | Feicthe timpeall ar Chairéal Leacaigh agus Loch Bhaile an Dúlaigh | Ómra | - | - |

| Ainm coiteann / Ainm i Laidin / Cód BoCCI | Leithdháileadh sa limistéar staidéir | Tábhacht Caomhnaithe | | |
|---|---|---|---|---|
| | | BoCCI (goir) | Iarscríbhinn I | SCI[1] |
| Clochrán *Oenanthe oenanthe* (W.) | Ceantar Rathúin (taifead aonair) | Ómra | - | - |

[1] Liostaithe mar SPA mar gheall ar a ndaonraí pórúcháin

Is fiú a rá, gur taifeadadh an fheadóg chladaigh faoi dhó i rith na suirbhéanna ar éin phórúcháin, uair amháin ag deireadh mhí Bealtaine 2015 agus uair amháin ag deireadh an Mheithimh 2015, agus iompar pórúcháin ar siúl acu gar d’imeall thiar Ráschúrsa na Gaillimhe.

***Suirbhé ar an Scréachóg Reilige***

Rinneadh suirbhé ar 76 láithreán ar an iomlán in 2014 go bhfeicfí an raibh an scréachóg reilige laistigh de limistéar an staidéir le haghaidh na forbartha bóthair atá beartaithe. Measadh go raibh 47 (63%) láithreán ar an iomlán neamhoiriúnach le haghaidh Scréachóg reilige (Catagóir 0). As an 29 (27%) láithreán a bhí fágtha a d’fhéadfadh a bheith in úsáid ag an scréachóg reilige, bhí cumas fara i 11 (14%) ach ní i gcomhair neadaithe (Catagóir 1). Measadh go bhféadfadh deiseanna fara agus/nó neadaithe a bheith ag cúig (6%) láithreán (Catagóir 2) agus bhí deiseanna fara agus neadaithe den scoth sa 13 láithreán (15%) a bhí fágtha (Catagóir 3). Tá suíomhanna na láithreán ar a ndearnadh suirbhé, agus a n-oiriúnacht don Scréachóg reilige, taispeánta ar **Fhíoracha 3.3** agus **3.4** de thuarascáil an tsuirbhé ar an Scréachóg Reilige in **Aguisín A.8.15**.

Deimhníodh go raibh an Scréachóg reilige ag cúig cinn de na láithreáin sin atá laistigh de limistéar staidéir na scéime. Ina measc sin bhí dhá chaisleán (láithreáin neadaithe ag Caisleán Mhionlaigh agus Teach Aird Fhraoigh), teach mór nach raibh ann ach an fothrach (láithreán fara ag Teach Rinn Mhíle), teach feirme dhá-stór tréigthe agus cairéal (is láithreáin fhara iad an péire). Tá scaipeadh na láithreán sin taispeánta ar **Fhíor 8.8.1**. Deimhníodh gur láithreáin neadaithe dhá láithreán, Caisleán Aird Fhraoigh agus Caisleán Mhionlaigh. Rangaíodh teach mór ar fothrach é (Teach Rinn Mhíle) mar fharaí rialta a bhfuil baint acu is dóigh leis an dá phéire neadaithe, agus taifeadadh láithreán fara ócáideach neamhspleách i dteach feirme tréigthe freisin. Tugadh le fios le monatóireacht a rinneadh gur theip ar an dá láithreán neadaithe pórú in 2014.

Rangaíodh an dá láithreán mar chinn a bhí oiriúnach don Scréachóg reilige i rith shuirbhé 2014 (Catagóir 2 agus Catagóir 3; 20 láithreán ar an iomlán), agus chuathas ar ais chucu idir Meitheamh agus Lúnasa in 2015 agus 2016. Bhí dhá láithreán (teach feirme agus teachín) a rangaíodh roimhe sin mar chinn oiriúnacha (an dá cheann i gCatagóir 3) in 2014 leagtha go talamh agus ní raibh siad ar fáil níos mó don Scréachóg reilige. Measadh go raibh an 18 láithreán eile a bhí fágtha oiriúnach don Scréachóg reilige. Taifeadadh fianaise ar áitiú na Scréachóige reilige ag dhá láithreán in 2015, is iad sin Caisleán Mhionlaigh agus Teach Rinn Mhíle – agus bhí an dá cheann acu gníomhach in 2014. Ní raibh aon chomharthaí ann a thabharfadh le fios gur baineadh úsáid as Caisleán Aird Fhraoigh le déanaí, as teach feirme ag an gCarn Mór, nó ag Cairéal Ghort an Chalaidh áit a raibh taifead d’fhianaise den Scréachóg reilige in 2014. Ina theannta sin, níor thaispeáin teach feirme le sciobóil in aice leis ag an mBaile Ard, áit ar thuairiscigh duine den

phobal go raibh Scréachóg reilige ann i ngeimhreadh na bliana 2015, aon fhianaise d'úsáid le déanaí i mí Iúil 2015. Deimhníodh fianaise d'áitiú na Scréachóige reilige ag láithreán aonair in 2016 (Teach Rinn Mhíle).

Taispeántar i bhFíor 4.7 agus i dTábla 4.2 in **Aguisín A.8.15**, leithdháileadh agus oiriúnacht na láithreán go léir a ndearnadh suirbhé orthu in 2015. Mar a tharla in 2014, níor deimhníodh aon láithreán pórúcháin in 2015 nó 2016.

Níor taifeadadh aon ghníomhaíocht maidir leis an Scréachóig Reilige ag Caisleán Mhionlaigh in 2018 agus breithníodh go raibh an láthair folamh le linn an tséasúir phórúcháin. Ní raibh aon fhianaise den Scréachóg Reilige le feiceáil le linn cigireachtaí a rinneadh le linn an lae sa chaisleán agus thart timpeall an chaisleáin agus níor taifeadadh aon ghníomhaíocht le linn faire a a rinneadh san oíche.

<u>Éin chreiche eile a taifeadadh i rith suirbhéanna 2014 agus 2015 ar an Scréachóg reilige</u>

Taifeadadh freisin speicis eile d'éin chreiche a chonacthas i rith obair shuirbhéireachta in 2014 agus 2015. Deimhníodh 21 láithreán d'éin chreiche agus den ulchabhán (gan an Scréachóg reilige san áireamh) in 2014 agus 2015, inar áiríodh naoi láithreán ina raibh an Pocaire gaoithe (ceithre nead agus cúig fhara), sé láithreán ina raibh an Fabhcún gorm (ceithre nead agus dhá fhara), trí láithreán ina raibh an Spioróg (dhá láithreán neadaithe agus ceann ina raibh péire le feiceáil ann) agus trí nead leis an gCeann cait, féach Fíor 4.10 in **Aguisín A.8.15**.

***Suirbhé ar an bhfabhcún gorm***

Taifeadadh áitiú an fhabhcúin ghoirm i dtrí chairéal sa limistéar suirbhé i mBealtaine agus i Meitheamh 2016, agus bhí péirí pórúcháin acu go léir (féach **Aguisín A.8.16**). D'éirigh le péire pórúcháin amháin (Cairéal Roadstone ag Claí an Dá Mhíle), agus theip ar phéirí in dhá chairéal (Cairéil Ghort an Chalaidh agus Leacaigh) éin óga a thógáil. Maidir leis na trí láithreán cairéil ina raibh péirí pórúcháin in 2016 bhí a fhios gur láithreáin iad ina raibh an Fabhcún gorm ag neadú roimhe seo agus meastar gur láithreáin neadaithe traidisiúnta iad. Taifeadadh an suíomh neadaithe sonrach le haghaidh an phéire rathúil aonair (Cairéal Roadstone ag Claí an Dá Mhíle) in 2016, le haghaidh an dá chairéal eile a thacaigh le láithreáin neadaithe (Gort an Chalaidh agus Leacach) níorbh fhéidir suíomh neadaithe a thaifeadadh in 2016, mar sin féin tá suíomh na nead éan creiche i mblianta roimhe sin taifeadta. In 2017, rinneadh monatóireacht ar Chairéal Leacaigh chun an stádas pórúcháin a chinneadh agus láthair shuíomh na neide, agus deimhníodh péire pórúcháin agus sainaithníodh suíomh an laftáin neide traidisiúnta. In 2018, deimhníodh péire pórúcháin den Fhabhcúin Ghoirm arís i gCairéal Leacaigh agus d'éirigh leo éin óga a thógáil. Deimhníodh an láithreán neadaithe freisin in 2018 cé go raibh sé in áit éagsúil don cheann a taifeadadh sna blianta roimhe sin.

## Cearc fhraoigh

Níor taifeadadh aon radharc, ná fianaise, de chearc fhraoigh i rith an tsuirbhé; ná i rith an tsuirbhé ginearálta ar éin phórúcháin. I rith obair shuirbhéireachta eile i Meán Fómhair 2014 (agus le linn na hoibre ar an suirbhé ar éin gheimhrithe ó Dheireadh Fómhair 2014 go Márta 2015), taifeadadh fianaise de Chearc fhraoigh

(salachar éan) in aice le limistéar staidéir na scéime ag Na Foraí Maola/Loch Inse (ARUP, 2016).

### 8.3.9.2 Éin gheimhrithe

Sna suirbhéanna ar éin ghoir taifeadadh raon leathan speiceas éan ag láithreáin ar fud an limistéir staidéir.

Tugtar achoimre i **dTábla 8.23** thíos de thorthaí na suirbhéanna ar éin gheimhrithe i dtaca leis na speicis sin a bhfuil an imní is mó maidir lena gcaomhnú, agus taifeadadh iad laistigh de láithreáin shuirbhé ar éin gheimhrithe:

- Leasanna Caomhantais Speisialta (SCIanna), le haghaidh daonra geimhrithe, Limistéir faoi Chosaint Speisialta in aice láimhe
- Speicis liostaithe faoi Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin (2008/144/CE)
- Speicis BoCCI Dearg agus Ómra liostaithe mar gheall ar a ndaonraí geimhrithe

Tá na torthaí iomlána de na suirbhéanna ar éin gheimhrithe (le haghaidh gach láithreán suirbhé laistigh de limistéar staidéir na scéime i gcoitinne) tugtha in **Aguisín A.8.23**. Tá taifid eile maidir le speicis d'éin gheimhrithe ó Chathair na Gaillimhe agus an ceantar máguaird tugtha i dtorthaí iomlán an athbhreithnithe taighde in **Aguisín A.8.18**. Díol suntais sa mhéid sin torthaí na suirbhéanna éan a rinneadh in 2005/2006 mar chuid de thionscadal ar Sheachbhóthar Chathair na Gaillimhe N6 (RPS, 2006) ina léirítear an tábhacht atá le conair Abhainn na Gaillimhe do speicis éan.

**Tábla 8.23: Éin Gheimhrithe a bhfuil Imní faoina gCaomhnú arna dtaifeadadh i rith an tSuirbhé ar Éin Gheimhrithe**

| **Ainm coiteann / *Ainm i Laidin*** | **Tábhacht Caomhnaithe** | | |
|---|---|---|---|
| | **BoCCI (geimhrithe)** | **Iarscríbhinn I** | **SCI (Leas Caomhantais Speisialta)** |
| Guilbnigh Stríocearracha *Limosa lapponica* | Ómra | ✓ | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Sléibhín *Larus ridibundus* | - | - | SPA Loch Coirib<br>SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Bonnán *Botaurus stellaris* | - | ✓ | - |
| Faoileáin Bhána *Larus canus* | - | - | SPA Loch Coirib<br>SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Broigheall *Phalacrocorax carbo* | Ómra | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Cearca Ceannann agus Coiligh Cheannann *Fulica atra* | Ómra | - | SPA Loch Coirib |

| **Ainm coiteann / *Ainm i Laidin*** | **Tábhacht Caomhnaithe** | | |
|---|---|---|---|
| | **BoCCI (geimhrithe)** | **Iarscríbhinn I** | **SCI (Leas Caomhantais Speisialta)** |
| Crotaigh *Numenius arquata* | Dearg | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Feadóg Bhuí *Pluvialis apricaria* | Dearg | ✓ | SPA Loch Coirib<br>SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Foitheach Mór *Podiceps cristatus* | Ómra | - | - |
| Lóma mór *Gavia immer* | Ómra | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Corr réisc *Ardea cinerea* | - | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Cromán na gcearc *Circus cyaneus* | Ómra | ✓ | SPA Loch Coirib |
| Pilibín *Vanellus vanellus* | Dearg | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Cadhan *Branta bernicla hrota* | Ómra | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Spágaire tonn *Tachybaptus ruficollis* | Ómra | - | - |
| Meirliún *Falco columbarius* | - | ✓ | - |
| Eala bhalbh *Cygnus olor* | Ómra | - | - |
| An roilleach *Haematopus ostralegus* | Ómra | - | - |
| Fabhcún gorm *Falco peregrinus* | - | ✓ | - |
| An cosdeargán *Tringa totanus* | Dearg | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Spadalach *Anas clypeata* | Dearg | - | SPA Loch Coirib<br>SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Naoscach (*Gallinago gallinago*) | Ómra | - | - |
| Praslacha *Anas crecca* | Ómra | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Lacha Bhadánach *Aythya fuligula* | Dearg | - | SPA Loch Coirib |
| Piardálaí trá *Arenaria interpres* | Glas | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |
| Lacha rua *Anas penelope* | Dearg | - | SPA Chuan na Gaillimhe Istigh |

Taifeadadh seacht gcinn de speicis éan atá liostaithe mar SCIanna le haghaidh SPA Loch Coirib i rith an tsuirbhé: Sléibhín, Faoileán bán, Cearc cheannann, Feadóg Bhuí, Cromán na gcearc, Spadalach agus Lacha Bhadánach. Ag glacadh leis go bhféadfaí na héin sin a nascadh leis na daonraí SPA, meastar go bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo.

Taifeadadh cúig cinn déag de speicis éan atá liostaithe mar SCIanna le haghaidh SPA Chuan na Gaillimhe Istigh i rith an tsuirbhé: Guilbneach Stríocearrach, Cadhan, Sléibhín, Broigheall, Faoileán Bán, Crotach, Feadóg Bhuí, Corr Réisc, Pilibín, Lóma mór, An cosdeargán, Spadalach, Praslacha, Piardálaí trá agus Lacha rua. Ag glacadh leis go bhféadfaí na héin sin a nascadh leis na daonraí SPA, meastar go bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta leo.

Taifeadadh sé speiceas atá liostaithe ar Iarscríbhinn I den Treoir maidir le hÉin (2008/144/CE) freisin i rith na suirbhéanna sin (agus is SCIanna de na SPAnna atá plé agus measúnaithe thuas iad roinnt díobh): Guilbhneach Stríocearrach, Bonnán, Feadóg Bhuí, Cromán na gcearc, Meirliún agus Fabhcún gorm. Tugtar luach mar seo a leanas ar na speicis éan Iarscríbhinn I nach bhfuil in SCI: An bonnán, mar speiceas neamhchoitianta ar cuairt, nach bhfuil liostaithe mar cheann a bhfuil imní caomhantais faoi go náisiúnta, meastar go bhfuil Tábhacht Contae leis; an Meirliún, mar speiceas a bhfuil imní mheasartha maidir lena gcaomhantas agus ar dóigh go bhfuil daonra teoranta aige ar leibhéal contae, meastar go bhfuil Tábhacht Contae ag baint leis; Fabhcún gorm, mar speiceas a bhfuil imní bheag maidir lena chaomhantas ach ar dóigh go bhfuil daonra teoranta aige ar leibhéal contae, meastar go bhfuil Tábhacht Contae leis.

As na speicis éan a taifeadadh i rith na suirbhéanna ar éin gheimhridh, tá seacht gcinn ar Liosta Dearg BoCCI mar gheall ar a ndaonraí geimhrithe: An crotach, an fheadóg bhuí, an pilibín, an cosdeargán, an spadalach, an lacha bhadánach agus an lacha rua. Is speicis SCI iad go léir do na SPAnna in aice láimhe agus déantar iad a mheas dá réir sin.

As na speicis éan a taifeadadh i rith na suirbhéanna ar éin gheimhridh, tá 12 ar Liosta Ómra BoCCI mar gheall ar a ndaonraí geimhrithe: Guilbhneach stríocearrach, an broigheall, cearca ceannann, foitheach mór, lóma mór, cromán na gcearc, cadhan, spágaire tonn, eala bhalbh, an roilleach, an naoscach agus an phraslacha. Déantar an measúnú céanna mar atá thuas ar na speicis sin atá liostaithe mar SCIanna do na SPAnna in aice láimhe. Seans go mbeidh daonra teoranta ar leibhéal contae ag an mbroigheall agus ag an spágaire tonn agus meastar go bhfuil Tábhacht Contae leo. Is speicis gheimhrithe sách coitianta iad an Eala bhalbh, an Roilleach agus an Naoscach ar leibhéal contae ach seans go bhfuil daonra níos teoranta acu ar leibhéal áitiúil agus meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil leo (luach níos airde).

***Cuntais ar Speicis***

Tugtar cuntais ghearra maidir le speicis ó na suirbhéanna ar éin gheimhridh le haghaidh na speiceas thíos; tá uimhreacha tagartha láithreán suirbhé na n-éan geimhridh tugtha thíos i lúibíní. Maidir le hionaid láithreáin suirbhé na n-éan geimhridh, féach **Fíor 8.9.1**.

Guilbneach Stríocearrach

Taifeadadh naoi gcinn de ghuilbnigh stríocearracha ag láithreán suirbhé amháin den éan geimhridh, Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), uair amháin i mí Feabhra 2015.

Sléibhín

Ba iad na sléibhíní an speiceas ba mhó a taifeadadh agus bhí siad scaipthe go forleathan ar fud an limistéir, ach soir ó Abhainn na Gaillimhe den chuid is mó (taifeadta as 10 gcinn de na 17 láithreán d'éin gheimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe), agus iad ann ina n-aonair ach mar ealta 119 éan freisin. I measc na láithreán sin laistigh den ZoI inar taifeadadh ealtaí níos mó de bhreis is 40 éan aonair bhí conair Abhainn na Gaillimhe (WB12) agus Campas Spóirt OÉG (WB45).

An Bonnán

Taifeadadh Bonnán amháin ag Lochanna Chúil Each (WB04) i mí Feabhra 2015.

Faoileán Bán

Taifeadadh an faoileán bán go forleathan ar fud an limistéir staidéir (taifeadta as ocht gcinn amach as 17 láithreán éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe) agus iad ann ina n-aonair ach mar ealta 78 éan freisin. Taifeadadh an speiceas níos minice ar Abhainn na Gaillimhe (WB12) ná in aon áit eile agus ag Campas Spóirt OÉG (WB45) – sé huaire agus trí huaire faoi seach. Níor taifeadadh an faoileán bán chomh minic ag na láithreáin eile a ndearnadh suirbhé orthu, agus is beag an líon díobh a bhí ann; níor taifeadadh iad ach ar cheann amháin de na seacht gcuairt suirbhé a rinneadh ag cúig cinn de na hocht láithreán laistigh den ZoI. Taifeadadh na healtaí ba mhó feadh chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12) áit ar taifeadadh ealtaí de 48 agus 78 sa limistéar díreach suas an abhainn ó Dhroichead na mBradán i mí Mheán Fómhair agus na Samhna 2014, faoi seach.

Broigheall

Taifeadadh an broigheall ag cúig láithreán suirbhé den éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), Lochanna Chúil Each (WB04), An Chloch Scoilte (WB07), siar ó Loch Inse (WB08) agus Abhainn na Gaillimhe (WB12). Mar sin féin, i ngach cás acu bhí na huimhreacha a taifeadadh íseal; tríd is tríd, díreach ceann nó péire cé is moite de thaifead ina raibh ceithre cinn i mí Feabhra 2015 feadh Abhainn na Gaillimhe (WB12).

Cearc cheannann

Taifeadadh an chearc cheannann ag trí cinn de láithreáin suirbhé an éin gheimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), Lochanna Chúil Each (WB04), agus feadh chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12). Cé gur taifeadadh an chearc cheannann go rialta ag gach ceann de na láithreáin sin, bhí a líon sách íseal le huasmhéid 11 taifeadta ag Loch Bhaile an Dúlaigh i mí Feabhra/Márta 2015.

Crotach

Bhí an crotach scaipthe go forleathan ar fud limistéar staidéir na scéime, agus taifeadadh iad ag ocht gcinn den 17 láithreán suirbhé d'éin gheimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe. Ag formhór na láithreán suirbhé agus ar na dátaí ar ar taifeadadh iad, bhí níos lú ná 10 n-éan i láthair. Taifeadadh na healtaí ba mhó feadh chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12) ó dheas de Óstán Glenlo Abbey áit ar taifeadadh ealta de 16 i mí Dheireadh Fómhair 2014 agus ag Ráschúrsa na Gaillimhe (WB23)–sa pháirc imeartha siar ón ráschúrsa (tagairt eangaí (ITM) 533091 727407) — áit ar taifeadadh ealta de 37 éan i mí Eanáir 2015. Is ag Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02) amháin a taifeadadh an speiceas go rialta, áit a raibh sé ar sé cinn de na seacht gcuairt suirbhé, agus ocht gcinn d'éin nó níos lú i láthair gach uair.

Feadóg Bhuí

Taifeadadh an fheadóg bhuí ag láithreán suirbhé amháin den éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, WB08 siar ó Loch Inse, i rith ceithre cinn de na seacht gcuairt suirbhé. Taifeadadh líon sách beag de na speicis (uasmhéad naoi n-éan) gach uair seachas uair amháin, tráth ar taifeadadh ealta de 73 éan i mí na Samhna 2014.

An Foitheach Mór

Taifeadadh an foitheach mór (dhá éan) uair amháin ar chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12) gar d'Óstán Glenlo Abbey i mí Dheireadh Fómhair 2014.

An lóma mór

Taifeadadh lóma mór i gCuan na Gaillimhe ag Baile an Locháin (WB30).

Corr réisc

Taifeadadh an chorr réisc ag sé cinn den 17 láithreán suirbhé d'éin gheimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), Ceapach (WB03), Lochanna Chúil Each (WB04), An Chloch Scoilte (WB07), siar ó Loch Inse (WB08) agus conair Abhainn na Gaillimhe (WB12). Taifeadadh líon sách beag de na speicis, taifeadadh trí éan ar a mhéid ag WB08 i mí an Mhárta 2015,agus is éin aonair a bhí i gceist le formhór na dtaifead.

Cromán na gcearc

Taifeadadh crúdóir amháin sa limistéar soir ó Loch Inse (WB06) i mí Eanáir 2015.

Pilibín

Taifeadadh an pilibín ag dhá láithreán suirbhé den éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02) áit ar taifeadadh ealta de 16 agus éan aonair amháin i mí Eanáir agus Márta 2015 faoi seach; agus, siar ó Loch Inse (WB08), áit ar taifeadadh 17 i mí Dheireadh Fómhair 2014.

An cadhan

Taifeadadh cadhain ag Galfchúrsa na Gaillimhe (WB19), Cé Nimmo/limistéar an Chladaigh (WB38) agus feadh chósta Chuan na Gaillimhe idir Ros Cam agus Órán Mór (WB71). Taifeadadh an líon is mó ag WB38 i mí Eanáir agus Márta 2015 (127 agus 83 faoi seach).

An spágaire tonn

Taifeadadh an spágaire tonn ag ceithre láithreán d'éan geimhridh: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), Lochanna Chúil Each (WB04), siar ó Loch Inse (WB08) agus conair Abhainn na Gaillimhe (WB12). Bhí a líon íseal go leor tríd is tríd (< cúig éan). Taifeadadh na speicis ar gach ceann de na seacht gcuairt suirbhé ag Lochanna Chúil Each (WB04) agus feadh chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12). Taifeadadh na speicis ar cúig cinn as seacht gcuairt suirbhé (Samhain 2014 go dtí Márta 2015) ag Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02) agus aon uair amháin i mí na Nollag 2014 ag láithreán an tsuirbhé siar ó Loch Inse (WB08).

An meirliún

Taifeadadh meirliún amháin sa limistéar siar ó Loch Inse (WB08) i mí na Nollag 2014.

An eala bhalbh

Taifeadadh ealaí balbha ag cúig láithreán suirbhé den éan geimhridh: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), Lochanna Chúil Each (WB04), siar ó Loch Inse (WB08) agus conair Abhainn na Gaillimhe (WB12) agus Gleann Abhainn Thír Oileáin (WB14). Bhí a líon íseal go leor tríd is tríd (< ocht n-éan). Taifeadadh na speicis ar gach cuairt suirbhé ar chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12), agus taifeadadh 14 éan gar d'Óstán Glenlo Abbey i mí Feabhra 2015. Taifeadadh an speiceas ar sé cinn de na seacht gcuairt suirbhé chuig an láithreán suirbhé siar ó Loch Inse (WB08) (Meán Fómhair 2014 agus Samhain 2014 go dtí Márta 2015) agus ag Lochanna Chúil Each (WB04) (Deireadh Fómhair 2014 go dtí Márta 2015). Taifeadadh an speiceas ar chúig cinn de na seacht gcuairt suirbhé ar Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02) (Deireadh Fómhair 2014 go dtí Eanáir 2015 agus Márta 2015), agus uair amháin ar Abhainn Thír Oileáin (WB14) i mí Feabhra 2015.

An roilleach

Bhí an roilleach scaipthe go forleathan thar limistéar staidéir na scéime agus taifeadta as cúig cinn den 17 láithreán d'éin gheimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe. Bhí siad ann idir éin aonair go dtí ealta 34 éan. I measc na láithreán is mó a thaifead ealtaí móra de bhreis is 20 éan aonair bhí Campas Spóirt OÉG (WB45) áit ar taifeadadh 34 éan i mí na Nollag 2014.

An fabhcún gorm

Taifeadadh an pilibín ag láithreán suirbhé amháin den éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, ag Cairéal Roadstone (WN17). Ag Cairéal Roadstone taifeadadh éan amháin trí huaire i mí na Nollag 2014, Feabhra 2015 agus Márta 2015. Taifeadadh an pilibín freisin ag Cairéal Ghort an Chalaidh, thart ar 1km ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Cosdeargán

Taifeadadh an cosdeargán ag dhá láithreán suirbhé den éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe; siar ó Loch Inse (WB08) agus conair Abhainn na Gaillimhe (WB12). Níor taifeadadh ach dhá éan ag WB08 i Márta 2015 agus níor taifeadadh ach éin aonair ag WB12, gar do Chois Uisce, i mí na Samhna agus mí na Nollag 2014.

Spadalach

Taifeadadh an spadalach ar cheann amháin, nó ag eitilt isteach ar, láithreán amháin suirbhé den éan geimhridh in 2014/15: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02). Taifeadadh iad ar cúig cinn de na seacht gcuairt suirbhé, idir 10 agus 144 éan.

An naoscach

Bhí an naoscach scaipthe go forleathan ar fud an limistéir staidéir (taifeadta ó ocht gcinn de 17 láithreán den éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe) agus idir éin aonair agus ealta 37 éan taifeadta. Bhí an líon a taifeadadh ar fud na láithreán íseal go leor tríd is tríd (<10 n-éan). Bhí an ealta is mó de 37 ar Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02) i Márta 2015, le healta 28 éan i mí na Nollag 2014 agus i mí Mheán Fómhair agus na Samhna 2014 éan amháin agus dhá éan faoi seach. Taifeadadh ealta 15 éan i mí na Samhna 2014 ag Gleann Abhainn Thír Oileáin (WB14), agus taifeadadh ealta de 14 ag an láithreán suirbhé siar ó Loch Inse (WB08) i mí Eanáir 2015.

Praslacha

Taifeadadh an phraslacha ag cúig láithreán suirbhé den éan geimhridh laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe: Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), Lochanna Chúil Each (WB04), siar ó Loch Inse (WB08) an Bealach (WB10) agus Gleann Abhainn Thír Oileáin (WB14). Bhí an líon a taifeadadh ag WB04, WB08 agus WB10 íseal tríd is tríd (<6 éan) agus ní raibh an phraslacha ann go rialta ar feadh thréimhse an gheimhridh (taifeadta dhá huaire, ceithre huaire agus uair amháin, faoi seach). Taifeadadh an phraslacha ar Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), nó ag eitilt isteach ann, agus ag Abhainn Thír Oileáin (WB14) i rith na gcuairteanna suirbhé go léir. Ag Loch Bhaile an Dúlaigh bhí idir thrí cinn ann i Meán Fómhair 2014, agus 146 i mí Eanáir 2015, agus ag Abhainn Thír Oileáin bhí idir naoi gcinn ann i mí Dheireadh Fómhair 2014 go dtí 29 i mí Eanáir 2015.

Lacha bhadánach

Níor taifeadadh an lacha bhadánach ach ag láithreán amháin, Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02), áit ar taifeadadh an speiceas ceithre huaire ar feadh an gheimhridh (Samhain 2014, Eanáir 2015, Feabhra 2015 agus Márta 2015). Ba é an t-uasmhéid a taifeadadh ná 26 i mí Eanáir 2015.

An piardálaí trá

Taifeadadh cúig phiardálaí trá i gCuan na Gaillimhe ag Baile an Locháin (WB30) i mí Dheireadh Fómhair 2014.

Lacha rua

Taifeadadh an lacha rua ag láithreán amháin den éan geimhridh ag Loch Bhaile an Dúlaigh (WB02) uair amháin i mí Feabhra 2015, áit a raibh 28 éan.

### 8.3.10 Amfaibiaigh

Ba eol go raibh dhá speiceas amfaibiacha laistigh den limistéar staidéir; an frog *Rana temporaria* agus an t-earc luachra *Triturus vulgaris*[47]. Tá cosaint dlíthiúil ag an dá cheann faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra (lena n-áirítear a gcuid láithreacha pórúcháin agus scíthe). Taifeadadh an frog ar fud an limistéir staidéir go léir, go minic sna gnáthóga ar thailte arda siar ó Abhainn na Gaillimhe agus feadh chonair Abhainn na Gaillimhe. Taifeadadh an t-earc luachra gar do Choill Bhearna, Bóthar na Trá, Páirc Thír Oileáin agus ar an Rinn Mhór. Thuairiscigh úinéirí talún áitiúla freisin go raibh an t-earc luachra ar thailte gar do Lochanna Chúil Each.

I rith na suirbhéanna a rinneadh in 2014, taifeadadh an frog (cinn fhásta, óga agus torbáin) ag 21 den 52 gné uisce dromchla/draenála a ndearnadh suirbhé orthu ar fud an limistéir staidéir. Taifeadadh earc luachra ag naoi gcinn den 52 gné uisce dromchla/draenála a ndearnadh suirbhé orthu ar fud limistéar staidéir na scéime; agus tá a bhformhór taifeadta siar ó Abhainn na Gaillimhe. Tá achoimre de na torthaí suirbhé ar an earc luachra tugtha thíos i **dTábla 8.24**.

Taifeadadh dhá bhreathnú ad-hoc den earc luachra agus ceithre bhreathnú ad-hoc den frog laistigh den limistéar staidéir i rith na suirbhéanna ildisciplíneacha.

Tá torthaí an tsuirbhé ar amfaibiaigh taispeánta ar **Fhíoracha 8.10.1** go **8.10.8**.

**Tábla 8.24: Achoimre ar thaifid den earc luachra ó na suirbhéanna amfaibiacha**

| Suíomh | Gné | Nóta |
|---|---|---|
| Soir ón bhforbairt bóthair atá beartaithe laistigh de limistéar scrobarnaí agus talamh féaraigh garbh, c.35m soir ó Ch. 0+500 | Tobar | 3 cheann bhaineanna agus 3 cheann fhireanna |
| Soir ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe laistigh de limistéar scrobarnaí, c.10 m soir ó dheas de Ch. 5+175 | Lochán | 1 cheann bhaineann |
| Siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe/Bóthar Bhaile an Mhóinín ag Ch. 0+100 | Díog dhraenála | 4 cheann gan aithint |
| Ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe laistigh de limistéar scrobarnaí, idir Ch. 5+700 go Ch. 5+800 | Díog dhraenála | 1 gan aithint agus 2 cheann bhaineanna |
| Ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe laistigh de limistéar scrobarnaí, c.50m ó | Díog dhraenála | 4 cheann bhaineanna atá torrach agus 1 amháin fireann |

[47] Taifid ó bhunachar sonraí ar líne an Ionaid Náisiúnta Bithéagsúlachta. Chun sonraí iomlána maidir leis an athbhreithniú deisce, tagair do **Aguisín A.8.18**.

| Suíomh | Gné | Nóta |
|---|---|---|
| dheas de Ch. 5+800 | | |
| Laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe, soir ó dheas d'Acomhal Bhóthar Leitrí atá beartaithe ag Ch. 1+600 | Lochán | 2 cheann bhaineanna atá torrach |
| Limistéar scrobarnaí laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe, soir ó Acomhal Leitrí ar N59 ag Ch. 7+850 | Lochán | 1 cheann óg fireann |
| Locháin shruthlaithe gairbhéil i gCairéal Leacaigh | Lochán | 1 cheann gan aithint |
| Umar beithíoch ag Cairéal Leacaigh c.40m ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe ag Ch. 11+775 | Umar beithíoch | 1 cheann bhaineann |
| Laistigh de theorainn na forbartha i limistéar scrobarnaí réisc idir Ch. 13+000 agus Ch. 13+050 | Lochán | 2 cheann fhireanna, 1 cheann baineann agus 1 cheann bhaineann gan aithint atá torrach. |
| Ráschúrsa na Gaillimhe, >280m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe | Díoga Draenála | 10 gceann fhireanna, 5 cheann bhaineanna, 5 cheann gan aithint (>20 earc luachra). Cinn bhaineanna atá torrach. |

Meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) ag an bhfrog agus ag an earc luachra.

### 8.3.11 Reiptílí

Bhí taifid ann le haghaidh na laghairte *Zootoca (Lacerta) vivipara* as Mionlach, Coill Pháirc Mhuirlinne, agus áiteanna éagsúla timpeall Chathair na Gaillimhe: Conair Abhainn na Gaillimhe, Bóthar na Trá agus an Ceapach[48]. Tá cosaint dlíthiúil ag an Laghairt choiteann faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra (lena n-áirítear a gcuid láithreacha pórúcháin agus scíthe).

Rinneadh an suirbhé ar an Laghairt choiteann idir an 24 Meán Fómhair agus 4 Deireadh Fómhair 2015. Taifeadadh an Laghairt choiteanna ag cúig cinn de na 10 láithreán suirbhé (A, B, C, E, agus F); agus bhí siad go léir siar ó Abhainn na Gaillimhe (**Fíoracha 8.10.1** go **8.10.8**). Bhí na láithreáin sin go léir laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe, nó in aice le teorainn na forbartha atá beartaithe i mósáicí gnáthóige ina bhfuil fraoch, scrobarnach agus talamh féaraigh fliuch nó aigéadach. Tá achoimre de thorthaí an tsuirbhé ar an laghairt tugtha thíos i **dTábla 8.25**.

[48] Taifid ó bhunachar sonraí ar líne an Ionaid Náisiúnta Bithéagsúlachta. Chun sonraí iomlána maidir leis an athbhreithniú deisce, tagair do **Aguisín 8.18**.

**Tábla 8.25: Achoimre ar thorthaí an tsuirbhé ar an Laghairt choiteann**

| Láthair an tSuirbhé | Toradh |
|---|---|
| A | 27 / 28 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann fásta<br>28 / 29 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann fásta |
| B | 24 / 25 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann óg<br>27 / 28 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann óg |
| C | 27 / 28 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann óg |
| E | 25 / 26 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann fásta<br>26 / 27 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann fásta<br>28 / 29 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann fásta |
| Fóilió | 24 / 25 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann óg<br>27 / 28 Meán Fómhair 2015 – 1 cheann óg |

Taifeadadh breathnú ad-hoc den speiceas ag Cnoc na Fosca i rith an tsuirbhé ildisciplínigh i mí na Bealtaine 2015, gar do Bhóthar Ceangail an N59 ó Thuaidh.

Tá torthaí an tsuirbhé ar reiptílí taispeánta ar **Fhíoracha 8.10.1** go **8.10.8**.

Meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) le daonra na laghairte coiteann.

## 8.3.12 Iasc

Tá achoimre thíos ar thorthaí na suirbhéanna éagsúla ar iascaigh a rinneadh idir an 22 agus 30 Meán Fómhair 2015, mar aon le torthaí an staidéir taighde. Tá suíomhanna na bpointí/limistéar samplála taispeánta ar **Fhíor 8.11.1**, agus na torthaí iomlána (lena n-áirítear liostaí na speiceas maicrinveirteabrach) tugtha in **Aguisín A.8.17**. Tá speicis éisc faoi chosaint faoi na hAchtanna Iascaigh agus trí fodhlíthe iascaireachta. Tá Bradán an Atlantaigh, loimpre mhara agus an loimpre shrutháin liostaithe ar Iarscríbhinn II den Treoir AE maidir le Gnáthóga.

***Sruthán na Líbeirtí***

Rinneadh cur síos ar Shruthán na Líbeirtí i rith shuirbhé na ngnáthóg iascaigh mar shruthán séasúrach a bhfuil caighdeán measartha ag gabháil leis, le salmainid leathnádúrtha agus gnáthóg don eascann Eorpach *Anguilla anguilla* sna léinseacha ísle; thaifead an suirbhé leictriascaireachta líon beag den eascann Eorpach sna léinseacha ísle. Measadh go raibh cáilíocht an uisce i Sruthán na Líbeirtí measartha truaillithe (Q3[49]).

Ó thaobh luach iascaigh, meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos ísle) le Sruthán na Líbeirtí.

[49] After Toner *et al.*, 2005: Q5, Q4-5 agus Q4 = Gan truailliú, Aicme A; Q3-4 = Beagán truaillithe, Aicme B; Q3 nó Q2/3 = Truaillithe go measartha Aicme C; agus, Q2, Q1/2 nó Q1 = Truaillithe go tromchúiseach Aicme D.

***Sruthán Throscaí***

Rinneadh cur síos ar an gcuid uachtair de Shruthán Throscaí, áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe é, i rith an tsuirbhé ar ghnáthóga iascaigh mar shruthán séasúrach le roinnt gnáthóg salmainide leathnádúrtha; cé nár thaifead an suirbhé leictriascaireachta aon speiceas éisc ann. Rinneadh cur síos ar na léinseacha ísle, áfach, mar chinn ina raibh gnáthóg sceathraí breac donn *Salmo trutta* agus gnáthóg iasclainne ar chaighdeán maith do luathóg eascainne Eorpaí agus don Leith óg *Platichthys flesus*. I measc na speiceas éisc a taifeadadh i rith an leictriascaireachta bhí breac donn, eascann Eorpach, Leith agus an garmachán *Gasterosteus aculeatus*. Measadh go raibh caighdeán an uisce i Sruthán Throscaí measartha truaillithe (Q3).

Ó thaobh luach iascaigh, meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos ísle) le léinseacha uachtair Shruthán Throscaí; agus Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) leis na léinseacha ísle.

***Sruthán Bhearna***

Measadh gur gnáthóg iasclainne agus sceathraí den scoth i gcomhair salmainide é Sruthán Bhearna, agus gnáthóg eascainne Eorpaí. Thaifead an suirbhé leictriascaireachta Breac donn agus eascann Eorpach. Measadh go raibh caighdeán an uisce i Sruthán Bhearna neamhthruaillithe (Q4).

Rinneadh cur síos ar fo-abhainn Shruthán Bhearna mar shruthán séasúrach le roinnt gnáthóg salmainide agus eascainne leathnádúrtha; cé nár thaifead an suirbhé leictriascaireachta aon speiceas éisc ann. Measadh go raibh caighdeán an uisce i bhfo-abhainn Shruthán Bheanra measartha truaillithe (Q3).

Ó thaobh luach iascaigh, measadh go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos ísle) le Sruthán Bhearna. Meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos ísle) leis an bhfo-abhainn shéasúrach gan ainm.

***Sruthán Thóin na Brocaí***

Bhí droch-chaighdeán gnáthóige iascaigh sna léinseacha uachtair, gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe, ar cainéal draenála tirim é den chuid is mó le pócaí logánta uisce.

Meastar gur gnáthóg salmainide agus eascainne ar chaighdeán den scoth iad léinseacha íochtair Shruthán Thóin na Brocaí, lena n-áirítear gnáthóg sceathraí salmainide. Thaifead an suirbhé leictriascaireachta Breac donn. Thaifead suirbhéanna leictriascaireachta a rinne Iascach Intíre Éireann (IFI) in 2008 muóg colgóg de bhradán an Atlantaigh (*Salmo salar*), Breac donn, Gealóg bhric ghil agus eascann Eorpach. Thaifead IFI breac geal ag sceitheadh i léinseacha ísle an tsrutháin. Measadh caighdeán an uisce i Sruthán Thóin na Brocaí mar neamhthruaillithe (Q4).

Ó thaobh luach iascaigh, meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil le léinseacha uachtair Shruthán Thóin na Brocaí (luach níos ísle); agus Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) leis na léinseacha ísle.

***Sruthán Chnoc na Cathrach***

Ba dhíoga séasúracha den chuid is mó iad léinseacha uachtair Shruthán Chnoc na Cathrach agus gan aon nó fíorbheagán luach iascaigh acu; is tóchar atá i gcodanna móra de na léinseacha ísle. Tá an píosa den sruthán ina dtagann an taoide air, idir an tóchar agus an t-inbhear, tábhachtach mar ghnáthóg iasclainne idirthréimhseach d'iasc inbhearach agus eascann Eorpach, taifeadadh Lannach glas *Chelon labrosus*, Mac siobháin gainimh *Pomatoschistus minutes* agus Leith ann i rith an tsuirbhé leictriascaireachta. Measadh go raibh caighdeán an uisce i Sruthán Chnoc na Cathrach measartha truaillithe (Q3).

Ó thaobh luach iascaigh, meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos ísle) le léinseacha uachtair Shruthán Chnoc na Cathrach (luach níos ísle); agus Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) leis na léinseacha ísle, ag an inbhear.

***Abhainn na Gaillimhe***

Is sruthchúrsa salmainide tábhachtach í Abhainn na Gaillimhe, ag tacú le bradán an Atlantaigh agus an breac donn, agus is sruthchúrsa salmainide sainithe é faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Cáilíocht Uiscí Salmainide), 1988. Tá córas Abhainn na Gaillimhe ainmnithe freisin faoin Treoir maidir le Gnáthóga mar iarrthóir ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta do bhradán an Atlantaigh, loimpre mhara *Petromyzon marinus* agus loimpre shrutháin *Lampetra planeri*—cSAC Loch Coirib. Is dobharcheantar tábhachtach í Abhainn na Gaillimhe freisin le haghaidh na heascainne Eorpaí *Anguilla anguilla*. Tá caighdeán an uisce i léinseacha ísle Abhainn na Gaillimhe aicmithe mar neamhthruaillithe (Q4) ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (sampla tógtha ag Droichead na mBradán - http://gis.epa.ie/Envision).

Ó thaobh luach iascaigh, measadh go bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta le hAbhainn na Gaillimhe.

***Abhainn Thír Oileáin***

Tá cuisle Abhainn Thír Oileáin modhnaithe go mór i gcodanna de, agus comharthaí ann go bhfuil truailliú orgánach ag tarlú inti, rud a chuireann teorainn lena luach iascaigh. Is í an eascann Eorpach an t-aon speiceas éisc a taifeadadh i rith na suirbhéanna leictriascaireachta. Measadh go raibh caighdeán an uisce in Abhainn Thír Oileáin measartha truaillithe (Q2-3).

I dtéarmaí luach iascaigh, measadh go raibh Tábhacht Áitiúil le hAbhainn Thír Oileáin (luach níos ísle).

***Lochanna Chúil Each***

Bhí roinnt tábhachta le lochanna Chúil Each le haghaidh speiceas iasc garbh. Thaifead líontán fonsaí Péirse Perca fluviatilis, Róiste Rutilus rutilus agus Eascann Eorpach. Rinneadh leictriascaireacht ar an sruthán beathú fuaráin ach níor taifeadadh aon speiceas éisc. Níl stádas maidir le caighdeán uisce de chuid na Creat-Treorach Uisce ag gabháil le Lochanna Chúil Each.

Ó thaobh luach iascaigh, measadh go raibh Tábhacht Áitiúil (luach níos ísle) le Lochanna Chúil Each.

***Loch Bhaile an Dúlaigh***

Measadh gur garbhiascach den scoth a bhí i Loch Bhaile an Dúlaigh agus thaifead an suirbhé líontán fonsaí Liús *Esox lucius*, Péirse, Ruán *Scardinius erythropthalmus* agus Cúramán *Tinca tinca*. Níl stádas maidir le caighdeán uisce de chuid na Creat-Treorach Uisce ag gabháil le Loch Bhaile an Dúlaigh.

Ó thaobh luach iascaigh, measadh go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) le Loch Bhaile an Dúlaigh.

***Inbhear na Coiribe agus Cuan na Gaillimhe***

Is gnáthóg iascaigh idirthréimhseach agus mhuirí thábhachtach é Inbhear na Coiribe agus Cuan na Gaillimhe, ag tacú le raon speiceas éisc (An Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha, 2009). Tá Inbhear na Coiribe agus Cuan na Gaillimhe ainmnithe freisin faoin Treoir maidir le Gnáthóga mar iarrthóir ar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta do bhradán an Atlantaigh – cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe. Tá uiscí idirthréimhseacha Inbhear na Coiribe agus uiscí cósta Chuan na Gaillimhe aicmithe ag an nGníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil mar neamhthruaillithe (http://gis.epa.ie/Envision).

Ó thaobh luach iascaigh, measadh go bhfuil Tábhacht Idirnáisiúnta le Cuan na Gaillimhe.

### 8.3.13 Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla

Tá na limistéir bithéagsúlachta áitiúla atá áirithe laistigh de *Phlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2023* agus an dréacht is déanaí de *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024*, ag eascairt ó mhapáil gnáthóige a rinneadh in 2004. I dtorthaí na suirbhéanna bithéagsúlachta a rinneadh ó 2013, in ullmhú an mheasúnaithe seo, aibhsíodh go leor réimsí eile a d’fhéadfaí a bhreithniú mar limistéir bithéagsúlachta a bhfuil tábhacht áitiúil leo. I gcuid mhaith cásanna, chuimseofaí leis sin limistéir níos mó ná iad sin a breithníodh i ndréacht *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024* toisc go síneann limistéir an tsuirbhé reatha thar theorainn na cathrach. Tá suíomhanna na suirbhéanna agus na ngabhdóirí bithéagsúlachta ar fud an limistéir áitiúil taispeánta ar **Fhíorach 8.1** – **8.22** agus tá cur síos orthu faoi na codanna éagsúla thuas.

Chun críocha an mheasúnaithe seo, breithnítear na limistéir bithéagsúlachta seo a leanas; ina n-áirítear na limistéir bithéagsúlachta áitiúla ó dhréacht *Phlean Gníomhaíochtaí Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024:*

- Bóthar an Chósta (R336) chuig N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn (ina n-áirítear limistéir bitheolaíochta áitiúla na Ceapaí - Bhaile an Mhóinín agus an Bhealaigh – Cnoc Bharr na Crannaí ó dhréacht *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024)*

  Cuimsítear sa limistéar bithéagsúlachta áitiúil sin mósáic de ghnáthóga móna ón gcladach siar ó Bhearna trasna go dtí N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn – is cuid de phíosa gnáthóige móna níos mó iad na limistéir mhóna a shíneann go dtí an iarthuaisceart, isteach in cSAC Phortaigh Chonamara. Ó thaobh gnáthóg de,

áirítear leis gnáthóga Iarscríbhinn I Fraoch fliuch, Fraoch tirim, móinéir *Molinia* agus Bratphortach, i measc limistéir mhóra scrobarnaí, raithní, féaraigh aigéadaigh agus fliuch, mar aon le heanaigh agus sruth※áin ardtalúin/chreimthe. Tacaíonn na gnáthóga as sin le raon éagsúil speiceas fána lena n-áirítear: ialtóga, an Madra uisce, an Broc, an Fritileán réisc, éin ghoir, éin gheimhrithe (lena n-áirítear speicis liostaithe mar SCIanna as na láithreáin SPA áitiúla), amfaibiaigh, reiptílí agus speicis éisc. Tá codanna den láithreán sin laistigh de NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn

- Cuan an Roisín – Coill Bhearna – Oileán na Feamainne

  Déantar cur síos ar an limistéar bithéagsúlacht áitiúil sin i ndréacht *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024* mar seo a leanas "Ionchorpraítear leis cúpla cineál líne chladaigh lena n-áirítear aillte oighir, bruacha gairbhéil, cladach carraigeach, cladach gaineamhlach, gaineamh puitigh agus riasc goirt. Tá cúpla cineál coillearnaí freisin i gCoill Bhearna mar aon le cineálacha féaraigh leathnádúrtha idir Trá na gCeann agus Cnoc na Lus. Tá an cósta an-bhearnach freisin le roinnt limistéar beathaithe agus fara faoi fhoscadh le haghaidh líon mór éan geimhrithe. Tá an meascán éagsúil de bharraí slinne agus riasc goirt ar Oileán na Feamainne áirithe sa limistéar seo." Luíonn an limistéar laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe

- Abhainn na Gaillimhe agus lochanna Chúil Each (ina n-áirítear Abhainn na Gaillimhe agus bogaigh chóngaracha limistéir bitheolaíochta áitiúla ó dhréacht *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024)*

  Tacaíonn an limistéar bithéagsúlachta áitiúil seo le raon gnáthóg uisceach agus bogaigh idir aibhneacha agus lochanna agus corcach ghiolcaí, coillearnach fhliuch, talamh féaraigh fliuch, eanaigh agus fraoch. Ina measc siúd, tá raon éagsúil gnáthóg Iarscríbhinn I lena n-áirítear lochanna crua-uisce, fraoch fliuch, móinéar *Molinia,* eanach *Cladium,* gnáthóg ard luibhe hidrifiliúil, eanach alcaileach, idirsheascann agus foraoisí gláracha iarmharacha. Tacaíonn limistéir thirime laistigh den choimpléasc gnáthóige seo le cineálacha gnáthóige den chosán aolchloiche agus talamh féaraigh chailcreach Iarscríbhinn I. Tacaíonn na gnáthóga as sin le raon éagsúil speiceas fána lena n-áirítear: ialtóga, an Madra uisce, éin ghoir, éin gheimhrithe (lena n-áirítear speicis liostaithe mar SCIanna de na láithreáin SPA áitiúla), moileasc, amfaibiaigh agus speicis éisc. Áirítear leis an limistéar seo cuid de cSAC Loch Coirib agus cuid de pNHA Loch Coirib

- Mionlach go Cnoc Chúil Each (lena n-áirítear Cairéal Leacaigh)

  Cuimsítear leis an limistéar bithéagsúlachta áitiúil sin meascán de choillearnach leathnádúrtha, coillearnach leathanduilleach, carraig aolchloiche nochta, scrobarnach agus tailte féaraigh leathnádúrtha, agus láithreán cairéil. Áirítear leis sin raon cineálacha gnáthóige Iarscríbhinn I, lena n-áirítear: Cosán aolchloiche, talamh féaraigh cailcreach, Turlaigh agus Fuaráin chlochraithe. Tacaíonn na gnáthóga as sin le raon éagsúil speiceas fána lena n-áirítear: ialtóga (lena n-áirítear fara máithreachais agus geimhrithe don chrú-ialtóg bheag), madra uisce, an broc agus éin ghoir (lena n-áirítear láithreán neide ag an scréachóg reilige). Áirítear leis an limistéar seo cuid de cSAC Loch Coirib agus cuid de pNHA Loch Coirib

- Baile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr (atá nasctha le hAbhainn na Gaillimhe le hais ghleann Abhainn Thír Oileáin)

  Cuimsítear leis an limistéar bithéagsúlachta áitiúil sin meascán de ghnáthóga bogaigh a bhaineann le Loch Bhaile an Dúlaigh (lena n-áirítear corcach ghiolcaí, talamh féaraigh fliuch, eanach agus coillearnach fhliuch) agus limistéir de choillearnach leathnádúrtha agus carraig aolchloiche nochta. Áirítear leis sin raon éagsúil de chineálacha gnáthóg Iarscríbhinn I lena n-áirítear lochanna crua-uisce, eanach alcaileach, eanach *Cladium,* foraoisí gláracha iarmharacha agus cosán aolchloiche. Tacaíonn na gnáthóga as sin le raon éagsúil speiceas fána lena n-áirítear: ialtóga, an broc, éin ghoir, éin gheimhrithe (lena n-áirítear speicis liostaithe mar SCIanna de na láithreáin SPA áitiúla), amfaibiaigh agus speicis éisc.

- Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh

  Cé gur talamh féaraigh conláiste timpeall ar an imeall is mó atá sa ráschúrsa, tacaíonn lár an ráschúrsa le tailte féaraigh leathnádúrtha, agus taifeadadh an fritileán réisc anseo in 2014

- Dabhach Uisce

  Cuimsítear leis an limistéar bithéagsúlachta seo meascán de thalamh féaraigh leathnádúrtha agus carraig aolchloiche nochta, le roinnt coillearnach leathnádúrtha agus paistí scrobarnaí, i measc páirceanna talmhaíochta feabhsaithe. Comhfhreagraíonn na gnáthóga féaraigh le cineál gnáthóige cailcrí Iarscríbhinn I in áiteanna, agus an charraige aolchloiche nochta nó faoi adhmad le cosán aolchloiche Iarscríbhinn I.

- Cuan na Gaillimhe (ina n-áirítear limistéir bithéagsúlachta áitiúla Oileán na gCaorach agus an cladach in aice leis ó *Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024).*

  Luíonn cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe laistigh den limistéar bithéagsúlachta sin. Áirítear leis an limistéar bithéagsúlachta sin raon éagsúil cladaigh, gnáthóga aistrithe, inbhir agus muirí a thacaíonn dá réir sin le cruinniú saibhir speiceas. I measc na ngnáthóg Iarscríbhinn I atá ann tá góilíní agus cuanta éadoimhne móra, a bhfuil ceangal acu le Scairbheacha, réileáin láibe taoide, murlaigh, Puiteach Salicornia, Fásra ilbhliantúil ar charnáin cloiche agus móinéir ghoirt an Atlantaigh. Tacaíonn na gnáthóga sin leis an speiceas éan SCI in SPA Chuan Istigh na Gaillimhe, ag tabhairt láithreán neadaithe, sealgaireachta agus fara ina gcuimsítear uisce oscailt, gnáthóga idirthaoideacha agus talún. Tacaíonn na gnáthóga laistigh de Chuan na Gaillimhe le raon éagsúil pobal inveirteabrach agus plandaí (muirí agus idirthaoideach) agus speicis éisc, mar aon leis an madra uisce, an rón beag agus céiticigh

### 8.3.14 Achoimre ar Mheasúnú Éiceolaíoch agus Sainaithint Príomhghabhdóirí Éiceolaíocha

Tugtar achoimre i **dTábla 8.26** thíos ar mheasúnú éiceolaíoch na ngabhdóirí go léir ag cur cosaint dhlíthiúil, stádas caomhnaithe agus flúirse áitiúil san áireamh. Tá Príomhghabhdóirí Éiceolaíocha (PÉanna) sainaitheanta i ndath gorm sa tábla. Níl speicis, gnáthóga agus gnéithe nach gcáilíonn mar PÉanna faoi réir measúnú tionchair ag teacht leis an dea-chleachtas reatha chun measúnú a dhéanamh ar na tionchair ar cad a chinntear a bheith ina ngnéithe éiceolaíocha nó bithéagsúlachta tábhachtacha: Treoirlínte CIEEM agus TII (CIEEM, 2016 agus An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2009).

Meastar gur PÉanna na limistéir ainmnithe go léir i gcomhair caomhnú an dúlra a luíonn laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe toisc gur láithreáin iad a roghnaíodh go sonrach i gcomhair caomhnú na bithéagsúlachta. Ní mheastar nach bhfuil na limistéir ainmnithe sin i gcomhair caomhnú an dúlra a luíonn laistiar de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe i mbaol tionchair agus nach meastar dá bhrí sin, gur PÉanna iad.

I mbeagnach gach cás, meastar gnáthóg agus speicis a mheastar tábhacht áitiúil (luach níos airde), nó níos airde, a bheith ina PÉanna toisc go gcuireann siad leis an acmhainn bithéagsúlachta áitiúil agus go bhfuil imní maidir lena gcaomhnú, go háitiúil ar a laghad. Mar sin féin, ní mheastar gur PÉanna roinnt de na gnáthóga agus speicis a bhfuil luach bithéagsúlachta níos airde acu atá áirithe i **dTábla 8.26** thíos toisc, cé go bhfuil siad laistigh de limistéar staidéir na scéime i gcoitinne, go luíonn siad laistiar de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe (mar a thugtar faoi deara sa tábla thíos) agus níl siad i mbaol dá bhrí sin ag tionchar i rith chéimeanna tógála nó oibríochta na forbartha bóthair atá beartaithe.

Ní bhreithnítear gnáthóga a mheastar mar chinn a bhfuil tábhacht áitiúil (luach níos ísle) leo a bheith mar PÉanna sa mheasúnú seo. Ní hé sin le rá nach bhfuil luach bithéagsúlachta ar bith acu, ach ní dóigh go mbeidh tionchar suntasach ar bhithéagsúlacht ó na tionchair ar na cineálacha gnáthóige seo ina gcomhthéacs áitiúil. Ba cheart a thabhairt ar aird go mbaineann sé seo le tionchar na gnáthóige féin ar rud ar leithligh é ó bheith ag breithniú an róil a bhíonn ag na cineálacha gnáthóige seo chun tacú le speicis PÉ – déantar tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe sa chiall sin a ghlacadh agus a mheasúnú faoi na ceannteidil speicis ábhartha i **gCuid 8.5.**

I measc na ngnáthóg seo a bhfuil luach bithéagsúlachta níos ísle acu tá gnáthóga a tógadh nó a cruthaíodh go saorga, gnáthóga díomuana mar thoradh ar shuaitheadh, nó cinn a ndearnadh modhnú antrapaigineach ard orthu (e.g. BC3, BL3, ED2, ED3, ED4, FL8, GA1, GA2, WS3, WS5). Is gnách leis na cineálacha gnáthóige seo a bheith bainteach le forbairt cónaithe, tráchtála nó tionsclaíoch, bóithre agus limistéir chonláiste ardbhainistithe. Áirítear leis freisin gnáthóga féaraigh atá bocht ó thaobh speiceas de agus raithneach, a meastar gur speiceas é a bhfuil fadhb leis i dtéarmaí bithéagsúlacht le haghaidh cuid mhaith cineálacha gnáthóige.

I roinnt cásanna, is féidir gnáthóg a bhfuil tábhacht áitiúil (luach níos ísle) léi a nascadh le gnáthóga le luach níos airde, nó iad a fhorbairt mar sin agus i gcás ina

dtarlaíonn sé sin glactar leis nuair a bhíonn measúnú agus breithniú á dhéanamh ar cibé an PÉ é an cineál gnáthóige ar leith chun críocha an mheasúnaithe seo. Sampla amháin de sin is ea an ghnáthóg Carraig chailcreach nochta (ER2). Mar ghné balla cairéil meastar gur cineál gnáthóige é a bhfuil tábhacht áitiúil (luach níos ísle) leis. I gcuid mhaith cásanna is féidir é a nascadh le cosán aolchloiche ghnáthóg Iarscríbhinn I agus déantar é a luacháil dá réir sin. Is féidir le ballaí cairéil aolchloiche tacú le fuaráin chailcreacha freisin (nó fuaráin chlochraithe ghnáthóg Iarscríbhinn I a bhfuil tosaíocht acu) agus i gcás go dtarlaíonn sé sin déantar breithniú agus luacháil ar leithligh ar ghnéithe fuaráin i **dTábla 8.26** thíos.

Ní bhreithnítear speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha mar PÉanna, toisc gur féidir leo tionchar diúltach a bheith acu ar bhithéagsúlacht agus is sa chomhthéacs sin a áirítear iad laistigh den mheasúnú tionchair.

Tá na limistéir bithéagsúlachta áitiúla, de réir sainmhínithe, tábhachtach go háitiúil. Mar sin féin, tacaíonn siad le raon gnáthóg agus speiceas a ndéantar luacháil orthu go haonair thíos; agus na luachálacha idir chinn a bhfuil tábhacht áitiúil leo (e.g. cartadh agus talamh lom) go dtí cinn a bhfuil tábhacht idirnáisiúnta leo (e.g. gnáthóga Iarscríbhinn I a bhfuil tosaíocht leo). Dá bhrí sin, meastar gur PÉanna iad ach ní thugtar luacháil éiceolaíoch ar leithligh dóibh ó na gabhdóirí bithéagsúlachta a chuirtear i láthair thíos agus ar a ndéantar measúnú sa chaibidil seo.

**Tábla 8.26: Measúnú Éiceolaíoch agus Sainaithint PÉanna[50]**

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Measúnú Éiceolaíoch | PÉ |
|---|---|---|
| **Limistéir Ainmnithe do Chaomhnú an Dúlra** | | |
| cSAC Loch Coirib | Idirnáisiúnta | Tá |
| cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe | Idirnáisiúnta | Tá |
| SPA Loch Coirib | Idirnáisiúnta | Tá |
| SPA Chuan na Gaillimhe Istigh | Idirnáisiúnta | Tá |
| NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn | Náisiúnta | Tá |
| pNHA Loch Coirib | Idirnáisiúnta[#] | Tá |
| pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe | Idirnáisiúnta[†] | Tá |
| Limistéir ainmnithe eile i gcomhair caomhnú an dúlra | Idirnáisiúnta - Náisiúnta | Níl, mar thar ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe (féach NIS chun plé níos mionsonraithe a fháil maidir le láithreáin Eorpacha – cSACanna agus SPAnna) |

[50] Tá PÉanna aibhsithe i ndath gorm

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Measúnú Éiceolaíoch | PÉ |
|---|---|---|
| **Gnáthóga (lasmuigh de limistéir ainmnithe i gcomhair caomhnú an dúlra)** | | |
| Ceapacha bláthanna agus teorainneacha (BC4) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Foirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Talamh salach agus lom (ED2) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Talamh lom athchoilíniúcháin (ED3) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Cairéil agus mianaigh ghníomhacha (ED4) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Carraig shiliciúil nochta (ER1) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Carraig chailcreach nochta (ER2)<br>Cosán aolchloiche [*8240]<br>Ballaí cairéil | <br>Tábhacht Idirnáisiúnta<br>Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | <br>Tá<br>Níl |
| Aolchloch/lochanna marlaí (FL3)<br>Lochanna uisce crua [3140] | <br>Tábhacht Náisiúnta | <br>Tá |
| Lochanna méiseatrófacha (FL4)<br>*Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | Tábhacht Contae[51] | Tá |
| Lochanna eotrófacha (FL5)<br>*Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | Tábhacht Contae[52] | Tá |
| Turlaigh (FL6)<br>Turlaigh [*3180] | <br>Tábhacht Idirnáisiúnta | <br>Tá |
| Lochanna agus locháin eile saorga (FL8) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Fuaráin chailcreacha (FP1) Tosaíocht<br>Fuaráin chlochraithe [*7220]<br>Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | <br>Tábhacht Idirnáisiúnta<br>Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | <br>Tá<br>Tá |
| Giolcach agus seascainn mhóra cíbe (FS1)<br>Eanach *Cladium* [*7210]<br>Luibh ard hidrifiliúil [6430]<br>Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | <br>Tábhacht Idirnáisiúnta<br>Tábhacht Náisiúnta<br>Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | <br>Tá<br>Tá<br>Tá |
| Seascainn ard-luibhe (FS2)<br>Eanach *Cladium* [*7210]/Luibh ard hidrifiliúil [6430] | <br>Tábhacht Idirnáisiúnta/Náisiúnta | <br>Tá |

[51] Ar an mbunús gur cuid den choimpléasc bogaigh ag Loch Bhaile an Dúlaigh é
[52] Ar an mbunús gur cuid den choimpléasc bogaigh ag Loch Bhaile an Dúlaigh é

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Measúnú Éiceolaíoch | PÉ |
|---|---|---|
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Aibhneacha creimthe/ar thalamh ard (FW1) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Aibhneacha sil-leagain/ísealchríocha (FW2) | | |
| Abhainn na Gaillimhe | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Abhainn Thír Oileáin | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Díoga draenála (FW4) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Talamh féaraigh talmhaíochta feabhsaithe (GA1) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Talamh féaraigh conláiste (feabhsaithe) (GA2) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Riasc (GM1) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Talamh féaraigh tirim cailcreach agus neodrach (GS1) | | |
| Talamh féaraigh cailcreach [*6210/6210] | Tábhacht Idirnáisiúnta/Náisiúnta | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féir (GS2)<br>Móinéir fhéir ísealchríocha [6510] | Tábhacht Náisiúnta | Níl, toisc nach bhfuil sé laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Talamh féaraigh aigéadach tirim-bogthais (GS3)<br>Saibhir ó thaobh speiceas talamh féaraigh ar thalamh ard *Nardus* [*6230] | Tábhacht Náisiúnta | Níl, toisc nach bhfuil sé laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Talamh féaraigh fliuch (GS4) | | |
| Móinéar *Molinia* [6410] | Tábhacht Náisiúnta | Tá |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Measúnú Éiceolaíoch | PÉ |
|---|---|---|
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Raithneach thiubh (HD1) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Fraoch siliciúil tirim (HH1)<br>Fraoch tirim [4030] | Tábhacht Náisiúnta | Tá |
| Fraoch cailcreach tirim (HH2)<br>Fraoch tirim [4030] | Tábhacht Náisiúnta | Níl, toisc nach bhfuil sé laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe |
| Fraoch fliuch (HH3)<br>Fraoch fliuch [4010] | Tábhacht Náisiúnta | Tá |
| Eanach agus borrfhás saibhir (PF1)<br>Eanaigh alcaileacha [7230]/Eanach *Cladium* [*7210] | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Contae | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Droch-Eanach agus borrfhás (PF2)<br>Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Contae | Níl, toisc nach bhfuil sé laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Cónaitheach | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Coillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach mheasctha (WD2) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Coillearnach bhuaircíneach (measctha) (WD3) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Crainn scaipthe agus fearann páirce (WD5) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl, toisc nach bhfuil sé laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe |
| Fálta sceach (WL1) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Measúnú Éiceolaíoch | PÉ |
|---|---|---|
| Crannteorainneacha (WL2) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2)<br>Cosán aolchloiche [*8240] | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Coillearnach shailí-fearnóige-fuinseoige fhliuch (WN6)<br>Foraois ghlárach iarmharach [*91E0] | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Scrobarnach (WS1)<br>Cosán aolchloiche [*8240] | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Cineál gnáthóige nach bhfuil in Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Coillearnach neamhaibí (WS2) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Níl, toisc nach bhfuil sé laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe |
| Scrobarnach ornáideach/neamhdhúchasach (WS3) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| Coillearnach a réitíodh le déanaí (WS5) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) | Níl |
| **Speiceas Flóra** | | |
| Speiceas liostaithe FPO | n/b | Níl, toisc nach bhfuil sé laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe |
| Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | n/b | Níl |
| **Speiceas Fána** | | |
| Madra uisce | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Ialtóga | | |
| Crú-ialtóg bheag | Tábhacht Náisiúnta | Tá |
| Gach speiceas ialtóg eile | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Broc | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Speiceas mamaigh eile atá faoi chosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Measúnú Éiceolaíoch | PÉ |
|---|---|---|
| Cráifisc liathdhonn | n/b | Níl, toisc nach bhfuil sé laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe |
| Diúilicín péarla fionnuisce | Tábhacht idirnáisiúnta[53] | Tá |
| *Vertigo antivertigo* | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Fritileán réisc | Tábhacht Contae | Tá |
| Speiceas éan SCI | Idirnáisiúnta | Tá |
| Scréachóg reilige | Tábhacht Contae | Tá |
| Fabhcún gorm | Tábhacht Contae | Tá |
| Gach speiceas éan eile ar an liosta Dearg (daonraí pórúcháin neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Gach speiceas éan eile ar an liosta Ómra(daonraí pórúcháin neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Aon speiceas éan eile ar an liosta Glas(daonraí pórúcháin neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Gach speiceas éan geimhrithe eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Earc luachra | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| An frog | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| An laghairt choiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Bradán | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Eascann | Idirnáisiúnta | Tá |
| Gach speiceas éisc eile taifeadta | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Airde) | Tá |
| Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla | | |
| Limistéir Bithéagsúlacht Áitiúla | Luach na ngabhdóirí bithéagsúlacht a taifeadadh ar fud na limistéar bitheolaíochta áitiúla, gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe, agus iad idir | Tá |
| Bóthar an Chósta (R336) go dtí Bóthar Mhaigh Cuilinn | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta agus NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ina measc | Tá |
| Cuan an Roisín – Coillte Bhearna – Oileán na Feamainne | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta agus cSAC Choimpléasc Chuan | Tá |

[53] Measúnú sa NIS i gcomhthéacs daonra leasa tairbhiúil cSAC Loch Coirib in Abhainn Ruibhe

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Measúnú Éiceolaíoch | PÉ |
|---|---|---|
| | na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe ina measc | |
| Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta agus cSAC/SPA/pNHA Loch Coirib ina measc | Tá |
| Mionlach go Cnoc Chúil Each (lena n-áirítear Cairéal Leacaigh) | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta agus cSAC Loch Corrib ina measc | Tá |
| Baile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Dabhach Uisce | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá |
| Cuan na Gaillimhe | Tábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta agus cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe ina measc | Tá |

# Cuimsithe go ginearálta laistigh de cSAC Loch Coirib

† Cuimsithe go ginearálta laistigh de cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe

## 8.4 Saintréithe na Forbartha Bóthair atá Beartaithe

Tá cur síos mionsonraithe ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus ar ghníomhaíochtaí tógála i **gCaibidil 5**, **Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe** agus **Caibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála**.

Tá príomhsaintréithe na forbartha bóthair atá beartaithe atá ábhartha don mheasúnú éiceolaíoch tugtha faoi chéimeanna tógála agus oibríochta iontu seo a leanas.

### 8.4.1 An Chéim Thógála

Is iad seo a leanas príomhsaintréithe chéim thógála na forbartha bóthair atá beartaithe a bhféadfadh tionchar éiceolaíoch a bheith acu:

- Réiteach agus glanadh an láithreáin, lena n-áirítear imscrúduithe ar an talamh, trinseáil agus fálú tástála seandálaíochta
- Baint réadmhaoine, teorainneacha, conláistí
- Gníomhaíocht créfoirt, lena n-áirítear barrithir a bhaint, créfoirt ghinearálta agus oibriú trácht tógála
- Créfoirt shuntasacha a thógáil, lena n-áirítear gearrthacha agus gearrthacha carraige ( < 3m ar domhain) agus claífoirt (< 3m ar airde)

- Tógáil bóthair nua, bóithre ceangail agus athailíniú gaolmhar ar bhóithre áitiúla, lena n-áirítear baic thorainn, soilsiú, comharthaí ar dhroichid soilsithe, *etc*.
- Struchtúir nua a thógáil, lena n-áirítear íosdroichid agus tardhroichid, tóchair, trasrian droichid c.650m ar fad de Abhainn na Gaillimhe agus a gleann, tarbhealach c.310m ar fad, agus 2 phíosa ar leithligh tolláin – ceann c.270m ar fad ag Cairéal Leacaigh, agus an dara ceann c.240m ar fad ag Ráschúrsa na Gaillimhe.

### 8.4.2 An Chéim Oibríochta

Is iad seo a leanas príomhsaintréithe chéim oibríochta na forbartha bóthair atá beartaithe a bhféadfadh tionchar éiceolaíoch a bheith acu:

- Láithreacht agus oibriú (tráchta) an bhóthair
- Láithreacht soilsiú breise ar thaobh an bhóthair

## 8.5 Meastóireacht ar Thionchair

### 8.5.1 Réamhrá

Sa chuid seo cuirtear an measúnú ar an tionchair ar bhithéagsúlacht laistigh de Chrios Tionchair (ZOI) na forbartha bóthair atá beartaithe. Mar atá tugtha le fios i **gCuid 8.2.5**, tá sé sin dírithe ar na Príomhghabhdóirí Éiceolaíocha (PÉanna) atá sainaitheanta i **gCuid 8.3.14**. Áirítear leis sin an tionchar a bhíonn ag 'Gan Aon Rud a Dhéanamh' – i.e. na treochtaí reatha leis an bhféidearthacht tionchar a imirt ar bhithéagsúlacht in éagmais na forbartha bóthair atá beartaithe.

### 8.5.2 An Tionchar a bhíonn ag Gan Aon Rud a Dhéanamh

***Treochtaí reatha***

Ar fud an limistéir staidéir, mar is léir ón athbhreithniú ar ortafóta agus tacar sonraí *Galway City Habitats Inventory* (Natura, 2005), tháinig athruithe ar an mbonnlíne bithéagsúlachta le roinnt blianta anuas: seans gurb é an t-athrú is mó ná caillteanas gnáthóige mar gheall ar chúrsaí forbartha agus tionchair ó díghrádú gnáthóige, go príomha mar thoradh ar dhiansaothrú/míntíriú talmhaíochta nó cúngracht scrobarnaí trí thréigean talmhaíochta. Tá smacht draenála teoranta nó bearta rialaithe truaillithe ag an líonra bóthair reatha agus, mar gheall ar líon méadaithe tráchta, d'fhéadfadh sé go raibh roinnt éifeachtaí aige ar bhithéagsúlacht sa timpeallacht ghlactha.

Tharla caillteanais gnáthóige mar gheall ar fhorbairt sa limistéar idir Bóthar Cheapaí agus Bóthar Bhaile an Mhóinín, agus feadh an líonra bóithre áitiúla a shíneann ó thuaidh ó bhóthar cósta an R336, e.g. Bóthar na bhForaí Maola, Bóthar Throscaigh, Bóthar Bhearna go Maigh Cuilinn an LL1321 agus Bóthar na hAille an L5384. I roinnt cásanna seans go raibh tionchar aige ar limistéir ina bhfuil gnáthóga de thailte portaigh. I gcás ina bhfuil bainistíocht talmhaíochta laghdaithe, nó tréigthe cheana féin, tá páirceanna imithe fiáin le haiteann,

scrobarnach drise agus/nó cumhdach dlúth raithní. Tá sé sin ag tarraingt ar ghnáthóg talamh portaigh in áiteanna. Tá sé sin níos soiléire sa chuid thiar den limistéar staidéir sna bloic gnáthóige de thalamh portaigh tréigthe atá suite idir an líon bóithre áitiúla agus an fhorbairt chónaitheach ghaolmhar de chineál ribín. Is tóchar atá i gcodanna de na sruthchúrsaí mar thoradh ar fhorbairt; agus tá baint ag an gcuid is forleithne díobh le Sruthán Chnoc na Cathrach. Tá caillteanas an chosáin aolchloiche [*8240] feicthe i gCúil Each, na hArdáin agus Dabhach Uisce agus freisin is dóigh limistéir de ghnáthóg talamh féaraigh leathnádúrtha [e.g. 6210] ó 1994 i leith mar thoradh ar fhorbairt bóithre, forbairt chónaitheach agus thionsclaíoch, agus athrú/feabhas ar úsáid talamh talmhaíochta. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí cairéalaithe sa cheantar áitiúil tá cosán aolchloiche caillte agus d'fhéadfaí freisin limistéir de ghnáthóga talamh féaraigh cailcreach a chailleadh freisin ón mbliain 2000. Laghdaigh cúngach scrobarnaí freisin méid an limistéir gnáthóige den chosán aolchloiche nocht ag Mionlach, sa cheantar idir an Bóthar Nua agus an Seanbhóthar.

Is beag sonraí bonnlíne stairiúla atá ann chun treochtaí a leagan síos le haghaidh speiceas fána go háitiúil cé go bhféadfadh tionchair áirithe a bheith ag athruithe gnáthóige a tharla, idir dhearfach agus dhiúltach, ar bhithéagsúlacht fána agus ar leithdháiltí go háitiúil.

***Treochtaí is dóigh a bheidh ann sa todhchaí***

De réir mar a rachaidh fairsinge iomlán na forbartha bóthair atá beartaithe trí thailte atá criosaithe faoi Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Chomhairle Chontae na Gaillimhe 2015-2021, Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017 nó Phlean Limistéar Áitiúil na nArdán 2018-2024, tugann an zónáil reatha i gcomhair úsáid talún an tásc is fearr faoi na treochtaí bithéagsúlachta go gearr nó go meántéarmach, toisc go mbeidh tionchar acu agus go dtreoróidh siad forbairt sa cheantar máguaird. Seans freisin go leanfaidh an méid tráchta ag méadú ar ghréasán bóthair a bhfuil smacht draenála teoranta nó bearta rialaithe truaillithe air, a bhféadfadh éifeachtaí a bheith aige ar ghabhdóirí bithéagsúlachta sa timpeallacht ghlactha.

Tá an limistéar timpeall ar Sruthán na Líbeirtí zónáilte i gcomhair bainistíocht comhshaoil, mar atá conair Shruthán Throscaí agus an cósta – tá sé mar aidhm ag an zónáil sin limistéir bithéagsúlachta ard a chosaint agus forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn. Tá limistéar soir ó Shruthán na Líbeirtí, agus siar ó Choill Bhearna, zónáilte le ding fhéarmhar agus an limistéar idir eatarthu zónáilte mar imeall tuaithe, cuireann an zónáil sin teorainn ar na cineálacha forbartha a dhéanfar ar na tailte sin sa todhchaí.

Is meascán de zónáil chónaithe, conláiste, agrai-chonláiste agus zónáil thalmhaíochta atá sa limistéar Coill Bhearna agus Abhainn na Gaillimhe. Is spás cónaithe den chuid is mó atá sna tailte idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus Bóthar na Ceapaí, agus roinnt limistéar zónáilte conláiste agus tionsclaíoch ann. Ar an gcaoi chéanna, is meascán de zónáil chónaithe agus chonláiste atá sna tailte timpeall ar OÉG agus Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59. Suite idir an dá limistéar sin tá fairsinge mór tailte atá zónáilte i gcomhair talmhaíochta – lena n-áirítear cuid de NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ag Tóin na Broc. Cuimsítear i ndara limistéar ag na hAille zónáil úsáid talún talmhaíochta agus agrai-chonláiste.

Idir Mionlach agus Bóthar Thuama an N83, tá na tailte ó thuaidh den fhorbairt bóthair atá beartaithe zónáilte i gcomhair talmhaíochta (ag teacht lena n-úsáid reatha) le banda tailte agrai-chonláiste zónáilte ag síneadh ó Shráidbhaile Mhionlaigh go Cathair na Gaillimhe feadh bhruach thoir Abhainn na Gaillimhe. Tá póca beag de thailte zónáilte i gcomhair tionsclaíoch éadrom agus cónaithe feadh Bhóthar Áth Cinn an N84, cónaithe feadh Bhóthar Thuama an N83 agus limistéir de zónáil chónaithe éadrom ag Mionlach agus in aice leis an gceann ó dheas de Chairéal Leacaigh.

Seachas Ráschúrsa na Gaillimhe (atá zónáilte mar limistéar conláiste), tá tailte idir Bóthar Thuama an N83 agus an R339 zónáilte i gcomhair úsáidí tionsclaíocha, cónaithe nó tráchtála.

Tá formhór na dtailte a cheanglaíonn leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag Dabhach Uisce (soir ón N6 reatha agus idir an R446 agus R449) laistigh de theorainn Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán, mar a bheidh air, zónáilte i gcomhair forbartha. Áirítear le *Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2026 limistéir mhóra atá zónáilte i gcomhair forbartha.* Siar ón N6 reatha sa cheantar seo tá an talamh zónáilte den chuid is mó i gcomhair forbairt chónaithe.

Seans go leanfar de threochtaí bithéagsúlachta reatha i limistéir atá zónáilte i gcomhair bainistíochta comhshaoil, ding fhéarmhar, imeall tuaithe nó talmhaíochta agus gach seans ann go dtarlóidh roinnt athruithe teoranta i gcomhair forbartha agus úsáide talún. Seans go gcuirfear brú níos mó ar bhealach éigin ar limistéir chonláiste nó agrai-chonláiste zónáilte mar gheall ar chúrsaí forbartha agus mar thoradh ar bhonneagar breise áineasa a fhorbairt agus a thógáil agus trí láithreacht agus cur isteach níos mó ó dhaoine. Seans go mbeidh na héifeachtaí is mó ag limistéir atá zónáilte chun críche cónaithe, tráchtála nó tionsclaíocha ar bhithéagsúlacht áitiúil trí chaillteanas gnáthóige agus/nó athruithe (a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghnáthóga Iarscríbhinn I agus gnáthóga leathnádúrtha eile) agus aon éifeachtaí gaolmhara ar speicis fhána.

Mar sin féin, seans go maolófar aon éifeachtaí ar bhithéagsúlacht tríd na beartais chosantacha comhshaoil i bPlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*, Plean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017, agus *Phlean Ceantair Áitiúil na nArdán 2018-2024*.

Déantar an idirghníomhaíocht idir na treochtaí reatha, treochtaí sa todhchaí, agus pleananna nó tionscadail eile leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a chur san áireamh agus a mheasúnú tuilleadh sa chuid ar thionchair charnacha (**Cuid 8.9**).

### 8.5.3 Limistéir Ainmnithe do Chaomhnú an Dúlra

Déantar cur síos agus measúnú sa chuid seo ar an gcumas a bheadh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe éifeachtaí suntasacha a bheith aici ar láithreáin ainmnithe do chaomhnú an dúlra cSACanna/SACanna,SPAnnaNHAanna nó pNHAanna. I gcomhthéacs na láithreán Eorpach tá sé sin dírithe ar na gnáthóga agus na speicis dá roghnaítear na láithreáin (QIanna le haghaidh cSACanna agus SCIanna i gcomhair SPAnna) agus na cuspóirí caomhantais a thacaíonn lena stádas caomhantais i ngach láithreán. Baineann an measúnú sin go díreach leis an modheolaíocht measúnaithe do láithreáin Eorpacha a éilítear faoin Treoir maidir

le Gnáthóga, atá curtha i láthair sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) don fhorbairt bóthair atá beartaithe.

I gcás NHAnna agus pNHAanna breithnítear sa mheasúnú cibé an mbeadh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine[54] aon láithreán den sórt sin agus tagairt do ghnéithe éiceolaíocha dá n-ainmnítear an láithreán, nó dá bhfuil sé beartaithe.

#### 8.5.3.1 Láithreáin Eorpacha

I gcomhthéacs measúnú a dhéanamh chun socrú cibé acu an dóigh go mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine aon láithreáin Eorpacha, comhlíonann na tástálacha agus an measúnú atá curtha i láthair sa NIS an ról seo. Meastar sa NIS cibé acu an mbeidh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na spriocanna um chaomhnú a thacaíonn le coinníoll fhabhrach QI/SCInna an láithreáin Eorpaigh agus mar thoradh air sin cuirtear measúnú i láthair chun socrú cibé acu an mbeadh éifeacht aige ar chaighdeán aon láithreán Eorpach i.e. an mbeadh drochéifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chaighdeán láithreáin Eorpaigh, bheadh sé sin comhionann le héifeacht mhór dhóchúil i gcomhthéacs Threoir an MTT.

Rinneadh nádúr agus scála na forbartha bóthair atá beartaithe, na tionchair fhéideartha aitheanta agus a ngaol le láithreáin Eorpacha a mheas d'fhonn socrú cén láithreáin Eorpacha a bhí laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr agus spriocanna caomhantais, agus mar sin a d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar a gcuid spriocanna caomhantais. Tá na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe pléite thíos i ndáil leis na láithreáin Eorpacha siúd atá laistigh dá ZoI (féach freisin ar Chuid 6 den NIS).

Is é atá sa Chrios Tionchair (ZOI) ná fad a d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht ag na hoibreacha beartaithe ar choinníoll caomhantais ghnáthóga QI/SCI nó speicis QI/SCI láithreáin Eorpaigh laistigh de.

Seo a leanas mar a dhéantar achoimre ar an meicníocht chun an ZoI a shainiú:

- Déan nádúr, méid agus ionad na forbartha bóthair atá beartaithe a mheas
- Déan leochaileacht na ngabhdóirí éiceolaíocha a mheas
- Foinsí agus bealaí tionchair a aithint
- An ZoI bunaithe ar mhéid an tionchair a shonrú

Agus an ZoI á mheas, in éagmais beart maolaithe, socraíodh sa mheasúnú go bhféadfadh go mbeadh drochéifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chaighdeán na gceithre láithreáin Eorpaigh seo a leanas (Tagair do Chuid 8 den NIS):

- cSAC Loch Coirib

[54] Déan tagairt do **Chuid 8.2.5** i gcomhair sainmhíniú agus don mhodheolaíocht measúnachta tionchair


- SPA Loch Coirib
- cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe
- SPA Chuan na Gaillimhe Istigh

Tá ionaid na láithreán Eorpach i gcoibhneas leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus an ZoI tuartha, taispeánta ar **Fhíor 8.12.1**.

***cSAC Loch Coirib***

Tá forluí idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus a teorainn le, i.e. trasnaíonn sí tríd nó cóngarach do láithreán Eorpach amháin, eadhon cSAC Loch Coirib ag ceithre shuíomh: ag an áit ina gcríochnaíonn an sruth éalaithe draenála atá beartaithe ó Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh ag Baile an Cheantaigh; ag láithreán Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe idir an Daingean agus Mionlach; siar ó Lochanna Chúil Each (Ch. 9+850 go Ch. 10+100); agus, siar agus ó thuaidh de Chairéal Leacaigh san áit ina gcuimseofar tollán (Tollán Leacaigh) mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus bonneagar don bhóthar isteach. Féach ar **Phláta 8.1** thíos. Téann an fhorbairt bóthair atá beartaithe trí roinnt sruthchúrsaí uisce freisin a thacaíonn le gnáthóga bogaigh a bhraitheann ar screamhuisce laistigh de láithreacha Eorpacha agus téann an fhorbairt atá beartaithe trí roinnt sruthchúrsaí a luíonn laistigh de láthair Eorpach nó a dtéann uisce uathu isteach i láthair Eorpach.

**Pláta 8.1: Forluí na Forbartha Bóthair atá Beartaithe le láithreáin Eorpacha**



Tá na tionchair fhéideartha do cSAC Loch Coirib pléite thíos faoi na ceannteidil seo a leanas:

- Cailliúint gnáthóige
- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thollánú/thochailt a bhaineann le tógáil Thollán Leacaigh
- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha
- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha
- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair cháilíocht an aeir
- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh
- Riosca mortlaíochta ó oibreacha tógála agus thrácht ar bhóthar

Cailliúint gnáthóige

Níl aon limistéir i ngnáthóga QI Aguisín I laistigh de cSAC Loch Coirib suite faoi lorg na forbartha bóthair atá beartaithe a mbeidh tionchar díreach orthu. Ní chaillfear go díreach mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe aon ghnáthóga a thacaíonn leis na gnáthóga QI atá i cSAC Loch Coirib. Laistigh de cSAC Loch Coirib, áfach, tá codanna de ghnáthóga QI Pábháil Aolchloiche [*8240] agus Féarach cailcreach [6210] atá laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe ach atá lasmuigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe a d'fhéadfadh go mbeadh tionchar díreach ag an bhforbairt orthu, mura ndéanfaí iad a chosaint ó oibreacha tógála. I dtaobh na ngnáthóg QI sin agus a gcuid spriocanna caomhantais, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht ag cailliúint gnáthóige ar an bhféarach Cailcreach agus de phábháil Aolchloiche i cSAC Loch Coirib ag an dromchla, agus freisin a d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht acu ar scaipeadh na gcineálacha sin gnáthóige laistigh den láithreán Eorpach.

Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thollánú/thochailt a bhaineann le tógáil Thollán Leacaigh

D'fhéadfadh go mbeadh éifeacht ag tógáil Thollán Leacaigh ar chaighdeán struchtúrach na carraigmhaise thuas, agus mar thoradh air sin d'fhéadfadh go ndéanfaí dochar do, nó go gcaillfí gnáthóga QI Aguisín I limistéar gnáthóige phábháil Aolchloiche agus féarach Cailcreach laistigh de cSAC Loch Coirib thuas. I dtaobh na ngnáthóg QI sin agus a gcuid spriocanna caomhantais, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht ag cailliúint gnáthóige ar an limistéar gnáthóige d'fhéarach Cailcreach agus de phábháil Aolchloiche i cSAC Loch Coirib, agus freisin a d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht acu ar scaipeadh na gcineálacha sin gnáthóige laistigh den láithreán Eorpach.

Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha

D'fhéadfadh tógáil Thollán Leacaigh agus na bpiaraí do Tharbhealac

h Mhionlaigh tionchar a bheith acu ar an réimeas sreabhadh screamhuisce sa cheantar áitiúil le Loch Coirib Fen 1 (Mionlach),GWB, Loch Coirib Fen 1 (Leacach) GWB agus GWB an Chláir-na Coiribe GWB. D'fhéadfadh go mbeadh

tionchar aige sin faoi seach ar sholáthar screamhuisce go Tobar Chúil Each Thiar agus Thoir a thugann screamhuisce do Lochanna Chúil Each agus le I dtaobh na ngnáthóg agus speiceas QI agus a gcuid cuspóirí caomhantais, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin orthu seo a leanas:

- An córas hidreolaíoch nádúrtha (e.g. leibhéil uisce agus tuilte) agus ceimic an uisce
- Limistéar, scaipeadh áitiúil agus riocht an ghnáthóg bogaigh a bhraitheann ar screamhuisce
- Comhdhéanamh, éagsúlacht, struchtúr agus scaipeadh an fhásra, flúirse agus scaipeadh gnáthspeiceas agus speiceas atá sainiúil don cheantar áitiúil a ghabhann le gnáthóga QI

Le dearadh na draenála don fhorbairt bóthair atá beartaithe seachnaítear aon tionchair fhadtéarmacha ar an gcóras reatha screamhuisce a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar cheann ar bith de na gnáthóga a bhraitheann ar screamhuisce i cSAC Loch Coirib[55]. Teastaíonn bearta maolaithe, áfach, i gcás go dtiocfaí thar aon seolphíobáin screamhuisce i rith tógála agus a chinntiú nach mbíonn éifeacht ag gnéithe carst ar fheidhmiú imchuacha insíothlaithe i rith oibriúcháin.

<u>Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha</u>

D'fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla sa timpeallacht ghlactha a thacaíonn le gnáthóga uisceacha/bogaigh i cSAC Loch Coirib. Tacaíonn na gnáthóga sin faoi seach leis na speicis uisceacha QI atá ann: An Dobharchú, an Bradán Atlantach, an Loimpre mhara agus an Loimpre Shrutháin. I dtaobh na ngnáthóg agus speiceas QI agus a gcuid cuspóirí caomhantais, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin orthu seo a leanas:

- Limistéar na gnáthóige, scaipeadh agus riocht/cáilíocht chomh maith le comhdhéanamh, éagsúlacht, struchtúr agus scaipeadh an fhásra, flúirse agus scaipeadh gnáthspeiceas agus speiceas atá sainiúil don cheantar áitiúil
- Daonraí éisc (an bradán Atlantach san áireamh) tríd an tionchar ar líon na n-iasc, struchtúr an daonra agus cáilíocht na gnáthóige, ar féidir dul i bhfeidhm ar líon na n-iasc óg inghafa sna daonraí diúilicín péarla fionnuisce in aghaidh an tsrutha
- Flúirse agus scaipeadh dobharchú, flúirse creiche agus fáil ionad poill agus broimfhéir

<u>Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair cháilíocht an aeir</u>

D'fhéadfadh sil-leagan deannaigh de thoradh tógála dul i bhfeidhm ar mhéid, éagsúlacht, agus comhdhéanamh fásra nó struchtúr gnáthóg i cSAC Loch Coirib atá i limistéar na forbartha bóthair atá beartaithe.

---

[55] Is é Tobar Chúil Each Thiar an príomhcheann a chuireann le Lochanna Chúil Each le soláthar mór screamhuisce tríd an mbuncharraige aolchloiche thíos faoi. Ní thugann Tobar Chúil Each Thoir ach fíorbheagán sreabhadh uisce dromchla toisc gurb ó na hithreacha fo-ithreach aon sileadh screamhuisce chuig an tobar seo.

Meathlú gnáthóige mar thoradh ar speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh

D'fhéadfadh tabhairt isteach/scaipeadh speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha dul i bhfeidhm ar mhéid, éagsúlacht, agus comhdhéanamh fásra nó struchtúr gnáthóg in cSAC Loch Coirib.

Riosca mortlaíochta ó oibreacha tógála agus thrácht ar bhóthar

Agus droichead á thógáil os cionn Abhainn na Gaillimhe chuirfí beatha speiceas uisceach san abhainn faoin bhun i mbaol; cé gur íseal an baol go mbeadh tionchar fadtéarmach aige ar mhéid an daonra, mar gheall ar nádúr sealadach na n-oibreacha atá beartaithe.

Is ionann oibriú na forbartha bóthair agus baol buan do bheatha an Dobharchú ar chonair Abhainn na Gaillimhe, agus i gceantar Lochanna Chúil Each, mar gheall ar imbhuailtí ar bhóithre agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aige ar an daonra Dobharchú in cSAC Loch Coirib.

Féach freisin ar Thábla 9.16 agus ar Thábla 9.17 san NIS chun eolas a fháil faoin mbaint atá ag na tionchair sin le gnáthóga agus speicis QI agus le sainchuspóirí caomhantais gach QI a bhféadfadh go mbeadh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air.

***SPA Loch Coirib***

Ós rud é nach dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe an SPA, níl tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cheann ar bith de na speicis SCI, ná ar a cuid gnáthóg tacaíochta.

Tá na tionchair seo a leanas i gceist, áfach, trína bhféadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe (in éagmais beart maolaithe) dul i bhfeidhm ar an speicis éin SCI in SPA Loch Coirib agus ar a gcuid gnáthóg bogaigh tacaíochta:

- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha
- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha
- Cur isteach/díláithriú

Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha

D'fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce in ionaid fhéideartha ex-situ a úsáidtear ag speicis gheimhrithe éin atá liostaithe mar SCInna le haghaidh SPA Loch Coirib. D'fhéadfadh an tionchar sin dul i bhfeidhm ar chineál, cháilíocht agus mhéid na ngnáthóg oiriúnach atá ar fáil do speicis éin SCI in ionaid ex-situ atá laistigh den ZoI hidrigeolaíoch. D'fhéadfadh an tionchar sin dul i bhfeidhm ar chineál, cháilíocht agus mhéid na ngnáthóg oiriúnach atá ar fáil do speicis éin SCI sa cheantar áitiúil agus mar sin, ar líon agus réimse na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI sna SPAnna agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí aige ar a gcuid treochtaí daonra fadtéarmacha.

Le dearadh na draenála don fhorbairt bóthair atá beartaithe seachnaítear aon tionchair fhadtéarmacha ar an gcóras reatha screamhuisce a rachadh i bhfeidhm ar cheann ar bith de na hionaid ex-situ fhéideartha arna n-úsáid ag éin gheimhrithe

atá liostaithe mar éin SCI. Teastaíonn bearta maolaithe, áfach, i gcás go dtiocfaí thar aon seolphíobáin screamhuisce i rith tógála agus a chinntiú nach mbíonn éifeacht ag gnéithe carst ar fheidhmiú imchuacha insíothlaithe i rith oibriúcháin.

<u>Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha</u>

D’fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla sa timpeallacht ghlactha a thacaíonn le gnáthóga fionnuisce agus bogaigh, ag ionaid ex-situ fhéideartha arna n-úsáid ag speicis éin SCI i SPA Loch Coirib (Loch an Dúlaigh ach go háirithe). D’fhéadfadh an tionchar sin dul i bhfeidhm ar chineál, cháilíocht agus mhéid na ngnáthóg oiriúnach atá ar fáil do speicis éin SCI sa cheantar áitiúil agus mar sin, ar líon agus réimse na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI sna SPAnna agus d’fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí aige ar a gcuid treochtaí daonra fadtéarmacha.

<u>Cur isteach/díláithriú</u>

D’fhéadfadh pléascadh fadtéarmach i gceantar Loch an Dúlaigh speicis éin atá liostaithe mar éin SCI a dhíláithriú ón ionad seo ar feadh shéasúr geimhridh amháin nó níos mó. Dá ndéanfaí speicis éin a dhíláithriú ó Loch an Dúlaigh, ionad áitiúil tábhachtach do chuid de na speicis éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCInna do SPA Loch Coirib, d’fhéadfadh go mbeadh éifeacht dhiúltach aige ar na treochtaí daonra fadtéarmacha do dhaonra geimhrithe an SPA.

Seo a leanas na speicis éin atá liostaithe mar SCInna do SPA Loch Coirib agus a ndearnadh a thaifeadadh i ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe agus mar sin atá i mbaol éifeachtaí móra: Spadalach, Lacha bhadánach, Cromán na gcearc, Cearc cheannann, Feadóg bhuí, Sléibhín, Faoileán bán agus Geabhróg. Tá bogaigh liostaithe mar SCI freisin agus d’fhéadfadh freisin go mbeadh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu. Níl aon cheann de na SCInna eile i mbaol tionchar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe mar nach bhfuil siad laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

Féach freisin ar Thábla 9.30 agus Thábla 9.31 in NIS chun eolas a fháil faoin mbaint atá ag na tionchair sin le speicis SCI agus le sainchuspóirí caomhantais gach SCI a bhféadfadh go mbeadh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air.

***cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe***

Ós rud é nach dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, ní bheidh tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cheann ar bith de na gnáthóga ná speicis QI agus níl aon bhaol díreach ó thaobh chailliúint dhíreach gnáthóige nó scoilteadh gnáthóige agus níl aon bhaol díreach do bheatha speicis QI san ionad Eorpach. Freisin tá cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe lasmuigh de ZoI aon éifeachtaí ar cháilíocht aeir nó éifeachtaí hidrigeolaíocha ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Freisin níl aon bhaol ná cur isteach ag baint le tógáil nó oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe a mbeadh éifeacht aige ar dhaonraí Dobharchú nó Rón cuain in cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Tá na tionchair seo a leanas i gceist, áfach, trína bhféadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe (in éagmais beart maolaithe) dul i bhfeidhm ar ghnáthóga agus speicis QI i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe:

- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha
- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh
- An éifeacht bhacainne
- Riosca mortlaíochta

<u>Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha</u>

D'fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla sa timpeallacht ghlactha a thacaíonn le gnáthóga fionnuisce, bogaigh agus muirí, i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe. Tacaíonn na gnáthóga sin faoi seach leis an Dobharchú agus an Rón cuain. I dtaobh na ngnáthóg agus speiceas QI agus a gcuid cuspóirí caomhantais, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar aige sin ar:

- Struchtúr, mhéid agus scaipeadh pobal idirthaoideach agus mara a bhaineann le gnáthóga QI
- Líon agus méid na ngnáthspeiceas planda agus ainmhí a bhaineann le gnáthóga QI
- Limistéar agus scaipeadh gnáthóige chomh maith le struchtúr agus comhdhéanamh an fhásra
- Flúirse creiche don dobharchú agus fáil ionad poill agus broimfhéir
- Riocht ionad um pórú Rón cuain agus imeacht chun na talún

<u>Meathlú gnáthóige mar thoradh ar speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha a thabhairt isteach/a scaipeadh</u>

Dá dtabharfaí isteach/dá scaipfí speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha d'fhéadfadh go rachfaí i bhfeidhm ar mhéid, scaipeadh agus éagsúlacht ghnáthóga féaraigh Chailcrigh timpeall Chuan an Roisín agus freisin d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht acu ar struchtúr agus chomhdhéanamh an fhásra.

<u>An éifeacht bhacainne</u>

Dá dtabharfaí isteach lintéir nua ar shruthchúrsaí in abhantrach Shruth Bhearna d'fhéadfadh go gcuirfí bac ar ghluaiseacht Madraí Uisce ar fud na habhantraí, agus d'fhéadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar an daonra Madraí Uisce i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

<u>Riosca mortlaíochta</u>

Má thugtar isteach trasnaithe nua ar shruthchúrsaí in abhantrach Shruth Bhearna méadaítear an baol d'imbhuailtí bóthair leis an Madra Uisce, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar threochtaí fadtéarmacha daonra an Mhadra Uisce i cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Féach freisin ar Thábla 9.23 agus Thábla 9.24 in NIS chun eolas a fháil faoin mbaint atá ag na tionchair sin le gnáthóga agus speicis QI agus le sainchuspóirí caomhantais gach QI a bhféadfadh go mbeadh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air.

***SPA Chuan na Gaillimhe Istigh***

Ós rud é nach dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe an SPA, níl tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cheann ar bith de na speicis SCI, ná ar a cuid gnáthóg tacaíochta. Ag an ionad is gaire dó, tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe níos mó ná 1km ón teorainn SPA agus mar sin níl aon bhaol go gcuirfí isteach ar éin SCI ó ghnáthóga sa SPA nó go gcuirfí an ruaig orthu.

Tá na tionchair seo a leanas i gceist, áfach, trína bhféadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe (in éagmais beart maolaithe) dul i bhfeidhm ar an speicis éin SCI i SPA Chuan na Gaillimhe Istigh agus ar a gcuid gnáthóg bogaigh tacaíochta:

- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha
- Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha
- Cur isteach/díláithriú

<u>Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidrigeolaíocha</u>

D’fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar cháilíocht an screamhuisce in ionaid fhéideartha ex-situ a úsáidtear ag speicis gheimhrithe éin atá liostaithe mar SCInna le haghaidh SPA Chuan na Gaillimhe Istigh. D’fhéadfadh an tionchar sin dul i bhfeidhm ar chineál, cháilíocht agus mhéid na ngnáthóg oiriúnach atá ar fáil do speicis éin SCI in ionaid ex-situ atá laistigh den ZoI hidrigeolaíoch. D’fhéadfadh an tionchar sin dul i bhfeidhm ar chineál, cháilíocht agus mhéid na ngnáthóg oiriúnach atá ar fáil do speicis éin SCI sa cheantar áitiúil agus mar sin, ar líon agus réimse na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI sna SPAnna agus d’fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí aige ar a gcuid treochtaí daonra fadtéarmacha.

Le dearadh na draenála don fhorbairt bóthair atá beartaithe seachnaítear aon tionchair fhadtéarmacha ar an gcóras reatha screamhuisce a rachadh i bhfeidhm ar cheann ar bith de na hionaid ex-situ fhéideartha arna n-úsáid ag éin gheimhrithe atá liostaithe mar éin SCI. Teastaíonn bearta maolaithe, áfach, i gcás go dtiocfaí thar aon seolphíobáin screamhuisce i rith tógála agus a chinntiú nach mbíonn éifeacht ag gnéithe carst ar fheidhmiú imchuacha insíothlaithe i rith oibriúcháin.

<u>Meathlú gnáthóige mar thoradh ar thionchair hidreolaíocha</u>

D’fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar cháilíocht an uisce dromchla sa timpeallacht ghlactha a thacaíonn le gnáthóga fionnuisce agus bogaigh, laistigh d’ionaid ex-situ fhéideartha arna n-úsáid ag speicis éin SCI i SPA Chuan na Gaillimhe Istigh (Loch an Dúlaigh ach go háirithe). D’fhéadfadh an tionchar sin dul i bhfeidhm ar chineál, cháilíocht agus mhéid na ngnáthóg oiriúnach atá ar fáil do speicis éin SCI sa cheantar áitiúil agus mar sin, ar líon agus réimse na limistéar atá ar fáil do dhaonraí éin SCI sna SPAnna agus d’fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí aige ar a gcuid treochtaí daonra fadtéarmacha.

Cur isteach/díláithriú

D'fhéadfadh pléascadh fadtéarmach i gceantar Loch an Dúlaigh speicis éin atá liostaithe mar éin SCI a dhíláithriú ón ionad seo ar feadh shéasúr geimhridh amháin nó níos mó. Dá ndéanfaí speicis éin a dhíláithriú ó Loch an Dúlaigh, ionad áitiúil tábhachtach do chuid de na speicis éin gheimhrithe atá liostaithe mar SCInna do SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht dhiúltach aige ar na treochtaí daonra fadtéarmacha do dhaonra geimhrithe an SPA.

Ós rud é go bhfuil Cuan na Gaillimhe le sruth ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus go bhfuil sé laistigh dá ZoI, tá gach speiceas éin atá liostaithe mar SCInna do SPA Chuan na Gaillimhe Istigh i mbaol tionchar a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe: Lóma mór, Broigheall, Corr réisc, Cadhan, Lacha rua, Praslacha, Spadalach, Síolta rua, Feadóg chladaigh, Feadóg bhuí, Pilibín, Breacóg, Guilbneach Stríocearrach, Crotach, Glúineach Dhearg, Piardálaí trá, Sléibhín, Faoileán bán agus Geabhróg. Tá bogaigh liostaithe mar SCI freisin agus d'fhéadfadh freisin go mbeadh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu.

Féach freisin ar Thábla 9.37 agus ar Thábla 9.38 in NIS chun eolas a fháil faoin mbaint atá ag na tionchair sin le speicis SCI agus le sainchuspóirí caomhantais gach SCI a bhféadfadh go mbeadh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air.

### 8.5.3.2 Limistéir Oidhreachta Náisiúnta agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta beartaithe

Agus ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe á mheas, in éagmais beart maolaithe d'fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm go mór ar na NHAnna/pNHAnna:

- pNHA Loch Coirib
- NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn
- pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe

Tá ionaid na láithreán sainithe um chaomhnú an dúlra i gcoibhneas leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus an ZoI tuartha, taispeánta ar **Fhíor 8.13.1**.

#### 8.5.3.2.1 NHA Portaigh Mhaigh Cuilinn

Tá an fhorbairt bóthair atá beartaithe díreach taobh le NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ag Tóin na Broc. Tá an chuid sin den NHA comhdhéanta de mhósáic de bhratphortach talaimh ísil (PB3) atá cuimsithe i ngnáthóga Aguisín I Bratphortach [7130] agus lagraigh *Rhynchosporion* [7150], fraoch fliuch (HH3), a d'fhreagair do ghnáthóg Aguisín I Fraoch fliuch [4010], Idirsheascann (PF3) a d'fhreagair do ghnáthóg Aguisín I Idirsheascainn [7140], Fraoch tirim (HH1) a d'fhreagair do ghnáthóg Aguisín I Fraoch tirim [4030] agus Scrobarnach (WS1).

***Meathlú Gnáthóige - Cáilíocht an Aeir***

Is féidir le hastuithe ó sceithphíopaí gluaisteáin agus sil-leagan ábhair chaithnínigh agus miotail throma arna ndéanamh ag innill, caitheamh is cuimilt coisc agus boinn, cur le sil-leagan méadaithe truailleán ar nós ocsaídí nítrigine ($NO_x$, $NO_s$), comhdhúile soghalaithe orgánacha (VOCanna), ábhar cáithníneach (PM), miotail throma (HM) agus amóinia ($NH_4$) i limistéar charrbhealach bóthair. Is féidir leis sin dul i bhfeidhm ar éiceachórais agus fhásra atá i láthair, tionchar a imirt ar rátaí fáis agus comhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speicis.

I dtreoircháipéis an BIÉ *Treoirlínte chun Déileáil le Cáilíocht an Aeir le linn Phleanáil agus Tógáil Scéimeanna um Bóithre Náisiúnta (Guidelines for the Treatment of Air Quality during the Planning and Construction of National Roads Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2011) agus dhá thuarascáil ón Ríocht Aontaithe: Natural England 'the *Ecological Effects of Air Pollution from Road Transport*' (Bignal et al., 2004) agus *The Ecological Effects of Air Pollution from Road Transport: An Updated Review* (Natural England, 2016).

Cé go ngintear aon-ocsaíd charbóin (CO), dé-ocsaíd charbóin ($CO_2$) agus dé-ocsaíd sulfair ($SO_2$) ag feithiclí meastar nach bhfuil siad tábhachtach ó thaobh cur le tionchair cháilíocht an aeir ar fhásra agus ní dhéantar tuilleadh plé orthu (Bignal et al., 2004; Natural England, 2016).

Tionchair Thógála

D'fhéadfadh astuithe deannaigh a bhaineann le hoibreacha tógála, i gcúinsí eisceachtúla, dul i bhfeidhm ar ghnáthóga taobh leo, agus d'fhéadfadh siad gnáthóga íogaire nó speicis phlandaí a chur faoi thalamh. Dearadh modheolaíochtaí dea-chleachtais tógála (e.g. uisciú an láithreán tógála/bóithre isteach agus glanadh bóthair) agus bearta maolaithe (scáileáin deannaigh le linn tógála - féach **Cuid 8.5.3**) chun deannach arna ghineadh ag tógáil a íoslaghdú agus é a choimeád laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe.

Tionchair Oibriúcháin

*NOx, NOs agus NH3*

Rinneadh samhaltú cháilíocht aeir ar thiúchain $NO_x$ agus rátaí sil-leagain a ríomh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag achair suas le 200m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe (féach ar **Chuid 16.5.4** de **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid** le haghaidh sonraí). Sna Rialacháin ar Chaighdeáin um Cháilíocht an Aeir (AQS) 2011 (I.R Uimh. 180 de 2011) tá luach teorann de $30\mu g/m^3$ um chosaint fásra.

I bhformhór na limistéir, comhlíonann na meántiúchain bhliantúla $NO_x$ atá tuartha don chás is measa ag achair éagsúla ó imeall an bhóthair bheartaithe an luach teorann de $30\mu g/m^3$ don chás 'Déan Rud Éigin' in 2024 agus 2039, lena n-áirítear tiúchain chúlra. Áirítear leis sin na limistéir atá taobh le teorainn NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn, áit a bhfuil imeall an bhóthair 40m ó theorainn an NHA. Chomhlíon na tiúchain tuartha go léir an Caighdeán um Cháilíocht an Aeir le haghaidh chosaint fásra (luach teorann de $30\mu g/m^3$). Mar sin, fiú ag 10m ó imeall an bhóthairatá beartaithe, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag $NO_x$ ar fhásra.

Tá ról na forbartha bóthair atá beartaithe ar an ráta sil-leagain $NO_2$ ar thraschrios 200m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe i bhfad faoi bhun an ualaigh chriticiúil don uasteorainn teorann um ghnáthóga intíre agus uisce dhromchla de 5-10Kg(N)/ha/bl (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2011) agus mar sin, ní dóchúil go dtarlóidh éifeachtaí díobhálacha ar fhásra in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ó $NO_2$.

Déantar amóinia ($NH_3$) a astú i méideanna beaga ag feithiclí ina bhfuil tiontairí catalaíocha agus tá na tiúchain atmaisféaracha taobh bóthair i bhfad faoin leibhéal criticiúil don truailleán seo (Bignal et al., 2004 agus Natural England, 2016) agus mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag amóinia ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn.

*Comhdhúile Soghalaithe Orgánacha (VOCanna)*

Ó thaobh comhdhúile soghalaithe orgánacha (VOCanna), tá tiúchain samhaltaithe beinséine i bhfad faoi bhun an chaighdeáin cháilíocht aeir de 5µg/$m^3$ um chosaint shláinte daoine agus na timpeallachta ina hiomláine (féach ar **Chuid 16.5.4** de **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid**) le haghaidh sonraí). Scrúdaíodh comparáidí idir fachtóirí astaíochta le haghaidh VOCanna (mg/feithicil/km) chun cóimheas cuí eitiléin is beinséin a mheas. Ba é an cóimheas ab airde d’eitiléin is beinséin a socraíodh ná 3:1, le haghaidh feithiclí a raibh astaíochtaí díosail ag gabháil leo den chuid is mó. Rinneadh méaduithe ar eitiléin ón bhforbairt bóthair atá beartaithe a thuar agus úsáid á baint as an gcóimheas sin agus bhí na leibhéil tuartha íseal ag 10m ó imeall an bhóthair beartaithe (féach ar **Chuid 16.5.4** de **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid** le haghaidh sonraí). Níl aon sonraí cúlra ar fáil d’eitiléin. Níl mórán fianaise ann de dhochar éiceolaíoch ag VOCanna agus mar gheall ar na tiúchain ísle atá tuartha, ní dóchúil go mbeidh tionchar acu ar fhásra in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn.

*Ábhair Chaithnínigh (PM) agus Miotal Trom (HM)*

Baineann miotail throma ó astuithe gluaisteáin le hastuithe Ábhair Chaithnínigh, $PM_{10}$ (ábhar cáithníneach níos lú ná 10µm) agus $PM_{2.5}$ (ábhar cáithníneach níos lú ná 2.5µm). Ullmhaíodh measúnacht ar astaíochtaí $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$ i gcomhréir le treoirlínte BIÉ agus úsáid á baint as scarbhileog samhaltaithe DMRB. Cuireadh na tiúchain tuartha i gcomparáid leis an gcaighdeán um cháilíocht an aeir de 40µg/m3 agus 25µg/m3 faoi seach chun sláinte an duine agus na timpeallachta ina hiomláine a chosc. Bhí na huastiúchain tuartha feadh na forbartha bóthair atá beartaithe don chás Déan Rud Éigin, tiúchain chúlra san áireamh, i bhfad faoi bhun na gcaighdeán sin (féach ar **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid** le haghaidh sonraí).

Lobhann ábhar cáithníneach (PM) agus miotail throma (HM) ag ráta an-sciobtha dá fhaide is atá siad ón mbóthar agus is gnách go mbíonn na tiúchain is airde laistigh de 20-30m uaidh. Mar gheall ar an gcrios 20-30m a ndéanfaí an chuid is mó de PM/HM a shil-leagan laistigh de, mar gheall go bhfuil NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn c.40m ó imeall an bhóthair beartaithe, na tiúchain ísle atá tuartha, agus scaipeadh de thoradh na gaoithe, ní dóchúil go mbeidh tionchar ag PM/HM ar fhásra san NHA.

*Conclúid*

Le linn oibriúcháin, ní dóchúil go dtarlóidh tionchair cháilíocht aeir ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar fhásra in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ná go mbeidh aon drochéifeacht mhór acu, ag scála geografach ar bith.

***Meathlú gnáthóige – Speicis phlandaí Ionracha Neamhdhúchasacha***

Tá cur, scaipeadh, nó bheith freagrach as nó cead a thabhairt speicis áirithe planda neamhdhúchasacha atá rialaithe faoi Alt 49 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011; agus tagraíonn sé do speicis phlandaí nó ainmhí atá liostaithe ar an Tríú Sceideal de na rialacháin sin (féach freisin ar **Chuid 8.3.6**).

Ós rud é go bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe díreach in aice le teorainn NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn, d’fhéadfadh scaipeadh trí thimpiste na speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha den sórt sin mar thoradh ar oibreacha tógála tionchair fhadtéarmacha a imirt san NHA; d’fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speicis phlanda.

Dá dtabharfaí isteach ceann ar bith de na speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn d’fhéadfadh go mbeadh éifeacht an-diúltach aige ar leibhéal tíreolaíoch náisiúnta trí dhul i bhfeidhm ar an limistéar gnáthóige agus ar cháilíocht sa NHA. Ceapadh bearta maolaithe chun an tionchar sin a sheachaint (féach ar **Chuid 8.6.6**).

***Meathlú Gnáthóige - Hidrigeolaíocht***

Tá NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn lasmuigh de ZoI hidrigeolaíoch na forbartha bóthair atá beartaithe (**Fíor 10.7.1** go **10.7.14**, **10.8.1** go **10.8.14**, **10.9.1** go **10.9.14** agus **10.10.1** go **10.10.14**) ó thaobh fhéidearthacht tionchar ar chainníocht screamhuisce agus/nó cáilíocht screamhuisce Mar sin, ní féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tionchar a imirt ar ghnáthóg ná speiceas ar bith in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn mar thoradh ar aon tionchair ar an gcóras hidrigeolaíoch reatha agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór aici ar an NHA chuige sin.

***Meathlú Gnáthóige – Cáilíocht Uisce Dhromchla***

I rith tógála, is féidir le rith chun srutha ag uisce dromchla atá éillithe agus/nó doirteadh trí thimpiste nó eachtra truaillithe tionchar diúltach mór a imirt ar ghnáthóga agus speicis in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn in aice leis. Is féidir le heachtraí minice agus/nó fada truaillithe dul i bhfeidhm go mór agus go fairsing i gcoimpléasc thalamh portaigh agus d’fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí móra fadtéarmacha acu.

Meastar, áfach, nach dóchúil go dtarlódh eachtra truaillithe den mhéid sin le linn tógála, agus dá dtarlódh nach mbeadh i gceist ach eachtra shealadach. D’ainneoin sin, glactar cur chuige réamhchúramach agus talamh slán á dhéanamh de leibhéal riosca ó thaobh tionchar ar cháilíocht uisce. Dá bharr sin, ceapadh bearta sonracha maolaithe chun an riosca a íoslaghdú níos mó; is é sin an riosca go mbeadh aon éifeacht inbhraite ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cháilíocht gnáthóige in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn i rith tógála (féach ar **Chuid 8.6.4**).

Is féidir le meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí na tógála ar cháilíocht uisce dromchla dul i bhfeidhm ar an gcoimpléasc ghnáthóga thalamh portaigh, agus ar na speicis a dtacaíonn sé leo in NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn agus mar sin d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht an-diúltach aige.

Ar an iomlán, in éagmuis maolaithe, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht an-diúltach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe cur isteach ar shláine NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn mar thoradh ar cháilíocht aeir, speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha agus ar cháilíocht uisce dromchla i rith tógála, d'fhéadfadh go dtarlódh na héifeachtaí sin ar scála geografach náisiúnta ag a ndéantar luacháil ar an ngabhdóir.

#### 8.5.3.2.2 pNHA Choimpléasc Loch Coirib agus pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe

I gcás pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, atá scoite amach ó theorainn na forbartha atá beartaithe, tá na cosáin tionchair fhéideartha a nascann an fhorbairt bóthair atá beartaithe le Cuan na Gaillimhe mar atá curtha i láthair agus arna measúnú sa MTT le haghaidh cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe (agus achoimre de i **gCuid 8.5.3.1** thuas). Toisc go bhfuil sé de chumas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe tionchar tromchúiseach a bheith aici ar shláine cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe, agus dá réir sin ar an timpeallacht mhuirí ghlactha i gCuan na Gaillimhe, tá sé de chumas aige freisin tionchar diúltach suntasach a bheith aige ar pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Maidir le pNHA Loch Coirib, tá na cosáin tionchair fhéideartha a nascann an fhorbairt bóthair atá beartaithe leis an láithreán pNHA freisin de réir na gcinn a chuirtear i láthair thuas i **gCuid 8.5.3.1** agus sa MTT le haghaidh cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib. Mar sin féin, tá an chrios ina mbíonn idirghníomhú díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe le pNHA Loch Coirib i bhfad níos lú ná sin a bhaineann le cSAC Loch Coirib, agus ní áirítear leis ach amháin an príomh-chainéal abhann agus na bruacha. Toisc go bhfuil sé de chumas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, d'éagmais beart maolaithe, tionchar tromchúiseach a bheith acu ar shláine cSAC Loch Coirib agus SPA Loch Coirib, tá sé de chumas aige tionchar a bheith aige ar shláine pNHA Loch Coirib, agus tionchar diúltach suntasach dá réir sin.

Tá sé de chumas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe tionchar a bheith aige ar bhithéagsúlacht i gcoitinne seachas díreach QIanna/SCIanna na láithreán Eorpach sin. I gcás nach mbíonn gabhdóirí bithéagsúlachta in pNHA Loch Coirib nó pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ina gcuid de na QIanna/SCIanna sa mheasúnú MTT, breithnítear iad faoi na ceannteidil eile aonair do mheasúnú tionchair le haghaidh gach PÉ thíos.

## 8.5.4 Gnáthóga

Sa chuid seo déantar measúnú ar thionchar féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar ghnáthóga. Dírítear ar thionchair gnáthóige lasmuigh de limistéir sainithe um chaomhnú an dúlra a ndéantar plé ar leith orthu i **gCuid 8.5.3**, agus a dtugtar sonraí fúthu sa NIS.

Ó thaobh méid na n-éifeachtaí um ghnáthóga Aguisín I agus gnáthóga nach gnáthóga Aguisín I iad a chainníochtú, tá céatadán measta an acmhainn gnáthóige áitiúla atá buailte bunaithe ar achar iomlán de chineál gnáthóige ar leith a ndearnadh a thaifeadadh i limistéir staidéir na scéime—cibé acu an raibh nó nach raibh sé laistigh de limistéar sainithe um chaomhnú an dúlra. Ar an gcaoi sin tugtar cúlra áitiúil éigin maidir le méid an chailliúint gnáthóige agus cibé acu an tionchar mór nó beag atá i gceist, agus cén scála geografach atá i gceist.

### 8.5.4.1 Tionchair na Céime Tógála

***Cailliúint & Briseadh Gnáthóige***

Mar thoradh ar thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe caillfear gnáthóga ar fud na forbartha, ina bhfuil thart ar 280ha ar an iomlán. I gcás roinnt chineálacha gnáthóige a bheidh buailte go díreach meastar go bhfuil tábhacht Idirnáisiúnta/Náisiúnta ag baint leo, mar gheall ar a stádas tosaíochta Aguisín I faoin Treoir i leith Gnáthóg. Sa cheantar thiar den limistéar staidéir is iad na gnáthóga Aguisín I atá buailte ná Fraoch tirim [4030], Fraoch fliuch [4010] Móinéir Molinia [6410] agus Bratphortach (gníomhach) [*7130]. Soir ó Abhainn na Gaillimhe is iad na cineálacha gnáthóige Aguisín I atá buailte ná Cosán aolchloiche [*8240], Féarach cailcreach [6210], Foraoiseacha gláracha iarmharacha [*91E0], Turlaigh [*3180], Fuaráin chlochraithe [*7220] agus móinéir *Molinia* [6410]. Cumhdaíonn siad sin achar thart ar 8.8ha.

Caillfear cineálacha eile gnáthóige a meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) ag baint leo freisin mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Ina measc siúd tá fálta sceach (WL1), crannteorainneacha (WL2), codanna de shruth/chainéal abhann (FW1), féaraigh (GS1, GS2, GS3 agus GS4), coillearnacha (WD1 agus WN2) agus scrobarnach (WS1). Cumhdaíonn siad sin achar thart ar 75.5ha[56].

Cuimsítear sa limistéir gnáthóige atá fágtha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe (c.196ha) gnáthóga a bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos ísle) leo. Cuimsítear ansin den chuid is mó c.76ha de thalamh féaraigh talmhaíochta feabhsaithe (GA1), c.32ha de Fhoirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3), c.18ha de Shalachar agus talamh lom (ED2), c.17ha de thalamh féaraigh tirim chailcreach agus neodrach (GS1), c.14ha de Raithneach thirim (HD1), c.10ha de mhaoin chónaithe agus c.9ha de thalamh féaraigh conláiste (feabhsaithe) (GA2). Cuimsítear leis an gcuid eile leapacha agus teorainneacha bláthanna (BC4),

[56] Cé go mbeidh tionchar díreach ar roinnt de na cineálacha gnáthóige a bhfuil tábhacht áitiúil leo (luach níos airde agus níos ísle araon) laistigh de cSAC Loch Coirib (e.g. WD1, WN2 agus BL3) ní QIanna aon cheann de na cineálacha gnáthóige sin, ná ní thacaíonn siad le gnáthóga nó speicis Q1, agus ní bheidh tionchar ag caillteanais na gcineálacha gnáthóige seo laistigh de cSAC Loch Coirib ar chuspóirí caomhnaithe an láithreáin.

Athchoilíniú ar thalamh lom (ED3), Lochanna agus linnte saorga eile (FL8), Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féir (GS2), talamh féaraigh aigéadach tirim-thais (GS3), Talamh féaraigh fliuch (GS4) agus Scrobarnach ornáideach/neamhdhúchasach (WS3).

Tá achoimre thíos i **dTábla 8.27** ar na cineálacha gnáthóige PÉ éagsúla ar a mbíonn tionchar, agus na limistéir lena mbaineann. Áirítear leis na ríomhanna sin gach limistéar gnáthóige PÉ laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, toisc nach féidir neamhaird a dhéanamh den fhéidearthacht go mbeidh tionchar ag gníomhaíochtaí tógála ar limistéir laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ach atá lasmuigh de lorg na forbartha bóthair féin.

Is féidir le cailliúint gnáthóige bheith freagrach as scoilteadh gnáthóige i go leor cásanna; rud a chuireann le deighiltí nua a chruthú i mbloic ghnáthóige a bhí ann cheana féin nó a chuireann le treochta atá ann cheana féin de bhloic ghnáthóige leathnádúrtha atá á scoilteadh — mar a bhí ag tarlú i roinnt limistéar de ghnáthóg ardtalaimh sa chuid thiar den limistéar staidéir mar gheall ar fhorbairt eile.

Sa mheasúnacht thíos, áit a n-úsáidtear limistéir tagartha chun cailliúint chéatadánach gnáthóige um limistéir Tábhachta Áitiúla (luach níos airde) a ríomh áirítear leo siúd limistéir a fhreagraíonn do chineálacha gnáthóige Aguisín I (nuair is infheidhme).

Tá na bearta maolaithe a ceapadh chun éifeachtaí tionchar díreach ar ghnáthóga a sheachaint nó a laghdú le feiceáil i **gCuid 8.6.2**.

**Tábla 8.27: Cineálacha gnáthóige KER laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe**

| Cineál gnáthóige | Méid[57] |
|---|---|
| **Tábhacht Idirnáisiúnta** | |
| Turlach [*3180] | Ceann amháin (tá c.0.04ha de c.0.1ha laistigh den líne fála) |
| Fuaráin chlochraithe [*7220] | Gné amháin |
| Foraoiseacha gláracha iarmharacha [*91E0] | c.0.1ha |
| Cosán aolchloiche [*8240] | c.2.3ha[58] |
| **Tábhacht Náisiúnta** | |
| Fraoch fliuch [4010] | c.1.22ha |
| Fraoch fliuch/Fraoch tirim i mósáic [4010/4030] | c.0.7ha |
| | |
| Fraoch fliuch [4030] | c.1.96ha |
| | |

[57] Áirítear leis sin tomhas ar achar na gnáthóige (ha), fad líneach na gnáthóige caillte (m/km) nó líon iomláine na ngnéithe ionaid buailte (e.g. láithreáin fuaráin/silte), mar is cuí.
[58] Tá cuid den ghnáthóg Chosán aolchloiche laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe laistigh de cSAC Loch Coirib – agus chuimsigh cuid di limistéir d’Fhéarach cailcreach [6210] i mósáic.

| **Cineál gnáthóige** | **Méid**[57] |
|---|---|
| Fraoch fliuch/Fraoch tirim/Móinéar *Molinia*/ [4010/4030/6410] | c.0.43ha |
| Féarach cailcreach [6210] | c.1.14ha |
| Móinéar *Molinia* [6410] | c.1.02ha |
| Mósáic chosán aolchloiche/Féaraigh chailcrigh [*8240/6210] | c.0.12ha |
| **Tábhacht Áitiúil (luach níos airde)** | |
| Fuaráin chailcreacha (FP1) | Cúig ghné déag |
| Seascainn giolcaigh agus cíbe móire (FS1) | c.0.14ha |
| Seascann luibhe-ard (FS2) | c.0.03ha |
| Aibhneacha creimthe/ardtalún (FW1) | c.120m de Shruthán na Líbeirtí<br>c.220m de Shruthán Throscaí<br>c.140m de Shruthán Bhearna (agus craobh-abhainn)<br>c.475m de Shruthán Thóin na Brocaí<br>gheofar níos mó sonraí i **gCuid 8.4.4.3** |
| Díoga draenála (FW4) | c.0.12ha |
| Riasc (GM1) | c.0.2ha |
| Féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) | c.13.7ha |
| Mósáic d'fhéarach tirim cailcreach agus neodrach/Scrobarnach (GS1/WS1) | c.1.55ha |
| Móinéir tirime agus gruaimhíní (GS2) | c.8.2ha |
| Féarach tirim-bogthais aigéadach (GS3) | c.7.81ha |
| Féarach fliuch (GS4) | c.11.14ha |
| Eanach droch-chaighdeáin agus riasc (PF2) | c.0.13ha |
| Coillearnach (measctha) leathanduilleach (WD1) | c.4.52ha |
| Coillearnach measctha leathanduilleach/buaircíneach (WD2) | c.0.03ha |
| Coillearnach (measctha) buaircíneach (WD3) | c.0.01ha |
| Coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2) | c.4.18ha |
| Scrobarnach (WS1) | c.21.12ha |
| Scrobarnach / Móinéir tirime agus gruaimhíní (WS1/GS2) | c.1.47ha |
| Scrobarnach/Coillearnach darach-fuinseoige-coill/ Carraig chailcreach nochta (WS1/WN2/ER2) | c.1.3ha |
| Fálta sceach (WL1) | c.7.8km |
| Crannteorainneacha (WL2) | c.4km |

***Meathlú Gnáthóige – Cáilíocht Uisce Dhromchla***

I rith tógála, is féidir le rith chun srutha ag uisce dromchla atá éillithe agus/nó doirteadh trí thimpiste nó eachtra truaillithe i ngné uisce dromchla ar bith tionchar diúltach mór a imirt ar cháilíocht uisce agus dá bharr sin dul i bhfeidhm ar ghnáthóga uisceacha agus bogaigh sa timpeallacht ghlactha. Is féidir le heachtraí minice agus/nó fada truaillithe dul i bhfeidhm go mór agus go fairsing i gcóras abhann agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí móra fadtéarmacha acu. Sa chás ba mheasa d'fhéadfadh go mbeadh gnáthóga inbhearacha agus cósta le sruth buailte chomh maith.

Meastar, áfach, nach dóchúil go dtarlódh eachtra truaillithe den mhéid sin le linn tógála, agus dá dtarlódh nach mbeadh i gceist ach eachtra shealadach. D'ainneoin sin, glactar cur chuige réamhchúramach agus talamh slán á dhéanamh de leibhéal riosca ó thaobh tionchar ar cháilíocht uisce. Dá bharr sin, teastaíonn bearta sonracha maolaithe chun an riosca a íoslaghdú níos mó; is é sin an riosca go mbeadh aon éifeacht inbhraite ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cháilíocht uisce i rith tógála.

Is féidir le meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí na tógála ar cháilíocht uisce dromchla dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais gnáthóg uisceach, bogaigh nó inbhir/mara agus mar sin d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht an-diúltach aige.

Tá na bearta maolaithe a ceapadh chun tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar cháilíocht uisce dromchla curtha i láthair i **gCuid 8.6.4**.

***Meathlú Gnáthóige – Córas Hidreolaíoch***

Is féidir le hoibreacha tógála ag na trasnaithe sruthchúrsa ar an ailíniú bóthair atá beartaithe tionchar sealadach a imirt ar an gcóras sreafa is tuilte sa limistéar áitiúil. Níl sé tuartha maidir le ceann ar bith acu go mbeadh aon éifeachtaí fadtéarmacha acu a d'fhéadfadh cur le héifeacht mhór dhiúltach ar aon ghnáthóga nó speicis uisceach trí éifeachtaí ar an réimeas hidreolaíoch (chun níos mó sonraí a fháil féach ar **Chuid 11.5** de **Chaibidil 11, Hidreolaíocht**).

***Meathlú Gnáthóige - Screamhuisce***

Is féidir le haon éifeachtaí ar an mbonnlíne hidrigeolaíoch atá ann faoi láthair agus a thacaíonn le lochanna, turlaigh agus gnáthóga bogaigh nó thalamh portaigh tionchar diúltach a imirt ar mhéid agus scaipeadh na gnáthóige, agus ar struchtúr agus chomhdhéanamh an fhásra. Ní gá go mbeadh éifeachtaí féideartha an tionchair ar an gcóras hidrigeolaíoch reatha teoranta do gnáthóga laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ach is féidir leo a bheith fairsing, agus éifeachtaí fadtéarmacha móra diúltacha i gceist[59].

Ní bheidh aon tionchar ar rátaí athlíonta screamhuisce i rith tógála a mbeidh éifeacht ar bith acu ar ghabhdóirí bithéagsúlachta. Déanfar an screamhuisce go léir a gcuirfear isteach air ag oibreacha tógála a bhainistiú agus a scaoileadh laistigh den GWB céanna agus fanfaidh sé laistigh den abhantrach screamhuisce a ghlacfadh leis go nádúrtha. Ní athróidh ráta athlíonta an screamhuisce in Uiscíoch

[59] Tá ZoI hidrigeolaíoch féideartha na forbairt bóthair atá beartaithe taispeánta ar **Fhíor 10.7.1** go **10.7.14**, **10.8.1** go **10.8.14**, **10.9.1** go **10.9.14** agus **10.10.1** go **10.10.14**.

Batailite Eibhear na Gaillimhe (an limistéar siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59) agus ní thiocfaidh ach méadú beag sealadach ar an ráta athlíonta (idir 0.1m agus 0.4m) in uiscíoch Aolchloiche Neamhdhrifeáilte Visean (an limistéar soir ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59). Cé go gcaillfear roinnt toirte in uiscíoch Batailite Eibhear na Gaillimhe agus uiscíoch Aolchloiche Neamhdhifreáilte Visean, ní bheidh tionchar inbhraite aige ar an acmhainn screamhuisce (chun níos mó sonraí a fháil féach ar **Chuid 10.5** de **Chaibidil 10, Hidrigeolaíocht**).

Le linn tógála is dóchúil go dtarlóidh idirghníomhú idir tochailt nó tollánú domhain agus screamhuisce. Mar thoradh air sin, is féidir le hoibreacha tógála dul i bhfeidhm ar leibhéil screamhuisce mar gheall ar dhí-uisciú nó ídiú uisce a bhaineann le tochailt. Freisin d'fhéadfadh oibreacha tógála dul i bhfeidhm ar shlite nó seolphíobáin screamhuisce, agus d'fhéadfadh sé sin dul i bhfeidhm ar ghnáthóga agus/nó speicis a bhraitheann ar screamhuisce nó a fhaigheann tacaíocht uaidh. Freisin tá baol níos mó de thionchair ar cháilíocht screamhuisce trí rith chun srutha uisce dromchla agus/nó doirteadh trí thimpiste nó truailliú. Mar is amhlaidh thuas ó thaobh ghnéithe screamhuisce, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach ar bhithéagsúlacht ag tionchair ar an screamhuisce.

Bunaithe ar thorthaí na measúnachta i g**Caibidil 10, Hidrigeolaíocht**, ní chuireann an fhorbairt bóthair atá beartaithe an soláthar screamhuisce i Loch Bhaile an Dúlaigh i mbaol. Níl baol ann ach an oiread go mbeadh éifeacht aici ar na gnéithe turlaigh i Mionlach (c.320m siar ó thuaidh ó Ch. 10+100), i mBaile an Phoill c.190m ó dheas ó Ch. 12+100, agus i mBaile an Dúlaigh c.400m ó thuaidh ó Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84.

Is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, áfach, dul i bhfeidhm ar an soláthar screamhuisce go Lochanna Chúil Each (atá mar chuid de cSAC Loch Coirib) agus chuig an turlach atá suite idir Bóthar Nua agus Seanbhóthar (Ch. 10+320). Cé nach féidir méid an tionchair a chainníochtú go hiomlán, ar bhonn réamhchúramach meastar gur féidir leis dul i bhfeidhm ar leibhéil uisce ag na gnéithe sin agus ar an mbealach sin, dul i bhfeidhm ar na gnáthóga uisceacha agus bogaigh tacaithe. Déantar plé ar leith i **gCuid 8.5.3.1** ar an measúnacht ar thionchair a bhaineann le láithreáin Eorpacha, agus tugtar sonraí fúthu san NIS.

Tógfar Tarbhealach Mhionlaigh mar atá beartaithe os cionn an turlaigh atá suite idir Bóthar Nua agus an Seanbhóthar (Ch. 10+320). Cé nach mbeidh ceann ar bith de na piaraí tacaíochta suite laistigh den Turlach, is féidir go mbeadh éifeacht ag oibreacha tógála ar an gcóras hidrigeolaíoch tacaíochta.

Is féidir le meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí na tógála ar an acmhainn agus córas screamhuisce atá ann faoi láthair dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais gnáthóg agus speiceas uisceach nó bogaigh a bhraitheann ar screamhuisce agus mar sin d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht an-diúltach aige.

Tá cur síos níos sonraí ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an gcóras hidrigeolaíoch reatha i rith tógála curtha i láthair i **gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht**.

Tá na bearta maolaithe a ceapadh chun tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar screamhuisce curtha i láthair i **gCuid 8.6.5**.

***Meathlú Gnáthóige - Cáilíocht an Aeir***

Mar a pléadh thuas i **gCuid 8.5.3.2**, is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe deannach a ghiniúint le linn oibreacha tógála a d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht aige ar fhásra i limistéir ghnáthóige in aice le teorann na forbartha atá beartaithe. Ceapadh bearta maolaithe chun an astuithe deannaigh a shrianadh le linn tógála (féach ar **Chuid 8.6.3**).

***Meathlú gnáthóige – Speicis phlandaí Ionracha Neamhdhúchasacha***

Tá cur, scaipeadh, nó bheith freagrach as nó cead a thabhairt speicis phlandaí áirithe neamhdhúchasacha arna rialú faoi Alt 49 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011; agus tagraítear do speicis phlandaí nó ainmhí atá liostaithe ar an Tríú Sceideal de na rialacháin sin (féach freisin ar **Chuid 8.6.6**).

D'fhéadfadh scaipeadh trí thimpiste na speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha den sórt sin mar thoradh ar oibreacha tógála tionchair a imirt ar ghnáthóga talún [60]; d'fhéadfadh sé dul i bhfeidhm ar chomhdhéanamh, éagsúlacht agus flúirse speicis phlandaí san fhadtéarma. Níl sé sin srianta go gnáthóga laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe agus díreach in aice leis ach freisin cuimsítear limistéir ghnáthóige atá ar an líonra de bhealaí tarlaithe beartaithe a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe (**Fíor 7.101** go **7.118**).

Is féidir leis na héifeachtaí a bheadh ag baint le speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha den sórt sin a thabhairt isteach i limistéir ghnáthóige atá an-íogair agus tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta (e.g. limistéar sainithe um chaomhnú an dúlra nó limistéir ina bhfuil gnáthóg Aguisín I) cur le héifeacht mhór dhiúltach, ar scálaí geografacha, ó scála áitiúil go hidirnáisiúnta. Ceapadh bearta maolaithe chun an tionchar féideartha sin a sheachaint (féach ar **Chuid 8.5.6**).

***Meathlú Gnáthóige - Tollánú/Tochailt***

Is féidir le hoibreacha tollánaithe nó tochailt dhomhain dul i bhfeidhm ar shláinte struchtúracha na talún os cionn thochailt tolláin, nó sláine talún díreach taobh le gearradh/tochailt dhomhain. Is féidir leis sin faoi seach dul i bhfeidhm ar na gnáthóga atá ann.

Ní dóchúil go dtarlóidh an tionchar féideartha sin ach do na gnáthóga atá laistigh de cSAC Loch Coirib agus os cionn Thollán Leacaigh mar atá beartaithe nó díreach in aice leis an ngearradh a bhaineann leis an mbealach isteach thiar chuige. San ionad sin, tá na gnáthóga forshrathnaithe/taobh lena chéile i cSAC Loch Coirib comhdhéanta de mhósáic de chosán Aolchloiche faoi chrainn [*8240], cosán Aolchloiche clúdaithe le scrobarnach [*8240], cosán Aolchloiche nochta [*8240], agus féarach Cailcreach [6210]. Is gnáthóga QI in cSAC Loch Coirib iad na cineálacha gnáthóige sin go léir. Déantar plé ar leith i **gCuid 8.5.3.1** ar an measúnacht sin, agus tugtar sonraí faoi freisin in NIS.

[60] Níor tugadh taifead ar speicis phlanda ionracha neamhdhúchasacha uisceacha (ná speicis fhána) sna gnáthóga uiscíocha a mbeidh tionchar ag oibreacha tógála orthu.

### 8.5.4.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Meathlú Gnáthóige – Cáilíocht Uisce Dhromchla***

I rith oibriúcháin, tarlóidh rith chun srutha draenála chuig gach abhantrach abhann/srutha atá trasnaithe ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Mar sin, tá baol ann go mbeadh éifeacht ag scaoileadh ón líonra draenála bóthair ar cháilíocht uisce, san fhadtéarma b’fhéidir, agus dá bharr sin go mbeadh tionchar aige ar ghnáthóga uisceacha/bogaigh. Sa chás ba mheasa, d’fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aige sin ar fhairsinge agus scaipeadh gnáthóige agus ar struchtúr is comhdhéanamh fásra.

Tá an dearadh draenála atá beartaithe comhdhéanta d’idircheapaire peitril agus ina dhiaidh sin maolú agus bogach tógtha (áit a scaoilfear draenáil chuig an líonra uisce dromchla/draenála atá ann faoi láthair—mar a chuirtear síos go sonrach air i **gCuid 5.5.4.8** de **Chaibidil 5**, **Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**. Leis an dearadh draenála, i dteannta le dearadh aon lintéar a ghabhann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus aon athailíniú srutha/abhann, déantar nach mbeidh aon tionchair inbhraite ag oibriúchán ar fheidhmiú an chórais hidreolaíoch atá ann faoi láthair (e.g. riosca ó thuilte, rátaí sreafa nó morfeolaíocht abhann).

Níl sé tuartha go rachaidh meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí oibriúcháin ar cháilíocht uisce dromchla i bhfeidhm ar stádas caomhantais aon gnáthóg uisceach, bogaigh nó inbhir/mara agus mar sin nach mbeidh éifeacht mhór dhóchúil i gceist leis, ar scála geografach ar bith.

***Meathlú Gnáthóige - Screamhuisce***

Ní bheidh aon tionchar ar rátaí athlíonta screamhuisce i rith tógála a mbeidh éifeacht ar bith acu ar ghabhdóirí bithéagsúlachta mar go ndéanfar an screamhuisce go léir arna n-idircheapadh ag draenáil bóthair chuig an GWB céanna. Mar gheall ar na himchuacha insíothlaithe tarlóidh méaduithe go háitiúil ar an maoschlár ach ní tharlóidh aon ghlanathrú ar an iomlán ar an acmhainn screamhuisce.

Ní bheidh aon dí-uisciú gníomhach ag teastáil ón uiscíoch buncharraige le linn na céime oibriúcháin ach tarlóidh dí-uisciú éighníomhach ar an uiscíoch buncharraige i roinnt ionad gearrtha agus mar gheall ar an draenáil a ghabhann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tiocfaidh athruithe áitiúla ar leibhéil screamhuisce. Is féidir leis an tionchar sin ar an gcóras hidrigeolaíoch dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais gnáthóg agus speiceas uisceach nó bogaigh a bhraitheann ar screamhuisce agus mar sin d’fhéadfadh go mbeadh éifeacht an-diúltach aige./

D’fhéadfadh go dtarlódh tionchair ar cháilíocht screamhuisce de thoradh rith chun srutha éillithe ón mbóthar a scaoileadh chuig talún nó áit a bhféadfadh láisteáit/rith chun srutha ó líonadh aolchloiche dul i bhfeidhm ar pH ar an gcuid thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Tá an dearadh draenála atá beartaithe comhdhéanta d’idircheapaire peitril agus ina dhiaidh sin maolú agus linnte insíothlaithe (áit a scaoilfear chun na talún)—mar a chuirtear síos go sonrach air i **gCuid 5.5.4.8** de **Chaibidil 5**, **Tuairisc ar an**

**bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**. Déantar plé níos mine ar fheidhmiú agus éifeachtacht an líonra draenála bóthair atá beartaithe i **gCaibidil 11, Hidreolaíocht**. Le dearadh na draenála, draenáil na n-imchuach insíothlaithe san áireamh, déantar an baol a laghdú go mbeadh éifeacht ag imeacht truaillithe le linn oibriúcháin ar cháilíocht screamhuisce. Tá an riosca doirte íseal (<0.5%) agus tionchair sealadacha amháin a bheidh i dtionchair ar bith a tharlaíonn go sealadach. Tá sé tábhachtach, áfach, iad a iniúchadh chun a chinntiú nach mbíonn éifeacht ag na gnéithe carstacha ar fheidhmiú na n-imchuach insíothlaithe i rith oibriúcháin. Má aithnítear sin le linn gnáthiniúchta ar na himchuacha insíothlaithe is gá le maolú chun a chinntiú go ndéileáiltear le haon fhadhbanna ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag feidhmiú i rith shaol deartha na forbartha bóthair atá beartaithe.

D'fhéadfadh go mbeadh tionchair áitiúla ar cheimic an uisce áitiúil, ó thaobh athrú pH, i gceist áit a gcuirfí ábhar alcaileach a tháinig ó aolchloch os cionn na buncharraige eibhir. Is féidir le rith chun srutha uisce dromchla, idirshreabhadh nó gluaiseachtaí screamhuisce trí hábhar den sórt sin dul i bhfeidhm ar limistéir áitiúla de ghnáthóga thalamh portaigh trí pH an uisce athlíonta a athrú go háirithe áit a bhfuil an t-ábhar sin sáithithe (faoi bhun an mhaoschláir). Ní bhainfidh an tionchar féideartha sin ach le gnáthóga thalamh portaigh in aice láimhe laistigh de Chrios tionchair hidreolaíoch na forbartha bóthair atá beartaithe. Ní bhaineann an riosca céanna le húsáid ábhar bóthair atá bunaithe ar aolchloch don chosán nó do na cisil bharrchaidhpeála mar go mbeidh na cisil sin cosanta ó imshíothlú díreach uisce dromchla agus screamhuisce agus go bhfuil siad suite sa chrios neamhsháithithe faoi bhun an mhaoschláir. Cuirtear an chosaint sin ar fáil ag dromchla biotúmain an bhóthair agus ag úsáid bharrchaidhpeáil ithreach dúchasaí ar an ngruaimhín agus an chuid claífoirt den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Beidh srian ar úsáid ábhar foirmíochta a tháinig ó aolchloch i bhfeidhm go háitiúil i gcás codanna den bhóthar atá i gceantar ghnáthóga thalamh portaigh sa cheantar buncharraige eibhir (siar ón N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn atá ann faoi láthair).

Tá cur síos níos sonraí ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an gcóras hidreolaíoch reatha i rith tógála curtha i láthair i **gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht**.

Tá na bearta maolaithe a ceapadh chun tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar screamhuisce curtha i láthair i **gCuid 8.5.5**.

***Meathlú Gnáthóige – Scáthú***

Tá dhá struchtúr ardaithe a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a mbeidh leibhéal éigean d'éifeacht scáthaithe acu ar na gnáthóga faoina bun le linn oibriúcháin: Droichead beartaithe Abhainn na Gaillimhe (Ch. 8+850 go Ch. 9+500) agus tarbhealach Mhionlaigh atá beartaithe (Ch. 10+100 go Ch. 10+420). Freisin d'fhéadfadh balla coinneála ar an imeall theas den charrbhealach bóthair atá beartaithe idir Ch. 9+840 agus Ch. 10+025 bheith freagrach as éifeacht scáthaithe ar ghnáthóga in aice láimhe. Áirítear le héifeachtaí scáthaithe laghdú ar sholas na gréine agus laghdú ar fhrasaíocht a bhaineann amach plandaí faoi bhun struchtúr an droichid, rud a mbeadh éifeacht aige ar phobail, éagsúlacht agus scaipeadh. Ní tharlóidh an tionchar féideartha sin i gcásanna ina bhfuil gnáthóga á

gcoinneáil faoi bhun an struchtúir, seachas áit a gcaillfear gnáthóga go buan mar thoradh ar oibreacha tógála.

***Meathlú gnáthóige – Speicis phlandaí Ionracha Neamhdhúchasacha***

Mar gheall ar speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha atá liostaithe ar an Tríú Sceideal de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 a bheith díreach in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, d'fhéadfadh go ndéanfadh na speicis athchoilíniú ar limistéir fhásmhara laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe tar éis tógála. Dá bharr sin, tá baol ann go bhféadfadh gnáthoibreacha cothabhála gearrthóga éillithe fásra a scaipeadh trí thimpiste.

Is féidir leis na héifeachtaí a bheadh ag baint le speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha den sórt sin a thabhairt isteach i limistéir ghnáthóige atá an-íogair agus tábhachtach ó thaobh na héiceolaíochta (e.g. limistéir shainithe um chaomhnú an dúlra nó limistéir ina bhfuil gnáthóg Aguisín I) cur le héifeacht mhór dhiúltach, ar scálaí geografacha, ó scála áitiúil go hidirnáisiúnta. Ceapadh bearta maolaithe chun an tionchar féideartha sin a sheachaint (féach ar **Chuid 8.6.6**).

***Meathlú Gnáthóige - Cáilíocht an Aeir***

$NO_x$, $NO_s$ agus $NH_3$

Rinneadh samhaltú cháilíocht aeir ar thiúchain $NO_x$ agus rátaí sil-leagain a ríomh feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe ag faid suas go 200m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe (féach ar **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid** le haghaidh sonraí). Sna Rialacháin ar Chaighdeáin um Cháilíocht an Aeir (AQS) 2011 (I.R Uimh. 180 de 2011) tá luach teorann de 30µg/$m^3$ um chosaint fásra.

Sa chuid is mó de limistéir, comhlíonann na meántiúchain bhliantúla $NO_x$ atá tuartha don chás is measa ag faid éagsúla ó imeall an bhóthair bheartaithe an luach teorann de 30µg/$m^3$ don chás 'Déan Rud Éigin' in 2024 agus 2039, lena n-áirítear tiúchain chúlra. Comhlíonann na tiúchain tuartha go léir an Caighdeán um Cháilíocht an Aeir le haghaidh chosaint fásra na tiúchain tuartha go léir an Caighdeán um Cháilíocht an Aeir le haghaidh chosaint fásra (luach teorann de 30µg/m3). Mar sin, fiú ag 10m ó imeall na forbartha atá beartaithe sna háiteanna sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag $NO_x$ ar fhásra.

Is eisceacht é an crios idir Bóthar Áth Cinn an N84 agus Bóthar Thuama an N83 áit, mar gheall ar an méid ard tráchta atá tuartha, go sáraítear an luach teorann de 30µg/$m^3$ beagáinín laistigh de 10m ó imeall na forbartha bóthair atá beartaithe (tiúchain tuartha $NO_x$ de 30.53µg/$m^3$). Laghdaítear sin faoi bhun an luach teorann faoi 20m. Sa cheantar sin, níl aon ghabhdóirí íogaire éiceolaíocha (e.g. gnáthóga Aguisín I) laistigh de 20m imeall na forbartha bóthair atá beartaithe) agus ní dóchúil go dtarlóidh éifeachtaí ar fhásra i limistéir atá íogair ó thaobh na héiceolaíochta.

Tá ról na forbartha bóthair atá beartaithe ar an ráta sil-leagain $NO_2$ ar an traschrios 200m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe i bhfad faoi bhun an ualaigh chriticiúil don uasteorainn teorann um ghnáthóga intíre agus uisce dhromchla de 5-

10Kg(N)/ha/bl (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2011) agus mar sin, ní dóchúil go dtarlóidh éifeachtaí díobhálacha ar an bhfásra ann ó $NO_2$.

Déantar amóinia ($NH_3$) a astú i méideanna beaga ag feithiclí ina bhfuil tiontairí catalaíocha agus tá na tiúchain atmaisféaracha taobh bóthair i bhfad faoin leibhéal criticiúil don truailleán seo (Bignal et al., 2004 agus Natural England, 2016) agus mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag amóinia ar fhásra.

Comhdhúile Soghalaithe Orgánacha

Ó thaobh comhdhúile soghalaithe orgánacha (VOCanna), tá tiúchain samhaltaithe beinséine i bhfad faoi bhun an chaighdeáin cháilíocht aeir de 5µg/$m^3$ um chosaint shláinte daoine agus na timpeallachta ina hiomláine (féach ar **Chuid 16.5.4** de **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid**) le haghaidh sonraí). Scrúdaíodh comparáidí idir fachtóirí astaíochta le haghaidh VOCanna (mg/feithicil/km) chun cóimheas cuí eitiléin is beinséin a mheas. Ba é an cóimheas ab airde d'eitiléin is beinséin a socraíodh ná 3:1, le haghaidh feithiclí a raibh astaíochtaí díosail ag gabháil leo den chuid is mó. Rinneadh méaduithe ar eitiléin ón bhforbairt bóthair atá beartaithe a thuar agus úsáid á baint as an gcóimheas sin agus bhí na leibhéil tuartha íseal ag 10m ó imeall an bhóthair atá beartaithe (féach ar **Chuid 16.5.4** de **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid** le haghaidh sonraí). Níl aon sonraí cúlra ar fáil d'eitiléin. Níl mórán fianaise ann de dhochar éiceolaíoch ag VOCanna agus mar gheall ar na tiúchain ísle atá tuartha, ní dóchúil go mbeidh tionchar mór acu ar fhásra ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Ábhair Chaithnínigh agus Miotail Throma (PM agus HM)

Baineann miotail throma ó astuithe gluaisteáin le hastuithe Ábhair Chaithnínigh, $PM_{10}$ (ábhar cáithníneach níos lú ná 10µm) agus $PM_{2.5}$ (ábhar cáithníneach níos lú ná 2.5µm). Ullmhaíodh measúnacht ar astaíochtaí $PM_{10}$ agus $PM_{2.5}$ i gcomhréir le treoirlínte BIÉ agus úsáid á baint as scarbhileog samhaltaithe DMRB. Cuireadh na tiúchain tuartha i gcomparáid leis an gcaighdeán um cháilíocht an aeir de 40µg/m3 agus 25µg/m3 faoi seach chun sláinte an duine agus na timpeallachta ina hiomláine a chosc. Bhí na huastiúchain tuartha ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe don chás Déan Rud Éigin, tiúchain chúlra san áireamh, i bhfad faoi bhun na gcaighdeán sin (féach ar **Chuid 16.5.4** de **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid** le haghaidh sonraí).

Lobhann ábhar cáithníneach (PM) agus miotail throma (HM) ag ráta an-sciobtha dá fhaide is atá siad ón mbóthar agus is gnách go mbíonn na tiúchain is airde laistigh de 20-30m uaidh. Mar gheall ar an gcrios 20-30m a ndéanfaí an chuid is mó de PM/HM a shil-leagan laistigh de, na tiúchain ísle atá tuartha, agus scaipeadh de thoradh na gaoithe, ní dóchúil go mbeidh tionchar ag PM/HM ar fhásra ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

#### 8.5.4.3 Méid anMeasúnú Tionchair ar Ghnáthóga

***Turlaigh [*3180]***

***Turlaigh (FL6) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Téann an struchtúr atá beartaithe um Tharbhealach Mhionlaigh os cionn an Turlaigh ag Ch. 10+320 agus seachnaítear aon tionchair díreacha. Gabhtar coinneáil an ghnáthóg Turlaigh sa limistéar seo sa straitéis mhaolaithe (**Cuid 8.6**) agus taispeántar ar **Fhíor 8.23.7** é. Cuireann tógáil agus láithreach fhadtéarmach na bpiaraí, cé nach bhfuil siad suite laistigh den Turlach ach go bhfuil siad suite díreach in aice leis, an córas hidrigeolaíoch tacaíochta i mbaol agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht acu ar fheidhmiú an Turlaigh agus an bpobal fásra atá ann. Freisin baineann riosca truaillithe do cháilíocht screamhuisce agus uisce dromchla le tógáil.

Ní fios an bhfuil seolphíobáin screamhuisce a cheanglaíonn na linnte maolaithe ag Ch. 10+650 go Ch. 10+800 chuig an Turlach, agus freisin maidir leis na linnte insíothlaithe i Loch an Dúlaigh (Ch. 12+200). Más amhlaidh go gceanglaíonn seolphíobáin screamhuisce draenáil bóthair leis an turlach d'fhéadfadh go dtarlódh tionchair a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go díreach ar chomhdhéanamh agus éagsúlacht an fhásra.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha sa ghnáthóg turlaigh d'fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair, agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar shil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg turlaigh le linn oibriúcháin ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

Mar sin tá baol ann go gcaillfí an ghnáthóg turlaigh de thoradh na forbartha bóthair atá beartaithe nó go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aici ar chomhdhéanamh speicis phlanda. Bheadh tionchar den sórt sin comhionann le héifeacht dhiúltach ar stádas caomhantais[61] agus bheadh éifeacht mhór dhiúltach mar thoradh air, ar an scála geografach idirnáisiúnta.

---

[61] Déantar an mhodheolaíocht chun éifeachtaí ar an stádas caomhantais ó thaobh ghnáthóga Aguisín I ar leibhéal náisiúnta a mheasúnú faoi na ceannteidil raon, limistéar, struchtúr & feidhm agus ionchais don todhchaí (NPWS 2013a, 2013b, 2013c). Faoin gcritéar limistéar, is é an toradh a bhíonn ar chailliúint ar bith limistéar gnáthóige ar an Raon Tagartha Fabhrach (FRA) ná go mbogtar an ghnáthóg ó stádas caomhantais Fabhrach (más é sin an riocht bonnlíne) go Neamhfhabhrach go Go Dona. Más é an riocht bonnlíne ná Neamhleor nó go Dona, cuireann cailliúint bhreise gnáthóige le meath atá ar siúl cheana féin agus d'fhéadfadh go dtiocfadh sí salach ar iarrachtaí gnáthóga Aguisín I a choimeád ar leibhéal caomhantais fabhrach ar leibhéal náisiúnta nó a thógáil ar ais chuige. Is iad na FRA le haghaidh aon cheann de na cineálacha ghnáthóga Aguisín I atá buailte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ná meastacháin atá bunaithe ar shonraí páirteacha, nó luachanna atá i bhfad níos mó ná an t-achar reatha atá bunaithe ar mheastachán atá dianseasmhach ó thaobh staidrimh—is gnách go dtógtar san áireamh cailliúint nó tionchair stairiúla ó tháinig an Treoir i leith Gnáthóg i bhfeidhm i 1994. Níl na FRA sainithe go spásúil ach an oiread. Agus prionsabal an réamchúraim á chur i bhfeidhm, ós rud é nach ann do FRA atá sainithe go soiléir, meastar go mbíonn tionchar ag cailliúint achair ar bith de ghnáthóg Aguisín I ar stádas geografach ag an scála geografach ar a luacháladh an ghnáthóg sin Aguisín I.
Tá feidhm ag an modheolaíocht mheasúnaithe céanna agus riocht caomhantais á mheasúnú ar leibhéal láithreáin.

***Fuaráin chlochraithe [*7220]***

***Fuaráin chailcreacha (FP1) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Tugadh taifead ar shé fhuarán Cailcreach agus tugadh taifead ar na Fuaráin Chlochraithe Aguisín I [*7220] i gCairéal Leacaigh (féach ar **Fhíor 8.15.8**).

Beidh ceann de na fuaráin Chlochraithe sin (ag ionad an bhóthair isteach atá beartaithe c.30m ó dheas ón bpríomhlíne ag Ch. 11+380 buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus caillfear go deo é.

Tá an chéad ghné fuarán Clochraithe eile ó thuaidh, atá c.25m ó thuaidh ón mbonnlíne ag Ch. 11+400, laistigh den limistéar ina bhfuil gá le bearta um chobhsú carraige mar chuid de thógáil an bhealaigh isteach thoir go Tollán Leacaigh (féach ar **Chaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht**). Cé nach bhfuil aon tionchair tuartha mar thoradh ar éifeachtaí ar bith ar an gcóras hidrigeolaíoch reatha i rith tógála nó oibriúcháin (féach ar **Chaibidil 10, Hidrigeolaíocht**), dá gcuirfí isteach bearta um chobhsú carraige d'fhéadfadh go mbeadh tionchar díreach acu ar an bhfuarán Clochraithe sin agus go gcaillfí an ghné sin go deo.

Ní bheidh ceann ar bith de na ceithre ghné fhuarán Clochraithe sin buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe nó buailte ar bhealach ar bith trí thionchair ar an gcóras hidrigeolaíoch reatha, le linn tógála nó oibriúcháin.

Is féidir le cailliúint ghnéithe fhuarán Claochraithe, ar nós gnáthóga Aguisín I tosaíochta, bheith freagrach as éifeacht mhór dhiúltach ar scála náisiúnta nó idirnáisiúnta ach ní tharlódh sé sin ach áit a mbeadh éifeacht ag tionchair ar ghnáthóg ar stádas caomhantais na gnáthóige ar na leibhéil sin. Chun go mbeadh éifeacht ag cailliúint achar gnáthóige ar stádas caomhantas fabhrach gnáthóige ar leibhéal náisiúnta, ní mór go mbeadh éifeacht aige ar an raon tagartha fabhrach (FRA) toisc gurb é sin an luach tagartha a ndéantar an paraiméadar achair a thomhas ina choinne i gcomhthéacs stádas caomhantais a mheasúnú.

Tá an FRA don chineál sin gnáthóige sainithe mar 0.139km$^2$ i NPWS (2013b) agus tugtar faoi deara ansin "Níl aon fhianaise faoi mheath ar mhéid ó tháinig an Treoir i bhfeidhm agus mar sin tá an t-achar reatha socraithe mar an Achar Tagartha Fabhrach". Tá an FRA reatha bunaithe ar na sonraí a cuireadh i láthair i NPWS (2013b) agus ós rud é nach bhfuil an chearnóg eangaigh 10km a bhfuil na fuaráin Chlochraithe atá suite den fhorbairt bóthair atá beartaithe laistigh de (M32) laistigh de raon reatha Achar Tagartha Fabhrach an chineál sin gnáthóige, ní féidir leo bheith ina gcuid den FRA náisiúnta. Mar sin, ní féidir lena gcailliúint dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais an chineál sin gnáthóige ar na scálaí geografacha náisiúnta ná idirnáisiúnta.

Níl mórán sonraí ar fáil maidir le líon reatha na láithreán fhuarán Clochraithe ar leibhéal contae. Mar gheall ar raon srianta an chineál sin gnáthóige i gContae na Gaillimhe, áfach, (bunaithe ar na sonraí atá curtha i láthair i NPWS, 2013b) is dóchúil go bhfuil líon ná láithreán srianta agus má chailltear fiú aon fhuarán Clochraithe amháin go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar leibhéal tíreolaíoch an chontae.

***Foraoiseacha gláracha iarmharacha [*91E0]***

***Coillearnach fhliuch sailí-fearnóige-fuinseoige a chomhfhreagaraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo thart ar 0.1h de ghnáthóg Foraoise gláraí iarmharaí. Is ionann é sin agus thart ar 0.73% den chineál sin ghnáthóg Aguisín I atá léarscáilithe i limistéar staidéir na scéime. Mar gheall ar fhairsinge na gnáthóige de choillearnach fhliuch nach bhfuil suirbhéireacht déanta uirthi ar Abhainn na Gaillimhe agus ar bhruach Loch Coirib ó thuaidh ó limistéar staidéir na scéime, is dóchúil gur rómheastachán é an céatadán sin de chailliúint gnáthóg Foraoise gláraí iarmharaí go háitiúil.

Is féidir le meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí ar an gcóras hidrigeolaíoch reatha le linn tógála agus oibriúcháin dul i bhfeidhm ar limistéir d’Fhoraois ghlárach iarmharach atá mar chuid de na gnáthóga coillearnaí atá tacaithe ag Lochanna Chúil Each.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha d’fhéadfadh go méadófaí fairsinge na dtionchar féideartha mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe; d’fhéadfadh go mbeadh an éifeacht chéanna ag eachtra truaillithe thimpistigh a mbeadh Abhainn na Gaillimhe, Lochanna Chúil Each nó Loch an Dúlaigh buailte aige. Níl aon limistéir den chineál sin gnáthóige i ZoI na dtionchar cháilíocht aeir a d’fhéadfadh dul i bhfeidhm ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

D’ainneoin an t-achar réasúnta beag de chailliúint na gnáthóige seo, is ionann cailliúint achair ar bith de ghnáthóg Aguisín I tosaíochta agus éifeacht dhiúltach ar stádas caomhantais. Mar sin, dá gcaillfí gnáthóg Foraoise gláraí iarmharaí i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe is dóchúil go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar an scála geografach náisiúnta.

***Fraoch fliuch [4010] & Fraocha tirime [4030]***

***Fraoch siliciúil tirim (HH1) agus Fraoch fliuch (HH3) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Déantar fraoch fliuch agus fraocha tirime a mheasúnú i dteannta a chéile, mar is gnách go ndéanann an dá chineál gnáthóige mósáic chasta lena chéile i limistéir atá buailte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Ó Bhearna go dtí an Bealach (Ch. 0+000 go Ch. 8+300) caillfear go deo 5.15ha san iomlán de ghnáthóga fraochmhá mar thoradh ar oibreacha tógála nó trí éifeachtaí hidrigeolaíocha indíreacha: thart ar 1.96ha d’Fhraoch tirim, 2.06ha d’Fhraoch fliuch[62], 0.7ha de mhósáic Fraoch tirim/Fraoch fliuch c.0.43ha de mhósáic Fraoch fliuch/Móinéar Molinia/Fraoch tirim idir Ch. 2+920 agus Ch. 3+040 (i gcóimheas 82/15/3%, faoi seach) agus c.0.01ha de mhósáic Fraoch tirim/Scrobarnach ar an mbóthar isteach ag Na Foraí Maola Thiar.

[62] Áirítear leis an  c.2.06ha seo de ghnáthóg fraoch fliuch limistéar c.1.23ha a luíonn laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe agus beidh tionchar díreach orthu sin, agus c.0.8ha a luíonn lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ach laistigh den Chrios Tionchair hidrigeolaíoch.

I gcomhthéacs achar iomlán na gcineálacha sin ghnáthóg Aguisín I a taifeadadh i limistéar staidéir na scéime, is ionann an t-achar a chailltear agus thart ar 1.8%. Is dóchúil, áfach, nach bhfuil sna hachair de ghnáthóg fraoigh i limistéar staidéir na scéime ach cion d'acmhainn iarbhír áitiúil na gnáthóige fraochmhá[63]. Mar sin, is dóchúil go mbeidh an céatadán iarbhír de chailliúint gnáthóige i bhfad níos lú.

Freisin méadóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe scoilteadh ghnáthóga fraochmhá; cé go bhfuil na bloic ghnáthóige atá i gceist scartha cheana féin ó na limistéir níos mó agus níos comhtháite ó thuaidh ag Na Foraí Maola, Loch Inse, an Cheapach, Tóin na Brocaí agus an Bealach nach mbeidh buailte.

Is dóchúil go mbeidh éifeacht ag meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí ar an gcóras hidrigeolaíoch reatha le linn tógála agus oibriúcháin ar na limistéir d'fhraoch Fliuch ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Beidh ZoI hidrigeolaíoch na tógála sealadach agus níl sé tuartha go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha aige ann féin. Síneann an ZoI hidrigeolaíoch oibriúcháin (i gcomhthéacs éifeachtaí íostarraingthe screamhuisce) thar theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe chun limistéir bhreise de ghnáthóg fraochmhá a chuimsiú. Ní dóchúil go mbeidh aon éifeachtaí fadtéarmacha aige sin ar limistéir d'Fhraoch tirim, ach is dóchúil go dtriomóidh gnáthóga Fraoigh Fhliuch beagáinín, agus éifeacht laghdaithe ó imeall an bhóthair i gceist. Ós rud é nach féidir éifeachtaí íostarraingt thuartha an screamhuisce ar riocht an ghnáthóg Fraoigh fhliuch a chainníochtú, táthar ag glacadh le cur chuige réamhchúramach agus talamh slán á dhéanamh de go gcaillfear go buan aon ghnáthóg Fraoigh fhliuch sa ZoI hidrigeolaíoch oibriúcháin. Chun críocha an mheasúnaithe tionchair, déantar talamh slán de freisin gurb amhlaidh i mósáic d'Fhraoch tirim agus d'Fhraoch fliuch gur Fraoch fliuch atá sa ghnáthóg go léir a bhíonn buailte ar an mbealach sin (cur chuige bunaithe ar an gcás ba mheasa toisc nach dóchúil go mbeidh Fraoch tirim buailte ag éifeachtaí íostarraingt screamhuisce an oibriúcháin). Is é an t-achar de ghnáthóg fhéideartha Fraoigh fhliuch sa chrios seo ná c.0.84ha. Is dóchúil go n-athróidh comhdhéanamh an speicis sa mhéid is go mbeidh sé níos cosúla le cineál ghnáthóg Fraoigh thirim. D'fhéadfadh go mbeadh gnáthóga thalamh portaigh sa ZoI hidrigeolaíoch buailte ag athrú ar pH an screamhuisce agus cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun an tionchar sin a sheachaint.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha i limistéir fraoigh d'fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair ar na cineálacha sin gnáthóige agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe thimpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóga fraochmhá le linn oibriúcháin ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

D'ainneoin an t-achar réasúnta beag de chailliúint gnáthóige, agus gurb é atá i gceist leis na limistéir a chaillfear ná iliomad paistí beaga leithlisithe de ghnáthóga, ag glacadh leis na tionchair dhóchúla agus na brúnna leanúnacha ar na

---

[63] Bunaithe ar athbhreithniú ar an ortafotagrafaíocht atá ar fáil don chearnóg eangaigh km M22 (a chlúdaíonn an chuid thiar de limistéar staidéir na scéime), is dóchúil go bhfuil thart ar 40km$^2$ de ghnáthóga ardtalún ach níl tuairisc ná léarscáiliú déanta orthu. Is cosúil gur mósáicí iad sin de ghnáthóga fraoigh agus portaigh.

cineálacha gnáthóige seo go háitiúil, is ionann cailliúint achair ar bith den ghnáthóg seo Aguisín I agus éifeacht dhiúltach ar stádas caomhantais. Mar sin, dá gcaillfí gnáthóg Fraoigh fhliuch agus Fraoigh thirim i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe is dóchúil go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar an scála geografach náisiúnta.

***Féarach cailcreach [6210]***

***Féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo thart ar 1.14ha de ghnáthóg Féaraigh chailcrigh: c.0.09ha i gCairéal Leacaigh (Ch. 11+750), trí phaiste beag idir Ch. 12+000 agus Ch. 12+220 (c.0.13ha san iomlán), agus c.0.92ha i nDabhach Uisce (idir Ch. 16+220 agus Ch. 16+320). I gcomhthéacs achar iomlán an Fhéaraigh chailcrigh a taifeadadh i limistéar staidéir na scéime, is ionann an t-achar a chailltear agus thart ar 2.23%. Is í an ghnáthóg Féaraigh chailcrigh atá buailte ná an cineál neamthosaíochta [6210] agus mar sin, meastar go bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint léi.

Freisin tá roinnt gnáthóg féaraigh Chailcrigh i mósáic in éineacht le cosán Aolchloiche laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib agus, i gcomhréir leis an measúnú san NIS, níl tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air (tá sé sin gafa sa straitéis mhaolaithe agus taispeánta ar **Fhíor 8.23.8** mar limistéir ghnáthóige le coimeád).

Paistí beaga d'fhéarach leithlisithe iad na limistéir go léir atá buailte agus mar sin, ní bheidh aon tionchair mhóra ó thaobh scoilte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an ngnáthóg féaraigh Chailcrigh go háitiúil.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha sa ghnáthóg féaraigh Chailcrigh d'fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair, agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe timpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg féaraigh Chailcrigh le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

D'ainneoin an t-achar réasúnta beag de chailliúint gnáthóige, agus gurb é atá i gceist leis na limistéir a chaillfear ná iliomad paistí beaga leithlisithe de ghnáthóga, is ionann cailliúint achair ar bith den ghnáthóg Aguisín I agus éifeacht dhiúltach ar stádas caomhantais. Mar sin, dá gcaillfí gnáthóg neamhthosaíochta féaraigh Chailcrigh i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe is dóchúil go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar an scála geografach náisiúnta.

***Móinéar Molinia [6410]***

***Féarach fliuch(GS4) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo thart ar 0.94 ha de ghnáthóg mhóinéar *Molinia*: achar de c.0.08ha ag Na Foraí Maola (Ch. 0+900) agus c.0.93ha go dtí an ceann theas ar choimpléasc bhogach Loch an Dúlaigh (Ch. 12+250 go Ch. 12+400).

I gcomhthéacs achar iomlán na gnáthóige móinéar *Molinia* a taifeadadh i limistéar staidéir na scéime, is ionann an t-achar a chailltear agus thart ar 4%. Mar a tugadh faoi deara thuas, áfach, i gcás na ngnáthóg fraoigh, mar gheall ar fhairsinge na gnáthóige ardtalún nach bhfuil suirbhéireacht déanta uirthi ó thuaidh ó limistéar staidéir na scéime, is dóchúil gur rómheastachán é an céatadán sin de chailliúint an ghnáthóg mhóinéar *Molinia* go háitiúil.

Is paiste leithlisithe é an móinéar Molinia ag Na Foraí Maola agus níl aon cheangal aige le láithreáin ghnáthóige leathnádúrtha eile ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe — is í an chúis is mó leis sin ná an líonra reatha de bhóithre áitiúla agus forbairt chónaitheach. Mar sin, ní dócha go dtarlóidh scoilteadh gnáthóige. Tá an móinéar *Molinia* atá buailte ag an gceann is faide ó dheas den choimpléasc bogaigh ar éiceachóras bogaigh leithlisithe é ann féin. Mar sin, ní dócha go mbeidh éifeacht ag scoilteadh gnáthóige ar an ngnáthóg ná ar an gcoimpléasc bogaigh ina iomlán.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha sa ghnáthóg mhóinéar *Molinia* d'fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair, agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe timpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg mhóinéar *Molinia* le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

D'ainneoin an achair réasúnta beag de chailliúint gnáthóige, is ionann cailliúint achair ar bith de ghnáthóg Aguisín I agus éifeacht dhiúltach ar stádas caomhantais. Mar sin, dá gcaillfí gnáthóg mhóinéar *Molinia* i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe is dóchúil go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar an scála geografach náisiúnta.

***Cosán aolchloiche [*8240]***

***Carraig chailcreach nochta (ER2) coillearnach darach-fuinseoige (WN2) agus Scrobarnach (WS1) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Tá c.2.23ha de ghnáthóg chosán Aolchloiche laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Cuimsíonn an figiúr sin c0.13ha de mhósáic Chosán Aolchloiche/Féaraigh Chailcrigh. As an c2.23ha sin, tá thart ar c.1.78ha lasmuigh de theorainn cSAC Loch Coirib. Tá an chuid eile laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib agus, i gcomhréir leis an measúnú san NIS, níl tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air (tá sé sin gafa sa straitéis mhaolaithe agus taispeánta ar **Fhíor 8.23.7** go **8.23.8** mar limistéir ghnáthóige le coimeád).

Mar sin, d'fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar thart ar 1.78ha de ghnáthóg chosán Aolchloiche atá laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, agus lasmuigh de cSAC Loch Coirib. I gcomhthéacs achar iomlán na gnáthóige cosáin Aolchloiche a taifeadadh i limistéar staidéir na scéime (c.180ha), is ionann an t-achar a chailltear agus thart ar 1%. Rinneadh limistéir eile de ghnáthóg chosán Aolchloiche, lasmuigh den limistéar atá clúdaithe ag na suirbhéanna gnáthóige, a léarscáiliú go háitiúil ó thuaidh ó Shráidbhaile Mhionlaigh in aice le Cúl an Oileáin agus Cairéal Ghort an Chalaidh (Natura,

2005) a chlúdaíonn achar de c.22ha. Nuair a chuirtear sin san áireamh déantar an caillteanas céatadánach a laghdú beagáinín go c.0.88%.

I ndearadh na forbartha bóthair atá beartaithe tógtar san áireamh struchtúr a chlúdóidh níos má ná c.0.04ha de chosán Aolchloiche nochta (CAN) ag Ch. 10+030. Déanfar cinnte leis sin nach mbainfear go buan an limistéar seo de chosán Aolchloiche, go gcoimeádfar struchtúr nádúrtha clinte agus gríge an chosáin, agus nach mbeidh éifeacht aige ar a achar, ná raon ar scála geografach ar bith. Mar sin féin, is dóchúil go mbeidh gá le roinnt fásra a bhaint chun tógáil an lintéir a éascú agus is dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí scáthaithe an struchtúir dá bharr sin (c.4.5m in airde agus c.30m ar leithead, os cionn thart ar 68% den phaiste sin gnáthóige) ar fhairsinge agus chomhdhéanamh speicis an chlúdach fásra faoi bhun an struchtúir, rud a laghdóidh cáilíocht na gnáthóige cosáin Aolchloiche a bheidh fágtha. I gcomhthéacs achar iomlán na gnáthóige cosáin Aolchloiche atá ann go háitiúil, áfach, (c.202ha, a bhfuil an limistéar atá faoi bhun an lintéir i bpáirt comhionann le <0.02%), is fearr go mbeadh tionchar ar achar beag den saghas sin seachas an limistéar iomlán a chailliúint agus laghdaítear méid an tionchair a bheadh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an gcineál sin gnáthóige.

Téann Tarbhealach Mhionlaigh os cionn 0.69ha de ghnáthóg chosán Aolchloiche idir Ch. 10+100 agus Ch. 10+425; agus nuair a thógfar é is cosúil go mbeidh tionchar aige ar na gnáthóga faoin bhun mar gheall ar bhaint fásra agus an láithreán á ghlanadh, cailliúint gnáthóige, agus scáthú ón struchtúr tarbhealaigh le linn oibriúcháin. I measc na limistéar gnáthóige atá buailte tá 0.05ha de chosán Aolchloiche faoi chrainn (LPW) siar ón mBóthar Nua (Ch. 10+100) agus idir an Bóthar Nua agus an Seanbhóthar (Ch. 10+130 go Ch. 10+475), c.0.07ha de LPE agus c.0.62ha de LPW. Tríd an mhodheolaíocht tógála a bhfuil cur síos uirthi sa tuarascáil faoi intógthacht **Aguisín A.7.2**, cinnteofar nach mbeidh i dtionchair na tógála ach ina dtionchair sealadacha le haghaidh an chuid is mó den limistéar seo mar gheall ar an gcóras um chosaint chosán aolchloiche a úsáidfear. Má úsáidtear an córas cosanta sin cuirfear cosc ar fhásra ar bith faoina bhun fad is a bheidh tógáil ar siúl. Cé gur dóchúil go dtarlóidh athchoilíniú ar roinnt fásra nuair a bhainfear an córas sealadach cosanta, cuirfear bac air sin ag éifeachtaí scáthaithe an struchtúr tarbhealaigh agus ní dóchúil go dtiocfaidh comhdhéanamh reatha an speicis ar ais go hiomlán. Is ionann an t-achar de chosán Aolchloiche a chaillfear go buan mar gheall ar na piaraí tacaíochta agus c.0.05ha. Cé go laghdóidh an tarbhealach cáilíocht an ghnáthóg chosán Aolchloiche a bheidh fágtha, mar atá thuas, tá an t-achar a bheidh buailte réasúnta beag i gcomhthéacs acmhainn áitiúil na gnáthóige (c.0.03%) agus má choimeádtar an gnáthóg chosán Aolchloiche seachas í a chailliúint go buan, laghdófar méid an tionchair a bheidh ag an bhforbairt bóthair ar an gcineál sin gnáthóige.

Tá na limistéir chosán Aolchloiche eile laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, ach atá lasmuigh de cSAC Loch Coirib comhionann le limistéar iomlán de c.1.11ha. Is dóchúil go mbeidh cailliúint na limistéir sin ina bhfuil gnáthóg chosán Aolchloiche nó dochar mór dóibh mar thoradh ar oibreacha tógála.

Freisin tá c.0.44ha de chosán Aolchloiche agus d’fhéarach Cailcreach laistigh de cSAC Loch Coirib atá os cionn Thollán Leacaigh mar atá beartaithe. Cé nach mbeidh an limistéar sin gnáthóige buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá

beartaithe, má dhéantar tollánú faoina bhun cuirtear sláinte struchtúir an dromchla thuas i mbaol agus mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht aige ar na gnáthóga sin Aguisín I. Déantar é sin a mheasúnú san NIS.

Ó thaobh scoilteadh gnáthóige, is é an t-aon limistéar amháin de chosán Aolchloiche lasmuigh de cSAC Loch Coirib a bheidh déroinnte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ná an limistéar faoi bhun Tharbhealach Mhionlaigh. Ós rud é go mbeidh an struchtúr sin go léir ardaithe ar phiaraí (idir Ch. 10+100 agus Ch. 10+425), agus go bhfuil limistéir mhóra den chineál sin gnáthóige ar cheachtar taobh, ní bheidh aon tionchair mhóra ó thaobh scoilte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ghnáthóg chosán Aolchloiche go háitiúil.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha i limistéir ina bhfuil gnáthóga chosán Aolchloiche d'fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair ar na cineálacha sin gnáthóige agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe thimpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóga chosán Aolchloiche faoi chrainn le linn oibriúcháin ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

D'ainneoin an achair réasúnta beag de ghnáthóg atá buailte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcomhthéacs na hacmhainne áitiúla, is ionann cailliúint achair ar bith de ghnáthóg Aguisín I agus éifeacht dhiúltach ar stádas caomhantais. Mar sin, dá gcaillfí gnáthóg chosán Aolchloiche i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe is dóchúil go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar an scála geografach náisiúnta.

***Lochanna uisce chrua [3140]***

***Lochanna aolchloiche/marla (FL3) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Tá an coimpléasc de lochanna Uisce chrua laistigh de cSAC Loch Coirib agus déantar iad a mheasúnú san NIS. Níl aon tionchair dhíreacha ar an gcineál sin gnáthóige i cSAC Loch Coirib i gceist. Is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tionchar a imirt ar na córais screamhuisce agus uisce dromchla a thacaíonn leis na gnáthóga Uisce chrua in cSAC Loch Coirib.

Cé nach bhfuil aon tionchair dhíreacha ar Loch an Dúlaigh i gceist, d'fhéadfadh rith chun srutha ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn tógála dul i bhfeidhm ar cháilíocht screamhuisce. Tá Loch an Dúlaigh ar ghrádán suas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, ó thaobh shreabhadh screamhuisce, agus mar sin níl aon seans go mbainfeadh tionchair screamhuisce leis an loch féin.

Mar chineál ghnáthóg Aguisín I, má tharlaíonn éifeachtaí diúltacha do stádas cháilíocht uisce Loch an Dúlaigh d'fhéadfadh go dtiocfadh meath ar an ngnáthóg loch Uisce chrua agus is dóchúil go mbeadh éifeacht iarmharach mhór aige sin, ar scála geografach náisiúnta.

***Eanach alcaileach [7230]***

***Eanach agus riasc shaibhir (PF1) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I***

Tá an t-eanach alcaileach ar Abhainn na Gaillimhe agus a bhaineann le Lochanna Chúil Each laistigh de cSAC Loch Coirib agus déantar iad a mheasúnú san NIS. Níl aon tionchair dhíreacha ar an gcineál sin gnáthóige in cSAC Loch Coirib i gceist. Is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tionchar a imirt ar na córais screamhuisce agus uisce dromchla a thacaíonn leis na gnáthóga loch Uisce chrua in cSAC Loch Coirib.

Cé nach bhfuil aon tionchair dhíreacha ar Loch an Dúlaigh i gceist, d'fhéadfadh rith chun sruth ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn tógála dul i bhfeidhm ar cháilíocht screamhuisce agus ar an ngnáthóg Eanaigh alcailigh a ghabhann leis an gcoimpléasc bogaigh ansin. Tá Loch an Dúlaigh ar ghrádán suas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, ó thaobh shreabhadh screamhuisce, agus mar sin níl aon seans go mbainfeadh tionchair screamhuisce leis na limistéir sin den choimpléasc bogaigh a thacaíonn le gnáthóg eanaigh Alcailigh.

Mar chineál ghnáthóg Aguisín I, má tharlaíonn éifeachtaí diúltacha do stádas cháilíocht uisce Loch an Dúlaigh d'fhéadfadh go dtiocfadh meath ar an ngnáthóg loch Uisce chrua agus is dóchúil go mbeadh éifeacht iarmharach mhór aige sin, ar scála geografach náisiúnta.

***Luibh ard Hidrifiliúil [6430]***

***Seascainn giolcaigh agus cíbe móire (FS1), Seascainn Luibhe Airde (FS2) agus Riasc (GM1) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I.***

Tá an luibh ard Hidrifiliúil ar Abhainn na Gaillimhe agus a bhaineann le Lochanna Chúil Each laistigh de cSAC Loch Coirib agus déantar iad a mheasúnú san NIS. Níl aon tionchair dhíreacha ar an gcineál sin gnáthóige in cSAC Loch Coirib i gceist. Is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tionchar a imirt ar na córais screamhuisce agus uisce dromchla a thacaíonn le gnáthóga bogaigh, a bhfuil ina measc gnáthóg luibhe airde Hidrifiliúla, in cSAC Loch Coirib.

***Eanach Cladium [*7210]***

***Seascainn giolcaigh agus cíbe móire (FS1), Seascainn Luibhe Airde (FS2) agus Riasc (PF1) a chomhfhreagraíonn don chineál sin ghnáthóg Aguisín I.***

Tá an t-eanach *Cladium* ar Abhainn na Gaillimhe agus a bhaineann le Lochanna Chúil Each laistigh de cSAC Loch Coirib agus déantar iad a mheasúnú san NIS. Níl aon tionchair dhíreacha ar an gcineál sin gnáthóige in cSAC Loch Coirib i gceist. Is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tionchar a imirt ar na córais screamhuisce agus uisce dromchla a thacaíonn le gnáthóga bogaigh in cSAC Loch Coirib.

Cé nach bhfuil aon tionchair dhíreacha ar Loch an Dúlaigh i gceist, d'fhéadfadh rith chun sruth ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn tógála dul i bhfeidhm ar cháilíocht screamhuisce agus ar an ngnáthóg Eanaigh *Cladium* a ghabhann leis an gcoimpléasc bogaigh ansin. Tá Loch an Dúlaigh ar ghrádán suas ón bhforbairt

bóthair atá beartaithe, ó thaobh shreabhadh screamhuisce, agus mar sin níl aon seans go mbainfeadh tionchair screamhuisce leis na limistéir sin den choimpléasc bogaigh a thacaíonn le gnáthóg eanaigh Alcailigh.

Mar chineál ghnáthóg Aguisín I tosaíochta, má tharlaíonn éifeachtaí diúltacha do stádas cháilíocht uisce Loch an Dúlaigh d'fhéadfadh go dtiocfadh meath ar an ngnáthóg eanaigh *Cladium* agus is dóchúil go mbeadh éifeacht iarmharach mhór aige sin, ar scála geografach náisiúnta.

***Lochanna méiseatrófacha agus (FL4) Lochanna eotrófacha (FL5)***

Tá na lochanna sin ina gcuid den choimpléasc mór bogaigh a ghabhann le Loch an Dúlaigh. Cé nach bhfuil aon tionchair dhíreacha ar an loch eotrófach atá laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe i gceist, d'fhéadfadh rith chun srutha ón bhforbairt beartaithe le linn tógála dul i bhfeidhm ar cháilíocht na ngnáthóg locha sin i mBaile an Dúlaigh. Ar an gcaoi chéanna, d'fhéadfadh go mbeadh an córas screamhuisce buailte ag oibreacha laistigh den chion sin den loch eotrófach atá laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus den ZoI hidrigeolaíoch.

Má tharlaíonn éifeachtaí diúltacha ar cháilíocht gnáthóige na lochanna sin d'fhéadfadh go dtarlódh éifeacht mhór iarmharach ar scála geografach an chontae.

***Fuaráin chailcreacha (FP1)***

Bhí 21 fhuarán Cailcreach ann, nár chomhfhreagair don ghnáthóg Aguisín I tosaíochta Fuaráin chlochraithe, atá taifeadta i gCairéal Leacaigh. Astu siúd, caillfear 15 mar thoradh ar oibreacha tógála: ceithre cinn i gceantar an bhealaigh isteach soir chuig Tollán Leacaigh, 9 gcinn ar bhalla thuaidh an chairéil áit a gcuirfear ábhar suas i gcoinne aghaidh na haille mar bheart cobhsaithe, agus dhá cheann ó dheas ón bpríomhlíne atá beartaithe idir Ch. 11+700 agus Ch. 11+750. Mar sin, dá gcaillfí cion mór de na fuaráin i gcoimpléasc an chairéil, agus an ganntanas díobh sa cheantar áitiúil tógtha san áireamh ach go háirithe, is dóchúil go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach aige sin ar an scála geografach náisiúnta.

***Seascainn giolcaigh agus cíbe móire (FS1)***

Maidir le cailliúint achair réasúnta beag (c.0.14ha) de ghnáthóg atá coitianta sa cheantar áitiúil, a thacaíonn le gnáthspeicis sa chineál gnáthóige sin (seascann giolcaigh *Phragmites australis),* ní dóchúil go mbeidh éifeacht aige sin ar láithreacht ná indéantacht fhadtéarmach an chineál sin gnáthóige sa cheantar áitiúil. Is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm, áfach, ar cháilíocht uisce i Loch an Dúlaigh, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar achar i bhfad níos mó den chineál sin gnáthóige (c.3.6ha nó 7.8% den acmhainn áitiúil gnáthóige).

Mar sin, is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Seascainn Luibhe Airde (FS2)***

Caillfear go deo limistéar (c.0.03ha) de sheascann Luibhe Airde ag Ch. 3+400 mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Maidir le cailliúint coda chomh

beag de ghnáthóg atá coitianta sa cheantar áitiúil (c.0.8% den c.4.09ha a taifeadadh go háitiúil i limistéir staidéir na gnáthóige), a thacaíonn le gnáthspeicis sa chineál sin gnáthóige (*Apium nodiflorum*, *Iris pseudacorus* agus *Epilobium hirsutum*), ní dóchúil go mbeidh éifeacht aige sin ar láithreacht ná indéantacht fhadtéarmach an chineál sin gnáthóige sa cheantar áitiúil. Is dóchúil freisin gur rómheastachán é an cailliúint chéatadánach de mhéid iarbhír an chailliúint gnáthóige mar gheall ar an gcoimpléasc mór bogaigh atá taobh thall de agus suas an abhainn ó limistéar staidéir na scéime i gCúl an Oileáin agus i dTóin an Churraigh.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Aibhneacha creimthe/ardtalún (FW1)***

Tá tuairisc iomlán ar bhonnlíne hidreolaíoch gach ceann de na sruthchúrsaí atá pléite thíos curtha ar fáil i **gCaibidil 11, Hidreolaíocht**.

<u>Sruthán na Líbeirtí</u>

Tá thart ar 530m de Shruthán na Líbeirtí laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe nó leis an teorainn. Astu sin, caillfear go deo thart ar 120m mar gheall ar oibreacha tógála, agus beidh an méid eile d'fhad chainéal na habhann suite ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt éifeachtaí ag oibreacha tógála air. Déanfar an tionchar sin a bhaineann le cailliúint gnáthóg laistigh den chainéal a chúiteamh beagáinín ag cruthú dhá choda nua de chainéal abhann, c.45m agus c.40m ar fad. Déanfar an tionchar sin a bhaineann le cailliúint gnáthóg laistigh den chainéal a chúiteamh níos mó ag cruthú coda nua de chainéal abhann laistigh den struchtúr lintéir, c.125m ar fad. Mar shruth séasúrach san uachtar (áit a bhfuil sé buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe), agus gan aon speicis éisc taifeadta le linn na suirbhéanna iascaigh, meastar maidir le cailliúint ghnáthóg nádúrtha chainéal na habhann, nach dóchúil gur éifeacht mhór dhiúltach é ar scála geografach ar bith.

Is féidir éifeacht mhór dhiúltach a bheith ag tionchair ar cháilíocht uisce i Sruthán na Líbeirtí le linn tógála, áfach, éifeacht a bheidh ar scála geografach áitiúil.

<u>Sruthán Throscaí</u>

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear thart ar 220m de chainéal Shruthán Throscaí le linn tógála. Déanfar an tionchar sin a bhaineann le cailliúint gnáthóg laistigh den chainéal a chúiteamh beagáinín ag cruthú coda nua de chainéal abhann, c.65m ar fad. Déanfar an tionchar sin a bhaineann le cailliúint gnáthóg laistigh den chainéal a chúiteamh níos mó ag cruthú nua de chainéal abhann laistigh den struchtúr lintéir, c.50m ar fad.

Mar shruth séasúrach san uachtar (áit a bhfuil sé buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe), agus gan aon speicis éisc taifeadta le linn na suirbhéanna iascaigh, meastar maidir le cailliúint ghnáthóg nádúrtha chainéal na habhann, nach dóchúil gur éifeacht mhór dhiúltach é ar scála geografach ar bith.

Is féidir éifeacht mhór dhiúltach a bheith ag tionchair ar cháilíocht uisce i Sruthán Throscaí le linn tógála, áfach, éifeacht a bheidh ar scála geografach áitiúil.

Sruthán Bhearna

Tá thart ar 345m de Shruthán Bhearna (agus c.240m dá chraobh-abhainn gan ainm) laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe nó leis an teorainn. Astu sin, caillfear go deo thart ar 140m mar gheall ar oibreacha tógála, agus beidh an méid eile d'fhad chainéal na habhann suite ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus mar sin, d'fhéadfadh go mbeadh roinnt éifeachtaí ag oibreacha tógála air. Déanfar an tionchar sin a bhaineann le cailliúint gnáthóg laistigh den chainéal a chúiteamh ag cruthú codanna nua de chainéal abhann laistigh de na struchtúr lintéir, c.140m ar fad. Mar shruth séasúrach san uachtar (áit a bhfuil sé buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe), agus gan aon speicis éisc taifeadta le linn na suirbhéanna iascaigh, meastar maidir le cailliúint ghnáthóg nádúrtha chainéal na habhann, nach dóchúil gur éifeacht mhór dhiúltach é ar scála geografach ar bith.

Is féidir éifeacht mhór dhiúltach a bheith ag tionchair ar cháilíocht uisce i Sruthán Bhearna le linn tógála, áfach, éifeacht a bheidh ar scála geografach áitiúil.

Sruthán Thóin na Brocaí

Caillfear thart ar 475m de chainéal Shruthán Thóin na Brocaí mar gheall ar oibreacha tógála. Déanfar an tionchar sin a bhaineann le cailliúint gnáthóg laistigh den chainéal a chúiteamh beagáinín ag cruthú coda nua de chainéal abhann, c.250m ar fad. Déanfar an tionchar sin a bhaineann le cailliúint gnáthóg laistigh den chainéal a chúiteamh níos mó ag cruthú coda nua de chainéal abhann laistigh den struchtúr lintéir, c.80m ar fad.

Mar shruthán séasúrach san uachtar (áit a bhfuil sé buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe), agus luach íseal iascaigh ag gabháil leis, meastar maidir le cailliúint ghnáthóg nádúrtha chainéal na habhann, nach dóchúil gur éifeacht mhór dhiúltach é ar scála geografach ar bith.

Is féidir éifeacht mhór dhiúltach a bheith ag tionchair ar cháilíocht uisce i Sruthán Thóin na Brocaí le linn tógála, áfach, éifeacht a bheidh ar scála geografach áitiúil.

Sruthán Chnoc na Cathrach

Tá luach éiceolaíoch íseal ar Shruthán Chnoc na Cathrach sa chuid uachtar de, áit a bhfuil sé buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tá sé séasúrach agus gan mórán uisce sa chuid uachtair, tá go leor lintéar ar chuid mhór dá fhad (beagnach 50% - féach **Cuid 11.3.5.4** de **Chaibidil 11, Hidreolaíocht**) agus níor taifeadadh aon éisc anseo le linn an suirbhé iascaigh. Tá an luach iascaigh teoranta don chuid taoide ag an inbhear, tar éis go dtagann sé amach ó chuid fhairsing a bhfuil lintéir uirthi.

Mar sin, meastar maidir le cailliúint ghnáthóg nádúrtha chainéal na habhann, nach dóchúil gur éifeacht mhór dhiúltach é ar scála geografach ar bith.

Is féidir éifeacht mhór dhiúltach a bheith ag tionchair ar cháilíocht uisce i Sruthán Chnoc na Cathrach le linn tógála, áfach, éifeacht a bheidh ar scála geografach áitiúil.

***Aibhneacha creimthe/ísealchríche (FW2)***

Tá tuairisc iomlán ar bhonnlíne hidreolaíoch gach ceann de na sruthchúrsaí atá pléite thíos curtha ar fáil i **gCuid 11.3.5** de **Caibidil 11, Hidreolaíocht**.

<u>Abhainn na Gaillimhe</u>

Déantar measúnú san NIS ar an bhféidearthacht go mbeadh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar Abhainn na Gaillimhe agus tá sé leagtha amach i **gCuid 8.4.3.1** thuas.

<u>Abhainn Thír Oileáin</u>

Ní bheidh tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar Abhainn Thír Oileáin. Mar a thugtar tuairisc air i **gCuid 11.3.5.5** de **Chaibidil 11, Hidreolaíocht**, ní bheidh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar chóras sreafa Abhainn Thír Oileáin agus ní bheidh aon tionchar inbhraite aige ar cháilíocht uisce. Mar thoradh ar na Bearta um Fóirithinte Tuilte atá beartaithe ar an N83 tiocfaidh méadú beag ar leibhéil tuilte i gCainéal Abhann Thír Oileáin, mar gheall ar scaoileadh uiscí tuilte san abhantrach sin. Ní bheidh ach tionchar beag aige, áfach, ó thaobh tuilte in abhantrach Thír Oileáin mar gheall ar an stóráil fhairsing tuilte agus an áit mhór tuilte san abhantrach sin.

Agus an méid thuas á tógáil san áireamh, chomh maith leis an bhfíric go bhfuil Abhainn Thír Oileáin leasaithe go mór, go bhfuil droch-cháilíocht uisce inti agus go bhfuil luach íseal iascaigh air, ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar scála geografach ar bith.

***Díoga draenála (FW4)***

Is iad an t-aon líonra de dhíoga draenála atá suntasach sa chuid thoir den limistéar staidéir ná iad siúd a bhaineann leis an gcoimpléasc ghnáthóg bogaigh i Loch an Dúlaigh. Ní chaillfear ceann ar bith de na gnéithe sin mar thoradh ar oibreacha tógála ach tá baol ann go mbeadh éifeacht ag oibreacha tógála sa cheantar ar cháilíocht uisce agus dá bharr sin ar an bhfásra uisceach a dtugtar tacaíocht dó. Sa chuid thiar den limistéar staidéir, gnáthóg níos coitianta iad díoga draenála agus iad ag baint le teorainneacha ghoirt fhliucha féaraigh agus imill na mbloc iomaí de ghnáthóg fraoigh agus thalamh portaigh. I ndearadh na forbartha bóthair atá beartaithe tógtar san áireamh píobáin draenála agus struchtúir a choimeádfaidh na líonra draenála agus uisce dromchla ag feidhmiú, áit a bhfuil siad siúd trasnaithe ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Cé nach féidir cailliúint iarbhír na ndíog draenála a chainníochtú go hiomlán (mar gheall ar a nádúr séasúrach den chuid is mó), mar gheall ar an dóchúlacht go bhfuil líonraí fairsinge draenála ag gabháil leis na coimpléisc fhairsinge fraoigh, thalamh portaigh agus bogaigh sa cheantar áitiúil, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag aon chaillteanais a ghabhann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar láithreacht fhadtéarmach an chineál sin gnáthóige go háitiúil.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Riasc (GM1)***

Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear líon beag limistéar réisc ag Na Foraí Maola, an Chloch Scoilte agus an Caisleán Gearr atá comhionann le c.0.2ha. Is ionann sin agus thart ar 2.9% den chineál gnáthóige atá léarscáilithe laistigh de limistéar staidéir na scéime, céatadán ar dóchúil gur rómheastachán é ar mhéid iarbhír an chailliúint gnáthóige mar gheall ar an gcoimpléasc mór bogaigh atá taobh thall de agus suas an abhainn ó limistéar staidéir na scéime i gCúl an Oileáin agus i dTóin an Churraigh. Ní thagann ceann ar bith de na limistéir réisc mórthimpeall laistigh den ZoI um éifeachtaí féideartha hidreolaíocha nó hidrigeolaíocha.

Tá na paistí gnáthóige atá buailte beag, leithlisithe agus níl siad ina gcuid lárnach d’aon mhósáicí leathnádúrtha níos mó. Freisin níor thacaigh siad le haon phobail ná speicis neamhthipiciúla nó suntasacha phlanda. Baineann na limistéir móra réisc a taifeadadh le linn na suirbhéanna gnáthóige leis an gcoimpléasc bogaigh i gCúl an Oileáin agus tá siad siúd lasmuigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe. Mar sin, ó thaobh tionchar ar na limistéir sin a chaillfear ní dóchúil go mbeidh éifeacht acu ar láithreacht ná indéantacht fhadtéarmach an chineál sin gnáthóige go háitiúil.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1)***

Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.13.7ha d’fhéarach Tirim cailcreach/neodrach, agus c.1.55ha de mhósáic Féaraigh thirim chailcrigh/neodrach agus Scrobarnaí, a meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) ag baint leo. Is ionann sin, ar a mhéad, agus thart ar 8.4% den achar iomlán de ghnáthóg Féaraigh thirim chailcrigh/neodraigh atá taifeadta i limistéar staidéir na scéime. Bunaithe ar athbhreithniú ar ortafótagrafaíocht an cheantair áitiúil mórthimpeall (nach bhfuil clúdaithe sa léarscáil gnáthóige), áfach, is dóchúil go bhfuil achar i bhfad níos mó den chineál sin gnáthóige sa cheantar áitiúil agus is dóchúil gur rómheastachán é an 8.4% atá luaite ar chailliúint chéatadánach na gnáthóige.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Móinéir tirime agus gruaimhíní (GS2)***

Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.8.2ha de ghnáthóg móinéar tirim agus gruaimhíní a meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) ag baint leo. Is ionann sin agus thart ar 5.2% den achar iomlán de ghnáthóg féaraigh aigéadaigh atá taifeadta i limistéar staidéir na scéime. Bunaithe ar athbhreithniú ar ortafótagrafaíocht an cheantair áitiúil mórthimpeall

(nach bhfuil clúdaithe sa léarscáil gnáthóige), áfach, is dóchúil go bhfuil achar i bhfad níos mó den chineál sin gnáthóige sa cheantar áitiúil agus is dóchúil gur rómheastachán é an 5.2% atá luaite ar chailliúint chéatadánach na gnáthóige.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Féarach tirim-bogthais aigéadach (GS3)***

Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.7.81ha de ghnáthóg Féaraigh Aigéadaigh a meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) ag baint léi.

Tá achar an ghnáthóg Féaraigh Thirim-Bhogthais aigéadaigh a bheidh buailte go deo comhionann le thart ar 10.4% d’achar na gnáthóige sin atá taifeadta go háitiúil. Bheifí ag súil go mbeadh limistéir bhreise gnáthóige sa cheantar áitiúil, a ghabhann le himill ghnáthóg thalamh portaigh agus na goirt talmhaíochta ísealdéine bainistithe ó thuaidh agus siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chuid thiar den limistéar staidéir. Is dóchúil, áfach, go bhfuil na limistéir sin réasúnta beag bunaithe ar a mhéid agus a scaipeadh ar fud limistéar léarscáilithe na gnáthóige agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór acu ar chailliúint chéatadánach choibhneasta an chineál seo gnáthóige go háitiúil.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha sa ghnáthóg féaraigh Thirim-bhogthais aigéadaigh d’fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair, agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d’fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe timpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg féaraigh Thirim-bhogthais aigéadaigh le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

Mar sin, is dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo go háitiúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Féarach fliuch (GS4)***

Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.11.14ha de ghnáthóg féaraigh fhliuch a meastar go bhfuil Tábhacht Áitiúil (luach níos airde) ag baint léi. Is ionann sin agus thart ar 4.7% den achar iomlán de ghnáthóg féaraigh aigéadaigh atá taifeadta i limistéar staidéir na scéime. Bunaithe ar athbhreithniú ar ortafótagrafaíocht an cheantair áitiúil mórthimpeall (nach bhfuil clúdaithe sa léarscáil gnáthóige), áfach, is dóchúil go bhfuil achar i bhfad níos mó den chineál sin gnáthóige sa cheantar áitiúil agus is dóchúil gur rómheastachán é an 4.7% atá luaite ar chailliúint chéatadánach na gnáthóige.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Eanach agus riasc shaibhir (PF1)***

Tá an t-eanach Eanaigh agus réisc shaibhir ar Abhainn na Gaillimhe agus a bhaineann le Lochanna Chúil Each laistigh de cSAC Loch Coirib agus déantar iad a mheasúnú san NIS, nuair is infheidhme le QInna an cSAC. Níl aon tionchair dhíreacha ar an gcineál sin gnáthóige in cSAC Loch Coirib i gceist. Is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tionchar a imirt ar na córais screamhuisce agus uisce dromchla a thacaíonn le gnáthóga bogaigh in cSAC Loch Coirib.

Cé nach bhfuil aon tionchair dhíreacha ar Loch an Dúlaigh i gceist, d'fhéadfadh rith chun sruth ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn tógála dul i bhfeidhm ar cháilíocht screamhuisce agus ar an ngnáthóg eanaigh agus réisc shaibhir a ghabhann leis an gcoimpléasc bogaigh ansin. Tá Loch an Dúlaigh ar ghrádán suas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, ó thaobh shreabhadh screamhuisce, agus mar sin níl aon seans go mbainfeadh tionchair screamhuisce leis na limistéir sin den choimpléasc bogaigh a thacaíonn le gnáthóg eanaigh agus réisc shaibhir.

Mar chineál ghnáthóg Aguisín I tosaíochta, má tharlaíonn éifeachtaí diúltacha do stádas cháilíocht uisce Loch an Dúlaigh d'fhéadfadh go dtiocfadh meath ar an ngnáthóg eanaigh *Cladium* agus is dóchúil go mbeadh éifeacht iarmharach mhór aige sin, ar an scála geografach idirnáisiúnta.

***Eanach droch-chaighdeáin agus riasc (PF2)***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo thart ar 0.13h de ghnáthóg Eanaigh droch-chaighdeáin agus réisc. Freisin beidh tionchar díreach breise ó thaobh na hidrigeolaíochta i gceist ar an ngnáthóg eanaigh i gCnoc na Fosca (Ch. 7+800 go Ch. 7+975) mar thoradh ar ídiú screamhuisce agus mar gheall air sin beidh achar breise de c.0.27ha buailte go deo.

Tá an t-achar ghnáthóg Eanach droch-chaighdeáin agus réisc a bheidh buailte go deo comhionann le thart ar 18% d'achar na gnáthóige sin atá taifeadta go háitiúil agus luacháladh é go léir mar ghnáthóg a bhfuil tábhacht áitiúil (luach níos airde) ag baint leis. Bheifí ag súil go mbeadh limistéir bhreise gnáthóige sa cheantar áitiúil, a bhaineann leis na hachair fhairsinge de ghnáthóg thalamh portaigh ó thuaidh agus siar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chuid thiar den limistéar staidéir. Is dóchúil, áfach, go bhfuil na limistéir sin beag bunaithe ar a mhéid agus a scaipeadh ar fud limistéar léarscáilithe na gnáthóige agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór acu ar chailliúint chéatadánach choibhneasta an chineál seo gnáthóige go háitiúil.

D'fhéadfadh sil-leagan deannaigh i rith tógála fairsinge agus méid na n-éifeachtaí bóthair a mhéadú, agus cáilíocht na gnáthóige a mheathlú dá bharr. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg eanaigh droch-chaighdeáin agus réisc le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

Mar sin, is dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo go háitiúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

### *Coillearnach (measctha) leathanduilleach (WD1)*

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.4.25ha de choillearnach (measctha) leathanduilleach; atá comhionann le thart ar 18.8% d'acmhainn áitiúil an chineál sin gnáthóige. Is iad na blocanna is mó de choillearnach atá buailte in aice le bruach thiar Abhainn na Gaillimhe (Ch. 9+460 go Ch. 9+625) áit a gcaillfear bloc amháin de c.0.8ha agus bloc eile de c.1.55ha de choillearnach (tá an dara bloc choillearnach sin laistigh de cSAC Loch Coirib). Ó thaobh an tionchair fhéideartha in cSAC Loch Coirib pléitear déantar plé ar leithligh air sin i **gCuid 8.5.3.1**, faoin gceannteideal Limistéir atá Sannta go Náisiúnta mar Limistéir um Chaomhnú an Dúlra, agus san NIS.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha sa ghnáthóg coillearnaí d'fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair, agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe timpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg coillearnaí le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

Fiú má thógtar san áireamh an fhíric gur cuireadh go leor de na bloic choillearnaí, agus go leor aici ar chúiseanna taitneamhachta, is dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint (agus scoilteadh) méid chomh mór de choillearnach leathanduilleach ar stádas caomhantais na gnáthóige seo go háitiúil agus go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aige ar an scála geografach áitiúil.

### *Coillearnach measctha leathanduilleach/buaircíneach (WD2)*

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.0.03ha de ghnáthóg Choillearnach mheasctha buaircíneach/leathanduilleach ag Ch. 1+580, taobh le Bóthar Throscaigh (L5387). Tá sé sin ina chuid de bhloc beag coillearnaí (c.0.18ha) a bhaineann leis an áit chónaithe taobh leis. Ní scoiltfear an choillearnach mar gheall ar chailliúint na gnáthóige agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht aici ar láithreacht fhadtéarmach ná inmharthanacht an chineál sin gnáthóige go háitiúil, tá cúig bhloc eile de choillearnach mheasctha leathanduilleach/bhuaircíneach léarscáilithe i limistéar staidéir na scéime, atá comhionann le hachar iomlán de c.2.75ha.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

### *Coillearnach (measctha) buaircíneach (WD3)*

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo <0.01ha de ghnáthóg Coillearnaí measctha buaircíní ag Ch. 1+580, taobh le Bóthar Throscaigh (L5387). Tá sé sin ina chuid de bhloc beag coillearnaí (c.0.05ha) a bhaineann leis an áit chónaithe taobh leis. Ní scoiltfear an choillearnach mar gheall ar chailliúint na gnáthóige agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht aici ar láithreacht fhadtéarmach ná inmharthanacht an chineál sin gnáthóige go háitiúil.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2)***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.4.18ha de choillearnach Darach-fuinseoige-coill; a bhfuil an chuid is mó de suite in aice le Sráidbhaile Mhionlaigh. Is ionann sin agus thart ar 1.8% den achar iomlán de ghnáthóg Darach-fuinseoige-coill atá taifeadta i limistéar staidéir na scéime.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha sa ghnáthóg coillearnaí d’fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair, agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d’fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe timpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg coillearnaí le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

Cé go bhfuil an t-achar atá buailte go díreach réasúnta beag, mar gheall ar fhéidearthacht na dtionchar indíreach d’fhéadfadh go dtarlódh tionchair níos fadtéarmaí agus achar i bhfad níos mó buailte acu. Mar sin, is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo go háitiúil agus is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Scrobarnach (WS1)***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c21.12ha de Scrobarnach ar fud an limistéir staidéir; a dtarlóidh an chuid is mó di idir Bearna agus an Bealach. Is ionann sin agus thart ar 5.3% den achar iomlán de ghnáthóg scrobarnaí atá taifeadta i limistéar staidéir na scéime.

Bunaithe ar athbhreithniú ar ortafótagrafaíocht an cheantair áitiúil mórthimpeall (nach bhfuil clúdaithe sa léarscáil gnáthóige), áfach, is dóchúil go bhfuil achar i bhfad níos mó den chineál sin gnáthóige sa cheantar áitiúil agus is dóchúil gur rómheastachán é an 5.3% atá luaite ar chailliúint chéatadánach na gnáthóige. D’fhéadfadh sil-leagan deannaigh i rith tógála fairsinge agus méid na n-éifeachtaí bóthair a mhéadú, agus cáilíocht na gnáthóige a mheathlú dá bharr. Mar gheall ar fhairsinge an chineál sin gnáthóige go háitiúil, áfach, ní chuirfear stádas caomhantais na gnáthóige ar leibhéal áitiúil i mbaol. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg scrobarnaí le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

Mar sin, ní dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Fálta sceach (WL1)***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.7.8km d’Fhál sceach; a dtarlóidh an chuid is mó di sa chuid thoir den limistéar staidéir.

Cé nach bhfuil dóthain sonraí ann chun méid chailliúint an fhál sceach a chainníochtú i gcomhthéacs áitiúil, is dóchúil go mbeidh méid agus scaipeadh na gnáthóige go háitiúil buailte go fadtéarmach. Tógtar san áireamh, ach go háirithe, an fhíric go bhfuil Fálta sceach tearc nó nach bhfuil siad le fáil sa chuid is mó den limistéar staidéir mar gheall ar fhorleithne na mballaí cloiche mar theorannacha goir agus, sa chuid thiar de limistéar staidéir na scéime, mar gheall ar chúngach fairsing scrobarnaí orthu.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha d'fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair, agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe timpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg fhál sceach le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

Mar sin, is dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo go háitiúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

***Crannteorainneacha (WL2)***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo c.4km de Chrannteorainneacha fad na forbartha.

Cé nach bhfuil dóthain sonraí ann chun méid chailliúint Crannteorann a chainníochtú i gcomhthéacs áitiúil, is dóchúil go mbeidh méid agus scaipeadh na gnáthóige go háitiúil buailte go fadtéarmach; go háirithe nuair a thógtar san áireamh teirce crannteorainneacha aibí i limistéar an staidéir.

Dá dtabharfaí isteach trí thimpiste speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha d'fhéadfadh go méadófaí fairsinge éifeachtaí an bhóthair, agus go dtiocfadh meath ar cháilíocht na gnáthóige; rud a d'fhéadfadh tarlú mar thoradh ar eachtra truaillithe timpistigh nó sil-leagan deannaigh i rith tógála chomh maith. Ní dóchúil go mbeidh tionchar ag éifeachtaí cháilíocht aeir ar ghnáthóg crann teorann le linn oibriúcháin i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe ar chomhdhéanamh, éagsúlacht ná flúirse speicis phlanda.

Mar sin, is dóchúil go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo go háitiúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil.

### 8.5.5 Speicis phlandaí tearca agus cosanta

Níl aon speicis phlandaí atá tearc nó cosanta ag an dlí laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe. Níl aon speicis phlandaí atá tearc nó cosanta ag an dlí i láthair sna háiteanna iargúlta ón bhforbairt bóthair atá beartaithe.Níl aon tionchair tuartha.

### 8.5.6 Mamaigh

#### 8.5.6.1 Dobharchú

##### 8.5.6.1.1 Tionchair na Céime Tógála

Cé nach féidir a thuar an mbunóidh an Dobharchú láithreáin nua poill i ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe sula gcuirfear tús le hoibreacha tógála, d'fhéadfadh go dtarlódh sé sin agus tógadh an cás sin san áireamh sa straitéis mhaolaithe (féach ar **Chuid 8.6.7.1.1**).

***Cailliúint láithreáin póraithe/scíthe***

Bunaithe ar fhionnachtana na suirbhéanna allamuigh a rinneadh, ní raibh ós rud é nach raibh aon áiteanna póraithe ná áiteanna scíthe — láithreáin poill—laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe, ní chaillfear aon láithreáin poill mar thoradh ar oibreacha tógála.

***Cailliúint Gnáthóige***

I gcomhthéacs aibhneacha atá buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, tugadh taifead ar Dhobharchúnna ar Abhainn na Gaillimhe agus laistigh d'abhantrach Shruthán Thóin na Brocaí.

I gcomhthéacs chórais abhann, sa cháipéis Plean Freagartha Bagairtí Dobharchú Lutra *lutra* 2009-2011 (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2011), déantar gnáthóg talún Dobharchú a shainiú mar chrios 10m de ghnáthóg bhruachánach ar bhruacha na habhann. Ar gach sruthchúrsa atá trasnaithe ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, seachas Abhainn na Gaillimhe, beidh oibreacha tógála freagrach as cailliúint roinnt fásra bhruachánaigh; go príomha laistigh de lorg tógála an struchtúir trasnaithe (nó struchtúir sealadacha trasnaithe) ach freisin, i go leor cásanna, chun sruthanna éalaithe draenála chuig an líonra uisce dromchla a thógáil. Freisin caillfear gnáthóga srutháin nó caillfear go mór iad mar thoradh ar oibreacha tógála chun lintéir a chur isteach. Is iad na háiteanna is mó ina gcaillfear gnáthóg ná sruthchúrsaí ina bhfuil athailiniú srutháin beartaithe mar chuid den dearadh: Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí agus Sruthán Thóin na Brocaí.

Ar Abhainn na Gaillimhe, ní chaillfear aon ghnáthóg srutháin mar thoradh ar thógáil an struchtúr droichid atá beartaithe agus ní chaillfear go deo gnáthóg Dobharchú ar bhruach thiar ná thoir na habhann laistigh de 5m ó bhruach na habhann mar gheall ar thógáil an struchtúir. D'ainneoin sin is dóchúil go mbeadh gá roinnt fásra a ghearradh/a bhaint chun na hoibreacha tógála a éascú agus ar bhonn leanúnach mar chuid de na hoibreacha cothabhála a ghabhann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn oibriúcháin. Bheifí ag súil le roinnt éifeachtaí ar an bhfásra a bheidh fágtha faoi bhun an struchtúr droichid mar gheall ar éifeachtaí scáthaithe. Mar gheall ar thógáil na sruthanna éalaithe draenála chuig Abhainn na Gaillimhe, áfach, caillfear thart ar 3m de ghnáthóg bhruachánach ar gach bruach.

Maidir le cailliúint gnáthóg atá ar scála chomh beag, go comparáideach, i gcomhthéacs an acmhainn ghnáthóg srutháin agus bruachánach i ngach abhantrach uisce dromchla atá trasnaithe ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus a thacaíonn leis an Dobharchú, ní bheadh sé comhionann le laghdú mór ar mhéid an ghnáthóg Dobharchú atá ar fáil agus ní bheidh éifeacht aige ar chumas an daonra áitiúil Dobharchú é féin a chothú — fiú sa ghearrthéarma. Fiú i gcás go ndéanfaí tiontú páirteach go dromchlaí crua, ar nós áit a gcuirtear isteach lintéar coincréite réamhtheilge, is gnách don Dobharchú úsáid a bhaint as gnáthóga atá athraithe go mór laistigh de lintéir agus faoi bhun droichead.

Ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór ar an gcailliúint gnáthóige a bhaineann le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe ar stádas caomhantais an Dobharchú agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici, ar scála geografach ar bith.

***Meathlú gnáthóige - cáilíocht uisce***

I rith tógála, is féidir le rith chun srutha ag uisce dromchla atá éillithe agus/nó doirteadh trí thimpiste nó eachtra truaillithe i ngné uisce dromchla ar bith tionchar diúltach mór a imirt ar cháilíocht uisce agus dá bharr sin dul i bhfeidhm ar ghnáthóga uisceacha agus bogaigh sa timpeallacht ghlactha. Is féidir le heachtraí minice agus/nó fada truaillithe dul i bhfeidhm go mór agus go fairsing i gcóras abhann agus d’fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí móra fadtéarmacha acu.

Meastar, áfach, nach dóchúil go dtarlódh eachtra truaillithe den mhéid sin le linn tógála, agus dá dtarlódh nach mbeadh i gceist ach eachtra shealadach. D’ainneoin sin, tá cur chuige réamhchúramach á ghlacadh agus talamh slán á dhéanamh de go bhfuil baol éigin ó thaobh tionchar ar cháilíocht uisce agus teastaíonn bearta sonracha maolaithe chun an riosca a íoslaghdú níos mó; is é sin an riosca go mbeadh aon éifeacht inbhraite ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cháilíocht uisce i rith tógála.

Is féidir le meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí ar cháilíocht uisce dromchla i rith tógála dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais na gnáthóige seo agus is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar scála geografach áitiúil. Ceapadh bearta maolaithe chun cáilíocht uisce a chosaint le linn tógála (féach ar **Chuid 8.6.4**).

***Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne***

Mar gheall ar an gcur isteach fisiceach ar na cainéil srutháin/abhann agus na himill bhruachánacha a ghabhann leo scarfar gnáthóga abhann, go sealadach ar a laghad, i rith tógála. D’fhéadfadh go mbeadh sé sin freagrach as éifeacht bacainne ar leibhéal éigin i rith tógála, ar gach sruthchúrsa.

Ós rud é gur ainmhí oíche é an Dobharchú ó thaobh gnáthóige, áfach, agus gur gnách go ndéanfar oibreacha le linn gnáthuaireanta oibre le solas lae, bheifí ag súil go rachadh na Dobharchúnna atá i gceist i dtaithí ar an tírdhreach athraithe agus gur éifeacht shealadach a bheadh in aon éifeacht bacainne dá bharr sin (léigh thíos faoi chur isteach/dhíláithriú agus faoi dhul i dtaithí ag an Dobharchú ar chur isteach).

Ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag scaradh/éifeacht bacainne na n-oibreacha tógála ar dhaonra áitiúil an Dobharchú, fiú sa mheántéarma, agus ní dóchúil go mbeidh

éifeacht aige ar stádas caomhantais an speicis ná go mbeidh sé freagrach as éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach ar bith.

***Cur isteach/díláithriú***

Ní raibh aon áiteanna póraithe nó scíthe Dobharchú laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe. Mar sin, ní bheidh éifeacht ag na hoibreacha tógála ar láithreáin den sórt sin ó thaobh cur isteach nó díláithrithe.

Tugadh taifead ar go leor Dobharchúnna ar chonair Abhainn na Gaillimhe agus in abhantrach Shruthán Thóin na Brocaí, agus mar sin is féidir le láithreacht níos mó daoine agus/nó torann agus creathadh de thoradh na n-oibreacha tógála, Dobharchú atá ag taisteal nó ar thóir foráiste a dhíláithriú (go sealadach ar a laghad).

Tá aithne ar an Dobharchú mar ainmhí ar féidir leis cur suas le cur isteach ag daoine, trácht ar bhóithre san áireamh, ar chúinsí áirithe ((Bailey & Rochford, 2006, The Environment Agency, 2010, Irish Wildlife Trust, 2012). Feictear fianaise air sin sna comharthaí Dobharchú ar Abhainn na Gaillimhe trí Champas OÉ na Gaillimhe (féach ar **Fhíor 8.3.1** go **8.3.14**[64]), sa láithreán gníomhach poill don Dobharchú atá laistigh de 50m ó Dhroichead na gCúig Chéad agus i láithreacht an Dobharchú (láithreáin phoill san áireamh) in ionad uirbeach Chathair na Gaillimhe.

Ós rud é gur gnách go dtabharfar faoi oibreacha tógála le linn gnáthuaireanta oibre le solas lae agus gur gnách gur ainmhí oíche é an Dobharchú ó thaobh nóis, agus gur féidir leis an Dobharchú (i go leor cásanna) cur suas le leibhéil arda de láithreacht daoine agus cur isteach acu, ní mór an seans go mbeidh tionchar ag díláithriú Dobharchú óna ngnáthóg ar an daonra áitiúil Dobharchú. Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór ag cur isteach le linn tógála ar stádas caomhantais an speicis agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach air, ar scála geografach ar bith.

## 8.5.6.1.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne***

D'fhéadfadh go gcuirfí bac buan roimh ghluaiseacht an Dobharchú ar shruthchúrsaí atá trasnaithe ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe trí chur isteach lintéar nó struchtúr droichid nua. D'fhéadfadh sé sin tarlú ach go háirithe le linn tréimhsí de shreabhadh tulca nó tuilte, nuair a d'fhéadfadh méadú ar uisce agus ar ráta sreafa an struchtúr a fhágáil do-thrasnaithe don Dobharchú.

I gcás Droichead Abhainn na Gaillimhe mar atá beartaithe, ní thiocfaidh an tionchar sin chun cinn mar gur struchtúr aonréiseach é agus nach mbeidh tionchar

[64] Tá difríocht shoiléir idir leibhéil taifeadta de chomharthaí/ghníomhaíocht Dobharchú idir bruach iarthair agus oirthir Abhainn na Gaillimhe i gceantar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe mar atá beartaithe; is léir gur fearr leis an Dobharchú bruach thoir Abhainn na Gaillimhe seachas an bruach ar thaobh Champas Spóirt OÉ na Gaillimhe. Ní fios, áfach, an é an fáth leis sin ná go bhfuil an bruach thiar níos inrochtana don phobal (agus mar sin gur féidir níos mó cur isteach a bheith ansin, go háirithe mar gheall ar mhadraí), nó an nádúr oscailte an imill bhruachánaigh áit nach bhfaightear mórán fásra ar an mbruach thiar is cúis leis, nó b'fhéidir meascán den dá chúis.

aige ar an gcóras hidreolaíoch reatha ná ar fheidhmiú na tuilemhá (féach ar **Chaibidil 11, Hidreolaíocht**). Mar sin ní bheidh an daonra Dobharchú a bhaineann le hAbhainn na Gaillimhe (agus cSAC Loch Coirib dá bharr sin) buailte chuige sin. Ar gach sruthchúrsa eile, áfach, (cibé ach go n-úsáideann nó nach n-úsáideann an Dobharchú faoi láthair iad) tá baol ann go mbeadh éifeacht bhacainne ag an struchtúr trasnaithe.

Is féidir leis an éifeacht scartha/bhacainne gnáthóige ar an Dobharchú a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar dhaonraí áitiúla Dobharchú san fhadtéarma, agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht aici ar stádas caomhantais an speicis, agus is dóchúil go mbeadh sí freagrach as éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach áitiúil. Dearadh bearta maolaithe chun gluaiseacht trasna ag mamaigh a choimeád ar shruthchúrsaí a úsáideann an Dobharchú (féach ar **Chuid 8.6.7.1.2**).

***Cur isteach/díláithriú***

Mar a pléadh thuas, ó thaobh thionchair na tógála, is féidir leis an Dobharchú cur suas le cuid mhór cur isteach ó dhaoine agus ó thrácht. Mar sin má bhaineann aon chur isteach breise le hoibriú na forbartha bóthair atá beartaithe, ní mór an seans go mbeidh sé freagrach as aon chur isteach inbhraite/díláithriú Dobharchú óna ngnáthóg.

Is dóchúil go gcuirfeadh soilse saorga isteach ar mhamaigh oíche, ar nós an Dobharchú, dá gcuirfí in áiteanna bunaithe um pórú agus shealgaireacht (Rich & Longcore, 2005).

Cuirfear soilse ar fáil le haghaidh Fhaichí Imeartha nua OÉ na Gaillimhe atá beartaithe. Cé go bhfuil cead pleanála ann tuilsoilse a chur sna faichí imeartha atá ann anois taobh leis an abhainn, níl siad soilsithe faoi láthair. Níl aon pholl suite laistigh de nó in aice le limistéar an doirteadh solais ón soilse atá beartaithe i bhFaichí Imeartha nua OÉ na Gaillimhe. Ní chuirfidh an doirteadh solais an Dobharchú ó úsáid a bhaint as Abhainn na Gaillimhe um bheathú agus thaisteal.

Ní tharlóidh doirteadh solais i sruthchúrsa eile ar bith inar ndearnadh taifead ar an Dobharchú agus ní tharlóidh aon tionchair chuige sin.

Ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cur isteach ná díláithriú a bhaineann le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe ar stádas caomhantais an Dobharchú agus mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici, ar scála geografach ar bith.

***Meathlú gnáthóige - cáilíocht uisce***

Beidh pointí srutha éalaithe ann chuig gnéithe uisce dromchla ón líonra draenála bóthair le linn oibriúcháin. Cuimsíonn dearadh draenála atá beartaithe do phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe bearta um rialú truaillithe (ina measc tá idircheapairí peitril, bearta bogaigh agus eile ar nós SuDS) agus ina dhiaidh sin linnte insíothlaithe (áit a scaoiltear chun na talún) nó linnte maolaithe (áit a scaoilfear draenáil chuig an séarach uisce dromchla/stoirme atá ann faoi láthair), mar a chuirtear síos air go sonrach i g**Caibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

Ní bhaineann aon bhaol do cháilíocht uisce dromchla leis na codanna sin de dhraenáil bóthair atá le scaoileadh chun na talún. Ní mór an seans, fiú dá dtarlódh teagmhas truaillithe, rud nach dócha, go mbeadh aon tionchar inbhraite ag gnáthcháilíocht uisce oibriúcháin na sruthanna éalaithe draenála a scaoileann chuig an líonra uisce dromchla/draenála atá ann faoi láthair, ar cháilíocht uisce i sruthchúrsaí glactha. Déantar plé níos mine ar fheidhmiú agus éifeachtacht an dá ghné den líonra draenála bóthair atá beartaithe i **gCaibidil 11, Hidreolaíocht**.

Ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí ar cháilíocht uisce dromchla ar an daonra Dobharchú ná ar a stádas caomhantais agus mar sin ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar scála geografach áitiúil.

***Riosca mortlaíochta***

Mar gheall ar thabhairt isteach na forbartha bóthair atá beartaithe i dtírdhreach tuaithe, agus trasnaithe nua sruthchúrsa mar chuid di, méadófar go buan baol na n-imbhuailtí bóthair leis an Dobharchú; go háirithe áit ar tugadh taifead ar an Dobharchú (féach ar **Fhíor 8.3.1** go **8.3.14**). Tá heisceachtaí maidir leis sin ag baint le hAbhainn na Gaillimhe áit a bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe ardaithe os cionn na habhann agus na tuilemhá sa mhéid is nach mbeadh teacht ag an Dobharchú uirthi agus Tarbhealach Mhionlaigh atá ardaithe os cionn an turlaigh ag Ch. 10+320.

Cé nach féidir méid na héifeachta a chainníochtú, d'fhéadfadh go mbeadh baol méadaithe an imbhuailte freagrach as éifeachtaí fadtéarmacha ar dhaonraí Dobharchú go háitiúil, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar a stádas caomhantais áitiúil.

Is féidir le baol an imbhuailte don Dobharchú i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe bheith freagrach as éifeacht mhór dhiúltach dhóchúil, ar an scála geografach áitiúil. Ceapadh bearta maolaithe chun an tionchar féideartha sin a sheachaint (féach ar **Chuid 8.6.7.1.2**).

## 8.5.6.2 Ialtóga

Sa chuid seo den mheasúnacht tionchair pléitear le tionchair ar speicis ialtóige. Ar an gcéad dul síos, cuirtear síos ar na cineálacha éagsúla tionchair a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar gach speiceas ialtóige agus ansin pléitear leis na tionchair fhéideartha ar gach speiceas aonair.

### 8.5.6.2.1 Tionchair na Céime Tógála

***Cailliúint Fara***

Tá 15 fhoirgneamh a thacaíonn le 20 fara Ialtóige laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe (6 fhara don Ialtóg Shopránach (PBR177, 179, 196, 205, 255, 267), 1 fara don ialtóg fheascrach (PBR205) 1 fara d'Ialtóg fheascrach neamhaitheanta (PBR182), 7 bhfara don ialtóg fhadchluasach dhonn (PBR 183, 178, 179, 196, 204, 256, 267), 3 fhara don Chrua-ialtóg bheag (PBR178, 204, 210) agus dhá fhara ialtóige do speiceas neamhaitheanta (253, 270). Úsáideann

níos mó ná aon speiceas amháin d'ialtóg sé cinn de na struchtúir sin. I **bhFíor 8.18.1** go **8.21.1** taispeántar ionaid na bhfaraí sin.

Tá sé beartaithe ceithre cinn déag de na struchtúir sin a leagan (féach ar **Thábla 8.28** thíos). Coimeádfar ceann amháin de na 15 struchtúr fhara Ialtóige laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe (PBR241), beidh sé cosanta ó dhrochthionchair agus déanfar gnéithe fhara ialtóige a fheistiú don struchtúr. Leagfar aon struchtúr amháin (PBR183) ach coimeádfar foirgneamh amuigh chun críocha cúiteamh as cailliúint faraí eile.

**Tábla 8.28: Faraí ialtóige a bhainfear mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe**

| Neas. Slabhraíocht | Tagairt fara | Cineál fara |
|---|---|---|
| Ch. 5+550 | PBR267 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg Shopránach agus den Ialtóg fhadchluasach dhonn (ar dóchúil go mbeidh sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 8+600 | PBR256 | Foirgneamh. Fara máithreachais don ialtóg fhadchluasach dhonn. |
| Ch. 8+650 | PBR255 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg Shopránach (ar dóchúil go mbeidh sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 8+650 | PBR178 | Foirgneamh. Fara don chrua-ialtóg bheag. Bíonn ialtóga óga ann go deireanach sa séasúr máithreachais ach níl sé cruthaithe gur fara máithreachais atá ann. Cailliúint fhara máithreachais don Ialtóg fhadchluasach dhonn |
| Ch. 8+700 | PBR177 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg Shopránach (ar dóchúil go mbeidh sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 8+750 | PBR210 | Foirgneamh. Fara oíche don chrua-ialtóg bheag. |
| Ch. 10+050 | PBR179 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg Shopránach agus den Ialtóg fhadchluasach dhonn (ar dóchúil go mbeidh sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 11+400 | PBR253 | Foirgneamh. Fara um líon beag d'ialtóg neamhaitheanta (ar dóchúil go bhfuil sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 12+150 | PBR204 | Foirgneamh. Fara lae/oíche don Chrua-ialtóg bheag agus don Ialtóg Fhadchluasach Dhonn um líon beag ialtóg |
| Ch. 12+150 | PBR182 | Foirgneamh. Fara um líon beag d'Ialtóga Fheascracha neamhaitheanta (ar dóchúil go bhfuil sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 12+150 | PBR196 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg Shopránach agus den Ialtóg fhadchluasach dhonn (ar dóchúil go mbeidh sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 12+960 | PBR183 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg fhadchluasach dhonn (ar dóchúil go mbeidh sé |

| Neas. Slabhraíocht | Tagairt fara | Cineál fara |
|---|---|---|
| | | ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 15+100 | PBR205 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg Fheascrach agus den Ialtóg Shopránach (ar dóchúil go bhfuil sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 15+250 | PBR270 | Foirgneamh. Fara, seans go bhfuil sé tréigthe. Speiceas neamhaitheanta |

Leagfar 2 chrann (PTR48, PTR43) a bhfuil sé dearbhaithe go dtacaíonn siad le hialtóga (Ialtóg Leisler agus an Ialtóg Shopránach faoi seach) agus leagfar freisin 13 chrann eile ar mór an seans (catagóir 1) gur féidir leo tacú le hialtóga. I **bhFíor 8.16.1** go **8.16.15** taispeántar ionaid na gcrann sin.

Meastar go bhfuil na tionchair fhéideartha a bhaineann le cailliúint bhuan na 14 struchtúr fara sin, seachas faraí na Crua-ialtóige Bige, agus le cailliúint an 2 chrainn, mór ar leibhéal áitiúil mar go leagtar tábhacht orthu ar an leibhéal geografach áitiúil, bhí líon beag ialtóg ag baint úsáide as beagnach gach fara agus tugadh taifead ar na hialtóga céanna agus iad ag baint úsáide as láithreáin fhara eile ar fud limistéar an staidéar nach mbeidh buailte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

D’fhéadfadh go mbeadh na tionchair a bheidh ag cailliúint fharaí na Crua-ialtóige bige mór ar leibhéal náisiúnta mura nglacfaí bearta maolaithe. Deimhníonn an fhianaise atá ar fáil gur fara satailíte atá nasctha le Caisleán Mhionlaigh é an fara in Achadh an Churraigh (PBR178). Toisc go bhféadfadh go mbeadh struchtúr fisiceach an fhara i gCaisleán Mhionlaigh ag dul i léig seans gur ceann réasúnta nua sa líonra faraí é fara Achadh an Churraigh. Tá fara satailíte Achadh an Churraigh (PBR178) laistigh d’fhoirgneamh fo-optamach ó thaobh an chineál foirgnimh is fearr leis an speiceas seo agus seans go léiríonn an fhíric go bhfuil ialtóga á n-áitiú go bhfuil easpa deiseanna ialtóige níos fearr sa cheantar.

Mar sin mar gheall ar chailliúint Fhara na crua-ialtóige bige in Achadh an Churraigh (PBR178) agus cailliúint fara oíche eile don Chrua-ialtóg bheag ((PBR204, PBR210) ina gceantar sealgaireachta d’fhéadfadh go rachfaí i bhfeidhm go mór ar an gcrua-ialtóg bheag ar leibhéal geografach náisiúnta. Tá 18 ngné eile a bhfuil sé dearbhaithe gur faraí ialtóige iad suite gar do theorainn na forbartha atá beartaithe nó, i gcás Pluais an Chúipéara agus Caisleán Mhionlaigh, is eol go n-úsáidtear iad ag ialtóga a thrasnaíonn bealach na forbartha bóthair atá beartaithe.

I measc na bhfaraí sin tá faraí oíche don chrua-ialtóg bheag, faraí lae don Ialtóg shopránach agus don Ialtóg fheascrach, d’ialtóg Leisler agus fara máithreachais féidir don Ialtóg fhadchluasach dhonn. Tuartar gurb é an toradh a bheidh air sin ná éifeacht mhór dhóchúil ar scála geografach do gach ceann de na speicis sin, in éagmais maolaithe. I **dTábla 8.29** cuirtear síos ar na faraí sin.

Is iad PBR173 agus PBR154 amháin a meastar go bhfuil siad leochaileach do leibhéal mór de thionchair tógála. Meastar gur fara máithreachais é PBR173 don Ialtóg fhadchluasach dhonn agus is eol gur fara oíche agus fara lae ó am go chéile é PBR154 do líon beag Crua-ialtóg beag taobh le Bóthar Áth Cinn an N84. Tá na

faraí go léir eile siar ó theorainn na forbartha atá beartaithe nó tá siad in áiteanna inar lú an seans go gcuirfear oibreacha tógála don fhorbairt bóthair atá beartaithe isteach orthu.

Is é an speiceas is mó a d'fhéadfadh go mbeadh áiteanna fara á chailliúint aige ná daonra na hIaltóige sopránaí, arb é, mar a tharlaíonn, an ialtóg is coitianta atá le fáil sa tír agus a ndearnadh a thaifeadadh i mbeagnach gach áit thaifeadta i limistéir an staidéir.

Eascraíonn an tionchar ar dhaonra na Crua-ialtóige bige a chaillfear mar thoradh ar leagan ó chailliúint aonaid réadmhaoine amháin in Achadh an Churraigh (PBR178), fara satailíte do Chaisleán Mhionlaigh (PBR06) (nach mbeidh éifeacht ag na hoibreacha tógála air).

**Tábla 8.29: Faraí ialtóige atá taobh leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe nó arb eol go n-úsáideann ialtóga iad a thrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe**

| Neas. Slabhraíocht | Tagairt fara | Cineál fara |
|---|---|---|
| Ch. 1+600 | PBR225 | Foirgneamh. Tá faraí máithreachais féideartha don Ialtóg shopránach agus don Ialtóg dhonn fhadchluasach ann freisin |
| Ch. 4+500 | PBR139 | Foirgneamh. Fara um líon beag d'ialtóg Leisler |
| Ch. 7+400 | PBR49 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg Shopránach agus den Ialtóg fhadchluasach dhonn (ar dóchúil go mbeidh sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 8+150 | PBR173 | Foirgneamh. Cailliúint fhara máithreachais don Ialtóg fhadchluasach dhonn, fara beag |
| Ch. 0+50 Bóthar Ceangail N59 Ó thuaidh | PBR73 | Eaglais. Taifead stairiúil d'fhara Ialtóg Natterer |
| Ch. 9+375 | PBR06 | Caisleán Mhionlaigh. Fara máithreachais don Chrua-ialtóg bheag. Fara freisin d'Ialtóg Daubenton |
| Ch. 9+700 | PBR156 | Áirse geata. Fara oíche don Chrua-ialtóg bheag agus don Ialtóg fhadchluasach dhonn |
| Ch. 10+050 | PBR219 | Gné aolchloiche. Fara oíche don Chrua-ialtóg bheag |
| Ch. 10+700 | PBR129 | Foirgneamh. Fara oíche don chrua-ialtóg bheag |
| Ch. 10+700 | PBR85 | Foirgneamh. Fara oíche don chrua-ialtóg bheag |
| Ch. 12+150 | PBR154 | Foirgneamh. Fara oíche don chrua-ialtóg bheag |
| Ch. 13+000 | PBR145 | Foirgneamh. Cailliúint fhara máithreachais don Ialtóg fhadchluasach dhonn, fara beag |
| Ch. 13+000 | PBR153 | Foirgneamh. Fara oíche/lae don chrua-ialtóg bheag |
| Ch. 13+600 | PBR192 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg |

| Neas. Slabhraíocht | Tagairt fara | Cineál fara |
|---|---|---|
| | | fhadchluasach dhonn (ar dóchúil go mbeidh sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 13+900 | PBR228 | Foirgneamh. Fara um líon beag den Ialtóg Fheascrach (ar dóchúil go bhfuil sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 14+450 | PBR242 | Foirgneamh. Fara um líon beag d’Ialtóga Fheascracha neamhaitheanta (ar dóchúil go bhfuil sé ina fhara idirthréimhse/ócáideach) |
| Ch. 13+000 | PBR54 | Foirgneamh. Fara lae/oíche do líon beag den Chrua-ialtóg bheag. Tá an fara sin nasctha le fara Chaisleán Mhionlaigh agus le Pluais an Chúipéara |
| Ch. 13+100 | PBR112 | Pluais an Chúipéara. Fara lae/oíche do líon beag den Chrua-ialtóg bheag. Cúpláil, samhradh agus hibernacula. Tá an fara sin nasctha le Caisleán Mhionlaigh agus trasnaíonn ialtóga an fhorbairt bóthair atá beartaithe i go leor áiteanna agus iad ag bogadh idir an dá háit |

Tá go leor éagsúlachta i gceist leis na tionchair fhéideartha ar na faraí sin mar go mbraitheann siad ar an méid nasc idir an fara agus an t-ailíniú bóthair beartaithe, le méid an scartha ó thaobh gnéithe nasctha, éifeachtaí féideartha an doirteadh solais etc. Mar sin pléitear leis na tionchair sin sna rannáin ábhartha thíos. Tugtar sonraí faoi mhaolú chun ialtóga a chosaint agus fara á mbaint i **gCuid 8.6.7.2.1**.

***Cailliúint Gnáthóige***

Braitheann ialtóga ar ghnáthóga oiriúnacha leathnádúrtha a thacaíonn leis an gcreach feithide a mbíonn siad ag ithe. Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear gnáthóga den sórt sin a úsáideann gach speiceas ialtóige sa limistéar staidéir um bheathú. Léiríodh sna staidéir ar go leor speiceas éagsúil mar chuid de bhailiú sonraí bonnlíne go n-úsáideann ialtóga freisin gnáthóga níos oscailte mar fhéarach, fraochmhá oscailte agus gairdíní bruachbhaile. Mar sin, níl mórán áiteanna laistigh de dhromchla na forbartha bóthair atá beartaithe a meastar nach bhfuil siad oiriúnach d’ialtóga. Bheadh siad siúd srianta go hionaid ina dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe príomhbhóithre agus ina gceanglaíonn sí leis an débhealach atá ann cheana féin in aice le hÓrán Mór. D’fhéadfadh go n-úsáideann ialtóga na háiteanna eile go léir.

Beidh drochéifeacht ag cailliúint dhíreach na ngnáthóg foráiste ar na hialtóga a bhí ag úsáid na n-áiteanna sin mar is ionann é agus cailliúint acmhainní beathaithe. Áit a bhfuil na hacmhainní beathaithe sin gar d’fharaí d’fhéadfadh go rachadh úsáid na bhfaraí sin i léig toisc gur gnách d’ialtóga beathú in aice leis an bhfara go háirithe sula mbíonn ceann óg acu nuair is gá dóibh fuinneamh a shábháil. Bailíodh sonraí eolaíochta agus mar sin socraíodh méid an ghnáthóg foráiste a úsáideann na Crua-ialtóga beaga a bhíonn ag faireadh i gCaisleán Mhionlaigh. I gcás faraí dearbhaithe eile, áfach, ní féidir ach méid na ngnáthóg foráiste a mheas. Aimsíodh sonraí eolaíochta faoi mheánmhéid na n-áiteanna foráiste do gach speiceas sa litríocht taighde agus baineadh úsáid as chun limistéir lárnacha dhóchúla um foráiste a aithint do na speicis eile ialtóige.

D'fhoilsigh an UK Bat Conservation Trust (BCT) torthaí taighde faoi aithint Criosanna Lárnacha Beatha (CSZCSZanna) do gach speiceas éagsúil ialtóige. Tagraíonn CSZ don limistéar atá timpeall fara ialtóige comhroinnte ina mbeidh tionchar mór ag fáil agus cáilíocht gnáthóige ar "dianseasmhacht agus stádas caomhantais" na coilíneachta a úsáideann an fara. Sonraítear i dtreoir 2016:

"*Ó thaobh pleanála agus forbartha is é an crios lárnach beatha:*

- *An limistéar timpeall an fhara inar féidir talamh slán a dhéanamh de go mbeidh tionchar ag obair forbartha ar thaisteal agus ar ghnáthóg foráiste na n-ialtóg sin a úsáideann an fara, in éagmais eolais faoin iompar foráiste sa cheantar áitiúil. Tarraingeoidh sé sin aird ar an ngá le teicnící suirbhé sonrach do speiceas áit is gá.*
- *An limistéar nach mór a chinntiú trí mheán beart maolaithe laistigh de nach dtiocfaidh aon ghlanlaghdú ar cháilíocht ná fháil gnáthóg foráiste don choilíneacht, i dteannta le bearta maolaithe a léirítear go bhfuil gá leo tar éis suirbhé éiceolaíoch a dhéanamh."*

Tá an crios lárnach beatha do speicis ialtóige na hÉireann liostaithe thíos i **dTábla 8.30** agus comhartha tugtha ar an leibhéal muiníne a ghabhann le méid an chreasa.

**Tábla 8.30: Faraí ialtóige atá taobh leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus CSZ**

| Speiceas | Ga CSZ (km) | Muinín as méid an chreasa |
|---|---|---|
| An Chrua-ialtóg bheag. | 2-3 | Go maith: Meastar gurb é méid an CSZ i gcomhthéacs an fhara i gCaisleán Mhionlaigh agus i bPluais an Chúipéara ná 3km (meán-uasfhad foráiste 2.93km i mí Lúnasa 2014, 3.39km i mí Lúnasa 2014, 2.86km i mí Bealtaine 2015). Rinneadh é sin a ríomh agus úsáid á baint as na cuir chuige chéanna atá leagtha amach i dtreoir CSZ.<br>I gcomhthéacs faraí lae eile cuireadh an CSZ de 2km i bhfeidhm. |
| An ialtóg fhadchluasach dhonn | 3 | Go dona. Níl aon sonraí faoin meán-uasfhad idir an fara agus na háiteanna foráiste ar fáil sa litríocht. Ina theannta sin, tá an meán ualaithe ríofa (bunaithe ar líon na n-ialtóg a úsáideadh chun an CSZ a ríomh) (3.45km) díreach faoi bhun na tairsí ina ndearnadh slánú síos air chun méid CSZ de 3km a thabhairt.<br>Meastar go bhfuil CSZ neasach na hIaltóige Doinne Fadchluasaí a ndearnadh staidéar uirthi i rith rianú raidió in 2014 níos lú ná ga 4km (ba é an t-uasfhad foráiste ná 4.07km ach níor tharla bailiú sonraí ach i gcaitheamh 2 lae). Ós rud é nár rianaíodh ach aon ialtóg amháin, baineadh úsáid as an fad molta CSZ de 3km. |
| Ialtóg Daubenton | 4 | Go dona. Níl aon sonraí faoin meán-uasfhad idir an fara agus na háiteanna foráiste ar fáil |

| Speiceas | Ga CSZ (km) | Muinín as méid an chreasa |
|---|---|---|
| | | sa litríocht. Ina theannta sin, tá an meán ualaithe ríofa (bunaithe ar líon na n-ialtóg a úsáideadh chun an CSZ a ríomh) (3.5001km) díreach os cionn na tairsí ina ndearnadh slánú suas air chun méid CSZ de 4km a thabhairt.<br>Le huasfhaid fhoráiste na n-ialtóg Daubenton a ndearnadh staidéar orthu léiríodh nach bhfuil ach áit theoranta um beathú laistigh de dhromchla Abhainn na Gaillimhe suas go 2.5km ón bhfara. Mar gheall ar líon beag na n-ialtóg a ndearnadh anailís orthu baineadh úsáid as an bhfad CSZ de 4km a mholann an BCT. |
| Ialtóg Natterer | 4 | Go maith. Ríomh bunaithe ar mhéid réasúnta sampla ó choilíneachtaí agus staidéir iolracha. |
| An Ialtóg ghiobach | 1 | Go dona. Sonraí ar fáil ó choilíneachtaí iolracha ach níl siad ar fáil le haghaidh staidéir shingil ar M. mystacinus. |
| An Ialtóg fheascrach | 2 | Measartha. Sonraí ar fáil ó choilíneachtaí iolracha ach níl siad ar fáil le haghaidh staidéir shingil. |
| An Ialtóg shopránach | 2 | Go maith. Ríomh bunaithe ar mhéid réasúnta sampla ó choilíneachtaí agus staidéir iolracha. |
| Ialtóg Shopránach Nathusius | 3 | Go dona. Ríomh bunaithe ar mhéid beag sampla. |
| Ialtóg Leisler | 4 | Go dona. Ríomh bunaithe ar mhéid beag sampla. |

Tugadh crios CSZ de 3km d’ialtóga neamhaitheanta atá comhionann le meánmhéid na ngathanna CSZ thuas.

Le haghaidh gach fara dearbhaithe a aithníodh i rith na suirbhéanna allamuigh, ríomhadh an cion den CSZ a chaillfear mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe (féach ar **Aguisín E** chun na sonraí a fháil). Cé gur fad ilchineálach gathach ón bhfara atá i gceist leis an CSZ, i roinnt cásanna ní mheasfaí an ghnáthóg sin go léir mar ghnáthóg oiriúnach foráiste d’ialtóga mar gur chuimsigh sí talamh a ndearnadh tógáil air áit nach bhfuil mórán gnáthóg oiriúnach chun acmhainní foráiste a chur ar fáil. Mar sin ní bhainfidh ialtóga úsáid as an CSZ go léir; roghnóidh siad na háiteanna is mó ina bhfuil acmhainní le hithe. Ní dhearnadh limistéir den sórt sin a d’fhéadfadh a bheith mí-oiriúnach laistigh de lorg coise na forbartha bóthair atá beartaithe a bhaint de na CSZanna le haghaidh gach fara, áfach, agus mar sin tugadh an cás ba mheasa um measúnú tionchar. Níor cuimsíodh CSZanna timpeall faraí oíche san áireamh san anailís seo mar bíonn na faraí sin le fáil laistigh de CSZ an fhara lae a ghabhann leis.

Cuirtear síos ar méid tábhachta chailliúint na ngnáthóg sin ó thaobh tionchar ar fharaí aonair agus ansin ar na patrúin d’fhoráiste ialtóige mar a thugtar le tuiscint óna sonraí faoi ghníomhaíocht ialtóige.

Tá sé tábhachtach a thabhairt faoi deara nach gcuirtear san áireamh sa chailliúint chéatadánach achair laistigh den CSZ aon éifeachtaí bacainne breise a bhaineann leis an mbóthar a d’fhéadfadh ialtóga a choimeád ó áiteanna foráiste a bhaint amach ar an taobh eile den fhorbairt bóthair atá beartaithe. I dtaighde de chuid Berthinussen agus Altringham (2012a, 2012b, 2015) aithníodh laghduithe ar scála tírdhreacha ar ghníomhaíocht agus éagsúlacht ialtóige mar thoradh ar thógáil fhorbairtí bóthair sa RA. Cé gur léiríodh go soiléir éifeachtaí bacainne agus scaradh chonair eitilte, níl na cúiseanna le díláithriú na ialtóg ó imill dhromchla na forbartha bóthair atá beartaithe chomh soiléir. (Féach freisin Bontadina et al. (2002), Reiter et al., (2013), CALTRANS (Iúil 2016): Technical Guidance for the Assessment and Mitigation of the Effects of Traffic Noise and Road Construction Noise on Bats, Luo et al., (2015)).

Mar sin seo a leanas na gnéithe a raibh tionchar acu ar scála tábhachta an chailliúint gnáthóige le linn tógála:

- nádúr an fhara (fara idirthréimhse/ócáideach a úsáidtear anois is arís ag líon beag ialtóg i gcomparáid le faraí máithreachais um líon mór ialtóg)
- Taifead ar ialtóga laistigh den CSZ a chomharthaíonn comhchruinniú beathaithe laistigh den CSZ a d’fhéadfadh a thabhairt le tuiscint go bhfuil áiteanna áirithe níos tábhachtaí ná áiteanna eile
- Cion d’ialtóg oiriúnach laistigh den CSZ
- An fhéidearthacht go mbeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe ina bacainn roimh na codanna eile den CSZ a bhaint amach (i.e. cé go bhféadfadh nach gcaillfí ach méid an-bheag den CSZ, d’fhéadfadh nach mbeadh ialtóga in ann é a bhaint amach agus dá bharr sin d’fhéadfadh nach mbeadh cion níos mó den CSZ ar fáil)

I **dTábla 8.31** cuirtear síos ar scála cailliúna na ngnáthóg laistigh den CSZ teoiriciúil do gach fara ialtóige laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Cuirtear síos i **dTábla 8.32** ar scála an chailliúint gnáthóige a bhaineann le faraí gnáthóige nach mbainfear mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

**Tábla 8.31: Méid an chailliúint dhíreach gnáthóige laistigh den chrios lárnach beatha teoiriciúil a bhaineann leis na faraí laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe (*tógtar san áireamh an fhíric go bhfuil c.10ha de ghnáthóg foráiste á coimeád mar atá laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe i Mionlach)**

| Neas. Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ | % de CSZ | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| Ch. 3+320 | PBR241<br>(Foirgneamh le coimeád) | Ialtóga Sopránacha | 37ha | 2.95% | Cuimsíonn an CSZ Coillte Bhearna ar an taobh thall den bhóthar cé go bhféadfadh go mbeadh rochtain scartha ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tugadh taifead ar an speiceas sin san iarthuaisceart áit a bhfuil gnáthóg mhaith foráiste ar fáil. Ní dóchúil go mbeidh gnáthóg ina fachtóir teorainnaithe sa cheantar.<br>Mar gheall ar mhéid beag an fhara, fáil ghnáthóg oiriúnach foráiste agus easpa fianaise ar scaradh phríomhghnéithe fara is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an tionchar sin ar scála geografach áitiúil amháin. |
| Ch. 5+550 | PBR267 | Ialtóga Sopránacha<br>Ialtóga Fadchluasacha Donna | 46ha<br>79ha | 3.66%<br>2.79% | Cuimsíonn an CSZ cion mór (measta ag >30%) de thalamh a bhfuil tógáil déanta uirthi nach dóchúil gur cuid den CSZ í. Tugadh taifead ar ialtóga donna fadchluasacha i 3 háit eile ó thuaidh agus ó dheas áit a bhfuil gnáthóg mhaith foráiste ar fáil. Ní dóchúil go mbeidh gnáthóg ina fachtóir teorainnaithe sa cheantar.<br>Mar gheall ar mhéid beag an fhara, fáil ghnáthóg oiriúnach foráiste agus easpa fianaise ar scaradh phríomhghnéithe fara is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an tionchar sin ar scála geografach áitiúil amháin. |
| Ch.8+600 | PBR256 | Ialtóga Fadchluasacha Donna (máithreachas) | 100ha* | 3.54% | Cuimsíonn an CSZ meascán de thírdhreacha bruachbhaile, de thírdhreacha uirbeacha tiubha agus de thírdhreacha tuaithe. Tá cion mór d'achar an CSZ nach bhfuil mórán oiriúnachta ag gabháil leis agus tá sé sin ó dheas (ar an taobh thall) den fhorbairt bóthair atá beartaithe). Ní fhaightear mórán taifead den speicis sin ó dheas den bhóthar agus mar sé sin tuartar gur dóchúil go mbraitheann ialtóga san |

| **Neas. Slabhraíocht** | **Tagairt fara** | **Speiceas** | **Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ** | **% de CSZ** | **Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | fhara sin ar na bruachbhailte áitiúla faoi chrainn in Eachadh an Churraigh, i Glenlo Abbey agus i Sráidbhaile Mhionlaigh agus ní dóchúil go mbainfidh siad úsáid as dromchla neamhshoilsithe Abhainn na Gaillimhe chun bogadh trasna an tírdhreacha áitiúil. Is dóchúil go bhfuil éifeacht bhacainne ag gabháil le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ó thaobh gluaiseachtaí rialta mar go bhfuil sé soilsithe ag soilse anuas ar chuaillí. Freisin beidh ialtóga in ann úsáid a bhaint as dromchla neamhshoilsithe Abhainn na Gaillimhe le linn tógála.<br><br>Ar an iomlán, is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ar leibhéal geografach áitiúil ag tionchar an chailliúint gnáthóige ós rud é go mbeidh na hialtóga sin in ann úsáid a bhaint as an gcuid is mó de ghnáthóga oiriúnacha sa CSZ atá ar fáil dóibh faoi láthair. |
| Ch. 8+620 | PBR178 | An Chrua-ialtóg bheag.<br><br>Ialtóga fadchluasacha donna | 64ha*<br><br>101ha* | 5.1%<br><br>3.57% | An Chrua-ialtóg bheag: Sna staidéir rianú raidió a rinneadh níor tugadh taifead ar úsáid an fhara sin ar cheann ar bith de na faraí clibeáilte agus mar sin ní féidir a rá le cinnteacht go n-úsáideann na hialtóga seo na háiteanna foráiste céanna is a úsáideann na hialtóga ó Chaisleán Mhionlaigh/Phluais an Chúipéara. Bheadh sé réasúnta, áfach, talamh slán a dhéanamh de gur fearr leo gnáthóga cosúla a bhfuil ina measc coillearnach, scrobarnach, gairdíní bruachbhaile agus bogaigh. Is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ar scála geografach áitiúil ag cailliúint na ngnáthóg sin le haghaidh aon ialtóg atá fágtha, mar go bhfuil an chuid is mó den ghnáthóg oiriúnach laistigh den CSZ ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. D'ainneoin go leor staidéar i gCampas OÉ na Gaillimhe ó dheas den bhóthar, is cosúil nach bhfuil mórán taifead ar an gCrua-ialtóg bheag ansin agus b'fhéidir go bhfuil siad teoranta ag an tírdhreach oscailte agus éifeachtaí an tsoilsithe phoiblí in aice leis. |
| Ch. 8+650 | PBR255 | Ialtóga Sopránacha | 64ha* | 5.1% | Cuimsíonn an CSZ meascán de thírdhreacha bruachbhaile, de thírdhreacha uirbeacha tiubha agus de thírdhreacha tuaithe. Tá cion |

| **Neas. Slabhraíocht** | **Tagairt fara** | **Speiceas** | **Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ** | **% de CSZ** | **Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | mór d'achar an CSZ nach bhfuil mórán oiriúnachta ag gabháil leis agus tá sé sin ó dheas (ar an taobh thall) den fhorbairt bóthair atá beartaithe). Ní fhaightear mórán taifead den speicis sin ó dheas den bhóthar agus mar sé sin tuartar gur dóchúil go mbraitheann ialtóga san fhara sin ar na bruachbhailte áitiúla faoi chrainn in Eachadh an Churraigh, i Glenlo Abbey agus i Sráidbhaile Mhionlaigh agus ní dóchúil go mbainfidh siad úsáid as dromchla neamhshoilsithe Abhainn na Gaillimhe chun bogadh trasna an tírdhreacha áitiúil. Ní dóchúil go bhfuil éifeacht bhacainne ag gabháil le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ó thaobh gluaiseachtaí rialta mar go bhfuil an speiceas sin taifeadta ar an dá thaobh. Freisin beidh ialtóga in ann úsáid a bhaint as dromchla neamhshoilsithe Abhainn na Gaillimhe le linn tógála.<br><br>Ar an iomlán, is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ar leibhéal geografach áitiúil ag tionchar an chailliúint gnáthóige ós rud é go mbeidh na hialtóga sin in ann úsáid a bhaint as an gcuid is mó de ghnáthóga oiriúnacha sa CSZ atá ar fáil dóibh faoi láthair agus nach mbraitheann siad ar an limistéar tógála a thrasnú chun áiteanna foráiste a bhaint amach. |
| Ch. 8+700 | PBR177 | Ialtóga Sopránacha | 65ha* | 5.18% | Cuimsíonn an CSZ meascán de thírdhreacha bruachbhaile, de thírdhreacha uirbeacha tiubha agus de thírdhreacha tuaithe a d'fhéadfadh an speiceas seo iad go léir a úsáid. Tá cion mór d'achar an CSZ nach bhfuil chomh hoiriúnach agus tá sé sin ó dheas (ar an taobh thall) den fhorbairt bóthair atá beartaithe. Tugadh taifead ar an speiceas sin go forleathan ar fud an CSZ teoiriciúil. Ní dóchúil faoi láthair go bhfuil éifeacht bhacainne ag gabháil le Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 ó thaobh gluaiseachtaí rialta mar go bhfuil an speiceas sin taifeadta. Freisin beidh ialtóga in ann úsáid a bhaint as dromchla neamhshoilsithe Abhainn na Gaillimhe le linn tógála.<br><br>Ar an iomlán, is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ar leibhéal |

| **Neas. Slabhraíocht** | **Tagairt fara** | **Speiceas** | **Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ** | **% de CSZ** | **Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | geografach áitiúil ag tionchar an chailliúint gnáthóige ós rud é go mbeidh na hialtóga sin in ann úsáid a bhaint as an gcuid is mó de ghnáthóga oiriúnacha sa CSZ atá ar fáil dóibh faoi láthair agus nach mbraitheann siad ar an limistéar tógála a thrasnú chun áiteanna foráiste a bhaint amach. |
| Ch. 10+050 | PBR179 | Ialtóga Sopránacha<br><br>Ialtóga fadchluasacha donna | 75ha<br><br>116ha | 5.97%<br><br>4.1% | Cuimsíonn an CSZ don dá speiceas Abhainn na Gaillimhe ar cosúil gur gné thábhachtach í d'ialtóga agus ní bheidh sí buailte ó thaobh chailliúint gnáthóige ná a feidhm mar dhromchla chun bealach chuig áiteanna foráiste eile a cheadú. Ó thaobh chailliúint na ngnáthóg foráiste in aice leis an bhfara is cion mór é dá bhfuil suite sa cheantar mórthimpeall agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an gcailliúint a bheidh níos mó ná éifeacht ar an scála geografach áitiúil. Beidh deiseanna foráiste ar fáil fós ar an dá thaobh den fhorbairt bóthair atá beartaithe díreach taobh leis an líne fáil don dá speiceas agus mar sin má tharlaíonn éifeacht bhacainne de thoradh na tógála ní dóchúil go gcuirfidh an éifeacht sin le laghdú ar fhoráiste gar don bhóthar. |
| Ch. 11+400 | PBR253 | Ialtóga neamhaitheanta | 122ha (CSZ de gha 3km) | 4.32% | Tá an CSZ láraithe os cionn Chairéal Leacaigh áit nach bhfuil mórán gnáthóg oiriúnach beatha ar fáil ach is léir, mar a thugtar le fios ag rianú raidió agus úsáid brathadóirí nach rabhthas ag freastal orthu, go raibh an áit in úsáid ag seacht speiceas ialtóige. D'fhéadfadh go mbeadh coinníollacha maithe beathaithe le fáil sna limistéir d'uisce oscailte agus san fhoscadh a thugtar ag ballaí an chairéil. I limistéar na forbartha bóthair atá beartaithe bainfear úsáid as an limistéar cairéil go léir le linn tógála ach is féidir le topagrafaíocht an chairéil "treoracha" líneacha a chur ar fáil trasna an limistéir thógála.<br><br>Ós rud é nach dóchúil go bhfuil líon mór ialtóg san fhara féin, is dóchúil nach bhfuil an fara ag brath ar an ngnáthóg atá díreach mórthimpeall. Mar sin, ní dóchúil go mbeidh cailliúint na gnáthóige |

| Neas. Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ | % de CSZ | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | freagrach as éifeacht dhiúltach a bheidh níos mó ná éifeacht ar an scála geografach áitiúil. |
| Ch. 12+150 | PBR204 | Crua-ialtóga beaga<br><br>Ialtóga fadchluasacha donna | 76ha (CSZ gha 2km)<br><br>126ha | 6.05%<br><br>4.46% | Is iad na háiteanna atá díreach timpeall an fhara ná na tithe cónaithe scoite agus aonaid réadmhaoine eile a thugann aghaidh ar Bhóthar Áth Cinn an N84. Meastar go bhfuil oiriúnacht mheasartha don dá speiceas ag baint leis na gnáthóga mórthimpeall ach gur fearr iad ó thuaidh seachas ó dheas i dtreo na cathrach. Ní dóchúil go gcaillfear acmhainní foráiste mar gheall ar chailliúint na gnáthóige mar go mbeidh gnáthóga ó thuaidh inrochtana fós. Aithníodh an chuid sin, áfach, mar ionad ina dtrasnaíonn An Chrua-ialtóg bheag leithead an ailínithe agus mar sin dá gcaillfí na gnáthóga nasctha d'fhéadfadh go gcuirfí srian ar ghluaiseachtaí le haghaidh cuid de na gnáthóga ó fharaí Chaisleán Mhionlaigh/Phluais an Chúipéara. D'fhéadfadh go mbeadh an éifeacht bhacainne sin freagrach as tionchar féideartha atá tuartha le bheith mór ar scála geografach Náisiúnta in éagmais maolaithe mar gheall ar thábhacht an ionaid trasnaithe sin don Chrua-ialtóg Bheag san áit sin. Is dóchúil mar gheall ar an tionchar sin ar Ialtóga fadchluasacha donna go dtarlóidh éifeacht mhór dhiúltach ar scála geografach áitiúil mar gheall ar láithreacht níos forleithne an speicis sin sa CSZ mar atá tugtha le tuiscint ag na torthaí suirbhé eile. |
| Ch. 12+150 | PBR182 | Ialtóga Sopránacha neamhaitheanta | 126ha | 4.46% | Níor measadh gurbh fara gníomhach é an fara sin agus níor aimsíodh ach dhá chac agus mar sin is dóchúil gurb é an toradh a bheidh ar éifeachtaí an chailliúint gnáthóige maidir leis an bhfara seo ná, ar a mhó, éifeacht mhór dhiúltach ar scála geografach áitiúil. |
| Ch. 12+150 | PBR196 | An Ialtóg Shopránach<br><br>Ialtóga fadchluasacha donna | 78ha<br><br>126ha | 6.21%<br><br>4.46% | Óstálann an fara seo aon ialtóg amháin nó líon beag den dá speiceas Cuimsíonn an CSZ teoiriciúil stráicí ó Abhainn na Gaillimhe san iarthar go Ráschúrsa na Gaillimhe san oirthear agus cuimsíonn sé gnáthóga atá an-oiriúnach sa chuid thuaidh agus timpeall Lochanna Chúil Each den chuid is mó. I ndáiríre, ní chuimsíonn an CSZ na |

| Neas. Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ | % de CSZ | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | limistéir de thalamh fhorbartha is mó ina bhfuil tógáil déanta ó dheas agus is dócha go gcuimsítear Loch an Dúlaigh agus a líonra fálta sceach. Ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint an fhara agus na ngnáthóg laistigh den CSZ áitiúil ar dhaonra áitiúil an dá speicis a mbeidh neart gnáthóg foráiste ar fáil dóibh go fóill. Freisin is lú an seans go mbeidh siad buailte go mór ag na héifeachtaí bacainne a bhaineann leis an gcailliúint gnáthóige mar gheall ar líon beag na n-ialtóg atá i gceist. |
| Ch. 12+960 | PBR183 | Ialtóga fadchluasacha donna | 118ha | 4.17% | Bhí na gnáthóga ba ghaire don fhara measta idirthréimhse/ócáideach nó oíche don speiceas réasúnta oscailte agus níor measadh go raibh siad optamach mar ghnáthóg beatha don speiceas seo. Bheifí ag súil nach mbeadh tailte siar ó dheas i dtreo Bhaile an Phoill san áireamh sa CSZ dóchúil mar go bhfuil níos mó tógála déanta iontu ach seachas sin go mbeadh ar fáil i dtreo an tírdhreacha tuaithe sa tuaisceart agus san iarthar. Ós rud é go mbeidh neart gnáthóg foráiste ar fáil don daonra áitiúil ialtóg le haghaidh an speicis sin, is é an t-aon tionchar a d'fhéadfadh a bheith mór ná tionchar mar thoradh ar an éifeacht bhacainne a bhainfeadh le baint ghnéithe tírdhreacha nasctha. Ba ghnách maidir le hialtóga ón speiceas sin a ndearnadh rianú raidió orthu in 2014 (ialtóg uimh. 5) go bhfanaidís ó dheas ó lorg na forbartha bóthair atá beartaithe. |
| Ch. 15+100 | PBR205 | Ialtóga Feascracha agus Sopránacha | 92ha | 7.32% | Is dóchúil maidir le hialtóga san fhara seo ag an ráschúrsa go gcuimsíonn an CSZ tailte ar an taobh thoir agus thiar de mar a thugtar le tuiscint ag na gnáthóga oiriúnacha a aimsíodh ansin agus taifid an bhrathadóra ialtóige don dá speiceas sna limistéir sin. Ní dóchúil go síneann an CSZ siar ó dheas mar gheall ar an easpa gnáthóg oiriúnach ansin agus mar sin má tharlaíonn éifeacht bhacainne de thoradh chailliúint gnáthóige nó dócha go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach i gceist. |

| Neas. Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar de chailliúint gnáthóige laistigh den CSZ | % de CSZ | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| Ch. 8+750 | PBR210 | An Chrua-ialtóg bheag. | NA | NA | Fara oíche don Chrua-ialtóg bheag. Ós rud é go bhfuil sé laistigh de raon fara oíche (is dóchúil gur PBR178 nó PBR06 atá i gceist) tá an tionchar ar an CSZ clúdaithe ag an tráchtaireacht thuas. |
| Ch. 15+250 | PBR270 | Speiceas ialtóige neamhaitheanta | 106 | 3.76 | D'fhéadfadh go bhfuil an fara seo tréigthe mar ní bhfuarthas mórán fianaise seachas líon beag seanchaic. Is dóchúil maidir le hialtóga taobh thoir den ráschúrsa go gcuimsíonn an CSZ tailte ar an taobh thoir agus thiar de mar a thugtar le tuiscint ag na gnáthóga oiriúnacha a aimsíodh ansin. Ní dóchúil go síneann an CSZ siar ó dheas mar gheall ar an easpa gnáthóg oiriúnach ansin agus mar sin má tharlaíonn éifeacht bhacainne de thoradh chailliúint gnáthóige nó dócha go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach i gceist. |

**Tábla 8.32: Méid an chailliúint dhíreach gnáthóige timpeall faraí ialtóige dearbhaithe (faraí lae gar do theorainn na forbartha atá beartaithe, ach nach bhfuil le baint)** (*tógtar san áireamh go bhfuil c.10ha de ghnáthóg foráiste á coimeád mar atá laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe i Mionlach)

| Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar an chailliúint gnáthóige oiriúnaí | % de limistéar lárnach dóchúil um foráiste | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| Ch. 1+600 | PBR225 | Ialtóga Sopránacha<br><br>Ialtóga Fadchluasacha donna | 35ha<br><br>44ha | 2.79%<br><br>1.56% | Is fara máithreachais féideartha don Ialtóg Shopránach é an fara sin agus tá sé suite gar do lorg na forbartha bóthair atá beartaithe. Cé go bhfuil siad scáthaithe ag braisle crann, beidh na foirgnimh gar d'oibreacha créafóige agus do ghlanadh láithreáin agus beidh drochéifeacht acu siúd orthu. Gnáthóga fraoich agus thalamh portaigh den chuid is mó atá sna gnáthóga mórthimpeall agus cé go bhfuil siad oscailte ó thaobh nádúir tacaíonn siad le hacmhainní beatha mar a thugtar le tuiscint ag na taifid bhrathadóra don speiceas sin ar na mionbhóithre. Is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ar scála geografach ag tionchar an chailliúint gnáthóige le linn tógála mar gheall ar an mbacainn ar dóchúil go mbeidh sí i gceist leis an mbóthar atá beartaithe san ionad sin. |
| Ch. 4+500 | PBR139 | Ialtóg Leisler | 100ha | 1.99% | Bhí an t-aonad réadmhaoine sin ar Bhóthar na Ceapaí á úsáid ag Ialtóg Leisler clibeáilte. Is eol go mbogann an speiceas sin idir ionaid fhara go minic agus freisin ní chuirtear i bhfeidhm go mór air ag scaradh nasc tírdhreacha. Tuartar nach mbeidh mórán cur isteach ábhartha ar an tírdhreach gar don fhara agus nach dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint na gnáthóige ar an bhfara beag seo. |
| Ch. 7+400 | PBR49 | An Ialtóg Shopránach<br>Ialtóga fadchluasacha donna | 64ha<br><br>82ha* | 5.1%<br><br>2.9% | Is dóchúil go bhfuil an fara sin ar Bhóthar Leitrí tacaithe ag an talamh coille díreach mórthimpeall na bhfoirgneamh agus freisin ag braislí beaga de thalamh coille d'fhálta sceach siar ó dheas i Mionchluain. Nuair a bhainfear gnáthóga beidh ina measc roinnt gnáthóg optamach don dá speiceas agus freisin beidh éifeacht mhór bhacainne i gceist ó thaobh gluaiseachtaí soir ó thuaidh ón bhfara mar gheall ar N59 Acomhal Leitrí. Ar an iomlán is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an tionchar féideartha ar scála geografach áitiúil. |

| Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar an chailliúint gnáthóige oiriúnaí | % de limistéar lárnach dóchúil um foráiste | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| Ch. 8+150 | PBR173 | Ialtóga fadchluasacha donna | 92ha* | 3.25% | Tá an fara máithreachais féideartha seo don speiceas seo suite gar do lorg na forbartha bóthair atá beartaithe agus is dóchúil go gcaillfear foráiste agus naisc le hacmhainní foráiste eile mar gheall ar bhaint gnáthóg. Is iad na gnáthóga ab fhearr leis an speiceas sin, áfach, ná na fálta sceach arda tiubha agus na gairdíní san Fhraoch ó dheas a bheidh nasctha fós leis an ionad reatha. D'fhéadfadh go gcuirfí isteach ar an bhfara áfach mar gheall ar éifeachtaí díreacha an chailliúint gnáthóige mar gheall ar é a bheith gar don ghnáthóg. Ar an iomlán is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag tionchar den sórt sin, ar scála geografach áitiúil. |
| Ch. 0+50 Bóthar Ceangail N59 | PBR73 | Ialtóg Natterer | 122ha* | 2.43% | An fara seo in Eaglais San Séamas a ndearna Baill de Ghrúpa Ialtóg na Gaillimhe taifead air. Níl anseo ach ceann de thrí fhara don speiceas seo agus is gnách go bhfaightear i dtaifid an bhrathadóra ialtóige don speiceas Ialtóige go bhfuil siad scaipthe go tanaí ar fud an limistéir staidéir. Tá ionad an fhara gar do bhóthar ceangail naisc i ngearradh, rud a d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht aige ar chonairí eitilte má tá ialtóga ann. Ní dóchúil go dtarlóidh tionchair mhóra ar an speiceas sin mar gheall ar easpa aon fhianaise a thabharfadh le tuiscint go bhfuil cónaí ar ialtóga san fhara. Tá Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 soilsithe freisin san ionad sin agus d'fhéadfadh go gcoimeádfadh sé ialtóga ó eitilt soir. Faightear gnáthóga oiriúnacha don speiceas seo freisin ó dheas agus ní thiocfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe salach ar nascacht tírdhreacha san ionad sin. |
| Ch. 9+375 | PBR06 | An Chrua-ialtóg bheag. | 88ha* (bunaithe ar MCPanna cumaiscthe um ialtóga rianaithe ag raidió ó 2014 agus 2015) | 3.35%<br><br>8.8% | Tá fara Chaisleán Mhionlaigh suite gar d'imeall na teorann forbartha atá beartaithe don fhorbairt bóthair atá beartaithe ach tá sé 140m ón áit oibre dhóchúil. Ní dóchúil go mbeidh éifeacht dhíreach ag an bhfad sin ar an bhfara le linn tógála mar tugadh faoi deara go n-eitlíonn an chuid is mó de na Crua-ialtóga beaga díreach isteach sna fálta sceach in aice agus iad ag coimeád gar d'imeall an chaisleáin. Is dóchúil gurb é an t-am is mó |

| Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar an chailliúint gnáthóige oiriúnaí | % de limistéar lárnach dóchúil um foráiste | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Ialtóga Daubenton | 11ha* (bunaithe ar limistéar lárnach foráiste a taifeadadh i mí Bealtaine 2015)<br><br>129ha* | 2.57% | ina mbeidh éifeacht ag cailliúint gnáthóg ar na hacmhainní foráiste ná le linn na tréimhse roimh bhreith (Bealtaine-Meitheamh) nuair is gnách d'ialtóga baineanna seilg a dhéanamh gar don fhara. I rianú raidió ar ialtóga in 2015 le linn na tréimhse sin tugadh faoi deara go ndéanann an dromchla bóthair dhá leath den CSZ agus c.45ha fágtha ar an taobh thoir theas agus c.70ha ar an taobh thiar thuaidh. Tá gnáthóg oiriúnach laistigh de 2km ón bhfara arb eol go n-úsáideann ialtóga í amanna eile sa bhliain agus níl sé míréasúnta go bhféadfadh ialtóga a gheoiméadracht CSZ a athrú chun aghaidh a thabhairt ar athruithe ar an tírdhreach fad is atá naisc ann chun é sin a dhéanamh. D'ainneoin sin, mar gheall ar chailliúint fhéideartha gnáthóg beatha um réamhbhreith (11ha, a meastar gur gnáthóg beatha optamach é 8ha) agus mar thoradh ar chailliúint indíreach fhéideartha na ngnáthóg beatha de thoradh éifeacht bacainne (45ha) is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aige ar scála geografach náisiúnta, mar go bhféadfadh sé inmharthanacht fhadtéarmach an fhara a chur i mbaol.<br><br>Ní mheastar gur mór an tionchar féideartha ar fhara Daubenton le linn tógála mar go mbeidh ialtóga in ann an t-ionad beatha sa dromchla abhann a bhaint amach gan bhac agus nach gcaillfear an cineál sin gnáthóige óna CSZ. Bainfear cineálacha eile gnáthóige ach is lú an seans go mbainfear úsáid astu mar a thugtar le tuiscint ag sonraí ó rianú raidió a bailíodh don speiceas seo. |
| Ch. 13+000 | PBR145 | Ialtóga fadchluasacha donna | 120ha | 4.24% | Baineadh úsáid as an bhfara seo ag ialtóg bhaineann tar éis lachta agus mar sin d'fhéadfadh gur fara máithreachais beag é don speiceas seo. Gabhadh ag Pluais an Chúipéara é agus mar sin is eol go mbíonn sé ag eitilt sa limistéar ó dheas ón gCaisleán Gearr. In éagmais aon sonraí ó rianú raidió chun ionad an CSZ a dhearbhú, tuartar go bhféadfadh cailliúint na gnáthóige ó thuaidh ón bhfara cur le laghdú ar na hacmhainní foráiste a bhíonn ar fáil don choilíneacht agus le laghdú ar bhisiúlacht. Ní dóchúil go dtréigfí an fara mar go bhfuil neart gnáthóige |

| Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar an chailliúint gnáthóige oiriúnaí | % de limistéar lárnach dóchúil um foráiste | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | foráiste ar fáil fós ar an taobh theas. Mar sin, is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag tionchar den sórt sin, ar scála geografach áitiúil. |
| Ch. 13+000 | PBR153 | An Chrua-ialtóg bheag. | 100ha | 3.54% | Baineadh úsáid as an gcró/stábla sin mar fhara lae/oíche ag aon ialtóg chlibeáilte amháin (Uimh. 12) in 2014. Bhíodh an ialtóg sin ar thóir foráiste beagnach ar an taobh theas amháin den fhara seo idir an Caisleán Gearr agus Pluais an Chúipéara agus go háirithe sa líonra de ghoirt bheaga ar an taobh theas den Chaisleán Gearr. Ós rud nach raibh mórán fianaise a thug le tuiscint go n-úsáideann ialtóga an fara seo ar bhonn leanúnach agus nach bhfuil mórán fianaise i leith eitiltí ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe, meastar nach mór na héifeachtaí ar an bhfara sin, ann féin. Má chuireann cailliúint na gnáthóige cosc ar thaisteal ialtóg aonair idir fara máithreachais Chaisleán Mhionlaigh agus Pluais an Chúipéara, áfach, d’fhéadfadh go scarfaí an fara seo ón daonra lárnach i Mionlach. Is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an tionchar, ar scála geografach áitiúil. |
| Ch. 13+600 | PBR192 | Ialtóga fadchluasacha donna | 133ha | 4.7% | Meastar go dtacaíonn an fara seo le líon beag ialtóg ón speiceas seo mar a thugtar le tuiscint ag an gcac ach níor sonraíodh ialtóga beo in 2015 ná in 2016. Tá an t-aonad réadmhaoine gar d’imeall an limistéir tógála atá beartaithe agus scarfar aon ghnéithe líneacha a cheanglaíonn ialtóga leis an scrobarnach agus an talamh coille ó thuaidh. Coimeádfar nascacht ar an taobh theas i dtreo an Chaisleáin Ghearr agus tuartar gur leor an ghnáthóg sin chun tacú leis an bhfara beag seo. D’ainneoin sin, d’fhéadfadh cailliúint na nascachta ar an taobh thuaidh agus an cur isteach féideartha de thoradh chailliúint gnáthóige cur le tréigean an fhara agus is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aige sin ar scála geografach áitiúil. |
| Ch. 13+900 | PBR228 | Ialtóga Feascracha | 76ha | 6.05% | Tuartar go bhfuil CSZ an fhara bhig seo d’ialtóga (uimh. 3-4) ó thuaidh agus soir, go háirithe an scrobarnach agus an cairéal gar dó. Tá taifid |

| Slabhraíocht | Tagairt fara | Speiceas | Achar an chailliúint gnáthóige oiriúnaí | % de limistéar lárnach dóchúil um foráiste | Tábhacht dhóchúil Thionchar an chailliúint gnáthóige |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | bhrathadóra atá scaipthe go maith don speiceas seo ar fud an CSZ teoiriciúil. Má chailltear gnáthóga gar don fhara d'fhéadfadh go ndéanfaí ialtóga a dhíláithriú ón mbeathú in aice leis an limistéar tógála ach coimeádfar gnáthóga ó thuaidh agus soir agus nascacht leo. Is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an tionchar, ar scála geografach áitiúil má tharlaíonn nach n-úsáidtear an fara chomh minic nó má thréigtear amach is amach é, cé nach dtuartar an dara rud mar go bhfuil an foirgneamh scáthaithe go maith ón limistéar tógála ag crainn agus scrobarnach. |
| Ch. 14+450 | PBR242 | Ialtóga Sopránacha neamhaitheanta | 82ha | 6.53% | Is dóchúil maidir leis an líon beag ialtóg a úsáideann an fara seo in aice le Ráschúrsa na Gaillimhe go gcuimsíonn an CSZ tailte ar an taobh thoir agus thiar de mar a thugtar le tuiscint ag na gnáthóga oiriúnacha a aimsíodh ansin. Ní dóchúil go síneann an CSZ siar ó dheas mar gheall ar an easpa gnáthóg oiriúnach. D'fhéadfadh, áfach, go dtarlódh éifeacht bhacainne de thoradh chailliúint gnáthóige a chuirfeadh cosc ar ialtóga ó thailte a bhaint amach ar an taobh thuaidh agus an taobh dheas den bhóthar le linn tógála cé go mbeidh an éifeacht sin sealadach agus is dóchúil go gcuirfí i gceart í nuair a bheidh tollán Ráschúrsa na Gaillimhe (ST14/02) clúdaithe. Is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an tionchar, ar scála geografach áitiúil don fhara seo. |
| Ch. 13+100 | PBR112 | Crua-ialtóga beaga | 124ha | 4.39% | Pluais an Chúipéara. Is dócha go gcuirfear isteach go mór ar thaisteal idir an áit seo agus Caisleán Mhionlaigh mar gheall ar na héifeachtaí bacainne a bhaineann le cailliúint gnéithe nasctha agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe á tógáil. Ar an iomlán is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach ag an tionchar féideartha ar scála geografach áitiúil mar gheall ar an méid tábhachta atá ag an bpluais i saolré an daonra ialtóg sa cheantar seo. |

Is é cion an chailliúint gnáthóige a bhaineann le gach fara a chaillfear ná níos lú ná 7% den CSZ i ngach cás ach amháin PBR225 (bloc stáblaí i Ráschúrsa na Gaillimhe) agus níos lú ná 5% den CSZ i bhformhór na gcásanna. I gcás PBR225 is dóchúil go sínfidh an chuid is mó den CSZ "iarbhír" chuig an gcairéal ar an taobh thuaidh theas agus chuig talamh talmhaíochta mar go bhfuil deiseanna foráiste níos teoranta sna tírdhreacha uirbeacha ar an taobh theas. Níl mórán den CSZ "iarbhír" buailte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

I gcás speiceas na hIaltóige Feascraí a bhfuil taithí acu ar bheathú i raon leathan de chineálacha tírdhreacha[65], ní thuartar go mbeidh tionchar mór ag cailliúint gnáthóige le linn tógála mar go mbeidh na hialtóga seo in ann úsáid a bhaint as an gcuid is mó de ghnáthóga oiriúnacha ina CSZ atá ar fáil dóibh faoi láthair agus nach mbraitheann siad ar an limistéar tógála a thrasnú chun áiteanna foráiste a bhaint amach. Baineann sé seo ach go háirithe le faraí thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe mar go bhfuil an chuid is mó de na limistéir bheatha optamacha lasmuigh de chroílár na cathrach atá ar an taobh theas.

I gcás na Crua-ialtóige Bige a léiríonn gur fearr leo gnéithe líneacha tírdhreacha a leanúint idir faraí agus áiteanna foráiste[66], déantar tionchar féideartha an chailliúint gnáthóige níos measa ag an éifeacht bhacainne a d'fhéadfadh ialtóga a choimeád ó úsáid a bhaint as gnáthóga eile ar an taobh eile den fhorbairt bóthair atá beartaithe nó ó ghluaiseacht idir faraí lae agus oíche nó idir faraí difriúla a úsáidtear ag amanna eile den bhliain. Meastar go bhféadfadh tionchair a bheith mór ar leibhéal contae má tá an raon foráiste buailte (e.g. murar féidir faraí oíche a shroicheadh) nó ar scála náisiúnta áit a bhfuil na scálaí bisiúlachta nó mortlaíochta buailte mar gheall ar easpa acmhainní beatha nó mar thoradh ar chailliúint gnáthóg beatha agus éifeachtaí bacainne. Rinneadh cuid mhór iarrachtaí chun modhanna éifeachtacha a chur ar fáil le gur féidir ialtóga na limistéir tógála a thrasnú agus trasnú faoi bhun nó os cionn na forbartha bóthair atá beartaithe ionas go mbeidh siad in ann leas a bhaint as gnáthóga ar an dá thaobh den fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Rinneadh méid an chailliúint gnáthóige don Chrua-ialtóg Bheag a thomhas ó thaobh chailliúint fhisiceach na gnáthóige is tábhachtaí mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Is é an limistéar is mó a mheastar a bheith tábhachtach don Chrua-ialtóg bheag ná an limistéar lárnach foráiste a úsáideadh ag ialtóga i gCaisleán Mionlaigh (PBR06) a ndearnadh rianú raidió orthu i samhradh 2015. Roimh an tréimhse breithe i lár mhí Mheithimh, úsáideann ialtóga baineanna na gnáthóga foráiste is fearr agus is gaire don fhara agus i

[65] I dtreoirlínte CEDR tá siad i nGrúpa C: Ialtóga ag a bhfuil éascaíocht mheasartha gluaiseachta. Is minic go ndéanann siad seilg agus taisteal ar fhásra nó struchtúir ag arda éagsúla, ach gurb annamh go mbíonn siad gar don fhásra nó laistigh de. Féadann siad seilg a dhéanamh in áiteanna oscailte freisin. Is gnách go dtarlaíonn taisteal thar stráicí fada ag arda ísle go measartha (2– 10 m de ghnáth) ach ní léir aon chlaonadh i dtreo eitilte ísle.

[66] I dtreoirlínte CEDR tá siad i nGrúpa A: Ialtóga atá in ann gluaiseacht go han-éasca, ar minic go mbíonn siad ag eitilt i nduilliúr nó gar d'fhásra, do dhromchlaí agus do struchtúir ag arda eitilte éagsúla. Nuair a bhíonn siad ag taisteal, is minic go leanann siad gnéithe tírdhreacha líneacha ar a bhfad. Eitlíonn siad go híseal (<2 m de ghnáth) agus iad ag taisteal os cionn bearnaí oscailte.

dtaighde in aon staidéar amháin ar a laghad (Bontadina et al, 2002[67]) leagadh béim ar thábhacht na gnáthóige laistigh de 600m ón bhfara. Cé go gcaillfear 11ha de ghnáthóg (atá comhionann le beagnach 9% den limistéar lárnach foráiste a measadh tar éis rianú raidió in 2015) meastar nach bhfuil ach 7ha ina gnáthóg bheatha optamach don speiceas seo. Caillfear an limistéar seo de thalamh coille, scrobarnach, fálta sceach agus féarach sa limistéar ó Abhainn na Gaillimhe go dtí an Bóthar Nua a luíonn leis an limistéar lárnach foráiste d'fhara Chaisleán Mhionlaigh (PBR06). Is ionann cailliúint an 7ha sin agus 5.6% den limistéar lárnach foráiste (125ha) a taifeadadh in 2015 a meastar gurb é an limistéar is mó tábhachta don fhara[68], cé nach mbaineann ialtóga an úsáid chéanna as an limistéar lárnach foráiste go léir. Meastar gur fachtóir a d'fhéadfadh a bheith tábhachtach í cailliúint gnáthóige laistigh den limistéar lárnach foráiste don fhara Crua-ialtóige bige (PBR06) i gCaisleán Mhionlaigh mar go mbagraíonn sé ar inmharthanacht an fhara ansin. Murar féidir le hialtóga beathú gar don fhara, go háirithe agus iad ag druidim leis an tréimhse breithe, d'fhéadfadh go ndéanfaí bisiúlacht a laghdú. Agus é déanta níos measa ag éifeachtaí féideartha eile na forbartha bóthair atá beartaithe (imbhualadh, éifeachtaí bacainne) d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht mhór ar an daonra ag an gcailliúint sin gnáthóige, ar cailliúint réasúnta beag í.

Ní dóchúil go mbaineann faraí ialtóige eile atá gar dó ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe le gnáthóga ialtóige optamacha den sórt sin. Ní féidir cailliúint an talamh coille i limistéar Mhionlaigh a sheachaint mar go síneann an crios fásra choilltigh ar bruach thoir thuaidh na stráicí abhann ó Dhroichead na gCúig Chéad sa chathair an bealach ar fad go Sráidbhaile Mhionlaigh agus mar sin is cinnte go dtrasnóidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe é in áit éigin.

Chun nach mbeadh drochthionchar ag cailliúint gnáthóg foráiste ar speicis ialtóige ar scála geografach áitiúil, contae nó náisiúnta, cuimsíodh bearta deartha i ndearadh na forbartha bóthair atá beartaithe.

Sna táblaí thuas (**Tábla 8.31** agus **Tábla 8.32**), cuirtear síos ar a bhfuil tuartha ó thaobh tionchar maidir le gach ionad fara aonair a bhainfear mar chuid den chéim tógála nó atá gar go leor don lorg oibre gur ábhar imní iad. Tá faraí eile níos faide ón bhforbairt bóthair atá beartaithe a bhfuil a gcuid CSZanna ag forluí ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus a bhféadfadh go mbeadh drochthionchar ag cailliúint gnáthóg foráiste orthu. Pléitear thíos na tionchair ar scála geografach níos leithne.

Scoilteadh gnáthóg foráiste agus bealaí agus limistéir taistil a úsáideann ialtóga le haghaidh gníomhaíochtaí eile nach gníomhaíochta fartha iad[69]

---

[67] Bontadina, F., Schofield H. agus Naef-Daenzer B. (2002) *Nochtann rianú raidió go mbíonn an Chrua-ialtóg bheag (Rhinolophus hipposideros) ar thóir foráiste i dtalamh coille.* J. Zool., Lond. 258, 281-290.

[68] Tá sé sin éagsúil ón 98ha de thalamh laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe atá laistigh den 2925ha de CSZ don fhara i gCaisleán Mhionlaigh, bunaithe ar na MCPanna le haghaidh ialtóg a rianaíodh idir 2014 agus 2015.

[69] Ós rud é gur féidir le scoilteadh gnáthóg beatha cur isteach ar ghnáthphatrúin iompair ialtóg agus mar sin go bhféadfadh go mbeadh drochthionchar aige ar chumas dhaonraí áitiúla ialtóige maireachtáil agus síolrú, rud a mbeidh tionchar aige ar a scaipeadh agus/nó flúirse sa cheantar áitiúil agus mar sin a bheidh ag teacht salach ar Rialachán 51(b) de I.R. 477.

Ós rud é go bhfuil fianaise ann a thugann le tuiscint go mbíonn ialtóga ag trasnú na forbartha bóthair atá beartaithe i go leor ionad, agus go bhfuil gach cuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe laistigh den CSZ teoiriciúil nó cruthaithe le haghaidh fhara ialtóige amháin ar a laghad, d'fhéadfadh go mbeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe mar bhacainn roimh chonairí eitilte do gach speiceas (seachas ialtóga Leisler a bhfuil sé cruthaithe go n-eitlíonn siad ag arda níos mó ionas nach mbeidh siad buailte ag gnéithe ar leibhéal na talún) i ngach ionad.

D'fhéadfadh go léireofaí an éifeacht bhacainne a luaith is a chuirfí tús le glanadh an láithreáin agus go mbeadh an bhacainn féin ann i bhfoirm tailte glanta. Bainfear fálta sceach, línte crainn, talamh coille agus scrobarnach ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe. Cé nach bhfuil sé beartaithe an fásra go léir laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe a bhaint, tá talamh slán déanta de go bhféadfadh go dtarlódh idirghabháil de shaghas éigin sa tírdhreach laistigh den teorainn sa mhéid is go mbeadh éifeacht aici ar iompar ialtóg, agus ar an mbealach sin déantar measúnú ar an gcás ba mheasa.

Tar éis na bpatrún de ghníomhaíocht ialtóige a léirmhíniú tá sé tugtha le fios gurb iad na hionaid seo a leanas na hionaid is mó ina mbraithfí éifeachtaí bacainne féideartha:

1. Ialtóga ag eitilt ó/chuig Coillte Bhearna – Bhí na coillte i measc líon beag ionad inar tugadh taifead ar ialtóga Natterer agus freisin tacaíonn siad le daonra beag/scaipthe den Chrua-ialtóg bheag. Maidir leis an tírdhreach fraochmhá atá réasúnta oscailte ó thuaidh ó na coillte meastar go mbeadh níos lú deiseanna ann um foráiste ialtóige agus mar sin is dóchúil go bhfuil na coillte tábhachtach do dhaonraí áitiúla de go leor speiceas ialtóige.
2. Achadh an Churraigh (Lána an Chrainn Chnó Capaill agus an Daingean Uachtarach – san ionad seo laghdaítear beagáinín an éifeacht bhacainne a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe mar gheall ar é a bheith gar d'Abhainn na Gaillimhe a úsáideann ialtóga mar chonair eitilte. Is dóchúil go ndéanfadh an éifeacht bhacainne gluaiseachtaí a chosc ar scála an-logánaithe.
3. D'fhéadfadh gurb iad na héifeachtaí bacainne sa limistéar Caisleán Mhionlaigh-Chúil Each-An Caisleán Gearr na héifeachtaí is mó mar gurb é an limistéar lárnach foráiste/CSZ aitheanta do dhaonra na Crua-ialtóige Bige i gCaisleán Mhionlaigh a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis chomh maith le faraí speicis ialtóige eile atá gar do theorainn na forbartha atá beartaithe. D'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí móra ach go háirithe ag scaradh chonairí eitilte don Chrua-ialtóg bheag ar chumas an daonra póraithe cúpláil agus geimhriú i bhfaraí oiriúnacha. D'fhéadfadh go mbeadh éifeacht ag scaradh chonairí eitilte idir faraí lae agus oíche ar chumas ialtóg limistéir oiriúnacha fhoráiste a bhaint amach níos faide uathu trí húsáid a bhaint as na faraí oíche mar chlocha cora.
4. Meastar gur ionad lárnach é ionad an fhara i gCaisleán Mhionlaigh ó thaobh scaipeadh náisiúnta na Crua-ialtóige bige. Tá na háiteanna is mó don speiceas seo suite i ndeisceart Mhaigh Eo, i lár chontae an Chláir/deisceart na Gaillimhe, i gCiarraí agus Iarthar Chorcaí ach tá an speiceas le fáil i ngach contae ar an gcósta thiar ó Chorcaigh go Liatroim. Nochtadh tar éis

anailíse ar na difríochtaí géiniteacha agus difríochtaí ó thaobh aimsithe ó mhacalla go bhfuil daonra na hÉireann comhdhéanta de dhaonraí difreáilte ó thuaidh agus ó dheas (Dool et al, 2016[70]). Aithníodh fachtóirí ar nós nascacht gnáthóige mar cheann de na cúiseanna go bhfuil an speiceas sin faoi réir scoilteadh daonra ar scála náisiúnta. Cuireann Dool et al (2016) síos ar "Bearna Luimnigh" mar limistéar inar tharla scaradh dhaonraí na Crua-ialtóige Bige, rud a chuir le leithlisiú géiniteach sna háiteanna sin. Mar is féidir a fheiceáil i bPláta 8.2, tá fara Chaisleán Mhionlaigh i limistéar ina bhfuil dlúis ísle chomh maith ó thaobh thaifid fara agus dá gcaillfí an daonra d'fhéadfadh go gcruthófaí bearna nua i raon nádúrtha an speicis in Éirinn.

**Pláta 8.2: Scaipeadh dhaonra na crua-ialtóige bige (tógtha ó léarscáileanna scaipthe Bat Conservation Ireland)**




5. Bunaithe ar scaipeadh na bhfaraí máithreachais i raon an speicis seo in Éirinn, tá tábhacht náisiúnta ag baint le fara máithreachais Chaisleán Mhionlaigh agus leis an daonra áitiúil a dtacaíonn sé leis, mar atá sainithe i NRA (2009) "is féidir le daonra beag cáiliú mar dhaonra a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leis áit a bhfuil an daonra ina chuid ríthábhachtach de

[70] Dool S.E., Puechmaille S.J., Kelleher C., McAney K., agus Teeling E. (2016) *The effects of human-mediated habitat fragmentation on a sedentary woodland-associated species (Rhinolophus hipposideros) at its range margin.* Acta Chiropterologica, 18(2): 377–393, 2016.

dhaonra níos leithne nó áit a bhfuil an speiceas ag céim ríthábhachtach dá saolré". Tá méid an fhara i bhfad faoi bhun na tairsí um shainiú mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (100 ialtóg i bhfara máithreachais) agus tá sé dearbhaithe ag an NPWS nach bhfuil sé ina chuid den daonra leasa cháilithe in cSAC Loch Coirib.

6. Níl ach sé fhara máithreachais aitheanta i Loch Coirib agus ina thimpeall, agus formhór na bhfaraí cruinnithe ar na cladaigh thuaidh in aice le Conga. Níl ach dhá fhara suite ar an gceann theas: Teach Geata Loch an Rois agus Caisleán Mhionlaigh. D'fhéadfadh go mbeadh na faraí sin ó dheas ina gclocha cora le haghaidh gluaiseachtaí fadtéarmacha agus sreabhadh géinte idir ialtóga ar chladach thuaidh Loch Coirib, Loch Measca agus Loch Ceara agus daonraí i nDeisceart na Gaillimhe agus sa Chlár. Léiríonn comhairimh le déanaí i dTeach Geata Loch an Rois go bhfuil meath mór tagtha ar an bhfara sin agus mar thoradh air go bhfuil líon na n-ialtóg laghdaithe ó 150 ialtóg i 1994 go cúig ialtóg in 2011 (Rebecca Teesdale pers. Comm., 2014 agus lch 44 i Roche et al, (2015). Dá dtarlódh meath ar fhara Loch an Rois d'fhéadfadh go dtiocfadh méadú ar thábhacht choibhneasta an fhara i gCaisleán Mhionlaigh mar fhara cloiche cora agus é an t-aon choilíneacht mháithreachais mhór ag an gceann theas de Loch Coirib. Is cosúil nach bhfuil riocht daingean ar struchtúr Chaisleán Mhionlaigh féin mar go bhféadfadh titim carraige, loitiméireacht agus bac i múchán an tsimléir cur isteach ar an bhfara ialtóige. Mura mbeadh ialtóga in ann na háiteanna foráiste agus Pluais an Chúipéara a bhaint amach mar gheall ar éifeacht bhacainne, ansin tionchar eile a bheadh i gceist a d'fhéadfadh inmharthanacht an daonra seo a chur i mbaol. Is féidir le tionchair den sórt sin cur le héifeacht mhór dhiúltach ar an scála geografach náisiúnta don Chrua-ialtóg bheag.

Ní dhearnadh taifead ach ar líon beag Crua-ialtóg beag a bhí ag baint úsáide as Pluais an Chúipéara um gheimhriú (thart ar 10% de mhéid measta an fhara i gCaisleán Mhionlaigh) ach níl cuid mhór den phluais inrochtana agus d'fhéadfadh go mbeadh líon níos mó ann. Is é an t-aon ionad geimhrithe eile a bhfuil eolas faoi don daonra seo ná Caisleán Mhionlaigh agus níl an láithreán fara inrochtana um chomhaireamh. Cuimsíodh uasbhealach fiadhúlra mar chuid de dhearadh na forbartha bóthair atá beartaithe le ligean d'ialtóga an phluais a bhaint amach um gheimhriú agus ionas nach mbeidh orthu úsáid a bhaint as ionaid nach bhfuil chomh hoiriúnach léi. Cé go mbíonn Pluais an Chúipéara faoi bhrú i gcónaí ó dhumpáil mhídhleathach agus cur isteach, is dóchúil go leanfaidh ialtóga ar aghaidh ag baint úsáide as go mbeidh bac iomlán ar an mbealach isteach.

Sa chuid thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe (ó Bhearna go dtí an Daingean Uachtarach) tá dlús scaipthe níos ísle d'ialtóga agus tá gnáthóga ann nach bhfuil chomh hoiriúnach um foráiste ach tuartar éifeacht bhacainne fós in éagmais aon mhaolaithe éifeachtaigh. Is dóchúil go mbeidh tionchair fhéideartha den sórt sin freagrach as éifeacht mhór dhiúltach ar scála geografach áitiúil mar go bhfuil luach na ndaonraí ialtóige measta mar thábhachtach ar scála geografach áitiúil, níl mórán faraí sa limistéar seo agus níl sé tuartha go scarfar aon ghnéithe tábhachtacha tírdhreacha (ar nós sruthchúrsaí móra, limistéir thalamh coille nó líonraí fáil sceach).

Tá sonraí tugtha i **gCuid 8.6.7.2.1** faoi mhaolú chun conairí eitilte trasna limistéir tógála a chaomhnú.

***Cur isteach soilse sealadacha oibre agus chompún láithreáin a d'fhéadfadh bheith freagrach as cur isteach indíreach ar phatrúin eitilte***

Ós rud é gur gnách go dtógfar faoi oibreacha tógála le linn ghnáthuaireanta oibre le solas lae, beidh an gá le soilsiú le haghaidh oibreacha tógála le linn na hoíche teoranta.

I gcaitheamh na tréimhse tógála de 36 mhí atá measta caithfear suas le 10 seachtaine san iomlán i mbun oibre san oíche. D'fhéadfadh go mbeadh gá le bóithre áitiúla reatha a dhúnadh san oíche áit a bhfuiltear chun tardhroichid a thógáil in ionaid ar nós Bhóthar Rathúin, Bóthar Leitrí, Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59, Bóithrín Chaisleán Mhionlaigh, An Bóthar Nua, An Seanbhóthar, Bóthar Áth Cinn an N84, Bóthar Thuama an N83, Bóthar Pháirc Ghnó Chnoc Mhaoil Drise, agus Bóthar Mhuine Mheá an R339.

D'fhéadfadh obair san oíche nuair a bheadh gá le tuilsoilse a úsáid chun obair shábháilte a cheadú ialtóga a dhíláithriú ón limistéar soilsithe. Beidh sé sin íogair ach go háirithe sna háiteanna seo a leanas:

- Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59 in aice le fara satailíte Achadh an Churraigh (PBR178) agus struchtúr atá beartaithe mar fhara ionaid
- Bóithrín Chaisleán Mhionlaigh ar conair eitilte thábhachtach é don Chrua-ialtóg bheag agus do speicis ialtóige eile
- An Bóthar Nua ar conair eitilte thábhachtach é don Chrua-ialtóg bheag agus do speicis ialtóige eile
- An Seanbhóthar ar conair eitilte thábhachtach é don Chrua-ialtóg bheag agus do speicis ialtóige eile
- Bóthar Áth Cinn an N84 ar ionad trasnaithe tábhachtach é don Chrua-ialtóg bheag agus atá gar d'fharaí oíche/lae ócáideacha aitheanta don speiceas seo agus atá gar freisin do struchtúr atá beartaithe bheith ina fhara ionaid

I ngach cás ina bhféadfadh soilse bheith ina gcúis le cur isteach, cur isteach sealadach a bheidh ann ach d'fhéadfadh go mairfeadh sé thar go leor oícheanta i ndiaidh a chéile agus d'fhéadfadh go mbeadh éagsúlacht níos ísle ialtóige ar bhonn sealadach sna limistéir sin mar thoradh ar an gcur isteach. D'fhéadfadh díláithriú den sórt sin (méadair a bheadh i gceist) ialtóga a chosc ó rochtain a fháil ar limistéir fhoráiste nó faraí, nó d'fhéadfadh go gcuirfeadh ialtóga timpeall orthu féin chun limistéir fhoráiste a bhaint amach agus mar sin d'fhéadfadh go gcaillfeadh siad fuinneamh. Ní féidir a thuar go beacht cathain a tharlóidh na hoibreacha sin le linn na bliana ach d'fhéadfadh gur cur isteach mór a bheadh i gceist dá mbeadh ialtóga buailte roimh bhreith nó roimh gheimhriú nuair a bhíonn stóir fhuinnimh riachtanach le coimeád beo. Ní thagann an tionchar féideartha chun cinn, áfach, ach le linn na míonna is mó ina mbíonn ialtóga gníomhach (Aibreán go Meán Fómhair) agus le linn na míonna sin is dóchúil nach mbeidh gá mór le soilse san oíche mar go mbíonn uaireanta solas lae níos faide. D'fhéadfadh go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach ar scála geografach áitiúil mar thoradh ar thionchair fhéideartha den sórt sin.

#### 8.5.6.2.2 Tionchair na Céime Oibrúcháin

***Mortlaíocht dhíreach mar thoradh ar imbhuailtí***

Sa taighde (Butchkowski agus Hassinger, 2002; Dodd et al., 2004; Capo et al., 2006; Choquene, 2006; Glista agus DeVault, 2008; Hein et al.,2009; Russell et al., 2009; Sparks agus Choate, 2000; Whitaker agus Mumford, 2009) tá fianaise curtha ar fáil a thugann le tuiscint gur féidir le mortlaíocht ialtóg mar thoradh ar imbhuailtí bóthair céatadán bliantúil de 5% a shroicheadh i gcás na n-ialtóg i bhfaraí áitiúla. Tháinig Altringham (2008) ar mheastachán den chineál céanna, bunaithe ar ríomhaireachtaí coimeádacha do bhóthar sa Ríocht Aontaithe a thrasnaíonn crua-ialtóga beaga ó fhara mór (sonraí ó Billington, 2001-2006).

Léiríonn staidéir theoiriciúla (e.g. Lande 1987, With agus King 1999, Carr agus Fahrig 2001) *“*maidir le daonraí de speicis ainmhí a bhfuil rátaí ísle síolraithe ag gabháil leo agus gluaiseacht ard nádúrtha, ar nós ialtóg, go mbíonn baol an mheatha agus an díothaithe sa deireadh níos mó mar gheall ar an mortlaíocht bhreise de thoradh bóithre” (tógtha ó Aguisín A, WC1060 príomhthuarascáil).

Thug Lesiński (2007) taifead ar an mortlaíocht ab airde áit a raibh bóithre ag druidim le clampaí crainn (suas le 6.8 in aghaidh km/bliana) nó ar thrasnaigh siad foraois (2.7 in aghaidh km/bliana) agus ba i limistéir a raibh go leor tógála déanta iontu ar tugadh taifead ar an mortlaíocht ab ísle (0.3 ind./km/bliain). Dá gcuirfí na rátaí ab airde i bhfeidhm ar fhara na Crua-ialtóige bige i gCaisleán Mhionlaigh (PBR06) ansin d’fhéadfadh go mbeadh sé sin comhionann le 34 bhás in aghaidh na bliana bunaithe ar an uaslimistéar foráiste a bheith roinnte ina dhá leath ag c. 5km den fhorbairt bóthair atá beartaithe (bunaithe ar rianú raidió in 2014). Tharlódh 13 bhás in aghaidh na bliana mar thoradh ar an ráta níos ísle um mortlaíocht in aice le foraoiseacha. Cé nach eol céard iad na luaineachtaí fadtéarmacha daonra don daonra sin, sa chás ba mheasa d’fhéadfadh, mar thoradh ar rátaí mortlaíochta den saghas sin, go ndéanfaí an fara iomlán a dhíothú i gcaitheamh níos lú ná dhá bhliain agus talamh slán á dhéanamh de go mbeadh gach ialtóg san fhara nochta don leibhéal céanna de riosca mortlaíochta agus gur ón speiceas sin a thiocfadh na hialtóga go léir a bheadh maraithe. Dhéanfaí cailliúint an fhara sin a mheas mar éifeacht fhéideartha mhór ar scála geografach náisiúnta, agus talamh slán á dhéanamh den chás ba mheasa agus in éagmais aon mhaolaithe.

D’fhéadfaí rátaí mortlaíochta den chineál céanna a chur i bhfeidhm ar speicis íseal-eitilte bhailithe ar nós na n-Ialtóg fadchluasach donn agus roinnt speiceas Myotis ar nós Ialtóga Daubenton. Ós rud é go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach aige sin ar na speicis sin, tá straitéis chasta um maolú curtha i bhfeidhm agus tá sí curtha i láthair i **gCuid 8.6.7.2.2**.

***Éifeachtaí Bacainne/Scartha***

Rinneadh staidéar níos minice ar éifeachtaí na forbartha bóthair atá beartaithe ar ghluaiseacht ialtóg trasna an tírdhreacha ach a mbeifí críochnaithe ná mar a rinneadh ar na héifeachtaí le linn na céime tógála. Léiríodh i monatóireacht ar ghníomhaíocht ialtóg timpeall scéimeanna bóthair gur féidir le héifeachtaí an chur isteach ar thrácht, soilse, cailliúint ghnéithe ceangail sa tírdhreach agus gnáthóg foráiste bheith freagrach as meath ar ghníomhaíocht ialtóige suas le 1.6km ón

mbóthar féin i dtírdhreacha áirithe (Berthinussen agus Altringham (2012b, 2015), Elmeros et al (2016). Tá an taighde fós ar siúl agus ní thuigtear fós na héifeachtaí ar chineálacha éagsúla gnáthóige ar imeall an charrbhealaigh bóthair. In éagmais taighde ar féidir a chur i bhfeidhm go hiomlán, tuartar go bhféadfadh tionchair mhóra fhéideartha mar thoradh ar ghníomhú na forbartha bóthair atá beartaithe mar bhac ar ghluaiseachtaí ar scála tírdhreacha san ionad seo a leanas agus i dtaobh na speiceas seo a leanas:

- Gluaiseacht ialtóg go Coillte Bhearna: Mar a chuirtear síos air i gcomhthéacs tionchar ar PBR241, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ghluaiseachtaí ialtóg a úsáideann an chonair thuaidh-theas. Tugadh faoi deara gur limistéar é Coillte Bhearna ina bhfuil éagsúlacht ialtóige réasúnta ard agus go bhfuil sé i measc an líon beag limistéir de thalamh coille gan bhriseadh sa chuid seo den limistéar staidéir. D'fhéadfadh mar thoradh ar éifeacht bhacainne go gcuirfí srian ar dhaonraí ó mheascadh lasmuigh de limistéar Choillte Bhearna agus mar gheall air sin d'fhéadfadh go dtiocfadh laghdú ar rátaí síolraithe. Tá seacht bhfara dearbhaithe ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe in aice le Bearna a d'fhéadfadh leanúint ar aghaidh agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe ann ach beidh rochtain níos teoranta acu ar limistéir fhoráiste ó thuaidh ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Tugann torthaí an tsuirbhé le tuiscint go mbíonn go leor gníomhaíochta ialtóige ar siúl ar na bóithre atá ailínithe thuaidh-theas. D'fhéadfadh go leanfadh ialtóga ar aghaidh ag baint úsáide as cuid díobh seo agus go dtrasnódh siad na codanna is cúinge de phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe ach níl aon acomhlacha san ionad seo a ligeann d'ialtóga imeacht faoi bhun na forbartha bóthair atá beartaithe
- Gluaiseacht ialtóg ar bhruacha Abhainn na Gaillimhe: Faoi láthair, bogann ialtóga suas agus síos feadh Abhainn na Gaillimhe agus gan aon bhac orthu ag soilse ná baic fhisiceacha. D'fhéadfadh go ndéanfadh na soilse atá ann i gcampas OÉ na Gaillimhe agus ar Dhroichead na gCúig Chéad ialtóga atá íogair don solas, ar nós na Crua-ialtóige bige, a dhíspreagadh ach níl sé dearbhaithe go hiomlán fós. Leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe tabharfar isteach claífoirt don droichead ar an dá bhruach a d'fhéadfadh bheith ina mbac fisiceach ar ghluaiseachtaí den sórt sin. Cé go mbeidh ialtóga in ann eitilt timpeall bhun na dteanntaí ar gach bruach agus faoi bhun dheic an droichead ar Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus go mbeidh siad in ann gluaiseacht le saoirse os cionn na habhann féin, dá ndéanfaí na conairí eitilte a atreorú ar an mbealach sin seans go gcuirfí leis na riachtanais fhuinnimh le haghaidh ialtóg aonair. Ar an mbruach thiar, agus talamh slán á dhéanamh de go mbíonn ialtóga ag taisteal thuaidh-theas sa limistéar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 chuig an abhainn (dromchla 750m ar leithead), laghdódh na teanntaí atá beartaithe an chonair eitilte go 420m agus bheadh gá le c. 500m breise d'eitilt chun taisteal timpeall an teannta i limistéar Achadh an Churraigh. Ag déanamh talamh slán de luas eitilte de 3.5m/s (An Chrua-ialtóg bheag) chiallódh sé sin i gcás eitilt 60m trasna na forbartha bóthair a thógfadh 17s de ghnáth, go dtógfaidh sé 142s nuair a bheidh an droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe ann. Ar an mbruach thoir, beidh ialtóga in ann eitilt timpeall bhun thiar an teanntán droichid nó faoi bhun an bhóthair ag Bóithrín

Chaisleán Mhionlaigh agus an bhacainn ag síneadh idir dhá hionad ar feadh 210m

- Gluaiseacht ialtóg sa limistéar timpeall Mhionlaigh-Bhóthar Chúil Each-Baile an Dúlaigh-An Caisleán Gearr: meastar go bhfuil an limistéar sin tábhachtach don Chrua-ialtóg bheag, don Ialtóg fhadchluasach dhonn agus don Ialtóg fheascrach. Dearbhaíodh gluaiseacht na Crua-ialtóige bige trí rianú raidió ar ialtóga aonair in 2014 agus 2015. Tugann na sonraí seo le tuiscint go bhfuil an chuid is mó d'eitiltí ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe sa chuid Ch. 9+500 – Ch. 10+150 idir Abhainn na Gaillimhe agus Bóthar Chúil Each. Gníomhóidh an chuid claífoirt mar bhac ar ialtóga nó brúfaidh sé suas agus trasna na forbartha bóthair atá beartaithe iad agus iad á dtógáil trasna an sreabhadh tráchta áit a mbeidh siad i mbaol imbhuailte le feithiclí. Tá éifeachtaí bacainne den chineál céanna tuartha ar Bhóthar Áth Cinn an N84 agus níos faide soir ag Ch 12+200 – Ch. 12+450 agus in ionaid ó thuaidh ó Shráidbhaile an Chaisleáin Ghearr. Le brathadóirí statacha a cuireadh ag Ch. 12+600 agus Ch. 12+750 in 2015 tugadh taifead ar leibhéil réasúnta ard gníomhaíochta don Chrua-ialtóg bheag, don Ialtóg Fheascrach agus Shopránach agus d'Ialtóga Leisler, rud a thugann le tuiscint go mbeidís buailte ag bac ar ghluaiseacht san ionad sin (ní bheadh Ialtóga Leisler buailte chomh dona mar gheall gur gnách dóibh eitilt go hard)

Is dóchúil mar gheall ar éifeachtaí bacainne in éagmais maolaithe go dtarlóidh éifeacht mhór dhiúltach ar scála geografach áitiúil le haghaidh gach slabhraíochta ar bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe agus ar scála geografach náisiúnta i gcás éifeachtaí sa chuid Ch. 8+500 (Bóthar Mhaigh Cuilinn an N59) go Ch. 13+150 (Bóthar na Scoile, An Caisleán Gearr).

Tá sonraí tugtha i **gCuid 8.6.7.2.2**. ar mhaolú chun éifeachtaí bacainne a laghdú laistigh de dhearadh agus d'oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe.

***Cur isteach indíreach ar phatrúin eitilte mar gheall ar shoilse oibriúcháin***

D'fhéadfadh go ndéanfaí an éifeacht bhacainne níos measa mar thoradh ar dhoirteadh solais i ndáil le soilsiú dhromchla na forbartha bóthair atá beartaithe. Aithníodh i scrúdú ar shamhaltú dhoirteadh solais tionchair fhéideartha an doirteadh solais ar ialtóga (áit a sáraíonn leibhéil solais 1 lucsa) sna hionaid seo a leanas:

- Ch. 2+850: D'fhéadfadh go mbeadh tionchar ag soilse ar Thimpeallán Bhearna Thoir ar ghluaiseacht ialtóg sa cheantar áitiúil agus go gcuirfeadh cosc orthu ó úsáid an lintéir atá beartaithe CO2/01b. Cabhróidh plandú tírdhreacha beartaithe in aice le béal na lintéar, áfach, leis na conairí eitilte a scáthú a dhruideann isteach leis an lintéar san ionad sin chun gur féidir le hialtóga eitilt tríd
- Ch. 4+300 - Ch. 4+550: Tá soilse ag Acomhal Bhóthar na Ceapaí gar do PBR139 agus PBR146 (faraí Ialtóg Leisler iad an dá cheann) agus tugadh taifead ar ghníomhaíocht ag an Ialtóg Shopránach gar dó. D'fhéadfadh go dtarlódh díláithriú logánta sa cheantar sin cé go soláthróidh scrobarnach taobh bóthair agus toir agus crainn ghairdín limistéir scáthaithe ar féidir le hialtóga a úsáid chun limistéir soilsithe a sheachaint

- Bóthar Ceangail an N59 Tuaisceart agus Deisceart: Beidh sé sin soilsithe thar fhad de 2.4km trasna thírdhreach oscailte talmhaíochta agus fraoich. D'fhéadfadh doirteadh solais bac logánta a chur ar ghluaiseachtaí i dtreo thoir-theas cé nach bhfuil ann ach dhá fhara (PBR49 agus PBR237) atá comhthreomhar leis an mBóthar Ceangail seo agus níl ceachtar acu i ndoirteadh solais an dearadh solais atá beartaithe
- Ch. 9+150 – Ch. 9+250: Cuirfear soilse ar fáil mar chuid d'Fhaichí Imeartha nua OÉ na Gaillimhe. Cé go bhfuil cead pleanála ann tuilsoilse a chur sna faichí imeartha atá ann anois taobh leis an abhainn, níl siad soilsithe faoi láthair. Tá roinnt faraí sa limistéar ginearálta seo (don Chrua-ialtóg bheag, d'Ialtóg Daubenton, don Ialtóg Shopránach agus Ialtóga fadchluasacha donna) ach níl aon cheann díobh suite laistigh de limistéar an doirteadh solais ó na soilse atá beartaithe. Is é an fara is gaire ná Caisleán Mhionlaigh PRB06 atá thart ar 375m ó na faichí spóirt ag an ionad is gaire dóibh. Ní bheidh aon fharaí buailte go díreach. Ní chuirfidh an doirteadh solais ialtóga ó úsáid a bhaint as Abhainn na Gaillimhe um bheathú agus thaisteal. D'fhéadfadh go mbeadh éifeacht díláithrithe áitiúil ag na faichí spóirt féin nó le haghaidh limistéir timpeall na bhfaichí spóirt mar gheall ar dhoirteadh solais, ach níor tugadh taifead i dtorthaí an tsuirbhé ar ialtóga ar leibhéil mhóra úsáide sna faichí sin ag speiceas ar bith. Ch. 11+975 – Ch. 12+300: Níl Bóthar Áth Cinn an N84 san ionad sin soilsithe faoi láthair agus leis na soilse nua atá beartaithe tabharfar isteach thart ar 8ha de limistéar soilsithe. Úsáidtear an limistéar seo ag go leor speiceas a bhfuil ina measc an Chrua-ialtóg bheag agus tarlóidh díláithriú ón limistéar seo mar thoradh air. Beidh tionchar ag doirteadh solais chuig an bhfara ar PBR154 (fara oíche agus fara lae ócáideach don Chrua-ialtóg bheag). Beidh an bealach isteach chuig an bhfara gan solas fós agus scáthaithe go maith ó na soilse mar go dtugann sé aghaidh ar an taobh thoir agus go bhfuil sé in áit níos ísle ná Bóthar Áth Cinn an N84 agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe
- Ch. 11+050 – Ch. 11+150: Soilse ag an mbealach isteach thiar go Tollán Leacaigh. Beidh sé sin logánta agus ní bheidh éifeacht aige ar fharaí ach is dóchúil go mbeidh éifeacht díláithrithe aige ar ialtóga os cionn achair de circa 150m x 50m áit a sáraíonn leibhéil solais 1 lucsa. Cé nár bailíodh mórán sonraí faoi ghníomhaíocht ialtóg don limistéar seo, is dóchúil go mbainfidh go leor speicis ialtóige úsáid as um beathú agus thaisteal
- Ch. 11+380 – Ch. 11+500: Soilse ag an mbealach isteach thoir go Tollán Leacaigh. Beidh sé sin logánta agus ní bheidh éifeacht aige ar fharaí ach is dóchúil go mbeidh éifeacht díláithrithe aige ar ialtóga os cionn achair de circa 150m x 50m áit a sáraíonn leibhéil solais 1 lucsa. Tá sonraí faoi ghníomhaíocht ialtóige bailithe don ionad seo lena n-áirítear Crua-ialtóga Beaga ag beathú agus ag ligean a scíthe agus is dóchúil go mbainfear úsáid as ag go leor speicis ialtóige um beathú agus thaisteal
- Ch. 11+975 – Ch. 14+500: Níl aon soilse ar Bhóthar N84 Áth Cinn ag an suíomh seo faoi láthair agus tabharfaidh an soilsiú nua atá beartaithe thart ar 8ha de limistéar soilsithe isteach. Úsáideann cúpla speiceas an limistéar seo lena n-áirítear crú-ialtóga beaga agus díláithreofar iad ón áit seo mar gheall air. Beidh tionchar ar an PBR154 (fara oíche agus fara lae ócáideach don chrú-

ialtóg bheag) de bharr solas a bheith ag scaladh ar an bhfara). Mar sin féin, ní bheidh aon solas fós ag an mbealach isteach chuig an bhfara agus beidh foscadh maith aige ón soilsiú toisc go bhfuil a aghaidh soir agus é níos ísle ná Bóthar N84 Áth Cinn agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Beidh an scaipeadh solais ó cholúin soilsithe i limistéar Bhaile an Dúlaigh-An Chaisleáin Ghearr (Ch. 12+600 go Ch. 13+600) coinnithe tríd is tríd laistigh díreach den fhorbairt bóthair atá beartaithe, ag an suíomh seo, báite faoi leibhéal an tírdhreacha mórthimpeall air. Cuideoidh an scaipeadh solais anseo chun ialtóga a stopadh ó dhul trasna an bhóthair agus laghdóidh siad an baol go dtarlóidh imbhualadh le feithiclí, agus beidh Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr dorcha agus soláthróidh sé pointe trasnaithe sábháilte

- Tiocfaidh athrú ar an soilsiú sa cheantar timpeall ar Achomal Bhóthar Thuama N83, Ceangal Pháirc Ghnó Thuaisceart na Cathrach agus Bóthar Ceangail na Páirce Móire agus d'fhéadfadh tionchair logánta a bheith acu ar chonairí eitilte na speiceas Pipistrelle atá taifeadta gar do láthairCh. 14+850 – Ch. 15+000: Ceann thoir Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe Beidh sé sin logánta agus ní bheidh éifeacht aige ar fharaí ach is dóchúil go mbeidh éifeacht díláithrithe aige ar ialtóga os cionn achair de circa 150m x 50m áit a sáraíonn leibhéil solais 1 lucsa. D'fhéadfadh go mbeadh sé sin freagrach as tionchair logánta ar chosáin eitilte speiceas Ialtóige sopránaí ar tugadh taifead air in aice láimhe
- Ch. 15+150 – Ch. 15+300: Ceann thiar Thollán Ráschúrsa na Gaillimhe Beidh sé sin logánta agus ní bheidh éifeacht aige ar fharaí ach is dóchúil go mbeidh éifeacht díláithrithe aige ar ialtóga os cionn achair de circa 150m x 50m áit a sáraíonn leibhéil solais 1 lucsa. D'fhéadfadh go mbeadh sé sin freagrach as tionchair logánta ar chosáin eitilte speiceas Ialtóige sopránaí ar tugadh taifead air in aice láimhe
- Ch. 15+500 – Ch. 17+483 (deireadh na forbartha bóthair atá beartaithe): Tugann taifid scaipthe den speiceas Ialtóige feascraí agus d'ialtóga Leisler san ionad seo le tuiscint go gcuirfidh an dromchla leathnaithe soilsithe le díláithriú logánta. Meastar nach bhfuil an tionchar sin tábhachtach mar go dtugann an chuid is mó de na taifid ialtóige le tuiscint go bhfuil gníomhaíocht dírithe i dtreo an oirthuaiscirt amach ón bhforbairt bóthair atá beartaithe

Rinneadh tionchar féideartha shoilse feithicle a mheas i gcomhthéacs shoilsiú féideartha Chaisleán Mhionlaigh (PBR06). Bheadh sé sin an-íogair ach go háirithe mar gheall ar éagmais aon soilse suntasacha faoi láthair agus láithreacht fara máithreachais agus hibernacula don Chrua-ialtóg bheag, fara máithreachais d'Ialtóg Daubenton, agus iarfhara don Ialtóg Dhonn Fhadchluasach; na speicis go léir a bheadh i mbaol tionchar ó shoilse. Sa chás ba mheasa, tá tionchar carnach go leor feithiclí ar Dhroichead Abhainn na Gaillimhe ar Chaisleán Mhionlaigh níos lú ná 0.01 lucsa agus ní bheadh ach an chuid bairr den chaisleán buailte. Ós rud é gurbh gnách don Chrua-ialtóg bheag eitilt ag arda 1-3m os cionn na talún ag an ionad fara nó in aice níl sé tuartha go mbeidh éifeacht aige sin ar a gcuid conairí eitilte. Freisin tá an leibhéal sin soilsithe i bhfad laistigh den raon fulaingthe don speiceas seo.[71]

[71] Ba iad na meánleibhéil solais a taifeadadh ar na bealaí taistil is fearr leis an *Rhinolophus hipposideros* ar ghnáthchoiníollacha neamhshoilsithe ná 0.04 lucsa ar fud ocht láithreáin. Stone

Níl aon fharaí ann a bheidh soilsithe go díreach ag an soilse oibriúcháin atá beartaithe sa mhéid is go dtuartar aon éifeachtaí móra dóchúla.

#### 8.5.6.3 An Broc

##### 8.5.6.3.1 Tionchair na Céime Tógála

Tugadh taifead ar 17 mbrocais ar fud limistéar an staidéar. Bhí trí bhrocais (S9, S11 agus S14) laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Bhí dhá bhrocais (S3 agus S10) laistigh de ZoI ghníomhaíochtaí ginearálta tógála (i.e. laistigh de 50m) bunaithe ar na bandaí fhad tionchair a gcuirtear síos orthu i dtreoir BIÉ (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006c). Bhí seacht mbrocais eile (S2, S4, S8, S13, S15, S16 agus S17) laistigh de ZoI aon oibreacha féideartha maidir le sá pílí nó pléascadh—i.e. laistigh de 150m. Tá na brocais eile (S1, S5, S6, S7 agus S12) lasmuigh de ZoI aon ghníomhaíochtaí tógála.

Cé nach féidir a thuar an mbunóidh an Broc láithreáin brocais nua i ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe sula gcuirfear tús le hoibreacha tógála, d'fhéadfadh go dtarlódh sé sin agus tógadh an cás sin san áireamh sa straitéis mhaolaithe (féach ar **Chuid 8.6.7.3**).

Bunaithe ar léirmhíniú na dtorthaí suirbhé, measadh go raibh na brocais a bheidh buailte go díreach (S9, S11 agus S14) díreach laistigh de chríocha dhá ghrúpa broc. Meastar go bhfuil S9 agus S11 ina gcuid d'aon ghrúpa amháin de bhroic soir ó Chairéal Leacaigh (a dtabharfar grúpa broc Leacaigh air amach anseo). Meastar go bhfuil S14 ina chuid de ghrúpa broc ar leithligh siar ó Acomhal Bhóthar Thuama an N83 i gCeapach na Boirne (a dtabharfar grúpa broc Cheapach na Boirne air amach anseo).

***Cailliúint Ghnáthóg Foráiste***

Mar thoradh ar thógáil caillfear gnáthóga foráiste laistigh de chríocha suas le deich ngrúpa broc ar fud an limistéir staidéir[72]. Is dóchúil go mbeidh éifeacht éigin ag cailliúint ghnáthóg foráiste ar gach grúpa broc, go sealadach ar a laghad, mar go laghdófar an limistéar foráiste agus an acmhainn bheathaithe a bheidh ar fáil dóibh sna críocha ina bhfuil siad faoi láthair. Freisin is dóchúil gur toradh eile a bheidh air sin ná méadú ar choimhlint idir grúpaí Broc a bhfuil cónaí orthu in aice a chéile agus iad ag dul san iomaíocht le haghaidh acmhainní - cé gur dinimic nádúrtha é an t-iompar cosantach sin ó thaobh fearainn i measc grúpaí Broc a bhfuil cónaí orthu in aice a chéile; tarlaíonn sé mar fhreagairt ar go leor fachtóirí eile a mbíonn éifeacht acu ar líon an daonra, iompar cosantach ó thaobh fearainn agus scaipeadh broc aonair.

Tá flúirse gnáthóg oiriúnach eile um foráiste sa cheantar áitiúil ar dóchúil gur leor iad chun an daonra áitiúil a choimeád san fhadtéarma. Cé nach féidir éifeacht iarbhír an chailliúint ghnáthóg foráiste a chainníochtú ó thaobh aon luach tairsí a

---

E.L. (2011) *Bats and development: with a particular focus on the impacts of artificial lighting.* (Tráchtas, Ph.D) Ollscoil Briston, An RA (2011).

[72] Tá an meastachán sin ar mhéid críche bunaithe ar léirmhíniú ar thorthaí an tsuirbhé – ionaid bhrocaise, cineálacha brocaise agus scaipeadh comharthaí ar nós rianta, ionaid foráiste agus leithris.

d’fhéadfaí a thuar, bheifí ag súil go rachadh gach grúpa Broc a bheadh buailte i dtaithí ar an tírdhreach athraithe. Tuartar mar sin, d’ainneoin aon éifeachtaí sealadacha, nach dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint ghnáthóg foráiste a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar stádas caomhantais an daonra áitiúil dobharchú agus mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici, ar scála geografach ar bith.

***Cailliúint láithreáin póraithe/scíthe***

Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go buan trí bhrocais, agus éifeacht aige sin ar dhá ghrúpa broc: an phríomhbhrocais(S9) agus fobhrocais (S11) de chuid ghrúpa broc Chairéal Leacaigh; agus fobhrocais (S14) de chuid ghrúpa Broc Cheapach na Boirne.

Chun tábhacht chailliúint brocas maidir le haon ghrúpa broc a mheas tógtar san áireamh an cineál brocaise, an tábhacht a bhaineann leis don ghrúpa broc, agus fáil brocaise eile do bhroic atá buailte chun gur féidir leo bogadh chucu nó gnáthóg eile a fháil chun brocais a thógáil laistigh den fhearann. Ar bhonn áitiúil, mar gheall ar nádúr bunúsach Carstach an limistéir, is gnách go mbíonn sraith d’ithreacha tanaí os cionn aolchloiche agus is minic go dtagann lomán suas sa limistéar áitiúil mar chosán aolchloiche; mar gheall air sin ní bhíonn mórán deiseanna ar fáil do ghnáthóga chun brocaisí a thógáil iontu. Mar thoradh air sin, braitheann a thábhachtaí is atá cailliúint gnáthóige i dtaobh an dá ghrúpa broc den chuid is mó ar láithreacht brocaise eile laistigh dá bhfearainn. Mar a pléadh thuas, ó thaobh chailliúint ghnáthóg foráiste, d’fhéadfadh go gcuirfeadh cailliúint brocaise le méadú ar choimhlint idir grúpaí Broc a bhfuil cónaí orthu in aice a chéile mura bhfuil roghanna eile, i bhfoirm brocaisí atá ann cheana féin nó gnáthóga oiriúnacha chun brocaisí a thógáil iontu, ar fáil laistigh den fhearann reatha. Tá seans ann chomh maith go mbeadh an broc i ndainséir le linn obair thógála.

Caillfidh grúpa broc Chairéal Leacaigh dhá bhrocais as trí (S9 agus S11) ar tugadh taifead orthu ina bhfearann — an phríomhbhrocais san áireamh. Tá an fhobhrocais eile (S10) laistigh de ZoI éifeachtaí ar cosúil gur éifeachtaí móra a bheidh iontu ó thaobh cur isteach de thoradh bhriseadh agus phléascadh carraige i ndáil leis an mbealach isteach thoir go Cairéal Leacaigh, ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59, a thochailt. Agus na fachtóirí sin á dtógáil san áireamh chomh maith leis an bhfíric nach bhfuil mórán gnáthóg oiriúnach eile um thógáil brocaisí sa cheantar mórthimpeall, d’fhéadfadh go mbeadh éifeacht fhadtéarmach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an ngrúpa Broc sin. Ar an mbonn sin, meastar gur féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar bhealach diúltach ar stádas caomhantais an ghrúpa broc sin go háitiúil agus is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar scála geografach áitiúil.

Maidir le grúpa broc Cheapach na Boirne, mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear aon fhobhrocais amháin (S14) laistigh dá fhearann. Tá dhá Bhrocais eile in aice, S13 agus S15, a raibh an dá cheann acu aicmithe freisin mar fhobhrocaisí. Cé nach eol an úsáideann an grúpa céanna Broc na trí bhrocais go léir, bunaithe ar a n-ionaid choibhneasta agus a bhfad óna chéile, is dóchúil go n-úsáidtear ceann amháin de na brocaisí sin ar a laghad, agus mar sin go mbeadh sé ina rogha oiriúnach eile in ionad S14. Mar gheall go bhfuil brocaisí malartacha

ann, agus gnáthóga oiriúnacha eile um thógáil brocaisí, atá ar fáil lasmuigh de ZoI ghnáthghníomhaíochtaí tógála, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint an bhrocaise S14 ar chumas an speicis é féin a choimeád sa cheantar áitiúil san fhadtéarma, ní bheidh éifeacht ag an gcailliúint ar a stádas caomhantais go háitiúil, agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar scála geografach ar bith.

Mar gheall ar an gcosaint dlíthiúil a thugtar don Bhroc faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, a chuireann cosc ar a marú nó gortú d'aon turas, agus ar chur isteach toiliúil ar a gcuid áiteanna póraithe nó scíthe, forbraíodh straitéis mhaolaithe (féach ar **Chuid 8.6.7.3.1**).

***Cur isteach/díláithriú***

I dteannta le haon éifeachtaí díláithrithe i ndáil le cailliúint gnáthóige, d'fhéadfadh láithreacht níos mó daoine agus/nó torann agus creathadh i ndáil le hoibreacha tógála, broic a dhíláithriú ó áiteanna póraithe/scíthe agus ó ghnáthóga foráiste. Ós rud é gur gnách go dtógfar faoi oibreacha tógála le linn gnáthuaireanta oibre le solas lae agus gur ainmnithe oíche iad broic ó thaobh nóis, is fíorbheag an seans go mbeidh éifeacht ag díláithriú broc ó ghnáthóga foráiste (lasmuigh de limistéir ina gcaillfear gnáthóga foráiste mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe) ar an daonra áitiúil broc agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar scála geografach ar bith.

Bhí dhá bhrocais (S3 agus S10) lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe laistigh de 50m ó oibreacha tógála agus mar sin, ní dóchúil go mbeidh siad faoi réir éifeachtaí sealadacha maidir le cur isteach/díláithriú. Is dóchúil gur mó an seans go dtarlódh aon tionchar maidir le cur isteach/díláithriú le linn shéasúr póraithe an bhroic (Mí na Nollag go Mí Mheithimh go huile) dá mbeadh an bhrocais sin in úsáid ag an am sin. Bhí seacht mbroc eile suite laistigh de 150m ó theorainn na forbartha atá beartaithe agus mar sin, is dóchúil go mbeidh siad faoi réir éifeachtaí sealadacha na tógála maidir le cur isteach/díláithriú de thoradh aon bhriseadh nó pléascadh carraige nó oibreacha sá pílí a d'fhéadfadh a bheith riachtanach. Má thógtar faoi sin le linn an séasúr póraithe, d'fhéadfadh go mbeadh sé freagrach as díláithriú broc ó bhrocaisí a bhfuil cónaí ar bhroic iontu, rud a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar rath an phóraithe.

Ar bhonn réamhchúramach, is féidir le héifeachtaí cur isteach/díláithrithe le linn tógála dul i bhfeidhm go diúltach ar stádas caomhantais ghrúpaí/dhaonraí áitiúla broic (sa ghearrthéarma ar a laghad) agus d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach áitiúil, mar thoradh orthu.

Mar gheall ar an gcosaint dlíthiúil a thugtar don Bhroc faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra, a chuireann cosc ar a marú nó gortú d'aon turas, agus ar chur isteach toiliúil ar a gcuid áiteanna póraithe nó scíthe, forbraíodh straitéis mhaolaithe (féach ar **Chuid 8.6.7.3.1**).

***Scaradh gnáthóige/Éifeacht bhacainne***

Táthar beagnach cinnte go mbeidh cur isteach fisiceach ar an tírdhreach reatha le linn ghlanadh láithreáin agus tógála freagrach ar dtús as scaradh sealadach fhearainn Broic a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe iad;

Ós rud é gur ainmhí oíche é an Broc ó thaobh gnáthóige, áfach, agus go ndéanfar oibreacha le linn gnáthuaireanta oibre le solas lae, bheifí ag súil go rachadh na grúpaí Broc atá i gceist i dtaithí ar an tírdhreach athraithe. Beidh éifeacht scartha/ bacainne na n-oibreacha tógála sealadach ó thaobh nádúir, ní dóchúil go mbeidh éifeacht acu ar an daonra áitiúil, fiú sa ghearrthéarma, agus ní dóchúil go mbeidh sé freagrach as éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach ar bith.

## 8.5.6.3.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne***

Is féidir le láithreacht bóthair nua ar na codanna as líne den fhorbairt bóthair atá beartaithe, áit a scarann sé fearainn reatha Broic, gníomhú mar bhac buan ar ghluaiseachtaí Broic: agus é ag gníomhú mar bhacainn fhisiceach nó bac de thoradh Broic a bheith curtha ó thrasnú mar gheall ar thrácht.

Beidh roinnt codanna den fhorbairt bóthair atá beartaithe, áfach, ardaithe os cionn leibhéal talún ar phiaraí nó rachaidh siad trí thollán faoi thalamh (e.g. Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe nó Tollán Leacaigh atá beartaithe nó tarbhealach Mhionlach atá beartaithe). Sna hionaid sin, coimeádfar nasc inrochtana ar fud na forbartha bóthair atá beartaithe faoi bhun struchtúr tarbhealaigh/droichid nó os cionn tollán, a choimeádfaidh nascacht gnáthóige i ngach fearann Broic a bheidh i gceist (Eldridge & Wynn, 2011).

D’ainneoin sin beidh faid mhóra den fhorbairt bóthair atá beartaithe a d’fhéadfadh gníomhú mar bhac ar ghluaiseachtaí Broic sa limistéar staidéir. Is féidir leis sin tionchar fadtéarmach a imirt ar dhinimic an daonra áitiúil Broic, agus é ag dul i bhfeidhm ar iompar foráiste sa limistéar áitiúil agus iomaíocht le haghaidh acmhainní agus gluaiseachtaí ar scála níos mó a ghabhann le scaipeadh agus/nó iompar póraithe agus malairt ghéiniteach idir daonraí.

Is féidir leis an éifeacht scartha/bhacainne gnáthóige ar an mBroc a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar dhaonraí áitiúla Broic san fhadtéarma, agus d’fhéadfadh go mbeadh éifeacht aici ar stádas caomhantais an speicis, agus is dóchúil go mbeadh sí freagrach as éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach áitiúil. Ceapadh bearta maolaithe éifeachtaí an tionchair sin a sheachaint (féach ar **Chuid 8.6.7.3.2**).

***Riosca Mortlaíochta***

Mar gheall ar thabhairt isteach na forbartha bóthair atá beartaithe i dtírdhreach tuaithe méadófar go buan baol na n-imbhuailtí bóthair leis an mBroc, ar fud an limistéir staidéir. Is dóchúil go mbeidh an riosca níos airde i limistéir ina bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe gar do Bhrocaisí, ina bhfuil fearainn Bhroic á scaradh aici, nó ina bhfuil an fhorbairt ag dul trí ghnáthóga áit ar tugadh taifead ar leibhéil arda de ghníomhaíocht Broic (féach ar **Fhíor 8.3.1** go **8.3.14**).

Cé nach féidir méid na héifeachta a chainníochtú, is dóchúil go mbeadh baol méadaithe an imbhuailte freagrach as cosc san fhadtéarma ar an daonra áitiúil Broic sna limistéir sin agus go mbeadh tionchar diúltach aige ar stádas caomhantais an daonra áitiúil Broic.

Tuartar go mbeidh baol an imbhuailte don Bhroc i ndáil leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe bheith freagrach as éifeacht mhór dhiúltach dhóchúil, ar an scála geografach áitiúil. Ceapadh bearta maolaithe chun an tionchar féideartha sin a sheachaint (féach ar **Chuid 8.6.7.3.2**).

***Doirteadh Solais***

Is dóchúil go gcuirfeadh soilse saorga isteach ar mhamaigh oíche, ar nós an bhroic, dá gcuirfí in áiteanna bunaithe um pórú agus shealgaireacht (Rich & Longcore, 2005). Is iad na hionaid amháin ina bhfuil soilse beartaithe ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ná Timpeallán Bhearna Thiar, Timpeallán Bhearna Thoir, Acomhal Bhóthar na Ceapaí, Acomhal Bhóthar Bhaile Mhóinín, Bóthar Ceangail N59 ó Thuaidh agus ó Dheas, na tairseacha siar agus soir chuig Tollán Leacaigh, faichí nua spóirt OÉ na Gaillimhe atá beartaithe, Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 go dtí Acomhal Bhóthar Thuama an N83, acomhal ag Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe san áireamh agus Acomhal Chúil Each. Beidh an chuid is mó den fhorbairt bóthair atá beartaithe gan soilse, rud a chiallaíonn go mbeidh an deis go mbeadh éifeacht ag doirteadh solais ar speicis fhána chomh híseal agus is féidir. Rialaíonn dearadh solais na forbartha bóthair atá beartaithe astuithe solais ionas nach síneann doirteadh solais thar theorainn na forbartha atá beartaithe ar an gcuid is mó den ailíniú agus áit a síneann, go dtarlaíonn sé sin ag ceangail leis an líonra bóithre atá ann cheana nó le tithe cónaithe (**Fíor 5.4.01** go **5.4.14**). Níl aon bhrocaisí, ná limistéir ina dtarlaíonn go leor gníomhaíochta ag broic, lasmuigh den teorainn forbartha atá beartaithe atá suite laistigh de chrios samhaltaithe an doirteadh solais don fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Mar sin, ní chuirfear isteach ar Bhroic nó ní dhéanfar Broic a dhíláithriú ó limistéir ghnáthóige lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe mar thoradh ar shoilse a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ní bheidh éifeacht acu ar stádas caomhantais an speicis chuige sin agus ní bheidh éifeacht mhór dhiúltach dhóchúil, ar scála geografach ar bith, mar thoradh orthu.

### 8.5.6.4 Speicis Mhamaigh Eile

### 8.5.6.4.1 Tionchair na Céime Tógála

***Cailliúint Gnáthóige***

Mar gheall ar thógáil bóthair caillfear go buan gnáthóga mamaigh laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Mar gheall ar líon réasúnta íseal na n-ainmhithe aonair i ngach speiceas ar cosúil go mbeidh sé buailte (An Cat crainn, An Luch fhéir, An Iora rua, An Easóg Éireannach, An Ghráinneog, An Dallóg fraoigh, An Sionnach, An Coinín, An Minc agus An Vól bruaigh), agus flúirse gnáthóg oiriúnach eile sa cheantar áitiúil, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint gnáthóige mar thoradh ar oibreacha tógála ar inmharthanacht fhadtéarmach a gcuid daonraí áitiúla. Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint gnáthóige ar stádas caomhantais ná go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

***Riosca Mortlaíochta***

Is féidir le hoibreacha ghlanadh láithreáin bheith freagrach as bás speicis mhamaigh. Bheifí ag súil go mbeadh an tionchair baoil is mó ann le linn an séasúr póraithe nuair a bheadh ainmhithe óga i neadacha, nó i gcás an Ghráinneog, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar níos mó ann le linn a dtréimhse geimhrithe. Mar gheall ar líon réasúnta beag na n-ainmhithe beaga i ngach speiceas ar dóchúil go mbeidh siad buailte, agus gur speicis iad a bhogann thart go leor, ní dóchúil go dtarlódh leibhéal básanna de thoradh ghlanadh láithreáin a mbeadh tionchar aige ar stádas caomhantais na speiceas, agus a bheadh freagrach as éifeacht mhór dhiúltach, fiú ar scála geografach áitiúil.

***Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne***

Mar a pléadh thuas, i ndáil le Broic, is féidir le láithreacht bóthair nua ar na codanna as líne den fhorbairt bóthair atá beartaithe gníomhú mar bhac buan ar go leor speicis mhamaigh talún eile. D'fhéadfadh go ngníomhódh sé mar bhacainn fhisiceach nó d'fhéadfadh go gcuirfeadh trácht stop le mamaigh ó thrasnú.

Coimeádfaidh codanna den fhorbairt bóthair atá beartaithe a bheidh ardaithe ar phiaraí naisc idir gnáthóga agus os cionn tolláin. D'ainneoin sin beidh faid mhóra den fhorbairt bóthair atá beartaithe a d'fhéadfadh gníomhú mar bhac ar ghluaiseachtaí speicis mhamaigh talún eile laistigh den limistéar staidéir. Is féidir leis sin tionchar fadtéarmach a imirt ar dhinimic an daonra áitiúil mamach, agus é ag dul i bhfeidhm ar iompar foráiste sa limistéar áitiúil agus iomaíocht le haghaidh acmhainní agus gluaiseachtaí ar scála níos mó a ghabhann le scaipeadh agus/nó iompar póraithe agus malairt ghéiniteach idir daonraí.

Is féidir leis an éifeacht scartha/bhacainne gnáthóige ar na speicis mhamaigh talún eile sin a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar dhaonraí áitiúla mamaigh san fhadtéarma agus bheith freagrach as éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach áitiúil. Ceapadh bearta maolaithe chun aon éifeachtaí fadtéarmacha a íoslaghdú maidir le héifeacht bhacainne na forbartha bóthair atá beartaithe (féach ar **Chuid 8.6.7.4.1**).

***Cur isteach/díláithriú***

I dteannta le haon éifeachtaí díláithrithe i ndáil le cailliúint gnáthóige, d'fhéadfadh láithreacht níos mó daoine agus/nó torann agus creathadh i ndáil le hoibreacha tógála, speicis mhamaigh a dhíláithriú ó áiteanna póraithe/scíthe agus ó ghnáthóga foráiste.

Ós rud é go dtarlóidh cur isteach ó am go ham agus go sealadach (i bhformhór na n-ionad), áfach, is fíorbheag an seans go mbeidh aon éifeachtaí fadtéarmacha aige ar an daonra áitiúil mamaigh ná ar a stádas caomhantais. Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach áitiúil, ag cur isteach/díláithriú le linn tógála.

***Meathlú gnáthóige - cáilíocht uisce***

I rith tógála, is féidir le rith chun srutha ag uisce dromchla atá éillithe agus/nó doirteadh trí thimpiste nó eachtra truaillithe i ngné uisce dromchla ar bith tionchar diúltach mór a imirt ar cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe agus dá bharr sin dul

i bhfeidhm ar mhamaigh mhara go díreach (trí thocsaineacht ghéar nó fho-mharfach ó thruailleáin) nó go hindíreach (e.g. dul i bhfeidhm ar a soláthar bia nó ar a gcuid gnáthóg tacaíochta).

Meastar, áfach, nach dóchúil go dtarlódh eachtra truaillithe den mhéid sin le linn tógála a mbeadh aon éifeacht inbhraite aige ar cháilíocht uisce sa timpeallacht mhara, agus dá dtarlódh nach mbeadh i gceist ach eachtra shealadach. D'ainneoin sin, tá cur chuige réamhchúramach á ghlacadh agus talamh slán á dhéanamh de go bhfuil baol éigin ó thaobh tionchar ar cháilíocht uisce agus ceapadh bearta sonracha maolaithe chun an riosca a íoslaghdú níos mó; is é sin an riosca go mbeadh aon éifeacht inbhraite ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cháilíocht uisce i rith tógála ná ar stádas caomhantais na speicis mhamaigh mhara i gCuan na Gaillimhe (féach ar **Chuid 8.6.4**).

### 8.5.6.4.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne***

Is cinnte go ngníomhódh bóthar nua, ar na codanna as líne den fhorbairt bóthair atá beartaithe, mar bhac buan ar ghluaiseachtaí mamaigh sa cheantar áitiúil agus é ag gníomhú mar bhacainn fhisiceach nó bac mar gheall ar mhamaigh a bheith curtha ó thrasnú de thoradh tráchta.

Mar a pléadh thuas i gcás an Bhroic, coimeádfaidh codanna ardaithe den fhorbairt bóthair atá beartaithe (e.g. Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe agus struchtúir Tharbhealach Mhionlaigh) leibhéal éigin de nascacht gnáthóige idir gach fearann Broic a bheidh buailte (Eldridge & Wynn, 2011).

D'ainneoin sin beidh faid mhóra den fhorbairt bóthair atá beartaithe a ghníomhóidh mar bhac ar ghluaiseachtaí speicis sa limistéar staidéir. Is féidir leis sin tionchar fadtéarmach a imirt ar dhinimic an daonra áitiúil, agus é ag dul i bhfeidhm ar iompar foráiste sa limistéar áitiúil agus iomaíocht le haghaidh acmhainní agus gluaiseachtaí ar scála níos mó a ghabhann le scaipeadh agus/nó iompar póraithe agus malairt ghéiniteach idir daonraí.

Is féidir leis an éifeacht scartha/bhacainne gnáthóige a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar dhaonraí áitiúla mamaigh san fhadtéarma agus bheith freagrach as éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach áitiúil. Ceapadh bearta maolaithe chun aon éifeachtaí fadtéarmacha a íoslaghdú maidir le héifeacht bhacainne na forbartha bóthair atá beartaithe (féach ar **Chuid 8.6.7.4.2**).

***Cur isteach/díláithriú***

Is dóchúil go mbeidh leibhéal éigin d'éifeachtaí fadtéarmacha ag oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe ar úsáid gnáthóg ag mamaigh i gceantar na forbartha bóthair atá beartaithe (Benítez-López et al. 2010). Ní dóchúil go mbeidh éifeacht aige sin ar stádas caomhantais speiceas ná go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach dhóchúil, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

*Meathlú gnáthóige - cáilíocht uisce*

Beidh pointí srutha éalaithe ann chuig gnéithe uisce dromchla ón líonra draenála bóthair atá beartaithe le linn oibriúcháin agus mar sin beidh bealach iompair fhéideartha chun dul i bhfeidhm ar cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe. D'fhéadfadh go mbeadh éifeacht aige sin faoi seach ar na speicis mhamaigh mhara istigh ann. Cuimsíonn an dearadh draenála atá beartaithe do phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe bearta um rialú truaillithe (cuimsíonn sé sin idircheapairí peitril, bogach agus bearta eile, ar nós SuDS) agus ina dhiaidh sin linnte insíothlaithe (áit a scaoiltear chun na talún) nó linnte maolaithe (áit a scaoilfear draenáil chuig an séarach reatha uisce dromchla/stoirme), mar a gcuirtear síos orthu go sonrach i **gCaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

Ní bhaineann aon bhaol do cháilíocht uisce dromchla leis na codanna sin den draenáil bóthair atá beartaithe atá le scaoileadh chun na talún. Ní mór an seans, fiú dá dtarlódh teagmhas truaillithe, rud nach dócha, go mbeadh aon tionchar inbhraite ag gnáthcháilíocht uisce oibriúcháin na sruthanna éalaithe draenála a scaoileann chuig an líonra uisce dromchla/draenála atá ann faoi láthair, ar cháilíocht uisce i sruthchúrsaí glactha. Déantar plé go mion ar fheidhmiú agus éifeachtacht an dá ghné den líonra draenála bóthair atá beartaithe i **gCaibidil 11, Hidreolaíocht**.

Ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí ar cháilíocht uisce i gCuan na Gaillimhe le linn oibriúcháin ar na daonraí mamaigh mhara ná ar a stádas caomhantais agus mar sin ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar aon scála geografach.

*Riosca Mortlaíochta*

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe i dtírdhreach tuaithe méadófar go buan baol na n-imbhuailtí bóthair le speicis mhamaigh[73]. I gcás roinnt speiceas, ar nós creimirí, d'fhéadfadh go mbeadh an baol níos mó mar go dtéann go leor speiceas den sórt sin ar thóir foráiste i ngnáthóga garbha féaraigh agus scrobarnaí agus d'fhéadfadh go mbeadh dúil acu i ndul ar thóir foráiste ar imill an bhóthair. Níl mórán ó thaobh ghnáthóga féideartha foráiste do mhamaigh le fáil i ndromchlaí crua an bhonneagar bóithre áfach, seachas scrobláil gan choinne ag speicis mhóra mhamaigh. Bhí na rátaí de bhásanna mamaigh ar thug Haigh (2012) taifead orthu íseal (1.2 in aghaidh 100km) cé go raibh áiseanna tiomanta um thaisteal mamaigh ar na codanna de na bóithre a ndearnadh staidéar orthu, rud ar dóchúil go raibh tionchar dearfach aige ar an bhfigiúr seo. Ós rud é nach bhfuiltear in ann tionchar scéim bóthair gan mhaolú a chainníochtú go hiomlán, mar chur chuige réamhchúramach thángthas ar an gconclúid gur féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar dhaonraí áitiúla mamaigh san fhadtéarma, fiú mura bhfuil i gceist ach comhthéacs áitiúil. Mar sin, is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais áitiúil go

[73] Rinne Haigh (2012) taifead ar na speicis mhamaigh seo a leanas a maraíodh ar an mbóthar ar an líonra bóithre idir Droichead na Bandan agus Cathair Loistreáin i gCo. na Gaillimhe: An Coinín, An Ghráinneog, An Broc, An Sionnach, creimirí, An Minc, An Giorria, An Cat crainn agus An Easóg. Ó thaobh na speicis chosanta mamaigh a pléadh sa cuid seo, áfach, ní dhearnadh taifead go minic ar cheann ar bith acu seachas An Ghráinneog agus creimirí.

leor speicis mhamaigh agus is dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici ar an scála geografach áitiúil. Ceapadh bearta maolaithe chun an tionchar féideartha sin a sheachaint (féach ar **Chuid 8.6.7.4.2**).

### 8.5.7 Inveirteabraigh

#### 8.5.7.1 An Chráifisc liathdhonn

Ós rud é nach bhfuil an Chráifhisc liathdhonn laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, níl aon tionchair tuartha.

#### 8.5.7.2 An Diúilicín péarla uisce

Ós rud é nach bhfuil an Diúilicín péarla uisce laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, níl aon tionchair tuartha.

Cé nach raibh aon diúilicíní péarla uisce laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht indíreach ag tionchair ar speicis salmainide éisc ar dhaonra an Diúilicín péarla uisce i cSAC Loch Coirib; tá an daonra QI in Abhainn an Chnoic, c.23km ó thuaidh – féach **Cuid 8.5.11** thíos le haghaidh tionchar ar speicis éisc.

#### 8.5.7.3 An Seilide rinseach corraigh

##### 8.5.7.3.1 Tionchair na Céime Tógála

***Meathlú Gnáthóige – Cáilíocht Uisce Dhromchla***

Dá dtarlódh eachtra timpisteach doirte nó truaillithe a mbeadh éifeacht aige ar Abhainn na Gaillimhe, Lochanna Chúil Each agus na gnéithe draenála agus fuaráin mórthimpeall, agus ar Loch an Dúlaigh, d'fhéadfadh go mbeadh tionchar diúltach aige ar cháilíocht uisce agus dá bharr sin ar an ngnáthóg bogaigh ar a mbruacha a thacaíonn leis an Seilide rinseach corraigh.

Bheadh méid agus tábhacht tionchair den sórt sin ag brath go hiomlán ar nádúr, scála agus fad an eachtra truaillithe. Cé nach dóchúil go dtarlódh sé, sa chás ba mheasa d'fhéadfadh gurb é an toradh a bheadh air sin ná meathlú fairsing ar ghnáthóga uisceacha ar bhruacha sruthchúrsaí/dobharlaigh ghlactha ionas nach mbeadh siad in ann, sa ghearrthéarma ar a laghad, tacú leis an speiceas. D'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha ag tionchair den sórt sin ar dhaonra áitiúil an Seilide rinseach corraigh, agus go mbeadh díothú logánta mar thoradh air. Mar sin, is féidir le meathlú gnáthóige dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais áitiúil an speicis agus is féidir le héifeacht mhór dhiúltach, ar an scála geografach áitiúil, bheith mar thoradh air. Ceapadh bearta maolaithe chun cáilíocht uisce a chosaint le linn tógála (féach ar **Chuid 8.6.4**).

***Meathlú Gnáthóige - Screamhuisce***

Is féidir le haon éifeachtaí ar chórais reatha hidrigeolaíocha i Lochanna Chúil Each agus i Loch an Dúlaigh dul i bhfeidhm go diúltach ar an bhfásra bogaigh ar an mbruach a thacaíonn leis an Seilide rinseach corraigh.

Bunaithe ar thorthaí na measúnachta i g**Caibidil 10, Hidrigeolaíocht**, ní chuireann an fhorbairt bóthair atá beartaithe an soláthar screamhuisce i Loch Bhaile an Dúlaigh i mbaol. Is féidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, áfach, dul i bhfeidhm ar chainníocht agus cháilíocht an screamhuisce arna soláthar go Lochanna Chúil Each. Cé nach féidir méid an tionchair a chainníochtú go hiomlán, ar bhonn réamhchúramach meastar gur féidir leis dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais áitiúil an speicis agus is féidir le héifeacht mhór dhiúltach, ar an scála geografach áitiúil, bheith mar thoradh air. Ceapadh bearta maolaithe chun cáilíocht uisce an chórais hidrigeolaíoch reatha a chosaint le linn tógála (féach ar **Chuid 8.6.5**).

***Cailiúint gnáthóige & Riosca Mortlaíochta***

Bhí dhá limistéar ghnáthóige bogaidh a bhedh buailte go díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag tacú leis an Seilide rinseach corraigh: ag Loch Bhaile an Dúlaigh (Ch. 12+350) agus limistéar réisc sa Chaisleán Gearr (Ch. 13+000).

Ar an iomlán, bhí an Seilide rinseach corraigh sách coitianta go háitiúil: taifeadadh é ag 33 láithreán samplála amach as 120 láithreán ar fad. Mar gheall ar an gcaillteanas gnáthóige beag go leor a tharlóidh ag Loch Bhaile an Dúlaigh agus ag riasc an Chaisleáin Ghearr ní laghdófar an acmhainn gnáthóige bogaidh áitiúil don speiceas chomh mór is go bhféadfadh sé difear a dhéanamh dá chumas an daonra áitiúil a choimeád go fadtéarmach. Ar an gcaoi chéanna, cé gur dóigh go mbeidh leibhéal éigin mortlaíochta ag baint leis na hoibreacha tógála sna háiteanna seo, seans nach mbeidh aon tionchar aige do stádas caomhnaithe na speiceas go háitiúil.

Ní dóigh go ndéanfaidh caillteanas gnáthóige agus an riosca mortlaíochta i rith na tógála aon difear do stádas caomhnaithe na speiceas agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aige ar aon scála geografach.

### 8.5.7.3.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Meathlú Gnáthóige – Uisce Dromchla & Screamhuisce***

Beidh ionaid srutha éalaithe draenála ann chuig dhá ghné uisce dromchla a thacaíonn leis an Seilide rinseach corraigh: Abhainn na Gaillimhe agus Loch an Dúlaigh. Mar sin, tá baol ann go mbeadh éifeacht ag scaoileadh ón líonra draenála bóthair ar cháilíocht uisce, san fhadtéarma b’fhéidir, agus dá bharr sin go mbeadh tionchar aige ar ghnáthóga uisceacha/bogaigh.

Tá an dearadh draenála atá beartaithe comhdhéanta d’idircheapaire peitril agus ina dhiaidh sin linnte maolaithe agus insíothlaithe (áit a scaoilfear draenáil chun na talún) nó maolú agus bogach tógtha (áit a scaoilfear draenáil chuig an líonra reatha uisce dromchla/draenála) — mar a chuirtear síos go sonrach air i g**Caibidil 11, Hidreolaíocht**.

Ní bhaineann aon bhaol do cháilíocht uisce dromchla leis na codanna sin den draenáil bóthair atá beartaithe atá le scaoileadh chun na talún. Ní mór an seans, fiú dá dtarlódh teagmhas truaillithe, rud nach dócha, go mbeadh aon éifeacht inbhraite fhadtéarmach ag gnáthcháilíocht uisce oibriúcháin na sruthanna éalaithe draenála a scaoileann chuig an líonra uisce dromchla/draenála atá ann faoi láthair, ar cháilíocht uisce i sruthchúrsaí glactha. Déantar plé go mion ar fheidhmiú agus éifeachtacht an dá ghné den líonra draenála bóthair atá beartaithe i **gCaibidil 11, Hidreolaíocht**.

Cé go gcinnteofar leis an dearadh draenála go gcoimeádfar cáilíocht screamhuisce le linn oibriúcháin, tá sé tábhachtach imchuacha insíothlaithe a iniúchadh chun a chinntiú nach mbíonn éifeacht ag na gnéithe carstacha ar a bhfeidhmiú i rith oibriúcháin. Má aithnítear sin le linn gnáthiniúchta ar na himchuacha insíothlaithe is gá le maolú chun a chinntiú go ndéileáiltear le haon fhadhbanna ionas go leanfaidh siad ar aghaidh ag feidhmiú mar a dearadh ar feadh shaolré oibriúcháin na forbartha bóthair atá beartaithe.

Níl sé tuartha go rachaidh meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí ar cháilíocht uisce dromchla le linn oibriúcháin i bhfeidhm ar stádas caomhantais an Seilide rinseach corraigh agus mar sin ní bheidh éifeacht mhór dhóchúil i gceist leis, ar scála geografach ar bith.

Is féidir le meathlú gnáthóige mar thoradh ar éifeachtaí ar cháilíocht uisce dromchla le linn oibriúcháin dul i bhfeidhm ar stádas caomhantais an Seilide rinseach corraigh go háitiúil agus mar sin is féidir éifeacht mhór dhiúltach, ar an scála geografach áitiúil, a bheith mar thoradh air.

#### 8.5.7.4 An fritileán réisc

Faightear an fritileán réisc i struchtúr meitea-dhaonra — i.e. coilíneachtaí nó daonraí aonair, a bhíonn scartha go spásúil ach a bhíonn ag idirghníomhú lena chéile ar leibhéal éigin. Braitheann maireachtáil agus dianseasmhacht an mheitea-dhaonra ar líonra agus dlús imleor de limistéir ghnáthóige idirnasctha oiriúnacha, sa mhéid is gur féidir leis na coilíneachtaí aonair idirghníomhú go deas réidh agus athchoilíniú a dhéanamh i bpaistí nua gnáthóige mar fhreagairt ar dhíothú áitiúil minic (mar is féidir a tharlú) Tarlaíonn na heachtraí díothaithe áitiúla sin mar thoradh ar fhachtóirí ar nós athruithe ar bhainistíocht agus riocht gnáthóige, aimsir, acmhainní agus iomaíocht inspeiceasach agus/nó fíniú seadán. Agus na tionchair ar an bhFritileán réisc á measúnú, mar gheall ar struchtúr an speicis, tá sé chomh tábhachtach limistéir ina bhfuil gnáthóga oiriúnacha a mheas is atá na háiteanna inar tugadh taifead ar eangacha larbhaca.

Léirítear na luaineachtaí agus éagsúlachtaí nádúrtha i ndaonraí an Fhritileáin réisc sna taifid ar eangacha larbhacha le linn na gceithre bliana den suirbhé. Nuair a chuirtear torthaí shuirbhéanna 2013 agus 2014 i gcomparáid lena chéile (ós rud é gur clúdaíodh limistéar staidéir mór na scéime sa dá bhliain) i gcomparáid lena chéile: in 2013, ní raibh ach aon phaiste gnáthóige amháin a thacaigh le heangacha larbhacha ach in 2014, tugadh taifead ar 111 eangach larbhach ar fud

líonra na bpaistí gnáthóige oiriúnacha[74]. Tugann an patrún sin le tuiscint go raibh daonra lárnach (i limistéar laistigh de limistéar staidéir na scéime nach ndearnadh suirbhé air, nó lasmuigh de) a bhí dianseasmhach go leor, d'ainneoin thitim as éadan an daonra in 2013, chun an ceantar a athchoilíniú in 2014. Fiú nuair a dhéantar comparáid idir suirbhéanna 2015 agus 2016, inar clúdaíodh sa dá cheann acu limistéar suirbhé níos spriocdhírithe a dhírigh ar an bhforbairt bóthair a bhí beartaithe agus na tailte sa cheantar díreach mórthimpeall uirthi, feictear gur tháinig méadú ar líon na n-eangach larbhach ó 12 in 2015, go 56 in 2016. Sa limistéar céanna in 2014 bhí 39 n-eangach.

Ba ionann an t-achar de ghnáthóga oiriúnacha a ndearnadh léarscáiliú air le haghaidh an speicis ar fud limistéar staidéir na scéime in 2014 agus thart ar 110ha, a bhí scaipthe thar 139 bpaiste gnáthóige ar leithligh —agus na braislí ba dhlúithe de dírithe ar mhósáicí de ghnáthóga portaigh/fraoigh/scrobarnaigh/féarach fliuch As na paistí oiriúnacha gnáthóige sna limistéir sin, tugadh taifead ar eangacha larbhacha i 39 gcinn díobh (a chlúdaigh achar de c.60ha san iomlán).

#### 8.5.7.4.1 Tionchair na Céime Tógála

***Cailliúint Gnáthóige***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear go deo gnáthóga oiriúnacha don Fhritileán réisc, a mbeidh ina measc paistí gnáthóige a thacaíonn le heangacha larbhacha. Mar thoradh ar an tionchar a bheidh aige sin méadóidh scoilteadh gnáthóige, ní hamháin laistigh de phaistí oiriúnacha gnáthóige aonair, ach freisin i measc an líonra áitiúil de limistéir oiriúnacha gnáthóige a thacaíonn le daonra an Fhritileán réisc.

Ó thaobh chailliúint gnáthóige i limistéir inar tugadh taifead ar ghnáthóga oiriúnacha, agus ina raibh eangacha larbhacha (i rith ceann ar bith de na suirbhéanna a rinneadh idir 2013 agus 2016), ní bheidh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an bhFritileán réisc sa chuid thiar den limistéar staidéir. Is é an t-achar de ghnáthóg Fhritileán réisc atá buailte go díreach ná thart ar 5.2ha.

Tugtar faoi deara sa litríocht (Bulman 2001; Fowles & Smith 2006) gurbh amhlaidh laistigh de limistéir shamplacha de 16km$^{2,}$ gur measadh go raibh gá le híosachar níos mó ná 71ha (agus 100ha is dócha) de ghnáthóga oiriúnacha chun go mbeadh seans an-mhaith go mairfeadh meitea-dhaonra san fhadtéarma. Is ionann clúdach iomlán na ngnáthóg oiriúnach, ar fud na coda thiar de limistéar staidéir na scéime, agus limistéar de thart ar 16km$^2$. Mar sin, fiú má chailltear c.5.2ha beidh an 104.8ha a bheidh fágtha [75] laistigh de limistéar staidéir na scéime

[74] Ní dhearnadh suirbhé in 2013 ar an gcuid is mó den dá limistéar lárnach sa Cheapach agus i dTóin na Brocaí inar tugadh tacaíocht do líon mór eangach larbhach in 2014.
[75] Is dóchúil nach bhfuil in achar iomlán na ngnáthóg oiriúnach don Fhritileán réisc laistigh de limistéar staidéir na scéime ach cion den chlúdach iomlán gnáthóg oiriúnach atá ar fáil chun tacú leis an meitea-dhaonra áitiúil. Cé nár tugadh faoi shuirbhé ar bith don tionscadal seo lasmuigh de limistéar staidéir na scéime, bunaithe ar athbhreithniú ar ortafotagrafaíocht dheireanach, is cosúil go bhfuil mósáic gnáthóg atá cosúil leis an gceann i limistéar staidéir na scéime, a shíneann siar agus ó thuaidh. I dteannta leis an athchoilíniú tapa ar limistéar staidéir na scéime idir bliain na titime as éadan in 2013 agus 2014, gur lean coilíneacht lárnach ar aghaidh i ngnáthóga oiriúnacha, gar dó. Mar is dócha gur meastachán an-choimeádach faoi bhun an fhigiúir iarbhír atá in achar sonraithe na ngnáthóg a bheidh ar fáil tar éis tógála.

níos mó ná an tairseach sonraithe agus is cosúil go mbeidh sé imleor chun an meitea-dhaonra áitiúil a choimeád san fhadtéarma.

Is léir sin i bhfionnachtana na suirbhéanna ina léirítear d'ainneoin titime as éadan logánta sa daonra áitiúil bliain ar bhliain, go bhfuil líonra imleor gnáthóg, agus coilíneacht nó daonra lárnach buan laistigh de raon an athchoilínithe, le gur féidir leis an meitea-dhaonra teacht ar ais chuige féin. Fíric eile atá suntasach chuige sin ná nach mbeidh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na coimpléisc mhóra ghnáthóige a mbíonn daonra níos dlúithe iontu i gcónaí i Loch Inse, sa Cheapach, agus i dTóin na Brocaí.

Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint gnáthóige ar stádas caomhantais ná go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

***Scoilteadh/Scaradh Gnáthóige***

Gné lárnach de chumas an Fhritileán réisc athchoilíniú a dhéanamh nó bogadh chuig limistéir ghnáthóige eile ná an gaol spásúil idir limistéir gnáthóg oiriúnach i líonra de láithreáin gnáthóg oiriúnach; agus go príomha, a ngaire dá chéile. Mar sin, is féidir le cailliúint phaistí gnáthóige oiriúnaí, is cuma faoina méid nó cibé acu ar tugadh taifead ar an speiceas ansin roimhe seo, bheith freagrach as scoilteadh, nó leithlisiú gnáthóige, a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm ar inmharthanacht an daonra áitiúil Fhritileán réisc san fhadtéarma.

Is gnách gur speiceas neamhghníomhach atá san Fhritileán réisc. Tugadh tuairisc i go leor staidéar gurb iad na huasfhaid a ndéanfaidh an speiceas coilíniú/scaipeadh éasca tharstu idir limistéir ghnáthóige ná 1-2km (Betzholtz et al. 2007; Fowles agus Smith 2006 cé gur tugadh taifead ar ghluaiseachtaí thar fhaid níos airde, is dóchúil nach dtarlóidh siad chomh minic (Warren 1994; Hula et al. 2004; Zimmermann et al. 2011). Agus an tairseach níos coimeádaí de 1km á chur i bhfeidhm maidir le smaoineamh conas a d'fhéadfadh cailliúint gnáthóige dul i bhfeidhm ar dheiseanna mheitea-dhaonra an Fhritileán réisc a bheadh buailte ó thaobh coilíniú a dhéanamh i limistéir oiriúnacha ghnáthóige, ní bheadh ceann ar bith de na limistéir ghnáthóige oiriúnacha nach mbeadh buailte leithlisithe go buan ag an bhfad seo, nó fad níos mó.

Má scoiltear paiste aonair gnáthóige oiriúnaí ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe d'fhéadfadh nach mbeadh na codanna den ghnáthóg a bheadh fágtha oiriúnach don speiceas, mar gheall ar a méid beag nó mar gheall ar éifeachtaí méadaithe imill. Fuarthas i Bulman (2001) nár phóraigh an Fritileán réisc i bpaistí gnáthóige níos lú ná 0.1ha sa limistéar sin agus meastar an t-íosachar sin mar an tairseach nach mbeadh an speiceas in ann paistí leithlisithe gnáthóige a úsáid fúithi. Léirítear sin i bhfionnachtana na suirbhéanna áit a raibh beagnach gach ceann, seachas dhá cheann, de na 39 bpaiste oiriúnach gnáthóige inar tugadh taifead ar eangacha larbhacha níos mó ná 0.1ha. Mar sin, cuireadh san áireamh aon chodanna oiriúnacha gnáthóige faoi bhun na tairsí sin san áireamh agus cailliúint gnáthóige á ríomh. Is dóchúil go mbeidh paistí beaga leithlisithe gnáthóige níos mó i mbaol éifeachtaí imill agus cúngach/comharbas scrobarnaí agus san fhadtéarma, d'fhéadfadh go mbeadh siad oiriúnach chun tacú leis an speiceas mar gheall air sin. Fiú mura mbeadh na limistéir go léir den sórt sin ar fáil don Fhritileán réisc sa deireadh mar gheall ar thionchar an scoilteadh

gnáthóige, áfach, níl i gceist leis na limistéir a bheidh caillte, áfach, agus c.2ha san iomlán. I gcomhthéacs an achair de ghnáthóga oiriúnacha a bheidh ar fáil tar éis tógála (104.8ha) agus na limistéir bhreise de ghnáthóga oiriúnacha ar dóchúil go mbeidh siad ar fáil lasmuigh de limistéar staidéir na scéime, mar gheall ar an mósáic d'fhraoch, de phortach agus d'fhéarach fliuch atá le feiceáil san ortafótagrafaíocht, is fíorbheag an seans go mbeadh éifeacht ag an gcailliúint sin ar inmharthanacht fhadtéarmach an daonra nó mheitea-dhaonra áitiúil.

Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag scoilteadh/scaradh gnáthóige ar stádas caomhantais an speicis ná go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

***Riosca Mortlaíochta***

Is féidir le hoibreacha ghlanadh láithreáin bheith freagrach as bás an Fhritileán réisc agus/nó cur isteach ar a gcuid áiteanna póraithe/scíthe; fritileáin fhásta, uibheacha nó larbha a d'fhéadfadh a bheith i gceist ag brath ar an tráth den bhliain ina dtugtar faoi oibreacha. Bheadh méid an tionchair fhéideartha ag brath ar scaipeadh agus flúirse an speicis ar fud an limistéir in aon bhliain ar leith.

Mar gheall ar scaipeadh ionad póraithe ar fud an limistéir staidéir i gcaitheamh thréimhse an tsuirbhé, agus nádúr dianseasmhach na freagartha nádúrtha a bhíonn ag an speiceas ar eachtraí minice díothaithe sa limistéar áitiúil, is mó is cosúil nach dtarlódh aon bhásanna nó cur isteach mar thoradh ar oibreacha tógála ach laistigh den séasúr ina dtabharfaí faoi oibreacha ghlanadh láithreáin agus is dóchúil nach mbeadh éifeacht acu ach ar an daonra áitiúil[76]. Cé nach dóchúil go dtarlódh sé, d'fhéadfadh go mbeadh na paistí gnáthóige a bheidh buailte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe in ann tacú le cion mór den mheitea-dhaonra in aon bhliain ar leith. Dá dtarlódh sin, d'fhéadfadh go mbeadh éifeacht aige ar stádas caomhantais an speicis sa cheantar áitiúil agus go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar an scála geografach áitiúil. Mar gheall ar scaipeadh reatha an Fhritileán réisc ar scála contae (c.46 10km cearnógach), agus mar gheall ar scála agus nádúr gearrthéarmach an tionchair tuartha agus nádúr dianseasmhach na freagartha nádúrtha a bhíonn ag an speiceas ar eachtraí díothaithe minice sa limistéar áitiúil, ní dóchúil go mbeadh éifeacht aige ar stádas caomhantais an speicis ar scála geografach contae, ag a luacháladh an daonra áitiúil Fhritileán réisc.

Tugtar sonraí i **gCuid 8.6.8.2.1** faoi bhearta maolaithe chun an tionchar sin a sheachaint.

#### 8.5.7.4.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***An Éifeacht Bhacainne***

Ag féachaint ar an litríocht atá ar fáil, ní fhaightear aon fhianaise chinntitheach trína dtagtar ar chonclúid maidir le cibé acu an gcruthóidh oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe bac buan ar ghluaiseachtaí an Fhritileán réisc. Ar feadh fhad an ailínithe atá beartaithe, tá dhá hionad ina scarfaidh an fhorbairt bóthair atá

[76] Clúdaíonn an scaipeadh reatha don speiceas seo laistigh de theorainn Chontae na Gaillimhe nó in aice leis c.46 chearnóg 10km (NPWS, 2013c)

beartaithe limistéir de ghnáthóg Fhritileán réisc: sa chuid thiar den limistéar staidéir idir Ch. 0+750 agus Ch. 8+000; agus i Ráschúrsa na Gaillimhe áit a bhfuil an fhorbairt bóthair mórthimpeall air ar thrí thaobh.

Is speiceas é an Fritileán réisc atá in ann gluaiseachtaí scaipthe fadraoin a dhéanamh (Warren 1994; Hula et al. 2004; Zimmermann et al. 2011). Is léir freisin gur thrasnaigh sé an líonra reatha bóithre chun gnáthóga a choilíniú ag Ráschúrsa na Gaillimhe. Ag tógáil an méid suas san áireamh (sa chuid thiar den limistéar staidéir ar a laghad) agus freisin an fhíric go bhfuil an fhorbairt bóthair atá beartaithe comhdhéanta d’aon charrbhealach amháin atá réasúnta beag (c.20m), ní bheifí ag súil go gcuirfeadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe bac fisiceach ar ghluaiseachtaí an Fhritileán réisc idir an líonra reatha de phaistí oiriúnacha gnáthóige sa mhéid is go mbeadh éifeacht aige ar na deiseanna fadtéarmacha do na daonraí áitiúla ná don mheitea-dhaonra mór. Fiú má ghlactar cur chuige an-réamhchúramach, agus má dhéantar talamh slán de nach mbeadh an t-achar iomlán ó dheas den fhorbairt bóthair atá beartaithe ar fáil, ní dóchúil go laghdódh cailliúint 7.6ha an t-achar de ghnáthóg oiriúnach ar dóchúil go mbeidh sé ag teastáil ón meitea-dhaonra áitiúil chun a chinntiú go mairfidh sé san fhadtéarma (féach ar an bplé faoi riachtanais um achar gnáthóige thuas, faoin gceannteideal tionchair na céime tógála).

Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag aon éifeacht bhacainne de thoradh na forbartha bóthair atá beartaithe ar stádas caomhantais an speicis ná go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

***Riosca Mortlaíochta***

Is dóchúil le linn oibriúchán na forbartha bóthair atá beartaithe go mbeidh baol éigin báis don Fhritileán réisc a bheidh ag trasnú na forbartha bóthair atá beartaithe; cé nach féidir a chainníochtú, ag féachaint ar an litríocht fhoilsithe atá ar fáil, cén leibhéal baoil a d’fhéadfadh a bheith i gceist. As an c.105ha de ghnáthóg oiriúnach don Fhritileán réisc a bheidh fágtha tar éis tógála, níl ach 7.6ha ar an taobh theas den charrbhealach atá beartaithe. Tá an chuid is mó di (c.97.4ha), a chuimsíonn na limistéir sa Cheapach agus i dTóin na Brocaí, suite ar an taobh thuaidh. Cuireann sé teorainn le cumas na bhFritileán réisc dul trasna an charrbhealaigh atá beartaithe agus a ngá le trasnú agus ní dóchúil go mbeadh Fritileáin réisc ag bogadh trasna na forbartha bóthair atá beartaithe go minic.

Mar sin, ní dóchúil go dtiocfadh aon éifeachtaí ar leibhéal an daonra chun cinn mar thoradh ar bhásanna ar an mbóthar a mbeadh éifeacht acu ar stádas caomhantais an speicis nó a mbeadh éifeacht mhór dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh orthu.

## 8.5.8 Éin

### 8.5.8.1 Éin Phóraithe

Sa mheasúnacht a rinneadh sa Ráiteas Tionchair Natura (NIS) don fhorbairt bóthair atá beartaithe rinneadh machnamh ar chumas na forbartha bóthair atá beartaithe dul i bhfeidhm ar na speicis éin atá liostaithe mar SCInna i SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh dá gcuid daonraí póraithe: An

Sléibhín, an Broigheall agus an Gheabhróg. Thángthas ar an gconclúid sa mheasúnacht sin nach mbeadh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar a gcuid coilíneachtaí póraithe agus nach mbeadh aon éifeachtaí fadtéarmacha aici ar na daonraí áitiúla póraithe—ar glacadh cur chuige réamhchúramach ina leith sa mheasúnacht agus talamh slán á dhéanamh de go raibh gach speiceas éin SCI ar tugadh taifead air laistigh de limistéar staidéir na scéime ina gcuid de, nó nasctha le daonraí SPA. Mar sin, i gcás na speiceas sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar stádas caomhantais na ndaonraí póraithe agus mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici, ar scála geografach ar bith.

### 8.5.8.1.1 Tionchair na Céime Tógála

***Cailliúint Gnáthóige & Cailliúint Láithreán Póraithe/Scíthe***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear gnáthóga neadaithe agus foráiste um éin phóraithe ar fud an limistéir staidéir. Sonraítear na limistéir chailliúint gnáthóige ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe i **gCuid 8.5.4.3** agus mar a léirítear i **dTábla 8.27** do chinéalacha gnáthóg PÉ[77]. Sa chuid thiar den limistéar staidéir, is é atá i gceist leis sin ná bloic ina bhfuil gnáthóga den chuid is mó atá comhdhéanta de mhósáicí de Raithneach, Scrobarnach, Fraoch agus Féarach fliuch. Tá codanna ann áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe tailte talmhaíochta a bhfuil bainistíocht níos déine déanta orthu, agus gan mórán clúdaigh ó fhásra iontu le haghaidh éan póraithe neadaithe, agus beidh éifeacht i bhfad níos ísle ag cailliúint gnáthóige sna limistéir sin ar na daonraí áitiúla éin i gcomparáid leis na mósáicí gnáthóige leathnádúrtha. Ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 go Cairéal Leacaigh, is iad na gnáthóga atá buailte ná féarach taitneamhachta agus goirt talmhaíochta beaga agus meascán de choillearnach taitneamhachta curtha (in OÉ na Gaillimhe) agus coillearnach leathnádúrtha Fuinseoige agus Coill (soir ó Abhainn na Gaillimhe). Soir ó Chairéal Leacaigh caillfear limistéar beag scrobarnaí agus féaraigh fhliuch ag Loch an Dúlaigh. Sa Chaisleán Gearr beidh limistéar beag scrobarnaí timpeall réisc buailte, in aice le Bóthar Thuama an N83 limistéar beag de choillearnach Fuinseoige/Coill agus roinnt scrobarnaí timpeall Acomhal reatha an N6. Seachas na limistéir sin, is é an toradh is mó a bheidh ar an gcuid is mó den fhorbairt bóthair atá beartaithe, soir ó Chairéal Leacaigh, ná cailliúint gort ina bhfuil féarach talmhaíochta feabhsaithe nó cailliúint dromchlaí saorga a bhaineann leis an líonra reatha bóithre, ionaid ghnó agus Ráschúrsa na Gaillimhe.

Is é an príomhthoradh a bheidh ar chailliúint gnáthóige ná méadú ar iomaíocht i gcomhair acmhainní (e.g. gnáthóg neadaithe agus foinse creacha/bia) idir agus i measc speicis éin phóraithe. Beidh méid na héifeachta sin socraithe den chuid is mó ag go leor fachtóirí nach féidir a chainníochtú ar nós athruithe ar úsáid talún amach anseo agus cibé acu an bhfuil nó nach bhfuil a hacmhainn iompair bainte amach ag an acmhainn gnáthóige áitiúil ó thaobh speicis éin phóraithe. I gcás speiceas a mbíonn a raoin bhaile níos mó le linn an séasúr póraithe (ar nós an

[77] Seans go mbeidh tionchar díreach ag cailliúint na gcineálacha gnáthóg PÉ sin ar éin ghoir – ag cuimsiú níos mó ná 80ha de scrobarnach, coillearnach, féaraigh leathnádúrtha, gnáthóga bogaigh (e.g. eanaigh, riasc agus corcach ghiolcaí) agus gnáthóga fraoigh, mar aon le beagnach 12km d'fhálta sceach agus crannteorainneacha.

Fhabhcúin Ghoirm, a bhíonn ag seilg laistigh de 2km ó láthair an neide) ní dóchúil go mbeidh aon éifeachtaí inbhraite ar rath póraithe ná dinimic daonra ag cailliúint gnáthóige ar scála na forbartha bóthair atá beartaithe. Sampla eile ná an Scréachóg reilige, a bhíonn ag seilg de ghnáth laistigh de chiliméadar ó ionad na neide (Hardy et al., 2009). Laistigh den fhad sin ó Chaisleán Mhionlaigh, is iad na gnáthóga is mó atá buailte ná coillearnach agus forbairt chónaitheach seachas an ghnáthóg foráiste buan ina bhfuil féarach garbh agus ar fearr leis na héin.

Níl sna limistéir ghnáthóige a chaillfear mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ach cuid réasúnta beag de stráicí móra de chineálacha cosúla gnáthóige agus mósáicí in aice. Chuige sin, ní chaillfear aon limistéir ghnáthóige uathúla sa mhéid is gurb iad na limistéir amháin den chineál sin gnáthóige sa cheantar áitiúil agus, ar bhonn aonair nó coiteann, nach dóchúil go dtacaíonn siad le cion mór, nó leis an aon daonra amháin, d'aon speiceas éin phóraithe ar leith sa cheantar áitiúil. Cé go bhféadfadh go dtarlódh laghdú ar fhlúirse foriomlán na n-éan póraithe ar leibhéal áitiúil, ní dóchúil go mbeidh éifeacht aige sin ar an raon áitiúil de speicis éin phóraithe atá ann agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht aige ar chumas na ndaonraí éin phóraithe sin a gcuid daonraí a choimeád san fhadtéarma. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun éifeachtaí an chailliúint gnáthóige ar speicis éan póraithe sa cheantar áitiúil a laghdú (féach ar **Chuid 8.6.9.1.1**).

***Riosca Mortlaíochta***

Dá dtabharfaí faoi oibreacha ghlanadh láithreáin le linn séasúr póraithe na n-éan (Márta go Lúnasa, go huile) is dóchúil go scriosfaí ionaid neide ina mbeadh uibheacha nó sicíní agus go marófaí éin.

Is dócha maidir le básanna éin ar scála na forbartha bóthair atá beartaithe, le linn shéasúr éan póraithe ar dóchúil gur aon séasúr póraithe amháin a bheidh i gceist, go mbeidh éifeacht ghearrthéarmach aige ar fhlúirse an daonra áitiúil éan póraithe. San fhadtéarma, áfach, ní dóchúil go mbeidh éifeacht aige sin ar raoin na speicis éin phóraithe ar tugadh taifead orthu sa limistéar staidéir agus ní dóchúil go mbeadh éifeacht aige ar inmharthanacht fhadtéarmach na ndaonraí áitiúla.

Níl sé tuartha go mbeidh éifeacht ag básanna éin le linn oibreacha ghlanadh láithreáin ar stádas caomhantais na speicis éin phóraithe atá laistigh den limistéar staidéir.

***Cur isteach/díláithriú***

Mar gheall ar thorann, chreathadh, láithreacht níos mó daoine agus bac físe an trácht tógála a ghabhann le glanadh láithreáin agus tógáil cuirfear isteach ar speicis éin phóraithe agus is dóchúil go ndéanfar éin phóraithe a dhíláithriú ó limistéir ghnáthóige taobh le teorainn na forbartha atá beartaithe. Beidh méid an tionchair ag brath ar chineál na n-oibreacha tógála agus a fhaide is a bheidh siad ar siúl; ní bheidh éifeacht chomh mór ag gnáthghníomhaíochtaí tógála is a bheidh ag pléascadh, ó thaobh a ZoI, ach beidh siad ar siúl ó thréimhsí de roinnt míonna go roinnt blianta agus séasúr póraithe. Cé nach féidir méid an tionchair fhéideartha sin a chainníochtú (ná crios féideartha na héifeachta) d'fhéadfadh go sínfeadh sé ar feadh na gcéadta méadar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Ó thaobh láithreán neadaithe, is iad na cinn is íogaire ó thaobh éifeachtaí cur isteach (mar gheall ar an líon íseal díobh sa cheantar áitiúil, a stádas caomhantais agus gaire na láithreán neide do na hoibreacha tógála) ná an Scréachóg reilige agus an Fabhcún gorm.

Tá láithreán neide na Scréachóige Reilige i gCaisleán Mhionlaigh c.140m ó na príomhoibreacha tógála agus tá plandáil tírdhreacha agus cur isteach fhál teorann beartaithe in aice leis an gcaisleán. Is dóchúil go mbeidh na príomhoibreacha tógála fada go leor ó Chaisleán Mhionlaigh nach dtréigfidh an péire Scréachóg reilige a bhfuil cónaí orthu ann an láithreán neide agus dá bharr sin ní dóchúil go dtarlóidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ar an daonra áitiúil chuige sin.

Tá láithreán neide an Fhabhcúin ghoirm i gCairéal Leacaigh díreach in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus i measc na ngníomhaíochtaí tógála anseo tá briseadh carraige agus pléascadh carraige (gheofar níos mó sonraí i **gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála**). Mar sin is mór an baol go dtréigfidh an péire Fabhcún gorm a bhfuil cónaí orthu ann an cairéal, agus má thosaíonn oibreacha le linn an séasúr póraithe, go dtréigfidh siad an cairéal. Ós rud é go mbeidh oibreacha ar siúl sa cheantar ar feadh c.3 bliana, d'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aige sin ar earcú laistigh de dhaonra áitiúil na bhFabhcún Gorm má theipeann ar an bpéire pórú arís is arís eile.

Mar gheall ar nádúr sealadach go gearrthéarmach na n-oibreacha tógála, is thar an ngearrthéarma a tharlóidh éifeachtaí cur isteach nó díláithrithe agus mar sin ní dóchúil go mbeidh éifeacht acu ar stádas caomhantais fhormhór na speicis éin phóraithe a bheidh buailte agus ní dóchúil go dtarlóidh éifeacht mhór dhiúltach mar thoradh orthu, ar scála geografach ar bith.

Is féidir, áfach, go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha acu ar dhaonra áitiúil na bhFabhcún Gorm agus go mbeadh éifeachtaí móra diúltacha acu ar scála geografach contae. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun éifeachtaí maidir le cur isteach ó thógáil ar an bhFabhcún Gorm neadaithe a laghdú (féach ar **Chuid 8.6.9.1.1**).

### 8.5.8.1.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Baol maidir le Bás & Cur Isteach/Díláithriú***

Léiríodh go mbíonn tionchar diúltach ag trácht ar bhóithre ar dhaonraí áitiúla éin (Reijnen & Foppen, 2006; Summers et al., 2011): méadaítear riosca an bháis le bóithre nua, bíonn trácht ar bhóithre ina bhac físe, agus bíonn tionchar diúltach ag torann a bhaineann le trácht ar bhóithre ar fhlúirse agus láithreacht éan. Baineann méid an tionchair fhéideartha leis an idirghníomhú idir fachtóirí iomaí ar nós speicis agus dlús tráchta (a mbíonn tionchar aige ar leibhéil torainn agus baol báis) agus bíonn tionchar freisin ag cineál gnáthóige air. Is féidir le gnáthóg taobh bóthair dul i bhfeidhm go dearfach ar fhlúirse éan (e.g. soláthar scrobarnaí, trí phlandú nó mar thoradh ar éifeachtaí imill, gnáthóg bogaigh, nó gnáthóg féaraigh bhoirb). Is gnách, áfach, go bhfeictear na tairbhí a bhaineann leis an gcineál sin chruthú gnáthóige ar bhóithre ciúine áit nach bhfuil mórán tráchta agus gur gnách gur mó na tionchair a bhaineann le trácht ard-dlúis ar dhlúis éin ná aon tionchair fhéideartha.

Is dóchúil go rachaidh flúirse na speicis éin phóraithe i laghad go buan gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe mar thoradh ar mhéadú ar chur isteach agus bhásanna ó thrácht ar bhóithre; laghdóidh an éifeacht a bheidh aige sin go tionchar neodrach agus an fad ón bhforbairt bóthair atá beartaithe ag dul i méid. Cé nach féidir méid an tionchair fhéideartha sin a chainníochtú (ná crios féideartha na héifeachta), bunaithe ar an litríocht atá ar fáil don chuid is mo de speicis éin phóraithe d'fhéadfadh go ginearálta, go sínfeadh sé ar feadh na gcéadta méadar ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe tírdhreach ina bhfuil go leor cur isteach tarlaithe cheana, áfach, (i.e. áit a dtógfar í taobh leis an líonra reatha bóithre) nó tírdhreach ina bhfuil drochcháilíocht gnáthóige d'éin phóraithe (e.g. na hionaid ghnó i mBaile an Bhriotaigh agus sa Pháirc Mhór), is beag an crios éifeachta a bheidh ag an mbóthar.

D'fhéadfadh go ngníomhódh crios éifeachta an bhóthair freisin mar shlogaide daonra le linn blianta maithe póraithe éin; nuair a bhíonn rátaí bisiúlachta agus rátaí marthanachta na n-óg ard. D'fhéadfadh go mbeadh éin óga nach mbeadh mórán taithí acu tarraingthe don ghnáthóg droch-cháilíochta a bheadh buailte ag cur isteach ó thrácht ar bhóthar agus go mbeadh baol an bháis níos airde mar gheall ar ghaire na forbartha bóthair atá beartaithe. D'fhéadfadh go mbeadh éifeacht aige sin faoi seach ar a rath póraithe agus ar a marthanas. Toradh eile dóchúil a bheadh ar dhíláithriú éan póraithe ó chrios éifeachta an bhóthair ná méadú ar iomaíocht i gcomhair acmhainní (e.g. gnáthóg neadaithe agus foinsí creacha/bia) idir agus i measc speicis éin phóraithe.

Eisceacht amháin do chrios éifeachta tuartha an bhóthair í an Scréachóg reilige ar dóchúil go mbeadh sí buailte ag fad i bhfad níos mó agus a bhfuil plé ar leithligh déanta ina leith thíos. Eisceacht eile ná an Fabhcún gorm; speiceas a bhíonn réasúnta fulangach maidir le cur isteach ag daoine agus trácht ar bhóithre.

Cé go dtuartar go mbeidh éifeacht fhadtéarmach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar dhaonraí áitiúla éin phóraithe, fiú ar leibhéal áitiúil níl sé tuartha go mbeidh éifeacht aige sin ar chumas beagnach gach speiceas áitiúil éin phóraithe leanúint ar aghaidh laistigh dá raoin reatha nó a gcuid daonraí a choimeád san fhadtéarma — eisceacht í an Scréachóg reilige.

Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar stádas caomhantais na speicis éin phóraithe go ginearálta (seachas an Scréachóg reilige agus an Fabhcún gorm a phléitear ar leithligh thíos) agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aige, ar scála geografach ar bith.

***An Scréachóg reilige***

San ábhar foilsithe atá ar fáil a bhaineann le tionchair fhéideartha na forbartha bóthair ar an Scréachóg Reilige is ionann an conclúid gur dóchúil gurb é an toradh a bheadh ar láithreacht bóithre móra laistigh de 2.5km ó láithreán gníomhach neide ná ídiú mór an daonra áitiúil (Ramsden, 2003). Is dóchúil go mbeidh baol éifeachtaí den sórt sin an-ard i gcás láithreán neide Chaisleán Mhionlaigh mar go bhfuil sé laistigh de c.150m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe. Cé nach bhfuil ach aon láithreán neide amháin laistigh de chrios éifeachta tuartha an bhóthair, ní dóchúil go mbeidh líon mór láithreáin neide ann ar scála contae agus is dóchúil go dtiocfaidh laghdú fadtéarmach ar leibhéal an daonra ar scála contae.

Ní dóchúil go gcuirfear isteach ar an Scréachóg reilige neadaithe i gCaisleán Mhionlaigh de thoradh leibhéil an torainn oibriúcháin ($L_{den}$ 50-60dB). Is speiceas oíche é an Scréachóg reilige agus mar sin, is dóchúil, mar gheall ar chur isteach ó thrácht ar bhóithre san oíche (ó cheannsoilse ach go háirithe) agus ó shoilse saorga ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, go mbeidh díláithriú éigin an Scréachóg reilige ó ghnáthóga foráiste i gceist in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Mar gheall ar chrios tionchair réasúnta beag na soilse nuair a chuirtear i gcomparáid le raon baile an speicis é (suas go 5,000ha sa gheimhreadh agus suas go 350ha sa samhradh (Hardy et al., 2009)), ní dóchúil go dtiocfaidh aon laghdú ar dhaonra na Scréachóige Reilige de thoradh cur isteach le linn oibriúcháin ná go mbeidh éifeacht aige ar a cumas í féin a choimeád san fhadtéarma.

Ar an iomlán, is dóchúil go mbeidh éifeacht ag baol an bháis a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar stádas caomhantais na Scréachóige Reilige agus go mbeidh éifeacht dhiúltach mhór aige ar an scála geografach contae. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun baol an bháis don Scréachóg reilige mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a laghdú (féach ar **Chuid 8.6.9.1.2**).

***An Fabhcún gorm***

Cé nach gcaillfear an láithreán neide i gCairéal Leacaigh, a úsáideadh idir 2015 agus 2015, is mó an dóigh go mbeadh tionchar díreach ar an láithreán neide a d'úsáid péire Fabhcún gorm in 2018. Cé go gcoimeádfar an nead 'traidisiúnta' mar gheall ar bhóthar nua a bheith chomh gar dó agus é a bheith ardaithe os cionn na leibhéil talún atá ann cheana, d'fhéadfaí na Fabhcúin ghorma neadaithe a dhíláithriú go buan ón láithreán neide sin. Ós rud é nach bhfuil aon láithreáin neadaithe oiriúnacha eile laistigh den chairéal d'fhéadfadh go gcaillfí go buan an cairéal mar láithreán neide áitiúil don Fhabhcún gorm. Tá dhá láithreán cairéil eile sa cheantar áitiúil nach bhfuil cónaí ar phéire Fabhcún gorm iontu faoi láthair. Ní féidir a thuar go cinnte, áfach, go rachadh na Fabhcúin ghorma a bheadh díláithrithe ó Chairéal Leacaigh chun cónaí sna láithreáin eile, fiú dá mbeadh idirghabhálacha i gceist ar nós lóistí oiriúnacha neide a chruthú. D'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha ag cailliúint fhéideartha ceann amháin as trí láithreán neide de chuid an Fhabhcúin ghoirm ar an daonra áitiúil, agus go mbeadh éifeacht aici ar stádas caomhantais an speicis sa cheantar áitiúil.

Tá cailliúint fhéideartha an láithreán neide sin tábhachtach ar an scála geografach contae chomh maith. Ní fios cad é líon iarbhír na láithreáin neide ar fud Chontae na Gaillimhe agus Chontae an Chláir[78]ach de réir na meastachán reatha tá thart ar 60-70 láithreán neide ann. Tá cailliúint aon láithreáin amháin, a bhíonn in úsáid go rialta leis na blianta fada, tábhachtach sa chomhthéacs sin.

D'fhéadfadh cailliúint fhéideartha an láithreáin neide i gCairéal Leacaigh bheith freagrach as éifeacht mhór dhiúltach dhóchúil, ar scála geografach an chontae.

[78] Agus é seo á scríobh tá móráireamh náisiúnta ar an bhFabhcún gorm ar siúl ach ní fios fós na torthaí.

***Meathlú gnáthóige - Cáilíocht Uisce***

Beidh srutha éalaithe draenála ag dul chuig gach dobharcheantar abhann/srutháin a thrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Mar sin, tá baol ann go mbeadh éifeacht ag scaoileadh ón líonra draenála bóthair atá beartaithe ar cháilíocht uisce, san fhadtéarma b’fhéidir, agus dá bharr sin go mbeadh tionchar aige ar ghnáthóga uisceacha/bogaigh. Sa chás ba mheasa, d’fhéadfadh gurb é an éifeacht a bheadh air sin ná laghdú fadtéarmach ar fhlúirse agus scaipeadh speicis éin uiscigh/bhogaigh ar aibhneacha nó srutháin bhuailte.

Cuimsíonn an dearadh draenála atá beartaithe do phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe bearta um rialú truaillithe (cuimsíonn sé sin idircheapairí peitril, bogach agus bearta eile, ar nós SuDS) agus ina dhiaidh sin linnte insíothlaithe (áit a scaoiltear chun na talún) nó linnte maolaithe (áit a scaoilfear draenáil chuig an séarach reatha uisce dromchla/stoirme), mar a gcuirtear síos orthu go sonrach i **gCaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**.

Ní bhaineann aon bhaol do cháilíocht uisce dromchla leis na codanna sin den draenáil bóthair atá beartaithe atá le scaoileadh chun na talún. Ní mór an seans, fiú dá dtarlódh teagmhas truaillithe, rud nach dócha, go mbeadh aon éifeacht inbhraite fhadtéarmach ag gnáthcháilíocht uisce oibriúcháin na sruthanna éalaithe draenála atá beartaithe a scaoileann chuig an líonra uisce dromchla/draenála atá ann faoi láthair, ar cháilíocht uisce i sruthchúrsaí glactha. Déantar plé go mion ar fheidhmiú agus éifeachtacht an dá ghné den líonra draenála bóthair atá beartaithe i **gCaibidil 11, Hidreolaíocht**.

Níl sé tuartha go rachaidh meathlú gnáthóige i bhfeidhm ar stádas caomhantais speicis éin uiscigh nó bhogaigh mar gheall ar éifeachtaí ar screamhuisce nó uisce talún le linn oibriúcháin agus mar sin ní bheidh éifeacht mhór dhóchúil i gceist leis, ar scála geografach ar bith.

### 8.5.8.2 Éin Gheimhrithe

Sa chuid seo den mheasúnacht tionchair pléitear le speicis éin gheimhrithe — i.e. na speicis éin úd ar SCInna iad de chuid SPAnna dá ndaonraí geimhrithe, nó atá liostaithe ar liostaí Dearga nó Buí an BoCCI mar gheall ar a gcuid daonraí geimhrithe.

Tá figiúir do dhaonraí áitiúla éin bunaithe ar shuim na meándaonraí ó shonraí achoimre I-WeBS le haghaidh Loch Coirib agus Cuan na Gaillimhe Istigh (rochtain faighte orthu i mí na Nollag 2015). Is dóchúil, áfach, gur meastachán faoi bhun an méid iarbhír iad figiúir don daonra áitiúil éin mar gheall ar áirimh bhearnacha nó neamhiomlána an I-WeBS agus toisc nach bhfuil ach dhá limistéar bogaigh clúdaithe sa cheantar áitiúil (Cuan na Gaillimhe istigh agus Loch Coirib).

#### 8.5.8.2.1 Tionchair na Ceime Tógála

***Cailliúint Gnáthóige***

Mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear limistéir ghnáthóige oiriúnacha um éin gheimhrithe ó naoi gcinn de na láithreáin um éin gheimhrithe a ndearnadh suirbhé orthu le linn an gheimhridh 2014/15.

Mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe caillfear mósáic de ghnáthóg Féaraigh fhliuch/fraochmhá/scrobarnaí sa Chloch Scoilte WB07 (c.2.2ha), sa Cheapach WB03 (c.4.2ha) agus sa Bhealach WB10 (c.2.8ha). I ngach cás caillfear gnáthóga ar imill theas na mbloc gnáthóige sin agus mar sin, ní tharlóidh scoilteadh mar thoradh ar an gcailliúint. Cé gur thacaigh na láithreáin sin leis an gCrotach (ar Liosta Dearg an BoCCI dá dhaonra geimhrithe) bhí an líon éan íseal sna trí láithreán go léir i gceann ar bith de mhíonna dearfacha an tsuirbhé—ocht gcinn i Meán Fómhair 2014, seacht gcinn i nDeireadh Fómhair 2014 agus 2 i Samhain 2014. Freisin thacaigh na láithreáin sin le speicis éin gheimhrithe atá ar Liosta Buí an BoCCI. Tugadh taifead ar aon Bhroigheall amháin agus ar aon Fhaoileán Bán amháin uair amháin sna láithreáin suirbhé WB07 agus WB10, faoi seach. Tugadh taifead ar aon Phraslacha amháin díreach aon uair amháin i WB10. Tugadh taifead go minic ar naoscacha sna trí láithreán suirbhé go léir ach ní raibh ach líon sách íseal i gceist (idir aon agus naoi naoscach aonair, agus aon éan amháin nó dhó i mbeagnach leath de na láithreáin sin). Ós rud é nach mbeidh an chuid is mó de gach bloc gnáthóige buailte ag cailliúint ná scoilteadh gnáthóige, agus go raibh líon na n-éan geimhrithe íseal agus/nó nár tugadh taifead orthu go minic ar fud na láithreán um éin gheimhrithe atá i gceist, ní dóchúil go dtarlóidh éifeachtaí fadtéarmacha ar dhaonraí áitiúla éin gheimhrithe sa mhéid is go mbeadh imní faoi chaomhantas i gceist. Tá forluí beag leis an láithreán suirbhé WB08 ag Na Foraí Maola Thoir (c.0.04ha) ach tógadh ar an gcuid sin den láithreán agus níl sé tábhachtach do speicis éin gheimhrithe.

I gCampas Spóirt OÉ na Gaillimhe (WB45) beidh c.3.7ha den ghnáthóg féaraigh taitneamhachta a úsáideann éin gheimhrithe buailte ag an gcéim tógála (le haghaidh c.18 mí). Astu sin, caillfear c.2.8ha go buan do na páirceanna spóirt atá beartaithe. Agus fáil gnáthóga eile féaraigh taitneamhachta ar an gcoimpléasc agus áiteanna eile i gCathair na Gaillimhe á gcoimeád i gcuimhne, ní dóchúil go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ag an gcailliúint gnáthóige ar dhaonraí áitiúla na n-éan geimhrithe ag an láithreán sin.

Toradh féideartha a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ná cailliúint bhuan c.0.9ha de ghnáthóg féaraigh thirim ón gceann theas de láithreán suirbhé Loch an Dúlaigh (WB02). Is ionann sin agus thart ar 0.7% den choimpléasc locha agus bogaigh. Ós rud é nár tugadh taifead ar an gcion sin den ghnáthóg mar chuid a bhí á húsáid ag éin gheimhrithe le linn na suirbhéanna, agus nach scoiltfear an coimpléasc bogaigh ag cailliúint gnáthóige, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag an gcailliúint gnáthóige a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe i Loch an Dúlaigh ar na daonra áitiúla éin gheimhrithe a úsáideann an láithreán.

Ag Ráschúrsa na Gaillimhe caillfear (WB23), c.0.5ha (nó c.1%) den limistéar gnáthóige laistigh den láithreán suirbhé. Níor tugadh taifead ar úsáid an limistéar gnáthóige atá i gceist ag speicis éin gheimhrithe agus ós rud é go bhfuil sé ar an

imeall thiar, ní scoiltfear an láithreán ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Ó thaobh éan geimhrithe a bhfuil imní faoi chaomhantas ag baint leo, tugadh tacaíocht go hannamh i Ráschúrsa na Gaillimhe do líon beag den Sléibhín (trí cinn, ar aon ócáid amháin), den Fhaoileán bán (trí cinn freisin ar aon ócáid amháin), agus den Roilleach (aon éan amháin ar aon ócáid amháin). Rud níos suntasaí ná gur tugadh taifead ar an gCrotach ar thrí hócáid (trí cinn i nDeireadh Fómhair 2014, dhá cheann i Samhain 2014, agus 37 i mí Eanáir 2015) ach bhí siad sa chúinne thiar theas den láithreán suirbhé i gcónaí, agus ní chaillfear aon ghnáthóga ansin mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

I WB01, a chuimsíonn na tailte timpeall na n-Ardán agus Dhabhach Uisce, níor tugadh taifead ach ar líon beag den Sléibhín ar dhá hócáid. Mar gheall ar an líon beag a taifeadadh agus nár tugadh taifead orthu go minic, agus toisc go bhfuil flúirse gnáthóg eile ina bhfuil féarach talmhaíochta sa cheantar áitiúil nach mbeidh buailte ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint gnáthóige sa láithreán suirbhé sin ar dhaonra geimhrithe áitiúil an tSléibhín.

I gCairéal Leacaigh (WB16), ba é an Pocaire Gaoithe an t-aon éan geimhrithe a bhfuil imní ó thaobh caomhantais ag baint leis ar tugadh taifead air i rith gheimhreadh 2014/15 — tugadh taifead ar thrí cinn ag eitilt os cionn an láithreáin i bhFeabhra 2015. Cé nach bhfuil sé dearbhaithe fós, is dóchúil gur raon maireachtála é limistéar Mhionlaigh/Chúil Each le haghaidh péire áitiúil ar tugadh taifead orthu agus iad ag neadú i gCairéal Ghort an Chalaidh in 2014, 2015 agus 2016. Níor tugadh taifead ar Chairéal Leacaigh mar láithreán fartha don speiceas agus níl mórán ann ó thaobh gnáthóg foráiste don speiceas. Ag tógáil an méid sin san áireamh, agus toisc go bhfuil gnáthóga foráiste eile ar fáil laistigh den cheantar áitiúil (e.g. gnáthóga oscailte féaraigh fhliuch agus portaigh i gCúl an Oileáin), ní dóchúil go mbeidh aon éifeacht inbhraite ag cailliúint gnáthóige don fhorbairt bóthair atá beartaithe ar an bPocaire Gaoithe geimhrithe sa cheantar áitiúil.

Déanann an Fabhcún gorm neadú/faradh i gCairéal Leacaigh i rith an t-séasúir póraithe agus, cé nár tugadh taifead orthu i rith na suirbhéanna ar éin gheimhrithe, is dóchúil freisin go mbeidh cónaí orthu ann i rith an gheimhridh. Ós rud é go bhfuil raon mór sealgaireachta aige (2-6km ón láithreán neide – Hardy *et al.* 2009), agus mar gheall ar fháil gnáthóg eile um foráiste laistigh den cheantar áitiúil le haghaidh speicis atá chomh solúbtha ó thaobh rogha gnáthóige, ní dóchúil go mbeidh aon éifeacht inbhraite ag cailliúint gnáthóg ar an bhFabhcún gorm geimhrithe sa cheantar áitiúil.

Ar an iomlán, agus ag coimeád i gcuimhne éifeacht charnach an chailliúint gnáthóige ar fud na láithreán suirbhé go léir um éin gheimhrithe atá i gceist ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cailliúint gnáthóige ar stádas caomhantais na speicis éin gheimhrithe agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach aici, ar aon scála geografach.

***Cur isteach/díláithriú***

Ós rud é go ndéanfar an chuid is mó de na hoibreacha le linn ghnáthuaireanta oibre le solas lae, ní chuirfidh an obair thógála isteach ar éin gheimhrithe san

oíche, cibé acu go bhfuil ar thóir foráiste nó i mbun fartha. Mar sin, dírítear sa phlé thíos ar chur isteach le linn an lae.

Chun críocha tionchair a mheasúnú agus faid an éifeacht cur isteach a shainiú, déantar cur isteach de thoradh tógála a mheas maidir le gnáthghníomhaíochtaí tógála (e.g. tionchar físe oibrithe tógála agus innealra agus an creathadh lena mbaineann agus leibhéil torainn níos minice/leanúnaí) agus cur isteach ag torann ríge ó fhoinsí torainn annamha agus leibhéal torainn níos airde, ar nós pléasctha.

<u>Cur Isteach ag Gnáthghníomhaíochtaí Tógála</u>

I dtuarascáil a ullmhaíodh do Humber INCA, Cutts *et al.* (2009) fiosraíodh éifeachtaí an chur isteach ar éin uisce ar thóir foráiste agus i mbun fartha. Bunaithe ar fhionnachtana an staidéir sin, ó thaobh freagartha ar chur isteach ó thríú páirtí (e.g. láithreacht daoine), bheifí ag súil le héifeachtaí fíorbheaga tar éis 300m. Ó thaobh thorann na tógála, bheifí ag súil maidir le leibhéil faoi bhun 50dB nach dtabharfadh éin ar thóir foráiste nó i mbun fartha aon fhreagairt orthu. Spreagfadh leibhéil torainn idir 50dB agus 70dB éifeacht/leibhéal freagartha measartha ó éin — i.e. d'éireodh éin beoga agus thiocfadh roinnt athruithe ar iompar (e.g. laghdú ar ghníomhaíocht bheathaithe)—ach bheifí ag súil go rachadh éin i dtaithí ar leibhéil torainn laistigh den raon sin. Is dóchúil dá mbeadh leibhéil torainn os cionn 70dB go mbogfadh 8.31 éan as an gcrios a bheidh buailte, nó go n-imeodh siad ón láithreán. Tacaítear leis sin ag fionnachtana Wright et al. (2010) ina bhfuarthas gur tharla freagairtí iompair mar thoradh ar mheánleibhéil torainn os cionn 60dB, agus éin ag tréigean an láithreáin mar fhreagairt ar leibhéil torainn os cionn 70dB.

Ríomhadh na leibhéil torainn a bhaineann leis an ngnáthghníomhaíocht tógála i gcomhréir leis an modheolaíocht atá leagtha amach i BS 5228: Cuid 1. Sa chaighdeán seo leagtar amach leibhéil an chumhacht torainn um míreanna gléasra ar gnách go bhfaightear ar láithreáin tógála iad, agus ligeann sé sin, faoi seach, leibhéil torainn a thuar. Beidh míreanna éagsúla gléasra á n-úsáid le linn oibreacha tógála. Ina measc beidh bristeoirí, tochaltóirí, dumpairí agus gineadóirí i dteannta le gnáth-threalamh chun dromchla a chur ar bhóithre agus iad a dhéanamh cothrom. Sna príomhchéimeanna oibreacha is é a bheidh i gceist ná briseadh talún, oibreacha tochailte, oibreacha líonta, píleáil struchtúr, agus gnáthoibreacha bóthair.

Ríomhadh leibhéil torainn táscacha le haghaidh ghnáthfhoinsí torainn a bhaineann le hoibreacha tógála bóthair ag faid socraithe ón ngníomhaíocht tógála agus úsáid á baint as na sonraí foinse ó BS 5228:2009 Cód Cleachtais um Rialú Torainn agus Creathaidh ar Láithreáin Tógála agus Oscailte – Cuid 1 Torann. Déantar talamh slán de sna ríomhaireachtaí go mbíonn na míreanna gléasra ag oibriú 66% den am chun luach LAeq, 1 uair an chloig a fháil. Cuirtear leibhéil torainn i láthair i **dTábla 8.33** le haghaidh na míreanna aonair gléasra ag faid sonracha i dteannta le leibhéal carnach agus talamh slán á dhéanamh de go bhfuil gach mír gléasra a bhaineann leis na céimeanna aonair ag oibriú ag an am céanna, agus ag an bhfad céanna, le haghaidh aon cháis amháin ar bith. Ní thógtar san áireamh sna ríomhaireachtaí aon scáthú a thugann struchtúir idirghabhála, ballaí cláir ar an láithreán tógála etc. agus mar sin is ionann iad agus "an cás ba mheasa".

## Tábla 8.33: Leibhéil Torainn Táscacha a Bhaineann leis na hOibreacha Tógála

| **Glanadh & Ullmhú Láithreáin** | **Fad $L_{Aeq, T}$ ríofa ó oibreacha (m)** | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | **50 m** | **100 m** | **150 m** | **200 m** | **250 m** | **300 m** | **350 m** | **400 m** |
| Bristeoir neomatach C.1.6 | 67 | 61 | 58 | 55 | 53 | 52 | 50 | 49 |
| Lódaire le rothaí C2-26 | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| Tochaltóir rianaithe (dumpaire lódála) C1-10 | 69 | 63 | 60 | 57 | 55 | 54 | 52 | 51 |
| Scartaire C.2.10 | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| Dumpaire (C2.30) | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| **$L_{Aeq}$ iomlán ó na hoibreacha go léir** | **73** | **67** | **64** | **61** | **59** | **58** | **56** | **55** |
| **Oibreacha Líonta** | **Fad $L_{Aeq, T}$ ríofa ó oibreacha (m)** | | | | | | | |
| | **50 m** | **100 m** | **150 m** | **200 m** | **250 m** | **300 m** | **350 m** | **400 m** |
| Tochaltóir rianaithe (dumpaire lódála) C1-10 | 69 | 63 | 60 | 57 | 55 | 54 | 52 | 51 |
| Dumpaire altach (ag dumpáil spallaí) C1-11 | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| Lódaire le rothaí C2-26 | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| Scartaire C.2.10 | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| Líonadh Dumpála ag Dumpaire (C2.30) | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| **$L_{Aeq}$ iomlán ó na hoibreacha go léir** | 73 | **66** | **63** | **60** | **59** | **57** | **56** | **54** |
| **Oibreacha Píleála** | **Fad $L_{Aeq, T}$ ríofa ó oibreacha (m)** | | | | | | | |
| | **50 m** | **100 m** | **150 m** | **200 m** | **250 m** | **300 m** | **350 m** | **400 m** |
| Rige Suite ar Iompróir Snámhaíola (C3.22) | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| Tochaltóir rianaithe ag cur isteach chliabh miotail (C3.24) | 58 | 52 | 49 | 46 | 44 | 43 | 41 | 40 |
| Caidéal Coincréite & Trucail Mheascthóir Stroighne (C4.24) | 51 | 45 | 42 | 39 | 37 | 36 | 34 | 33 |
| Gineadóir Díosail (C4.76) | 45 | 39 | 36 | 33 | 31 | 30 | 28 | 27 |
| Líomhadóir diosca (C4.93) | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| **$L_{Aeq}$ iomlán ó na hoibreacha go léir** | **68** | **62** | **58** | **56** | **54** | **52** | **51** | **50** |
| **Oibreacha Bóthair** | **Fad $L_{Aeq, T}$ ríofa ó oibreacha (m)** | | | | | | | |
| | **50m** | **100 m** | **150 m** | **200 m** | **250 m** | **300 m** | **350 m** | **400 m** |
| Tochaltóir rianaithe (C2.21) | 55 | 49 | 46 | 43 | 41 | 40 | 38 | 37 |
| Dumpaire (C2.30) | 63 | 57 | 54 | 51 | 49 | 48 | 46 | 45 |
| rollóirí creathacha (C5.20) | 59 | 53 | 50 | 47 | 45 | 44 | 42 | 41 |
| Pábháil Asfailt & Leoraí Dumpála (C.5.31) | 61 | 55 | 52 | 49 | 47 | 46 | 44 | 43 |

| | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| Gineadóir Díosail (C4.76) | 45 | 39 | 36 | 33 | 31 | 30 | 28 | 27 |
| Rollóirí Bóthair (C5.19) | 64 | 58 | 55 | 52 | 50 | 49 | 47 | 46 |
| **$L_{Aeq}$ iomlán ó na hoibreacha go léir** | **69** | **63** | **59** | **57** | **55** | **53** | **52** | **51** |

Ní bheifí ag súil maidir le ceann ar bith de na gníomhaíochtaí tógála atá liostaithe thuas go mbeadh éifeacht cur isteach ar leibhéal níos airde ná leibhéal measartha acu ar éin uisce ag faid níos mó ná 150m uathu. Ag 300m, tá na leibhéil torainn faoi bhun 60dB nó, sa chuid is mó de chásanna, tá siad ag druidim leis an tairseach 50dB. Bheifí ag súil le héifeachtaí ísle nó gan éifeachtaí ar bith i gcás na leibhéil torainn sin. Chuirfeadh aon ghnéithe tírdhreacha, clúdach fásra nó foirgnimh idir an láithreán tógála agus láithreáin um éin gheimhrithe le laghdú breise ar an torann timpeallach ag aon fhad ar leith. Mar sin, meastar go bhfuil 300m comhionann le crios maolánach réamhchúramach agus ZoI éifeachtaí cur isteach á shainiú.

<u>Cur Isteach ó Thorann Ríge</u>

Ó thaobh leibhéil torainn a bhaineann le pléascadh, bheifí ag súil go mbeadh tairseacha um freagairt iompair cosúil leo siúd a bhfuil tuairisc tugtha orthu thuas le haghaidh gnáth-chur isteach a bhaineann le tógáil — i.e. níos mó ná 60dB. Agus fad á ríomh ag a mbeadh pléascadh méadaithe go leibhéal faoi bhun 60dB, áfach, ní féidir bheith chomh cinnte mar gheall ar líon mór na ngnéithe éagsúla a mbeadh tionchar acu ar an ríomhaireacht sin (e.g. méid an lánáin a úsáidtear)

I Rees et al. (2005) fuarthas gur cuireadh Ealaí glóracha ar an airdeall ag cur isteach ó thorann ríge (e.g. scanrú éan ag aerfort) ag faid suas go c.800m. Mar chur chuige réamhchúramach, is é an fad sin ná an crios a mbeifí ag súil le leibhéal éigin cur isteach ó phléascadh carraige laistigh de. Is fiú a thabhairt faoi deara, áfach, gurbh amhlaidh sa staidéar sin nár cuireadh ach trian d’éin ar an airdeall agus gur eachtraí sealadacha a bhí in eachtraí cur isteach, agus éin ag leanúint ar aghaidh mar a bhí siad roimh an gcur isteach laistigh de chúpla nóiméad. Mar sin, is dóchúil go mbraithfear is mó aon éifeachtaí cur isteach áit a mbíonn pléascadh ar siúl go rialta, le linn thréimhse faide, agus ag faid níos lú ná 800m is dócha. Is é an t-aon ionad ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar dóchúil go dtarlóidh pléascadh rialta, fadaithe i gceantar láithreán tábhachtach um éin gheimhrithe (i.e. láithreán ina mbíonn líon mór éan go minic) ná an crios idir an bealach isteach ón taobh thiar de Thollán Leacaigh agus Acomhal Bhóthar Thuama an N83 mar atá beartaithe. Mar sin, is é Loch an Dúlaigh an t-aon láithreán d’éin gheimhrithe áit a bhféadfadh go mbeadh éifeacht mhór dhiúltach ar speicis éin gheimhrithe agus léirítear é sin sa phlé thíos, faoi na ceannteidil um speicis aonair.

<u>Tionchair ar Speicis Éin Gheimhridh a bhfuil Imní ag baint leo ó thaobh Caomhantais</u>

Ó thaobh éifeachtaí ar gach ceann de na speicis éin gheimhrithe ar tugadh taifead orthu i ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, cuirtear i láthair san NIS don fhorbairt bóthair atá beartaithe measúnacht níos sonraí ar na speicis sin atá liostaithe mar SCInna i SPA Loch Coirib nó SPA Chuan na Gaillimhe istigh. Bunaithe ar fhlúirse agus mhinice na speicis sin éin ar tugadh taifead orthu i ngach

láithreán um éan geimhridh atá i gceist, agus an mhodheolaíocht measúnachta a bhaineann leis an gcur isteach atá leagtha amach thuas, thángthas ar an gconclúid nach mbeadh aon éifeachtaí aige ar leibhéal an daonra. Mar sin, i gcás na speiceas sin ní bheidh éifeacht ag cur isteach/díláithriú de thoradh oibreacha tógála ar stádas caomhantais an speicis agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach acu, ar scála geografach ar bith.

Ba iad na speicis éin gheimhrithe neamh-SCI a bhfuil ábhar imní ag baint leo ó thaobh caomhantais laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe ná: An Bonnán, an Foitheach mór, an Spágaire tonn, an Meirliún, an Eala bhalbh, an Fabhcún gorm agus an Naoscach. Pléitear thíos tionchar féideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar dhaonraí geimhrithe gach ceann de na speicis sin.

***An Bonnán***

Tugadh taifead ar aon Bhonnán amháin i Lochanna Chúil Each (WB04) i bhFeabhra 2015, bhí sé ag eitilt ar dtús agus ansin ag tuirlingt ar ghiolcarnacha ar an taobh thoir den loch mór ó thuaidh. Ní minic a thugann an Bonnán cuairt ar Éirinn sa gheimhreadh agus níl sé san áireamh ar na liostaí BoCCI. Tugann radhairc ad hoc ar an mBonnán i gContae na Gaillimhe gurb í an uair dheireanach ar tugadh taifead air ná in aice le Loch Coirib i mí na Nollag 2011[79]; agus gan ach dhá thaifead de sa chontae i gcaitheamh na 5 bliana suas go geimhreadh 2015. Is dóchúil go dtarlóidh oibreacha tógála le linn an gheimhridh laistigh de 300m ó Lochanna Chúil Each agus mar sin, d’fhéadfadh go gcuirfí isteach ar éin gheimhrithe, an Bonnán san áireamh, nó go ndéanfaí iad a dhíláithriú. Is ag an gceann thuaidh de na bogaigh i Lochanna Chúil Each amháin, áfach, a dtagann siad laistigh den ZoI um chur isteach a bhaineann le gnáth-thógáil. D’fhéadfadh go mbeadh gá le pléascadh le linn tógála laistigh de 800m ó Lochanna Chúil Each, ach is dóchúil gur riachtanais fhíorbheaga a bheidh i gceist: i.e. is dóchúil gur tréimhsí laethanta, nó cúpla seachtain a bheidh i gceist agus gurb annamh go dtarlóidh eachtraí pléasctha in aon ionad faoi leith. Mar sin, ní dóchúil go mbeidh ach éifeacht ghairid ag díláithriú mar gheall ar phléascadh ar bith, i gcás ar bith. Mar gheall ar an gclúdach fairsing coillearnaí atá idir na gnáthóga bogaigh/locha agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe is dóchúil go laghdófar go mór éifeachtaí cur isteach le linn tógála ó na faid 300m agus 800m a bheidh ag baint le héifeachtaí na tógála a bhfuil cur síos tugtha orthu. Fiú dá ndéanfaí an Bonnán a dhíláithriú go sealadach ón gceantar, tá flúirse gnáthóg oiriúnach eile ar fáil chun freastal ar an speiceas, timpeall Lochanna Chúil Each agus ar an taobh thuaidh de Chaisleán Mhionlaigh. Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cur isteach de thoradh oibreacha tógála ar stádas caomhantais an speicis agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach air, ar scála geografach ar bith.

***An Foitheach mór***

Tugadh taifead ar dhá Fhoitheach mór ar aon ócáid amháin le linn na suirbhéanna ar éin gheimhridh ar chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12) in aice leis an ardán um thuirlingt báid ag Óstán Glenlo Abbey. Meastar go bhfuil sé sin comhionann le thart ar 3.4% den daonra áitiúil. Sa cheantar idir Óstán Glenlo Abbey agus Cé Mhionlaigh, tá Abhainn na Gaillimhe laistigh de ZoI oibreacha tógála ginearálta.

[79] Dar le www.irishbirding.com Rochtain faighte ar na taifid ‘Radhairc’ ar an 18 Nollaig 2015

Is dóchúil gur éifeachtaí sealadacha a bheidh in aon éifeachtaí cur isteach a bheadh ag baint le hoibreacha tógála sa cheantar sin ós rud é gurb é atá i gceist ná píblíne, áiseanna maolaithe agus sruth éalaithe draenála, agus nach bhfuil ach cion beag de na hoibreacha laistigh de 300m ó Abhainn na Gaillimhe. Mar gheall ar na taifid thearca don speiceas sin ón gcuid sin d'Abhainn na Gaillimhe atá laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, agus mar gheall ar nádúr sealadach oibreacha sa cheantar, níl i gceist ach baol íseal ó thaobh éifeachtaí cur isteach agus díláithrithe. Tá an chuid is mó de chonair na habhann (go háitiúil) lasmuigh de ZoI aon éifeachtaí cur isteach agus bheadh sí ar fáil chun freastal ar fhoithigh dhíláithrithe. Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cur isteach de thoradh oibreacha tógála ar stádas caomhantais an speicis agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach air, ar scála geografach ar bith.

***An Spágaire tonn***

Tugadh taifead ar an spágaire tonn i gceithre láithreán um éin gheimhridh laistigh de ZoI na n-oibreacha gnáth-thógála agus an phléasctha fhadaithe fhéideartha i gCairéal Leacaigh: Loch an Dúlaigh (WB02), Lochanna Chúil Each (WB02), siar ó Loch Inse (WB08) agus ar chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12).

Tá Loch Inse c.740m ón bhforbairt bóthair atá beartaithe, ag an ionad is gaire dó. Ag an bhfad sin, agus ós rud é go bhfuil an t-ionad pléasctha is gaire dó c.800m ó bhruach an locha, ní dóchúil go mbeidh aon éifeachtaí inbhraite ag oibreacha tógála ó thaobh cur isteach ag an láithreán sin.

Tugadh taifead go minic ar an Spágaire tonn i Loch an Dúlaigh, Lochanna Chúil Each agus ar Abhainn na Gaillimhe; cé gurbh é an líon ba mhó ar tugadh taifead air in aon ionad amháin nó le linn aon chuairte ar leith don suirbhé ná cúig cinn (meastar go bhfuil sé sin comhionann le c.4.3% den daonra áitiúil). Mar a pléadh thuas maidir leis an mBonnán, ní dóchúil go ndéanfaidh cur isteach a bhaineann le tógáil ag Lochanna Chúil Each éin gheimhrithe a dhíláithriú ón gcuid is mó den ghnáthóg locha—fiú mar thoradh ar aon phléascadh a d'fhéadfadh a bheith ag teastáil, nach mbeadh ach éifeachtaí gairide aige.

Ar Abhainn na Gaillimhe, tugadh taifead ar an Spreagaire tonn ar chonair na habhann ó Chathair na Gaillimhe go Mionlach; bhí formhór na dtaifead in aghaidh an tsrutha ó Champas Spóirt OÉ na Gaillimhe agus idir Lochanna Chúil Each agus Cois Uisce sa chathair. Tá an dá hionad lasmuigh de ZoI ghnáthghníomhaíochtaí tógála agus is dóchúil nach mbeadh ach riachtanais fhíorbheaga ó thaobh pléasctha ag baint le hoibreacha laistigh de 800m ó Abhainn na Gaillimhe agus nach mbeadh ach éifeacht ghairid acu maidir le cur isteach. Is dóchúil go dtarlóidh leibhéal éigin de chur isteach a bhaineann le tógáil mar gheall ar oibreacha tógála in aice le hAbhainn na Gaillimhe ach cur isteach gearrthéarmach a bheidh ann (c.18 mí) Ós rud é go mbeidh an chuid is mó den ghnáthóg abhann lasmuigh de ZoI cur isteach a bhaineann le tógáil, agus mar gheall ar an líon beag den Spagaire tonn a d'fhéadfadh a bheith buailte fad na habhann, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ag aon chur isteach/díláithriú ar an speiceas.

Ós rud é go bhfuil Loch an Dúlaigh laistigh de ZoI aon ghníomhaíocht fhadtéarmach (fhéideartha) pléasctha idir Cairéal Leacaigh agus Acomhal Bhóthar Thuama an N83 d'fhéadfadh go ndéanfadh oibreacha tógála éin gheimhrithe a

dhíláithriú ó Loch an Dúlaigh ar feadh roinnt séasúr geimhridh (meastar/tuartar gur trí shéasúr a bheidh i gceist). D'fhéadfadh go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aige sin ar an daonra áitiúil agus is dóchúil go mbeadh éifeacht mhór dhóchúil aige, ar an scála geografach áitiúil. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun teorainn a chur le cur isteach bainteach le torann le linn tógála (féach ar **Chuid 8.6.9.2.1**).

***An Meirliún***

Tugadh taifead ar aon Mheirliún amháin sa cheantar siar ó Loch Inse (WB08) i mí na Nollag 2014; agus é ag eitilt ar an taobh theas den láithreán. Níl san achar atá clúdaithe ag na suirbhéanna ar éin gheimhridh anseo atá laistigh de ZoI oibreacha tógála ach cion beag de choimpléasc fairsing gnáthóige ardtalún a shíneann siar ó thuaidh ar feadh níos mó ná 50km, agus a bhfuil ina lár SPA Choimpléasc Phortaigh Chonamara, c.9km uaidh, dá bhfuil an Meirliún ina speiceas SCI. Mar gheall ar láithreacht thearc an speicis i ngnáthóga in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, agus nádúr sealadach na n-oibreacha agus aon fhéidearthacht cur isteach, ní dóchúil go mbeidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ag oibreacha tógála ar an speiceas.

Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cur isteach de thoradh oibreacha tógála ar stádas caomhantais an speicis agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach air, ar scála geografach ar bith.

***An Eala bhalbh***

Tugadh taifead ar ealaí balbha i gcúig láithreán um éin gheimhridh laistigh de ZoI na n-oibreacha gnáth-thógála agus an phléasctha fhadaithe fhéideartha i gCairéal Leacaigh: Loch an Dúlaigh (WB02), Lochanna Chúil Each (WB02), siar ó Loch Inse (WB08) agus ar chonair Abhainn na Gaillimhe (WB12).

Mar a pléadh thuas, tá Loch Inse lasmuigh de ZoI cur isteach na forbartha bóthair atá beartaithe agus i Lochanna Chúil Each is dócha gur éifeachtaí fíorbheaga agus gearrthéarmacha a bheidh i gceist maidir le cur isteach/díláithriú.

Ar Abhainn na Gaillimhe, ba mhinic a tugadh taifead ar an Eala bhalbh ach, seachas aon taifead amháin ar 14 héan i bhFeabhra 2014 (meastar go bhfuil sé comhionann le c.2.9% den daonra áitiúil), bhí líon éagsúil idir ceithre agus ocht n-éan aonair i láthair.

Is dóchúil go dtarlóidh leibhéal éigin de chur isteach a bhaineann le tógáil mar gheall ar oibreacha tógála in aice le hAbhainn na Gaillimhe ach cur isteach gearrthéarmach a bheidh ann (c.18 mí). Ag tógáil an méid sin san áireamh, go mbeidh an chuid is mó den ghnáthóg abhann lasmuigh de ZoI agus ón gcur isteach a bhaineann le tógáil, agus mar gheall ar an líon beag den Eala bhalbh a d'fhéadfadh a bheith buailte fad na habhann, ní bheidh aon éifeachtaí fadtéarmacha ag aon chur isteach/díláithriú ar an speiceas.

Mar sin, ní dóchúil go mbeidh éifeacht ag cur isteach de thoradh oibreacha tógála ar stádas caomhantais an speicis agus ní dóchúil go mbeidh éifeacht mhór dhiúltach air, ar scála geografach ar bith.

### *Roilleach*

Taifeadadh roilligh go forleathan ar fud an limistéir staidéir: conair Abhainn na Gaillimhe (WB12), Páirc Mhuirlinne (WB21), Ráschúrsa na Gaillimhe (WB23), Páirceanna Imeartha an Bhaile Bháin (WB24), Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (WB45), Páirceanna Imeartha Ghort na Bró (WB48) agus Páirceanna Imeartha Choillte Bhearna (WB50).

Tá maolán suntasach d’fhorbairt uirbeach idir láithreáin Pháirc Mhuirlinne agus an Bhaile Bháin agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe, agus tá oibreacha ar na limistéir sin ar an líne den chuid is mó. Dá bhrí sin, is cosúil nach mbeidh iarmhairtí cur isteach ar bith ag na saoráidí sin mar gheall ar na oibreacha tógála.

Cé go luíonn Ráschúrsa na Gaillimhe laistigh den ZoI a bhféadfaí suaitheadh tarlú ann, níor taifeadadh Roilligh anseo ach uair amháin (agus níor taifeadadh ach roilleach amháin). In WB12, níor taifeadadh an speiceas ach uair amháin agus i líon beag (i dtailte ag Caisleán Mhionlaigh áit ar taifeadadh seacht roilleach aonair i mí Feabhra 2014.) Ag Páirc Imeartha Choillte Bhearna, taifeadadh líon beag chomh maith – ceann amháin i mí na Samhna 2014, dhá cheann i mí na Nollag 2014 agus cúig cinn i mí Feabhra 2015. Bhí minicíocht na húsáide agus an líon a taifeadadh mar an gcéanna ag láithreán Ghort na Bró – cúig cinn i mí na Samhna 2014 agus mí Eanáir 2015, trí cinn i mí Feabhra 2015 agus taifeadadh 20 i mí an Mhárta 2015. Dá bhrí sin, ní chuirfidh díláithriú sealadach ar bith ag na láithreáin sin le linn na tógála isteach ar an bpobal áitiúil atá measta ag thart ar 740.

Taifeadadh Roilligh ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh naoi n-uaire ar leith thar gheimhreadh 2014/15 agus ba é an láithreán ba mhinice ar baineadh úsáid as le haghaidh láithreáin suirbhéireachta éan geimhridh. Bhí réimse fhormhór na dtaifead idir trí agus 22 roilleach aonair; agus ba é an eisceacht 34 i mí na Nollag 2014 agus meastar gurb ionann é sin agus thart ar 4.6% den phobal áitiúil. Sonraíodh le linn na suirbhéanna ag an láithreán sin gur cuireadh isteach go rialta ar na héin agus go raibh siad díláithrithe ar bhonn sealadach ó na páirceanna imeartha ag úsáideoirí na saoráidí spóirt, agus gur tháinig siad ar ais chuig an bpáirc chéanna nó chuig páirc eile in aice láimhe. Thabharfadh sé sin le tuiscint gur oiriúnaigh Roilligh atá ag baint úsáide as an láithreán do mhéid áirithe cur isteach rialta agus in ainneoin sin, baineann siad úsáid go minic as na páirceanna imeartha. Beidh leibhéal éigin de chur isteach a bhaineann le tógáil mar thoradh ar na hoibreacha tógála ag Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, ach ní mhairfidh sé sin ach ar feadh téarma gairid (thart ar 18 mí). Agus é sin á chur san áireamh, tá láithreáin mhalartacha ar fáil ar bhonn áitiúil thar ZoI cur isteach a bhaineann le tógáil, agus ag cur san áireamh an líon measartha íseal Roilleach a d’fhéadfaí cur isteach orthu ansin, ní bheidh tionchair fhadtéarmacha ar bith ag cur isteach/díláithriú ar bith ar an speiceas.

Dá bhrí sin, is cosúil nach rachaidh cur isteach ó oibreacha tógála i gcion ar stádas caomhantais an speicis agus is cosúil nach mbeidh tionchar suntasach diúltach mar thoradh air, ar scála geografach ar bith.

### *Fabhcún Gorm*

Le linn gheimhreadh 2014/15, taifeadadh Fabhcúin ghorma ag láithreán suirbhé éin an gheimhridh amháin laistigh de ZoI féideartha oibreacha tógála – Cairéal na

Cloiche Bóthair (WB17) – trí huaire i mí na Nollag, Feabhra agus Márta i gcás gur breathnaíodh éan amháin. Dearbhaíodh láithreacht trí phéire pórúcháin áitiúla i dtorthaí an tsuirbhé ar Fhabhcúin ghorma a rinneadh in 2016, agus bheifí ag súil go mbeadh siad fós i láthair go háitiúil thar thréimhse an gheimhridh.

Speiceas an-inoiriúnaithe is ea Fabhcúin agus níl siad ró-íogair do chur isteach tógála amach ó láthair na neide; rud a fheictear le pórú rialta an speicis i láithreáin ghníomhacha cairéil agus sa timpeallacht uirbeach. Dá bhrí sin, is cosúil nach mbeidh éifeacht inbhraite ar bith ag na hoibreacha tógála ar an bpobal áitiúil le linn thréimhse an gheimhridh, is cosúil nach rachaidh siad i gcion ar stádas caomhantais an speicis agus nach mbeidh tionchar suntasach diúltach mar thoradh orthu, ar scála geografach ar bith.

***Naoscacha***

Bhí naoscacha leithdháilte go forleathan ar fud an limistéir staidéir: agus taifeadadh ocht gcinn acu ag láithreáin suirbhéireachta éan geimhridh. Cé gur taifeadadh naoscacha go minic ar fud na láithreán sin, bhí an líon íseal go ginearálta (<10 éan). Is é an eisceacht taifid 28 agus 34 éan ag Loch an Dúlaigh i mí na Nollag 2014 agus mí an Mhárta 2015, faoi seach.

Sa chuid thiar de limistéar an staidéar, thacaigh ceithre láithreán éan geimhridh laistigh de ZoI cur isteach a bhaineann le tógáil le naoscacha geimhrithe—Ceapach (WB03), an Chloch Scoilte (WB07), siar ó Loch Inse (WB08) agus an Bealach (WB10). Níl sna limistéir laistigh de na láithreáin sin a bhféadfadh cur isteach tarlú iontu le linn na tógála ach cion beag den fhoinse ghnáthóige atá ar fáil go háitiúil don speiceas le linn an gheimhridh (i.e. féarach fliuch garbh/gnáthóg fraochmhá ar a bhfuil clúdach maith). Ag cur san áireamh an líon beag a d'fhéadfadh dul i gcion ar na láithreáin sin, agus cineál sealadach cur isteach ar bith a bhaineann le tógáil, is cosúil nach rachaidh éifeachtaí cur isteach/díláithrithe i gcion ar an bpobal áitiúil naoscach san fhadtéarma.

I gcás go dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe Abhainn na Gaillimhe (WB12), níl mórán gnáthóg atá oiriúnach don speiceas laistigh den chur isteach ZoI. Faoi mar a pléadh thuas don Bhonnán, don Spágaire tonn agus don Eala bhalbha, ag Lochanna Chúil Each is cosúil go mbeidh na héifeachtaí cur isteach/díláithrithe ina héifeachtaí íosta agus gearrthéarmacha ar a mhéad. Dá bhrí sin, is cosúil nach rachaidh éifeachtaí sealadacha le linn na tógála fiú i gcion ar an bpobal áitiúil.

Tá Gleann Abhann Thír Oileáin (WB14) thar ZoI oibreacha tógála ginearálta agus tá maolán forbartha cónaithe idir é sin agus an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Fiú dá dteastódh pléascadh faidréiseach sa limistéar sin le linn na tógála, bheadh na héifeachtaí gearr agus ní rachfadh an cur isteach i gcion ar an gcuid is mó den láithreán éan geimhridh sin.

Ós rud é go bhfuil Loch an Dúlaigh laistigh de ZoI gníomhaíochta pléasctha fadtéarmaí (féideartha) idir Cairéal Leacaigh agus Acomhal Bhóthar Thuama an N83 tá an fhéidearthacht ann go ndéanfaí na héin gheimhridh a dhíláithriú mar gheall ar na hoibreacha tógála ó Loch an Dúlaigh thar chúpla séasúr geimhridh (agus meastar/tuartar go mbeidh trí cinn i gceist). D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aige sin ar an bpobal áitiúil agus d'fhéadfadh éifeacht

shuntasach dhiúltach, ar an scála geografach áitiúil, bheith mar thoradh air. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun cur isteach a bhaineann le torann le linn na tógála a theorannú (féach **Cuid 8.6.9.2.1**).

<u>Tionchair ar Láithreáin Thábhachtacha Éan Geimhridh</u>

Ag cur san áireamh a stádas SPA, is iad SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh na láithreáin is íogaire d'éin gheimhrithe go háitiúil. Tá measúnú mionsonraithe cuimsithe san NIS maidir leis an bhféidearthacht go rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh. Cinneadh sa mheasúnú sin nach mbeadh éifeacht dhíobhálach ar shláine ceachtar SPA mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Mar sin féin, bhrath an cinneadh sin ar chur chun feidhme beart maolaithe a bhaineann le cosaint uisce dromchla, screamhuisce agus cur isteach – agus tá siad sin léirithe chomh maith sa straitéis um maolú atá tugtha i **gCuid 8.6** den chaibidil seo.

Meastar go bhfuil Loch an Dúlaigh ina láithreán áitiúil tábhachtach d'éin gheimhrithe freisin ag cur san áireamh éagsúlacht na speiceas éin a taifeadadh ansin a mbaineann imní caomhantais lena bpobail gheimhrithe; ceithre cinn déag san iomlán, lena n-áiríodh speicis atá liostaithe mar SCIanna do SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh. Bhíodh an Chearc Cheannann, an Crotach, an Phraslacha agus an Spadalach ar an láithreán go minic – agus tá na speicis sin ar fad liostaithe mar SCIanna le haghaidh SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh atá in aice láimhe. Cé nach taifeadadh chomh minic iad agus/nó go raibh an líon níos ísle, i measc na speiceas éin SCI a taifeadadh thar thréimhse an gheimhridh bhí an Guilbneach stríocearrach, an Sléibhín, an Broigheall, an Chorr Réisc, an Pilibín agus an Lacha rua. Liostaíodh sa BoCCI ómra gur taifeadadh na speicis gheimhrithe, an Spágaire tonn, an Eala bhalbha agus Naoscach go rialta ag Loch an Dúlaigh chomh maith. Ós rud é go bhfuil Loch an Dúlaigh laistigh de ZoI gníomhaíochta pléasctha fadtéarmaí (féideartha) idir Cairéal Leacaigh agus Acomhal Bhóthar Thuama an N83 tá an fhéidearthacht ann go ndéanfaí na héin gheimhridh a dhíláithriú mar gheall ar na hoibreacha tógála ó Loch an Dúlaigh thar chúpla séasúr geimhridh (agus meastar/tuartar go mbeidh trí cinn i gceist). D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aige sin ar an bpobal áitiúil agus d'fhéadfadh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar an scála geografach áitiúil, bheith mar thoradh air. Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun cur isteach a bhaineann le torann le linn na tógála a theorannú (féach **Cuid 8.6.9.2.1**).

Bhí conaire Abhainn na Gaillimhe (lena n-áirítear Campas Spóirt Ollscoil na hÉireann, Gaillimh) agus Lochanna Chúil Each ina láithreáin thábhachtacha le haghaidh éin gheimhrithe a mbaineann imní caomhantais leo. Eatarthu sin tacaíodh le trí speiceas ar liosta Dearg BoCCI (an Sléibhín, an Crotach agus an Cosdeargán) agus deich speiceas ar an liosta Ómra – an Broigheall, an Chearc cheannann, an Droimneach mór, an Spágaire tonn, an Eala bhalbha, an Phraslacha, an Faoileán bán, an Foitheach mór agus an Roilleach. Go ginearálta is iad na codanna íochtaracha den abhainn idir Lochanna Chúil Each agus Cora na mBradán, nó taobh thuas de Chaisleán Mhionlaigh na limistéir ba mhinice inar taifeadadh formhór na speiceas sin (agus inar taifeadadh an líon ba mhó). Eisceacht amháin ba ea Roilligh a taifeadadh go minic ar Champas Spóirt Ollscoil

na hÉireann, Gaillimh, ach tá limistéir fhéaraigh taitneamhachta eile ar fáil don speiceas in áiteanna eile san ionad.

Faoi mar a pléadh thuas, agus san NIS, maidir leis na speicis a taifeadadh ar gach ceann de na láithreáin sin, ní dóigh go rachaidh na tionchair fhéideartha a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ag gach láithreán nó ag na láithreáin le chéile, i gcion ar stádas caomhantais na bpobal geimhrithe áitiúla ag na láithreáin éan geimhridh sin agus ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh orthu.

***Díghrádú Gnáthóg– Cáilíocht an Uisce Dromchla***

Le linn na tógála, tá an baol ann go mbeidh tionchar diúltach suntasach ar cháilíocht an uisce, agus dá réir sin ar na gnáthóga uisceacha agus ar na speicis a thacaíonn le pobail na n-éan geimhrithe, ag rith uisce dromchla éillithe nó an-siolta, sceitheadh caidéil agus/nó aon doirteadh nó imeacht truaillithe de thaisme isteach i ngné uisce dromchla ar bith. D’fhéadfadh sé sin bheith ina thionchar díreach (e.g. speicis éin a theagmhaíonn go díreach le truailleáin) nó indíreach (e.g. géarthocsaineacht nó tocsaineacht fhomharfach ó thruailleáin a bhíonn tionchar acu ar a soláthar bia nó ar ghnáthóga tacaíochta).

D’fhéadfadh éifeachtaí imeachtaí truaillithe a tharlaíonn go minic agus/nó ar feadh tréimhse fhada i gcórais locha éifeachtaí suntasacha fadtéarmacha a bheith acu. Meastar nach dócha go dtarlódh imeacht truaillithe chomh mór sin le linn na tógála, nó nach dtarlódh sé ach ar feadh tréimhse shealadach. In ainneoin sin, tá cur chuige réamhchúraim á ghlacadh agus leibhéal riosca thionchair cháilíocht an uisce á ghlacadh agus teastaíonn beartaithe mionsonraithe maolaithe chun an baol go mbeadh éifeacht inbhraite ar bith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cháilíocht an uisce le linn na tógála a íoslaghdú tuilleadh.

D’fhéadfadh díghrádú gnáthóg mar thoradh ar cháilíocht uisce dromchla le linn na tógála dul i gcion ar stádas caomhantais na speiceas éan geimhridh lena mbaineann agus d’fhéadfadh éifeacht shuntasach dhiúltach ar scála geografach áitiúil bheith mar thoradh air sin. Ceapadh bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint le linn na tógála (féach **Cuid 8.6.4**).

***Díghrádú Gnáthóg – Screamhuisce***

D’fhéadfadh éifeachtaí ar bith ar na córais hidrigeolaíocha reatha ag Lochanna Chúil Each agus Loch an Dúlaigh tionchar diúltach a bheith acu ar na gnáthóga uisceacha agus na speicis éan geimhrithe a dtacaíonn siad leo.

Bunaithe ar na torthaí ón measúnacht tionchair hidrigeolaíochta i **gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht**, ní chuireann an fhorbairt bóthair atá beartaithe an soláthar screamhuisce do Loch an Dúlaigh i mbaol. D’fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe, áfach, dul i gcion ar chainníocht an screamhuisce a sholáthraítear i Lochanna Chúil Each. Cé nach féidir méid an tionchair a chainníochtú go hiomlán, meastar ar bhonn réamhchúraim go bhféadfadh sé dul i gcion ar an úsáid a bhaineann na héin gheimhridh as Lochanna Chúil Each agus go bhféadfadh éifeacht shuntasach dhiúltach ar an leibhéal áitiúil bheith mar thoradh air. Ceapadh bearta maolaithe chun an córas screamhuisce atá ann a chosaint le linn na tógála (féach **Cuid 8.6.5**).

### 8.5.8.2.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Cur isteach/díláithriú***

Le linn na céime oibriúcháin, d'fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe cur isteach ar na speicis éan geimhrithe nó iad a dhíláithriú óna ngnáthóg gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe mar gheall ar an gcur isteach torainn agus amhairc a bhaineann leis an trácht ar bhóithre. San fhócas ar thaighde, agus ar iarracht a dhéanamh an éifeacht ar bhóithre oibriúcháin ar phobail éan a chainníochtú, díríodh den chuid ba mhó ar dhaonraí geimhrithe. Cé nach féidir éifeacht an chur isteach/díláithrithe a chainníochtú bheifí ag súil go mbeadh sé i bhfad níos ísle ná an ZoI 300m a bhaineann leis na hoibreacha tógála. Is cosúil go rachaidh formhór speicis na n-éan geimhrithe i gcleachtadh ar an mbóthar nua a bheith ann, go háirithe i gcás go bhfuil bacainn ann, mar is amhlaidh i gcás na forbartha bóthair atá beartaithe i bhfoirm fálú teorainn nó i gcás go bhfuil an bóthar atá beartaithe i ngearradh domhain. Chomh maith leis sin, tá sé tuartha go dtiocfaidh méadú ar na leibhéil torainn chúlra sa chuid thiar den limistéar staidéir ó raon reatha 45-55dB go idir 50 agus 60 dB le linn na céime oibriúcháin – leibhéal torainn nach mbeifí ag súil go ndéanfaí éin a dhíláithriú ón limistéar mar gheall air. Sa chrios idir Bóthar Thuama an N83 agus an N6 atá ann, tá na leibhéil torainn chúlra sa raon 50-60dB faoi láthair agus ní dócha go ndéanfaidh torann/trácht oibriúcháin ar bith athrú ar an éifeacht bhonnlíne ar éin gheimhrithe a bhaineann úsáid as na gnáthóga go háitiúil.

Cé go bhfuil an chosúlacht ann go fóill go mbeidh leibhéal éigin d'éifeacht díláithrithe ann, bheifí ag súil go mbeadh éifeacht inbhraite teoranta do ghnáthóga atá an-ghar don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Cé go bhfuil an chosúlacht ann go gcuirfidh sé le héifeacht an chaillteanais ghnáthóg, i gcomhthéacs limistéar breise gnáthóg nach bhfuil ar fáil d'éin gheimhrithe nó nach dócha go n-úsáidfidh siad é, níl sé tuartha go mbeidh éifeacht dhíobhálach aige ar leibhéal na bpobal – go háirithe agus an líon measartha annamha agus ísle d'éin gheimhrithe a thaifeadtar go ginearálta ag na láithreáin éan geimhrithe lena mbaineann á gcur san áireamh.

Dá bhrí sin, is cosúil nach rachaidh aon díláithriú éan ó limistéir ghnáthóige le linn chéim oibriúcháin na forbartha bóthair atá beartaithe i gcion ar stádas caomhantais speicis na n-éan geimhrithe agus ní bheidh tionchar suntasach diúltach ar scála geografach ar bith mar thoradh air.

***Baol Básmhaireachta***

Cuireann Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe na héin a thaistealaíonn feadh chonair na habhann i mbaol imbhuailte. Braitheann an baol go mbuailfeadh na héin in aghaidh droichid ar a lán tosca amhail dearadh droichid, infheictheacht (tá níos mó cosúlachta ann go mbuailfeadh na héin in aghaidh droichid le linn drochaimsire nó san oíche), struchtúr na gnáthóige mórthimpeall, na speicis éin a bheidh i láthair, chomh minic is a bhíonn siad laistigh den chrios tionchair (agus airde na heitilte i gcoibhneas le struchtúr an droichid), agus a soghabháltacht choibhneasta i leith buaileadh in aghaidh struchtúr.

I suirbhé a rinneadh 2005/2006 mar chuid de Scéim Seachbhóthair Chathair na Gaillimhe (RPS, 2006) 2006 taifeadadh na speicis SCI seo a leanas ag eitilt trí láithreán an droichid atá beartaithe don scéim sin thar thréimhse na suirbhéanna

(52 suirbhé inar cuimsíodh 104 uair breathnóireachta): Cromán na gcearc, an Chearc Cheannann, an Sléibhín, an Faoileán bán agus an Gheabhróg. Ba iad na cinn ba mhinice dóibh siúd a taifeadadh an Chearc Cheannann, an Faoileán bán agus an Broigheall; níor taifeadadh an Chearc Cheannann agus an Sléibhín ach uair amháin, breathnaíodh an Gheabhróg ag trasnú láithreán an droichid 43 uair amháin agus bhí a líon íseal go ginearálta thar an uisce (<5m).

Struchtúr droichid glanréise is ea an struchtúr droichid gan struchtúir cáblaí tacaíochta ar bith agus dá bhrí sin, cuireann sé na héin gheimhrithe a ghabhann feadh chonair na habhann i mbaol beag. Ag cur san áireamh líon na n-éan agus minicíochtaí an trasnaithe a breathnaíodh le linn shuirbhéanna 2006, ní bheifí ag súil go mbeadh baol imbhuailte de mhéid a mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha ar phobail na n-éan áitiúil mar thoradh air i gceist le droichead cosúil leis an gceann atá beartaithe sa dearadh (féach **Cuid 5.5.4.6** de **Chaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt Bóthair atá Beartaithe**).

Ná ní bheifí ag súil go gcuirfeadh láithreacht na forbartha bóthair atá beartaithe taobh amuigh de chonair Abhainn na Gaillimhe na héin gheimhrithe a bhogann idir an cósta, Loch Coirib nó ceann ar bith de na láithreáin suirbhéireachta éan geimhridh inar taifeadadh iad i mbaol suntasach ar bith. Go háirithe ag cur san áireamh, chun bogadh idir láithreáin lasmuigh de chonair na habhann faoi láthair go gcaithfidh na héin eitilt thar an líonra bóithre atá ann agus an mbonneagar uirbeach i gCathair na Gaillimhe.

Dá bhrí sin, is cosúil nach rachaidh baol imbhuailte ar bith a bheadh ann mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar stádas caomhantais speicis na n-éan geimhrithe agus ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach ar scála geografach ar bith mar thoradh air.

***Díghrádú Gnáthóg – Uisce Dromchla***

Tá sruthanna éalaithe draenála beartaithe chuig na dobharcheantair abhann/srutha ar fad trína dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Dá bhrí sin, tá an baol ann go rachadh scaoileadh ón líonra draenála bóithre atá beartaithe i gcion ar cháilíocht an uisce, thar an bhfadtéarma b'fhéidir, agus dá réir sin bheadh tionchar aige ar an timpeallacht uisceach agus na speicis éan a dtacaítear leo. Sa chás is measa, d'fhéadfadh laghdú fadtéarmach ar fhlúirse na speiceas éan uisceach/bogaigh agus cur isteach ar na haibhneacha nó na lochanna lena mbaineann bheith mar thoradh air sin.

Cuimsítear bearta rialaithe truaillithe (lena n-áirítear bearta idircheapóirí peitril, bogaigh agus bearta eile amhail SuDS) i ndearadh na draenála atá beartaithe do phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe agus linnte insíothlúcháin (i gcás go scaoilfear an draenáil sa talamh) nó linnte maolúcháin (i gcás go scaoilfear an draenáil isteach san uisce dromchla/séarach stoirme atá ann), faoi mar a thuairiscítear go mion i **gCaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt atá Beartaithe**.

Ní chuireann na codanna sin den draenáil bóithre atá le scaoileadh sa talamh cáilíocht an uisce dromchla i mbaol ar bith. Níl ach seans an-bheag ar fad ann go mbeadh éifeacht inbhraite fhadtéarmach ag gnáthcháilíocht uisce oibrithe na sruthanna éalaithe draenála isteach san uisce dromchla/líonra draenála atá ann, fiú dá mbeadh teagmhas truaillithe ann, rud nach dócha, ar cháilíocht an uisce i

sruthchúrsaí glactha. Déantar plé níos mine ar fheidhmiú agus éifeachtúlacht an dá ghné de chuid an líonra draenála bóithre sa chaibidil ar hidreolaíocht (**Caibidil 11, Hidreolaíocht**).

Níl sé tuartha go rachaidh díghrádú gnáthóg mar thoradh ar éifeachtaí uisce dromchla nó screamhuisce le linn na céime oibriúcháin i gcion ar stádas caomhantais na speiceas éan uisceach nó bogaigh agus dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach ar scála geografach mar thoradh air.

## 8.5.9 Amfaibiaigh

### 8.5.9.1 Tionchair na Céime Tógála

***Caillteanas Gnáthóg***

Mar thoradh ar thógáil an bhóthair atá beartaithe caillfear gnáthóg dhearbhaithe d’amfaibiaigh agus gnáthóg a d’fhéadfadh bheith oiriúnach d’amfaibiaigh laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ar bhonn buan. Baineann tábhacht le láithreacht na ngnáthóg pórúcháin a d’fhéadfadh bheith oiriúnach d’amfaibiaigh mar, cé nár dearbhaíodh an Frog coiteann agus an tEarc luachra ach ag líon beag láithreán laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe (féach **Fíoracha 8.10.1** go **8.10.8**), go bhféadfadh an speiceas sin gnáthóg bhogaigh/talún portaigh nó díoga draenála a choilíniú agus a úsáid ag tráth na tógála.

Ag cur san áireamh an líon íseal de ghnéithe gnáthóige a thacaíonn leis na speicis amfaibiach a bhfuil tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe orthu, agus nár tacaíodh ach le cúpla amfaibiach aonair, agus an flúirse gnáthóg oiriúnach eile atá ar fáil go háitiúil, ní dóigh go rachaidh éifeachtaí an chaillteanais ghnáthóige a bhaineann leis na hoibreacha tógála i gcion ar chumas phobail na bhfroganna nó na n-earc áitiúil iad féin a chothú san fhadtéarma.

Dá bhrí sin, is cosúil nach rachaidh an caillteanas gnáthóg a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar stádas caomhantais na speiceas nó nach mbeidh tionchar suntasach diúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

Toisc go mbeidh tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ghnáthóg phórúcháin na n-amfaibiach, agus ag cur san áireamh an chosaint dhlíthiúil a thugtar do na speicis amfaibiach faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra (lena gcuirtear cosc ar áiteanna pórúcháin nó sosa amfaibiach a scrios nó cur isteach orthu d'aon ghnó), forbraíodh straitéis um maolú (féach **Cuid 8.6.10.1**).

***Cur Isteach & Baol Básmhaireachta***

D’fhéadfadh na hoibreacha glanta láithreáin cur isteach ar an bhFrog coiteann nó ar an Earc coiteann, agus d’fhéadfadh a mbás díreach bheith mar thoradh orthu chomh maith. Bheifí ag súil go mbeadh an seans go dtarlódh bás díreach, agus méid éifeachtaí ar bith, níos mó i gcás (a) go bhfuil gnáthóga oiriúnacha ann agus gur taifeadadh an Frog coiteann nó an tEarc coiteann roimhe sin (b) go ndéanfaí na hoibreacha a rachadh i gcion ar ghnáthóga oiriúnacha le linn an tséasúir phórúcháin, nuair a d’fhéadfadh aosaigh agus/nó síol froganna/uibheacha earc bheith i láthair, nó le linn thréimhse geimhriúcháin an gheimhridh nuair a bhíonn

na hamfaibiaigh aonair i ndísirt. Bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna, tá líon na n-amfaibiach a d'fhéadfadh bheith i gcontúirt íseal agus ní dóigh go rachadh sé i gcion ar na pobail áitiúla san fhadtéarma.

Dá bhrí sin, is cosúil nach rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar stádas caomhantais na speiceas maidir leis sin nó nach mbeidh tionchar suntasach diúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

Dearbhaíodh na speicis amfaibiach ag baint úsáide as limistéir ghnáthóg laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus in aice leis, atá i mbaol go marófaí nó go ngortófaí iad nó go gcuirfí isteach orthu mar gheall ar chur isteach a bhaineann le tógáil. Ag cur san áireamh an chosaint dhlíthiúil a thugtar do na speicis amfaibiach faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra — lena gcuirtear cosc ar iad a mharú nó a ghortú d'aon ghnó, nó ar chur isteach d'aon ghnó ar áiteanna pórúcháin nó sosa na n-amfaibiach) — forbraíodh straitéis um maolú (féach **Cuid 8.6.10.1**).

***Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne***

Ilroinnfear na gnáthóga bogaigh agus féaraigh a úsáideann na speicis amfaibiach le cur isteach fisiciúil sealadach go gearrthéarmach an tírdhreacha atá ann le linn na tógála agus an ghlanta láithreáin. Mar thionchar sealadach go gearrthéarmach, ní dóigh go gcuirfidh sé sin bacainn shuntasach ar ghluaiseacht na speiceas amfaibiach a mhéid is go rachadh sé i gcion ar phobail áitiúla na bhFroganna coiteanna nó ar na nEarc coiteann san fhadtéarma. Dá bhrí sin, níl sé tuartha go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach ar bith ag an scaradh gnáthóige le linn na tógála nó ag éifeacht bacainn ar bith lena mbaineann ar na speicis amfaibiach, ar scála geografach ar bith.

***Díghrádú Gnáthóg– Cáilíocht an Uisce Dromchla***

Is cosúil go mbeadh tionchar diúltach ann mar thoradh ar dhoirteadh nó imeacht truaillithe de thaisme i ngné uisce dromchla a thacaíonn leis an bhFrog coiteann nó an Earc coiteann. Braitheann méid agus suntasacht tionchair dá leithéid go hiomlán ar chineál, ar scála agus ar fhad an imeachta truaillithe. Cé nach dócha é, sa chás is measa d'fhéadfadh díghrádú fairsing ar ghnáthóga amfaibiach agus/nó bás na n-amfaibiach i ngnáthóga a rachfaí i gcion orthu mar thoradh air sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha ag na tionchair sin ar phobail áitiúla na bhFroganna coiteanna agus na nEarc coiteann agus is dóigh go mbeadh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach áitiúil, mar thoradh air. Dá bhrí sin, d'fhéadfadh díghrádú gnáthóg dul i gcion ar stádas caomhantais na speiceas agus d'fhéadfadh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach, mar thoradh air. Ceapadh bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint le linn na tógála (féach **Cuid 8.6.4**).

### 8.5.9.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne***

Cruthóidh láithreacht na forbartha bóthair atá beartaithe bacainn bhuan sa tírdhreach ar ghluaiseacht na bhFroganna coiteanna agus na nEarc coiteann. Is cosúil go rachaidh sé sin i gcion ar an iompraíocht sealgaireachta agus conairí

scaipthe – e.g. gluaiseacht na speiceas idir láithreáin phórúcháin agus gheimhriúcháin. D’fhéadfadh sé go mbeadh pobail ar imeall Chathair na Gaillimhe aonraithe ó limistéir ghnáthóige agus pobail thairis sin, rud a bheidh éifeachtaí fadtéarmacha aige ar an éagsúlacht ghéiniteach agus ar an sreabhadh géinte, ar scála geografach.

D’fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha ag an scaradh gnáthóige agus an éifeacht bacainne ar phobail áitiúla na bhFroganna coiteanna agus na nEarc coiteann, d’fhéadfaí cur isteach ar stádas caomhantais na speiceas agus d’fhéadfadh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach áitiúil, bheith mar thoradh orthu. Ceapadh bearta maolaithe chun éifeachtaí fadtéarmach éifeachta bacainne ar bith a bheadh ann mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a íoslaghdú (féach **Cuid 8.6.10.2**).

***Baol Básmhaireachta***

Tá na speicis amfaibiach i mbaol a mbáis ar na bóithre agus cruthóidh láithreacht na forbartha bóthair atá beartaithe baol buan báis do Fhroganna coiteanna agus do na hEarca coiteanna. Cé nach féidir méid an tionchair sin a thuar, ní dócha go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aige a mbeadh laghdú ar phobail áitiúla na bhFroganna coiteanna nó na nEarc coiteann mar thoradh air. Go háirithe, ag cur san áireamh an méid ard tréscaoilteachta thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe atá cuimsithe laistigh den dearadh lena n-íoslaghdófar idirghníomhú féideartha na n-amfaibiach leis an gcarrbhealach bóthair atá beartaithe.

Dá bhrí sin, ní dóigh go rachaidh an baol básmhaireachta i gcion ar stádas caomhantais na speiceas nó nach mbeidh tionchar suntasach diúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

***Díghrádú Gnáthóg – Cáilíocht an Uisce Dromchla***

Beidh pointí srutha éalaithe chuig gnéithe uisce dromchla ón líonra draenála bóithre atá beartaithe le linn na céime oibriúcháin. Dá bhrí sin, tá an baol ann go bhféadfadh scaoileadh ón líonra draenála bóithre atá beartaithe dul i gcion ar cháilíocht an uisce i ngnéithe uisce dromchla glactha agus dá réir sin bheadh tionchar aige ar ghnáthóga na n-amfaibiach.

Cuimsítear bearta rialaithe truaillithe (lena n-áirítear bearta idircheapóirí peitril, bogaigh agus bearta eile amhail SuDS) i ndearadh na draenála atá beartaithe do phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe agus linnte insíothlúcháin (i gcás go scaoilfear an draenáil sa talamh) nó linnte maolúcháin (i gcás go scaoilfear an draenáil isteach san uisce dromchla/séarach stoirme atá ann), faoi mar a thuairiscítear go mion i **gCaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt atá Beartaithe**.

Ní chuireann na codanna sin den draenáil bóithre atá le scaoileadh sa talamh cáilíocht an uisce dromchla i mbaol ar bith. Níl ach seans an-bheag ar fad ann go mbeadh éifeacht inbhraite fhadtéarmach ag gnáthcháilíocht uisce oibrithe na sruthanna éalaithe draenála isteach san uisce dromchla/líonra draenála atá ann, fiú dá mbeadh teagmhas truaillithe ann, rud nach dócha, ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha. Déantar plé níos mine ar fheidhmiú agus éifeachtúlacht an dá ghné de chuid an líonra draenála bóithre atá beartaithe i **gCaibidil 11, Hidreolaíocht**.

Níl sé tuartha go rachaidh díghrádú gnáthóg mar thoradh ar éifeachtaí uisce dromchla le linn na céime oibriúcháin i gcion ar stádas caomhantais na speiceas amfaibiach agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach, mar thoradh air.

## 8.5.10 Reiptílí

### 8.5.10.1 Tionchair na Céime Tógála

***Caillteanas Gnáthóg***

Mar thoradh ar thógáil an bhóthair caillfear gnáthóg na laghairte coitinne laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ar bhonn buan (féach **Fíoracha 8.10.1** go **8.10.8**). Tá trí limistéar faoi leith ann, inár taifeadadh an Laghairt choiteann, a dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion go díreach uirthi: mósáic fraochmhá, scrobarnaí, raithní agus féarach fliuch ag Na Foraí Maola/An Chloch Scoilte (Limistéar A); mósáic ghnáthóige chomhchosúil idir Coillte Bhearna agus na hAille (Limistéir B & C); agus ag an mBealach (Limistéir E & F). Tagann sé sin le gur rogha leis na speicis mósáicí gnáthóige atá éagsúil ó thaobh an struchtúir de chun limistéir shealgaireachta, tearmann agus gnáthóga geimhreachais, agus láithreáin ghréine laistigh dá gcríocha a chur ar fáil.

I ngach limistéar, níor taifeadadh ach Laghairt choiteann aonair amháin ar chuairt ar leith ar bith. Ag cur san áireamh an líon measartha íseal de na Laghairteanna coiteanna ar dóigh go rachfar i gcion orthu, agus an flúirse gnáthóg oiriúnach eile atá ar fáil, ní dóigh go rachaidh éifeachtaí an chaillteanais ghnáthóige a bhaineann leis na hoibreacha tógála i gcion ar inmharthanacht fhadtéarmach phobal na Laghairteanna coiteanna. Dá bhrí sin, ní dóigh go rachaidh an caillteanas gnáthóg i gcion ar stádas caomhantais na speiceas nó nach mbeidh tionchar suntasach diúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

Toisc go mbeidh tionchar díreach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ghnáthóg na Laghairteanna coiteanna, agus ag cur san áireamh an chosaint dhlíthiúil a thugtar do na speicis faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra (lena gcuirtear cosc ar a n-áiteanna pórúcháin nó sosa a scrios nó cur isteach orthu d'aon ghnó), forbraíodh straitéis um maolú (féach **Cuid 8.6.11.1**).

***Cur Isteach & Baol Básmhaireachta***

D’fhéadfadh na hoibreacha glanta láithreáin cur isteach ar na Laghairteanna coiteanna, agus d’fhéadfadh a mbás díreach bheith mar thoradh orthu chomh maith. Bheifí ag súil go mbeadh an seans go dtarlódh bás díreach, agus méid éifeachtaí ar bith, níos mó i gcás (a) go bhfuil gnáthóga oiriúnacha ann agus gur taifeadadh an Laghairt choiteann roimhe sin (b) go ndéanfaí na hoibreacha a rachadh i gcion ar ghnáthóga oiriúnacha le linn shéasúr geimhriúcháin an gheimhridh (Deireadh Fómhair go lár an Mhárta), agus go rachadh siad i gcion ar ghnáthóga gheimhreachais féideartha, nuair nach mbíonn na laghairteanna chomh gníomhach agus dá bhrí sin nach mbeadh siad chomh ábalta éalú ó oibreacha ar bith a bheadh á ndéanamh.

Bunaithe ar thorthaí na suirbhéanna, tá líon na n-amfaibiach a d'fhéadfadh bheith i gcontúirt íseal agus ní dóigh go rachadh sé i gcion ar na pobail áitiúla san fhadtéarma. Dá bhrí sin, ní dóigh go rachaidh cur isteach nó an baol básmhaireachta i gcion ar stádas caomhantais na speiceas nó nach mbeidh tionchar suntasach diúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh orthu.

Dearbhaíodh an laghairt choiteann ag baint úsáide as limistéir ghnáthóg laistigh den fhorbairt bóthair atá beartaithe agus in aice leis, agus dá bhrí sin tá an baol ann go marófaí nó go ngortófaí laghairteanna aonair nó go gcuirfí isteach orthu mar gheall ar chur isteach a bhaineann le tógáil. Ag cur san áireamh an chosaint dhlíthiúil a thugtar do na Laghairteanna coiteanna faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra (lena gcuirtear cosc ar iad a mharú nó a ghortú d'aon ghnó, nó ar chur isteach d'aon ghnó ar a n-áiteanna pórúcháin nó sosa) forbraíodh straitéis um maolú (féach **Cuid 8.6.11.1**).

***Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne***

Ilroinnfear na gnáthóga a úsáideann na Laghairteanna coiteanna le cur isteach fisiciúil sealadach go gearrthéarmach an tírdhreacha atá ann le linn na tógála agus an ghlanta láithreáin. Mar thionchar sealadach go gearrthéarmach, ní dóigh go gcuirfidh sé sin bacainn shuntasach ar ghluaiseacht na speiceas a mhéid is go rachadh sé i gcion ar phobal na Laghairteanna coiteanna san fhadtéarma. Dá bhrí sin, níl sé tuartha go rachaidh an scaradh gnáthóige le linn na tógála nó éifeacht bacainne ar bith lena mbaineann i gcion ar stádas caomhantais na speiceas agus níl sé tuartha go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach ar bith aige, ar scála geografach ar bith, ar na Laghairteanna coiteanna.

### 8.5.10.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne***

Cruthóidh láithreacht na forbartha bóthair atá beartaithe bacainn bhuan sa tírdhreach ar ghluaiseacht na Laghairteanna coiteanna. Is cosúil go rachaidh sé sin i gcion ar an iompraíocht sealgaireachta agus conairí scaipthe – e.g. gluaiseacht na laghairteanna aonair laistigh dá gcríocha agus idir láithreáin phórúcháin agus gheimhriúcháin. D'fhéadfadh sé go mbeadh pobail ar imeall Chathair na Gaillimhe aonraithe ó limistéir ghnáthóige agus pobail thairis sin, rud a bheidh éifeachtaí fadtéarmacha aige ar an éagsúlacht ghéiniteach agus ar an sreabhadh géinte, ar scála geografach.

D'fhéadfadh sé go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha ag an scaradh gnáthóige agus an éifeacht bacainne ar phobal áitiúil na Laghairteanna coiteanna, d'fhéadfaí cur isteach ar stádas caomhantais na speiceas agus d'fhéadfaí éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach áitiúil, bheith mar thoradh orthu. Ceapadh bearta maolaithe chun éifeachtaí fadtéarmacha éifeachta bacainne ar bith a bheadh ann mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe a íoslaghdú (féach **Cuid 8.6.11.2**).

***Baol Básmhaireachta***

Tá na Laghairteanna coiteanna i mbaol a mbáis ar na bóithre agus cruthóidh láithreacht na forbartha bóthair atá beartaithe baol buan báis do na speicis. Cé

nach féidir méid an tionchair sin a thuar, ní dócha go mbeadh éifeachtaí fadtéarmacha aige a mbeadh laghdú ar phobal áitiúil na Laghairteanna coiteanna mar thoradh air. Go háirithe, ag cur san áireamh an méid ard tréscaoilteachta thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe atá cuimsithe laistigh den dearadh lena n-íoslaghdófar idirghníomhú féideartha na laghairteanna leis an gcarrbhealach bóthair atá beartaithe.

Dá bhrí sin, níl sé tuartha go rachaidh an baol básmhaireachta i gcion ar stádas caomhantais na speiceas nó nach mbeidh tionchar suntasach diúltach, ar scála geografach ar bith aige ar amfaibiaigh.

## 8.5.11 Éisc

### 8.5.11.1 Tionchair na Céime Tógála

***Caillteanas Gnáthóg***

Beidh caillteanas buan na ngnáthóg iascaigh mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe áit a dtrasnaítear Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna (agus fo-abhainn Bhearna), Sruthán Thóin na Brocaí, Sruthán Chnoc na Cathrach. D'fhéadfadh éifeachtaí fadtéarmacha ar na pobail iasc laistigh de dhobharcheantar abhann/srutha faoi leith bheith mar thoradh ar laghdú sa ghnáthóg atá ar fáil.

Sruthán na Líbeirtí

Trasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe Sruthán na Líbeirtí ag dhá shuíomh: idir Ch. 0+650 agus Ch. 0+750 (féach **Fíor 5.1.1**) i gcás gur ionann fad na canála ar a dtéitear i gcion go díreach agus c.130m, agus idir Ch. 0+850 agus Ch. 1+000 i gcás go gcaillfear c.120m. Tá 240m breise den sruthchúrsa a luíonn feadh theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe nó laistigh di agus is cosúil go rachaidh an tógáil i gcion air go pointe áirithe – d'fhéadfadh tuilleadh caillteanas gnáthóg bheith mar thoradh ar na hoibreacha tógála. D'fhéadfaí tuilleadh caillteanas gnáthóg bheith mar thoradh ar na hoibreacha tógála chun sruth éalaithe na draenála atá beartaithe agus an carrbhealach bóithre a shuiteáil gar don áit trína ngabhann an sruth faoin R336, ach is dóigh nach mbeidh i gceist ach limistéir bheaga (<10m$^2$). Déanfar an tionchar a bhaineann le caillteanas gnáthóg ionsrutha a fhritháireamh ábhairín le cruthú cuid nua de chanáil na habhainn, c.40m ar fad.

Sruthchúrsa séasúrach is ea Sruthán na Líbeirtí lena mbaineann luach íseal iascaigh sna réimsí uachtaracha, áit a dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion air. Agus é sin agus na ceanglais deartha a bhaineann le struchtúir na dtrasbhealaí nua agus leis an gcanáil athailínithe atá beartaithe á gcur san áireamh, is cosúil nach rachaidh caillteanas gnáthóg i gcion ar stádas caomhantais speicis na n-iasc laistigh den dobharcheantar sin agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

Sruthán Throscaí

Caillfear thart ar 160m de ghnáthóga ionsrutha ar Shruthán Throscaí (Ch. 2+750 go Ch. 2+900 - féach **Fíor 5.1.1** agus **Fíor 5.1.2**) agus tógfar canáil nua. c.60m ar,

ina hionad. Tá 65m breise den sruthchúrsa a luíonn laistigh de theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe chomh maith agus is cosúil go rachaidh na hoibreacha tógála i gcion air go pointe áirithe – e.g. beidh gá struchtúr buan a shuiteáil ar bhruach na habhann chun sruth éalaithe na draenála atá beartaithe a thógáil.

Sruthchúrsa séasúrach is ea Sruthán Throscaí lena mbaineann luach íseal iascaigh sna réimsí sruthchúrsa uachtaracha, áit a dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion air. Agus é sin á chur san áireamh, is cosúil nach rachaidh caillteanas gnáthóg i gcion ar stádas caomhantais speicis na n-iasc laistigh den dobharcheantar sin agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

<u>Sruthán Bhearna</u>

Trasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe Sruthán Bhearna ag Ch. 4+125 (féach **Fíor 5.1.3**) áit a gcaillfear c.40m den ghnáthóg ionsrutha atá ann. Tá 285m breise den sruthchúrsa a luíonn feadh theorainn na forbartha bóthair atá beartaithe nó laistigh di agus is cosúil go rachaidh an tógáil i gcion air go pointe áirithe. D'fhéadfadh tuilleadh caillteanas gnáthóg bheith mar thoradh ar oibreacha tógála amhail na hoibreacha a bhaineann le sruth éalaithe na draenála ón na linnte maolúcháin a shuiteáil. Ag Ch. 3+950, caillfear thart ar 40m de ghnáthóg ionsrutha i bhfo-abhainn de chuid Shruthán Bhearna; tá c.110m de chanáil sruth bhreise laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe chomh maith a bhféadfadh na tionchair tógála chéanna atá leagtha amach do phríomhchanáil Shruthán Bhearna bheith mar thoradh air.

Tá príomhchanáil Sruthán Bhearna níos mó ná 4km ar fad. Ag cur san áireamh nach gcaillfear ach níos lú ná 1% d'iomlán fhad líneach chanáil na habhann, ní dóigh go mbeidh an caillteanas gnáthóg chomh mór sin is go rachadh sé i gcion ar stádas caomhantais na speiceas iasc laistigh den dobharcheantar sin agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air. Sruthchúrsa séasúrach is ea fo-abhainn Shruthán Bhearna nach bhfuil ainmnithe lena mbaineann luach measartha íseal iascaigh sna réimsí uachtaracha, áit a dtrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe é. Agus é sin agus á chur san áireamh, is cosúil nach rachaidh caillteanas gnáthóg i gcion ar stádas caomhantais speicis na n-iasc laistigh den dobharcheantar sin agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

<u>Sruthán Thóin na Brocaí</u>

Caillfear thart ar 450m de Shruthán Thóin na Brocaí mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe idir Ch. 4+850 agus Ch. 5+225 (féach F**íor 5.1.4**). Faoi mar atá sé le mórán de na sruthchúrsaí eile a dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe trasna, tá c.80m eile de chanáil an tsrutha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe agus d'fhéadfadh na hoibreacha tógála tionchar díreach bheith acu air chomh maith. Tá cuid nua de chanáil an tsrutha, c.250m ar fad, a chúiteoidh an caillteanas gnáthóg go méid áirithe.

Tá príomhchanáil Shruthán Thóin na Brocaí níos mó ná 5km ar fad. Cé nach gcaillfear ach níos lú ná c.9% d'iomlán fhad líneach chanáil an sruth, nuair a

chuirtear fad nua chanáil an tsrutha san áireamh (rud a laghdóidh an caillteanas buan go dtí c.4%) ní dóigh go mbeidh an caillteanas gnáthóg chomh mór sin is go rachadh sé i gcion ar stádas caomhantais na speiceas iasc laistigh den dobharcheantar sin – ós rud é, go háirithe, go bhfuil an limistéar a dtéitear i gcion air i réimsí uachtaracha an dobharcheantair inar measadh go bhfuil luach an iascaigh íseal. Ní dóigh go mbeidh tionchar suntasach diúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh ar an gcaillteanas gnáthóg ar Shruthán Thóin na Brocaí.

<u>Sruthán Chnoc na Cathrach</u>

Mar shruth séasúrach lena bhfuil an luach iascaigh íseal (i gcás go dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion air), níl sé tuartha go rachaidh an caillteanas gnáthóg i gcion ar stádas caomhantais na speiceas iasc laistigh den dobharcheantar sin agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

<u>Abhainn na Gaillimhe</u>

Níl oibreacha ionsrutha ar bith beartaithe ag Abhainn na Gaillimhe. Beidh an caillteanas gnáthóg anseo teoranta do chaillteanas buan gnáthóg bruachánach/cois bruaigh chun sruthanna éalaithe draenála a shuiteáil; ceann amháin ar gach taobh den abhainn a rachaidh i gcion ar c.3m de ghnáthóg bhruachánach (féach **Fíor 5.1.7** agus le haghaidh gnáthóg **Fíoracha 8.14.7** agus **8.15.7**). I gcomhthéacs Abhainn na Gaillimhe, i gcás nach bhfuil gnáthóga sceathraí nó gnáthóga atá oiriúnach chun tacú le hamaicéit loimpre i ngarchomharsanacht Dhroichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe, ní dóigh go mbeidh tionchar inbhraite ar bith ag an leibhéal seo caillteanais ghnáthóg ar na speicis iasc a úsáideann an abhainn. Dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht fhadtéarmach ar bith ag an gcaillteanas gnáthóg ar phobail iasc Abhainn na Gaillimhe nó ar a stádas caomhantais, agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

Cé nach bhfuil sé tuartha go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach ag an gcaillteanas gnáthóg ar shruthchúrsaí/dobharcheantair lena mbaineann, tá bearta maolaithe beartaithe chun caillteanas na ngnáthóg iascaigh a íoslaghdú, chun an méid atá á choimeád laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe a chosaint, agus trí dhearadh canálacha nua agus na tóchar, a éifeachtaí ar na pobail áitiúla iasc a íoslaghdú.

<u>Lochanna Chúil Each, Loch an Dúlaigh agus Cuan na Gaillimhe</u>

Ní bheidh aon caillteanas gnáthóg ar bith a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag Lochanna Chúil Each, Loch an Dúlaigh nó i gCuan na Gaillimhe.

***Díghrádú Gnáthóg – Cáilíocht an Uisce Dromchla***

Le linn na tógála, tá an baol ann go mbeidh tionchar diúltach suntasach ar cháilíocht an uisce, agus dá réir sin ar na gnáthóga uisceacha agus ar na speicis iasc, ag rith uisce dromchla éillithe nó an-siolta, sceitheadh caidéil agus/nó aon doirteadh nó teagmhas truaillithe de thaisme isteach i ngné uisce dromchla ar bith. D’fhéadfadh sé sin bheith ina thionchar díreach (e.g. géarthocsaineacht nó tocsaineacht fhomharfach ó thruailleáin nó ó imeachtaí sioltacháin a dhéanann

damáiste de ghnáthóga sceathraí síos an abhainn) nó indíreach (e.g. a théann i gcion ar a soláthar bia nó ar ghnáthóga tacaíochta).

D'fhéadfadh éifeachtaí imeachtaí truaillithe a tharlaíonn go minic agus/nó ar feadh tréimhse fhada i gcórais abhann bheith fairsing agus forleathan agus d'fhéadfadh éifeachtaí suntasacha fadtéarmacha a bheith acu. Meastar nach dócha go dtarlódh imeacht truaillithe chomh mór sin le linn na tógála, nó nach dtarlódh sé ach ar feadh tréimhse shealadach. In ainneoin sin, tá cur chuige réamhchúraim á ghlacadh agus leibhéal riosca thionchair cháilíocht an uisce á ghlacadh agus teastaíonn beartaithe mionsonraithe maolaithe chun an baol go mbeadh éifeacht inbhraite ar bith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cháilíocht an uisce le linn na tógála a íoslaghdú tuilleadh.

D'fhéadfadh díghrádú gnáthóg mar thoradh ar cháilíocht uisce dromchla le linn na tógála dul i gcion ar stádas caomhantais na speiceas iasc lena mbaineann agus d'fhéadfadh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach áitiúil, bheith mar thoradh air sin. Ceapadh bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce a chosaint le linn na tógála (féach **Cuid 8.6.4**).

***Díghrádú Gnáthóg – Screamhuisce***

D'fhéadfadh éifeachtaí ar bith ar na córais hidrigeolaíocha reatha ag Lochanna Chúil Each agus Loch an Dúlaigh tionchar diúltach a bheith acu ar na gnáthóga uisceacha agus na speicis iasc a dtacaíonn siad leo.

Bunaithe ar na torthaí ón measúnacht tionchair hidrigeolaíochta i **gCaibidil 10, Hidrigeolaíocht**, ní chuireann an fhorbairt bóthair atá beartaithe an soláthar screamhuisce do Loch an Dúlaigh i mbaol. D'fhéadfadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe, áfach, dul i gcion ar chainníocht agus ar cháilíocht an screamhuisce a sholáthraítear i Lochanna Chúil Each. Cé nach féidir méid an tionchair a chainníochtú go hiomlán, meastar ar bhonn réamhchúraim go bhféadfadh sé dul i gcion ar stádas caomhantais na speiceas iasc i Lochanna Chúil Each agus go bhféadfadh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar an leibhéal áitiúil geografach, bheith mar thoradh air. Ceapadh bearta maolaithe chun an córas hidrigeolaíochta atá ann a chosaint le linn na tógála (féach **Cuid 8.6.4**).

***Baol Básmhaireachta***

Maidir le hoibreacha tógála chun tóchair a shuiteáil ar Shruthán na Líbeirtí, ar Shruthán Throscaí, ar Shruthán Bhearna (agus fo-abhainn Bhearna), ar Shruthán Thóin na Brocaí, ar Shruthán Chnoc na Cathrach agus ar Abhainn na Gaillimhe teastóidh oibreacha ionsrutha a dhéanamh, agus i roinnt cásanna, teastóidh cuid de chanáil an tsrutha a athailíniú. D'fhéadfadh bás díreach na speiceas iasc bheith mar thoradh ar oibreacha ionsrutha, nó oibreacha a bhaineann le malairtí slí canálacha nó gníomhaíochtaí tógála ginearálta (e.g. canálacha dí-uiscithe nó asbhaint uisce le haghaidh rialú dusta). Sa chuid seo déantar measúnú ar an riosca a bhaineann le básmhaireacht i ngeall ar speicis bheith ag idirghníomhú le feithiclí tógála, innealra amhail caidéil, nó mar thoradh ar dhí-uisciú. Déantar plé ar leith ar éifeachtaí féideartha imeachtaí truaillithe de thaisme, a bhféadfadh bás iasc bheith mar thoradh orthu chomh maith, faoin gceannteideal *Díghrádú Gnáthóg – Uisce Dromchla*.

Ag cur san áireamh cineál séasúrach réimsí uachtaracha a lán de na sruthanna, áit a rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar an gcanáil, agus líon íseal na speiceas iasc a taifeadadh ansin le linn na suirbhéanna leictriascaireachta, ní dóigh go rachaidh an baol básmhaireachta mar gheall ar na hoibreacha tógála i gcion ar stádas caomhantais ceann ar bith de na speicis iasc atá i ndobharcheantair Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí agus Sruthán Bhearna (agus fo-abhainn Bhearna), Sruthán Thóin na Brocaí, nó Sruthán Chnoc na Cathrach.

Tá oibreacha ionsrutha ar Abhainn na Gaillimhe teoranta do thógáil sruthanna éalaithe draenála (ceann amháin ar gach bruach abhann) lena dteastóidh balla coinneála agus bonn coincréite a shuiteáil. Ag cur san áireamh scála na n-oibreacha, níl an baol básmhaireachta iasc a bhaineann leo chomh mór sin is gur dóigh go rachadh siad i gcion ar stádas caomhantais ceann ar bith de na speicis iasc i ndobharcheantar Abhainn na Gaillimhe.

Ní dóigh go mbeidh éifeacht fhadtéarmach ag an mbaol básmhaireachta ó na hoibreacha tógála ar phobail na n-iasc áitiúil nó ar a stádas caomhantais, agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

Ag cur san áireamh an chosaint dhlíthiúil a thugtar do na speicis iasc faoi na hAchtanna Iascaigh, forbraíodh straitéis um maolú chun go seachnófar cion a dhéanamh le linn na n-oibreacha tógála (féach **Cuid 8.6.12.1**).

***Cur isteach/Díláithriú***

Mar gheall ar láithreacht mhéadaithe daoine, agus an torainn agus creathadh a bhaineann leis na hoibreacha tógála (e.g. suiteáil tóchar agus pílí) is dóigh go ndéanfar na speicis iasc a dhíláithriú ó limistéar. Ní dóigh go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha cur isteach/díláithrithe ar na pobail áitiúla iasc mar gheall ar chineál sealadach creatha ar bith a bhaineann le tiomáint pílí, agus ar chineál gearrthéarmach na n-oibreacha tógála ginearálta (nach mbeadh ar siúl ach ar feadh fad teoranta gach lá má dhéanfar le linn gnáthuaireanta oibre iad), nach bhfuil tailte sceathraí gar do cheann ar bith de thrasbhealaí na sruthchúrsaí atá beartaithe.

Níl sé tuartha go rachaidh cur isteach/díláithriú le linn na tógála i gcion ar stádas caomhantais na bpobal áitiúil iasc, agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

***Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne***

D’fhéadfadh oibreacha ionsrutha gnáthóga iascaigh a scaradh agus d’fhéadfadh bacainn ar phasáiste na n-iasc, ar bhonn sealadach ar a laghad, bheith mar thoradh air sin. Má chuirtear srian ar rochtain iasc ar acmhainní bia, nó ar thailte sceathraí, d’fhéadfadh éifeachtaí fadtéarmacha bheith aige sin ar na pobail áitiúla iasc.

Measadh go raibh luach íseal iascaigh ag an ngnáthóg a dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion uirthi, nó taobh thuas den fhorbairt bóthair atá beartaithe, i ndobharcheantair Shruthán na Líbeirtí, Shruthán Throscaí, Sruthán Bhearna (agus fo-abhainn Bhearna), Sruthán Thóin na Brocaí, Sruthán Chnoc na Cathrach – cineál séasúrach is ea an chuid is mó díobh sin nár taifeadadh iontu ach líon beag speiceas iasc nó nár taifeadadh speicis iasc ar bith iontu le linn na suirbhéanna iascaigh. Dá bhrí sin, ní dóigh go rachaidh scaradh gnáthóige nó

éifeacht bacainne ar bith le linn na tógála i gcion go fadtéarmach ar na pobail áitiúla iasc sna dobharcheantair sin.

Toisc gur struchtúr droichid glanréise is ea Droichead Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe gan struchtúir nó oibreacha ionsrutha ar bith lena bhféadfaí bac a chur ar chanáil na habhann, ní tharlóidh scaradh gnáthóg nó éifeacht bacainne ar bith ar Abhainn na Gaillimhe.

Ar an iomlán, ní dóigh go mbeidh éifeacht fhadtéarmach ag an scaradh gnáthóige nó an éifeacht bacainne le linn na tógála ar phobail na n-iasc áitiúil nó ar a stádas caomhantais, agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

### 8.5.11.2 Tionchair na Céime Oibriúcháin

***Díghrádú Gnáthóg – Uisce Dromchla***

Beidh sruthanna éalaithe draenála chuig na dobharcheantair abhann/srutha ar fad trína dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Dá bhrí sin, tá an baol ann go rachadh scaoileadh ón líonra draenála bóithre atá beartaithe i gcion ar cháilíocht an uisce, thar an bhfadtéarma b'fhéidir, agus dá réir sin bheadh tionchar aige ar an na gnáthóga uisceacha agus na speicis iasc. Sa chás is measa, d'fhéadfadh laghdú fadtéarmach ar fhlúirse agus ar dháileadh na speiceas iasc bheith mar thoradh air sin.

Cuimsítear bearta rialaithe truaillithe (lena n-áirítear bearta idircheapóirí peitril, bogaigh agus bearta eile amhail SuDS) i ndearadh na draenála atá beartaithe do phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe agus linnte insíothlúcháin (i gcás go scaoilfear an draenáil sa talamh) nó linnte maolúcháin (i gcás go scaoilfear an draenáil isteach san uisce dromchla/séarach stoirme atá ann), faoi mar a thuairiscítear go mion i **gCaibidil 5, Tuairisc ar an bhForbairt atá Beartaithe**.

Ní chuireann na codanna sin den draenáil bóithre atá le scaoileadh sa talamh cáilíocht an uisce dromchla i mbaol ar bith. Níl ach seans an-bheag ar fad ann go mbeadh éifeacht inbhraite fhadtéarmach ag gnáthcháilíocht uisce oibrithe na sruthanna éalaithe draenála isteach san uisce dromchla/líonra draenála atá ann, fiú dá mbeadh teagmhas truaillithe ann, rud nach dócha, ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha. Déantar plé níos mine ar fheidhmiú agus éifeachtúlacht an dá ghné de chuid an líonra draenála bóithre atá beartaithe sa chaibidil ar hidreolaíocht (**Caibidil 11, Hidreolaíocht**).

Níl sé tuartha go rachaidh díghrádú gnáthóg mar thoradh ar éifeachtaí uisce dromchla nó screamhuisce le linn na céime oibriúcháin i gcion ar stádas caomhantais na speiceas iasc agus dá bhrí sin, ní dócha go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, ar scála geografach, mar thoradh air.

***Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne***

Dearadh na struchtúir i gcomhar le IFI agus na critéir um dhearadh atá leagtha amach in *Guidelines for the Crossing of Watercourses during the Construction of National Road Schemes* (an tÚdarás um Bóithre Náisiúnta**,** 2005) agus *Guidelines on Protection of Fisheries During Construction Works in and Adjacent to Waters*

(IFI, 2016). Coimeádfaidh sé sin pasáiste iasc le linn oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe agus dá bhrí sin, beidh tionchar neodrach ar na speicis iasc mar thoradh air.

### 8.5.12 Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla

***Bóthar an Chósta (R336) chuig N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn (ina n-áirítear limistéir bitheolaíochta áitiúla na Ceapaí - Bhaile an Mhóinín agus an Bhealaigh – Cnoc Bharr na Crannaí ó dhréacht Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024)***

Maidir leis na héifeachtaí bithéagsúlachta, mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, caillfear gnáthóg ar fud an limistéir seo, lena n-áirítear limistéir de ghnáthóga Iarscríbhinn I a chaillfear, ina measc Fraoch fliuch, Fraoch tirim agus móinéar Molinia (féach **Cuid 8.5.4** thuas le haghaidh na dtionchar ar ghnáthóga). Beidh tionchar ag an bhforbairt freisin ar speicis mhamaigh lena n-áirítear an Madra uisce agus an Broc (féach **Cuid 8.5.6** thuas), ar speicis ialtóg (féach **Cuid 8.5.6.2** thuas), an Fritileán réisc (féach **Cuid 8.5.7.4**), éin ghoir agus gheimhrithe (féach **Cuid 8.5.8** thuas), an Frog agus an Earc luachra (féach **Cuid 8.5.9**), an Laghairt choiteann (féach **Cuid 8.5.10** thuas), agus speicis éisc i Sruthán na Líbeirtí, Sruthán Throscaí, Sruthán Bhearna, Sruthán Thóin na Broc agus Sruth Chnoc na Cathrach (féach **Cuid 8.5.11** thuas).

***Cuan an Roisín – Coill Bhearna – Oileán na Feamainne***

Tá sé de chumas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe difear a dhéanamh do ghnáthóga agus do speicis i gCuan an Roisín dá dtarlódh sé mar gheall air go dtiocfadh meath ar chaighdeán an uisce sa líonra uisce dromchla glactha, a scaoileann uisce go Cuan an Roisín (Sruthán Bhearna, Sruthán Thóin na Broc agus Sruthán Chnoc na Cathrach). Mar shampla, pléitear é seo thuas i **gCuid 8.5.4.1** maidir le gnáthóga (lena n-áirítear sruthchúrsaí uisce), i **gCuid 8.5.6.1.1** maidir leis an Madra uisce, agus i **gCuid 8.5.8.2.1** maidir le héin gheimhrithe. Tá sé de chumas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe freisin bac a chruthú ar ghluaiseacht an Mhadra uisce i sruthchúrsaí uisce atá nasctha le Cuan an Roisín (gnéithe atá tábhachtach ó thaobh tacú le daonraí áitiúla den Mhadra uisce), agus tá trácht bóthair in ann riosca mortlaíochta a chruthú don Mhadra uisce (féach **Cuid 8.5.6.1** thuas).

***Abhainn na Gaillimhe agus lochanna Chúil Each (ina n-áirítear Abhainn na Gaillimhe agus bogaigh chóngaracha limistéir bitheolaíochta áitiúla ó dhréacht Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024)***

Ó thaobh na dtionchar bithéagsúlachta, caillfear gnáthóg de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe gar do thrasnú Abhainn na Gaillimhe atá beartaithe, agus é de chumas aici difear a dhéanamh do chaighdeán an uisce sa timpeallacht ghlactha, agus difear a dhéanamh do chaighdeán an screamhuisce agus don mhéid a bhíonn ag soláthar Lochanna Chúil Each, agus go deimhin cur isteach ar speicis ag úsáid chonair Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each (e.g. speicis uisceacha agus éin ghoir/gheimhrithe). Tá na tionchair sin in ann difear a dhéanamh do ghnáthóga agus don chruinniú speiceas fána a dtugann na gnáthóga sin tacaíocht dóibh; ina n-áirítear an madra uisce, speicis éisc, éin gheimhrithe agus éin ghoir, ialtóga (lena n-áirítear an chrú-ialtóg bheag) agus speicis mhoilisc. Ach a dtógfar

Droichead Abhainn na Gaillimhe beidh sé in ann difear a dhéanamh do speicis uisceacha leis an mbaol a bheidh le hábhar tógála ag titim isteach san abhainn, agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe in ann an Madra uisce a chur chun báis.

Déantar plé gairid ar na héifeachtaí ar Abhainn na Gaillimhe agus ar Lochanna Chúil Each i **gCuid 8.5.3.1** i dtaca le cSAC Loch Coirib agus i gCuid **8.5.3.2.2** i dtaca le pNHA Loch Coirib. Mar sin féin, cuirtear measúnú níos mionsonraithe i láthair sa RTT i gcomhthéacs na dtionchar ar cSAC Abhainn na Gaillimhe/Lochanna Chúil Each agus Loch Coirib, ina ndéantar gach ceann de na tionchair fhéideartha thuasluaite a chur san áireamh, toisc go n-áirítear Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each leis an ainmniúchán cSAC. Tá an limistéar sin áirithe freisin laistigh de pNHA Loch Coirib.

***Mionlach go Cnoc Chúil Each (lena n-áirítear Cairéal Leacaigh)***

Maidir leis na héifeachtaí bithéagsúlachta, caillfear gnáthóg ar fud an limistéir mar gheall ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, lena n-áirítear tailte féaraigh leathnádúrtha, coillearnach, scrobarnach, fuaráin chailcreacha agus carraig aolchloiche nochta – áirítear leis sin limistéir ghnáthóga Iarscríbhinn I a chailleadh, fuaráin chlochraithe, cosáin aolchloiche, féaraigh chailcreacha agus foraoisí gláracha iarmharacha. Tá baol ann freisin go ndéanfaidh screamhuisce difear do ghné turlaigh (féach **Cuid 8.5.4** thuas i dtaca leis na tionchair ar ghnáthóga). Beidh tionchar aige freisin ar speicis mhamaigh lena n-áirítear an Broc (féach **Cuid 8.5.6** thuas), speicis ialtóg (agus go háirithe an chrú-ialtóg bheag agus an fara máithreachais ag Caisleán Mhionlaigh, féach **Cuid 8.5.6.2** thuas), éin gheimhrithe (lena n-áirítear Scréachóg reilige, féach **Cuid 8.5.8** thuas), agus b'fhéidir speicis amfaibiacha (féach **Cuid 8.5.9).**

Luíonn cuid den limistéar seo freisin laistigh de cSAC Loch Coirib, pléitear é sin go beag i **gCuid 8.5.3.1** maidir le cSAC Loch Coirib. Mar sin féin, cuirtear measúnú níos mionsonraithe i láthair sa RTT i gcomhthéacs na dtionchar ar an gcuid sin den limistéar a luíonn laistigh de cSAC Loch Coirib

***Baile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr (atá nasctha le hAbhainn na Gaillimhe le hais ghleann Abhainn Thír Oileáin)***

Maidir leis na héifeachtaí bithéagsúlachta, mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, caillfear gnáthóg ag Loch Bhaile an Dúlaigh, lena n-áirítear limistéir de mhóinéar *Molinia,* agus d'fhéadfadh sé difear a dhéanamh freisin do chaighdeán an uisce dromchla sna lochanna le linn na tógála (féach **Cuid 8.5.4** thuas le haghaidh na dtionchar ar ghnáthóga). Seans go mbeidh tionchar acu freisin ar speicis mhamaigh tríd is tríd (féach **Cuid 8.5.6** thuas), speicis ialtóg lena n-áirítear an chrú-ialtóg bheag (féach **Cuid 8.5.6.2** thuas), éin ghoir agus éin gheimhrithe (féach **Cuid 8.5.8** thuas), speicis éisc sna lochanna (féach **Cuid 8.5.11** thuas) agus b'fhéidir speicis amfaibiacha (féach **Cuid 8.5.9**).

***Ráschúrsa na Gaillimhe, Baile an Bhriotaigh***

Níl tionchar díreach aige ar na gnáthóga leathnádúrtha ag an láithreán seo agus seans nach mbeidh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe air ar aon bhealach.

***Dabhach Uisce***

Maidir leis na héifeachtaí bithéagsúlachta, mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, caillfear gnáthóg laistigh den limistéar seo, lena n-áirítear limistéir de ghnáthóga Iarscríbhinn I a chaillfear, ina measc talamh féaraigh Chailcreach agus cosán aolchloiche (féach **Cuid 8.5.4** thuas le haghaidh na dtionchar ar ghnáthóga). Seans go mbeidh tionchar aici freisin ar speicis mhamaigh tríd is tríd (féach **Cuid 8.5.6** thuas), speicis ialtóg (féach **Cuid 8.5.6.2** thuas), éin ghoir agus éin gheimhrithe (féach **Cuid 8.5.8** thuas).

***Cuan na Gaillimhe (ina n-áirítear limistéir bithéagsúlachta áitiúla Oileán na gCaorach agus an cladach in aice leis ó Phlean Gníomhaíochta Bithéagsúlachta Chathair na Gaillimhe 2014-2024)***

Tá sé de chumas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe difear a dhéanamh do ghnáthóga agus do speicis i gCuan na Gaillimhe dá dtarlódh sé mar gheall air go dtiocfadh meath ar chaighdeán an uisce sa líonra uisce dromchla glactha, a scaoileann uisce go Cuan na Gaillimhe. Tá sé de chumas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe freisin bac a chruthú ar ghluaiseacht Madra uisce i sruthchúrsaí uisce atá nasctha le Cuan na Gaillimhe (gnéithe atá tábhachtach ó thaobh tacú le daonraí áitiúla den Mhadra uisce), agus tá trácht bóthair in ann riosca mortlaíochta a chruthú don Mhadra uisce.

### 8.5.13 Achoimre ar na Tionchair Fhéideartha

I **dTábla 8.34** tugtar achoimre fhoriomlán ar éifeachtaí suntasacha dóchúla na forbartha bóthair atá beartaithe ar an mbithéagsúlacht, gan bearta maolaithe a bheith ann.

**Tábla 8.34: Achoimre ar Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla na Forbartha Bóthair atá Beartaithe ar an mBithéagsúlacht (roimh mhaolú)**

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| **Limistéir atá Ainmnithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra** | | | |
| cSAC Loch Coirib<br>(lena n-áirítear pNHA Loch Coirib) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – tollánú/tochailt<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Baol básmhaireachta<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| | | ionracha neamhdhúchasacha<br>Baol básmhaireachta | |
| cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>(lena n-áirítear pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| SPA Loch Coirib<br>(lena n-áirítear pNHA Loch Coirib) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| SPA Chuan na Gaillimhe Istigh<br>lena n-áirítear pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn | Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| **Gnáthóga (lasmuigh de na limistéir atá ainmnithe le haghaidh chaomhnú an dúlra)** | | | |
| Cosán aolchloiche [*8240] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** |
|---|---|---|---|
| Toibreacha clochraithe [*7220] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae<br>(féach **Cuid 8.5.4.3** faoi thoibreacha clochraithe) |
| Féarach cailcreach [*6210/6210] | Tábhacht Náisiúnta/Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(Uimh. *6210 atá buailte – féach **Cuid 8.5.4.3** faoi Fhéarach cailcreach) |
| Fraochmhá thirim [4030] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Fraochmhá fhliuch [4010][80] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Móinéar *Molinia* [6410] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Foraois | Tábhacht | **Tógáil** | Éifeacht |

[80] Lena n-áirítear limistéir de Mhósáic fraochmhá fliche/tirime/Móinéar *Molinia*[4010/4030/6410]

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| ghlárach iarmharach [*91E0] | Idirnáisiúnta | Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Turlaigh [*3180] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Lochanna uisce chrua [3140] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Lochanna méiseatrófacha (FL4) *Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | Tábhacht Chontae[81] | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Lochanna eotrófacha (FL5) Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh | Tábhacht Chontae[82] | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Toibreacha cailcreacha (FP1)<br>Cineál ghnáthóg | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |

[81] Ar an mbonn go bhfuil sé ina chuid de choimpléasc an fhéaraigh ag Loch an Dúlaigh
[82] Ar an mbonn go bhfuil sé ina chuid de choimpléasc an fhéaraigh ag Loch an Dúlaigh

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| Neamh-Iarscríbhinn I | | | |
| Seascann *Cladium* [*7210] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Luibh ard hidrifiliúil [6430] | Tábhacht Idirnáisiúnta | (féach cSAC Loch Coirib thuas)<br>**Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Seascann alcaileach [7230] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Seascainn chíbe ghiolcaí agus mhóra (FS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Seascainn lusanna arda (FS2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| Aibhneacha creimthe/ardtalún (FW1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Aibhneacha creimthe/ísealchríche (FW2)<br>Abhainn na Gaillimhe | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá Abhainn na Gaillimhe ina cuid de cSAC Loch Coirib (féach thuas agus NIS) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Abhainn Thír Oileáin | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| | | | shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| Díoga draenála (FW4) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| Riasc (GM1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| Féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| Móinéir thirime agus ciumhaisean na féarúla (GS2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| Féarach aigéid tirim-taise (GS3<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Féarach fliuch (GS4)<br>Cineál ghnáthóg Neamh- | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| Iarscríbhinn I | | | bith |
| Seascann agus riasc saibhir (PF1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Seascann agus riasc lag (PF2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Coillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach mheasctha (WD2) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| Coillearnach bhuaircíneach mheasctha (WD3) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| Fálta sceach (WL1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Crannteorainneacha (WL2) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| | | Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | scála geografach áitiúil |
| Coillearnach dharach-fhuinseoige-choill (WN2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Scrobarnach (WS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith |
| **Speiceas Fauna** | | | |
| Broc | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas láithreán pórúcháin/sosa<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Madra uisce | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Speicis mhamach eile atá faoi chosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Crú-ialtóg bheag | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas faraí<br>Caillteanas gnáthóg<br>Ilroinnt ghnáthóige | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| Gach speiceas ialtóg eile | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Básmhaireachta<br>Éifeachtaí bacainne/scartha<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Seilide rinseach réisc | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Fritileán réisc | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Speicis éan SCI | Idirnáisiúnta | *féach SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh thuas* | *féach SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh thuas* |
| Scréachóg reilige | Tábhacht Chontae | **Oibriú**<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Fabhcún gorm | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Gach speiceas éan pórúcháin eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Baol básmhaireachta<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Baol básmhaireachta<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Gach speiceas éan geimhrithe eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Cur isteach/díláithriú (Loch an Dúlaigh)<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Earc coiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil** | Éifeacht shuntasach |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha |
|---|---|---|---|
| Frog coiteann | | Caillteanas gnáthóg<br>Cur isteach & baol básmhaireachta<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Laghairt choiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Cur isteach & baol básmhaireachta<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Bradán Atlantach<br>Eascann | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Gach speiceas iasc eile a taifeadadh | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |

## 8.6 Bearta Maolaithe

Sa chuid seo léirítear na bearta maolaithe chun tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe a sheachaint nó a laghdú. Déantar achoimre **i gCuid 8.6.1.1** ar na bearta maolaithe a bhaineann le láithreáin Eorpach a chosaint. Déantar cur síos ar gach beart maolaithe eile i **gCuid 8.6.2** go **8.6.12** thíos. Cuimseofar na bearta maolaithe ar fad sin i Sceideal na nGealltanas Comhshaoil a chuirfidh an conraitheoir i bhfeidhm.

### 8.6.1 Limistéir atá Ainmnithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra

#### 8.6.1.1 Láithreáin Eorpacha

Léirítear na bearta maolaithe a theastaíonn go sonrach lena chinntiú nach mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar (i.e. drochthionchar a bheith aige ar shláine) láithreáin Eorpacha laistigh dá ZoI (cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh) i gCuid 10 den NIS. I ndiaidh breathnú agus measúnú a dhéanamh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na láithreáin Eorpacha

ábhartha a sainaithníodh, forbraíodh bearta maolaithe chun dul i ngleic leis na tionchair fhéideartha seo a leanas a sainaithníodh:

- Caillteanas/ilroinnt gnáthóige: bearta maolaithe chun caillteanas gnáthóg in cSAC Loch Coirib a íoslaghdú agus caillteanas ghnáthóga LC laistigh de cSAC Loch Coirib a sheachaint le linn na tógála
- Díghrádú gnáthóg – tollánú/tochailt: bearta maolaithe chun sláine struchtúrach na meallta carraig a thacaíonn leis na gnáthóga LC i cSAC Loch Coirib a choimeád le linn thógáil Thollán Leacaigh atá beartaithe (agus a bealach isteach thiar)
- Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht: bearta maolaithe chun díghrádú gnáthóg a sheachaint i cSAC Loch Coirib mar thoradh ar thionchair fhéideartha hidrigeolaíocha le linn na tógála agus an oibriúcháin
- Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht: bearta maolaithe chun cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn na tógála
- Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir: bearta maolaithe chun astaíochtaí dusta a rialú le linn na tógála chun tionchair ar an bhfásra i cSAC Loch Coirib a chosc
- Díghrádú gnáthóg – speicis plandaí choimhthíoch ionracha: bearta maolaithe chun tabhairt isteach nó leathadh speiceas plandaí ionrach neamhdhúchasach ar láithreáin Eorpacha a sheachaint le linn na tógála agus an oibriúcháin
- Cur isteach/díláithriú: bearta maolaithe chun éifeachtaí cur isteach/díláithrithe an phléasctha ar éin gheimhrithe a úsáideann Loch an Dúlaigh a sheachaint/laghdú
- Éifeacht bacainne: bearta maolaithe ionas nach gcuirfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe srian ar ghluaiseacht madraí uisce i ndobharcheantar Shruthán Bhearna
- Baol básmhaireachta: bearta maolaithe chun bás speicis LC cSAC Loch Coirib a sheachaint. Áirítear orthu sin bearta lena chinntiú nach dtabharfar ábhair thógála isteach in Abhainn na Gaillimhe agus chun an baol go marófaí/go ngortófaí Madraí Uisce mar gheall ar imbhuailtí leis an trácht bóithre a bhaint

#### 8.6.1.2 Limistéir Oidhreachta Náisiúnta agus Limistéir Oidhreachta Náisiúnta atá Beartaithe

Faoi mar a pléadh i **gCuid 8.5.3.2**, tá an baol go rachadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion go mór ar pNHA Loch Coirib nó pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe de réir na láithreán Eorpach comhfhreagrach (cSAC Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh i dtaca le pNHA Loch Coirib, agus cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh i dtaca le pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe). Dá réir sin, leis na beartaithe maolaithe a léiríodh thuas i **gCuid 8.6.1.1**, agus mar a sonraíodh i gCuid 10 den NIS, cuirfear cosc ar thionchar suntasach diúltach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar pNHA Loch Coirib nó pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe ar an scála náisiúnta geografach.

Is iad seo a leanas na bearta maolaithe a theastaíonn lena chinntiú nach rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion go mór ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn:

- Bearta chun astaíochtaí dusta a mhaolú le linn na tógála chun tionchair ar an bhfásra/gnáthóga laistigh de NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ag Tóin na Brocaí a chosc – féach **Cuid 8.6.2** thíos agus **Caibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid**. Áirítear orthu sin bearta rialaithe amhail spraeáil gníomhaíochtaí oibreacha créafóige nochta agus bóithre iompair láithreáin le linn aimsir thirim, ní rothaí, rialú luasanna feithicle ar láithreáin, scuabadh bóithre agus sciatha dusta
- Bearta maolaithe chun tabhairt isteach nó leathadh speiceas plandaí ionrach neamhdhúchasach ar NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn a sheachaint le linn na tógála agus an oibriúcháin. Tá siad sin mionsonraithe sa Phlean um Bainistiú Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach atá ina chuid den Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) – (**Aguisín A.7.5**)
- Bearta chun rith uisce dromchla ó láithreán tógála a rialú chun imeacht truaillithe de thaisme a bheadh tionchar aige ar ghnáthóga talún portaigh laistigh de NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ag Tóin na Brocaí a chosc – féach **Cuid 11.6.2** de **Chaibidil 11**, **Hidreolaíocht**

## 8.6.2 Gnáthóga

### 8.6.2.1 Bearta Maolaithe chun Caillteanas Gnáthóg a Íoslaghdú

Chun caillteanas Ghnáthóga Iarscríbhinn I a íoslaghdú, coimeádfar agus fálófar na limistéir ina bhfuil na cineálacha sin gnáthóige laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ach nach dteastaíonn chun an fhorbairt bóthair atá beartaithe a thógáil ar feadh thréimhse na tógála. Ní bheidh tionchar díreach ar na ceantair seo le linn oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe. Tá siad sin taispeánta ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

Chun an caillteanas gnáthóg a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a íoslaghdú, tá limistéar laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe chomh maith atá cuimsithe do plandú maolaithe i gcás nach mbeidh oibreacha tógála ar siúl. Tá siad sin taispeánta ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.15**.

Nuair is féidir, coimeádfar crannteorainneacha, coillearnach, scrobarnach agus fálta sceach a luíonn ar feadh na forbartha bóthair atá beartaithe nó laistigh di, nach mbeidh tionchar díreach ag an ailíniú bóthair nó an draenáil atá beartaithe orthu. Déanfar na limistéir sin a chosaint le linn thréimhse na n-oibreacha tógála agus déanfar iad a fhálú fad cóngarach. Tá an fásra a choimeádtar léirithe i **bhFíor 8.23.1** go **8.23.15** agus ar **Fhíor 12.2.01** go **12.2.15**.Nuair is féidir, coimeádfar limistéir de chanáil na habhann nó fásra cois bruaigh, a luíonn ar feadh na forbartha bóthair atá beartaithe, nó laistigh di, nach mbeidh tionchar díreach ag an ailíniú bóthair nó an draenáil atá beartaithe orthu. Déanfar na limistéir sin a chosaint le linn thréimhse na n-oibreacha tógála agus déanfar iad a fhálú ag fad 5m ón sruth/bhruach na habhann.

Déanfar gné an tobair chlochraithe i gCairéal Leacaigh, a luíonn c.25m ó thuaidh ó phríomhlíne na forbartha bóthair atá beartaithe ag Ch. 11+400, a choimeád agus ní bhainfear úsáid [83]as rois-choincréit mar chuid de bhearta cobhsaíochta aghaidh an chairéil ag láithreán an tobair.

#### 8.6.2.2 Bearta chun an Baol maidir le Tionchair ar an bhFásra a choimeádfar a Laghdú

Tabharfar an chosaint chuí d'fhásra ar bith (lena n-áirítear crainn, fálta sceach nó scrobarnach gar do theorainn na forbartha atá beartaithe nó laistigh de) a choimeádfar le linn na céime tógála de réir na dTreoirlínte maidir le Cosaint agus Caomhnú Crann, Fálta Sceach agus Scrobarnach Roimh, i Rith agus i nDiaidh Tógála (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006b), faoi mar a leanas:

- Déanfar na crainn ar fad atá le coimeád feadh theorainn na forbartha atá beartaithe, laistigh agus gar do theorainn na forbartha atá beartaithe (áit a síneann limistéar cosanta fréamhacha na gcrann isteach i dteorainn na forbartha atá beartaithe), a fhálú ag tosach na n-oibreacha agus ar feadh thréimhse na tógála chun damáiste struchtúrach do thamhain, brainsí nó córais fréimhe na gcrann a sheachaint. Tógfar fálú sealadach fada go leor amach ón gcrann chun Limistéar Cosanta Fréamhacha (RPA) an chrainn a fhálú. Saineofar an RPA ar bhonn moladh a dhéanfaidh cranneolaí cáilithe
- I gcás nach bhfuil fálú indéanta mar nach bhfuil go leor spáis ann, tabharfar cosaint don chrann/fhál sceach trí shacéadach heiseáin (nó a chomhionann oiriúnach) a chasadh thart ar thrunc an chrainn agus adhmad maoláin láidir a cheangail thart air
- Ní bhainfear úsáid as an limistéar laistigh den RPA le haghaidh páirceáil feithiclí nó stóráil ábhar (lena n-áirítear ithreacha, olaí agus ceimiceáin). Ní bheidh stóráil ábhar guaiseach (e.g. hidreacarbóin) nó láithreacha nithe coincréite ar bith laistigh de 10m ó chrainn, fálta sceach nó crainteorainneacha coimeádta ar bith
- Déanfaidh cranneolaí cáilithe measúnú ar bhail crann ar bith atá le coimeád nó a luíonn lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ach a dtéann na hoibreacha i gcion ar a RPAnna agus tabharfar an cranneolaí sin comhairle faoi oibreacha deisiúcháin ar bith a theastaíonn ar na crainn sin. Déanfaidh cranneolaí oibreacha feabhsúcháin ar bith a bheidh de dhíth
- Coimeádfar crios maolánach 5m ar a laghad idir na hoibreacha tógála agus na fálta sceach coimeádta lena chinntiú nach ndéanfar dochar do na limistéir cosanta fréamhacha

[83] Táirge coincréite a spraeáiltear ag ard-treoluas isteach in éadan carraige mar chomhpháirt struchtúrach/chobhsaíochta.

### 8.6.3 Bearta chun an Baol maidir le Tionchair ar Cháilíocht an Aeir le linn na Tógála a Laghdú

Chun astaíochtaí dusta a rialú le linn na n-oibreacha tógála áireofar ar na gnáthbhearta maolaithe: gníomhaíochtaí créafóige nochta agus bóithre iompair láithreáin a spraeáil le linn aimsir thirim agus/nó ghaofar; ní rothaí a sholáthar ag bealaí amach; luasanna feithiclí a rialú agus srianta luais (20km san uair ar bhóthar láithreáin gan dromchla ar bith); feithiclí iompair a chumhdach; agus, bóithre dromchla crua a scuabadh. Déanfar dlúthmhonatóireacht agus dlúthmheasúnú ar na nósanna imeachta sin ar bhonn laethúil.

Cuirfear sciatha dusta i bhfeidhm chomh maith ag suíomhanna inar dócha go dtarlóidh tionchair dusta i rith chéim na tógála i.e. in áiteanna ina bhfuil gabhdóirí leochaileacha lonnaithe laistigh de 100m ó na hoibreacha. Ina theannta sin, cuirfear sciath dusta 2m ag suíomhanna sna limistéir ina bhfuil an forluí ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus cSAC Loch Coirib agus cóngarach do NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn.

Tá tuilleadh sonraí tugtha maidir leis na bearta sin i **gCuid 16.6.2** de **Chaibidil 16, Cáilíocht an Aeir agus an Aeráid** agus sa Phlean um Bainistiú Comhshaoil Tógála in **Aguisín A.7.5**.

### 8.6.4 Bearta Maolaithe chun an Baol maidir le Tionchair ar Cháilíocht an Uisce i Sruthchúrsaí Glactha a Laghdú

Tá na bearta maolaithe chun uisce dromchla a chosaint i rith na tógála mionsonraithe i **gCuid 11.6.2** de **Chaibidil 11, Hidreolaíocht**.

Dé réir an ghnáthchleachtais atá ann cuirfidh an Conraitheoir an Plean um Bainistiú Comhshaoil Tógála (CEMP) atá áirithe in **Aguisín A.7.5** i gcrích sula gcuirfear tús leis an tógáil agus cuirfear na nithe seo a leanas i bhfeidhm mar chuid den phlean sin:

- Plean um Fhreagairt ar Theagmhais ina sonraítear na nósanna imeachta a ghlacfar i gcás ina sceithfidh dramhaíl cheimiceach, bhreosla nó dramhaíl ghuaiseach eile, teagmhais maidir le neamhchomhlíonadh a logáil agus aon rioscaí den sórt sin as a bhféadfadh teagmhas truaillithe tarlú, lena n-áirítear riosca tuilte (Déan tagairt do Chuid 10 den CEMP in **Aguisín A.7.5).**

- Plean Rialaithe Dríodar, Creimthe agus Truaillithe (Déan tagairt do Chuid 8 den CEMP in **Aguisín A.7.5).** Áireofar leis sin monatóireacht ar cháilíocht an uisce agus ráitis mhodha lena chinntiú go gcloítear le caighdeáin cáilíochta comhshaoil atá sonraithe sa reachtaíocht chuí (i.e. rialacháin ar uisce dromchla agus Rialacháin maidir le Salmainide 1988)

Déan tagairt do Chuid **11.6.2** de **Chaibidil 11, Hidreolaíocht** i gcomhair tuilleadh sonraí ar bhearta maolaithe.

### 8.6.5 Bearta chun Cainníocht Screamhuisce agus Cáilíocht Screamhuisce a Chosaint

Tá na bearta maolaithe chun cainníocht screamhuisce agus cáilíocht screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin a chosaint sonraithe i **gCuid 10.6.2** (tógáil) agus i **gCuid 10.6.3** (oibriúchán) de **Chaibidil 10**, **Hidrigeolaíocht**.

Tá bearta maolaithe cuimsithe i **gCuid 9.6** de **Chaibidil 9, Ithreacha agus Geolaíocht** chun srian a chur ar úsáid ábhair líonta i limistéir ina bhféadfadh rith chun srutha/insíothlú dul i gcion ar leibhéil pH i ngnáthóga talún portaigh tadhlacha laistigh den ZoI hidrigeolaíoch oibriúcháin.

### 8.6.6 Bearta chun Leathadh Speiceas Plandaí Ionrach Neamhdhúchasach a Rialú agus a Chosc

Tá an straitéis um maolú maidir le speicis ionracha neamhdhúchasacha bunaithe ar *Guidelines on the Management of Noxious Weeds and Non-native Invasive Plant Species on National Roads* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2010) agus tá sé mar chuspóir léi bainistiú a dhéanamh ar na speicis ionracha neamhdhúchasacha laistigh den láthair oibre agus cosc a chur ar leathadh an líon atá bunaithe i dteorainn na forbartha bóthair atá beartaithe (ceanglas dlí maidir le speiceas amhail an Ghlúineach bhiorach).

Rinneadh Plean um Bainistiú Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach a ullmhú agus a chuimsiú sa CEMP (féach **Aguisín A.7.5**) agus cuirfear i bhfeidhm é in am trátha roimh thosach na n-oibreacha tógála atá beartaithe chun go mbeidh go leor ama ann chun spriocphobail na speiceas plandaí ionrach neamhdhúchasach laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe a rialú go leordhóthanach, agus aird á tabhairt ar na srianta sonracha uainíochta/séasúracha atá i bhfeidhm maidir le gach speiceas aonair. Beidh an Plean um Bainistiú Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach ina threoir do chonraitheoir na tógála agus na bearta maolaithe sonracha a theastaíonn i dtaca le speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha aonair á gcur i bhfeidhm.

Ós rud é go bhféadfadh sé gur leathaigh speicis, nó gur athraigh a ndáileadh, idir na suirbhéanna ar ghnáthóga a rinneadh don Tuarascáil MTT seo agus thosach na n-oibreacha tógála, cuimseofar réamhshuirbhé réamhthógála laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe i gcur i bhfeidhm an Phlean um Bainistiú Speiceas Ionrach Neamhdhúchasach. De réir threoir an Údaráis um Bóithre Náisiúnta cuimseofar sa suirbhé sin léirscáiliú scála bheacht 1:5,000 le haghaidh suíomh beacht na speiceas phlanda ionracha neamhdhúchasacha. Déanfaidh saineolaithe oiriúnacha ag a mbeidh an cumas na speicis lena mbaineann a aithint na suirbhéanna réamhthógála.

De réir threoirlínte 2010a an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, i gcás go dtiocfadh ábhar fiailí díobhálacha nó speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha gearrtha, tarraingthe nó lomtha chun cinn, ní bheidh tuilleadh baoil go leathfar na plandaí mar thoradh ar a ndiúscairt. Beifear cúramach gar do shruthchúrsaí toisc go bhfuil uisce ina bhealach gasta le píosaí agus síolta plandaí a scaipeadh. Déanfar ábhair ina bhfuil bláthchinn nó síolta bláthanna a dhiúscairt trí iad a mhúiríniú nó a adhlacadh ag doimhneacht nach lú ná 0.5m i gcás fiailí díobhálacha, nó trí loscadh

(ag saoráid cheadúnaithe agus aird á tabhairt ar an reachtaíocht iomchuí) nó trí dhiúscairt chuig líonadh talún ceadúnaithe i gcás speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha.

Níl socfhréamh copóg agus fréamhacha an fheochadáin reatha oiriúnach do mhuiríniú nó d'adhlacadh éadomhain, agus caithfear iad a dhiúscairt i líonadh talún, a dhó nó a adhlacadh ag doimhneacht nach lú ná 1.5m (rud nach bhfuil praiticiúil ach le linn na céime tógála). I gcás go n-úsáidtear adhlacadh chun an Ghlúineach bhiorach a dhiúscairt, adhlacfar an t-ábhar 5m ar doimhneacht agus clúdófar é le scannán geoiteicstíle oiriúnach. Déanfar na diúscairtí ar fad de réir na nAchtanna um Bainistiú Dramhaíola 1996-2011.

I dtaca le speicis plandaí ionracha choimhthíocha uisceacha comhlíonfaidh na hoibreacha tógála uile, agus obair shuirbhé uisceach ar bith a dhéanfar (e.g. leitriascaireacht), na prótacail bhithshlándála dea-chleachtais maidir le hobair uisceach – mar shampla Prótacal Bithshlándála IFI maidir le hObair Suirbhéanna Allamuigh (IFI, 2010).

## 8.6.7 Mamaigh

### 8.6.7.1 Madra uisce

Tá madraí uisce liostaithe ar Iarscríbhinn II agus ar Iarscríbhinn V a ghabhann le Treoir AE maidir le Gnáthóga. Tá an madra uisce á chosaint faoin Rialachán maidir le Gnáthóga agus Éin. Tugtar cosaint do mhadraí uisce, agus dá n-áiteanna pórúcháin agus sosa, faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus is cion é faoin reachtaíocht Madra Uisce a mharú nó a ghortú d'aon ghnó nó cur isteach ar a n-áiteanna pórúcháin nó sosa (poill/toilg) nó iad a scrios d'aon ghnó.

#### 8.6.7.1.1 Bearta chun Madraí Uisce a chosaint le linn na Tógála

***Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce***

Tá na bearta maolaithe maidir le cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn na tógála léirithe i **gCuid 11.6.2** agus sonraithe i **gCuid 8.6.4** de **Chaibidil 11**, **Hidreolaíocht**.

***Caillteanas láithreán pórúcháin/sosa***

Cé go bhféadfadh Madraí Uisce láithreáin phoill nó toilg nua a bhunú amach anseo laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, teastóidh seiceáil réamhthógála a dhéanamh ar na gnáthóga uile atá oiriúnach do Mhadraí Uisce a dhéanamh laistigh de 12 mhí ó thosach oibreacha tógála ar bith.

#### 8.6.7.1.2 Bearta chun Madraí Uisce a chosaint le linn an Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne agus Baol Imbhuailte***

Baineann Madraí Uisce úsáid as a lán de na sruthchúrsaí a thrasnaíonn an fhorbairt bóthair atá beartaithe. Chun taismigh bhóthair Madraí Uisce a

sheachaint, soláthrófar saoráidí pasáiste Madraí Uisce ag na sruthchúrsaí ar fad a úsáideann na Madraí Uisce (e.g. scairbheacha ardaithe laistigh de struchtúir, nó píobáin thirime ar leith 600mm suiteáilte ina aice le tóchair). Tógfar íosbhealaí mamach de réir Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008c). Tá na suíomhanna ina mbeidh saoráidí pasáiste Madraí Uisce ar fáil liostaithe i **dTábla 8.36** agus tá siad léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

Beidh fálú sábháilteachta mamach de dhíth chun Madraí Uisce a chosc ó dhul isteach ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus chun Madraí Uisce a threorú go dtí na híosbhealaí mamach. Suiteálfar íosbhealaí mamach de réir na sonraíochta atá léirithe in Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008c) agus TIIs (faoi láthair CC-SCD-00320/00319). Tá na suíomhanna ina mbeidh fálú sábháilteachta mamach le suiteáil léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

De réir na moltaí a thuairiscítear in Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2008c), déanfar monatóireacht ráithiúil ar éifeachtúlacht na mbeart maolaithe sa chéad bhliain i ndiaidh na hoibreacha tógála a chur i gcrích (mar shampla, cigireachtaí ar fhalú chun bearnaí a sheiceáil agus cigireacht ar an íosbhealach chun blocáil a sheiceáil)

### 8.6.7.2 Ialtóga

Tá ialtóga liostaithe ar Iarscríbhinn IV i dTreoir AE maidir le Gnáthóga agus dá bhrí sin, tá dianchosaint acu faoi na Rialacháin maidir le hÉin agus Gnáthóga. Tá cosaint freisin ag ialtóga, agus a n-áiteanna goir agus scíthe, faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus is cion é faoin reachtaíocht sin ialtóga a mharú nó a ghortú d'aon turas nó cur isteach go toilteanach lena n-áiteanna goir nó scíthe nó iad a scriosadh.

#### 8.6.7.2.1 Bearta chun Ialtóga a chosaint le linn na Tógála

***Bearta chun Ialtóga a chosaint le linn bhaint na bhFaraí***

Sainaithníodh sa mheasúnacht go bhféadfadh sé go mbeadh gá le 14 réadmhaoine a dearbhaíodh mar fharaí ialtóg a bhaint mar chuid den fhorbairt bóthair atá beartaithe. D'fhéadfaí dul i gcion go hindíreach ar 18 réadmhaoin eile mar gheall ar a ngaireacht do chonair an bhóthair nó atá nasctha trí chonairí eitilte aitheanta nó an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus i roinnt cásanna d'fhéadfaí cur isteach ar an bhfara.

Tugtar dlúthchosaint do gach speiceas agus dá láithreáin fara faoin reachtaíocht Eorpach agus reachtaíocht na hÉireann lena n-áirítear:

- An tAcht um Fhiadhúlra 1976 agus an tAcht um Fhiadhúlra (Leasú), 2000 (I.R. Uimh. 38 de 2000)
- Treoir ón gComhairle maidir le Gnáthóga Nádúrtha agus Fauna agus Flóra Fiáine 1992 a Chaomhnú (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle)

- Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) (Leasú) 2011

Is cion é faoi Alt 23 de na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976-2017 agus faoi Alt 51 de Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha), 2011 ialtóg a mharú nó damáiste a dhéanamh d'áit phórúcháin nó sosa speiceas ialtóg ar bith. Faoi Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Éin agus Gnáthóga Nádúrtha) ní gá go ndéanfar an gníomh d'aon ghnó chun go mbeidh sé ina chion. Cuireann sé sin dualgas an díchill chuí ar dhuine ar bith a bhfuil sé beartaithe acu oibreacha a dhéanamh a mbeadh damáiste nó scrios dá leithéid mar thoradh orthu. Faoi Alt 54 de I.R. 477 de 2011, féadfaidh an tAire maolú a thabhairt i gcás nach bhfuil rogha ar bith eile ann agus nach ndéanann an maolú díobháil do chothabháil phobail na speiceas lena mbaineann an Treoir maidir le Gnáthóga ag stádas caomhantais fabhrach ina raon nádúrtha. Ag cur san áireamh na tionchair ar ialtóga atá tuartha maidir leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, teastóidh ceadúnas um maolú faoi Alt 54 de I.R. 477 de 2011. Tá an t-iarratas ar Cheadúnas um Maolú maidir le hIaltóga ar fáil in **Aguisín A.8.25**.

Moltar na beartaithe maolaithe seo a leanas i dtaca le struchtúir a dearbhaíodh mar fharaí tacaíochta ialtóg nó a meastar go bhfuil an acmhainn acu tacú le hialtóga ar an bhfara:

- Sula scartálófar na 14 struchtúr ina bhfuil na faraí ialtóg dearbhaithe, cuirfear faraí saorga ina n-áit lena chinntiú go mbeidh fáil ag ialtóga ar áiteanna sosa eile chomh luath agus is féidir
- Nuair is féidir, ní scartálófar foirgnimh ina bhfuil na faraí ialtóg dearbhaithe le linn na tréimhse pórúcháin nó na tréimhse geimhriúcháin (Aibreán go lár Lúnasa agus Samhain-Márta) mar go bhfuil an baol ann go marófaí nó go ngortófaí na hialtóga níos airde. Is féidir le líon na n-ialtóg a úsáideann na faraí sa gheimhreadh bheith níos lú ach d'fhéadfadh siad bheith i láthair mar sin féin. Taobh amuigh de na tréimhsí seo, déanfar scartálófar na faraí ialtóg
- Cuirfear marc le péint ar an talamh taobh amuigh de fhoirgnimh ina bhfuil faraí ialtóg atá roghnaithe le scartáil, chun go n-aithneoidh conraitheoirí iad go héasca.
- Roimh scartáil ar bith, déanfar athscrúdú ar na struchtúr uile a dearbhaíodh mar struchtúir a bhfuil ialtóga iontu nó mar struchtúir a bhfuil an-seans ann go mbeidh ialtóga iontu díreach i ndiaidh na scartála chun a mheas an raibh ialtóga ansin nuair a scartáladh iad. Beidh sé sin ina scrúdú ar feadh na hoíche chun a dhearbhú má théann ialtóga isteach san fhoirgneamh san oíche nó luath ar maidin. Cuirfidh sé sin faisnéis leordhóthanach ar fáil chun dul ar aghaidh le scartáil mura mbeidh an aimsir mí-oiriúnach d'ialtóga beathaithe. Má bhíonn ialtóga i láthair, beidh gá iad a thógáil amach ón réadmhaoin thar chúpla oíche nó más féidir tógfaidh speisialtóir ceadúnaithe ialtóg iad go fisiciúil de láimh chun iad a chur i mbosca ialtóg lena scaoileadh an tráthnóna i ndiaidh iad a ghabháil. Maidir le struchtúir nach dearbhaíodh mar struchtúir a bhfuil faraí ialtóg iontu ach a meastar go bhfuil an-seans ann go mbeidh ialtóga iontu, déanfar measúnú brathadóra ialtóg ar an réadmhaoin atá le scartáil, má bhíonn scartáil beartaithe le linn thréimhse na Bealtaine – Lúnasa (tabhair do d'aire nach mbeidh an tréimhse ama sin ceadaithe i gcás faraí

ialtóige dearbhaithe atá le scartáil). Beidh sé sin ina scrúdú ar feadh na hoíche chun a dhearbhú má théann ialtóga isteach san fhoirgneamh san oíche nó luath ar maidin. Cuirfidh sé sin faisnéis leordhóthanach ar fáil chun dul ar aghaidh le scartáil mura mbeidh an aimsir mí-oiriúnach d'ialtóga beathaithe. Má bhíonn ialtóga i láthair, beidh gá iad a thógáil amach ón réadmhaoin thar chúpla oíche nó más féidir tógfaidh speisialtóir ceadúnaithe ialtóg iad go fisiciúil de láimh chun iad a chur i mbosca ialtóg lena scaoileadh sa tráthnóna i ndiaidh iad a ghabháil

- A luaithe is a mheasfar go bhfuil nach bhfuil ialtóga ar bith fágtha sna faraí, beidh an speisialtóir ialtóg ar an láithreán chun maoirseacht a dhéanamh ar an nós imeachta scartála go dtí go measfar nach féidir leis an struchtúr tacú le fara ialtóg. Féadfaidh ialtóga dul isteach ar ais i struchtúr a bheidh leath-scartáilte thar oíche agus mar sin d'fhéadfadh sé go gcaithfeadh an speisialtóir ialtóg bheith i láthair le linn na n-oibreacha scartála go dtí go mbeidh siad críochnaithe

Moltar na beartaithe maolaithe seo a leanas i dtaca leis na crainn a sainaithníodh mar chrainn a bhfuil an-seans ann go dtacóidh siad le hialtóga ar an bhfara. Áirítear orthu sin an dá chrann a dearbhaíodh mar chrainn ina bhfuil ialtóga (PTR43, PTR48) nó na 13 chrann atá an-oiriúnach, ina bhfuil gnéithe ar an bhfara féideartha soiléire i láthair, nó i gcás go bhfuil siad folaithe ag clúdach tiubh eidhneáin, nó má tá an-seans ann mar gheall ar aois agus ar bhail an chrainn go bhfuil gnéithe ar an bhfara i láthair. Ar **Fhíoracha 8.16.1** go **8.16.15** léirítear suíomhanna na gcrann sin ach soláthrófar líníocht níos mionsonraithe don chonraitheoir roimh oibreacha leagain ar bith. D'fhéadfadh ialtóga gnéithe ar an bhfara oiriúnacha a áitiú ag am ar bith roimh thosach na n-oibreacha. Tá baol bunúsach ann go bhféadfadh na hoibreacha leagain atá beartaithe dul i gcion ar na hialtóga. Cloífear leis na nósanna imeachta um maolú seo a leanas:

- Déanfar faraí crainn dearbhaithe agus féideartha a leagan le linn na tréimhse ó Mheán Fómhair – Deireadh Fómhair toisc go bhfuil ialtóga ábalta eitilt le linn na tréimhse sin agus d'fhéadfaí na rioscaí a bhaineann le leagan crann a sheachaint má dhéantar na bearta cuí, ach nach mbeidh siad ag pórú nó i ngeimhriúchán ach oiread
- D'fhéadfadh sé nach mbeadh úsáid brathadóirí amháin dóthanach chun teacht amach agus ath-iontráil ialtóg a thaifeadadh sa dorchadas. Dá réir sin, sular leagfar faraí crainn dearbhaithe nó féideartha ar bith, déanfar suirbhé teacht amach ag baint úsáide as soilsiú infridhearg agus físcheamara(í) agus brathadóirí ialtóg an oíche díreach i ndiaidh oibríocht an leagain lena dhearbhú an bhfuil ialtóga i láthair
- I gcás go bhfuil sé sábháilte agus cuí do na hialtóga agus do dhaoine é sin a dhéanamh, féadfaidh na crainn sin a leagan ag baint úsáide as gléasra trom chun an crann a leagan. Chun an fhainic is fearr a chur ar ialtóga ar an bhfara a d'fhéadfadh bheith i láthair fós, brúfar an crann go héadrom faoi dhó nó faoi thrí, le sos thart ar 30 soicind idir gach sonc chun ligean do na hialtóga éirí gníomhach. Ba chóir an crann a leagan go talamh ansin go mall agus ba cheart é a choinneáil ansin go dtí go scrúdóidh speisialtóir ialtóg é

- Níor chóir na crainn a leagan ach de réir “na coda” nó iad a “leagan go bog” i gcás inar féidir na codanna a chóiriú chun gluaiseachtaí tobanna nó buaileadh na gcodanna a sheachaint
- I gcás go bhfuil oibreacha feabhsúcháin le déanamh (e.g. prúnáil géag) ar chrainn a meastar iad a bheith oiriúnach d’ialtóga, seiceálfaidh speisialtóir ialtóg na codanna lena mbaineann den chrann (ag baint úsáide as ionscóp faoi cheadúnas um maolú faoi leith a bheidh ag an duine sin) le haghaidh gnéithe fara féideartha sula dtógfar iad. Maidir le géaga ina bhfuil gnéithe fara féideartha ard i gceannbhrat an chrainn, beidh gá leis an ngéag a chóiriú agus a ísliú go dtí an talamh (agus an ghné fara fhéideartha slán) lena iniúchadh ag an speisialtóir ialtóg sula ndéantar é a ghearradh nó a mhótáil. Má fhaightear go bhfuil ialtóga i láthair, tógfaidh speisialtóir ialtóg a bheidh ceadúnaithe chun ialtóga a láimhseáil iad agus scaoilfear iad sa limistéar an tráthnóna i ndiaidh iad a ghabháil

Sula leagfar an dá fhara crainn dearbhaithe (PTR43 agus PTR48) cuirfear boscaí ialtóg athsholáthair ansin lena chinntiú go mbeidh fáil ag ialtóga ar áiteanna sosa eile chomh luath agus is féidir. Beidh suíomh na mboscaí ialtóg sna cásanna sin laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe ach cinnfidh an speisialtóir ialtóg an airde bheacht agus an suíomh beacht. Má dhearbhaítear faraí crainn ialtóg breise ar bith, agus má thógfar leis na hoibreacha leagain atá beartaithe iad, cuirfear láithreáin ar an bhfara mhalartacha chuí ar fáil i bhfoirm boscaí ialtóg athsholáthair.

***Bearta chun conairí eitilte ar fud limistéir tógála a chaomhnú***

Tá sé aitheanta go bhféadfadh tógáil coillearnaí agus fálta sceach agus idirghabháil eile sna tírdhreacha a úsáideann ialtóg le linn na tógála gnáthóga a oscailt a mhéid is nach mbeidh ialtóga ag iarraidh dul i mbaol an spás oscailte nua a thrasnú chun dul chomh fada le faraí agus limistéir shealgaireachta eile ar an taobh eile. Leanfar le scaradh conairí eitilte le linn na céime tógála.

Sa Tuarascáil WC1060 *Development of a Cost-Effective Method for Monitoring the Effectiveness of Mitigation for Bats crossing linear infrastructure* cuimsítear na prionsabail dea-chleachtais chun dul i ngleic leis an easpa ghinearálta fianaise lena dtaispeántar go n-oibríonn a lán bearta maolaithe “traidisiúnta”. Déantar na prionsabail sin a athléiriú thíos agus glacadh iad sa straitéis um maolú don fhorbairt bóthair atá beartaithe.

- “Ba chóir maolú a chomhtháthú sa scéim a luaithe is féidir
  - Ba chóir maolú a chur san áireamh le linn chéim phleanála agus deartha an bhonneagair ionas gur féidir é a chuimsiú go héifeachtúil
- Ba chóir struchtúir trasnaithe a chur ar shuíomh beacht na mbealaí comaitéireachta ialtóg atá ann
  - Níor chóir iarrachtaí a dhéanamh chun ialtóga a atreorú óna mbealaí comaitéireachta atá ann
- Níor chóir go gcaithfeadh ialtóga a n-airde nó a dtreo eitilte a athrú mar gheall ar na struchtúir trasnaithe

  - Braithfidh sé sin ar thopagrafaíocht an láithreáin. Má chaithfear an bóthar a ardú os cionn leibhéal na talún d'fhéadfaí íosbhealach a úsáid chun na bealaí comaitéireachta faoi a chaomhnú, nó má bhíonn an bóthar i ngearradh féadfar droichead glas a úsáid chun an bealach comaitéireachta a iompar thar an mbóthar

- Ba chóir do na struchtúir trasnaithe nasc a choinneáil leis na bealaí comaitéireachta ialtóg atá ann
  - Ní mór nascacht a choimeád le conairi eitilte ialtóg nár cuireadh as dóibh (e.g. crainnteorainneacha, fálta sceach, marcaíocht coillearnaí agus sruthanna), agus drochghnáthóg (e.g. coillearnach) laistigh den tírdhreach mórthimpeall. Níor chóir do struchtúir trasnaithe a bheith nochta nó suite laistigh de thalamh oscailte

- Ba chóir go mbeadh fásra curtha ar struchtúir trasna an bhóthair amhail droichid ghlasa
  - Ba chóir go mbeadh an fásra leanúnach agus nasctha (féach thuas) agus aibí go leor roimh thógáil an bhóthair (e.g. trí chrainn measartha aibí nó speicis chrainn a fhásann go gasta a chur sula dtosófar an tógáil)

- Ba chóir go mbeadh na híosbhealaí ard go leor
  - Ba chóir go mbeadh na híosbhealaí chomh fairsing agus is féidir agus go mbeadh airde mar an toisc is tábhachtaí. Bainfidh na híosriachtanais le haghaidh airde na n-íosbhealach go sonrach leis na speicis. Beidh na hairdí a theastóidh níos ísle do speicis coillearnach-oiriúnaithe go ginearálta (~3 m) i gcomparáid le speicis imeall-oiriúnaithe ghinearálta (~6 m), ach freastalóidh íosbhealaí níos mó ar níos mó speiceas

- Ba chóir go mbeadh na droichid ghlasa leathan go leor
  - Chomh maith le fásra a chur iontu, ba chóir go mbeadh droichid ghlasa chomh fairsing agus is féidir, chun láthair mhór a chur ar fáil d'ialtóga le dul trasna air. Tá gá le tuilleadh taighde a dhéanamh chun tosca beachta a dhearbhú. Fuaireamar sa staidéar seo go raibh droichead glas 30m éifeachtach

- Beidh na struchtúir trasnaithe gan soilse
  - Baineann éifeachtaí solais ar ialtóga go sonrach le speicis agus ba chóir soilsiú a sheachaint

- Ní mór rochtain agus nascacht a choimeád
  - Tá sé tábhachtach go gcoimeádfar rochtain ar struchtúir trasnaithe (e.g. níor cheart greillí a shuiteáil ar íosbhealaí) agus go gcoimeádfar fásra ceangail ar feadh i bhfad nó chomh fada agus a theastaíonn an struchtúr maolaithe

- Ba chóir cur isteach a íoslaghdú le linn shuiteáil na struchtúr maolaithe
  - Mar shampla, trí thruailliú torainn agus solais a theorannú feadh chonair eitilte an ialtóige, glanadh fásra a íoslaghdú, struchtúir trasnaithe sealadacha oiriúnacha a shuiteáil (ar chóir monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh orthu chomh maith), an tsuiteáil a dhéanamh

> chomh gasta agus is féidir agus go hidéalach míonna an tsamhraidh, an t-am is mó a bhíonn na hialtóga gníomhach, a sheachaint"

Rinneadh iarracht fálú sealadach a shuiteáil i láithreáin chun gnéithe ceangail a athsholáthar ach tá an chuma ann nach ndearnadh monatóireacht air mar chuid de thionscadal amháin san Eilvéis (Britschgi et al, 2004) [84]. Sa staidéar seo, taifeadadh fál sceach saorga 1m ar leithead agus 1.5-2m ar airde ar lean cion ialtóg i bhfara é. Tá sé beartaithe bearta comhchosúla a chur i bhfeidhm i bpríomhshuíomhanna lena chinntiú go bhfuil gnéithe tóchair ann chun gnáthóga a nascadh ar fud lorg na tógála.

Chun bonn eolais a chur faoi láithreánú ceart na mbeart maolaithe le linn na céime tógála, déanfar sraith suirbhéanna le ceamaraí infridhearga ag baint úsáide as maitrís soilsitheoirí infridhearga agus brathadóirí ialtóg feadh gnéithe tóchair sna suíomhanna seo a leanas sa séasúr gníomhaíochta is fearr. Cuideoidh sé sin leis na pointí trasnaithe roghnaithe a shainaithint ag na codanna seo a leanas:

Limistéar 1: Ó thuaidh ó Choillte Bhearna

Limistéar 2: Achadh an Churraigh

Limistéar 3: Abhainn na Gaillimhe go Bóthar Chúil Each

Limistéar 4: Siar ó Bhóthar Áth Cinn an N84

Limistéar 5: Baile an Dúlaigh go dtí an Caisleán Gearr

Déanfar suirbhé ar gach limistéar trí huaire chun ialtóga eitilte sna suíomhanna sin a thaifeadadh agus cinnfear na pointí caothúla beachta do cheamaraí le linn suirbhéanna lae.

Coimeádfar gnéithe reatha ar bith a sainaithneofar mar phointí trasnaithe roghnaithe agus atá beartaithe lena mbaint go dtí an nóiméad deireanach agus cuirfear struchtúr trasnaithe saorga iniompartha in aice leo sula dtógfar iad, ionas nach mbeidh bearna ar bith trasna an láithreáin tógála san oíche ag céim ar bith. Déanfar monatóireacht ar an falú sealadach a úsáidtear le haghaidh struchtúr trasnaithe saorga trí huaire thar dhá sheachtain i ndiaidh é a shuiteáil. Mura mbeidh an struchtúr trasnaithe saorga ag an suíomh céanna le pointe trasnaithe buan atá beartaithe (e.g. an t-uasbhealach fiadhúlra ag an gCaisleán Gearr) déanfar é a thógáil mar sin de réir a chéile thar chúpla oíche chun é a athailíniú leis an bpointe trasnaithe buan.

B'fhéidir go mbeadh faid líontáin cheilte, crainn Nollag athchúrsáilte, plandóirí iniompartha nó plandaí saorga i gceist leis an struchtúr trasnaithe saorga, ar féidir iad a thógáil go héasca ar maidin agus tráthnóna lena chinntiú go bhfuil an trasnú i bhfeidhm gach oíche.

---

[84] Britschgi A., Theiler A. & Bontadina F. (2004) *Wirkungskontrolle von Verbindungsstrukturen. Teilbericht innerhalb der Sonderuntersuchung zur Wochenstube der Kleinen Hufeisennase in Friedrichswalde-Ottendorf / Sachsen*.

### 8.6.7.2.2 Bearta chun Ialtóga a Chosaint le linn an Oibriúcháin

***Bearta chun an baol básmhaireachta agus éifeachtaí bacainne laistigh de dhearadh agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe a laghdú***

Dearadh an maolú chun dul i ngleic le héifeachtaí suntasacha bacainne chun teacht leis an dea-chleachtas reatha. Tá feabhas curtha ar an monatóireacht ar éifeachtúlacht na mbearta maolaithe ialtóg do bhóithre le 10 mbliana anuas agus tá fianaise shuntasach ann cé go bhféadfadh sé go "n-úsáideann" ialtóga bearta atá deartha chun iad a thabhairt thar bhóthar nó faoi bhóthar, i gcomhthéacs an phobail iomláin d'fhéadfadh sé nach bhfuil na bearta sin "éifeachtach" toisc go mbíonn siad san áit mhícheart go minic nó toisc nach bhfuil siad mealltach d'ialtóga chun úsáid a bhaint astu go díreach. Rinneadh staidéar níos mine le blianta beaga anuas chomh maith ar bhásmhaireacht ialtóg mar thoradh ar imbhuailtí a thomhas.

Áirítear ar an dá phríomhchur chuige atá á n-úsáid don fhorbairt bóthair atá beartaithe íosbhealaí de mhéid oiriúnach i gcás go bhfuil dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe ar chlaífort agus uasbhealach fiadhúlra i gcás go bhfuil sé i ngearradh. Is iad an dá bheart sin na haon roghanna a léiríodh a bheith éifeachtach ar leibhéal pobail (CEDR, 2016, (Elmeros agus Dekker, 2016, Abbot et al 2012a, 2012b).

Tá íosbhealaí beartaithe i limistéir pointí trasnaithe tábhachtacha agus tá siad ailínithe le gnéithe tírdhreacha atá ann ar eol go n-úsáideann ialtóga iad mar thoradh ar na suirbhéanna. Meastar go bhfuil na híosbhealaí i limistéar Mhionlaigh - an Bhóthair Nua agus limistéar Bhóthar Áth Cinn an N84 fíorthábhachtach do ghluaiseachtaí Crú-ialtóg beag agus gluaiseachtaí ialtóg eile ar fud an tírdhreacha sin.

Tá an chuid ó Bhóthar Chinn Áth an N84 go Bóthar Áth Cinn an N83 gearrtha go hiomlán beagnach agus ní féidir íosbhealaí a shuiteáil, dá bhrí sin is é uasbhealach (dá dtagraítear tríd an tuarascáil seo mar Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr) an t-aon rogha éifeachtach.

Tá Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr ina chomhpháirt ríthábhachtach den straitéis sin. Beidh ialtóga ábalta eitilt trasna na forbartha bóthair atá beartaithe leis idir na faraí agus na gnáthóga sealgaireachta ar an taobh thuaidh agus Pluais an Chúipéara agus limistéir shealgaireachta ó dheas ag an suíomh seo.

Ó 2013-2015 taifeadadh ialtóga ag baint úsáide as fálta sceach ag a lán suíomhanna in áiteanna idir Bóthar Áth Cinn an N84 go Bóthar Thuama an N83 – fad de 1750m. Áireofar sa chuid thiar den fhorbairt bóthair atá beartaithe sa limistéar seo íosbhealaí a d'úsáidfeadh Crú-ialtóga beaga agus speicis ialtóg eile i limistéir inar taifeadadh iad, (thart ar 400m ar fad) agus tá an chuid eile den fhorbairt bóthair atá beartaithe i ngearradh nó ní sé indéanta íosbhealaí mar sin a áireamh inti.

Mura mbeadh Uasbhealach Fhiadhúlra an Chaisleáin Ghearr ann, d'fhéadfadh sé go ndéanfadh na hialtóga iarracht dul trasna na forbartha bóthair atá beartaithe ag

suíomh na bpointí trasnaithe atá ann[85]. Mhéadódh sé sin an baol imbuailtí le feithiclí ag an bpríomhshuíomh sin agus d'fhéadfadh drochthionchar a bheith aige sin ar Chrú-ialtóga beaga a d'fhéadfadh an pobal iomlán a laghdú go leibhéal an-íseal ar fad.

Mura mbeadh Uasbhealach Fhiadhúlra an Chaisleáin Ghearr ann ní bheadh na Crú-ialtóga beaga ábalta Pluais an Chúipéara a úsáid le haghaidh cúplála ag deireadh an tsamhraidh agus mar thoradh air sin bheadh orthu úsáid a bhaint as suíomhanna nach bhfuil chomh oiriúnach (níor taifeadadh faraí cúplála ar bith eile). Tá láithreáin chúplála atá inrochtana do phobal leathan geografach agus ina bhfuil meascán d'fhireannacha agus baineannacha ó fharaí éagsúla ina dtréith riachtanach chun ilghnéitheacht ghéiniteach a chinntiú i bpobal áitiúil na n-ialtóg. Tá fáil ag ialtóga faoi láthair ar Phluais an Chúipéara ó roinnt éagsúil treonna.

Bheadh laghdú ar an éagsúlacht ghéiniteach agus d'fhéadfadh laghdú teacht ar na rátaí atáirgthe sa phobal sin mar thoradh dá réir sin ar éifeacht bacainne den chás is measa lena ndéanfaí fara Chaisleán Mhionlaigh a aonrú. Mar an gcéanna, bheadh na hialtóga a bhaineann úsáid as Pluais an Chúipéara teoranta do ghnáthóga tearc-optamacha agus níl sé míréasúnta a cheapadh, sa chás is measa, go stopfadh na Crú-ialtóga ag baint úsáide as an bpluais.

Tá suíomh Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr ríthábhachtach dá rath. I dtaighde atá foilsithe ó 2008 i leith ag Berthinussen & Altringham (2015[86]) agus fianaise a cuireadh i láthair i dtuarascálacha 'Safe Bat Paths' an CEDR (2016[87]) agus i dtuarascálacha 'Natural England' (2015[88]) sainaithníodh go dtrasnóidh ialtóga bóthar feadh conairí eitilte reatha a bhfuil siad eolach fúthu de rogha ag trasnuithe saorga nua ag suíomhanna malartacha. Cé go bhféadfadh sé sin bheith fíor i gcás speiceas ar eol go n-eitlíonn siad trasna spásanna oscailte amhail speiceas na n-ialtóg Feascrach, ní heol an ndéanfadh na Cru-ialtóga an rud céanna. Gan sonraí dá mhalairt a bheith ann cuireadh an prionsabal réamhchúraim i bhfeidhm agus lonnaíodh an t-uasbhealach fiadhúlra ag pointí trasnaithe na gCrú-ialtóg beag. Tagann an suíomh beartaithe ag Ch. 12+690 – Ch. 12+720 le taifid na gCrú-ialtóg beag, na n-ialtóg Feascrach agus na n-ialtóg Sopránach a taifeadadh le brathadóir ialtóg statach in 2015. Beidh sé riachtanach an líon ialtóg a úsáideann gach pointe trasnaithe (go háirithe Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr) díreach roimh an tógáil a chainníochtú chun sonraí ar féidir suirbhéanna réamhthógála a chur i gcomparáid leo a chur ar fáil.

Rinneadh leithead agus dearadh Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr de thoradh ar thuairimí simplí atá bunaithe ar éiceolaíocht an sprioc-speicis agus cloíodh leis an eolas agus an bhfaisnéis is fearr atá ar fáil ina leith faoi mar atá leagtha amach thíos.

---

[85] D'fhéadfadh soilsiú na forbartha bóthair atá beartaithe ag an suíomh seo éifeacht bhacainne a chruthú, rud a d'fhágfadh go mbeadh sé fiú níos deacra fós ag ialtóga dul trasna na forbartha bóthair atá beartaithe.

[86] *WC1060 Development of a Cost-Effective Method for Monitoring the Effectiveness of Mitigation for Bats crossing Linear Transport Infrastructure*. An Tuarascáil Deiridh 2015. Anna Berthinussen & John Altringham. Scoil na Bitheolaíochta, University of Leeds, Leeds LS2 9JT/

[87] http://bios.au.dk/om-instituttet/organisation/faunaoekologi/projekter/safe-bat-paths/documents/

[88] http://publications.naturalengland.org.uk/publication/6312886965108736


Is féidir treoir ó Natural English (2015) a achoimriú faoi mar a leanas:

- I lámhleabhar COST 341 (2003) sainaithnítear ceithre chineál 'uas-struchtúir' chun pasáiste fána; droichid tírdhreacha, droichid fhiadhúlra, droichid mhodhnaithe/ droichid ilúsáidte agus uasbhealaí barr crainn a chur ar fáil. Ní thugtar idirdhealú soiléir idir droichid tírdhreacha agus droichid fhiadhúlra ann, ach ón taobh deartha de dealraítear go bhfuil sé bunaithe ar ghnéithe scála, agus na droichid tírdhreacha ina struchtúir níos mó thar 80m ar leithead agus tá leithead beag idir 40m agus 50m ag na droichid fhiadhúlra. Ní úsáidtear an téarma 'droichead glas' sa lámhleabhar chun cur síos a dhéanamh ar na struchtúir sin
- Is féidir torthaí ó Thuarascáil WC1060 (Berthinussen & Altringham, 2015) a achoimriú faoi mar a leanas:
  - Cé go bhféadfadh droichid ghlasa bheith ina struchtúir trasnaithe éifeachtacha d'ialtóga seachas bonneagar, tá saincheisteanna eile ann nach mór iad a chur san áireamh amhail an costas, an tógáil talún a theastaíonn chun an droichead a thógáil agus na drochéifeachtaí a d'fhéadfadh bheith ar ialtóga agus an droichead á thógáil. Mar sin féin, beidh struchtúr costasach ach éifeachtúil amháin ann a bheidh níos ciallmhaire i gcónaí ná struchtúir níos saoire nach n-oibríonn: ní mór do struchtúir um maolú bheith cost-éifeachtúil agus feidhmiúil. D'fhéadfadh droichid ghlasa maolú a chur ar fáil d'fhiadhúlra eile chomh maith. Fuarthas go mbaineann ocht speiceas mamach úsáid as droichead tírdhreacha Scotney Castle, lena n-áirítear fianna, madraí uisce agus dallóga féir pórúcháin (National Trust, 2012), agus tógtar struchtúir chomhchosúla de ghnáth ar fud na hEorpa agus Mheiriceá Thuaidh do mhamaigh níos mó. D'fhéadfadh bearta maolaithe comhcheangailte le haghaidh réimse fiadhúlra bheith ina réiteach cost-éifeachtúil, ach bheadh gá le pleanáil, bainistíocht tionscadal agus monatóireacht chúramach a dhéanamh ina leith
  - Ní sholáthraíonn an dá chineál is forleithne de dhroichead sreinge ialtóg maolú éifeachtach agus níor cheart é a thógáil, go háirithe ós rud é go bhfuil fianaise ann nach n-oiriúnaíonn ialtóga dóibh le himeacht ama. Tugtar le tuiscint inár gcuid torthaí go mbaineann an acmhainneacht is mó le droichid ghlasa agus íosbhealaí ach ní mór iad a dhearadh mar is ceart agus tá a lán tosca tábhachtach ann amhail méid, suíomh, nascacht, topagrafaíocht agus déine agus aibíocht an fhásra. Ba chóir go mbeadh na droichid ghlasa leathan go leor
  - Sna prionsabail dea-chleachtais maidir le maolú ialtóg feadh an bhonneagair iompair línigh maidir le droichid ghlasa, chomh maith le fásra a chur iontu, ba chóir go mbeadh siad chomh fairsing agus is féidir, chun láthair mhór a chur ar fáil d'ialtóga le dul trasna air. Tá gá le tuilleadh taighde a dhéanamh chun tosca beachta a dhearbhú. Fuarthas sa staidéar seo go raibh droichead glas 30m éifeachtach

Ní mholtar leithead faoi 20m mar cé go léirítear le fianaise go mbainfidh speicis úsáid as na droichid sin fós, ní úsáidtear chomh minic iad. Tá droichead an uasbhealaigh atá beartaithe ag an gCaisleán Gearr 30m ar leithead.

Cuimsíonn an dearadh plandaithe atá beartaithe fál sceach dúbailte sa chuid lár den uasbhealach (chun bheith cosúil le bóithrín 4m ar leithead). Imeoidh gach fál sceach amach ansin chun "béal" a chruthú ag bealach isteach an uasbhealaigh ar an dá thaobh den fhorbairt bóthair atá beartaithe chun ialtóga a threorú chuig lár an uasbhealaigh. I **bPláta 8.3** léirítear dearadh agus suíomh scéimreach an uasbhealaigh atá beartaithe.

**Pláta 8.3: Uasbhealach Fiadhúlra ag an gCaisleán Gearr**




Ní sholáthrófar soilsiú ar bith ag nó ar aon cheann de na struchtúir a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil, cé is moite de S06/01 áit ina gcuirfear soilsiú ar fáil a mbeidh coisithe in ann úsáid shábháilte a bhaint as.. Beidh gnéithe fásra adhmadaigh ceangail ar na híosbhealaí ialtóg ar fad (chomh maith leis na faraí saorga) atá deartha do Chrú-ialtóga beaga. Ní bhraitheann speicis eile ialtóg an [89]oiread ar fhálta sceach agus ar imill choillearnaí. Cé go bhfuil a lán gnéithe tírdhreacha atá ann lasmuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, ní féidir leis an straitéis um maolú ialtóg brath orthu sin san fhadtéarma mar go bhféadfadh siad bheith faoi réir idirghabhálacha tríú páirtithe. Go bunúsach, is éard a chruthófar conair fáil sceach ag dul go dtí íosbhealaí i gcuid na forbartha bóthair atá beartaithe idir Achadh an Churraigh agus an Caisleán Gearr. Cuirtear conair ghlas ráthaithe ar fáil leis an bplandú sin a nascann na huasbhealaí/íosbhealaí agus beidh ialtóga ábalta oiriúnú níos éasca do chaillteanais ar scála tírdhreacha amach anseo de ghnéithe gnáthóg ceangail. Déanfar plandú na bhfálta sceach a bheidh ag

[89]Ach tá sé sonraithe go dtrasnaíonn Crú-ialtóga beaga Abhainn na Gaillimhe thar 120m d'uisce oscailte ag Caisleán Mhionlaigh.

dul chomh fada le híosbhealaí a chothabháil agus déanfar monatóireacht ar fhás na bhfálta sceach ar feadh 5 bliana i ndiaidh iad a chríochnú agus déanfar oibreacha feabhsúcháin má mheasfar gur gá sin.

I **dTábla 8.35** thíos leagtar amach sceideal na struchtúr lena soláthraítear pasáiste ialtóg agus sonraítear ann an fheidhm atá acu i gcomhthéacs an éifeacht bacainne fhéideartha a mhaolú. I méid agus suíomh na n-íosbhealaí agus na dtóchar cuireadh san áireamh an taighde a rinne Abbott (2012a, b) agus an chomhairle a tugadh i dtuarascálacha CEDR, COST341 agus WC1060. Áirítear ar pharaiméadair an deartha:

- Faraí a shainaithint atá gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe nó inar sainaithníodh gníomhaíocht ialtóg gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe
- An áit a shainaithint ina féidir an pasáiste ialtóg a chur faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe le próifíl ingearach atá beartaithe na forbartha bóthair atá beartaithe (i.e. i ngearradh, ar líonadh nó comhréidh)
- I gcás go dtéann tóchair abhann agus mionbhóithre faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe, breithníodh cibé an bhféadfaidís sin ialtóga a iompar faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe
- Ba cheart go mbeadh na híosbhealaí nua a sholáthrófar 2.5m ar airde ar a laghad chun pasáiste na n-ialtóg a chur ar fáil. Léiríodh i dtaighde a rinne Abbot go mbeadh 90% de na hialtóga ábalta dul trí íosbhealach idir 2.5m agus 3.1m ar airde ag an airde sin faoi mar a fheictear ina sliocht óna dtaighde thíos

## Pláta 8.4: Torthaí na suirbhéanna a rinne Abbot (2012c)





**Fig. 4.17** Percentage of bat passes for **(a)** combined species (excluding *N. leisleri*), **(b)** *Myotis* spp., **(c)** *P. pygmaeus*, **(d)** *P. pipistrellus* and **(e)** *N. leisleri* (**b - e** in order of decreasing degree of clutter-adaptation) detected flying through underpasses (% Under) compared to flying over the traffic lanes of the motorway directly above underpasses (% Over) during simultaneously paired recordings. Bat pass counts (Over + Under) per height category (see legend) are shown above each bar for each species

**Tábla 8.35: Sceideal na struchtúr a dearadh lena n-úsáid le haghaidh pasáiste ialtóg**

| Struchtúr | Tuairisc | Feidhm um Maolú |
|---|---|---|
| Tóchar C00/01 | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 1.35m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Taifeadadh sé speiceas ialtóg gar don suíomh seo. Tóchar hiodrálach agus fiadhúlra comhcheangailte a fhreastalóidh ar speicis na gCrú-ialtóg agus na nIaltóg giobach a taifeadadh anseo |
| Tóchar C02/01b | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Tóchar hiodrálach agus fiadhúlra comhcheangailte a fhreastalóidh ar speicis na n-ialtóg Feascrach a taifeadadh in aice láimhe |
| Tóchar C03/01 | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 1.2m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Tóchar hiodrálach agus fiadhúlra comhcheangailte a fhreastalóidh ar speicis na n-ialtóg Feascrach a taifeadadh in aice láimhe |
| Tóchar C03/03 | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Taifid de speicis na n-ialtóg Feascrach, na gCrú-ialtóg agus na n-ialtóg Giobach in aice láimhe. Tóchar hiodrálach agus fiadhúlra comhcheangailte a fhreastalóidh ar ialtóga ach a fhreastalóidh ar an mbealach comaitéireachta do Chrú-ialtóga go Coillte Bhearna chomh maith |
| Tóchar C03/04 | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Taifid de speicis na n-ialtóg Feascrach, na gCrú-ialtóg agus na n-ialtóg Giobach in aice láimhe. Tóchar hiodrálach agus fiadhúlra comhcheangailte a fhreastalóidh ar ialtóga ach a fhreastalóidh ar an mbealach comaitéireachta do Chrú-ialtóga go Coillte Bhearna chomh maith |
| Tóchar C04/01 | Tóchar 5m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Taifid de speicis na n-ialtóg Feascrach, na gCrú-ialtóg agus na n-ialtóg Giobach in aice láimhe. Tóchar hiodrálach agus fiadhúlra comhcheangailte a fhreastalóidh ar ialtóga ach a fhreastalóidh ar an mbealach comaitéireachta do Chrú-ialtóga go Coillte Bhearna chomh maith |
| Tóchar C04/02 | Tóchar 3.1m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Taifid de speicis na n-ialtóg Feascrach, na n-ialtóg Fadchluasach donn agus na n-ialtóg Giobach in aice láimhe. Tóchar hiodrálach agus fiadhúlra comhcheangailte a fhreastalóidh ar ialtóga |
| Fodhroichead S06/01 | Fodhroichead bóthair atá beartaithe | Beifear ábalta leanúint leis an bpasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe trí Bhóthar Rathúin atá ann. Taifid speiceas na n-ialtóg Feascrach in aice láimhe. Beidh soilsiú ann chun rochtain shábháilte coisithe a chur ar fáil |

| Struchtúr | Tuairisc | Feidhm um Maolú |
|---|---|---|
| Tóchar C06/00 | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Iompróidh an tóchar na hialtóga faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe toisc go scarann an fhorbairt bóthair atá beartaithe ar an mbóthar reatha a úsáideann speiceas na n-ialtóg Feascrach. Taifid speiceas na n-ialtóg Feascrach in aice láimhe, nascann an tóchar gné líneach gach taoibh den fhorbairt bóthair atá beartaithe |
| Tóchar C06/01 | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Cuireann an tóchar pasáiste ar fáil trasna na forbartha bóthair atá beartaithe i limistéar líonta ach níl limistéir ar bith ann le haghaidh íosbhealaí siar ar feadh thart ar 500m. Nascann sé le linnte maolúcháin ar féidir iad a úsáid le haghaidh sealgaireachta |
| Tóchar C07/00 | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 2m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Nascfaidh an tóchar trasna an tírdhreacha a úsáideann na hialtóga Feascracha agus na hialtóga Fadchluasacha donna. Déanfar faraí ar an taobh thoir a mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe thart orthu a athcheangal tríd an tóchar sin agus trí thóchair ó thuaidh chomh maith |
| Tóchar C07/02A | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Nascfaidh an tóchar trasna an tírdhreacha a úsáideann na hialtóga Feascracha agus na hialtóga fadchluasacha Donna. Déanfar faraí ar an taobh thoir a mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe thart orthu a athcheangal tríd an tóchar sin agus trí thóchair ó thuaidh chomh maith. Iompraíonn an tóchar seo sruth beag agus gabhann sé isteach i ndíog agus i bhfál sceach ar an taobh thoir agus ceanglóidh sé le stráice tírdhreachaithe atá beartaithe ar an taobh thiar chun é a cheangal le Bóthar Rathúin atá ann |
| Tóchar C08/01 | Tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde a dearadh chun pasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Tá an tóchar seo i limistéar líonta siar ó Bhóthar Mhaigh Cuilinn an N59 agus tugann sé deis d'ialtóga dul trasna na forbartha bóthair atá beartaithe sa chuid seo. Taifeadadh ialtóga Feascracha agus Crú-ialtóga sa limistéar mórthimpeall |
| Tóchar C08/05 | Cuirfidh tóchair 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Tá na tóchair sin gar don fhara saorga atá beartaithe chun dul i ngleic le caillteanas na bhfaraí ialtóg ag Achadh an Churraigh (PBR178, 256, 255, 177, 210). Mar sin tá sé riachtanach go ndéanfaí tréscaoilteacht na forbartha bóthair atá beartaithe a uasmhéadú sa chuid seo. Éascóidh an tóchar seo ialtóga fadchluasacha Donna agus Crú-ialtóga. Ceanglóidh stráicí plandaithe tírdhreacha atá beartaithe an tóchar seo le fásra coimeádta ag an imlíne |
| Tóchar C08/04 | | |
| Tóchar C08/02 | | |

| Struchtúr | Tuairisc | Feidhm um Maolú |
|---|---|---|
| Tóchar C09/01 | Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Sraith cúig thóchar a chuireann tréscaoilteacht ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe do speicis na gCrú-ialtóg, na n-ialtóg Feascrach, na n-ialtóg fadchluasach Donn agus speicis ialtóg eile. Osclóidh na tóchair isteach in imill choimeádta choillte Mhionlaigh agus beidh plandú breise ar fáil |
| Tóchar C09/02 | Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | |
| Tóchar C09/03 | Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | |
| Tóchar C09/04 | Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | |
| Tóchar C09/05 | Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | |
| Fodhroichead Bóthair S09/01 | Fodhroichead bóthair atá beartaithe (9.6m ar leithead agus 5.3m ar airde) Cuirfidh Bóithrín Chaisleán Mhionlaigh pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Príomhphointe trasnaithe sa tírdhreach do Chrú-ialtóga trína mbeifear ábalta eitilt idir fara Chaisleán Mhionlaigh (agus fara nua amach anseo) agus limistéir shealgaireachta gar do Lochanna Chúil Each. Cruthaithe ag sonraí radairianaithe. Beifear ábalta leanúint leis an bpasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe tríd an mbóthar neamhshoilsithe atá ann. Taifid ar roinnt speiceas ialtóg in aice láimhe lena n-áirítear a bheith laistigh de limistéar sealgaireachta a taifeadadh do Chrú-ialtóga agus a bheith i limistéar tábhachtach do thrasnú. |
| Tóchar C09/06 | Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Ceanglaíonn an tóchar seo imill na coillearnaí a choimeádfar ag imeall an tóchair. Taifid ar roinnt speiceas ialtóg in aice láimhe lena n-áirítear a bheith laistigh de limistéar sealgaireachta a taifeadadh do Chrú-ialtóga agus a bheith i limistéar tábhachtach do thrasnú |
| Tóchar C09/07 | Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde | I limistéar íseal i dtopagrafaíocht áitiúil laistigh de limistéar sealgaireachta a taifeadadh do |

| Struchtúr | Tuairisc | Feidhm um Maolú |
|---|---|---|
| | pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Chrú-ialtóga agus a bheith i limistéar tábhachtach do thrasnuithe |
| Íosbhealach C10/01 | Struchtúr 3m ar leithead faoi 2.35m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Ceanglaíonn an struchtúr seo imill na coillearnaí a choimeádfar ag imeall an tóchair. Taifid ar roinnt speiceas ialtóg in aice láimhe lena n-áirítear a bheith laistigh de limistéar sealgaireachta a taifeadadh do Chrú-ialtóga agus a bheith i limistéar tábhachtach do thrasnuithe faoi mar a cruthaíodh le sonraí radairianaithe |
| Fodhroichead Bóthair S10/02 | Fodhroichead bóthair atá beartaithe (9.6m ar leithead faoi 5.3m ar airde) | Beifear ábalta leanúint leis an bpasáiste ialtóg a chur ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe tríd an bhfodhroichead atá beartaithe. Taifid ar roinnt speiceas ialtóg in aice láimhe lena n-áirítear Crú-ialtóga agus a bheith i limistéar tábhachtach do thrasnuithe faoi mar a cruthaíodh le sonraí radairianaithe |
| Tóchar C12/02 | Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe | Ceanglóidh sraith 3 thóchar, gach ceann 25m óna chéile, tailte ó thuaidh agus ó dheas agus is féidir le hialtóga dul trasna orthu. Tá príomhphointe trasnaithe do Chrú-ialtóga, Ialtóga fadchluasacha Donna agus faraí don dá speiceas in aice láimhe |
| Tóchar C12/03 | Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin mbóthar | |
| Tóchar C12/04 | Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin mbóthar | |
| Tardhroichead Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr S12/02 | Cuirfidh Tardhroichead Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr (60m ar fad x 30m ar leithead) pasáiste ialtóg ar fáil thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe | Príomhphointe trasnaithe sa tírdhreach do Chrú-ialtóga trína mbeifear ábalta eitilt idir limistéir an Chaisleáin Ghearr agus Bhaile an Dúlaigh/Mhionlaigh. Féach an téacs thuas don tábla seo le haghaidh na réasúnaíochta maidir le suíomh agus dearadh an tardhroichid fhiadhúlra |
| Struchtúr S08/04 | Cuirfidh droichead Abhainn na Gaillimhe pasáiste ialtóg ar fáil thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe | Pointe trasnaithe tábhachtach do gach speiceas ialtóg go háirithe Crú-ialtóga agus ialtóga Daubenton faoi mar a cruthaíodh le sonraí radairianaithe. Tá faraí don dá speiceas in aice láimhe |

Chomh maith leis na struchtúir a dearadh go sonrach do phasáistí ialtóg, tá struchtúir eile ann amhail an áit a dtéann mionbhóithre faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe a úsáidfidh ialtóga mar phointí trasnaithe sábháilte.

#### 8.6.7.2.3 An Clár Monatóireachta atá Beartaithe

Toisc gur féidir leis an leibhéal bonnlíne de ghníomhaíocht ialtóg agus áitíocht fara athrú de réir a chéile, déanfar monatóireacht roimh an tógáil sula dtosóidh na hoibreacha tógála lena chinntiú go mbeifear in ann na sonraí a ndéantar comparáid idir iad agus an mhonatóireacht iarthógála cothrom le dáta a mhéid is féidir.

Déanfar monatóireacht freisin ar éifeachtacht na mbeart maolaithe agus cúitimh ialtóg i rith na tógála agus ina dhiaidh sin. I gcás ina sainaithnítear sa mhonatóireacht go bhfuil ceisteanna maidir leis na bearta maolaithe nó cúitimh (e.g. scaipeadh solais a dhéanfaidh difear don úsáid), réiteofar iad sin lena chinntiú go mbainfidh na bearta sin a gcuid aidhmeanna amach i dtaca le maolú nó cúiteamh as tionchair ar na daonraí ialtóg áitiúil.

***Monatóireacht réamhthógála***

Bíonn gá le monatóireacht réamhthógála chun sonraí a thabhairt lenar féidir comparáid a dhéanamh idir iad agus monatóireacht tar éis tógála. Áireofar iad seo a leanas ar na paraiméadair:

- Leibhéil lonnaitheachta i bhfaraí (Caisleán Mhionlaigh, foirgnimh fhara shaorga atá beartaithe lena n-áirítear foirgnimh athfheistithe choinnithe, boscaí ialtóg)
- Struchtúir pasáiste ialtóg (tóchair, íosbhealaí agus Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr)
- Éagsúlacht na speiceas ialtóg agus flúirse ghníomhaíocht na n-ialtóg in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe

Tomhaisfear leibhéil áitíochta i gCaisleán Mhionlaigh trí shuirbhéanna teacht amach ag baint úsáide as físcheamara soilsithe infridhearg a thaifeadfar ar bhonn míosúil ó lár mhí Aibreáin go Meán Fómhair i mbliain na tógála nó díreach roimh thosú na tógála (cibé acu den dá cheann sin is gaire do thosú na tógála).

Díreofar monatóireacht ar úsáid na n-ialtóg sna struchtúir phasáiste ialtóg atá beartaithe ar ialtóga a thaifeadadh agus iad ag baint úsáide as conairí atá ann ag na híosbhealaí atá beartaithe gar do Chaisleán Mhionlaigh, N59 Acomhal Leitrí agus Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr atá beartaithe. Teastaíonn sonraí bonnlíne réamhthógála ar líonta ialtóg agus airde ialtóg ionas gur féidir é sin a chur i gcomparáid le cás iarthógála. Baileofar na sonraí sin ag baint úsáide as ceamaraí infridhearga agus suirbhéanna brathadóra a dhéanfar trí huaire ar leith ar a laghad ag gach suíomh sa tréimhse suirbhéanna is fearr. I gcomhréir le Treoir CEDR (2016) tá sé beartaithe go mbeidh dhá shuirbhé ar leith sa séasúr pórúcháin agus dhá shuirbhé ar leith (i dtráth) i lár mhí Lúnasa go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair ar a laghad i gceist leis an monatóireacht réamhthógála sin, chun teacht le tréimhsí gluaiseachtaí ar an scála tírdhreacha, agus go ndéanfar na suirbhéanna sin le haghaidh dhá shéasúr gníomhaíochta ialtóg (Bealtaine-Lúnasa) i ndiaidh thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a chríochnú.

Ní féidir a rá go cinnte nach mbeidh aon bhaol ag tionchar tromchúiseach ar éagsúlacht agus ag flúirse ialtóg in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe; ach ní bheidh tionchar ar gach pobal sa suíomh céanna ar an mbealach céanna

agus dá bhrí sin meastar gur cleachtadh maith é monatóireacht leanúnach a dhéanamh lenár dtuiscint ar éifeachtaí forbairtí bóthair agus éifeachtacht na mbeart maolaithe a fheabhsú. Déanfar monatóireacht ar éagsúlacht na speiceas ialtóg agus ar fhlúirse na gníomhaíochta ialtóg in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag baint úsáide as traschriosanna suirbhé caighdeánaithe ó imeall na forbartha bóthair atá beartaithe amach faoi mar a thuairiscíonn Berthinussen & Altringham (2015). Úsáidfear na traschriosanna sin chun gníomhaíocht ialtóg ar fud na dtailte timpeall chonair na forbartha bóthair atá beartaithe a thaifeadadh. Tá sé beartaithe go ndéanfar suirbhé ar sé chrios roimh an tógáil i suíomhanna ina bhfuil ardghníomhaíocht ialtóg i gcás go bhfuil íosbhealaí nó uasbhealach beartaithe.

***Monatóireacht i rith agus tar éis na tógála***

Monatóireacht ar faraí

Déanfar monatóireacht ar áitíocht na bhfoirgneamh fara saorga (lena n-áirítear foirgnimh choinnithe feistithe) agus ar bhoscaí ialtóg láithreach bonn tar éis iad a shuiteáil le fáil amach cé chomh luath is a úsáidtear iad. Suiteálfar iad sula nglanfar an príomhláithreán; dá bhrí sin, is féidir monatóireacht trí chigireacht súl a dhéanamh orthu de réir an sceidil seo a leanas:

- Comhairimh maidir le teacht chun cinn ag fara Chaisleán Mhionlaigh: déanfar comhairimh maidir le teacht chun cinn i rith na n-oibreacha tógála agus faoi cheann cúig bliana tar éis é a thógáil i mí na Bealtaine, Iúil agus Lúnasa. Déanfar an comhaireamh sin ag úsáid taifeadadh ó fhíscheamara infridhearg ag an am céanna le cigireachtaí súl ar ialtóga ag úsáid an láithreáin nua fara atá beartaithe cóngarach do Chaisleán Mhionlaigh d’fhonn comhaireamh foriomlán a fháil d’ialtóga ag an suíomh sin
- Tógálacha faraí saorga: Áiteofar na dtógálacha faraí saorga atá beartaithe (lena n-áirítear struchtúir athfheistithe) le linn na n-oibreacha agus i ndiaidh na tógála sna 5 bliana i ndiaidh na tógála. Déanfar suirbhéanna i lár an gheimhridh d’úsáid gheimhriúcháin i mí na Bealtaine agus i mí Iúil lena n-úsáid le linn an tséasúir phorúcháin. Áireofar seiceálacha sna suirbhéanna d’ialtóga aonair agus do shalachar (ag baint úsáide as anailís DNA más gá). Tógfar salachar i ndiaidh gach seiceála lena chinntiú nach dtaifeadfar sa suirbhé ina dhiaidh sin ach an úsáid sa tréimhse eatramhach. Déanfar monatóireacht bhliantúil ar na faraí le haghaidh Crú-ialtóg agus cuirfear na comhairimh chuig an NPWS mar chuid den chlár náisiúnta um monatóireacht ar Chrú-ialtóga. Féadfaidh foireann na Seirbhíse Páirceanna Náisiúnta an mhonatóireacht sin a dhéanamh, nó grúpa ialtóg na Gaillimhe nó go deimhin dreamanna eile a shocróidh an t-údarás áitiúil. D’fhéadfadh sé tarlú le modhanna cianda monatóireachta ag úsáid teicneolaíocht nua nach mbeidh gá i gcónaí le cuairt a thabhairt ar na faraí féin agus gur féidir íomhánan infridhearg laistigh den fhara a sheoladh gan sreang. I gcás go dtabharfaí le fios leis an monatóireacht ar na faraí nach bhfuil ialtóga á n-úsáid, tabharfar faoi bhreis suirbhéanna dírithe chun iarracht tuiscint a fháil ar ghluaiseachtaí ialtóg san áit agus déanfar iarracht dul i ngleic le haon saincheisteanna. Déanfar comhordú ar aon athruithe a mheasfar a bheidh riachtanach agus cuirfear in iúl iad lena chinntiú nach mbeidh siad i gcoimhlint le haon cheann

de na réamh-mheastacháin tionchair nó leis na bearta maolaithe atá leagtha síos sa tuarascáil seo. Suiteálfar tóireadóirí teochta agus taise mar aon le logálaithe sonraí sna faraí ar feadh dhá bhliain i ndiaidh thógáil an fhara agus déanfar bearta (e.g. gaothairí a fheistiú, tréimhse na n-umar uisce i limistéar an fhara geimhriúcháin a mhéadú) chun dul i ngleic le saincheisteanna ar bith a thiocfadh chun cinn

- Boscaí ialtóg: Ní heol do na húdair aon íoschaighdeán nó caighdeán molta chun monatóireacht a dhéanamh ar bhoscaí ialtóg. I ndiaidh iad a shuiteáil, déanfar cigireacht súl ar na boscaí gach ráithe sa bhliain ar feadh an chéad dá bhliain. Tá sé tugtha le fios ag taighde a rinneadh ar éifeachtacht na mbeart maolaithe go mbíonn thart ar 50%[90] áitíochta ar an meán sna boscaí ialtóg toisc go bhféadfadh sé gur fearr le hialtóga láithreáin fhara eile atá timpeall orthu cheana féin. Féadfar aon bhoscaí nach léirítear aon áitíocht iontu tar éis an ama sin a athlonnú chuig suíomhanna eile laistigh de theorainn na forbartha atá bearta in aice láimhe áit a bhféadfaidís dul chun tairbhe an phobail áitiúil ialtóg. I mblianta 3-5 i ndiaidh iad a shuiteáil seiceálfar na boscaí i ndeireadh mhí an Mhárta agus i mí Mheán Fómhair chun úsáid sa gheimhreadh agus sa samhradh a sheiceáil agus chun cur isteach le linn na n-amanna geimhriúcháin íogaire a sheachaint
- Seiceálfar boscaí ialtóg ar feadh cúig bliana ar a laghad tar éis iad a chur suas

<u>Pointí trasnaithe na monatóireachta</u>

Cuimseofar leis an monatóireacht brathadóir fuaime agus ceamara infridhearg a bheidh ag taifeadadh ag na tóchair ag na cúig shuíomh a ndearnadh suirbhé orthu roimhe seo roimh an tógáil, is iad sin:

- Limistéar 1: Ó thuaidh de Choill Bhearna
- Limistéar 2: Achadh an Churraigh
- Limistéar 3: Abhainn na Gaillimhe go dtí an Bóthar Nua
- Limistéar 4: Siar ó Bhóthar N84 Áth Cinn
- Limistéar 5: Baile an Dúlaigh go dtí an Caisleán Gearr, lena n-áirítear Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleáin Ghearr

Comhairfidh sé sin an úsáid a bheidh ag ialtóga i gcomparáid le neamhúsáid (e.g. ag úsáid conairí eitilte eile). Leis sin beifear in ann a chinneadh cibé go bhfuil struchtúir phasáiste na n-ialtóg éifeachtach ar leibhéal daonra (i gcás ina nglactar leis go bhfuil 90% de na hialtóga in ann dul faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe). Déanfar monatóireacht arís ag gach suíomh chun tacar sonraí láidir a sholáthar. I gcás ina meastar nach bhfuil na struchtúir pasáiste ialtóg atá beartaithe lena n-áirítear Uasbhealach Fiadhúlra an Chaisleán Ghearr éifeachtach, ansin beidh gá le tuilleadh suirbhéanna spriocdhírithe chun na cúiseanna a chinneadh agus dul i ngleic leo ar bhealach réasúnta nuair ab fhéidir (mar shampla, soilsiú a smachtú, dul i ngleic le hathruithe ar an tírdhreach áitiúil). Caithfear comhordú a dhéanamh ar aon athruithe a mheasfar a bheidh riachtanach agus cuirfear in iúl iad lena chinntiú nach mbeidh siad i gcoimhlint le haon cheann de na réamh-

[90] Paul Lynott, cumarsáid phearsanta 2017.

mheastacháin tionchair nó leis na bearta maolaithe atá leagtha síos sa tuarascáil seo.

I gcomhréir le Treoir CEDR (2016) tá sé beartaithe go mbeidh dhá shuirbhé ar leith sa séasúr pórúcháin agus dhá shuirbhé ar leith (i dtráth) i lár mhí Lúnasa go dtí deireadh mhí Mheán Fómhair ar a laghad i gceist leis an monatóireacht iarthógála sin, chun teacht le tréimhsí gluaiseachtaí ar an scála tírdhreacha, agus go ndéanfar na suirbhéanna sin le haghaidh dhá shéasúr gníomhaíochta ialtóg (Bealtaine-Lúnasa) i ndiaidh thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a chríochnú.

Baineann an clár monatóireachta a bhfuil cur síos déanta air thuas freisin leis na bearta cúitimh le haghaidh ialtóg a bhfuil cur síos déanta orthu i **gCuid 8.9.2.**

<u>Éagsúlacht agus flúirse in aice le conair na forbartha bóthair atá beartaithe</u>

Glacfar le traschriosanna de ghníomhaíocht ialtóg ar fud na suíomhanna céanna leis na traschriosanna réamhthógála d'fhonn aon éifeachtaí díláithrithe a tharlaíonn de bharr tionchar suaite i rith tógála agus oibríochta a aithint. Cé go mbaineann teorainneacha le feidhmiú mhodheolaíocht Berthinussen & Altringham (2015) toisc nár cuireadh i bhfeidhm é ach ar thírdhreacha talmhaíochta oscailte, is bunús é áfach le haghaidh modh suirbhéireachta inatáirgthe atá oiriúnach don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Má bhraitear éifeacht díláithrithe (flúirse laghdaithe agus éagsúlacht gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe) ansin beidh tuilleadh suirbhéanna spriocdhírithe ag teastáil chun na cúiseanna a aithint agus dul i ngleic leo nuair is féidir (mar shampla, soilsiú a smachtú, dul i ngleic le hathruithe ar an tírdhreach áitiúil trí phlandú breise). Caithfear comhordú a dhéanamh ar aon athruithe a mheasfar a bheidh riachtanach agus cuirfear in iúl iad lena chinntiú nach mbeidh siad i gcoimhlint le haon cheann de na réamh-mheastacháin tionchair nó leis na bearta maolaithe atá leagtha síos sa tuarascáil seo. Tá sé beartaithe go ndéanfar monatóireacht le linn na tógála agus dhá shéasúr gníomhaíochta ialtóg i ndiaidh thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe a chríochnú.

### 8.6.7.3 Broic

Tugtar cosaint do bhroic, agus dá n-áiteanna pórúcháin agus sosa, faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra agus is cion é faoin reachtaíocht Broic a mharú nó a ghortú d'aon ghnó nó cur isteach ar a n-áiteanna pórúcháin nó sosa (brocaisí) nó iad a scrios d'aon ghnó.

Cuimsíodh sraith chuimsitheach beart maolaithe san fhorbairt bóthair atá beartaithe lena chinntiú nach ndéanfar Broic a mharú nó a ghortú d'aon ghnó agus nach rachaidh tionchair ar bith ar a n-áiteanna pórúcháin nó sosa i gcion ar a stádas caomhantais, ar scála geografach ar bith, agus nach mbeidh éifeachtaí suntasacha dóchúla ar bith ar an speiceas mar thoradh orthu.

Sna bearta maolaithe ar a ndéantar cur síos thíos leantar na moltaí atá leagtha amach in *Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006) Leagtar amach cur chuige an dea-chleachtais sna treoirlínte sin agus na tionchair ar Bhroic le linn na n-oibreacha tógála á mbreithniú agus á maolú.

#### 8.6.7.3.1 Bearta chun Broic a chosaint le linn na Tógála

Tá achoimre mhionsonraithe ar na bearta maolaithe de réir mar a bhaineann siad le brocaisí na mBroc laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe tugtha in **Aguisín A.8.24**. Tá na criosanna neamh-chur isteach (30m, 50m agus 150m), de réir mar a bhaineann siad le brocaisí na mBroc laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

Ós rud é go bhféadfadh úsáid Broc as na brocaisí athrú le himeacht ama, teastóidh seiceáil réamhthógála a dhéanamh ar na brocaisí go léir laistigh de 12 mhí ó thosach oibreacha tógála ar bith laistigh de ZoI na mbrocaisí faoi mar atá pléite thíos.

***Cur isteach/díláithriú***

Chun cur isteach ar bith ar bhrocaisí Broc a sheachaint nach dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion go díreach orthu, ní úsáidfear innealra trom ar bith laistigh de 30m ó bhrocaisí Broc in am ar bith. Ní dhéanfar oibreacha ar bith laistigh de 50m ó bhrocaisí gníomhacha le linn an tséasúir phórúcháin. Ní úsáidfear innealra níos éadroime (feithiclí rothaí go ginearálta) laistigh de 20m ó bhealach isteach brocaise. Ní thabharfar faoi phléascadh nó tiomáint pílí laistigh de 150m ó bhrocaisí gníomhacha le linn an tséasúir phórúcháin (Nollaig go Meitheamh agus iad sin san áireamh).

Sula gcuirfear tús le hoibreacha, bunófar crios neamh-chur isteach 30m thart ar gach brocais Broc laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe, faoi mar atá léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**. Má bhíonn an bhrocais gníomhach, méadófar an crios neamhchur-isteach go dtí 50m le linn an tséasúir phórúcháin (Nollaig go Meitheamh agus iad sin san áireamh). Beidh an fálú faoi mar atá tugthai **gCaibidil 7, Gníomhaíochtaí Tógála** agus mairfidh sé fada go leor chun an crios eisiata a choimeád i rith thréimhse na tógála nó, más gá, go dtí go n-eisiafar/go mbainfear an bhrocais lena mbaineann.

Tá achoimre déanta i **dTábla 8.36** ar na bearta maolaithe de réir mar a bhaineann siad le brocaisí na mBroc laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe agus tá siad léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

***Caillteanas láithreán pórúcháin/sosa***

I gcás go gcaithfear brocaisí a eisiamh agus a thógáil, nó a eisiamh ar feadh tréimhse shealadach, déanfar é sin de réir na modheolaíochta atá sonraithe in *Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006):

- Beidh gá le tréimhse monatóireachta cúig lá ar a laghad do na brocaisí Broc ar fad a bheidh le heisiamh nó le tógáil chun an stádas gníomhaíochta a dheimhniú sular dtosófar oibreacha tógála ar bith
- Má bhíonn an bhrocais gníomhach, ní thógfar é laistigh de shéasúr pórúcháin na mBroc (Nollaig go Meitheamh agus iad sin san áireamh). Chun brocais ghníomhach Broc a eisiamh nó a thógáil lasmuigh den tréimhse sin, cuirfear bac bog agus crua ar na hiontrálacha neamhghníomhacha trí gheataí aonbhealaigh a shuiteáil ar iontrálacha gníomhacha. Beidh geataí

aonbhealaigh ceangailte oscailte ar feadh trí lá sula socrófar iad lena n-eisiamh, agus déanfar monatóireacht orthu ar feadh tréimhse 21 lá ar a laghad sula measfar go bhfuil an bhrocais neamhghníomhach agus scriosfar í ansin. Má éiríonn an bhrocais gníomhach am ar bith le linn na tréimhse monatóireachta, ní mór an próiseas/clár eisiata a thosú arís ó lá 1 den tréimhse monatóireachta 21 lá

- Maidir le brocaisí neamhghníomhacha, cuirfear bac bog ar na hiontrálacha (bactha go héadrom le fásra agus ithir) agus mura gcuirtear isteach ar na hiontrálacha go léir ar feadh tréimhse cúig lá ba cheart an bhrocais a scrios láithreach lom. Is féidir é sin a dhéanamh am ar bith den bhliain do bhrocaisí neamhghníomhacha

Teastaíonn brocais shaorga chun maolú a dhéanamh don chaillteanas phríomhbhrocaise (S9), i gcomhar le fobhrocais (S11), ghrúpa Broc Leacaigh. Tá na riachtanais a bhaineann le soláthar agus dearadh na brocaise saorga leagtha amach in **Aguisín A.8.24**. Tá suíomh na brocaise saorga sin léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**[91].

Beidh gá suirbhé réamh-oibreacha a dhéanamh ar limistéir neamh-inrochtana (féach Fíoracha **8.3.1** go **8.3.14**) le haghaidh brocaisí broc roimh ghlanadh láithreáin. Má nochtar brocais, caithfear stop a chur leis na hoibreacha agus crios 30m neamhchur-isteach a bhunú; é a mhéadú go dtí 50m le linn an tséasúir phórúcháin má bhíonn an bhrocais gníomhach (Nollaig go Meitheamh agus iad sin san áireamh). Tógfar na brocaisí de réir an phróisis atá léirithe thuas.

### 8.6.7.3.2 Bearta chun Broic a chosaint le linn an Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóige/Éifeacht Bacainne agus Baol Básmhaireachta***

Leanann broic na slite céanna idir brocaisí, limistéir bheathaithe agus leithris de ghnáth. Chun básanna broc ar na bóithre a sheachaint, soláthrófar saoráidí pasáiste mamach ag suíomhanna straitéiseacha feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe. Tógfar íosbhealaí mamach de réir *Guidelines for the Treatment of Badgers during the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006). Tá sé cruthaithe go n-úsáideann broic íosbhealaí mamach atá 600mm ar a laghad ar leithead, ina bhfuil dóthain draenála, fásra maith thart ar na hiontrálacha agus nascacht mhaith gnáthóige (Eldridge & Wynn, 2011)[92].

---

[91] A ghaire is atá an bhrocais shaorga don phríomhbhrocais atá á tógáil, is ea is mó cosúla go n-úsáidfidh an grúpa Broc lena mbaineann í. Dá bhrí sin, tá sé beartaithe an bhrocais shaorga a lonnú thart ar 60m ó thuaidh den S9. Ós rud é go gcaithfidh an bhrocais bheith ina háit cúpla mí sula dtosóidh na hoibreacha agus sula dtógfar brocais S9, beidh go leor ama ag na Broic lena mbaineann oiriúnú do na hoibreacha tógála i ngaireacht na brocaise saorga (lena mbeidh pléascadh agus briseadh carraigeacha i gceist), athlonnú go dtí brocais eile (e.g. S10), nó brocais nua a thógáil áit éigin eile laistigh dá gcríoch. Ní mhairfidh cur isteach ar bith ó na hoibreacha tógála ach ar feadh tréimhse ghairid agus, fiú má fholmhófar an bhrocais shaorga le linn na tógála, ní cosúil go ndíspreagfadh a gaireacht don bhóthar oibriúcháin na broic ón mbrocais a áitiú ag an am sin.

[92] Eldridge, B. & Wynn, J. (2011) Use of badger tunnels by mammals on Highways Agency schemes in England. *Conservation Evidence 8*. Leathanaigh 53-57

Cé go dtagann srianta innealtóireachta salach ar na suíomhanna molta ag tráth na tógála, is féidir íosbhealaí mamach a bhogadh go dtí na suíomhanna is oiriúnaí is gaire, ach ag fad nach mó na c.250 uathu. Tá na suíomhanna ina mbeidh saoráidí pasáiste Broc ar fáil liostaithe i **dTábla 8.36** agus tá siad léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

Luíonn líon de na struchtúir pasáiste mamach laistigh den chrios doirte éadroim samplach agus d'fhéadfadh soilsiú saorga dul i gcion ar a n-úsáid ag Broic: struchtúir C07/04, C07/01(b) agus C12/01. Cuirfear sciathadh ar fáil lena chinntiú nach gcuirfidh doirteadh éadrom isteach ar shlite agus iontrálacha na struchtúr sin.

**Tábla 8.36: Saoráidí pasáiste mamach[93]**

| Uimh. Thag. | Struchtúr | Speiceas agus Tuairisc |
|---|---|---|
| C00/00 | Píobán | Broc<br>Cuirfidh píobán coincréite tiomanta 600mm pasáiste mamach ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C00/01 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 1.35m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C02/01b | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 12.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C03/01 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 1.2m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C03/03 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 1.2m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C03/04 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 1.2m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C04/01 | Tóchar | Madraí Uisce, Broic agus Ialtóga<br>Cuirfidh leac ardaithe mamach, suite os cionn leibhéil uisce tuile, cuimsithe i struchtúr nó i bpíobán coincréite tiomanta 600mm ar bhruach thoir na habhann/srutha pasáiste ar fáil do Mhadraí Uisce agus do Bhroic<br>Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C04/02 | Tóchar | Madraí Uisce, Broic agus Ialtóga<br>Cuirfidh leac ardaithe mamach, suite os cionn leibhéil uisce tuile, |

[93] Tá roinnt díobh seo áirithe freisin i **dTábla 8.35** mar chuid den straitéis um maolú ialtóg ach soláthróidh siad pasáiste nó bealach do chuid mhaith speiceas mamach eile

| Uimh. Thag. | Struchtúr | Speiceas agus Tuairisc |
|---|---|---|
| | | cuimsithe i struchtúr nó i bpíobán coincréite tiomanta 600mm ar bhruach thoir na habhann/srutha pasáiste ar fáil do Mhadraí Uisce agus do Bhroic<br>Cuirfidh tóchar 3.1m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C05/01 | Píobán | Broc<br>Cuirfidh píobán coincréite tiomanta 600mm pasáiste mamach ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| S06/01 | Tardhroichead Bóthair | Ialtóga<br>Cuirfidh an tardhroichead bóthair neamhshoilsithe pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C06/00 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C06/01 | Tóchar | Broc<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C07/00 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C07/02A | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C07/04 | Píobán | Broc<br>Cuirfidh píobán coincréite tiomanta 600mm pasáiste mamach ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C07/01(b) | Píobán | Broc<br>Cuirfidh píobán coincréite tiomanta 600mm pasáiste mamach ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C08/01(a) | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C08/04 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C08/05 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |

| Uimh. Thag. | Struchtúr | Speiceas agus Tuairisc |
|---|---|---|
| C08/02 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C09/01 | Tóchar | Ialtóg agus Broic<br>Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C09/02 | Tóchar | Ialtóg agus Broic<br>Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C09/03 | Tóchar | Ialtóg agus Broic<br>Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C09/04 | Tóchar | Ialtóg agus Broic<br>Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C09/05 | Tóchar | Ialtóg agus Broic<br>Cuirfidh tóchar 5m ar leithead faoi 4m ar airde pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| S09/01 | Tardhroichead Bóthair | Ialtóg agus Broic<br>Cuirfidh an tardhroichead bóthair (9.6m ar leithead faoi 5.3m ar airde) pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C09/06 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C09/07 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C10/01 | Stua | Ialtóg agus Broic<br>Cuirfidh struchtúr stua 3m ar leithead faoi 4.5m ar airde pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| S10/02 | Tardhroichead Bóthair | Ialtóga<br>Cuirfidh an tardhroichead bóthair (9.6m ar leithead faoi 5.3m ar airde) pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C10/02 | Píobán | Broc<br>Cuirfidh píobán coincréite tiomanta 1200mm pasáiste mamach ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |

| **Uimh. Thag.** | **Struchtúr** | **Speiceas agus Tuairisc** |
|---|---|---|
| C12/01 | Píobán | Broc<br>Cuirfidh píobán coincréite tiomanta 600mm pasáiste mamach ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C12/02 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C12/03 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C12/04 | Tóchar | Ialtóga<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 2.5m ar airde pasáiste ialtóg ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| S12/02 | Droichead glas | Ialtóga agus Broic<br>Cuirfidh an Droichead Glas (30m ar leithead) pasáiste ialtóg agus mamach ar fáil thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe |
| C13/01 | Tóchar | Ialtóga agus Broc<br>Cuirfidh tóchar 2.5m ar leithead faoi 1.5m ar airde pasáiste ialtóg agus broc ar fáil faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe |

Beidh gá le fálú sábháilteachta mamach chun broic a threorú go dtí na híosbhealaí agus suiteálfar é de réir na sonraíochta atá léirithe in *Guidelines for the Treatment of Badgers prior to the Construction of National Road Schemes*, agus sonraíocht TII maidir le fálú mamach-dhíonach (CC-SCD-00320/00319 i láthair na huaire) agus coinneoidh sé broic amach ó bhóithre rochtana éigeandála agus pointí rochtana comhchosúla, i gcás go mbeidh sé lonnaithe i limistéir ina suiteálfar fálú sábháilteachta mamach. Tá na suíomhanna ina mbeidh fálú sábháilteachta mamach le suiteáil léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

De réir na moltaí a thuairiscítear in *Guidelines for the Treatment of Badgers during the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2006), déanfar monatóireacht ráithiúil ar éifeachtúlacht na mbeart maolaithe sa chéad bhliain i ndiaidh na hoibreacha tógála a chur i gcrích (mar shampla, cigireachtaí ar fhalú chun bearnaí a sheiceáil agus cigireacht ar íosbhealaí chun blocáil a sheiceáil)

#### 8.6.7.4 Speicis Mhamach Eile

##### 8.6.7.4.1 Bearta chun Speicis Mhamach Eile a chosaint le linn na Tógála

***Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce***

Tá na bearta maolaithe maidir le cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn na tógála léirithe i **gCuid 11.6.2** agus sonraithe i **gCuid 8.6.4** de **Chaibidil 11**, **Hidreolaíocht**.

##### 8.6.7.4.2 Bearta chun Speicis Mhamach Eile a chosaint le linn an Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne***

Le comhcheangal an líonra saoráidí tiomanta do phasáistí mamach, mar aon le struchtúir an droichid agus an tarbhealaigh (Droichead Abhainn na Gaillimhe agus Tarbhealach Mhionlaigh atá beartaithe), agus na tailte coimeádta os cionn Thollán Leacaigh agus Tollán Ráschúrsa na Gaillimhe atá beartaithe soláthrófar ardleibhéal tréscaoilteachta ar scála tírdhreacha feadh na forbartha bóthair atá beartaithe do na speicis mhamach eile ar fad a taifeadadh, nó ar dócha go mbeidh siad i láthair, laistigh den limistéar staidéir. Tá cur síos déanta ar na suíomhanna thuas i **dTábla 8.36** agus tá siad léirithe ar **Fhíoracha 8.23.**1 go **8.23.14**.

Léiríodh go mbaineann speicis mhamach beag úsáid as saoráidí pasáiste fiadhúlra amhail Gráinneoga, Dallóga fraoigh agus Lucha féir (Dolan 2006; Eldridge & Wynn 2011); cé nár tástáladh a n-éifeachtúlacht. Mar sin féin, is dóigh go laghdóidh tréscaoilteacht ard na forbartha bóthair atá beartaithe éifeachtaí scartha nó éifeacht bacainne ar bith a d'fhéadfadh baint a bheith aige leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe (Haigh, 2012) a mhéid is nach rachfaí i gcion ar stádas caomhantais na speiceas. Dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ar bith mar thoradh ar scaradh gnáthóige nó éifeacht bacainne ar bith, ar scála geografach ar bith.

***Baol Imbhuailte***

Níl bealach praiticiúil nó éifeachtach ar bith ann chun cosc a chur ar speicis mhamach beag nó mamach crannach (amhail an Cat crainn agus an tIora rua ar dreapadóirí sároilte iad) ón bhforbairt bóthair atá beartaithe a rochtain. Faoi mar a pléadh thuas i dtaca le scaradh agus éifeacht bacainne, cuireann dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe ardleibhéal tréscaoilteachta ar fáil trasna na forbartha bóthair atá beartaithe agus soláthraíonn sé sin an réiteach is praiticiúla chun idirghníomhú féideartha mamach beag leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a íoslaghdú. Dá bhrí sin, ní dóigh go rachaidh an baol imbhuailte i gcion ar stádas caomhantais na speiceas nó ní dóigh go mbeidh tionchar suntasach diúltach, ar scála geografach ar bith, mar thoradh air.

### 8.6.8 Inveirteabraigh

#### 8.6.8.1 Seilide rinseach réisc

##### 8.6.8.1.1 Bearta chun Seilidí rinseacha réisc a chosaint le linn na Tógála

***Díghrádú Gnáthóg – Cáilíocht an Uisce Dromchla***

Tá na bearta maolaithe maidir le cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn na tógála léirithe i **gCuid 11.6.2** agus sonraithe i **gCuid 8.6.4** de **Chaibidil 11**, **Hidreolaíocht**.

***Díghrádú Gnáthóg – Screamhuisce***

Tá cur síos déanta ar na bearta maolaithe maidir leis an gcóras screamhuisce a chosaint le linn na tógála i **gCuid 10.6.2** de **Chaibidil 10**, **Hidrigeolaíocht**.

##### 8.6.8.1.2 Bearta chun Seilidí rinseacha réisc a chosaint le linn an Oibriúcháin

***Díghrádú Gnáthóg – Screamhuisce***

Tá cur síos déanta ar na bearta maolaithe maidir leis an gcóras screamhuisce a chosaint le linn an oibriúcháin i **gCuid 10.6.3** de **Chaibidil 10**, **Hidrigeolaíocht**.

#### 8.6.8.2 Fritileán réisc

##### 8.6.8.2.1 Bearta chun Fritileáin réisc a chosaint le linn na Tógála

***Baol Básmhaireachta***

Chun scrios uibheacha na bhFritileán réisc nó bás Bolb réisc a sheachaint, cuirfear an straitéis um maolú seo a leanas i bhfeidhm maidir le hoibreacha glanta láithreáin:

- Déanfar suirbhé gréasán larbhach réamhthógála ar na limistéir ar fad laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, ar sainaithníodh iad mar ghnáthóg oiriúnach chun tacú leis an bhFritileán réisc. Déanfar é sin le linn lár Lúnasa go dtí deireadh Mheán Fómhair díreach roimh na hoibreacha glanta láithreáin
- Má bhíonn gréasáin larbhacha i láthair, déanfar iad a thrasghluaiseacht go dtí limistéar gnáthóige oiriúnaí eile; taobh amuigh de theorainn na forbartha atá beartaithe nó, má bhíonn sé laistigh de, go dtí limistéar gnáthóige oiriúnaí nach rachaidh na hoibreacha tógála i gcion orthu don tréimhse
- A luaithe is a bheidh na gréasáin larbhacha ar fad tógtha ó na limistéir lena mbaineann, nó murar taifeadadh gréasáin larbhacha ar bith, glanfar nó gearrfar an fásra láithreach go dtí leibhéal na talún leis an limistéar a dhéanamh neamhoiriúnach don speiceas lena athchoilíniú. Coinneofar an fásra sa bhail sin go dtí go mbainfear an bharrithir

### 8.6.9 Éin

#### 8.6.9.1 Éin Phórúcháin

##### 8.6.9.1.1 Bearta chun Éin Phórúcháin a chosaint le linn na Tógála

***Caillteanas Gnáthóg, Cur Isteach agus Scriosadh Gnáthóg Pórúcháin***

***Ginearálta***

Nuair is féidir, ní bhainfear fásra (e.g. fálta sceach, crainn, scrobarnach agus féarach), idir an 1 Márta agus an 31 Lúnasa, chun tionchair dhíreacha ar éin ghoir a sheachaint. I gcás nach féidir leis an gclár tógála cloí leis an srian séasúrach sin, déanfaidh éiceolaí cuícháilithe cigireacht ar na limistéir sin i gcomhair láithreacht éan pórúcháin roimh an nglanadh. Réiteofar limistéir nach mbeidh neadacha iontu laistigh de 3 lá ón suirbhé neadacha, seachas sin beidh gá na suirbhéanna a dhéanamh arís.

***Scréachóg reilige***

Chun éifeachtaí na leibhéal reatha cur isteach ar láithreán neide na Scréachóg reilige ag Caisleán Mhionlaigh a íoslaghdú, agus dá réir sin éifeacht charnach ar bith a d’fhéadfadh bheith ag gníomhaíochtaí tógála in aice láimhe a laghdú, soláthrófar láithreáin neadaithe sa chomharsanacht. Tógfar trí bhosca neide Scréachóg reilige ar fud an láithreáin a léirítear ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14** agus beidh boscaí neide a bheidh tógtha ar chrainn oiriúnacha nó boscaí neide feistithe ar chuaillí i gceist. Tabharfar tús áite do bhoscaí neide a thógáil ar chrainn oiriúnacha, nuair is féidir.

Tógfar trí bhosca feistithe 3m ar a laghad os cionn leibhéal na talún ar chrann aibí nach mbeidh ach beagán brainsí ísle air nó nach mbeidh brainsí ísle ar bith air chun an bosca neide a cheilt. Beidh an crann a roghnófar aonraithe i bhfál sceach nó suite ar imeall coillearnaí agus beidh aghaidh an phoill rochtana ar thalamh oscailte.

Tógfar boscaí neide a bheidh feistithe ar chuaillí 4.5m ar a laghad ar airde os cionn na talún.

Beidh dearadh na mboscaí neide (e.g. méid pholl na hiontrála, achar an urláir agus an doimhneacht ó pholl na hiontrála go dtí an nead) i gcomhréir le ceanglais an deartha arna bhfoilsiú ag The Barn Owl Trust (http://www.barnowltrust.org.uk/). Déanfar cigireacht ar bhonn bliantúil ar bhoscaí neide i gcomhair fabhtanna/damáiste agus glanfar/athchóireofar iad de réir mar is gá chun uiscedhíonadh agus doimhneacht an bhosca inmheánaigh a chinntiú.

***Fabhcún Gorm***

Chun an fhéidearthacht go gcuirfeadh oibreacha tógála gar do Chaireál Leacaigh isteach ar láithreán neide na bhFabhcún Gorm a íoslaghdú, cuirfear tús le hoibreacha ó Thollán Leacaigh go dtí Acomhal Bhóthar Áth Cinn an N84 roimh lár mhí Feabhra. Cinnteoidh sé sin gur féidir le cur isteach ar bith a bhaineann leis an tógáil, má dhéantar Fabhcúin Ghorma a dhíláithriú ón gcairéal ar feadh

thréimhse na n-oibreacha tógála mar gheall ar a mhéid, tionchar a imirt ar roghnú an láithreáin neide agus ní rachaidh sé i gcion ar bhaineannach ghortha ar an nead. Suiteálfar na boltaí carraige ar aghaidh na n-aillte gar don suíomh neide agus déanfar é sin ar bhealach leochaileach (mar a mholfaidh éiceolaí a bhfuil an taithí chuí aige) ionas nach gcuirfear isteach ach go beag ar shuíomh na neide i rith an tséasúir phórúcháin, go háirithe má tá éan sa nead.

#### 8.6.9.1.2 Bearta chun Éin Phórúcháin a chosaint le linn an Oibriúcháin

***Caillteanas Gnáthóg, Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne agus Baol Básmhaireachta***

<u>Ginearálta</u>

Le plandú na ngnáthóg coillearnaí, fálta sceach agus féaraigh feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe faoi mar a shonraítear i líníochtaí an tírdhreacha (**Fíoracha 12.2.01** go **12.2.15**) cuirfear gnáthóg chúitimh ar fáil do roinnt speiceas éan. I roinnt cásanna, amhail i limistéir mhóra d’fhéarach talmhaíochta feabhsaithe nach bhfuil teorainneacha páirceanna fásmhara ar bith orthu, cuirfidh sé sin feabhas ar éagsúlacht na ngnáthóg éan.

D’fhéadfadh sé nach neadóidh a lán speiceas gar d’fhorbairt bóthair mar gheall ar chur isteach (e.g. múchadh cheol na n-éan ag torann an tráchta). Cé nach cosúil go gcúiteoidh an plandú caillteanas na ngnáthóg pórúcháin go hiomlán (mar gheall ar an ngaireacht de chur isteach an tráchta bóthair ar an mbóthar oibriúcháin) is cosúil go soláthróidh sé gnáthóg bhreise shealgaireachta do roinnt speiceas.

Chun éifeachtaí chaillteanas na ngnáthóg pórúcháin a íoslaghdú tuilleadh, tógfaidh éiceolaí cáilithe 20 bosca neide ar an iomlán i suíomhanna oiriúnacha amach ó na hacomhail/bóithre gnóthacha. Cinnfidh éiceolaí suíomh agus cineál na mboscaí neide ag suíomhanna ina gcuirfear nó ina gcoimeádfar crainn feadh bhealach na forbartha bóthair atá beartaithe; mar a léirítear ar **Fhíoracha 12.2.01** go **12.2.15**.

<u>Scréachóg reilige</u>

Déanfar codanna den fhorbairt bóthair atá beartaithe, a phlandú le clúdach dlúth de scrobarnach ísealfháis (e.g.draighean) chun Scréachóga reilige a dhíspreagadh ó shealgaireacht gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Beidh an plandú dian go leor chun an mhoill a íoslaghdú idir an plandú agus clúdach dóthanach talún a fháil chun na Scréachóga reilige a dhíspreagadh ó shealgaireacht.

I limistéir ina bhfuil an-seans go ndéanfadh Scréachóga reilige iarracht dul trasna na forbartha bóthair atá beartaithe (an chuid den chlaífort idir Ch. 9+600 agus Ch. 10+100), déanfar líne de chrainn a bheidh gar dá chéile (láir thart ar 2m), níos mó ná 3m ar airde, a phlandú feadh bharr chlaífoirt na forbartha bóthair atá beartaithe; lasmuigh den bhacainn sábháilteachta agus den chrios glan. Déanfar an tsraith mheánach a phlandú go dlúth. Déanfar amhlaidh chun bacainn láidir fhásmhar a chur i láthair chun Scréachóga reilige a shraonadh ó na limistéir ard-riosca sin agus/nó tabhairt ar éin eitilt thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe os cionn an tráchta bóthair.

Beidh an plandú maolaitheach ar fad i bhfeidhm chomh luath agus is féidir le linn na tógála lena chinntiú go mbeidh an maolú chomh éifeachtach agus is féidir, i ndiaidh oscailt na forbartha bóthair atá beartaithe.

Tá na suíomhanna ina n-úsáidfear plandú chun laghdú a dhéanamh ar bhaol básmhaireachta na Scréachóg reilige ón trácht bóthair léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14** agus ar líníochtaí an tírdhreacha (**Fíoracha 12.2.01** go **12.2.14**).

I ndiaidh chur chun feidhme na mbeart maolaithe ar fad agus chur i gcrích thógáil na forbartha bóthair atá beartaithe, tá na bearta monatóireachta seo a leanas beartaithe:

- Déanfar suirbhéanna ar scéimeanna um plandú cois bóthair ag deireadh bhlianta a haon agus a dó chun plandú nach n-éireoidh leis a shainaithint agus a athsholáthar
- Déanfar éaneolaí cuícháilithe ag a mbeidh taithí ar suirbhéanna ar thimpistí bóthair chun básanna scréachóg reilige feadh na forbartha bóthair beartaithe a thaifeadadh uair amháin sa tseachtain ar feadh tréimhse dhá bhliain. Déanfar an fhorbairt bóthair atá beartaithe ag dlús seasta sa dá threo ionas go ndéanfar suirbhé ceart ar na codanna ar fad agus an dá thaobh den bhealach. Sa chás go mbeidh sé sonraithe, sannfar básanna uile na scréachóg reilige don séasúr "pórúcháin" (Márta go hIúil) nó don séasúr "neamh-phórúcháin" (Lúnasa go hEanáir). Taifeadfar sonraí faoi áit na timpiste, lena n-áirítear comhordanáid GPS 10 ndigit, an suíomh ar an mbealach (lárstráice, crua-ghrua, nó gruaimhín) agus an treoshuíomh (ó dheas, ó thuaidh, soir, siar). Déanfar aicme aoise an éin a dhearbhú agus a aicmiú mar a bheith ina éan "réamh-phórúcháin" más é an chéad nó dara bliain fhéilire a athshlánaíodh é roimh Mhárta, nó mar "aosach" más é an dara bliain fhéilire a athshlánaíodh é tréimhse nach déanaí ná Márta nó níos sine ná sin. Sonrófar an ghné ghnáthóige in aice láimhe. Tá an mhodheolaíocht sin i gcomhréir le *Barn Owl population status and the extent of road mortalities in relation to the Tralee Bypass* (O'Clery et al., 2016);
- Monatóireacht chun gníomhaíocht agus stádas pórúcháin na láithreán gníomhach ar fad laistigh de 5km den fhorbairt bóthair atá beartaithe thar dhá shéasúr pórúcháin (Márta go hIúil). Déanfar é sin i gcomhthráth leis an suirbhé ar thimpistí bóthair, agus beidh dhá chuairt ar láithreáin fhéideartha agus aitheanta neadaithe i gceist chun méid na n-álta agus an rath pórúcháin a dhearbhú. Nuair is inrochtana, tabharfar cuairt ar neadacha chun ulchabháin óga a fháinniú (faoi réir ceadúnas cuí ón NPWS)

Cuirfear tuarascáil ina ndéanfar achoimre ar thorthaí na monatóireachta thuas isteach chuig NPWS ag deireadh bhliain a dó. D'fhéadfadh na moltaí seo a leanas bheith sa tuarascáil, ag feitheamh thorthaí na suirbhéanna.

### 8.6.9.2 Éin Gheimhrithe

#### 8.6.9.2.1 Bearta chun Éin Gheimhrithe a chosaint le linn na Tógála

Coinneofar an torann tógála chomh íseal agus is féidir de réir BS 5228 (2009).

Saineofar i gcáipéisí an chonartha go mbeidh sé de dhualgas ar an gConraitheoir, a bheidh tógáil na n-oibreacha á déanamh aige bearta sainiúla um laghdú torainn a dhéanamh agus cloí leis an dea-chleachtas atá leagtha amach in British Standard BS 5228 – 1: 2009 +A1 2014: *Code of practice for noise and vibration control on construction and open sites – Noise* agus Treoirlínte NRA (BIÉ anois) *Good Practice Guideline for the Treatment of Noise during the planning of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta, 2014).

Déanfar pléascadh a bhaineann leis an mbealach isteach chuig Cairéal Leacaigh (Ch. 11+800 go Ch. 12+100) idir mí Aibreáin agus mí Mheán Fómhair (agus iad sin san áireamh) chun neamhchosaint na n-éan geimhrithe ag Loch an Dúlaigh ar chur isteach a bhaineann le pléascadh a íoslaghdú.

Glacfaidh an pléascadh a bhaineann leis an ngearradh ag an gCaisleán Gearr (Ch. 12+550 go Ch. 13+650) thart ar naoi mí lena chur i gcrích, agus meastar go mbeidh cúig imeacht pléasctha in aghaidh na seachtaine. Chun neamhchosaint na n-éan geimhrithe ag Loch an Dúlaigh ar chur isteach a bhaineann le pléascadh a íoslaghdú, ní mór go mbeadh na naoi mbliana sin ar fad sa tréimhse Aibreáin go Meán Fómhair (agus iad sin san áireamh) laistigh de bhlianta as a chéile.

#### 8.6.9.2.2 Bearta chun Éin Gheimhrithe a chosaint le linn an Oibriúcháin

***Cur isteach/Díláithriú***

In ainneoin chonclúid an mheasúnaithe nach dóigh go mbeidh éifeachtaí leibhéil pobail ar éin gheimhrithe mar thoradh ar chur isteach le linn oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe, déanfaidh plandú fálta sceach feadh theorainn na forbartha atá beartaithe (ag na suíomhanna atá léirithe ar líníochtaí an tírdhreacha (Fíoracha 12.2.01 go 12.2.14) an cur isteach féideartha ar éin gheimhrithe ón trácht bóthair a íoslaghdú tuilleadh.

### 8.6.10 Amfaibiaigh

#### 8.6.10.1 Bearta chun Amfaibiaigh a chosaint le linn na Tógála

***Caillteanas Gnáthóg, Cur isteach & Baol Básmhaireachta***

Má táthar le tosú le hoibreacha le ceann ar bith de na gnéithe gnáthóige atá oiriúnach chun tacú leis na speicis amfaibiach a ghlanadh le linn an tséasúir ina bhféadfadh glóthach froig nó torbáin bheith i láthair (Feabhra – lár an tsamhraidh), nó ina bhféadfadh earca fásta phórúcháin, a n-uibheacha nó larbhaí

bheith i láthair (lár mhí Mhárta – Meán Fómhair), déanfar suirbhé réamhthógála chun a dhearbhú an bhfuil amfaibiaigh phórúcháin ann nó nach bhfuil.

I gcás na bhFroganna coiteanna, déanfar glóthach froig, torbáin, froganna óga nó aosaigh ar bith a bheidh i láthair a bhaint ón ngnáthóg lena mbaineann le heangach láimhe agus déanfar iad a thrasghluaiseacht go dtí an limistéar is gaire de ghnáthóg oiriúnach a bheidh ar fáil, thar ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

I gcás na nEarc coiteann, déanfar earca coiteanna aonair a ghabháil agus a bhaint ón ngnáthóg lena mbaineann le heangach láimhe nó trí iad a cheapadh i ngaiste agus déanfar iad a thrasghluaiseacht go dtí an limistéar is gaire de ghnáthóg oiriúnach a bheidh ar fáil, thar ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe. Má úsáidtear gaistí, faomhfaidh an NPWS cineál agus dearadh na ngaistí. Modh caighdeánach agus cruthaithe is ea é sin chun nead na nEarc Coiteann a ghabháil agus a thrasghluaiseacht.

Má bhíonn méid nó doimhneacht na gné gnáthóige chomh mór sin nach féidir a dhearbhú ar gabhadh na hamfaibiaigh ar fad nó nár gabhadh, déanfar í a dhraenáil faoi mhaoirseacht éiceolaí ag a bhfuil an taithí chuí lena dheimhniú nach bhfuil speicis amfaibiach ar bith fágtha sula scriosfar nó sula n-ionlíonfar í. Feisteofar sciath ar chaidéil mheicniúla ar bith a úsáidfear chun an ghné ghnáthóige a dhraenáil, agus suiteálfar é ar bhealach nach ndéanfar speicis amfaibiach ar bith a shúdh isteach i meicníocht an chaidéil.

Déanfar oibreacha gabhála nó trasghluaisteachta ar bith díreach roimh thús a chur le hoibreacha glanta láithreáin/tógála.

***Díghrádú Gnáthóg – Cáilíocht an Uisce Dromchla***

Tá na bearta maolaithe maidir le cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn na tógála léirithe i **gCuid 11.6.2** agus sonraithe i **gCuid 8.6.4** de **Chaibidil 11**, **Hidreolaíocht**.

### 8.6.10.2 Bearta chun Amfaibiaigh a chosaint le linn an Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóige agus Éifeacht Bacainne***

Le comhcheangal an líonra saoráidí do phasáistí fiadhúlra, tóchair, struchtúir na ndroichead agus an tarbhealaigh (e.g Droichead Abhainn na Gaillimhe agus Tarbhealach Mhionlaigh atá beartaithe), soláthraítear ardleibhéal tréscaoilteachta ar scála tírdhreacha feadh na forbartha bóthair atá beartaithe. Coimeádfaidh sé sin nascacht ar scála áitiúil idir láithreáin a úsáideann na speicis amfaibiach agus tá sé tuartha go laghdóidh sé scaradh fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne fadtéarmacha ar bith a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chaoi is nach dóigh go mbeidh drochthionchar aige ar stádas caomhantais na speiceas amfaibiach.

Tá cur síos déanta ar na saoráidí do phasáistí fiadhúlra thuas i **dTábla 8.36** agus tá siad léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

## 8.6.11 Reiptílí

### 8.6.11.1 Bearta chun Reiptílí a chosaint le linn na Tógála

***Caillteanas Gnáthóg, Cur isteach & Baol Básmhaireachta***

Ag cur san áireamh an réimse leathan cineálacha gnáthóige is rogha leis na Laghairteanna coiteanna, agus go dtéann formhór na forbartha bóthair atá beartaithe trí mhósáicí de ghnáthóga dá leithéid, tá an-seans ann go mbeidh an speiceas sin i láthair le linn oibreacha glanta láithreáin am ar bith den bhliain i ngnáthóg oiriúnach, go mbeidh cur isteach mar thoradh ar na hoibreacha glanta láithreáin agus go bhféadfadh siad Laghairteanna coiteanna aonair a mharú nó a ghortú mar gheall orthu.

Chun an riosca a íoslaghdú a bhaineann le hoibreacha glanta láithreáin agus oibreacha tógála a chuirfeadh isteach, nó a bheadh mar chúis le bás na Laghairteanna coiteanna leanfar an sceideal seo a leanas d'oibreacha glanta láithreáin sna limistéir atá aibhsithe ar **Fhíoracha 8.10.1** go **8.10.8**, sa chás gur dearbhaíodh láithreacht na Laghairteanna coiteanna:

- bainfear fásra féir, scrobarnaí nó fraochmhá le linn thréimhse an gheimhridh, nuair is féidir, rud a sheachnóidh láithreáin gnáthóg gheimhreachais fhéideartha na Laghairteanna coiteanna (láithreáin thirime ina soláthraítear dálaí saor ó shiocán e.g. ballaí cloiche, brocaisí mamach beag faoi thalamh, carn adhmaid mhairbh nó smionagar
- sa chás nach féidir é sin a dhéanamh agus go ndéanfar an glanadh le linn an tséasúir ghníomhaigh (Márta go Meán Fómhair, agus iad sin san áireamh), gearrfar an fásra ar dtús go dtí thart ar 15cm, agus gearrfar go talamh ansin é, faoi mhaoirseacht éiceolaí. Tabharfaidh sé sin an deis chun laghairteanna a dhíláithriú leis an gcur isteach agus an limistéar lena mbaineann a fhágáil
- tógfar ballaí cloiche (nó láithreáin gnáthóg geimhreachais fhéideartha eile) le linn an tséasúir ghníomhaigh (Márta go Meán Fómhair, agus iad sin san áireamh), faoi mhaoirseacht éiceolaí, nuair is lú an seans go mbeidh siad a n-úsáid ag laghairteanna támhacha

### 8.6.11.2 Bearta chun Reiptílí a chosaint le linn an Oibriúcháin

***Scaradh Gnáthóige agus Éifeacht Bacainne***

Le comhcheangal an líonra saoráidí do phasáistí fiadhúlra, tóchair, struchtúir na ndroichead agus an tarbhealaigh (e.g Droichead Abhainn na Gaillimhe agus Tarbhealach Mhionlaigh atá beartaithe), soláthraítear ardleibhéal tréscaoilteachta ar scála tírdhreacha feadh na forbartha bóthair atá beartaithe. Coimeádfaidh sé sin nascacht ar scála áitiúil idir láithreáin a úsáideann na speicis reiptílí agus tá sé tuartha go laghdóidh sé scaradh fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne fadtéarmacha ar bith a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe sa chaoi is nach ndóigh go mbeidh drochthionchar aige ar stádas caomhantais na speiceas reiptílí.

Tá cur síos déanta ar na saoráidí do phasáistí fiadhúlra thuas i **dTábla 8.36** agus tá siad léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

### 8.6.12 Éisc

#### 8.6.12.1 Bearta chun Speiceas Iasc a Chosaint le linn na Tógála

***Caillteanas Gnáthóg***

Dearadh na struchtúir i gcomhar le IFI agus i gcomhréir leis na critéir um dhearadh atá leagtha amach in *Guidelines for the Crossing of Watercourses during the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta**,** 2005) agus *Guidelines on Protection of Fisheries During Construction Works in and Adjacent to Waters* (IFI, 2016). Leis na bearta sin, a bhaineann, i dtéarmaí ginearálta, le próifíl agus substráit na canála atá ann a athchruthú, is cosúil go n-íoslaghdófar éifeachtaí an chaillteanais ghnáthóg go méid áirithe ach tá sé aitheanta go mbeidh sé sin teoranta mar go bhfuil canálacha saorga laistigh de struchtúr bosca lena dteorannaítear solas.

Chun éifeachtaí an chaillteanais ghnáthóg ar na speicis iasc a íoslaghdú, déanfar gach cuid de chanáil na habhann/srutha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, ach ní laistigh de lorg na forbartha bóthair atá beartaithe agus den bhonneagar gaolmhar, a chosaint ó oibreacha glanta láithreáin agus tógála. Déanfar aibhneacha/sruthanna a fhálú ag fad 5m ar a laghad ó bhruach na habhann agus laistigh den chrios sin coimeádfar an fásra bruachánach nádúrtha.

***Díghrádú Gnáthóg – Cáilíocht an Uisce Dromchla***

Tá na bearta maolaithe maidir le cáilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha a chosaint le linn na tógála léirithe i **gCuid 11.6.2** agus sonraithe i **gCuid 8.6.4** de **Chaibidil 11**, **Hidreolaíocht**.

***Díghrádú Gnáthóg – Screamhuisce***

Tá cur síos déanta ar na bearta maolaithe maidir leis an gcóras screamhuisce a chosaint le linn na tógála i **gCuid 10.6.2** de **Chaibidil 10**, **Hidrigeolaíocht**.

***Baol Básmhaireachta agus Cur isteach/Díláithriú***

Chun éifeachtaí féideartha na n-oibreacha tógála ar na speicis iasc a íoslaghdú cuirfear na bearta maolaithe seo a leanas i bhfeidhm:

- Ní dhéanfar oibreacha ionsrutha ar bith le linn mhí Dheireadh Fómhair agus mhí an Mheithimh (agus iad sin san áireamh) chun an t-am is íogaire do na speicis iasc agus gluaiseachtaí na speiceas iasc a sheachaint
- Beidh dearadh codanna nua de chanáil na habhann i gcomhréir leis na prionsabail atá léirithe in *Channels & Challenges. Enhancing Salmonid Rivers*. (O'Grady, 2006)
- Díreach roimh aibhneacha/sruthanna a atreorú go canáil nó tóchar abhann nuathógtha, déanfar leitriascaireacht iontu (más gá) chun éisc a ghabháil agus a aistriú ón gcanáil bhunaidh go dtí an ceann nua. A luaithe is a dhéanfar an sruthchúrsa a atreorú déanfar cuardach láimhe ansin ar an sruthchúrsa bunaidh chun éisc ar bith atá fágtha a aistriú chuig an gcanáil abhann/srutha nua

- Comhaontófar pointí astarraingthe uisce a theastaíonn chun dusta a shochtadh leis an IFI agus déanfar an súcheann a scagadh lena chinntiú nach dtógfar éisc le linn an phróisis astarraingthe

***Scaradh Gnáthóg/Éifeacht Bacainne***

Déanfar na struchtúir shealadacha trasnaithe ar fad a úsáidfear chun dul trasna sruthchúrsaí a dhearadh i gcomhréir le *Guidelines on Protection of Fisheries During Construction Works in and Adjacent to Waters* (IFI, 2016) agus *Guidelines for the Crossing of Watercourses during the Construction of National Road Schemes* (An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta**,** 2005) chun pasáiste iasc agus maicrinveirteabrach a choimeád, agus chun dríodrú agus creimeadh a chosc.

### 8.6.13 Achoimre ar na Bearta Maolaithe

I **dTábla 8.37** tugtar achoimre fhoriomlán ar na bearta maolaithe agus an bhaint atá acu le héifeachtaí suntasacha dóchúla na forbartha bóthair atá beartaithe ar an mbithéagsúlacht

**Tábla 8.37: Achoimre ar na Bearta Maolaithe a Theastaíonn chun Dul i nGleic le hÉifeachtaí Suntasacha Dóchúla na Forbartha Bóthair atá Beartaithe ar an mBithéagsúlacht**

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| **Limistéir atá Ainmnithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra** | | | | |
| cSAC Loch Coirib<br>(lena n-áirítear pNHA Loch Coirib) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – tollánú/tochailt<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Baol básmhaireachta<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS |
| cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>(lena n-áirítear pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS |
| SPA Loch Coirib | Idirnáisiúnta | **Tógáil** | Éifeacht shuntasach | féach Cuid 10 den NIS |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| (lena n-áirítear pNHA Loch Coirib) | (Náisiúnta) | Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | |
| SPA Chuan na Gaillimhe Istigh<br>lena n-áirítear pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS |
| NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn | Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5**<br>Cáilíocht an uisce le linn na tógála - **Cuid 8.6.4** |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| **Gnáthóga (lasmuigh de na limistéir atá ainmnithe le haghaidh chaomhnú an dúlra)** | | | | |
| Cosán aolchloiche [*8240] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.2.1** agus **Aguisín A.7.5** |
| Toibreacha clochraithe [*7220] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae<br>(féach Cuid 8.4.4.3 faoi thoibreacha clochraithe) | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1** |
| Féarach cailcreach [*6210/6210] | Tábhacht Náisiúnta/Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(Uimh. *6210 atá buailte – féach Cuid 8.4.4.3 faoi Fhéarach cailcreach) | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | | agus **Aguisín A.7.5** |
| Fraochmhá thirim [4030] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** |
| Fraochmhá fhliuch [4010][94] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5** |
| Móinéar *Molinia* [6410] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1** |

[94] Lena n-áirítear limistéir de Mhósáic fraochmhá fliche/tirime/Móinéar *Molinia*[4010/4030/6410]

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5** |
| Foraois ghlárach iarmharach [*91E0] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** |
| Turlaigh [*3180] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Cáilíocht an uisce le linn na tógála - **Cuid 8.6.4**<br>Screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | | oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** |
| Lochanna uisce chrua [3140] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála - **Cuid 8.6.4** |
| Lochanna méiseatrófacha (FL4)<br>*Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | Tábhacht Chontae[95] | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Cáilíocht an uisce le linn na tógála - **Cuid 8.6.4** |
| Lochanna eotrófacha (FL5)<br>*Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | Tábhacht Chontae[96] | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4**<br>Screamhuisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.5** |
| Toibreacha cailcreacha (FP1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1** |
| Seascann *Cladium* [*7210] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** |
| Luibh ard hidrifiliúil [6430] | Tábhacht Idirnáisiúnta | (féach cSAC Loch Coirib thuas)<br>**Tógáil** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála | féach Cuid 10 den NIS |

[95] Ar an mbonn go bhfuil sé ina chuid de choimpléasc an fhéaraigh ag Loch an Dúlaigh
[96] Ar an mbonn go bhfuil sé ina chuid de choimpléasc an fhéaraigh ag Loch an Dúlaigh

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** |
|---|---|---|---|---|
| | | Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | geografach idirnáisiúnta | |
| Seascann alcaileach [7230] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** |
| Seascainn chíbe ghiolcaí agus mhóra (FS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** |
| Seascainn lusanna arda (FS2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| Aibhneacha creimthe/ardtalún (FW1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** |
| Aibhneacha creimthe/ísealchríche (FW2)<br>Abhainn na Gaillimhe | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá Abhainn na Gaillimhe ina cuid de cSAC Loch Coirib (féach thuas agus NIS) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS |
| Abhainn Thír Oileáin | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| Díoga draenála (FW4) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht | Ceann ar bith |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| | Airde) | | shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | |
| Riasc (GM1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| Féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féarúla (GS2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| Féarach aigéid tirim-taise (GS3<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** |
| Féarach fliuch (GS4)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| Seascann agus riasc saibhir | Tábhacht Chontae | **Tógáil** | Éifeacht shuntasach | Cáilíocht an uisce le linn |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| (PF1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | | Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir | dhóchúil ar an scála geografach contae | na tógála – **Cuid 8.6.4**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3** |
| Seascann agus riasc lag (PF2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3** |
| Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** |
| Coillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach mheasctha (WD2) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| Coillearnach bhuaircíneach mheasctha (WD3) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| Fálta sceach (WL1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos | **Tógáil** | Éifeacht shuntasach | Chun scála an |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| | Airde) | Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** |
| Crannteorainneacha (WL2) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Oibriú<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** |
| Coillearnach dharach-fhuinseoige-choill (WN2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| Scrobarnach (WS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith |
| **Speiceas Fauna** | | | | |
| Broc | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas láithreán pórúcháin/sosa<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Broic a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.3.1**<br>Bearta chun Broic a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.3.2** |
| Madra uisce | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Madraí Uisce a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.7.1.1**<br>Bearta chun Madraí Uisce a chosaint le linn an oibriúcháin – Cuid **8.6.7.1.2** |
| Speicis mhamach eile atá faoi chosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speicis mhamach eile a chosaint le linn (gan ialtóga a áireamh) na tógála – **Cuid 8.6.7.4.1**<br>Bearta chun speicis mhamach eile a chosaint le linn (gan ialtóga a áireamh) an oibriúcháin – |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | | **Cuid 8.6.7.4.2** |
| Crú-ialtóg bheag | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas faraí<br>Caillteanas gnáthóg<br>Ilroinnt ghnáthóige<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Básmhaireachta<br>Éifeachtaí bacainne/scartha<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Bearta chun ialtóga a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.2.1**<br>Bearta chun Ialtóga a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.2.2** |
| Gach speiceas ialtóg eile | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun ialtóga a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.2.1**<br>Bearta chun Ialtóga a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.2.2** |
| Seilide rinseach réisc | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Seilidí rinseacha réisc a chosaint le linn na tógála - **Cuid 8.6.8.1.1**<br>Bearta chun Seilidí rinseacha réisc a chosaint le linn an oibriúcháin - **Cuid 8.6.8.1.2** |
| Fritileán réisc | Tábhacht Chontae | **Tógái**l<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Fritileáin réisc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.8.2.1** |
| Speicis éan SCI | Idirnáisiúnta | *féach SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na* | Éifeacht shuntasach | féach Cuid 10 den NIS |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | *Gaillimhe Istigh thuas* | dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | |
| Scréachóg reilige | **Tábhacht Chontae** | **Oibriú**<br>**Baol básmhaireachta** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – C**uid 8.6.9.1.2** |
| Fabhcún gorm | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.9.1.1**<br>Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – C**uid 8.6.9.1.2** |
| Gach speiceas éan pórúcháin eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Baol básmhaireachta<br>Cur isteach/díláithriú<br>Oibriú<br>Baol básmhaireachta<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.9.1.1**<br>Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.1.2** |
| Gach speiceas éan geimhrithe eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Cur isteach/díláithriú (Loch an Dúlaigh)<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun éin gheimhrithe a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.9.2.1**<br>Bearta chun éin |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| | | | | gheimhrithe a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.2.2** |
| Earc coiteann<br>Frog coiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Cur isteach & baol básmhaireachta<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Oibriú<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun amfaibiaigh a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.10.1**<br>Bearta chun Amfaibiaigh a chosaint le linn an oibriúchán – **Cuid 8.6.10.2** |
| Laghairt choiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Cur isteach & baol básmhaireachta<br>Oibriú<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun reiptílí a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.11.1**<br>Bearta chun reiptílí a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.11.2** |
| Bradán Atlantach<br>Eascann | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speiceas iasc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.12.1** |
| Gach speiceas iasc eile a taifeadadh | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speiceas iasc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.12.1** |
| **Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla** | | | | |
| Limistéir Bithéagsúlachta | Tá luach na ngabhdóirí bithéagsúlachta a taifeadadh | Meascán de na tionchair fhéideartha go léir a | Éifeachtaí suntasacha dóchúla ó cheann áitiúil | Gach ceann de na bearta maolaithe áirithe laistigh |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe |
|---|---|---|---|---|
| Áitiúla | gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe, ar fud na limistéar bithéagsúlachta áitiúla, rangaithe idir chinn a bhfuil Tábhacht Áitiúil leo, (Luach Íseal) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta | tugadh thuas<br>Baineann na tionchair shonracha agus tá siad ag brath ar na tionchair fhéideartha a d'fhéadfadh a bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíocha aonair ina gcuimsítear an acmhainn bhithéagsúlachta laistigh de limistéar bithéagsúlachta áitiúil faoi leith | suas go dtí an scála geografach áitiúil | de **Chuid 8.6**<br>Baineann na bearta maolaithe sonracha le agus tá siad ag brath ar thionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíocha aonair ina gcuimsítear an acmhainn bhithéagsúlachta laistigh de limistéar bithéagsúlachta áitiúil faoi leith |

# 8.7 Tionchair Iarmharacha

## 8.7.1 Limistéir atá Ainmnithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra

### 8.7.1.1 Láithreáin Eorpacha

Is é tátal an mheasúnaithe, atá curtha i láthair sa NIS, maidir leis an bhféidearthacht go mbeadh tionchar ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar cSAC Loch Coirib, SPA Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, nach bhfuil an baol ann, má chuirfear na bearta maolaithe atá beartaithe i bhfeidhm, go mbeidh drochthionchar (go díreach nó go hindíreach) aige ar shláine láithreáin Eorpaigh ar bith, leis féin nó i gcomhcheangal le pleananna nó tionscadail eile.

Cé nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar shláine aon cheann de na láithreáin Eorpacha seo, beidh roinnt tionchair iarmharaigh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar bhithéagsúlacht laistigh de theorainn cSAC Loch Coirib. Níl an scéal amhlaidh i gcás cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Chuan Istigh na Gaillimhe agus SPA Loch Coirib, atá scoite amach ó theorainn na forbartha atá beartaithe, toisc go bhfuil measúnú iomlán déanta ar na conairí tionchair fhéideartha a nascann an fhorbairt bóthair atá beartaithe leis na láithreáin Eorpacha seo, arna measúnú sa NIS (agus ar fud na caibidle seo).

Is mar seo a leanas atá na tionchair iarmharacha ar ghnáthóga agus speicis nach bhfuil in Q1 laistigh de cSAC Loch Coirib:

- Ag trasnú beartaithe Abhainn na Gaillimhe caillfear c.0.15ha de chiumhaiseanna féir agus móinéir thirim (GS2), Scrobarnach (WS1), Foirgnimh agus dromchlaí saorga (BL3) agus mósáic féaraigh fhliuch (GS4) ar an mbruach thiar agus, ar an mbruach thoir, c.1.25ha de thalamh féaraigh chailcreach agus talamh féaraigh neodrach (GS1), c.1.45ha de choillearnach leathanduilleach measctha (WD1) agus caillfear limistéar beag de rian gairbhéil
- Ag an sruth éalaithe draenála atá beartaithe do Bhóthar Ceangail N59 ó Thuaidh c.0.03ha de Chrannteorainn (WL2), Scrobarnach (WS1) agus mósáic de mhóinéir fhéir agus ciumhaiseanna féir (GS2)
- I limistéar Mionlaigh/Lochanna Chúil Each c.0.08ha de Choillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2), c.0.01ha de thalamh féaraigh fliuch (GS4), c.0.01ha de thalamh féaraigh chailcreach thirim agus talamh féaraigh neodrach (GS1), c.0.02ha de Scrobarnach (WS1) feadh bóthair áitiúil agus rian rochtana faoi chumhdach gairbhéil
- Gar do Thollán Leacaigh atá beartaithe c.0.21ha de Choillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2) agus Scrobarnach (WS1), c.0.09ha de Scrobarnach (WS1), c.0.1ha de thalamh féaraigh chailcreach thirim agus talamh féaraigh neodrach (GS1), píosa beag (c.20m) de Chrannteorainn (WL2), agus c.0.08ha

de mhósáic Crannteorainneacha (WL2), Scrobarnach (WS1), Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féir (GS2) agus gnáthóg de Thalamh Salach agus Lom (ED2)

- Tionchair na forbartha bóthair atá beartaithe ar phobail ialtóg go háitiúil

Ní chuimsítear le haon cheann de na héifeachtaí bithéagsúlachta iarmharaí sin acmhainn bithéagsúlachta foriomlán cSAC Loch Coirib ar aon bhealach a bhaineann le sláine an láithreáin sin agus dá bhrí sin, ní mheastar go mbeidh aon éifeachtaí suntasacha acu ar aon scála geografach

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar láithreáin Eorpacha ar bith.

#### 8.7.1.2 Limistéir Oidhreachta Nádúrtha agus Limistéir Oidhreachta Nádúrtha atá beartaithe

Tá tionchair iarmharacha na forbartha bóthair atá beartaithe ar pNHA Loch Coirib agus pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe de réir mar atá cSCA/SPA Loch Coirib agus cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe/SPA Chuan na Gaillimhe Istigh i **gCuid 8.7.1.1**. De réir chonclúidí an mheasúnaithe sin ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar pNHA Loch Coirib nó pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe.

Cuirfear bearta um maolú i bhfeidhm lena chinntiú nach rachaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar na gnáthóga talún portaigh dá bhfuil NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn ainmnithe, agus na speicis lena dtacaíonn siad, le linn na tógála nó an oibriúcháin.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht ar a shláine, nó ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar aon láithreáin oidhreachta náisiúnta nó aon láithreáin Oidhreachta Náisiúnta atá beartaithe.

### 8.7.2 Gnáthóga

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm le linn na tógála agus an oibriúcháin chun éifeachtaí an chaillteanais ghnáthóg agus an díghrádaithe gnáthóg ar an mbithéagsúlacht a íoslaghdú (**Cuid 8.6.2**).

In ainneoin na mbeart sin, caillfear limistéar i roinnt cineálacha ghnáthóga Iarscríbhinn I ar bhonn buan mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Níl ceann ar bith de na limistéir de ghnáthóga Iarscríbhinn I a chaillfear go buan lonnaithe i láithreáin Eorpacha ar bith. I gcás ghnáthóga tosaíochta Iarscríbhinn I lena mbaineann, is é an toradh a bheidh air sin éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach dhóchúil ar an scála idirnáisiúnta geografach, toisc go bhfuil sé ag cur leis an treocht leanúnach de chaillteanas gnáthóige maidir leis na gnáthóga sin lena mbaineann an imní caomhantais is mó agus a bhfuil an baol ann go n-imeoidh siad ar an leibhéal Eorpach. I gcás ghnáthóga neamhthosaíochta Iarscríbhinn I lena mbaineann, meastar gur dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach, ar an scála náisiúnta geografach, mar thoradh ar an gcaillteanas gnáthóg, toisc go dtéann caillteanas limistéir ghnáthóg i gcion ar

stádas caomhantais gach ceann de na gnáthóga sin ar bhonn náisiúnta. Tá na cineálacha, agus na limistéir ghnáthóige lena mbaineann achoimrithe i **dTábla 8.38** thíos.

**Tábla 8.38: Achoimre ar *Iarscríbhinn I/caillteanas ghnáthóga Iarscríbhinn I**

| **Cineál ghnáthóg Iarscríbhinn I** | **Iomlán an Limistéir laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe a bhFéadfadh dul i gCion air** | **Limistéir atá le Coimeád** | **Fíor limistéar buan caillteanais ghnáthóg** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|
| Turlaigh [*3180] | c.0.04ha laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe (is é c.0.1ha achar iomlán Thurlaigh) | Gach cineál (c.0.04ha) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Toibreacha clochraithe [*7220] | Dhá ghné thobair chlochraithe ag Cairéal Leacaigh | Gné amháin le coimeád | Gné thobair chlochraithe amháin | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Foraois ghlárach iarmharach [*91E0] | c.0.1ha | Ceann ar bith | c.0.ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Cosán aolchloiche [*8240] | c.2.18ha | c.1.64ha | c.0.54ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Cosán aolchloiche/féarach cailcreach [*8240/6210] | c.0.12ha | Gach cineál (Os cionn Thollán Leacaigh – 0.12ha) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Fraochmhá fhliuch [4010] | c.2.06ha | Ceann ar bith | c.2.06ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Fraochmhá thirim [4030] | c.1.96ha | c.0.11ha | c.1.85ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |

| **Cineál ghnáthóg Iarscríbhinn I** | **Iomlán an Limistéir laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe a bhFéadfadh dul i gCion air** | **Limistéir atá le Coimeád** | **Fíor limistéar buan caillteanais ghnáthóg** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|
| Fraochmhá fhliuch/Fraochmhá thirim/*Molinia* Mósáic [4010/4030/6410] | c.1.13ha | c.0.26ha | c.0.87ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Féarach cailcreach [6210] | c.1.14ha | c.0.44ha | c.0.7ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Móinéar *Molinia* [6410] | c.1.02ha | c.0.76ha | c.0.25ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Limistéar Iomlán | c.9.75ha de aguisín I gnáthóga agus 2 tréithe earraigh | c.3.35ha de Aguisín I agus 1 tréithe earraigh | c.6.4ha | |

Mar an gcéanna, in ainneoin na mbeart maolaithe is dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha diúltacha iarmharacha mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar an scála geografach, ar ghnáthóg seo a leanas de luach áitiúil bithéagsúlachta:

- Toibreacha cailcreacha (FP1) - cúig ghné dhéag
- Féarach aigéid tirim-taise (GS3) - c.7.81ha
- Seascann agus riasc lag (PF2) - c.0.13ha
- Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) - c.2.62ha
- Fálta sceach (WL1) - c.7.8km
- Crannteorainneacha (WL2) - c.4km

### 8.7.3 Speicis phlandaí neamhchoitianta agus faoi chosaint

Toisc nach bhfuil speicis phlandaí neamhchoitianta nó faoi chosaint go dlíthiúil laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe ní rachfar i gcion orthu. Dá bhrí sin, ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith agus níl tionchair iarmharacha ar bith tuartha.

### 8.7.4 Mamaigh

#### 8.7.4.1 Madra uisce

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm (agus déanfar monatóireacht uirthi) chun an baol go rachadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha/dobharlaigh le linn na tógála a íoslaghdú, rud a chinnteoidh nach mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach dhóchúil ar phobal áitiúil na mBroc (**Cuid 8.6.7.1**).

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm (agus déanfar monatóireacht uirthi) lena chinntiú nach mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, le linn an oibriúcháin, ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar phobal áitiúil na Madraí Uisce mar thoradh ar scaradh/éifeachtaí bacainne nó ar an mbaol básmhaireachta: soláthar saoráidí do phasáistí mamach mar aon le fálú sábháilteachta mamach (**Cuid 8.6.7.1.2**).

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar Bhroic, ar scála geografach ar bith.

#### 8.7.4.2 Ialtóga

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm (agus déanfar monatóireacht uirthi) roimh agus le linn na tógála chun an baol go ndéanfaí dochar díreach d'ialtóga le linn scártála agus leagan crann a íoslaghdú, chun gnéithe sealadacha tóchair a sholáthar chun éifeachtaí scaradh na gconairí eitilte le linn na tógála a laghdú. Beidh tionchair shuntasacha iarmharacha fós ann toisc nach féidir roinnt de na gníomhaíochtaí a sheachaint agus níltear ábalta iad a mhaolú ach go leibhéal áirithe cinnteachta:

- Scártáil 14 fhoirgneamh laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe a rachaidh i gcion ar phobail áitiúla na n-ialtóg freascrach Sopránach, na n-ialtóg Freascrach, na n-ialtóg fadchluasach Donn agus na gCrú-ialtóg
    - Tá fara máithreachais amháin, fara ialtóg fadchluasach Donn á scártáil ag Achadh an Churraigh (PBR256)
    - Déanfar fara satailíte amháin do Chrú-ialtóga a scártáil ag Achadh an Churraigh (PBR178) (fara satailíte d'fhara máithreachais Crú-ialtóg Chaisleán Mhionlaigh (PBR06)
- Meastar go bhfuil caillteanas na ngnáthóg sealgaireachta is suntasaí i limistéar Mhionlaigh i gcás go bhfuil gnáthóga coillearnaí-féaraigh-fáil sceach á gcailleadh agus tá sé laistigh den CSZ do phobal na gCrú-ialtóg a bhfuil tábhacht náisiúnta ag baint leo
- Rátaí básmhaireachta dosheachanta arda de bharr imbhuailtí le feithiclí

- Básmhaireacht agus scaradh agus éifeachtaí bacainne mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar ialtóga aonair. Cé gur cloíodh leis an dea-chleachtas i ndearadh na forbartha bóthair atá beartaithe agus cuimsiú na n-íosbhealaí/dtóchar agus uasbhealaigh fhiadhúlra, gan amhras eitleoidh cion beag de phobal áitiúil na n-ialtóg thar an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus tá an baol ann go mbuailfidh siad in éadan feithiclí. Beidh drochthionchar ar chion beag den daonra chomh maith ag an éifeacht bacainne a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar fud an tírdhreacha. Tá sé tuartha go mbeidh éifeacht an tionchair iarmharaigh ar na Crú-ialtóga suntasach ar an scála geografach náisiúnta. Tá sé tuartha go mbeidh an tionchar ar speiceas eile ialtóg suntasach ar an scála geografach áitiúil

Rinneadh tuilleadh plé ar na tionchair iarmharacha sin sa togra le haghaidh bearta sonracha cúitimh.

### 8.7.4.3 Broic

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm (agus déanfar monatóireacht uirthi) le linn na tógála lena chinntiú nach sáróidh tógáil bhrocaisí na mbroc agus an cur isteach tuartha ar na Broic a tharlóidh le linn na tógála an chosaint a thugtar d’áiteanna pórúcháin agus sosa na n-ainmhithe fiáine (lena n-áirítear an Broc) faoi Alt 23 (5)(d) de na hAchtanna um Fhiadhúlra (**Cuid 8.6.7.3.1**).

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm (agus déanfar monatóireacht uirthi) lena chinntiú nach mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, le linn an oibriúcháin, ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar phobal áitiúil na Madraí Uisce mar thoradh ar scaradh/éifeachtaí bacainne nó ar an mbaol básmhaireachta: soláthar saoráidí do phasáistí mamach mar aon le fálú sábháilteachta mamach (**Cuid 8.6.7.3.2**).

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar Mhadraí Rua, ar scála geografach ar bith.

### 8.7.4.4 Speicis Mhamach Eile

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm chun an baol go rachadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha/dobharlaigh le linn na tógála a íoslaghdú, rud a chinnteoidh nach mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach ar phobail áitiúla na mamach uisceach nó mara (**Cuid 8.6.7.4.1**).

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm lena chinntiú nach mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach, le linn an oibriúcháin, ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na pobail áitiúla mamach (gan ialtóga san áireamh) mar thoradh ar scaradh/éifeachtaí bacainne nó ar an mbaol básmhaireachta: soláthar saoráidí do phasáistí mamach mar aon le fálú sábháilteachta mamach (**Cuid 8.6.7.4.2**).

Dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis mhamaigh ar bith (gan ialtóga san áireamh), ar scála geografach ar bith.

### 8.7.5 Inveirteabraigh

#### 8.7.5.1 Cráifisc liathdhonn

Toisc nach bhfuil taifid ar bith de Cráifisceanna liathdhonna laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe ní rachfar i gcion orthu. Dá bhrí sin, ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith agus níl tionchair iarmharacha ar bith tuartha.

#### 8.7.5.2 Diúilicín Péarla Fionnuisce

Toisc nach bhfuil taifid ar bith de Dhiúilicíní péarla fionnuisce laistigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe ní rachfar i gcion orthu. Dá bhrí sin, ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith agus níl tionchair iarmharacha ar bith tuartha.

#### 8.7.5.3 Seilide rinseach réisc

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm le linn na tógála chun an baol go rachadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha/dobharlaigh a íoslaghdú, agus lena chinntiú nach rachfar i gcion ar an gcóras screamhuisce atá ann. Cinnteoidh sé sin nach mbeidh tionchar suntasach diúltach ar bith ar na gnáthóga a thacaíonn le Seilidí rinseacha le linn na tógála (**Cuid 8.6.8.1.1**).

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm lena chinntiú nach rachfar i gcion ar cháilíocht an chórais screamhuisce atá ann le linn an oibriúcháin (**Cuid 8.6.8.1.2**).

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar Seilidí rinseacha réisc, ar scála geografach ar bith.

#### 8.7.5.4 Fritileán réisc

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm le linn na tógála chun bás Fritileán réisc ar bith le linn oibreacha glanta láithreáin a sheachaint (**Cuid 8.6.8.2.1**). Níl éifeachtaí suntasacha dóchúla ar bith eile ar na Fritileáin réisc le linn na tógála tuartha.

Níl éifeachtaí suntasacha diúltacha dóchúla ar na Fritileáin réisc le linn an oibriúcháin tuartha agus ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na Fritileán réisc, ar scála geografach ar bith.

### 8.7.6 Éin

#### 8.7.6.1 Éin phórúcháin

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm le linn na tógála chun an baol básmhaireachta agus éifeachtaí an chaillteanais ghnáthóg agus cur isteach ar na héin phórúcháin a íoslaghdú (**Cuid 8.6.9.1.1**). Áirítear leis sin an laftán a úsáideadh mar láithreán neide na bhFabhcún gorm idir 2015 agus 2017 a

choimeád laistigh den dearadh agus srian séasúrach ar oibreacha tógála i ngaireacht an láithreáin neide.

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm (agus déanfar monatóireacht uirthi) chun an baol básmhaireachta do phobal áitiúil na Scréachóg reilige a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe le linn na oibriúcháin a íoslaghdú (**Cuid 8.6.9.1.2**). Áirítear leis sin struchtúir bhreise neadaithe agus plandú breise a sholáthar chun na Scréachóga reilige a dhíspreagadh ó shealgaireacht feadh an charrbhealaigh atá beartaithe.

Dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis éan pórúcháin, ar scála geografach ar bith, seachas an Fabhcún Gorm. Toisc gur dóigh go gcaillfear Cairéal Leacaigh mar láithreán neide ar bhonn buan, is dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an bhFabhcún Gorm, ar an scála geografach contae.

### 8.7.6.2 Éin Gheimhrithe

Cinnteoidh srian séasúrach ar phléascadh gar do Loch an Dúlaigh nach mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ar bith ar phobail na n-éan geimhrithe ó na hoibreacha tógála a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe (**Cuid 8.6.9.2**)

Níl éifeachtaí suntasacha diúltacha dóchúla ar na speicis éan geimhrithe le linn an oibriúcháin tuartha, agus ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na speicis éan geimhrithe, ar scála geografach ar bith.

## 8.7.7 Amfaibiaigh

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm le linn oibreacha glanta láithreáin chun an baol go rachadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha/dobharlaigh a íoslaghdú, agus chun éifeachtaí caillteanas gnáthóg agus cur isteach, ar phobail áitiúla na bhFroganna coiteanna agus na nEarc coiteann a íoslaghdú. Cinnteoidh sé sin nach mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ar bith ag tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe ar na speicis amfaibiach sin, nó nach rachfar i gcion ar a stádas caomhantais. Cinnteoidh sé chomh maith nach sáróidh na hoibreacha glanta láithreáin an chosaint a thugtar d’áiteanna pórúcháin agus sosa na n-ainmhithe fiáine (lena n-áirítear an Frog coiteann agus an tEarc coiteann) faoi Alt 23 (5)(d) de na hAchtanna um Fhiadhúlra (**Cuid 8.6.10.1**).

Cinnteoidh dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe, i gcomhar leis an líonra saoráidí do phasáistí mamach, nach bhfuil scaradh fadtéarmach nó éifeachtaí bacainne fadtéarmacha ar bith ar phobail na bhFroganna coiteanna nó na nEarc coiteann a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe (**Cuid 8.6.10.2**).

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na Froganna coiteanna nó ar na hEarca coiteanna, ar scála geografach ar bith.

### 8.7.8 Reiptílí

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm le linn oibreacha glanta láithreáin chun an baol básmhaireachta a íoslaghdú, agus chun éifeachtaí caillteanas gnáthóg agus cur isteach, ar phobal áitiúil na Laghairteanna coiteanna a íoslaghdú. Cinnteoidh sé sin nach mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ar bith ag tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe ar na Laghairteanna coiteann, nó nach rachfar i gcion ar a stádas caomhantais. Cinnteoidh sé chomh maith nach sáróidh na hoibreacha glanta láithreáin an chosaint a thugtar d'áiteanna pórúcháin agus sosa na n-ainmhithe fiáine (lena n-áirítear Laghairteanna coiteanna) faoi Alt 23 (5)(d) de na hAchtanna um Fhiadhúlra (**Cuid 8.6.11.1**).

Cinnteoidh dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe, i gcomhar leis an líonra saoráidí do phasáistí mamach, nach bhfuil éifeachtaí fadtéarmacha scartha nó bacainne ar bith ar phobail na Laghairteanna coiteanna a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe (**Cuid 8.6.11.2**).

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar Laghairteanna coiteanna, ar scála geografach ar bith.

### 8.7.9 Éisc

I gcomhar le dearadh na forbartha bóthair atá beartaithe, cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chun éifeachtaí an chaillteanais ghnáthóg ar speicis iasc a íoslaghdú, agus chun pasáiste iasc a choimeád feadh na sruthchúrsaí ar fad ar dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe trasna, a mhéid is nach bhfuil éifeachtaí ar an leibhéal pobail tuartha (**Cuid 8.6.12.1**).

Cuirfear straitéis um maolú i bhfeidhm le linn na tógála chun an baol go rachadh an fhorbairt bóthair atá beartaithe i gcion ar cháilíocht an uisce i sruthchúrsaí glactha/dobharlaigh a íoslaghdú, agus lena chinntiú nach rachfar i gcion ar an gcóras screamhuisce atá ann. Cinnteoidh sé sin nach mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach dhóchúil ar bith ar na speicis iasc le linn na tógála (**Cuid 8.6.4)**.

Cuirfear bearta maolaithe i bhfeidhm chomh maith chun an baol go gcuirfí isteach nó go marófar na speicis iasc le linn na tógála a íoslaghdú, a mhéid is nach bhfuil éifeachtaí ar an leibhéal pobail tuartha.

Níl éifeachtaí suntasacha diúltacha dóchúla ar na speicis iasc le linn an oibriúcháin tuartha, agus ní theastaíonn bearta maolaithe ar bith.

Dá bhrí sin, ní bheidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na speicis iasc, ar scála geografach ar bith.

### 8.7.10 Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla

Beidh tionchar ar bhealach éigin ag na héifeachtaí suntasacha is dóigh a bhaineann leis na bhforbairt bóthair atá beartaithe ar na PÉanna atá aitheanta i ngach ceann de na limistéir sin ar gach ceann de na limistéir bithéagsúlachta áitiúla. Tá cuntas ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla sin, agus déantar cur síos orthu, thuas astu féin agus tugtar roinnt comhthéacs sa chuid seo le haghaidh na

dtionchar iarmharach sin i dtaca le suíomhanna an limistéir bithéagsúlachta áitiúil trína ngabhfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach a bheidh ag caillteanas c.0.01ha de ghnáthóg foraoise gláraí iarmharaí [*91E0] ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlach go Cnoc Chúil Each. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach idirnáisiúnta.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach a bheidh ag caillteanas c.0.54ha de ghnáthóg cosáin aolchloiche [*8240] ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlach go Cnoc Chúil Each agus ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach idirnáisiúnta.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach a bheidh ag caillteanas c.4.78ha de mhósáic gnáthóige de thalamh portaigh (Fraoch fliuch [4010], Fraoch tirim [4030] agus móinéar *Molinia* [6410]) ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthar an Chósta (R336) go dtí N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach náisiúnta.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach a bheidh ag caillteanas c.0.7ha de ghnáthóg féaraigh chailcreach [6210] ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlach go Cnoc Chúil Each agus ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach náisiúnta.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach a bheidh ag caillteanas c.0.28ha de ghnáthóg móinéir *Molinia* [6410] ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhaile an Dúlaigh – An Chaisleáin Ghearr. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach náisiúnta.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach a bheidh ag caillteanas fuarán cailcreach (FP1) agus fuarán clochraithe [*7220] ag Cairéal Leacaigh ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlach go Cnoc Chúil Each. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach áitiúil agus tíre, faoi seach.

Beidh tionchar iarmharach ag caillteanas c.7.8ha de thalamh féaraigh aigéadach tirim-thaise (GS3) agus c.0.13ha de ghnáthóg Seascainn agus réisc lag (PF2) ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthair an Chósta (R336) go dtí N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach áitiúil.

Beidh tionchar ag fálta sceach agus ag crannteorainneacha ar fud an limistéir áitiúil leis na comhchruinnithe is mó i gcodanna de limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthar an Chósta (R336) go dtí N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn timpeall ar an mBealach, i limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlach go Cnoc Chúil Each, agus i limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce. Rinneadh measúnú ar an

tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach áitiúil.

Beidh tionchar iarmharach ag caillteanas de Choillearnach leathanduilleach (WD1) agus coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2) ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlach go Cnoc Chúil Each. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach a bhaineann leis an gcaillteanas gnáthóige sin mar cheann suntasach ar scála geografach áitiúil.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach ar phobal den chrú-ialtóg bheag ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlaigh go Cnoc Chúil Each, ach seans go ndéanfaidh sé difear freisin do limistéar bithéagsúlachta áitiúil Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each agus ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhaile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach gaolmhar sin mar cheann a d’fhéadfadh a bheith suntasach ar scála geografach náisiúnta.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach ar gach speiceas ialtóg eile atá taifeadta laistigh den limistéar staidéir ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthar an Chósta (R336) go dtí N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn, limistéar bithéagsúlachta áitiúil Abhainn na Gaillimhe go Lochanna Chúil Each, limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlaigh go Cnoc Chúil Each, limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhaile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr agus limistéar bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach sin mar cheann suntasach ar scála geografach áitiúil.

Beidh tionchar iarmharach ag an tionchar iarmharach ar an daonra áitiúil den fhabhcún gorm ar limistéar bithéagsúlachta áitiúil Mhionlaigh go Cnoc Chúil Each. Rinneadh measúnú ar an tionchar iarmharach gaolmhar sin mar cheann suntasach ar scála geografach contae.

Mar achoimre, de réir an limistéir bithéagsúlachta áitiúil leis an ngabhdóir bithéagsúlachta agus suntasacht an tionchair :

- limistéar bithéagsúlachta áitiúil N59 Bhóthar Mhaigh Cuilinn.
- Tionchar iarmharach ar an scála geografach náisiúnta

  Mósáic gnáthóige portaigh (Fraochmhá fhliuch [4010], Fraochmhá thirim [4030], agus móinéar *Molinia* [6410]

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil

  Talamh féaraigh aigéadach tirim-bogthais (GS3), Seascann agus riasc lag (PF2), Fálta sceach agus crannteorainneacha (WL1/WL2), ialtóga seachas an Crú-ialtóg bheag

Limistéar bithéagsúlachta áitiúil Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach náisiúnta

  Crú-ialtóg bheag

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil

Speiceas ialtóg seachas an Chrú-ialtóg bheag

An limistéar bithéagsúlachta áitiúil ó Mhionlach go Cnoc Chúil Each

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach idirnáisiúnta

  Cosán aolchloiche [*8240] agus Foraois ghlárach iarmharach [*91E0]

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach náisiúnta

  Talamh féaraigh chailcreach [6210] agus an Chrú-ialtóg bheag

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach contae

  Fuaráin chlochraithe [*7220] agus an Fabhcún gorm

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil

  Fuaráin chailcreacha (FP1), Coillearnach leathanduilleach (WD1), Fálta sceach agus crannteorainneacha (WL1/WL2), Coillearnach darach-fuinseoige-coill (WN2) agus ialtóga seachas an Chrú-ialtóg bheag

Limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhaile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach náisiúnta

  Móinéar *Molinia* [6410] agus an Chrú-ialtóg bheag

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil

  Ialtóga seachas an Chrú-ialtóg bheag

Limistéir bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach idirnáisiúnta

  Cosán aolchloiche [*8240]

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach náisiúnta

  Talamh féaraigh cailcreach [6210]

- Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil

  Fálta sceach agus crannteorainneacha (WL1/WL2) agus ialtóga seachas an Chrú-ialtóg bheag

## 8.8 Tionchair Charnacha

Sa chuid seo den tuarascáil cuirtear i láthair an measúnú a rinneadh chun scrúdú a dhéanamh ar an bhféadfadh éifeacht shuntasach dhóchúil bheith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe mar aon le tionscadail nó pleananna eile le chéile ar an mbithéagsúlacht.

Is iad seo a leanas na tionscadail atá i bhfeidhm, nó atá beartaithe, a chuirtear san áireamh agus an fhéidearthacht go mbeidh tionchair charnacha ann á measúnú,

chun suntasacht na dtionchar atá tuartha don fhorbairt bóthair atá beartaithe ar an mbithéagsúlacht a mhéadú:

- Straitéis Iompair na Gaillimhe (SIG)
- Tionscadal M17 na Gaillimhe go Bóthar Thuama
- Tionscadal N18 Bhóthar Órán Mór go Bóthar an Ghoirt
- Seachbhóthar Bóthar Thuama an N83
- Mótarbhealach an M6
- Limistéar Seirbhíse Mhótarbhealach an M6 (M17/M18)
- Tionscadal N59 Bhóthar an Chlocháin go Bóthar an Tí Dhóite (cuspóir i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021)
- Tionscadal N59 Bóthar an Tí Dhóite go Bóthar Uachtar Ard
- Tionscadal N59 Bóthar Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn
- Raon rothar na Gaillimhe go Baile Átha Cliath
- Glasbhealach Chonamara (ó Chathair na Gaillimhe go dtí an Clochán))
- Glasbhealach na Gaillimhe go dtí an Spidéal (Raon rothar Bhearna go dtí an Spidéal)
- Scéim R336 Bhóthar Bhearna go Scríb trí Bhóthar Ros an Mhíl Uasghrádú/Feabhas (cuspóir i bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021)
- Scéim Cosanta Cósta Sháilín go Trá na gCeann
- Oibreacha Cosanta Cósta Bhóthar na Trá (An Charraig Dhubh go Club Gailf na Gaillimhe)
- Leathnú Chalafort Chuan na Gaillimhe atá beartaithe

Déantar an baol go ngníomhóidh pleananna nó tionscadail eile go carnach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun difear díobhálach a dhéanamh do shláine aon láithreán Eorpach, a mheas i gCuid 12 den NIS (leis an téarma “in éifeachtaí comhcheangailte” i gcomhthéacs an mheasúnaithe NIS). Is iad na ceithre láithreán Eorpacha atá laistigh de ZoI na forbartha atá beartaithe ná cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe. Níl aon bhaol go ngníomhóidh aon tionscadail eile i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe chun tionchar tromchúiseach a imirt ar shláine aon láithreán Eorpach eile, toisc go bhfuil siad lasmuigh de ZoI na forbartha bóthair atá beartaithe.

Sainaithníodh sa mheasúnú i gcomhar na pleananna agus na cuspóirí sin a bhfuil sé de chumas acu tionchar a bheith acu ar cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe, SPA Loch Coirib agus SPA Chuan Istigh na Gaillimhe agus rinneadh measúnú ar cibé an bhfuil sé de chumas acu tionchar tromchúiseach a bheith acu ar shláine na láithreán Eorpach sin. Ní mór d'aon phlean nó tionscadal beartaithe a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar na láithreáin Eorpacha seo i gcomhar leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe cloí le beartais agus cuspóirí

uileghabhálacha an phlean (na bpleananna) ábhartha maidir le húsáid talún, mar a bhíonn siad ag brath ar shuíomh an phlean ar leith nó an tionscadail beartaithe. Sin iad *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*, *Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023*, *Plean Forbartha Contae an Chláir 2017-2022* agus *Plean Forbartha Contae Mhaigh Eo 2014-2020*[97]. Cinnteofar leis na beartais agus cuspóirí cosantacha sna pleananna seo maidir le húsáid talún go dtabharfar cosaint do láithreáin Eorpacha thar na gcosáin tionchair féideartha a sainaithníodh.

Toisc nach ndéanfaidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe difear do shláine cSAC Loch Coirib, cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe nó SPA Chuan na Gaillimhe Istigh, agus ag glacadh leis an gcosaint a thugtar do láithreáin Eorpacha faoi na pleananna uileghabhálacha maidir le húsáid talún, is é tátal an mheasúnaithe seo, nach bhfuil an baol ann go mbeadh drochéifeachtaí ar shláine láithreán Eorpach ar bith a thiocfadh chun cinn mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe ag gníomhú i gcomhar (nó go carnach) le pleananna nó tionscadail ar bith eile.

Tá an baol go dtiocfadh tionchair charnacha chun cinn teoranta do na tionchair iarmharacha sin a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus na héifeachtaí a bheidh ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an timpeallacht ghlactha atá intomhaiste ar bhealach éigin, ach nach mbeidh éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil acu féin ar an mbithéagsúlacht.

Baineann na tionchair fhéideartha a bhaineann le tógáil na forbartha bóthair atá beartaithe leis an méid seo a leanas:

- Caillteanas gnáthóg, lena n-áirítear caillteanas buan ghnáthóg Iarscríbhinn I agus gnáthóg lena ngabhann luach áitiúil
- An baol go gcaillfear láithreán neide na bhFabhcún gorm mar gheall ar thionchair fhadtéarmacha cur isteach/díláithrithe
- Tionchair ar ialtóga mar thoradh ar thógáil agus oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe

Tá plé déanta thíos ar na tionchair eile a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus atá intomhaiste ar bhealach éigin, ach nach dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach iarmharach acu féin ar an mbithéagsúlacht:

- Tionchair ar na córais reatha hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha
- Tionchair ar chaighdeán an aeir
- Tionchair ar speicis mar thoradh ar chur isteach nó ar dhíláithriú

[97] Cé go luíonn na Pleananna ar an leibhéal réigiúnach agus náisiúnta os cionn na bpleananna contae agus áitiúla san ordlathas (e.g. Plean Forbartha Náisiúnta Éire 2040 - An Tionscadal agus na Treoirlínte Pleanála Réigiúnaí le haghaidh Réigiún an Iarthair 2010-2022), tugann an RDP éifeacht go háitiúil don CPN agus tá sé réamh-mheasta go gcomhlíonfaidh sé a chuid aidhmeanna go háitiúil tríd an údarás áitiúil ábhartha agus ní mór dó cloí leis na ceanglais phleanála reachtúla, agus a bheidh de réir na gcuspóirí agus na mbeartas sna pleananna ábhartha maidir le húsáid talún (Pleananna Forbartha, Pleananna Limistéir Áitiúil etc.).

### *Tionchair ó chaillteanas gnáthóg*

Faoi mar atá léirithe i **gCuid 8.5.2**, tá caillteanas gnáthóg mar gheall ar athrú ar thalamhúsáid ina thionchar leanúnach ar bhonn áitiúil agus d'fhéadfadh sé go bhfuil éifeachtaí aige cheana ar an mbithéagsúlacht áitiúil. Tá tionchair ar ghnáthóga mar thoradh ar na tionscadail atá liostaithe thuas, nó is dóigh go mbeidh tionchair acu ar ghnáthóga (lena n-áirítear gnáthóga lena bhfuil ardluach bithéagsúlacht amhail cineálacha ghnáthóga Iarscríbhinn I) a d'fhéadfadh éifeachtaí iarmhartacha a imirt ar na speicis fána chomh maith. Dá bhrí sin, is dóigh go leanfaidh an t-athrú ar thalamhúsáid agus caillteanais ghnáthóg go méid áirithe agus cuirfidh caillteanas agus deighilt na ngnáthóg a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe leis an treocht sin ar bhonn áitiúil.

Is iad na tionchair is suntasaí caillteanais ghnáthóg an caillteanas limistéar de ghnáthóg a mbaineann luach idirnáisiúnta nó náisiúnta leo. Cosán aolchloiche [*8240], Foraois ghlárach iarmharach [*91E0], Fraochmhá fhliuch [4010], Fraochmhá thirim [4030], Féarach cailcreach [6210], Móinéar Molinia [6410] agus Tobar clochraithe [*7220]. Tá limistéir shuntasacha cineálacha gnáthóg lena mbaineann luach áitiúil bithéagsúlachta a chaillfear chomh maith; toibreacha cailcreacha, seascainn chíbe ghiolcaí agus mhóra, féarach aigéid tirim-taise, seascann agus riasc lag, coillearnach leathanduilleach, fálta sceach agus crannteorainneacha. Tá an baol ann go mbeidh éifeacht ag caillteanais ghnáthóg, beag beann ar a luach gnáthóige féin, ar na pobail áitiúla fána lena dtacaíonn siad. Is é an tionchar is suntasaí maidir leis sin na héifeachtaí dóchúla caillteanais ghnáthóg ar phobail áitiúla na n-ialtóg; go háirithe pobal Crú-ialtóg Chaisleán Mhionlaigh (déantar tionchair ar ialtóga a phlé leo féin thíos).

Meastar go bhfuil na caillteanais de ghnáthóga Iarscríbhinn I a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an leibhéal is airde de shuntasacht gheografach do na gnáthóga lena mbaineann. Chomh maith leis sin, cuirfidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe leis an treocht atá ann cheana féin de chailliúint ghnáthóg Aguisín I go háitúil. Cé go méadódh éifeacht charnach é sin, caillteanais gnáthóga, méid an tionchair, ní mhéadaíonn sé go suntasacht an tionchair ar scála geografach a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe. Leis na bearta cosantacha i *bPlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023 agus Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe2015-2021* chun an bhithéagsúlacht a chosaint maolófar tionchair ar bith amach anseo ar an mbithéagsúlacht, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le cineálacha ghnáthóga Iarscríbhinn I. Cé gur féidir na caillteanais a chúiteamh (féach **Cuid 8.9** thíos), cúitíonn sé sin cion na forbartha bóthair atá beartaithe le caillteanais reatha an chineáil ghnáthóige lena mbaineann agus cinntíonn sé ag an am céanna nach bhfuil baol ar bith eile ann go mbeadh tionchar suntasach carnach mar thoradh ar fhorbairtí eile.

I dtaca leis na limistéir sin de ghnáthóga lena mbaineann tábhacht áitiúil a chaillfear, ag cur san áireamh na cineálacha gnáthóg atá i gceist agus go dóigh go bhfanfaidh siad is staid chaomhantais fhabhrach ar scála geografach níos mó ar bith, ní dóigh go méadóidh caillteanais charnacha ar bith de na cineálacha gnáthóg sin suntasacht an tionchair. Leis na beartais chosantacha atá i bhfeidhm i bpleananna talamhúsáide maolófar caillteanais ar bith de ghnáthóga lena mbaineann luach bithéagsúlachta amach anseo chomh maith. Sa chás go bhféadfaí

caillteanais ghnáthóg do sin a chúiteamh laghdófar suntasacht an tionchair agus an baol go mbeadh tionchair charnacha i gceist le forbairtí ar bith amach anseo.

***Tionchair ar na Fabhcúin Ghorma***

Mar gheall ar an mbaol go gcuirfear isteach nó go díláithreofar péire Fabhcún gorm Chairéal Leacaigh ón láithreán neide atá ann, is dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an bhFabhcún Gorm, ar an scála geografach contae.

Is dóigh go leanfaidh an dá láithreán neide Fabhcún gorm áitiúil chun tacú leis na Fabhcúin ghorma phórúcháin. Cairéal as feidhm is ea ceann láithreán amháin atá criosaithe le haghaidh úsáid talmhaíochta agus dá bhrí sin, ní dóigh go mbeidh méadú ar bith ar an gcur chuige ón bhforbairt ann; láithreán a bhíonn áitithe go rialta i gcairéal gníomhach is ea an dara láithreán neide agus is cosúil go mairfidh na leibhéil bhonnlíne cur isteach, a bhfuil cleachtadh ag an bpéire Fabhcún cónaithe orthu. Ní dóigh go rachaidh na tionscadail atá liostaithe thuas i gcion ar cheann ar bith de na láithreáin sin, ag cur san áireamh a suíomhanna gar do na háiteanna ar cuireadh na straitéisí/tionscadail sin i bhfeidhm. Meastar go mairfidh brúnna atá ann ar an leibhéal contae ar láithreán neide oiriúnach agus d'fhéadaidís gníomhú go carnach ar an scála geografach contae, ach níl go leor sonraí ann chun é sin a mheas. Mar sin féin, ní mhéadóidh brúnna breise ar bith ar phobail na bhFabhcún gorma suntasacht fhoriomlán thionchar na forbartha bóthair atá beartaithe go tionchar ar an leibhéal náisiúnta ag cur san áireamh go meastar faoi láthair nach mbaineann ach imní chaomhantais íseal leis an speiceas dá phobal náisiúnta.

Dá bhrí sin, níl tionscadail ar bith eile ar dócha go ngníomhóidh siad go carnach feadh na forbartha bóthair atá beartaithe chun suntasacht tuartha thionchar na forbartha bóthair atá beartaithe ar na Fabhcúin ghorma a mhéadú ón éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach, ar an scála geografach.

***Tionchair ar ialtóga***

Tá tionchair iarmharacha fhéideartha tuartha ar ialtóga lena n-áirítear caillteanas faraí, caillteanas gnáthóg sealgaireachta agus an éifeacht bacainne/ scartha mar gheall ar bhóithre.

D'fhéadfadh caillteanas cuid de láithreán faraí i ngaireacht na forbartha bóthair atá beartaithe tarlú mar gheall ar mheath na struchtúr le himeacht ama agus d'fhéadfaidís éirí mí-oiriúnach do na hialtóga iad a úsáid (m.sh. struchtúir thréigthe agus seanchrainn). Dá bhrí sin, d'fhéadfadh na láithreáin fhara a mbeidh éifeacht ag an bhforbairt bóthar atá beartaithe orthu cur leis an titim nádúrtha i láithreáin fhara eile go háitúil.

D'fhéadfadh caillteanas gnáthóg sealgaireachta agus bacainní ar ghluaiseachtaí ialtóg bheith mar thoradh ar fhorbairt talún criosaithe i imill thuaidh Chathair na Gaillimhe. Áirítear ar thalamh a úsáideann ialtóga atá criosaithe d'fhorbairt chomh maith criosú tionsclaíoch éadrom (C2.1) gar don N84 Bóthar Áth Cinn agus do Bhaile an Dúlaigh, a d'fhéadfadh dul i gcion ar an bhfara saorga atá beartaithe trí mhéadú ar dhoirteadh éadrom. D'fhéadfadh an criosú caitheamh aimsire agus taitneamhachta ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh idirghníomhú le

conairí eitilte na n-ialtóg a ghluaiseann idir faraí Achadh an Churraigh agus faraí Chaisleán Mhionlaigh agus úsáid a bhaineann ialtóga sealgaireachta as na talamh sin chomh maith (m.sh. sna áiteanna ina mbeadh soilsiú sa mbreis beartaithe sa todhchaí). Bheadh na tionchair sin ar fad rialaithe leis an measúnú ar iarratais aonair ar phleanála, áfach, ina mbreathnófaí ar na héifeachtaí ar na speicis faoi chosaint amhail ialtóga mar chuid dá mbreithmheas arna dhéanamh ag an údarás inniúil, agus aird á tabhairt ar na bearta cosantacha comhshaoil i *bPlean Ceantair Áitiúil Bhearna 2007-2017, Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023, Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe2015-2021 agus Phlean Ceantair Áitúil na nArdán 2018-2024* chun an bhithéagsúlacht a chosaint. Dá bhrí sin, níl tionchair charnacha bhreise ar bith tuartha maidir le caillteanas gnáthóg sealgaireachta ó bhacainní ar ghluaiseacht ialtóg.

***Tionchair ar na córais reatha hidreolaíocha nó hidrigeolaíocha***

Ní bheidh tionchair iarmharacha ar bith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an gcóras hidreolaíoch reatha sna dobharcheantair uisce dromchla sin a dtéann an fhorbairt bóthair atá beartaithe trasna nó sa timpeallacht ghlactha mhara i gCuan na Gaillimhe, trí dhul i gcion ar dhálaí sreafa atá ann nó trí dhul i gcion ar chórais tuile. Ní bheidh tionchar iarmharach ar bith ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an gcóras hidrigeolaíoch ach oiread.

Luíonn dobharcheantair uisce dromchla, dobharlaigh screamhuisce agus uiscí idirlinne uile Chuan na Gaillimhe laistigh den Cheantar Abhantraí Náisiúnta atá beartaithe ar ar tugadh Ceantar Abhantraí an Iarthair (WRBD) roimhe seo. Tá sé mar aidhm le *River Basin Management Plan for the Western River Basin District in Ireland (2009-2015) agus an dréacht reatha den Phlean um Bainistiú Abhantraí d'Éirinn*(2018-2021) na huiscí ar fad laistigh den cheantar a chosaint, más gá, feabhas a chur ar uiscí agus úsáid inbhuanaithe uisce a bhaint amach. Is é is cuspóir leis an bPlean um Bainistíocht Abhantraí leibhéil truaillithe a laghdú, dea-stádas cháilíocht an uisce a thabhairt ar ais agus meath i gcáilíocht an uisce sna habhantracha agus dobharlaigh screamhuisce a chosc. Tá a lán pleananna agus tionscadal talamhúsáide a luíonn laistigh den WRBD agus a bhfuil an fhéidearthacht acu dul i gcion ar dhobharlaigh dromchla agus ar dhobharlaigh screamhuisce. Tá beartais chosantacha chomhshaoil leis na pleananna talamhúsáide uileghabhálacha ar fad, áfach, chun an líonra uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint.

Dá bhrí sin, níl pleananna ná tionscadail ar bith eile ar dócha go mbeadh éifeacht shuntasach ar an mbithéagsúlacht, go carnach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe mar thoradh orthu, mar iarmhairt tionchar ar uisce dromchla nó screamhuisce.

***Tionchair ar chaighdeán an aeir***

Déanfar athrú éigin do chaighdeán an aeir i ngarchomharsanacht na forbartha bóthair atá beartaithe le linn an oibriúcháin, cé nach mbeidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar an mbithéagsúlacht aige féin. Tá an baol go dtarlódh tionchair charnacha trí éifeachtaí chaighdeáin an aeir teoranta don timpeallacht ghlactha i ngarchomharsantacht na forbartha bóthair atá beartaithe agus forbairtí ar bith amach anseo lena dtabharfaí isteach truailleáin ar chaighdeán an aeir sa cheantar áitiúil seo. Níl tionscadail reatha ná tionscadal beartaithe ar bith ar dócha go

gcuirfeadh siad le bonnlíne chaighdeán an aeir ar bhealach suntasach ar bith i ngarchomharsantacht na forbartha bóthair atá beartaithe. Ag cur san áireamh na criosanna talamhúsáide agus na cuspóirí a bhaineann leis an limistéar seo i b*Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2007-2017*, *Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023*, *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021 agus Phlean Ceantair Áitúil na nArdán 2018-2024* agus na beartais agus cuspóirí cosantacha i b*Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023*, sa *Phlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021* uileghabhálach chun cáilíocht an aeir agus an bhithéagsúlacht a chosaint[99], níl pleananna ná tionscadail ar bith eile ar dócha go mbeadh éifeacht shuntasach acu ar an mbithéagsúlacht, go carnach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe mar thoradh orthu, mar iarmhairt tionchar ar cháilíocht an aeir.

***Tionchair ar na córais hidreolaíocha nó hidrigeolaíocha atá ann cheana***

Ní bheidh aon tionchar iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an gcóras hidreolaíoch atá cheana féin sna dobharcheantair uisce dromchla sin atá á dtrasnú ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe nó ar an timpeallacht mhuirí ghlactha i gCuan na Gaillimhe, trí difear a dhéanamh ar dhálaí sreafa reatha nó do chórais tuilte. Ní bheidh aon tionchar iarmharach ach an oiread ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an gcóras hidrigeolaíoch atá ann cheana.

Luíonn gach ceann de na dobharcheantair uisce dromchla, na réimsí screamhuisce agus uiscí idirthréimhseacha i gCuan na Gaillimhe laistigh de Cheantar Abhantraí Náisiúnta atá beartaithe; ar ar tugadh Ceantar Abhantraí an Iarthair (WRBD) roimhe seo[100]. Tá sé mar aidhm ag an *bPlean um Bainistiú Abhantraí do Cheantar Abhantraí an Iarthair in Éirinn (2009-2015), agus an dréacht reatha maidir le Plean um Bainistiú Abhantraí d'Éirinn (2018-2021),* na huiscí go léir laistigh den cheantar a chosaint agus, nuair is gá, uisce a fheabhsú agus úsáid uisce inbhuanaithe a bhaint amach. Is é aidhm an Phlean um Bainistiú Abhantraí leibhéil truaillithe a laghdú, stádas maith uisce a chur ar ais agus meathlúchán i gcáilíocht an uisce a chosc sna habhantraí agus sna réimsí screamhuisce. Tá go leor pleananna agus tionscadal ar úsáid talún a luíonn laistigh den WRBD a bhfuil sé de chumas acu difear a dhéanamh do réimsí uisce dromchla agus screamhuisce. Mar sin féin, tá beartais cosanta comhshaoil ag gabháil leis na pleananna uileghabhálacha go léir ar úsáid talún chun an líonra reatha uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint.

Dá bhrí sin, níl aon phleananna nó tionscadail eile ar dóigh go mbeidh tionchar suntasach acu ar bithéagsúlacht, go carnach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, mar thoradh ar thionchar ar uisce dromchla nó screamhuisce.

***Tionchair ar chaighdeán an aeir***

[99] Mar shampla Beartas 4.2 de *Phlean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023* ina luaitear
"Cosaint agus caomhnú ar flora agus fána neamhchoitianta agus i mbaol agus a bpríomhghnáthóga, (cibé áit ina mbeidh siad) atá liostaithe ar Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn IV de Threoir AE maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus liostaithe i gcomhair cosanta faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra 1976-2000."

[100] Don chéad timthriall eile de phleananna bainistiú abhantraí (2018-2021), déanfar cónascadh ar Cheantair Abhantraí an Oirthir, an Oirdheiscirt, an Iardheiscirt, an Iarthair agus Abhainn na Sionainne agus cruthófar Ceantar Abhantraí náisiúnta amháin

Tiocfaidh athrú éigin ar chaighdeán an aeir díreach in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe i rith oibríochta, cé nach dóigh go mbeidh tionchar suntasach aige ann féin ar an mbithéagsúlacht. Tá teorainn leis an bhféidearthacht go dtarlóidh tionchair charnach trí éifeachtaí ar chaighdeán an aeir go dtí an timpeallacht ghlactha díreach in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe agus aon fhorbairtí eile sa todhchaí lena bhféadfaí truailleáin a thabhairt isteach a d'fhéadfadh cur isteach ar cháilíocht an aeir sa cheantar seo. Níl aon tionscadail reatha nó beartaithe a d'fhéadfadh cur leis an mbonnlíne de chaighdeán an aeir ar aon bhealach suntasach gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe. Ag cur na gcriosuithe úsáide talún agus na gcuspóirí a bhaineann leis an gceantar seo san áireamh i *bPlean Limistéir Áitiúil Bhearna 2007-2017*, *Plean Forbartha Chomhairle Cathrach na Gaillimhe 2017-2023*, *Plean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021* agus *Phlean Limistéir Áitiúil na nArdán 2018-2024,* agus na beartais agus cuspóirí cosantacha i *bPlean Forbartha Chathair na Gaillimhe 2017-2017-2023* agus i *bPlean Forbartha Chontae na Gaillimhe 2015-2021*, plean uileghabhálacha chun cáilíocht an aeir agus an bhithéagsúlacht a chosaint, níl aon phleananna nó tionscadail eile ar dóigh go mbeidh tionchar suntasach acu ar bhithéagsúlacht, go carnach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, mar thoradh ar thionchair ar chaighdeán an aeir.

***Tionchair ar speicis fána (gan ialtóga san áireamh) mar thoradh ar chur isteach nó ar dhíláithriú***

Ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar speicis fána ar bith (gan ialtóga san áireamh) mar thoradh ar chur isteach nó ar dhíláithriú le linn na tógála nó an oibriúcháin.

Tionchair shealadacha nó ghearrthéarmacha a bheidh sna tionchair chur isteach nó dhíláithrithe agus ní dóigh go mbeidh éifeachtaí fadtéarmacha ar leibhéal na bpobal mar thoradh orthu, fiú go carnach le tionscadail forbartha ar bith amach anseo a bheartófaí.

Le linn an oibriúcháin, beidh an ZoI atá beartaithe ón bhforbairt bóthair atá beartaithe teoranta don gharchomharsanacht agus ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach iarmharach aige ar speicis fána ar bith (gan ialtóga san áireamh) mar thoradh ar éifeachtaí cur isteach nó díláithrithe. Ag cur san áireamh na criosanna talamhúsáide sna limistéar trína ngabhann an fhorbairt bóthair atá beartaithe (imeall tuaithe, taitneamhacht caitheamh aimsire, taitneamhacht agus taitneamhacht talmhaíochta den chuid is mó), agus éifeacht íosta an chur isteach oibriúcháin ón trácht bóthair agus flúirse na ngnáthóg oiriúnach eile atá ar fáil go háitiúil chun tacú leis na speicis fána faoi láthair, ní dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bhforbairt amach anseo ar an mbithéagsúlacht, go carnach leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe, mar iarmhairt na dtionchar cur isteach nó díláithrithe.

### 8.8.1 Achoimre ar na Tionchair Iarmharacha

I **dTábla 8.39** tugtar achoimre fhoriomlán ar éifeachtaí suntasacha dóchúla na forbartha bóthair atá beartaithe ar an mbithéagsúlacht, gan bearta maolaithe a bheith ann.

**Tábla 8.39: Achoimre ar Éifeachtaí Suntasacha Iamharacha Dóchúla na Forbartha Bóthair atá Beartaithe ar an mBithéagsúlacht (lena n-áirítear maolú)**

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| **Limistéir atá Ainmnithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra** | | | | | |
| cSAC Loch Coirib<br>(lena n-áirítear pNHA Loch Coirib) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – tollánú/tochailt<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Baol básmhaireachta<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>(lena n-áirítear pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| SPA Loch Coirib<br>(lena n-áirítear pNHA Loch Coirib) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| SPA Chuan na Gaillimhe Istigh<br>lena n-áirítear pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn | Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5**<br>Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|---|
| **Gnáthóga (lasmuigh de na limistéir atá ainmnithe le haghaidh chaomhnú an dúlra)** | | | | | |
| Cosán aolchloiche [*8240] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Toibreacha clochraithe [*7220] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae<br>(féach **Cuid 8.5.4.3** faoi thoibreacha clochraithe) | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach contae<br>(féach **Cuid 8.7.2**) |
| Féarach cailcreach [*6210/6210] | Tábhacht Náisiúnta/Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(Uimh. *6210 atá buailte – féach **Cuid 8.5.4.3** faoi Fhéarach | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2**) |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | cailcreach) | **8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | |
| Fraochmhá thirim [4030] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2**) |
| Fraochmhá fhliuch [4010][101] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála |

[101] Lena n-áirítear limistéir de Mhósáic fraochmhá fliche/tirime/Móinéar *Molinia*[4010/4030/6410]

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | | féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5** | geografach náisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2**) |
| Móinéar *Molinia* [6410] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2**) |
| Foraois ghlárach iarmharach [*91E0] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2**) |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | ionracha neamhdhúchasacha | | **8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | |
| Turlaigh [*3180] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4**<br>Screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Lochanna uisce chrua [3140] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|---|
| Lochanna méiseatrófacha (FL4)<br>*Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | Tábhacht Chontae[102] | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Lochanna eotrófacha (FL5)<br>*Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | Tábhacht Chontae[103] | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4**<br>Screamhuisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.5** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Toibreacha cailcreacha (FP1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Seascann *Cladium* [*7210] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Luibh ard hidrifiliúil [6430] | Tábhacht Idirnáisiúnta | (féach cSAC Loch Coirib thuas)<br>Tógáil<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

[102] Ar an mbonn go bhfuil sé ina chuid de choimpléasc an fhéaraigh ag Loch an Dúlaigh
[103] Ar an mbonn go bhfuil sé ina chuid de choimpléasc an fhéaraigh ag Loch an Dúlaigh

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Oibriú<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | | | |
| Seascann alcaileach [7230] | Tábhacht Náisiúnta | Tógáil<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Seascainn chíbe ghiolcaí agus mhóra (FS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Tógáil<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Seascainn lusanna arda (FS2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Aibhneacha creimthe/ardtalún (FW1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Tógáil<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Aibhneacha creimthe/ísealchríche (FW2)<br>Abhainn na Gaillimhe | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá Abhainn na Gaillimhe ina cuid de cSAC Loch Coirib (féach thuas agus NIS) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Abhainn Thír Oileáin | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|---|
| Díoga draenála (FW4) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Riasc (GM1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Féarach tirim cailcreach agus neodrach (GS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féarúla<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Féarach aigéid tirim-taise (GS3<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| Féarach fliuch (GS4)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Seascann agus riasc saibhir (PF1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Seascann agus riasc lag (PF2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | |
| Coillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach mheasctha (WD2) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Coillearnach bhuaircíneach mheasctha (WD3) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Fálta sceach (WL1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Crannteorainneacha | Tábhacht Áitiúil | **Tógáil** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála | Chun scála an chaillteanais | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| (WL2) | (Luach níos Airde) | Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | geografach áitiúil | ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | geografach áitiúil |
| Coillearnach dharach-fhuinseoige-choill (WN2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Scrobarnach (WS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| **Speiceas Fauna** | | | | | |
| Broc | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas láithreán pórúcháin/sosa<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Broic a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.3.1**<br>Bearta chun Broic a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.3.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Madra uisce | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Madraí Uisce a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.7.1.1**<br>Bearta chun Madraí Uisce a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.1.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Speicis mhamach eile atá faoi chosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speicis mhamach eile a chosaint le linn (gan ialtóga a áireamh) na tógála – **Cuid 8.6.7.3.1**<br>Bearta chun speicis mhamach eile a chosaint le linn (gan ialtóga a áireamh) an | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.3.2** | |
| Crú-ialtóg bheag | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas faraí<br>Caillteanas gnáthóg<br>Ilroinnt ghnáthóige<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Básmhaireachta<br>Éifeachtaí bacainne/scartha<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Bearta chun ialtóga a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.2.1**<br>Bearta chun Ialtóga a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.2.2** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Gach speiceas ialtóg eile | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun ialtóga a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.2.1**<br>Bearta chun Ialtóga a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.2.2** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Seilide rinseach réisc | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Seilidí rinseacha réisc a chosaint le linn na tógála - **Cuid 8.6.8.1.1**<br>Bearta chun Seilidí rinseacha réisc a chosaint le linn an oibriúcháin - **Cuid** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | **8.6.8.1.2** | |
| Fritileán réisc | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Fritileáin réisc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.8.2.1** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Speicis éan SCI | Idirnáisiúnta | *féach SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh thuas* | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Scréachóg reilige | Tábhacht Chontae | **Oibriú**<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.1.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Fabhcún gorm | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.9.1.1**<br>Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.1.2** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Gach speiceas éan pórúcháin eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Baol básmhaireachta<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.9.1.1**<br>Bearta chun éin | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Baol básmhaireachta<br>Cur isteach/díláithriú | | phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.1.2** | |
| Gach speiceas éan geimhrithe eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Cur isteach/díláithriú (Loch an Dúlaigh)<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun éin gheimhrithe a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.9.2.1**<br>Bearta chun éin gheimhrithe a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.2.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Earc coiteann<br>Frog coiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Cur isteach & baol básmhaireachta<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun amfaibiaigh a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.10.1**<br>Bearta chun Amfaibiaigh a chosaint le linn an oibriúchán – **Cuid 8.6.10.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Laghairt choiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Cur isteach & baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun reiptílí a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.11.1** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh |
|---|---|---|---|---|---|
| | | **Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | | Bearta chun reiptílí a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.11.2** | |
| Bradán Atlantach<br>Eascann | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speiceas iasc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.12.1** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Gach speiceas iasc eile a taifeadadh | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speiceas iasc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.12.1** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| **Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla** | | | | | |
| Limistéir bithéagsúlachta áitiúla | Tá idir Thábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta ag luach na ngabhdóirí bithéagsúlachta a taifeadadh gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe, ar fud na limistéar bithéagsúlachta áitiúla | Meascáin de na tionchair fhéideartha go léir atá tugtha thuas<br>Baineann na tionchair shonracha le tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíocha aonair ina gcuimsítear an acmhainn bhithéagsúlachta laistigh de limistéar bithéagsúlachta áitiúil ar leith agus tá siad ag brath ar na tionchair fhéideartha sin | Éifeacht shuntasach dhóchúil idir éifeacht áitiúil go dtí scála geografach idirnáisiúnta | Tá na bearta maolaithe go léir áirithe laistigh de **Chuid 8.6**<br>Baineann na bearta maolaithe sonracha le tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíocha aonair ina gcuimsítear an acmhainn | Éifeacht shuntasach dhóchúil idir éifeacht áitiúil go dtí scála geografach idirnáisiúnta<br>Féach **Cuid 8.7.10** chun miondealú de réir limistéir bithéagsúlachta áitiúil |

| **Gabhdóir Éiceolaíoch** | **Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009)** | **Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu** | **Suntasacht an Tionchair Fhéideartha** | **Bearta Maolaithe** | **Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | bhithéagsúlachta laistigh de limistéar bithéagsúlachta áitiúil ar leith agus tá siad ag brath ar na tionchair fhéideartha sin | |

## 8.9 Cúiteamh

Sa chás nach bhfuil tionchair shuntasach iarmharacha ar an mbithéagsúlacht mar thoradh na forbartha bóthair atá beartaithe, in ainneoin na mbeart, tá bearta cúitimh beartaithe chun na tionchair atá tuartha a chúiteamh nó a laghdú[104]. Ní bearta cúitimh iad sin i gcomhthéacs cheanglais Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga toisc nach bhfuil cúiteamh á dhéanamh acu i leith tionchair a mbeadh drochéifeacht aige ar shláine láithreáin Eorpaigh ar bith. Faoi mar a baineadh de thátal sa NIS, ní bheidh tionchar dá leithéid ar láithreán Eorpach ar bith mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe.

Baineann éifeachtaí suntasacha iarmharacha dóchúla na forbartha bóthair atá beartaithe le caillteanas gnáthóg, caillteanas buan féideartha láithreán neide na bhFabhcún gorm, agus tionchair ar na pobail áitiúla ialtóg. Déantar plé ar gach ceann díobh sin thíos maidir le cibé an bhfuil bearta cúitimh indéanta nó nach bhfuil agus an dóigh go n-éireoidh leo maidir le tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe a chúiteamh.

### 8.9.1 Caillteanas gnáthóg

Tá clint agus gríog [*8240] i gcosán aolchloiche, nó cosán scriosta, struchtúr a thacaíonn le saintréith fásra an chineáil ghnáthóige sin. Cruthaítear an bunstruchtúr carraige sin thar na mílte bliain le próisis gheolaíocha agus síonchaithimh agus ní féidir iad a athchruthú go saorga agus go bunúsach is acmhainn ghnáthóige neamh-inathnuaite é. Dá bhrí sin, ní féidir caillteanais gnáthóg cosán Aolchloiche a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a chúiteamh.

Is ionann agus táirge d'idirghníomhú screamhuisce agus na bungheolaíochta na Toibreacha clochraithe [*7220] ina gcruthaítear tobar déanta túfaí a thacaíonn leis an gcluichreán speiceas lena mbaineann chun freagairt don chineál ghnáthóga tosaíochta in Iarscríbhinn I. Níl sé éasca gnéithe den sórt sin a athchruthú go saorga le cinnteacht ar bith agus, mar atá sé le cosán Aolchloiche, is acmhainn ghnáthóige neamh-inathnuaite iad go bunúsach. Dá bhrí sin, ní féidir caillteanas tobar Clochraithe a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a chúiteamh.

Cineál gnáthóige is ea fraochmhá thirim [4010] a chruthaíonn móinte éadoimhne le draenáil bhactha. Is é is cúis leis sin sa taobh thiar den limistéar staidéir, an bhuncharraig agus topagrafaíocht a ardaíonn agus íslíonn go réidh ina gcoimeádtar maoschlár gar don dromchla. Níl sé éasca fraochmhá thirim a athchruthú go saorga le cinnteacht ar bith. Dá bhrí sin, ní féidir caillteanas Fraochmhá thirim a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a chúiteamh.

Cúiteofar limistéir na Foraoise gláraí iarmharaí [*91E0], na Fraochmhá tirime [4030], an fhéaraigh Chailcrigh [6210] agus an Mhóinéir Molinia [6410] a

[104] "Cuireann cúiteamh síos ar bhearta a dhéantar chun éifeachtaí iarmharacha a chúiteamh a mbíonn mar thoradh ar chaillteanas gnéithe éiceolaíocha nó damáiste buan do ghnéithe éiceolaíocha in ainneoin bearta maolaithe" (CIEEM, 2016)

chaillfear mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe. I ngach cás tá limistéar gach cineáil ghnáthóige atá á sholáthar níos mó ná an méid atá á chailleadh. Maidir le Fraochmhá thirim, tá an limistéar gnáthóige atá á sholáthar níos mó ná na caillteanais le chéile a bhaineann leis an gcineál gnáthóige sin agus aon mósáic fraochamhá fliuch/ móinéar *Molinia* (c.4.78ha). Cé nach laghdaíonn sé sin an tionchar iarmharach a bhaineann le caillteanas ghnáthóga na Fraochmhá Fliche, cuirtear san áireamh é chun gnóthachan foriomlán bithéagsúlachta a sholáthar do ghnáthóga talún portaigh i bhfianaise nach féidir Fraochmhá thirim ann féin a chúiteamh go díreach. Tá achoimre déanta air sin thíos i **dTábla 8.40**.

Tá sonraí iomlána maidir leis an bPlean Bainistíochta um Chúiteamh Gnáthóg i ndáil le gach cineál ghnáthóg Iarscríbhinn I, ina measc monatóireacht curtha ar fáil in **Aguisín A.8.26**. Tá na limistéir ina gcruthófar gnáthóga cúitimh léirithe ar **Fhíoracha 8.23.1** go **8.23.14**.

Agus cúiteamh á dhéanamh do chaillteanais na gcineálacha gnáthóige sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach iarmharach mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar scála geografach ar bith, ar Fhoraois ghlárach iarmharach [*91E0], ar Fhraochmhá thirim [4030], ar Fhéarach cailcreach [6210] nó ar Mhóinéar Molinia [6410].

**Tábla 8.40: Achoimre ar Tosaíocht Iarscríbhinn I/caillteanas iarmharach ghnáthóga Iarscríbhinn I i ndiaidh cúitimh**

| Cineál ghnáthóg Iarscríbhinn I | Limistéar buan caillteanais ghnáthóg | Limistéar Cúitimh Gnáthóige a Cruthaíodh | Caillteanas Iarmharach Gnáthóg | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|
| Toibreacha clochraithe [*7220] | Gné thobair chlochraithe amháin | n/b | Gné thobair chlochraithe amháin | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Foraois ghlárach iarmharach [*91E0] | c.0.1ha | c.0.18ha | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Cosán aolchloiche [*8240] | c.0.54ha | n/b | c.0.54ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Fraochmhá fhliuch [4010] | c.2.06ha | n/b | c.2.06ha | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach |

| Cineál ghnáthóg Iarscríbhinn I | Limistéar buan caillteanais ghnáthóg | Limistéar Cúitimh Gnáthóige a Cruthaíodh | Caillteanas Iarmharach Gnáthóg | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|
| | | | | náisiúnta |
| Fraochmhá thirim [4030] | c.1.85ha | c.7.06ha | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Mósáic fraochmhá fhliuch/Fraochmhá thirim/*Molinia* [4010/4030/6410] | c.0.87ha | n/b | c.0.87ha[105] | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |
| Féarach cailcreach [6210] | c.0.7ha | c.7.14ha | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Móinéar *Molinia* [6410] | c.0.28ha | c.0.49ha | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |

Tá roinnt cineálacha gnáthóige lena mbaineann tábhacht áitiúil bithéagsúlachta a chaillfear ar bhonn buan mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe, agus ar dóigh go mbeidh éifeachtaí suntasacha iarmharacha diúltach ann.

- Toibreacha cailcreacha (FP1)
- Féarach aigéid tirim-taise (GS3)
- Seascann agus riasc lag (PF2)
- Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1)
- Fálta sceach (WL1)
- Crannteorainneacha (WL2)

Acu sin, cúiteoidh an plandú atá beartaithe i ndearadh an tírdhreacha caillteanas limistéir na coillearnaí leathanduillí (measctha) (WD1), na bhfálta sceach (WL1) agus na gcrainnteorainneacha (WL2) trí limistéar coibhéiseach, nó limistéar níos mó ná an limistéar atá á chailleadh de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe a sholáthar, mar seo a leanas:

- Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) - > 2.62ha

[105] Meastar gur gnáthóg d’fhraoch fliuch é chun críche an mheasúnaithe tionchair, agus ní féidir an caillteanas a chúiteamh go díreach.

- Fálta sceach (WL1) - > 7.8km
- Crannteorainneacha (WL2) - > 4km

Agus cúiteamh á dhéanamh do chaillteanais na gcineálacha gnáthóige sin, ní dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach iarmharach mar thoradh ar an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar scála geografach ar bith ar choillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) ar fhálta sceach (WL1) agus ar chrainnteorainneacha (WL2).

Mar sin féin, is dóigh go mbeidh éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe, ar an scála geografach áitiúil, mar thoradh ar chaillteanas buan ghnéithe na dtoibreacha Cailcreacha (FP1), c.7.81ha d'Fhéarach aigéid tirim-taise (GS3) agus c.0.13ha de ghnáthóg seascainn agus réisc laig (PF2).

### 8.9.2 Ialtóga

#### 8.9.2.1 Cúiteamh le haghaidh caillteanas faraí ialtóg

Déanfar caillteanas na bhfaraí níos "suntasaí" (e.g. faraí máithreachais nó faraí a úsáideann Crú-ialtóga) a chúiteamh trí struchtúir athsholáthair a thógáil (faraí saorga) i suíomhanna gar don fhara bunaidh.

Baineann dhá chuspóir leis na faraí saorga. Ar an gcéad dul síos, lena chinntiú nach mbeidh glanchaillteanas deiseanna ar an bhfara do na hialtóga faoina bhfuil sé dearbhaithe go bhfuil siad ar an bhfara laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe. Ar an dara dul síos, aithníodh go mbeidh méadú dosheachanta ar na rátaí básmhaireachta i ngeall ar imbhuailtí ar bhóithre faoi mar a thugtar le tuiscint le fianaise eolaíoch (féach **Cuid 8.5.6.2.2**). Mar sin is é dara feidhm na bhfaraí athsholáthair dálaí feabhsaithe a chruthú d'ialtóga chun pórú agus chun an méadú dóchúil ar bhásmhaireacht a chúiteamh.

Tá ceithre struchtúr fara shaorga beartaithe faoi mar atá leagtha amach thíos. Cloífidh sonraíochtaí mionsonraithe na bhfaraí saorga sin le moltaí éiceolaí ialtóg ag a bhfuil taithí agus déanfar tuilleadh comhairliúcháin le hIontaobhas Fiadhúlra Uinsinn lena chinntiú go gcuirfear na heispéiris sna teicnící sin san áireamh.

Beidh gá ann le struchtúir faraí saorga a sciathadh ó éifeachtaí cur isteach tógála trí bhíthin balla clár soladach nó sciatháin caschoille agus crios maolánach cuí thart ar an bhfara. Braithfidh tosca an phlandaithe ar an topagrafaíocht áitiúil agus an tírdhreach mórthimpeall agus cinnfidh an t-éiceolaí ialtóg é de réir cáis.

Ba cheart a thabhairt faoi deara gur cuireadh san áireamh sa straitéis um maolú a chinntiú gur éascaíodh pasáiste faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcomharsanacht na bhfaraí trí thóchair a chur faoin bhforbairt bóthair atá beartaithe i suíomhanna chomh gar do na faraí agus is féidir, mar atá le féiceáil thuas i **gCuid 8.6.7.2**.

***Fara máithreachais/geimhriúcháin atá beartaithe ag Achadh an Churraigh do Chrú-ialtóga agus ialtóga fadchluasacha Donna.***

Lonnófar an fara athsholáthair atá beartaithe gar do struchtúr fara Achadh an Churraigh atá ann (PBR178).

Déanfar an fara atá beartaithe laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe a sciathadh le fálú caschoille nó sciatha leathsholadacha comhchosúla c.2m ar airde don chéim tógála agus cuirfear plandú thart air a luaithe is a bheidh an fara tógtha chun sciathadh fadtéarmach a chur ar fáil le linn oibriú na forbartha bóthair atá beartaithe. Féadfar speicis ornáideacha neamhdhúchasacha a úsáid chun sciathadh a sholáthar sa chás sin toisc go dtagann sé leis an timpeallacht fo-uirbeach.

Cuirfear treoir Iontaobhas Fiadhúlra Uinsinn (VWT) san áireamh[106] i ndearadh an fhara agus cloífear leis na paraiméadair deartha seo a leanas:


- Glacfar an teimpléad don dearadh ón bhfara ag Gairealán, Co. na Gaillimhe a tógadh le haghaidh forbairt bóthair an N18, Órán Mór go Bóthar an Ghoirt agus tá sé léirithe gur oibrigh sé sin go maith ó cuireadh i gcrích é in 2011
- Struchtúr aon stóir le treoshuíomh thiar theas don ghnóthachan is mó gréine a fháil ar an díon claonta
- Suíomh mar atá sé leagtha amach i **bPláta 8.5** thíos i gcúinne an ghairdín a cheannófar
- Struchtúr blocbhalla rindreáilte le díon sclátaí nádúrtha. Is féidir na ballaí seachtracha a fheistiú le cloch gharbh nó ábhar atá deartha chun nach mbeidh drochthionchar amhairc ag baint leis
- Beidh lorg c.10m x 8m ag an bhfoirgneamh le díon claonta géar sclátaí, landairí san urlár talún agus spás dín agus urlár áiléir ar a mbeidh haistí oscailte curtha síos do rochtain d’ialtóga
- Suiteálfar landairí sraithadhmaid laistigh d’fholúis an dín chun “boscaí hata” ialtóg agus spásanna ar an bhfara ar leith a chruthú do na speicis éagsúla le go mbeifear ábalta freastal ar na hialtóga fadchluasacha donna san fhoirgneamh céanna
- Ní mór don taobh istigh den díon a bheith líneáilte le feilt bhiotúmanach BS747. Feisteofar adhmad garbh ar na síleálacha uile ar an urlár talún
- Beidh an pointe iontrála d’ialtóga ar an taobh thiar amach ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus gar don fhásra ar an imeall thoir a choimeádfar agus a fheabhsófar. Beidh an pointe iontrála thart ar 500mm x 300mm le barraí 125mm óna chéile agus fleascadh luaidhe le cur thar leac na fuinneoige faoin haiste chun iontráil creachadóirí a chosc
- Áireofar sa chúinne thuaidh seomra geimhriúcháin ar leibhéal na talún a bheidh líneáilte le bloic choncréite agus a bheidh inslithe chun dálaí oiriúnacha a chur ar fáil do gheimhriúcháin. Beidh landairí sraithadhmaid crochta ón tsíleáil chun paistí foscúla a chur ar fáil ag leibhéal na síleála. Coimeádfaidh urlár talún taise agus beidh an taobh istigh de chuid den ghháitéarlach píobaithe chun umar roghnach líonta le huisce a chruthú feadh bhalla amháin ionas go mbeifear ábalta leibhéil taise a oiriúnú más gá

[106] Iontaobhas Fiadhúlra Uinsinn (2015) *Lesser Horseshoe Bat: Conservation Handbook.*

- Ní theastaíonn seirbhísí uisce nó leictreachais ar bith
- Beidh an rochtain le haghaidh suirbhéirí trí dhoras ar an taobh theas. Beidh ialtóga ábalta eitilt thart ar urlár na talún trí haiste oscailte in urlár an áiléir gar don phointe iontrála

Tá an suíomh atá beartaithe (laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe) gar d'fhásra atá ina chlúdach tábhachtach d'ialtóga ag dul isteach agus ag teacht amach. Tá plandú breise beartaithe chun an fara a nascadh leis an imeall agus le gnéithe ceangail sa tírdhreach i gcoitinne.

**Pláta 8.5: Suíomh beartaithe struchtúr fara shaorga Achadh an Churraigh (ní de réir scála)**




### *Fara malartach Chaisleán Mhionlaigh – Fara máithreachais/geimhriúcháin Crú-ialtóg*


Ní athsholáthraíonn an fara seo caillteanas faoi leith ar bith d'fharaí agus tá sé ina chuid ríthábhachtach de na bearta cúitimh ialtóg. Cuideoidh sé le méadú a dhéanamh ar an earcaíocht i bpobal áitiúil na gCrú-ialtóg chun méaduithe ar bith ar bhásmhaireacht mar thoradh ar thionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe a chúiteamh. Is dóigh go bhfuil an fara reatha i simléar an chaisleán (PBR06) neamhchobhsaí, neamhleor agus i mbaol go gcaillfear é má thagann tuilleadh drochbhaile ar an gcaisleán. Bheadh dearadh fhara nua Chaisleán Mhionlaigh níos fearr agus bheadh sé mar aidhm leis rátaí breitheanna nádúrtha a mhéadú agus ar an gcaoi sin tionchair dhiúltacha ar bith de chuid na forbartha bóthair atá beartaithe a chealú nó a iompú. Tá an suíomh roghnaithe i bpáirc soir ón gcaisleán.

Cuireadh treoir Iontaobhas Fiadhúlra Uinsinn (VWT) san áireamh i ndearadh an fhara agus i ndiaidh comhairliúcháin leis an Dr Kate McAney agus Ruth Hanniffy (VWT) agus cloífear leis na paraiméadair deartha seo a leanas:

- Glacfar an teimpléad don dearadh ón bhfara ag Gairealán, Co. na Gaillimhe a tógadh le haghaidh forbairt bóthair an N18, Órán Mór go Bóthar an Ghoirt agus tá sé léirithe gur oibrigh sé sin go maith ó cuireadh i gcrích é in 2011
- Struchtúr aon stóir le treoshuíomh theas don ghnóthachan is mó gréine a fháil ar an díon claonta
- Suíomh mar atá sé leagtha amach i **bPláta 8.6** thíos i gcúinne thiar thuaidh na páirce gar do Chaisleán Mhionlaigh (PBR06)
- Struchtúr blocbhalla rindreáilte le díon sclátaí nádúrtha. Is féidir na ballaí seachtracha a fheistiú le cloch gharbh nó ábhar atá deartha chun nach mbeidh drochthionchar amhairc ag baint leis. Is féidir le plandú breise thart ar imeall an fhoirgnimh é a chur ó radharc chomh maith
- Beidh lorg c.10m x 8m ag an bhfoirgneamh le díon claonta géar sclátaí, landairí san urlár talún agus spás dín agus urlár áiléir ar a mbeidh haistí oscailte curtha síos do rochtain d'ialtóga. Feisteofar adhmad garbh ar na síleálacha uile ar an urlár talún
- Suiteálfar landairí sraithadhmaid laistigh d'fholúis an dín chun "boscaí hata" ialtóg agus spásanna ar an bhfara ar leith a chruthú do na speicis éagsúla le go mbeifear ábalta freastal ar faraí speiceas ialtóg eile san fhoirgneamh céanna
- tógfar 4 bhosca ialtóg Kent ar bhinn an struchtúir chun deiseanna ar an bhfara a chur ar fáil do na speicis ialtóg Daubenton agus Freascrach. Féach http://www.bats.org.uk/publications_download.php/938/Kent_Bat_Box_Jul2013_copy.pdf
- Ní mór don taobh istigh den díon a bheith líneáilte le feilt bhiotúmanach BS747 nó feilt bhiotúmanach choibhéiseach
- Beidh an pointe iontrála do hialtóga ar thaobhanna an bhinn thiar amach ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus gar don fhásra ar an imeall thoir a choimeádfar agus a fheabhsófar. Beidh an pointe iontrála thart ar 500mm x 300mm le barraí 125mm óna chéile agus fleascadh luaidhe le cur thar leac na fuinneoige faoin haiste chun iontráil creachadóirí a chosc
- Áireofar sa chúinne thuaidh seomra geimhriúcháin ar leibhéal na talún a bheidh líneáilte le bloic choncréite agus a bheidh inslithe chun dálaí oiriúnacha a chur ar fáil do gheimhriúcháin. Beidh landairí sraithadhmaid crochta ón tsíleáil chun paistí foscúla a chur ar fáil ag leibhéal na síleála. Coimeádfaidh urlár talún taise agus beidh an taobh istigh de chuid den ghháitéarlach píobaithe chun umar roghnach líonta le huisce a chruthú feadh bhalla amháin ionas go mbeifear ábalta leibhéil taise a oiriúnú más gá
- Ní theastaíonn seirbhísí uisce ná leictreachais ar bith
- Beidh an rochtain le haghaidh suirbhéirí trí dhoras ar an taobh theas. Beidh ialtóga ábalta eitilt thart ar urlár na talún trí haiste oscailte in urlár an áiléir gar don phointe iontrála

- Tá an suíomh atá beartaithe laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe gar d'fhásra atá ina chlúdach tábhachtach d'ialtóga ag dul isteach agus ag teacht amach. Tá plandú breise beartaithe chun an fara a nascadh leis an imeall agus le gnéithe ceangail sa tírdhreach i gcoitinne

**Pláta 8.6: Suíomh beartaithe struchtúr fara shaorga Chaisleán Mhionlaigh**





***Fara Oíche Athsholáthair Coille i Mionlach do Chrú-ialtóga, ialtóga freascracha Sopránacha agus ialtóga fadchluasacha Donna***

Athsholáthróidh sé sin fara oíche do Chrú-ialtóga (PBR219), agus athsholáthróidh sé faraí d'ialtóga feascracha Sopránacha (PBR179) agus d'ialtóga fadchluasacha Donna (PBR179). Beidh sé lonnaithe gar d'imeall theorainn na forbartha atá beartaithe siar ón mBóthar Nua agus struchtúr de chineál botháin adhmaid shimplí a beidh ann (1m ar leithead, 2.5m ar airde, 2m ar doimhneacht). Beidh an lorg i bhfad níos lú ná an limistéar atá léirithe thíos i **bPláta 8.7**. Áirítear ar pharaiméadair an deartha:

- Díon claon géar sclátaí ag tabhairt aghaidh ar an taobh thoir theas
- "Síleáil" sraithadhmaid le haiste oscailte rochtana 300mm x 300mm d'ialtóga
- Rochtain d'ialtóga trí bhearna thar dhoras rochtana 500mm x 500mm
- Cosc ar rochtain d'éin trí sciath sraithadhmaid 1m a shuiteáil ar chúl na bearna rochtana
- Díon línéáilte le feilt bhiotúmanach BS747

**Pláta 8.7: Suíomh beartaithe struchtúr fara oíche shaorga Choill Mhionlaigh**




***Fara Oíche/Lae Bhaile an Dúlaigh d'ialtóga fadchluasacha Donna agus ialtóga Feascracha agus fara oíche/lae/geimhriúchain do Chrú-ialtóga.***

Athsholáthróidh an fara sin fara lae/oíche Crú-ialtóg ar Bóthar Áth Cinn an N84 (PBR agus chun faraí d'ialtóga Feascracha agus ialtóga fadchluasacha Donna a athsholáthar (PBR204, PBR182, PBR196). Beidh an struchtúr sin ina bhlocfhoirgneamh beag (e.g. lorg 6m x 8m) le díon nádúrtha sclátaí agus roinnt gnéithe seachtrach e.g. boscaí ialtóg Kent lena n-úsáid ag speicis ialtóg eile.

Áirítear ar pharaiméadair an deartha:


- Struchtúr aon stóir le treoshuíomh thiar theas don ghnóthachan is mó gréine a fháil
- Suíomh mar atá sé leagtha amach i **bPláta 8.8** teoranta leis an bhfásra le haghaidh ceangail mhaithe le sealgaireacht agus foscadh
- Is féidir struchtúr blocbhalla rindreáilte le díon sclátaí nádúrtha a fheistiú agus a dhearadh ionas nach mbeidh drochthionchar amhairc ag baint leis
- Bheadh lorg thart 6m x 8m ag an bhfoirgneamh le díon claonta géar sclátaí, landair bhalla san urlár talún agus spás dín agus urlár dín agus áiléar ar a mbeidh haiste oscailte curtha síos do rochtain d'ialtóga[107]

---

[107] Iontaobhas Fiadhúlra Uinsinn (2015) *Lesser Horseshoe Bat: Conservation Handbook.*

- B’fhéidir go suiteálfar landairí sraithadhmaid laistigh d’fholúis an dín chun “boscaí hata” ialtóg agus spásanna ar an bhfara ar leith a chruthú do na speicis éagsúla
- Ní mór don taobh istigh den díon a bheith líneáilte le feilt bhiotúmanach BS747
- Beidh na pointí iontrála do hialtóga ar an taobh thoir amach ón bhforbairt bóthair atá beartaithe agus gar don fhásra ó thuaidh a choimeádfar agus a fheabhsófar
- Áireofar sa chúinne thuaidh seomra geimhriúcháin ar leibhéal na talún a bheidh líneáilte le bloic choncréite agus a bheidh inslithe chun dálaí oiriúnacha a chur ar fáil do gheimhriúcháin. Beidh landairí sraithadhmaid crochta ón tsíleáil chun paistí foscúla a chur ar fáil ag leibhéal na síleála. Coimeádfaidh urlár talún taise agus beidh an taobh istigh de chuid den ghháitéarlach píobaithe chun umar roghnach líonta le huisce a chruthú feadh balla amháin ionas go mbeifear ábalta leibhéil taise a oiriúnú más gá
- Ní theastaíonn seirbhísí uisce nó leictreachais ar bith
- Beidh an rochtain le haghaidh suirbhéirí trí dhoras ar an taobh theas


**Pláta 8.8: Suíomh beartaithe na roghanna le haghaidh struchtúr fara oíche shaorga Bhaile an Dúlaigh**



### *An Sruchtúr Reatha a Athfheistiú*

Ag Ch. 12+960 tá angaráiste scoite athchóirithe (gar do PBR183) ó dheas ón bhforbairt bóthair atá beartaithe le coimeád agus le hathchóiriú lena úsáid ag roinnt speiceas lena n-áirítear ialtóga fadcluasacha Donna agus Crú-ialtóga. Tá an foirgneamh sin i suíomh a mbaineann tábhacht straitéiseach leis mar go nascfaidh sé leis an bplandú líneach ar thaobh theas na forbartha bóthair atá beartaithe agus níl sé ach c.250m ón uasbhealach fiadhúlra atá beartaithe sa Chaisleán Gearr agus laistigh de chonair éiceolaíoch áitiúil ag dul isteach i bPluais an Chúipéara, láithreán geimhriúcháin agus cúpláia cruthaithe do Chrú-ialtóga. Déanfar athruithe beaga taobh istigh agus taobh amuigh den struchtúr seo chun limistéir the a sholáthar sa díon le haghaidh fara agus pórú i rith an tsamhraidh agus dálaí fuara freisin i gcomhair geimhriúcháin. Taispeántar an suíomh seo ar **Phláta 8.9** thíos:

**Pláta 8.9: Fara athfheistithe gar do PBR183, an Caisleán Gearr**




### *Boscaí Ialtóg*

Más féidir lonnófar boscaí ialtóg gar do na faraí a chaillfear ach ní díreach in aice leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe i gcás go bhfuil an baol is airde imbhuailtí ann.

Tógfaidh saineolaí ialtóg na boscaí ialtóg, nó beidh siad faoi mhaoirseacht saineolaí ialtóg.

Díreofar na boscaí hataí sin ar ialtóga Feascracha, ialtóga feascaracha Sopránacha agus ialtóga fadchluasacha Donna agus cuimseoidh siad boscaí hata Chineál

Schwegler 1FF agus 2FN (nó a gcoibhéis) toisc gur léiríodh gur éirigh leo sin maidir leis na speicis sin in Éirinn[108]. Trí bhoscaí a fheistiú ar chuaillí gar d'imeall na gceannbhrat crainn beifear ábalta na boscaí a choinneáil ar feadh tréimhse fhada, seachas boscaí a fheistiú ar chrainn bheaga a bhfuil a bhfad saoil teoranta.

Suiteálfar bosca roicéid (mar atá léirithe in Aguisín **A.8.25** - féach Líníocht GCOB-3000-D-002 in Aguisín F den iarratas ar cheadúnas maolaithe ialtóg) ag Ch. 3+320 gar don fhara ag PBR241, seachas bosca ialtóg feistithe don fhoirgneamh féin, ionas nach mbainfear óna luach oidhreachta cultúrtha.

- Ch. 3+320: Bosca roicéid le tógáil siar ó fhoirgneamh PBR241
- Ch. 10+050: 5 bhosca le tógáil feadh imeall an cheannbhrait chrainn gar don íosbhealach
- Ch. 11+400: 5 bhosca le tógáil ar an mbóthar isteach go Cairéal Leacaigh
- Ch. 15+100: 5 bhosca ialtóg le tógáil ó dheas de Ráschúrsa na Gaillimhe

I gcás boscaí ialtóg a sholáthrófar chun faraí crann ialtóg atá le leagan a athsholáthar, beidh na boscaí ina mboscaí ialtóg 1F chineál Schwegler (nó a gcoibhéis) a thógfar ar chrainn nó struchtúir oiriúnacha a bheidh coimeádta laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe i gcomharsanacht an chrainn a chaillfear más féidir. Cinnfidh an speisialtóir ialtóg cineál agus suíomh boscaí ialtóg ar bith a theastóidh ag an am sin ach sainaithníodh réamh-limistéir le haghaidh boscaí ialtóg i limistéir choillearnaí thart ar Mhionlach, Cúil Each, ar struchtúir choimeádta agus na ballaí cairéil ag Cairéal Leacaigh agus i limistéir gar do linnte maolúcháin agus insíothlúcháin.

Caithfear na faraí nua, struchtúir athfheistithe agus beidh boscaí ialtóg a thógáil sula dtosófar ag glanadh na láithreán le go mbeidh na faraí athsholáthar ar fáil d'ialtóga agus go bhfuil seans réasúnta ann go dtiocfaidh siad orthu sula gcaillfear an fara atá ann. Is féidir boscaí a thógáil am ar bith den bhliain agus chomh luath agus is féidir más féidir chomh luath agus a bheidh an toiliú riachtanach i bhfeidhm don fhorbairt bóthair atá beartaithe.

***Cosaint faraí saorga atá beartaithe le linn na n-oibreacha tógála***

- Déanfar faraí agus boscaí ialtóg nuachruthaithe laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe a chosaint ó éifeachtaí díobhálacha an torainn agus an tsoilsithe le linn na céime tógála toisc go bhfuil sé ina ghné riachtanach sa straitéis um maolú go mbeidh ialtóga ábalta dul isteach iontu agus iad a úsáid le linn an ama sin
- Beidh painéil adhmaid ar airde lena dtugtar scáthú agus foscadh do na príomhghnéithe rochtana faraí thart ar na faraí saorga atá ann agus na faraí atá beartaithe atá coimeádta laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe
- Áireofar speicis scrobarnaí a fhásann go gasta nó saileach a fhásann go gasta má bhíonn na dálaí talún oiriúnach le plandú thart ar na faraí reatha agus

[108] McAney K. agus Hanniffy, R. (2015) *The Vincent Wildlife Trust's Irish Bat Box Schemes* http://www.mammals-in-ireland.ie/wp-content/uploads/2015/11/Ireland-Bat-Box-Project-Report-WEB.pdf

beartaithe. Beidh sé mar aidhm leis an bplandú ialtóga a threorú amach ón gcrios tógála oscailte i dtreo gnéithe líneach. B'fhéidir go mbeadh úsáid as speiceas neamhdhúchasach oiriúnach i roinnt suíomhanna sa chás go mbeadh sé tábhachtach fásra a bhunú go tapa

- Beidh na struchtúir ar fad glasáilte agus ní úsáidfear iad chun críocha ar bith eile mar stóráil ábhair nó mar fhoscadh.
- Beidh cothabháil na bhfaraí atá ann agus na bhfaraí atá beartaithe atá coimeádta laistigh de theorainn na forbartha atá beartaithe, i mbail ina mbeidh ialtóga ábalta dul isteach iontu agus iad a úsáid, á dhéanamh ag an gConraitheoir go dtí go mbeidh an fhorbairt bóthair atá beartaithe críochnaithe agus glacfaidh an t-údarás áitiúil ceannas orthu ansin. Áireofar ar an gcothabháil deiseanna caighdeánacha foirgnimh thar am agus freagairt a thabhairt ar thorthaí mhonatóireacht na bhfaraí (e.g. an taise a mhéadú nó a laghdú)

### 8.9.2.2 Cúiteamh le haghaidh caillteanas gnáthóg sealgaireachta

Bainfear thart ar 7ha de ghnáthóg coillearnaí-féaraigh-fálta sceach-scrobarnaí ón limistéar idir Abhainn na Gaillimhe agus an Bóthar Nua i Mionlach. Baineann pobal na gCrú-ialtóg úsáid as an ngnáthóg sin agus dá bhrí sin tá an baol ann go laghdófar an rath pórúcháin mura gcuirtear plandú athsholáthair ar fáil.

Sainaithníodh limistéar talún atá laistigh de phríomhlimistéar sealgaireachta aitheanta fhara Chaisleán Mhionlaigh (PBR06) ach ní gnáthóg bheathaithe optamach í. Tá sé cuimsithe de pháirceanna oscailte de mhéideanna éagsúla a úsáidtear d'fhéarach eallaí íseal-dlúis. Méadófar sa limistéar sin agus soláthrófar mothair choill, sceiche ghil, chuilinn agus dharach i gcúpla ceann de na páirceanna chun paistí gnáthóg adhmaid agus féaraigh a chruthú. Leanfar le féarach ar na tailte toisc gur léiríodh gur fearr sealgaireacht ar thalamh innilte ná ar thalamh neamhinnilte (Downes et al, 2016). Beidh an nascacht leis na limistéir shealgaireachta daingnithe chomh maith trí na stráicí plandaithe atá beartaithe a cheangal do na fálta sceach agus na himill choillearnaí.

Cuirfidh plandú na bhfálta sceach nua i bpáirceanna idir an fhorbairt bóthair atá beartaithe agus Caisleán Mhionlaigh feabhas ar acmhainní sealgaireachta an phríomhlimistéir shealgaireachta.Áireofar ar an bplandú sin fálta sceach dúchasacha nádúrtha a bheidh plandaithe trasna na bpáirceanna atá ann chun na faid fálta sceach gar don fhara nua atá beartaithe do Chrú-ialtóg a mhéadú (féach **Cuid 8.6.7.2**). Beifear ag innilt fós ar na páirceanna agus is féidir na fálta sceach a chur le geataí na bpáirceanna de réir mar a theastaíonn ar an gcoinníoll go gcoinnítear na bearnaí chomh beag agus is féidir.

Is ionann an limistéar d'fheabhsú gnáthóg chun an caillteanas de ghnáthóg oiriúnach ialtóg de bharr na forbartha bóthair atá beartaithe a chúiteamh agus c. 8ha. (féach ar **fíor 8.24.7**).

#### 8.9.2.3 An Clár Monatóireacht atá Beartaithe

Baineann an clár monatóireachta a bhfuil cur síos déanta air i **gCuid 8.6.7.2.3** freisin leis na bearta cúitimh le haghaidh ialtóg a bhfuil cur síos déanta orthu sa chuid seo.

### 8.9.3 Fabhcún Gorm

Cé go bhféadfadh na láithreáin neide saorga do na Fabhcúin ghorma a bheith rathúil, agus gur cruthaíodh go bhfuil siad rathúil, teastaíonn éadan aille oiriúnach d'airde dhóthanach ag an láithreán neide atá beartaithe ina leith. Mar sin féin, ní chinntítear trí na láithreáin neide sin a chur ar fáil, go n-úsáidfidh péire na bhFabhchún gorm iad má dhíláithreofar iad nó go n-áiteoidh péire pórúcháin eile iad amach anseo; go háirithe nuair is cosúil go mbeadh siad scoite cúpla ciliméadar ar a laghad ón láithreán atá ann, mar gheall ar thopagrafaíocht na talún mórthimpeall agus ar chineál agus airde na struchtúr tógála in aice láimhe. Dá bhrí sin, ní féidir caillteanas féideartha láithreán neide na bhFabhcún gorm a bhaineann leis an bhforbairt bóthair atá beartaithe a chúiteamh.

## 8.10 Achoimre

Is dóigh go mbeadh na héifeachtaí suntasacha iarmharacha seo a leanas ag an bhforbairt bóthair atá beartaithe ar an mbithéagsúlacht, in ainneoin chur chun feidhme na mbeart maolaithe agus cúitimh atá beartaithe.

- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil, ar an scála geografach idirnáisiúnta, le haghaidh caillteanas buan c.0.54ha de chosán Aolchloiche ghnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I [*8240]
- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil, ar an scála geografach náisiúnta, le haghaidh caillteanas buan c.2.93ha d'Fhraochmhá thirim ghnáthóg tosaíochta Iarscríbhinn I [4010] [109]
- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil, ar an scála geografach náisiúnta, le haghaidh caillteanas buan gné tobair Chlochraithe [*7220] ag Cairéal Leacaigh
- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil, ar an scála geografach náisiúnta, le haghaidh caillteanas féideartha buan láithreáin neide ag Cairéal Leacaigh
- Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil, ar gach speiceas ialtóg mar gheall ar láithreacht na forbartha bóthair atá beartaithe laistigh de na limistéir shealgaireachta
- Éifeacht shuntasach dhiúltach iarmharach, ar an scála geografach áitiúil, le haghaidh chaillteanas buan 15 thobar chailcreacha (FP1) ag Cairéal Leacaigh, c.7.81ha d'Fhéarach aigéid tirim-taise (GS3) agus c.0.13ha de Ghnáthóg seascainn agus réisc laig (PF2)

[109] Faoi mar a sonraíodh i **dTábla 8.40**, cuimsíonn sé sin c.2.13ha de ghnáthóg ina bhfuil Fraochmhá thirim den chuid is mo agus c.0.82ha breise de mhósáic ghnáthóige in bhfuil Fraochmhá fhliuch.

Beidh tionchar ag na tionchair iarmharacha suntasacha seo ar na limistéir bithéagsúlachta áitiúla seo a leanas freisin:

- Limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhóthar an Chósta (R336) go N59 Bóthar Mhaigh Cuilinn

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach náisiúnta de bharr caillteanas ghnáthóg Fraochmhá fhliuch [4010].

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil de bharr caillteanas fhéarach aigéid tirim-taise (GS3) agus Seascann agus riasc lag (PF2) mar aon le tionchair ar speicis ialtóg atá anseo.

- Limistéar bithéagsúlachta áitiúil Abhainn na Gaillimhe agus Lochanna Chúil Each

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil de bharr na dtionchar ar speicis ialtóg atá anseo.

- An limistéar bithéagsúlachta áitiúil ó Mhionlach go Cnoc Chúil Each

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach idirnáisiúnta de bharr gnáthóg cosáin aolchloiche [*8240] a chailleadh.

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach contae de bharr Fuaráin chlochraithe [*7220] a chailleadh agus tionchar ar an bhFabhcún gorm

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil de bharr Fuaráin chailcreacha (FP1) a chailleadh mar aon le tionchair ar speicis ialtóg atá anseo.

- Limistéar bithéagsúlachta áitiúil Bhaile an Dúlaigh – An Caisleán Gearr

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil de bharr na dtionchar ar speicis ialtóg atá anseo.

- Limistéir bithéagsúlachta áitiúil Dhabhach Uisce

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach idirnáisiúnta de bharr gnáthóg cosáin aolchloiche [*8240] a chailleadh.

  Tionchar iarmharach ar an scála geografach áitiúil de bharr na dtionchar ar speicis ialtóg atá anseo.

Cé nach féidir na tionchair iarmharacha suntasacha a bhaineann le caillteanas an chosáin aolchloiche agus na gnáthóige d'fhraoch fliuch a chúiteamh go díreach, cruthófar limistéir de ghnáthóga gaolmhara chun gnóthú bithéagsúlachta foriomlán a chruthú le haghaidh gnáthóg tailte portaigh agus aolchloiche gaolmhar go háitiúil. Is é an limistéar de ghnáthóg fraoch tirim atá á sholáthar ná c.7.06ha atá níos mó ná caillteanais uile na ngnáthóg portaigh (c.4.78ha). Is é an limistéar de ghnáthóg féaraigh chailcreach atá á sholáthar ná c.7.14ha atá níos mó ná caillteanais uile na ngnáthóg cosán aolchloiche agus féaraigh chailcreach le chéile (c.1.24ha).

I **dTábla 8.41** tugtar achoimre fhoriomlán ar na gabhdóirí éiceolaíoch, a luacháil agus a dtionchair fhéideartha. Léirítear ann na bearta maolaithe atá beartaithe maidir leis na tionchair fhéideartha sin, na tionchair iarmharacha, bearta cúitimh atá beartaithe más infheidhme agus suntasacht fhoriomlán an tionchair iarmharaigh i ndiaidh an chúitimh.

**Tábla 8.41: Achoimre ar Éifeachtaí Suntasacha Iamharacha Dóchúla na Forbartha Bóthair atá Beartaithe ar an mBithéagsúlacht (i ndiaidh an chúitimh)**

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh | Cúiteamh | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Limistéir atá Ainmnithe le haghaidh Chaomhnú an Dúlra** | | | | | | | |
| cSAC Loch Coirib<br>(lena n-áirítear pNHA Loch Coirib) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – tollánú/tochailt<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Baol básmhaireachta<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| cSAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe<br>(lena n-áirítear pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| SPA Loch Coirib<br>(lena n-áirítear pNHA Loch Coirib) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| SPA Chuan na Gaillimhe Istigh<br>lena n-áirítear pNHA Choimpléasc Chuan na Gaillimhe) | Idirnáisiúnta<br>(Náisiúnta) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>Cur isteach/díláithriú<br>Oibriú<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| NHA Phortaigh Mhaigh Cuilinn | Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh | Cúiteamh | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | **Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | | **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5**<br>Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | | | |
| **Gnáthóga (lasmuigh de na limistéir atá ainmnithe le haghaidh chaomhnú an dúlra)** | | | | | | | |
| Cosán aolchloiche [*8240] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Uimh. | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta |
| Toibreacha clochraithe [*7220] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae<br>(féach Cuid 8.5.4.3 faoi thoibreacha clochraithe) | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach contae<br>(féach **Cuid 8.7.2**) | Uimh. | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Féarach cailcreach [*6210/6210] | Tábhacht Náisiúnta/Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(Uimh. *6210 atá buailte – féach Cuid 8.5.4.3 faoi Fhéarach cailcreach) | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(féach C**uid 8.7.2**) | Beidh, féach **Cuid 8.9** agus **Aguisín A.8.26** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Fraochmhá thirim [4030] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2**) | Beidh, féach **Cuid 8.9** agus **Aguisín A.8.26** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Fraochmhá fhliuch [4010][110] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>**Oibriú** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Screamhuisce le linn na tógála | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2**) | Uimh. | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta |

[110] Lena n-áirítear limistéir de Mhósáic fraochmhá fliche/tirime/Móinéar *Molinia*[4010/4030/6410]

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh | Cúiteamh | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | | agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5** | | | |
| Móinéar *Molinia* [6410] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - C**uid 8.6.3**<br>Screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2**) | Beidh, féach **Cuid 8.9** agus **Aguisín A.8.26** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Foraois ghlárach iarmharach [*91E0] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta<br>(féach **Cuid 8.7.2)** | Beidh, féach **Cuid 8.9** agus Aguisín **A.8.26** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Turlaigh [*3180] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála **- Cuid 8.6.3**<br>Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4**<br>Screamhuisce le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.5**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Lochanna uisce chrua [3140] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Lochanna méiseatrófacha (FL4)<br>*Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | Tábhacht Chontae[111] | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Lochanna eotrófacha (FL5) | Tábhacht Chontae[112] | **Tógáil** | Éifeacht shuntasach | Cáilíocht an uisce le linn na | Ní bheidh éifeacht | | |

[111] Ar an mbonn go bhfuil sé ina chuid de choimpléasc an fhéaraigh ag Loch an Dúlaigh
[112] Ar an mbonn go bhfuil sé ina chuid de choimpléasc an fhéaraigh ag Loch an Dúlaigh

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh | Cúiteamh | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| *Cuid de choimpléasc Bhaile an Dúlaigh* | | Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | dhóchúil ar an scála geografach contae | tógála – **Cuid 8.6.4**<br>Screamhuisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.5** | shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Toibreacha cailcreacha (FP1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Uimh. | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Seascann *Cladium* [*7210] | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Luibh ard hidrifiliúil [6430] | Tábhacht Idirnáisiúnta | (féach cSAC Loch Coirib thuas)<br>**Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht<br>Díghrádú gnáthóg – hidreolaíocht<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – hidrigeolaíocht | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Seascann alcaileach [7230] | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Seascainn chíbe ghiolcaí agus mhóra (FS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Seascainn lusanna arda (FS2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Aibhneacha creimthe/ardtalún (FW1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Aibhneacha creimthe/ísealchríche (FW2)<br>Abhainn na Gaillimhe | Tábhacht Idirnáisiúnta | Tá Abhainn na Gaillimhe ina cuid de cSAC Loch Coirib (féach thuas agus NIS) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Abhainn Thír Oileáin | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Díoga draenála (FW4) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Riasc (GM1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Féarach tirim cailcreach agus neodrach | Tábhacht Áitiúil (Luach níos | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht | | |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh | Cúiteamh | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| (GS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Airde) | | shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | | shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Móinéir thirime agus ciumhaiseanna féarúla (GS2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Féarach aigéid tirim-taise (GS3<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Uimh. | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Féarach fliuch (GS4)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Seascann agus riasc saibhir (PF1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Cáilíocht an uisce le linn na tógála – **Cuid 8.6.4**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Seascann agus riasc lag (PF2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Uimh. | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Coillearnach leathanduilleach (measctha) (WD1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Beidh, féach **Cuid 8.9** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Coillearnach leathanduilleach/bhuaircíneach mheasctha (WD2) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Coillearnach bhuaircíneach mheasctha (WD3) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Fálta sceach (WL1) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos | **Tógáil** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála | Beidh, féach | Ní bheidh éifeacht shuntasach |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh | Cúiteamh | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | Airde) | Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | geografach áitiúil | **8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | geografach áitiúil | Cuid 8.9 | iarmharach ar bith |
| Crannteorainneacha (WL2) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Chun scála an chaillteanais ghnáthóg a laghdú – féach **Cuid 8.6.2.1**<br>Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Beidh, féach Cuid 8.9 | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith |
| Coillearnach dharach-fhuinseoige-choill (WN2)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an aeir<br>Díghrádú gnáthóg – speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Cáilíocht an aeir le linn na tógála - **Cuid 8.6.3**<br>Speicis phlandaí ionracha neamhdhúchasacha le linn na tógála agus an oibriúcháin – **Cuid 8.6.6** agus **Aguisín A.7.5** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Scrobarnach (WS1)<br>Cineál ghnáthóg Neamh-Iarscríbhinn I | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach dhóchúil ar scála geografach ar bith | Ceann ar bith | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| **Speiceas Fauna** | | | | | | | |
| Broc | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas láithreán pórúcháin/sosa<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Broic a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.2.1**<br>Bearta chun Broic a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.2.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Madra uisce | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Madraí Uisce a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.7.1.1**<br>Bearta chun Madraí Uisce a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.1.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Speicis mhamach eile atá faoi chosaint faoi na hAchtanna um Fhiadhúlra | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce<br>Oibriú<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speicis mhamach eile a chosaint le linn (gan ialtóga a áireamh) na tógála – **Cuid 8.6.7.4.1**<br>Bearta chun speicis mhamach | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh | Cúiteamh | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Baol básmhaireachta | | eile a chosaint le linn (gan ialtóga a áireamh) an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.4.2** | | | |
| Crú-ialtóg bheag | Tábhacht Náisiúnta | **Tógáil**<br>Caillteanas faraí<br>Caillteanas gnáthóg<br>Ilroinnt ghnáthóige<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Básmhaireachta<br>Éifeachtaí bacainne/scartha<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Bearta chun ialtóga a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.2.1**<br>Bearta chun Ialtóga a chosaint le linn an oibriúcháin – Cuid **8.6.7.2.2** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach náisiúnta | Beidh, féach **Cuid 8.9** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Gach speiceas ialtóg eile | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun ialtóga a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.7.2.1**<br>Bearta chun Ialtóga a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.7.2.2** | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Beidh, féach **Cuid 8.9** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil |
| Seilide rinseach réisc | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce<br>**Oibriú**<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Seilidí rinseacha réisc a chosaint le linn na tógála **- Cuid 8.6.8.1.1**<br>Bearta chun Seilidí rinseacha réisc a chosaint le linn an oibriúcháin **- Cuid 8.6.8.1.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Fritileán réisc | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun Fritileáin réisc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.8.2.1** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Speicis éan SCI | Idirnáisiúnta | *féach SPA Loch Coirib agus SPA Chuan na Gaillimhe Istigh thuas* | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach idirnáisiúnta | féach Cuid 10 den NIS | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Scréachóg reilige | Tábhacht Chontae | **Oibriú**<br>Baol básmhaireachta | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.1.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Fabhcún gorm | Tábhacht Chontae | **Tógáil**<br>Láithreán neide a chailliúint<br>Cur isteach/díláithriú<br>Oibriú<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach contae | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.9.1.1**<br>Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.1.2** | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach contae | Uimh. | Éifeacht shuntasach iarmharach dhóchúil ar an scála geografach contae |
| Gach speiceas éan pórúcháin eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Baol básmhaireachta<br>Cur isteach/díláithriú<br>**Oibriú**<br>Baol básmhaireachta<br>Cur isteach/díláithriú | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn na Tógála – **Cuid 8.6.9.1.1**<br>Bearta chun éin phórúcháin a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.1.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Gach speiceas éan geimhrithe eile (neamh-SCI) | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Cur isteach/díláithriú (Loch an Dúlaigh) | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála | Bearta chun éin gheimhrithe a chosaint le linn na tógála – | Ní bheidh éifeacht shuntasach | | |

| Gabhdóir Éiceolaíoch | Luacháil Éiceolaíoch (i ndiaidh an Údaráis um Bóithre Náisiúnta, 2009) | Tionchair a bhféadfadh Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla bheith mar thoradh Orthu | Suntasacht an Tionchair Fhéideartha | Bearta Maolaithe | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh | Cúiteamh | Suntasacht an Tionchair Iarmharaigh i nDiaidh an Chúitimh |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | geografach áitiúil | **Cuid 8.6.9.2.1**<br>Bearta chun éin gheimhrithe a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.9.2.2** | iarmharach ar bith | | |
| Earc coiteann<br>Frog coiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Cur isteach & baol básmhaireachta<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun amfaibiaigh a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.10.1**<br>Bearta chun Amfaibiaigh a chosaint le linn an oibriúchán – **Cuid 8.6.10.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Laghairt choiteann | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Caillteanas gnáthóg<br>Cur isteach & baol básmhaireachta<br>**Oibriú**<br>Scaradh gnáthóg/éifeacht bacainne | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun reiptílí a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.11.1**<br>Bearta chun reiptílí a chosaint le linn an oibriúcháin – **Cuid 8.6.11.2** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Bradán Atlantach<br>Eascann | Tábhacht Idirnáisiúnta | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speiceas iasc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.12.1** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| Gach speiceas iasc eile a taifeadadh | Tábhacht Áitiúil (Luach níos Airde) | **Tógáil**<br>Díghrádú gnáthóg – cáilíocht an uisce dromchla<br>Díghrádú gnáthóg – screamhuisce | Éifeacht shuntasach dhóchúil ar an scála geografach áitiúil | Bearta chun speiceas iasc a chosaint le linn na tógála – **Cuid 8.6.12.1** | Ní bheidh éifeacht shuntasach iarmharach ar bith | | |
| **Limistéir Bithéagsúlachta Áitiúla** | | | | | | | |
| Tá idir Thábhacht Áitiúil (Luach Níos Ísle) go dtí Tábhacht Idirnáisiúnta ag luach na ngabhdóirí bithéagsúlachta a taifeadadh gar don fhorbairt bóthair atá beartaithe, ar fud na limistéar bithéagsúlachta áitiúla | Meascáin de na tionchair fhéideartha go léir atá tugtha thuas<br>Baineann na tionchair shonracha le tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíocha aonair ina gcuimsítear an acmhainn bhithéagsúlachta laistigh de limistéar bithéagsúlachta áitiúil ar leith agus tá siad ag brath ar na tionchair fhéideartha sin | Éifeacht shuntasach dhóchúil idir éifeacht áitiúil go dtí scála geografach idirnáisiúnta | Tá na bearta maolaithe go léir áirithe laistigh de **Chuid 8.6**<br>Baineann na bearta maolaithe sonracha le tionchair fhéideartha na forbartha bóthair atá beartaithe ar gach ceann de na gabhdóirí éiceolaíocha aonair ina gcuimsítear an acmhainn bhithéagsúlachta laistigh de limistéar bithéagsúlachta áitiúil ar leith agus tá siad ag brath ar na tionchair fhéideartha sin | Éifeacht shuntasach dhóchúil idir éifeacht áitiúil go dtí scála geografach idirnáisiúnta<br>Féach **Cuid 8.7.10** chun miondealú de réir limistéir bithéagsúlachta áitiúil | Beidh, féach C**uid 8.9.1** i gcomhair gnáthóg agus **Cuid 8.9.2** i gcomhair ialtóg | Beidh, féach **Cuid 8.10** i gcomhair sonraí | |

## 8.11 Tagairtí

Abbott I.M., Butler F. agus Harrison S. (2012a) *When flyways meet highways - The relative permeability of different motorway crossing sites to functionally diverse bat species*. Landscape and Urban Planning 106, 293-302.

Abbott I.M., Harrison S. agus Butler F (2012b). *Clutter-adaptation of bat species predicts their use of under-motorway passageways of contrasting sizes – a natural experiment.* Journal of Zoology 287, 124-132.

Abbott, I. M. (2012c) *Assessment of the effectiveness of mitigation measures employed on Irish national road schemes for the conservation of bats***.** Tráchtas PhD, Coláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Anderson, R. (2005) An annotated list of the non-marine mollusca of Britain and Ireland. *Journal of Conchology 38*, 607-638.

A.P. McCarthy Planning Consultants. (2007a) *Ráiteas Tionchair Timpeallachta – Áiseanna Páirceála agus Taistil, Ollscoil na hÉireann Gaillimh.*

A.P. McCarthy Planning Consultants. (2007b) Ráiteas Tionchair Timpeallachta – Foirgneamh Innealtóireachta Beartaithe Nua ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh.

Arup. (2016) *Tionscadal Iompair N6 Chathair na Gaillimhe: An Tuarascáil ar Roghnú Bealaigh*.

Bailey, M. agus Rochford J. (2006) Otter Survey of Ireland 2004/2005. *Irish Wildlife Manuals, Uimh. 23*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

Barron, S.J., Daly, O.H., Seale, E.G. & Brophy, J.T. (2013) *Galway City Outer Bypass Marsh Fritillary Survey Report*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe le BEC Consultants Ltd.

An tIontaobhas um Chaomhnú Ialtóg (2016) *Core Sustenance Zones: Determining zone size.* http://www.bats.org.uk/data/files/Core_Sustenance_Zones_Explained_-_04.02.16.pdf

Benítez-López, A., Alkemade, R. & Verweij, P. (2010) The impacts of roads and other infrastructure on mammal and bird populations: A meta-analysis. *Biological Conservation 143* (2010) 1307–1316.

Berthinussen, A. & Altringham, J. (2012a) Do bat gantries and underpasses help bats cross roads safely? PLoS ONE, 7.

Berthinussen, A. & Altringham, J. (2012b) The effect of a major road on bat activity and diversity. Journal of Applied Ecology, 49: 82–89.

Berthinussen, A. & Altringham, J. (2015) *WC1060 Development of a Cost-Effective Method for Monitoring the Effectiveness of Mitigations for Bats crossing linear transport infrastructure. Tuarascáil Deiridh 2015.* Scoil na Bitheolaíochta, University of Leeds, Leeds.

Betzholtz, P.E., Ehrig, A., Lindeborg, M. & Dinnétz, P. (2007) Food plant density, patch isolation and vegetation height determine occurrence in a Swedish metapopulation of the marsh fritillary *Euphydryas aurinia* (Rottemburg, 1775) (Lepidoptera, Nymphalidae). *Journal of Insect Conservation* 11:343–350.

Bignal, K., Ashmore, M. & Power, S. (2004) *The Ecological Effects of Diffuse Air Pollution from Road Transport*. English Nature.

Billington G. (2001-2006) *A487 Llanwnda to South Llanllyfni Improvement. Bat Surveys*. Greena Ecological Consultancy, Devon UK.

Bontadina, F., Schofield H. agus Naef-Daenzer B. (2002) *Radio-tracking reveals that lesser horseshoe bats (Rhinolophus hipposideros) forage in woodland.* J. Zool., Lond. 258, 281-290.

Britschgi A., Theiler A. agus Bontadina F. (2004) *Wirkungskontrolle von Verbindungsstrukturen. Teilbericht innerhalb der Sonderuntersuchung zur Wochenstube der Kleinen Hufeisennase* in Friedrichswalde-Ottendorf /Sachsen.

Browne, A., Connolly, K., McDonnell, R, Peppiatt, C., Springer, S, Williams, C. & Fuller, J. (2009) *The Barna Woods Project, Biodiversity Report*. Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Browne, A. & Fuller, J. (2009) *Merlin Park Woodland Habitat Survey and Management Plan*. Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Bulman, C. R. (2001) *Conservation biology of the marsh fritillary butterfly*, Euphydryas aurinia. PhD, University of Leeds, an Ríocht Aontaithe.

Butchkowski, C. M., agus J. M. Hassinger. (2002). *Ecology of a maternity colony roosting in a building.* Lgh. 130–142, in The Indiana bat: biology and management of an endangered species (A. Kurta agus J. Kennedy, eds.). Bat Conservation International, Austin, Texas, 253 lgh.

Byrne, A., Moorkens, E.A., Anderson, R., Killeen, I.J. & Regan, E.C. (2009) *Ireland Red List No. 2 – Non-Marine Molluscs*. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Baile Átha Cliath, Éire.

CEC (Coimisiún na gComhphobal Eorpach) (2013) *Interpretation manual of European Union Habitats EUR28*. An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht an Chomhshaoil.

An Príomh-Bhord Iascaigh agus na Boird Iascaigh Réigiúnacha. (2009) Corrib Estuary: Sampling Fish for the Water Framework Directive – Transitional Waters 2008.

CIEEM. (2016) Guidelines for Ecological Impact Assessment in the UK and Ireland: Terrestrial, Freshwater and Coastal, 2ú eagrán. Chartered Institute of Ecology and Environmental Management, Winchester.

Capo G.J. J. Chaut agus A.Laurent. (2006). *Quatre ans d'etude de mortalite des Chiropteres sur deux kilometres routiers proches d'un site d'hibernation.*

*[Staidéar ceithre bliana ar bhásmhaireacht ialtóg feadh dhá chiliméadar de bhóthar gar do láithreán geimhriúcháin]*. Siombóis 15:45–46.

Carr LW, Fahrig L. (2001) *Impact of road traffic on two amphibian species of different vagility*. Conservation Biology 15, 1071-1078.

Choquene, G. L. **(**2006) *Mortalité de chauves-souris suite à des collisions avec des véhicules routiers en Bretagne.* [Bás ialtóg mar thoradh ar bhualadh in aghaidh feithiclí bóthair sa Bhriotáin]. *Siombóis*, 15: 43–44.

Colhoun, K. & Cummins, S. (2013) Birds of Conservation Concern in Ireland 2014-2019. *Irish Birds 9*:523-544.

Collins, J. (ed.) (2016) Bat Surveys for Professional Ecologists: Good Practice Guidelines (3ú heagrán). The Bat Conservation Trust, Londain. ISBN-13 978-1-872745-96-1.

Crushell, P. & Foss, P. (2014a) Coolagh Lakes, Lough Corrib SAC, Co. Galway: Wetland Survey and Conservation Assessment. Tuarascáil arna hullmhú thar ceann Wetland Surveys Ireland Ltd. dp BEC Consultants Ltd. Tuarascáil neamhfhoilsithe.

Crushell, P. & Foss, P. (2014b) Coolanillaun Bog, Lough Corrib SAC, Co. Galway: Wetland Survey and Conservation Assessment. Tuarascáil arna hullmhú thar ceann Wetland Surveys Ireland Ltd. dp BEC Consultants Ltd.

Cutts, N. Phelps, A. & Burdon, D. (2009) *Construction and Waterfowl: Defining Sensitivity, Response, Impacts and Guidance*. Tuarascáil arna hullmhú ag Institute of Estuarine and Coastal Studies University of Hull do Humber INCA.

An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Gaeltachta. (2011) *Threat Response Plan Otter* Lutra lutra *2009-2011*.

Dodd, C. K., Jr., W. J. Barichivich, agus L. L. Smith. 2004. *Effectiveness of a barrier wall and culverts in reducing wildlife mortality on a heavily traveled highway in Florida.* Biological Conservation, 118: 619–631.

Dolan L. (2006) Monitoring of wildlife crossing structures on Irish national road schemes. IN: *Proceedings of the 2005 International Conference on Ecology and Transportation*, Eds. Irwin CL, Garrett P, McDermott KP. Centre for Transportation and the Environment, North Carolina State University, Raleigh, NC: lgh. 608. (Sliocht).

Downes, N.C., Cresswell, W., Reason P., Sutton, G. Wells, D., and Wray, S. (2016). *Sex-Specific Habitat Preferences of Foraging and Commuting Lesser Horseshoe Bats Rhinolophus hipposideros (Borkhausen, 1797) in Lowland England.* Acta Chiropterologica 18, 451-465.

Eldridge, B. & Wynn, J. (2011) Use of badger tunnels by mammals on Highways Agency schemes in England. *Conservation Evidence 8*. Leathanaigh 53-57.

Elmeros M. and Dekker J. (2016) SafeBatPaths. Fumbling in the dark - effectiveness of bat mitigation measures on roads: Final report.

Elmeros M., Dekker, J., Garin, I. Christensen, M. Fjederholt E.T., Moller J., Baagoe, J. (2016) *Bat mitigation measures on roads – a guideline: Fumbling in the dark – effectiveness of bat mitigation measures on roads.* Clár Taighde Trasnáisiúnta CEDR ar Bhóithre Comhdháil na Stiúrthóirí Eorpacha um Bóithre.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2002) *Treoirlínte ar an bhfaisnéis atá le cuimsiú sna tuarascálacha um measúnacht tionchair timpeallachta.*

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2003) *Nótaí Comhairle ar an gCleachtas Reatha in ullmhú an Ráitis Tionchair Timpeallachta*.

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (2015) *Nótaí Comhairle chun Ráitis Tionchair Timpeallachta a Ullmhú* (an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil. Dréacht, Meán Fómhair 2015).

An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil *(*2017) *Treoirlínte ar an bhfaisnéis atá le cuimsiú sna Tuarascálacha um Measúnacht Tionchair Timpeallachta.* Dréacht, Lúnasa 2017.

An Coimisiún Eorpach. (2017) *Measúnú Tionchair Timpeallachta ar Thionscadail, Treoir maidir le Tuarascáil ar Mheasúnú Tionchair Timpeallachta a Ullmhú*.

An tAontas Eorpach (2013) *Treoir maidir leis an Athrú Aeráide agus an mBithéagsúlacht a chomhtháthú i Measúnacht Tionchair Timpeallachta*.

Fowles, A. & Smith, R. (2006) Mapping the habitat quality of patch networks for the marsh fritillary Euphydryas aurinia (Rottemburg, 1775) (Lepidoptera, Nymphalidae) in Wales. *Journal of Insect Conservation 10*:161–177.

Fossitt, J.A. (2000) *A guide to habitats in Ireland*. An Chomhairle Oidhreachta, Chill Chainnigh, Éire.

Comhairle Chontae na Gaillimhe (2007) *Coastal Habitat Study for Bearna.*

Comhairle Chontae na Gaillimhe/Oifig Ros Comáin um Dhearadh Bóithre Náisiúnta (2011) *Tionscadal N59 Bóthar Sheachbhóthar Mhaigh Cuilinn Ráiteas Tionchair Timpeallachta.*

Cuideachta Chuan na Gaillimhe. (2014) *Ráiteas Tionchair Timpeallachta maidir le Síneadh Chuan na Gaillimhe.*

Goodwillie, R. (1992) *Turloughs over 10 ha: vegetation survey and evaluation.* Tuarascáil don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Glista, D. J., agus T. L. DeVault. (2008) Road mortality of terrestrial vertebrates in Indiana. *Proceedings of the Indiana Academy of Science,* 117: 55–62.

Haigh, A. (2012) Annual patterns of mammalian mortality on Irish roads. *Hystrix, the Italian Journal of Mammalogy*. Imleabhar 23 - 2 58–66 2012.

Hardy, J, Crick, H., Wernham, C., Ruiley, H., Etheridge, B. & Thompson, D. (2009) Raptors: A Field Guide for Surveying and Monitoring (2ú hEagrán).

Hein, C. D., S. B. Castleberry, agus K. V. Miller. (2009) *Site-occupancy of bats in relation to forested corridors.* Forest Ecology and Management, 257: 1200–1207.

An Ghníomhaireacht Mórbhealaí. (2001a) *Design Manual for Roads and Bridges: Imleabhar 10: Environmental Design and Management. Cuid 4: Nature Conservation: Part 3, HA 80/99; Nature Conservation Advice in Relation to Bats*. An Ghníomhaireacht Mórbhealaí.

An Ghníomhaireacht Mórbhealaí. (2001b) *Design Manual for Roads and Bridges: Imleabhar 10: Environmental Design and Management. Cuid 4: Nature Conservation: Cuid 4, HA 81/99; Nature Conservation Advice in Relation to Otters*. An Ghníomhaireacht Mórbhealaí.

An Ghníomhaireacht Mórbhealaí. (2005) *Design Manual for Roads and Bridges: Imleabhar 10: Environmental Design and Management. Cuid 4: Nature Conservation: Cuid 7, HA 116/05; Nature Conservation Advice in Relation to Reptiles and Roads*. An Ghníomhaireacht Mórbhealaí.

Hula, V., Konvicka, M., Pavlicko, A. & Fric, Z. (2004) Marsh Fritillary (*Euphydryas aurinia*) in the Czech Republic: monitoring, metapopulation structure, and conservation of an endangered butterfly. *Entomologica Fennica* Imleabhar 15:231-241.

IFI. (2010) IFI's Biosecurity Protocol for Field Survey Work.

IFI. (2016) *Guidelines on Protection of Fisheries During Construction Works in and Adjacent to Waters*.

Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann. (2012) *Suirbhé Madraí Uisce Uirbeach Cathair Chorcaí 2011-2012*. Iontaobhas Fiadhúlra na hÉireann.

Kelleher C. and Marnell F. (2006) *Bat Mitigation Guidelines for Ireland.* An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra.

Lande R. (1987) *Extinction thresholds in demographic models of territorial populations*. 130, 624-635.

Lesiński G. (2007) *Bat road casualties and factors determining their number.* Mammalia 20, 138-142.

Luo, J., Siemers, I. M., and Kosel, K. (2015) *How anthropogenic noise affects foraging.* Global Change Biology 21: 3278-3289.

McAney, K. (2010) *A pilot study to test the use of hair tubes to detect the Irish stoat along hedgerows in County Galway*. Iontaobhas Fiadhúlra Uinsinn.

McCarthy, Keville agus O'Sullivan. (2009a) *Ráiteas Tionchair Timpeallachta - An tSaoráid um Thaighde Aistritheach/an tSaoráid um Taighde Cliniciúil, Campas Ospidéal Ollscoile na Gaillimh, Bóthar an Chaisleán Nua Íochtarach, Gaillimh.*

McCarthy, Keville agus O'Sullivan. (2009b) *Environmental Impact Statement – Science Research Building*.

McCarthy, Keville agus O'Sullivan. (2011) *Natura Impact Statement - Proposed Development at Liam Mellows GAA. Ballyloughmane, Renmore, Co. Galway*.

McCarthy, Keville agus O'Sullivan. (2014a) *Ecological Impact Assessment & Natura Impact Statement, Proposed 3G All Weather Pitches NUI Galway, Dangan, Galway*.

McCarthy, Keville agus O'Sullivan. (2014b) *Bat Survey of the NUIG Sports Facilities at Dangan, Co. Galway*.

Mitchell-Jones A. J., and McLeish A. P. (1999) *The Bat Workers' Manual, 2ú hEagrán*. Comhchoiste um Chaomhnú an Dúlra.

Mooney, E. & O'Connell, M. (1990) The phytosociology and ecology of the aquatic and the wetland plant communities of the Lower Corrib Basin, Co. Galway. *Proceedings of the Royal Irish Academy 90B* (5).

Seirbhísí Comhshaoil Ghrúpa Moore. (2011) *Ecological Impact Assessment & Natura Impact Statement NUI Galway Life Course Studies Building, Corrib Village, Upper Newcastle, Galway*.

Moorkens, E. (2014a) *A Survey of Selected Rivers for the Galway City Transport Project with Potential for* Margaritifera.

Moorkens, E. (2014b) *A Molluscan Survey of Selected Wetland Sites for the Galway City Transport Project*.

Murnane, E., Heap, A. & Swain, A. (2006) *CIRIA C648: Control of water pollution from linear construction projects: Site guide*.

An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. (2007a) Imlitir NPWS 2/07 Treoir maidir le comhlíonadh Rialachán 23 de na Rialacháin maidir le Gnáthóga 1997 – dlúthchosaint do speicis áirithe/iarratais ar cheadúnais um maolú.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2005) *Guidelines for the Crossing of Watercourses During the Construction of National Road Schemes.*

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2006a) *Guidelines for the Treatment of Badgers during the Construction of National Road Schemes.*

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2006b) *Best Practice Guidelines for the Conservation of Bats in the Planning of National Road Schemes.* An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2008a) *Ecological Surveying Techniques for Protected Flora and Fauna during the Planning of National Road Schemes. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2008b) *Measúnacht Tionchair Timpeallachta ar Scéimeanna Bóithre Náisiúnta – Treoir Phraiticiúil. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2008c) *Guidelines for the Treatment of Otters prior to the Construction of National Road Schemes.*

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2009) *Guidelines for Assessment of Ecological Impacts of National Roads Schemes: Athbhreithniú 2. An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta.*

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2010) *Guidelines on the Management of Noxious Weeds and Non-native Invasive Plant Species on National Roads*.

An tÚdarás um Bóithre Náisiúnta. (2014) *Good Practice Guideline for the Treatment of Noise during the planning of National Road Schemes*.

Sainchomhairleoirí Comhshaoil Natura. (2005) Fardal Gnáthóg Chathair na Gaillimhe. Comhairle Chontae na Gaillimhe.

Sainchomhairleoirí Comhshaoil Natura. (2012) *Measúnú Gnáthóg - Plean Ceantair Áitiúil Ard na hArdán de chuid Comhairle Cathrach na Gaillimhe*.

NPWS. (2007b) ~Imlitir PD 2/07 agus NPWS 1/07 Comhlíonadh Coinníollacha maidir le Forbairtí lena dteastaíonn (1) Measúnacht Tionchair Timpeallachta (MTT); nó (2) a bhféadfadh tionchair bheith acu ar láithreáin Natura 2000.

NPWS. (2010) Imlitir NPW 1/10 & PSSP 2/10 Measúnú Oiriúnachta faoi Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga: Treoir d'Údárais Phleanála.

NPWS. (2013a). *Stádas Gnáthóg faoi Chosaint AE agus Speiceas in Éirinn. Imleabhar Forléargais 1.* Tuarascáil Neamhfhoilsithe, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire. Eagarthóir: Deirdre Lynn.

NPWS. (2013b) *Stádas Gnáthóg faoi Chosaint AE agus Speiceas in Éirinn. Measúnuithe Gnáthóg Imleabhar 2. Leagan 1.1.* Tuarascáil Neamhfhoilsithe, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

NPWS. (2013c) Stádas Gnáthóg faoi Chosaint AE agus Speiceas in Éirinn. Measúnuithe Speiceas Imleabhar 3. Leagan 1.0. Tuarascáil Neamhfhoilsithe, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

NPWS. (2013d) *Inner Galway Bay Special Protection Area (Site Code 4031), Conservation Objectives Supporting Document, Leagan 1*.

O'Grady, M. F. (2006) *Channels & Challenges. Enhancing Salmonid Rivers*. Irish Freshwater Fisheries Ecology & Management Series: Uimhir 4. An Príomh-Bhord Iascaigh, Baile Átha Cliath, Éire.

O'Neill, F.H. & Barron, S.J. (2013) Results of monitoring survey of old sessile oak woods and alluvial forests. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 71. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

O'Neill, F.H. & Barron, S.J. (2015) Tionscadal Iompair Chathair na Gaillimhe: *Report on the presence of Annex I habitat *7220 Petrifying springs with tufa formation.* Tuarascáil Neamhfhoilsithe le BEC Consultants Ltd.

O'Neill, F.H. & Martin, J.R. (2015). Achoimre ar thorthaí ó Shuirbhé ar Thurlaigh Fhéideartha 2015. Tuarascáil Neamhfhoilsithe don tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. Imleabhar I: Príomhthuarascáil.

O'Neill, F.H., Martin, J.R., Devaney, F.M. & Perrin, P.M. (2013) Suirbhé féaraigh neamh-nádúrtha na hÉireann 2007-2012. *Irish Wildlife Manuals,* Uimh. 78. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, Baile Átha Cliath.

Perrin, P.M., Barron, S.J., Roche, J.R. & O'Hanrahan, B. (2014). Treoirlínte maidir le suirbhé náisiúnta agus measúnú um chaomhnú ar fásra ardtalún agus gnáthóg in Éirinn. Leagan 2.0. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 79. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Perrin, P.M. (2014) *Plean Iompair Chathair na Gaillimhe – Assessment of Annex I habitats in the Ballygarraun survey area*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe le BEC Consultants Ltd.

Ramsden, D. (2003) *Barn Owls and major roads: results and recommendations from a 15-year research project*. Ashburton, Devon: The Barn Owl Trust.

Rees, E., Bruce, J. & White, G. (2005) Factors Affecting the Behavioural Responses of Whooper Swans (*Cygnus c. cygnus*) to Various Human Activities. *Biological Conservation 121* (2005) 369–382.

Regan, E.C., Nelson, B., Aldwell, B., Bertrand, C., Bond, K., Harding, J., Nash, D., Nixon, D., & Wilson, C.J. (2010) *Liosta Dearg na hÉireann Uimh. 4 –* Féileacáin. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, Éire.

Reijnen, R. & Foppen, R. (2006) John Davenport and Julia L. Davenport, (eds.,) *The Ecology of Transportation: Managing Mobility for the Environment*, 255–274.

Reiter, G., Polzer, E., Mixanig, H., Bontadina, F., and Huttmeir, U. (2012) *Impact of landscape fragmentation on a specialised woodland bat, Rhinolophus hipposideros.* Mammalian Biology - Zeitschrift fur Saugetierkunde Nollaig 2012.

Rich, C. & Longcore, T. (eds.) (2005) *Ecological Consequences of Artificial Night Lighting*. Island Press.

Roche, N., Aughney T. and Langton S. (2015) Lesser horseshoe bat: population trends and status of its roosting resource. Irish Wildlife Manuals, Uimh. 85. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Éire.

Roden, C. (2005) *Pseudorchis albida at Doughiska, Galway City – Tuarascáil ar thaighde i mBealtaine - Meitheamh 2005*.

RPS. (2006) *Cuarbhóthar N6 Chathair na Gaillimhe. Ráiteas Tionchair Timpeallachta.* Comhairle Chontae na Gaillimhe agus Comhairle Cathrach na Gaillimhe.

RPS. (2012a) *Flora and Habitat Survey Proposed R336 to N59 Road Scheme, Co. Galway*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe ag RPS Planning & Environment Ltd.

RPS. (2012b) *R336 to N59 Road Scheme, Co. Galway Marsh Fritillary Survey Report*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe ag RPS Planning & Environment Ltd.

RPS. (2013a) *R336 to N59 Road Scheme, Co. Galway Bat Survey Report*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe ag RPS Planning & Environment Ltd.

RPS. (2013b) *R336 to N59 Road Scheme, Co. Galway Mammal Survey Report*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe ag RPS Planning & Environment Ltd.

RPS. (2013c) *R336 to N59 Road Scheme, Co. Galway Wintering Bird Survey Report*. Tuarascáil Neamhfhoilsithe ag RPS Planning & Environment Ltd.

Russell A.L., Butchkoski C.M., Saidak L., McCracken G.F. (2009) *Road-killed bats, highway design, and the commuting ecology of bats.* Endangered Species Research 8, 49-60.

Shiel, C.B., Shiel, R.E., & Fairley, J.S. (1999) Seasonal changes in the foraging behaviour of Leisler’s bats (*Nyctalus leisleri*) as revealed by radio-telemetry. Journal of Zoology: 249: 347-358.

Sparks, D.W., & Choate J.R. (2000) *Distribution, natural history, conservation status, and biogeography of bats in Kansas*. Pages 173–228 in J.R. Choate, editor, Reflections of a naturalist: papers honoring Professor Eugene D. Fleharty. Fort Hays Studies, Special Issue 1, Hays, Kansas.

Summers, P., Cunnington, G. & Fahrig, L. (2011) Are the negative effects of roads on breeding birds caused by traffic noise? *Journal of Applied Ecology* 2011, 48, 1527–15.

An Ghníomhaireacht Comhshaoil. (2010) *Fifth Otter Survey of England 2009-2012. Tuarascáil Theicniúil Iomlán.* The Environment Agency, an Ríocht Aontaithe.

Toner, P., Bowman, J., Clabby, K., Lucey, J., McGarrigle, M., Concannon, C., Cleneghan, C., Cunningham, P., Delaney, J.,O’ Boyle, S., McCarthaigh, M., Craig, M. & Quinn, R. (2005) *Water Quality in Ireland,* 2001–2003. An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil, co. Loch Garman, Éire.

Waldren, S. (Ed.) (2015) Turlough Hydrology, Ecology and Conservation. Tuarascáil Neamhfhoilsithe, an tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra. An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

Warren, M.S. (1994) The UK status and suspected metapopulation structure of a threatened European butterfly, the marsh fritillary *Eurodryas aurinia*. *Biological Conservation 67*:239–249.

West E.W.W. (2016) *Technical Guidance for the Assessment and Mitigation of the Effects of Traffic Noise and Road Construction Noise on Bats.* CALTRANS.

Whitaker, J. O., Jr., agus R. E. Mumford. (2009) *Mammals of Indiana.* Indiana University Press, Bloomington, Indiana, 661 pp.

Wilson, S. and Fernández, F. (2013) *National survey of limestone pavement and associated habitats in Ireland. Irish Wildlife Manuals*, Uimh. 73. An tSeirbhís Páirceanna Náisiúnta agus Fiadhúlra, an Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, Baile Átha Cliath, Éire.

With K.A. , King A.W. (1999) *Extinction thresholds for species in fractal landscapes. Conservation Biology* 13, 314-326.

Wright, M., Goodman, P & Cameron, T. (2010) E*xploring Behavioural Responses of Shorebirds to Impulsive Noise*. Wildfowl (2010) 60: 150–167.

Zimmermann, K., Fric, Z., Jiskra, P., Kopeckova, M., Vlasanek, P., Zapletal, M. & Konvicka, M. (2011) Mark–recapture on large spatial scale reveals long distance dispersal in the Marsh Fritillary, Euphydryas aurinia. Ecological Entomology, 36, 499–510.

Zurcher A.A., Sparks D.W., Bennett V.J. (2010) *Why the bat did not cross the road?* Acta Chiropterologica, 12, 337-340.